

An Bhruiséil, 13 Feabhra 2026
(OR. en)

6076/26

SOC 59
EMPL 23
EDUC 34
ECOFIN 164

NÓTA

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle
Uimh. an doic. ón gCoim.:	15277/25 + ADD 1
Ábhar:	An Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht, 2026 – <i>Glacadh</i>

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo an Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht, 2026 mar a chuir an Coiste Fostaíochta agus an Coiste um Chosaint Shóisialta bailchríoch uirthi ag an gcrúinniú comhpháirteach a bhí acu an 4 Feabhra 2026.

Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht 2026 a chur ar aghaidh chuig an gComhairle (EPSCO) lena glacadh.

Ábhar

PRÍOMHTHEACHTAIREACHTAÍ	4
CAIBIDIL 1. AN MARGADH SAOTHAIR AGUS TREOCHTAÍ SÓISIALTA SAN AONTAS EORPACH	41
CAIBIDIL 2. FOSTAÍOCHT AGUS LEASUITHE SÓISIALTA – FEIDHMÍOCHT AGUS GNÍOMHAÍOCHT NA MBALLSTÁT	47
2.1 Treoirlíne 5: Borradh a chur faoin éileamh ar shaothar	47
2.1.1 Príomhtháscairí	48
2.1.2 Bearta arna ndéanamh ag na Ballstáit	73
2.2. Treoirlíne 6 – An soláthar saothair a fheabhsú agus feabhas a chur ar an rochtain ar fhostaíocht, scileanna agus inniúlachtaí ar feadh an tsaoil	76
2.2.1 Príomhtháscairí	78
2.2.2 Bearta arna ndéanamh ag na Ballstáit	124
2.3 Treoirlíne 7: Feabhas a chur ar fheidhmiú mhargaí an tsaothair agus ar éifeachtacht an idirphlé shóisialta.....	137
2.3,1 Príomhtháscairí	138
2.3.2 Bearta arna ndéanamh ag na Ballstáit	170
2.4 Treoirlíne 8: Comhionannas deiseanna do chách a chur chun cinn, cuimsiú sóisialta a chothú agus an bhochtaineacht a chomhrac	178
2.4.1 Príomhtháscairí	178
2.4.2 Bearta arna ndéanamh ag na Ballstáit	219
CAIBIDIL 3. ANAILÍS CHÉADCHÉIME AR AN GCREAT MAIDIR LE CÓINEASÚ SÓISIALTA	231
3,1 Príomhthorthaí cothrománacha	232
3,2 anailís chéadchéime thírshonrach	241
An Bheilg	241
An Bhulgáir	243
An tSeicia	245

An Danmhairg	247
An Ghearmáin	249
an Eastóin	251
Éire	253
An Ghréig	255
An Spáinn	257
An Fhrainc	259
An Chróit	261
An Iodáil	263
An Chipir	265
An Laitvia	267
An Liotuáin	269
Lucsamburg	271
An Ungáir	273
Málta	275
An Ísiltír	277
An Ostair	279
An Pholainn	281
an Phortaingéil	283
An Rómáin	285
An tSlóivéin	287
An tSlóvaic	289
An Fhionlainn	291
An tSualainn	293
IARSCRÍBHINNÍ	295

PRÍOMHTHEACHTAIREACHTAÍ

Sa Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht (TCF) ón gCoimisiún Eorpach agus ón gComhairle, déantar faireachán ar an staid fostaíochta agus shóisialta san Aontas agus ar chur chun feidhme na dTreoirlínte Fostaíochta¹, i gcomhréir le hAirteagal 148 CFAE. Tugtar forbhreathnú sa tuarascáil freisin ar bhearta beartais a rinne na Ballstáit le déanaí sa mhargadh saothair agus i réimsí sóisialta, agus sainaithnítear inti príomhréimsí tosaíochta gaolmhara le haghaidh gníomhaíocht beartais. Coinnítear fócas láidir ar bun inti ar chur chun feidhme Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta.

I gCaibidil 1 den tuarascáil, tugtar forbhreathnú gairid ar phríomhthreochtaí fostaíochta agus sóisialta. Déantar anailís i gCaibidil 2 ar dhúshláin agus ar fhreagairtí beartais sna Ballstáit i gcás gach ceann de na ceithre threoirlíne maidir le fostaíocht. Cuirtear i láthair sa chaibidil freisin dul chun cinn maidir le príomhspríocanna an Aontais agus spríocanna náisiúnta le haghaidh 2030.

I gCaibidil 3, soláthraítear torthaí cothrománacha agus anailís ar chás gach Ballstáit bunaithe ar phrionsabail an Chreata maidir le Cóineasú Sóisialta². Freagraíonn sí do Rialachán (AE) 2024/1263, ar ar a bhonn a chuimsítear san fhaireachas a dhéanann an Coimisiún sa Seimeastar Eorpach creat chun rioscaí don chóineasú sóisialta a shainaithint³.

Tacaítear le cóineasú sóisialta aníos ach aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a shainaithnítear sa tuarascáil seo. Tacaítear freisin leis na Spríocanna Forbartha Inbhuanaithe a bhaint amach agus Straitéisí Aontas an Chomhionannais a chur chun feidhme⁴. Ar bhonn an togra ón gCoimisiún, agus tar éis malartuithe i gcoistí comhairleacha de chuid na Comhairle, glacfaidh an Chomhairle Fostaíochta, Beartais Shóisialta, Sláinte agus Gnóthaí Tomhaltóirí (EPSCO) an tuarascáil chríochnaitheach.

¹ Ghlac Comhairle an Aontais Eorpaigh an nuashonrú deireanach ar na Treoirlínte Fostaíochta an 27 Deireadh Fómhair 2025, [IO L 2025/2254](#), 7.11.2025.

² Tar éis an phlé a rinneadh sa Chomhairle Fostaíochta, Beartais Shóisialta, Sláinte agus Gnóthaí Tomhaltóirí (EPSCO) i mí an Mheithimh 2023 i ndáil le Creat maidir le Cóineasú Sóisialta agus na [príomhtheachtaireachtaí ón gCoiste Fostaíochta \(EMCO\) agus ón gCoiste um Chosaint Shóisialta](#) bunaithe ar an [obair a rinne Meitheal chomhpháirteach thiomnaithe EMCO-an Choiste um Chosaint Shóisialta](#) ó mhí Dheireadh Fómhair 2022 go dtí mí na Bealtaine 2023.

³ Féach Airteagal 3(3), pointe (b) de Rialachán (AE) 2024/1263 maidir le beartais eacnamaíocha agus faireachas buiséadach iltaobhach a chomhordú go héifeachtach. Ina theannta sin, luaitear in Aithris 8 den Rialachán céanna ‘Mar chuid dá anailís chomhtháite ar fhorbairtí fostaíochta agus sóisialta i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh, déanann an Coimisiún measúnú ar rioscaí don chóineasú sóisialta aníos sna Ballstáit agus déanann sé faireachán ar chur chun feidhme phrionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta ar bhonn an Scórchláir Shóisialta agus phrionsabail an Chreata maidir le Cóineasú Sóisialta’.

⁴ [Straitéis um Chomhionannas Insene 2020-25](#), [Plean Gníomhaíochta an Aontais Eorpaigh maidir le Frithchinióchas 2020-25](#), [Creat straitéiseach an Aontais maidir le comhionannas, cuimsiú agus rannpháirtíocht na Romach le haghaidh 2020-30](#), [Straitéis um Chomhionannas LADTIA+ 2026-2030](#), agus [Straitéis maidir le Cearta Daoine faoi Mhíchumas 2021-30](#).

Déantar faireachán sa Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht ar dhul chun cinn i dtreo phríomhspríocanna an Aontais agus spríocanna náisiúnta le haghaidh 2030 maidir le fostaíocht, scileanna agus laghdú na bochtaineachta (féach na spriocbhoscaí i gCaibidil 2)⁵:

- **Tá dul chun cinn maith á dhéanamh ag an Aontas faoi láthair chun a phríomhspríoc maidir leis an ráta fostaíochta a bhaint amach faoi 2030.** Is amhlaidh atá sé sin d’ainneoin fás measartha ar OTI (cé go bhfuil borradh tagtha air) agus laghdú ar dhéine fáis na fostaíochta ó leibhéal arda in 2024⁶. Shroich ráta fostaíochta an Aontais 75,8 % in 2024, méid atá 0,5 pointe céatadán níos airde ná in 2023, agus nach bhfuil ann ach 2,2 pointe céatadán ón sprioc 78 % faoi 2030. Rinne formhór na mBallstát tuilleadh dul chun cinn i dtreo a spriocanna fostaíochta náisiúnta in 2024, agus bhain seacht gcinn acu a spriocanna amach cheana féin nó sháraigh siad iad.
- **Tá gá le tuilleadh iarrachtaí móra chun sprioc an Aontais maidir le scileanna a bhaint amach.** Ní dhearnadh ach dul chun cinn fíorbheag san Aontas maidir le sciar na ndaoine fásta a ghlacann páirt san fhoghlaim gach bliain (bunaithe ar an Suirbhé ar an Oideachas Aosach, AES). Tháinig méadú air ó 37,4 % in 2016 go 39,5 % in 2022, ach tá sé fós níos mó ná 20 pointe céatadán faoi bhun phríomhspríoc 60 % an Aontais do 2030. Léiríonn sonraí ón Suirbhé ar an bhFórsa Saothair (SFS) méadú foriomlán ar rannpháirtíocht san fhoghlaim aosach idir 2022 agus 2024. Tá formhór na mBallstát ag titim ar gcúl agus a spriocanna náisiúnta á saothrú acu. Tá sé sin ríthábhachtach chun uaillmhian na hEorpa a bhaint amach maidir le fanacht iomaíoch, nuálach agus cuimsitheach, agus treochtaí déimeagrafacha á gcur san áireamh freisin. Tá tuilleadh gníomhaíocht beartais thar a bheith práinneach d’fhonn neamhspleáchas straitéiseach an Aontais a neartú.

⁵ Chuir ceannairí an Aontais fáilte roimh phríomhspríocanna an Aontais do 2030 ag Cruinniú Mullaigh Sóisialta Porto i mí na Bealtaine 2021 agus ag an gcrúinniú den Chomhairle Eorpach i mí an Mheithimh 2021.

⁶ Féach [European Economic Forecast – Autumn 2025](#) [Réamhaisnéis Eacnamaíoch na hEorpa – Fómhar 2025], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2025.

- **D’ainneoin dul chun cinn suntasach, tá gá le tuilleadh iarrachtaí chun an sprioc maidir le laghdú na bochtaineachta a bhaint amach.** An líon daoine a bhí i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta san Aontas in 2024, bhí sé thart ar 2,9 milliún níos ísle ná mar a bhí in 2019. Níl aon amhras gur rath é sin i bhfianaise ghéarchéim COVID-19, costais arda fuinnimh agus boillsciú. D’fhéadfadh sé go mbeadh an méadú substaintiúil ar an innéacs don fhíor-ollioncam indiúscartha teaghlaigh (OIIT) per capita in 2024 ar leibhéal an Aontais ina chuidiú leis sin a bhrú ar aghaidh. Tá sé sin i bhfad ó phríomhspríoc an Aontais fós áfach, is é sin, laghdú 15 mhilliún ar a laghad a bhaint amach faoi 2030. Cé gur bhain dhá Bhallstát a spriocanna náisiúnta amach in 2024, agus go ndearna 14 Bhallstát eile dul chun cinn áirithe ó bhí 2019 ann, in 11 Bhallstát bhí an líon daoine a bhí i mbaol ní b’airde in 2024 ná in 2019⁷. Ina fhianaise sin, ba ghá dlús mór a chur le hiarrachtaí sa chuid den deacáid atá fágtha. Tá sé sin fíor-riachtanach i bhfianaise na huailmhéine chun bochtaineacht san Aontas a dhíothú faoi 2050⁸.

Le beartais Eorpacha soláthraítear tacaíocht nach beag d’fhás eacnamaíoch cuimsitheach agus inbhuanaithe, athléimneacht, chomh maith le comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach. Tá roinnt tionscnaimh thiomnaithe á soláthar ag an gCoimisiún chun na críche sin, lena n-áirítear an Treochlár um Poist Dea-cháilíochta, Aontas na Scileanna – lena n-áirítear an Moladh ón gComhairle maidir le caipiteal daonna san Aontas – an Plean Eorpach um Thithíocht Inacmhainne agus an Straitéis i gcoinne na Bochtaineachta atá ar na bacáin. Mar chuid den Chompás Iomaíochais, mhol an Coimisiún cur chun cinn scileanna agus post ardcháilíochta mar cheann de na cúig chumasóir chothrománacha a bhfuil gá leo chun bonn taca a chur faoin iomaíochas ar fud na n-earnálacha uile. Faoin gCreat Airgeadais Ilbhliantúil atá ann faoi láthair, is é Ciste Sóisialta na hEorpa Plus an príomh-mheán le haghaidh cistiú Eorpach sa réimse sóisialta, agus ionstraimí eile amhail Erasmus+ á chomhlánú. I gcás an bhonneagair, tá cistiú ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE), an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa (SCE) agus an Ciste um Aistriú Cóir (CUAC) ina chomhlánú leis sin. Leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (STA) cuirtear an comhtháthú sóisialta chun cinn freisin trí thacaíocht d’athchóirithe agus infheistíochtaí, rud a chuireann feabhas ar iomaíochas agus athléimneacht na mBallstát⁹. Leis na huirlisí sin uile le haghaidh cistiú ón Aontas cuirtear le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta.

⁷ Is iad SE agus IE an dá Bhallstát a bhain a gcuid spriocanna náisiúnta amach. Is iad seo a leanas na 14 Bhallstát a rinne dul chun cinn áirithe ó bhí 2019 ann: PT, EL, BG, PL, IT, RO, HU, HR, CZ, NL, BE, CY, EE agus LV. Is iad seo a leanas an 11 Bhallstát dá raibh an líon daoine a bhí i mbaol ní b’airde in 2024 ná in 2019: FR, DE, ES, SK, FI, AT, DK, LT, SI, LU, agus MT.

⁸ Féach [Aitheasc 2025 ar Staid an Aontais Eorpaigh](#) ó Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh, Ursula von der Leyen, an 10 Meán Fómhair 2025.

⁹ Tá buiséad (2020-27) EUR 142 billiún ag gabháil le Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, lena n-áirítear cómhaoiniú náisiúnta. Is éard a chumhdaítear leis go forleathan infheistíochtaí sna réimsí beartais a chumhdaítear leis na Treoirínte Fostaíochta. Tagann tacaíocht bhreise ó CFRE agus CUAC, agus béim á leagan ar bhonneagar. Cuirtear leis an gcaiteachas sóisialta

Leis an anailís chéadchéime ar an gCreat maidir le Cóineasú Sóisialta léirítear:


- i **Cóineasú aníos leanúnach i bhfeidhmíocht mhargadh an tsaothair ó Bhallstát go chéile in 2024.** Mar sin féin, tá gá le feabhas a chur ar thorthaí fostaíochta grúpaí áirithe faoi ghannionadaíocht, nach bhfuil aon chóineasú aníos soiléir le sonrú ina leith ó thír go chéile (mar shampla, i gcás na hóige agus daoine faoi mhíchumas).
- ii **Feabhsuithe beaga ar leibhéal an Aontais maidir le scileanna, cé go bhfuil rioscaí fós ann don chóineasú aníos sa réimse sin.** Tá líon sách ard cásanna criticiúla le sonrú, mar shampla, i ndáil le luathfhágáil na scoile, rannpháirtíocht daoine fásta san fhoghlaim agus leibhéil scileanna digiteacha.
- iii **Feabhsuithe beaga ar ráta riosca na bochtaineachta nó an eisiaimh shóisialta, ar an neamhionannas ioncaim agus ar an bhfíor-ollioncam indiúscartha teaghlaigh per capita ar leibhéal an Aontais, ach gan aon chomhartha de chóineasú aníos ó Bhallstát go chéile sa réimse seo.**

An anailís chothrománach agus thírshonrach ar chóineasú sóisialta aníos ar aisti a eascraíonn na príomhthorthaí sin, tá sí bunaithe ar phrionsabail an Chreata maidir le Cóineasú Sóisialta (SCF). Déantar anailís ar dhúshláin na mBallstát maidir leis an margadh saothair, scileanna agus a ndúshláin shóisialta ar mhaithe le sainaithint na nithe a d'fhéadfadh an cóineasú sóisialta aníos a chur i mbaoil. Braitheann an anailís ar na huirlisí anailíseacha arna gcomhaontú leis na Ballstáit (an Scórchlár Sóisialta agus modheolaíocht soilse tráchta na Tuarascála Comhpháirtí ar Fhostaíocht arna comhaontú).

le thart ar EUR 163,7 billiún san iomlán arna leithdháileadh do na Ballstáit faoi STA, ar thart ar 25 % den chaiteachas measta iomlán atá ann (ón 13 Samhain 2025 ar aghaidh). Déantar catagóirí caiteachais shóisialta a shainiú agus a chur i bhfeidhm bunaithe ar an modheolaíocht a ghlac an Coimisiún i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa agus leis na Ballstáit i Rialachán Tarmligthe 2021/2105.

Beidh naoi mBallstát faoi réir na hanailíse dara céim ar an gCreat maidir le Cóineasú Sóisialta. Áirítear orthu sin an Bhulgáir, an Ghréig, an Spáinn, an Iodáil, an Liotuáin, Lucsamburg agus an Rómáin, a bhí sa dara céim anuraidh freisin. Ina theannta sin, téann an Laitvia agus an Fhionlainn isteach sa ghrúpa den chéad uair i mbliana¹⁰. An Chróit, an Eastóin agus an Ungáir a bhí san anailís dara céim anuraidh, ní áirítear san anailís i mbliana iad¹¹. Déanfaidh ranna an Choimisiúin anailís dara céim níos mionsonraithe (agus úsáid á baint as sraith níos leithne d’fhianaise chainníochtúil agus cháilíochtúil) i ndáil leis na tíortha sin ar sainaithníodh rioscaí féideartha don chóineasú sóisialta aníos ina leith.

Dúshlán fostaíochta, scileanna agus shóisialta ar fud Bhallstáit an Aontais de réir phríomhtháscairí an Scórláir Shóisialta




Tabhair faoi deara: Tá sonraí ar iarraidh i gcás táscairí áirithe le haghaidh tíortha áirithe – féach Tábla 3.1.1 i roinn 3.1. Tá fad na ndeighleog a bhfuil dathanna difriúla orthu laistigh de bharr comhréireach le sciar na mBallstát leis an gcatagóiríú comhfheagrach. Tugtar míniú ar ghnéithe de na heochracha eolais in Iarscríbhinn 6.

¹⁰ I gcás na Laitvia, is é is cúis leis sin méaduithe ar sciar na ndaoine óga nach bhfuil i mbun fostaíochta, oideachais ná oiliúna (NEETanna) chomh maith leis na rátaí dífhostaíochta agus rátaí dífhostaíochta fadtéarmaí. Baineann sé freisin le tionchar íseal agus laghdaitheach na n- aistrithe sóisialta (gan pinsin a áireamh) ar laghdú na bochtaineachta agus le meath gearr ar rannpháirtíocht leanaí faoi bhun 3 bliana d’aois i gcúram leanaí foirmiúil. I gcás na Fionlainne, baineann sainaithint na hanailíse dara céim den chuid is mó leis an meath coibhneasta ar na rátaí dífhostaíochta agus rátaí dífhostaíochta fadtéarmaí.

¹¹ An Eastóin, an Ungáir agus an Chróit, a bhí san anailís dara céim anuraidh freisin, níl siad faoi réir na hanailíse i mbliana. Níl an Eastóin faoina réir i bhfianaise na bhfeabhsuithe a taifeadadh maidir le neamhionannas ioncaim, ioncam indiúscartha teaghlaigh, an ráta IBES, tionchar na n- aistrithe sóisialta ar laghdú na bochtaineachta, agus riachtanais cúraim leighis nach bhfuiltear ag freastal orthu. Níl an Ungáir faoi réir na hanailíse dara céim ach oiread toisc go léirítear sna sonraí is déanaí feabhsuithe ar luathfhágáilithe ón oideachas agus ón oiliúint, an ráta IBES (ar an iomlán agus do leanaí), an bhearna fostaíochta maidir le daoine faoi mhíchumas agus an ráta dífhostaíochta fadtéarmaí. I gcás na Cróite, tá briseadh san amsraith ann in 2024 le haghaidh na dtáscairí sóisialta uile bunaithe ar SIDM-AE, rud a fhágann nach féidir athruithe a léirmhíniú go fóinteach. Go sonrach, tá an briseadh struchtúrach taobh thiar den chás ‘le faire’ do dhaoine IBES, ar an iomlán agus i measc leanaí.

D'ainneoin éiginnteachtaí eacnamaíocha agus geopholaitiúla méadaitheacha, d'fhan margadh saothair an Aontais láidir in 2024 agus tús 2025, agus fás fostaíochta measartha ach fós láidir ann. Ar an iomlán, tháinig méadú 1,7 milliún duine ar an bhfostaíocht iomlán san Aontas in 2024 go 219,4 milliún duine. Shroich an ráta fostaíochta (don aoisghrúpa 20–64 bliana) 75,8 % in 2024, agus tháinig ardú breise air go 76,2 % in R2-2025, arb é sin an leibhéal ab airde a baineadh amach riamh. Cé gur tháinig laghdú ar a ráta fáis bliantúil, leis an bhfás dearfach léiríodh athléimneacht an mhargaidh saothair d'ainneoin na n-éiginnteachtaí a bhí ann. An tráth céanna, thit ráta dífhostaíochta an Aontais (don aoisghrúpa 15–74 bliana) go 5,9 % in 2024, arb é sin an leibhéal ab ísle a baineadh amach riamh.

Is éard a bhí taobh thiar den fhás ar fhostaíocht a taifeadadh in 2024 tríd is tríd rannpháirtíocht ní b'airde sa lucht saothair agus, ar bhonn i bhfad ní ba lú, dífhostaíocht ní b'íse. Is i seirbhísí agus san earnáil phoiblí is mó a cruthaíodh poist. Tá féinfhostaíocht (mar sciar den fhostaíocht iomlán) san Aontas ag dul i laghad go seasta, agus éagsúlachtaí ann de réir earnála agus tíre. Ar an iomlán, breathnaíodh cóineasú aníos de réir a chéile i dtéarmaí rátaí fostaíochta ar fud Bhallstáit an Aontais Eorpaigh. An tráth céanna, bhí éagothromaíochtaí réigiúnacha nach beag ann i gcónaí idir tíortha agus laistigh de thíortha. Is réigiúin tuaithe, inar tearc an daonra, nó réigiúin fhorimeallacha iad roinnt mhaith de na réigiúin ina bhfuil rátaí fostaíochta sách íseal.



Is dúshlán d'iomaíochas an Aontais agus don chomhtháthú sóisialta é an fás mall ar tháirgiúlacht oibre, mar a léirítear freisin le tuarascáil Draghi¹². Is amhlaidh is mó atá an cas sin i gcomhthéacs forbairtí déimeagrafacha díobhálacha, a bhfuil impleachtaí acu ar acmhainneacht fáis an Aontais, a inniúlacht cruthaithe post agus caighdeán mhaireachtála saoránach den Aontas Eorpach. Le 25 bliana anuas, tá laghdú seasta ag teacht ar an méadú táirgiúlachta¹³. In 2024, níor tháinig de mhéadú ar an táirgiúlacht oibre in aghaidh na huaire ach 0,2 %, tar éis titim 0,8 % an bhliain roimhe. Tuairtar sna réamhaisnéisí go mbeidh feabhsuithe ann in 2025, 2026 agus 2027 lena bhféadfaí na cailleanais ó bhí 2023 ann a fhritháireamh i bhformhór na mBallstát¹⁴. Chun iomaíochas agus uathriail straitéiseach an Aontais a neartú, ní mór dó borradh a chur faoina inniúlacht nuálaíochta, lena n-áirítear trína chaipiteal daonna a chur chun feabhais i gcomhréir lena chuid riachtanas atá de shíor ag athrú. Is mór an tábhacht a leagtar air sin i gCompás Iomaíochais an Choimisiúin¹⁵, i dtionscnamh Aontas na Scileanna¹⁶, chomh maith leis an bPlean Gníomhaíochta um Mór Roinn na hIntleachta Saorga¹⁷ agus an Straitéis um chur i bhfeidhm na hIntleachta Saorga¹⁸. Le hinfheistíocht phríobháideach mhéadaithe agus tacaíocht á fáil chuige sin ó Aontas na Margaí Caipitil atá níos doimhne anois, is féidir cuidiú chun feabhas a chur ar an táirgiúlacht oibre freisin.


An méadú íseal táirgiúlachta oibre ina chúis le dúshlán d'iomaíochas an Aontais

Príomhtháscairí maidir leis an táirgiúlacht oibre in AE-27

Méadú táirgiúlachta oibre:

- ag 1,7 % in aghaidh na bliana i gcaitheamh 2000-07
- ag 1,2 % i gcaitheamh 2010-19
- ag 0,1 % i gcaitheamh 2021-24

In 2024, bhí na huaireanta a d'oibrigh duine fostaithe 4,4 % faoi bhun leibhéil 2004



Foinse: Eurostat [\[nama 10 lp ulc\]](#)

¹² [Tuarascáil Draghi: Straitéis iomaíochais ar son na hEorpa](#), an 9 Meán Fómhair 2024.

¹³ Ba é 1,7 % in aghaidh na bliana a bhí sa mheánfhás i gcaitheamh 2000-07, agus tháinig laghdú air go 1,2 % i gcaitheamh 2010-19, go dtí go ndeachaigh sé chomh híseal le 0,1 % i gcaitheamh 2021-2024.

¹⁴ Féach: [European Economic Forecast – Autumn 2025](#) [Réamhaisnéis Eacnamaíoch na hEorpa – Fómhar 2025], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2025.

¹⁵ [Teachtaireacht ón gCoimisiún Eorpach dar teideal Compás Iomaíochais don Aontas Eorpach, COM\(2025\) 30 final](#), an 29/1/2025.

¹⁶ [Teachtaireacht ón gCoimisiún Eorpach dar teideal Aontas na Scileanna, COM\(2025\) 90 final](#), an 5/3/2025.

¹⁷ [Teachtaireacht ón gCoimisiún Eorpach dar teideal Plean Gníomhaíochta um Mór-Roinn na hIntleachta Saorga, COM\(2025\) 165 final](#), an 9/4/2025

¹⁸ [Teachtaireacht ón gCoimisiún Eorpach dar teideal Straitéis um chur i bhfeidhm na hIntleachta Saorga, COM\(2025\) 723 final](#), an 8/10/2025.

D'ainneoin laghdú óna mbuaicphointe in 2022, tá ganntanais saothair agus scileanna fós ard.

Tá sé ríthábhachtach aghaidh a thabhairt orthu chun borradh a chur faoi iomaíochas, clár oibre an Aontais maidir le tuilleadh uathriail straitéiseach chomh maith le fás inbhuanaithe. Thit an ráta folúntas san Aontas ó 3,1 % in R2-2022 go dtí 2,1 % in R2-2025, agus d'fhan sé os cionn an mheán réamhphaindéime (2013–19) 1,7 %. Bunaithe ar an ráta sin, tá ganntanais thar a bheith géar i seirbhísí riaracháin agus tacaíochta; gníomhaíochtaí gairmiúla, eolaíoch agus teicniúla; an t-iompar; seirbhísí cóiríochta agus bia; tógáil; agus faisnéis agus cumarsáid. Le hanailís a rinneadh le déanaí sainaithníodh méid chomh mór le 24 ghairm a bhí ábhartha don aistriú glas ina raibh ganntanais lucht saothair ar fud roinnt Ballstáit éagsúla¹⁹.

Is é is dóichí go mbeidh tosca struchtúracha ina gcúis le ganntanais i roinnt earnálacha.

Áirítear leo sin an t-athrú déimeagrafach agus éilimh ar scileanna ón aistriú glas agus ón aistriú digiteach, chomh maith le drochdhálaí oibre i roinnt earnálacha. Tá soghluaisteacht earnálach fós teoranta, agus níl ann ach 1,8-3,9 % d'oibrithe a aistríonn earnálacha go bliantúil, ar ráta é sin atá mórán gan athrú ó bhí 2016 ann²⁰. Tá sé ríthábhachtach aghaidh a thabhairt ar na ganntanais sin chun tacú le fás, le táirgiúlacht agus leis an aistriú dubailte éiceolaíoch agus digiteach. In 2024 chuir an Coimisiún plean gníomhaíochta i láthair chun dul i ngleic le ganntanais saothair agus scileanna san Aontas, rud a ullmhaíodh i ndlúthchomhar leis na comhpháirtithe sóisialta²¹. Leagtar amach sa phlean gníomhaíochta sin an tábhacht atá le grúpaí faoi ghannionadaíocht a thabhairt chun tosaigh, uas-sciliú agus athsciliú níos láidre, úsáid fheabhsaithe faisnéise scileanna, dálaí oibre níos fearr chomh maith le soghluaisteacht fheabhsaithe an lucht saothair chun dul i ngleic le ganntanais. Mar chuid d'Aontas na Scileanna, tá an Coimisiún ag cur i láthair Moladh nua le haghaidh Moladh ón gComhairle maidir le caipiteal daonna.

¹⁹ Aicmítear gairm mar ghairm a bhfuil 'ganntanais fhorleathana' roimpi más rud é go dtuairiscíonn cúig Bhallstát ar a laghad go bhfuil ganntanais ann ina leith. Is príomhtháscaire feidhmíochta den [Chomhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan](#) é sin.

²⁰ Fulvimari A. et al., *Estimating labour market transition costs and social investment needs of the green transition – a new approach* [Costais aistrithe mhargadh an tsaothair agus riachtanais infheistíochta sóisialta an aistrithe ghlaí a mheas - cur chuige nua], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2025.

²¹ An Coimisiún Eorpach, [Teachtaireacht: Plean Gníomhaíochta maidir le ganntanais saothair agus scileanna san Aontas Eorpach COM\(2024\) 131 final, an 20/3/2024](#).


D'ainneoin laghdú óna mbuaicphointe in 2022, tá ganntanais lucht saothair san Aontas fós ard

Rátaí na bhfolúntas poist san Aontas de réir na gníomhaíochta eacnamaíche (% sonraí bliantúla)

Rátaí folúntas ag 2,9 %

nó os a chionn i seirbhísí riaracháin agus tacaíochta; gníomhaíochtaí gairmiúla, eolaíocha agus teicniúla; seirbhísí cóiríochta agus bia; tógáil; faisnéis agus cumarsáid in 2024

Ganntanais saothair 5 % níos airde in 2024 i gcomparáid le 2019



Tabhair faoi deara: Gníomhaíochtaí NACE 2, B-S (Tionscal, tógáil, agus seirbhísí (seachas gníomhaíochtaí teaghlach mar fhostóirí agus eagraíochtaí agus comhlachtaí seach-chríche), C (monaraíocht), F (tógáil), G-I (trádáil mhórdhiola agus mhiondiola, iompar, lóistín, agus seirbhísí bia), J (faisnéis agus cumarsáid), M-N (gníomhaíochtaí gairmiúla, teicniúla agus eolaíocha).

Foinse: Eurostat [\[jvs a rate r2\]](#).

Tá cáilíocht poist a chothú ina phríomhghné de gheilleagar sóisialta margaidh atá iomaíoch lena ngabhann ardtáirgiúlacht agus comhtháthú sóisialta níos mó. Tá sé fíor-riachtanach an bhearna nuálaíochta a shárú agus na cumasóirí cothrománacha²² a leagtar amach sa Chompás Iomaíochais a sholáthar ar mhaithe le poist ardcháilíochta a chothú. Dá réir sin, is tábhachtach an ról a bhíonn ag institiúidí an mhargaidh saothair freisin. Mar a sonraíodh i dTuairim EMCO i dtaobh EPSCO mhí an Mheithimh 2025²³, cuimsíonn cáilíocht poist gnéithe amhail *tuilleamh leordhóthanach agus pá cóir, slándáil poist agus gairme, agus forbairt scileanna agus dul chun cinn gairme*. Is eilimintí idirspéiceacha iad sin lenar féidir fáinne óir an chumhachtaithe phearsanta, na táirgiúlachta agus an fháis eacnamaíoch a chruthú agus iad uile in éindí. An tráth céanna, le *sábháilteacht agus sláinte ag an obair*, in éineacht le *folláine ag an obair, socruithe optamacha maidir le ham oibre, cothromaíocht oibre agus saoil*, agus *neamhspleáchas ag an obair*, is féidir an bonn a leagan le haghaidh rath pearsanta, gairmiúil agus eagraíochtúil. Is féidir go mbeadh sé sin mar thoradh, mar shampla, ar chruthaitheacht agus cuntasacht níos mó, spreagadh agus táirgiúlacht níos airde, agus laghdú ar ráta tarlaithe an traochta.

²² Áirítear leis na cumasóirí cothrománacha seo an timpeallacht rialála a shimpliú, an t-ualach a laghdú agus tús áite a thabhairt do luas agus do sholúbthacht; leas iomlán a bhaint as buntáistí scála a chuireann an Margadh Aonair ar fáil trí bhacainní a bhaint; maoiniú trí Aontas Coigiltis agus Infheistíochta agus trí bhuiséad athdhírith de chuid an Aontais; scileanna agus poist ar ardchaighdeán a chur chun cinn agus cothroime shóisialta á cinntiú; agus comhordú níos fearr a dhéanamh ar bheartais ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta.

²³ Féach an [Tuairim ón gCoiste Fostaíochta maidir leis na gnéithe de cháilíocht poist](#) a cuireadh i láthair na Comhairle Fostaíochta, Beartais Shóisialta, Sláinte agus Gnóthaí Tomhaltóirí i mí an Mheithimh 2025.


Comhpháirt lárnach de cháilíocht poist is ea rochtain ar cosaint shóisialta. Ina theannta sin, is cumasóirí rithábhachtacha do mhargadh saothair *cóir chuimsitheach iad ionadaíocht agus eagrú an leasa chomhchoitinn, comhionannas inscne agus comhionannas deiseanna, chomh maith le hiarrachtaí chun aistrithe ó obair neamhdhearbhaithe/thearcdearbhaithe go fostaíocht fhoirmiúil a chothú.* Tá sé fíorthábhachtach feidhmíocht a neartú ar fud na ngnéithe sin uile de cháilíocht poist lena áirithiú go mbíonn cáilíocht i gceist le cruthú post freisin, agus seachas cainníocht amháin. Bíonn cáilíocht poist faoi thionchar ag aistrithe struchtúracha sa mhargadh saothair freisin. Áirítear orthu sin digiteáil mhéadaitheach na hoibre, glasú an gheilleagair, forbairt leanúnach na gconarthaí fostaíochta agus na gcineálacha oibre, cultúir san áit oibre a bhíonn de shíor ag athrú, agus luachanna agus spriocanna sochaíocha leathana amhail neamh-idirdhealú agus comhionannas deiseanna.

Tá borradh faoin bhfíorphá ach níor tháinig sé chuige féin ó chaillteanais sna blianta roimhe sin

Cúiteamh ainmniúil in aghaidh an fhostaí, tháinig méadú 5,1 % air in 2024, agus méadú 4,2 % in 2025 (réamhaisnéis)

Tháinig méadú 2,7 % ar fhíorphá in 2024, agus tháinig méadú 1,3 % air in 2025 (réamhaisnéis)

Fíor-ollphá agus fíor-olltuarastail in aghaidh an fhostaí (bliantúil, athrú %; 2023, 2024 agus 2025)



Foinse: An Coimisiún Eorpach, [bunachar sonraí AMECO](#), Ollphá agus olltuarastail ainmniúla in aghaidh an fhostaí [hwwdw], díbhóilsceoir: Innéacs comhchuibhithe praghsanna do thomhaltóirí [[AMECO 5000 ZCPIH](#)]. Fostaíocht fhoirmiúil (coincheap intíre) [[namq_10_a10_e](#)]. Léirítear leis na sonraí le haghaidh 2025 réamh-mheastacháin arna ríomh ar bhonn Réamhaisnéisí Eacnamaíocha Eorpacha Earrach 2025 an Choimisiúin. An nuashonrú ar ollphá agus olltuarastail in aghaidh an fhostaí [cód AMECO: hwwdw] le réamhaisnéis an fhómhair, ní raibh sé ar fáil an 19 Samhain nuair ab fhéidir an nuashonrú deireanach a dhéanamh.

Bhí fás pá san Aontas fós láidir in 2024 ach éagsúil go mór ó Bhallstát go chéile. Bhí é 5,1 % an fás bliantúil ar chúiteamh ainmniúil in aghaidh an fhostaí, anuas ó 6,1 % in 2023, arbh é sin an líon ab airde riamh é. Tháinig fás fíorphá ar ais chuige féin in 2024, ag 2,7 %. Ba iad boilsciú maolaitheach agus fás pá ainmniúil láidir a thacaigh leis den chuid is mó. I bhformhór na mBallstát, tá fíorphá anois os cionn na leibhéil réamhphaindéime. Tá sé fós faoi bhun na leibhéil sin i roinnt geilleagair mhóra (an Ghearmáin, an Fhrainc, an Ísiltír agus an Iodáil) mar gheall ar tháirgiúlacht agus fás eacnamaíoch lag. Dá dheasca sin, bhí an meán-fhíorphá san Aontas fós beagán faoi bhun leibhéil réamhphaindéime in 2024, ach tuartar go sáróidh sé iad in 2025. An tráth céanna, fritháiríonn méaduithe ar phá íosta náisiúnta i bhformhór na mBallstát an caillteanas cumhachta ceannaigh den chuid is mó do shaothraithe ar phá íosta.

I dtíortha inar ann do phá íosta arna chomhaontú i gcomhpháirt, thacaigh fás pá le cumhacht cheannaigh fheabhsaithe in 2024, go háirithe dóibh siúd i bpoist ar phá íseal. Cur chun feidhme ceart na Treorach maidir le pá íosta leordhóthanach²⁴, tá sé fíor-riachtanach chun cumhacht cheannaigh na n-oibrithe sin a bhfuil pá íseal acu a chosaint agus rioscaí bochtaineachta i measc daoine fostaithe a chosc agus a chomhrac, agus dreasachtaí chun oibre á dtreisiú an tráth céanna. Áirítear sa Treoir freisin bearta atá dírithe ar chómhargáil a spreagadh chomh maith le feabhas a chur ar na sásraí forfheidhmithe agus maoirseachta ó Bhallstát go chéile.

²⁴ [Treoir 2022/2041 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 2022 maidir le pá íosta leordhóthanach san Aontas Eorpach, IO L 275, 25.10.2022](#), lch. 33.

Cé gur gné ríthábhachtach de cháilíocht poist é tuilleamh leordhóthanach²⁵, bhí rioscaí bochtaineachta ag baint do nach mór duine amháin as dháréag oibrithe in 2024. Is amhlaidh is treise é sin fós i gcás oibrithe i gcineálacha neamhchaighdeánacha oibre. Tháinig laghdú beag ar an sciar daoine féinfhostaithe (18-64) a mbaineann rioscaí bochtaineachta dóibh in 2024, síos go 8,2 %. Is iad na daoine siúd i gcineálacha neamhchaighdeánacha oibre is mó a bhí thíos leis sin toisc gur minic a bhíonn tuilleamh bliantúil agus déine oibre níos ísle acu. Mar shampla, i measc na dteaghlach siúd ag a raibh déine oibre ard, bhí an sciar daoine i mbochtaineacht ag an obair ní ba lú ná aon trian i gcomparáid leo siúd a raibh déine oibre íseal acu²⁶. Thairis sin, tá rátaí bochtaineachta ag an obair fós níos airde ina measc siúd a rugadh lasmuigh den Aontas Eorpach, i measc oibrithe ag a bhfuil leibhéil ísle oideachais, agus teaghlaigh ina bhfuil leanaí cleithiúnacha. Ba é ba dhóichí freisin go raibh rioscaí bochtaineachta ag baint d'fhir le linn dóibh a bheith ag obair, i gcomparáid le mná. In éineacht le fás eacnamaíoch agus margadh saothair láidir, is féidir cuidiú chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin ach an treoird maidir le pá íosta a chur chun feidhme agus Moladh 2019 ón gComhairle maidir le rochtain ar chosaint shóisialta d'oibrithe agus do dhaoine féinfhostaithe a chur chun feidhme ar bhealach níos láidre.

²⁵ Féach an [Tuairim ón gCoiste Fostaíochta maidir leis na gnéithe a bhaineann le cáilíocht poist](#) a cuireadh i láthair na Comhairle Fostaíochta, Beartais Shóisialta, Sláinte agus Gnóthaí Tomhaltóirí i mí an Mheithimh 2025.


²⁶ Sainmhínítear ráta riosca na bochtaineachta i measc an lucht oibre mar an sciar de na daoine idir 18 agus 64 bliana d'aois a thuairiscíonn go bhfuil siad ag obair (fostaithe nó féinfhostaithe) agus ioncam indiúscartha coibhéisithe teaghlaigh acu atá faoi bhun thairseach riosca na bochtaineachta, arna shocrú ag 60 % den airmheán náisiúnta (tar éis aistrithe sóisialta). Ós rud é go mbraitheann an táscaire ar ioncam iomlán an teaghlaigh, déanann comhdhéanamh an teaghlaigh, staid fostaíochta ball eile den teaghlach, déine oibre (uaireanta an chloig oibrithe), agus foinsí eile ioncaim amhail aistrithe sóisialta agus cánacha difear dó freisin. Ní chuimsítear éagothromaíochtaí réigiúnacha sa chostas maireachtála leis an táscaire seo mar atá i gcás táscairí bochtaineachta airgeadaíochta eile.

Athraíonn an sciar daoine a mbaineann bochtaineacht dóibh le linn dóibh a bheith ag obair de réir an chineáil conartha

Rátaí bochtaineachta ag an obair de réir an chineáil conartha (in %, 2024)

In 2024, san Aontas:

- 8,2 % de na hoibrithe uile, bhí siad ag obair i mbochtaineacht
- 12,9 % d'oibrithe páirtaimseartha, bhí siad ag obair i mbochtaineacht



Tabhair faoi deara: Tá briseadh sa tsraith i gcás HR agus sonraí sealadacha i gcás LT.
Foinse: Eurostat, [tespm070], [ilc iw05], [ilc iw07], SIDM-AE.

- 13,3 % d'oibrithe sealadacha, bhí siad ag obair i mbochtaineacht

Le socruithe conarthacha solúbtha is féidir cuidiú chun éilimh an mhargaidh saothair a chomhlíonadh, ach is féidir cur le deighilt níos mó an mhargaidh saothair agus cur isteach go mór ar cháilíocht poist freisin. Le cineálacha neamhchaighdeánacha oibre, amhail obair shealadach agus pháirtaimseartha, is féidir solúbthacht níos mó a sholáthar d'fhostóirí agus d'fhostaithe araon. Féadann siad feidhmiú mar chéimeanna i dtreo fostaíocht chobhsaí agus dálaí oibre níos fearr freisin, nuair a bhíonn rátaí aistrithe ard go leor. I gcásanna áirithe, áfach, cuireann siad srian le soghluaisteacht aníos, baineann siad fad as an éagobhsaíocht agus bíonn siad bainteach le drochdhálaí oibre, tuilleamh níos ísle agus rochtain theoranta ar chosaint shóisialta, oiliúint agus ionadaíocht²⁷. I gcomhthéacs rátaí fostaíochta atá ag dul in airde, lean an sciar d'oibrithe sealadacha i measc na bhfostaithe uile de bheith ag laghdú agus shroich sé 11,6 % san Aontas in 2024. Bhí difríochtaí móra fós ann ó Bhallstát go chéile.

D'ainneoin feabhsuithe beaga, tá conarthaí sealadacha nach mór trí huair níos comónta don óige agus tá siad níos leitheadaí i measc ban ná fear. Ina theannta sin, tá sciartha sách ard d'fhostaíocht shealadach i mBallstáit áirithe taobh le rátaí ísle aistrithe go conarthaí buana. Tugann sé sin le fios gur ann do dhúshláin maidir le ról na gconarthaí sealadacha mar 'chéimeanna aistir' chuig fostaíocht bhuan.

²⁷ Féach Eurofound, [Labour market segmentation](#) [Deighilt mhargadh an tsaothair], An Foclóir Eorpach um Chaidreamh Tionsclaíoch, 2019.

In 2024, bhí duine amháin as gach beirt fostaithe sealadacha i bhfostaíocht shealadach go hainneonach, méid is ionann le 6,4 % de na fostaithe uile. Go hachomair, leanann fostaíocht shealadach ainneonach (15-64) de dhífead a dhéanamh do sciar substaintiúil den lucht saothair, d'ainneoin an laghdaithe 0,5 pointe céatadáin a tháinig air ó bhí 2023 ann. Is ann d'éagothromaíochtaí suntasacha ó Bhallstát go chéile, agus arís eile is airde an ráta tarlaithe i gcás na hóige agus na mban. Ina theannta sin, i bhfostaíocht pháirtaimseartha, tá comhpháirt ainneonach ann a bhí fós suntasach i mBallstáit áirithe, d'ainneoin laghdú foriomlán ar leibhéal an Aontais. Le beartais ghníomhacha maidir leis an margadh saothair agus seirbhísí éifeachtacha fostaíochta a chuireann chun cinn aistrithe chuig poist ar cháilíocht níos airde, dreasachtaí d'fhóistoirí daoine a fhóistú ar bhonn buan lánaimseartha mar aon le rochtain leormhaith ar chosaint shóisialta agus ar dheiseanna foghlama, is féidir cuidiú chun deighilt an mhargaidh saothair a laghdú agus cáilíocht poist a fheabhsú.


Tá forleithne na hoibre sealadaí ainneonaí éagsúil go mór ar fud an Aontais ach tá sciar ard d'oibrithe sealadacha thíos leis i bhformhór na mBallstát

Conarthaí sealadacha in 2024 san Aontas:

Fostaithe sealadacha ainneonacha mar chéatadán den líon foriomlán fostaithe agus fostaithe sealadacha (20-64) (in %, 2024)

- **11,6 %** de na fostaithe uile (20-64)
- **33,3 %** d'fhóistithe óga (15-29)

Obair shealadach ainneonach i gcás **53,7 %** de na fostaithe sealadacha uile (thart ar **10,6 milliún** oibrí)



Tabhair faoi deara: Tá an sainmhíniú difriúil i gcás ES agus FR. Tá briseadh sa tsraith i gcás BG. Sonraí lena ngabhann iontaofacht íseal i gcás EE, MT, AT agus SI. Sonraí maidir leis an iomlán amháin le haghaidh 'Ní raibh post le fáil ach ar chonradh sealadach' i gcás LV agus le haghaidh 'Ní bhfuarthas aon phost buan' i gcás SK.

Foinse: Eurostat [[lfsa_etgar](#)], SFS AE.

Tá an claochlú digiteach ag cur atheagar ar mhargaí saothair na hEorpa, agus duine amháin as gach deichniúr oibrithe san Aontas ag úsáid na hIntleachta Saorga giniúnaí²⁸. Cuireann an Intleacht Shaorga (IS) uirlisí cumhachtacha ar fáil chun an nuálaíocht a bhrú chun cinn, borradh a chur faoin táirgiúlacht, agus iomaíochas domhanda na hEorpa a neartú. Tá úsáid an fhaireacháin dhigitigh ag an obair agus úsáid na bainistíochta algartamaí ar phróisis oibre ag cur athrú ó bhonn ar an gcaoi a ndéantar an obair a eagrú, a chomhordú, a fhaire agus a bhainistiú²⁹. Nuair a dhéantar IS agus córais bainistíochta algartamaí a dhearadh agus a chur chun feidhme go freagrach, féadann a n-úsáid san áit oibre borradh a chur faoin éifeachtúlacht, earcaíocht a chuíchóiriú, claontacht a laghdú agus cáilíocht poist a fheabhsú³⁰. Mar sin féin, is gá na huirlisí sin a bhainistiú go hiomchuí chun aghaidh a thabhairt go hiomchuí ar ábhair imní a bhaineann le brú oibre méadaithe, faireachán leanúnach, claontachtaí féideartha, agus rioscaí maidir le cosaint sonraí d'oibrithe. Ina thaobh sin, leagtar amach leis an nGníomh um an Intleacht Shaorga tacar soiléir rialacha rioscabhunaithe le haghaidh forbróirí agus imlonnóirí. Cumhdaítear leo sin úsáidí sonracha IS, sábháilteacht, cearta bunúsacha agus IS duine-lárnach a ráthú, agus glacadh, infheistíocht agus nuálaíocht in IS á neartú ar fud an Aontais an tráth céanna³¹. Thairis sin, leis an Straitéis um chur i bhfeidhm na hIntleachta Saorga, lena gcothaítear glacadh IS i ndeich dtionscal AE agus san earnáil phoiblí, aithnítear an tábhacht atá le húsáid fhreagrach thairbheach a bhaint as IS san áit oibre.

²⁸ Féach Eurofound, [European Working Conditions Survey 2024: First findings](#) [Suirbhé ar Dhálaí Oibre san Eoraip 2024: Na chéad torthaí], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg, 2025.

²⁹ In 2024, rinneadh faireachán digiteach ar 37 % d'oibrithe AE le haghaidh uaireanta oibre agus ar 36 % díobh le haghaidh gluaiseachtaí iontrála/fágála. Ina theannta sin, léirítear le sonraí an tsuirbhé go leithdháiltear a gcuid amanna oibre ar 24 % d'oibrithe AE go huathoibríoch.

³⁰ Féach [Suirbhé Eorabharaiméadair 2025](#).

³¹ Féach [Rialachán \(AE\) 2024/1689 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 lena leagtar síos rialacha comhchuibhithe maidir leis an intleacht shaorga](#).

Tá sé ríthábhachtach d'oibrithe ardáin agus chun cáilíocht poist a fheabhsú an stádas fostaíochta a shainaithint i gceart agus trédhearcacht, cothroime, formhaoirseacht dhaonna, sábháilteacht agus cuntasacht i mbainistíocht algartamach a chur chun cinn. Is í an Treoir maidir le hObair Ardáin an pointe tagartha³². In 2025, tá coinne leis go mbeidh 43 mhilliún oibrí ag obair trí cheann amháin nó níos mó d'ardáin saothair dhigitigh san Aontas Eorpach. Le hobair ardáin is féidir solúbthacht a thabhairt, agus ioncam breise, nó ioncam príomhúil féin, le cois na solúbthachta sin. Féadfaidh sí bacainní iontrála isteach i margadh an tsaothair a ísliú do dhaoine óga, imircigh nó daoine faoi mhíchumas freisin. Mar sin féin, tá éiginnteacht, tuilleamh íseal, rochtain theoranta ar chosaint shóisialta, agus dúshlán a bhaineann le bainistiú doiléir de réir algartam ag baint le hobair ardáin freisin. Thairis sin, ó tharla go ndéantar an chuid is mó den obair trí ardáin dhigiteacha ar líne, bíonn sé dúshlánach sreafaí oibre trasteorann a rianú agus is amhlaidh a bhíonn siad ceilte i roinnt mhaith cásanna. Meastar go bhfuil an chuid is mó de dhaoine a bhíonn ag obair trí ardáin san Aontas féinfhostaithe, cé gurb amhlaidh le fírinne a aicmítear suas le 5,5 milliún duine mar sin go contráilte³³.

Tuilleann thart ar 55 % d'oibrithe ardáin níos lú ná an pá íosta. Chun feabhas a chur ar na dálaí oibre san obair ardáin, tháinig an Treoir maidir le hObair Ardáin i bhfeidhm i mí na Nollag 2024 agus tá 2 bhliain ag na Ballstáit lena thrasuí isteach ina ndlí náisiúnta. Na deacrachtaí a bhain leis an Treoir, amhail mí-aicmiú an stádais fostaíochta, bainistíocht algartamach, agus trédhearcacht, bhain siad le hobair thrasteorann. Is éard is cuspóir léi dálaí oibre cuibhiúla agus cáilíocht poist san obair ardáin a áirithiú fad a thacaítear le fás inbhuanaithe na n-ardán saothair dhigitigh san Aontas an tráth céanna.

³² Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le feabhas a chur ar dhálaí oibre san obair ardáin. Féach an Chomhairle Eorpach, [Oibrithe ardáin: Dlí nua glactha ag an gComhairle chun a ndálaí oibre a fheabhsú - Consilium](#).

³³ An Coimisiún Eorpach, [Achoimre feidhmiúcháin ar an tuarascáil ar an measúnú tionchair a ghabhann leis an togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le feabhas a chur ar dhálaí oibre san obair ardáin](#), 2021.

A bhuí leis an nuálaíocht dhigiteach, d'fhéadfaí níos mó poist tháirgiúla ar cháilíocht níos airde a chruthú ach is féidir go mbeadh géarú oibre ina thoradh air sin agus go mbeadh na teorainneacha leis an saol príobháideach doiléir. Mar shampla, a bhuí leis na teicneolaíochtaí digiteacha, tá fás tagtha ar an teilea-obair. In 2024, d'oibrigh thart ar 20 % d'fhostaithe ón mbaile cuid den am ar a laghad. De réir suirbhé ó Eurofound in 2025³⁴, in 2024, chuir os cionn 50 % de na freagróirí in iúl gur fearr leo a bheith ag obair ón mbaile cúpla uair sa tseachtain, agus an tráth céanna chuir 24 % díobh in iúl gur mhian leo a bheith ag obair ón mbaile go heisiach.

Is féidir tionchar a bheith ag forbairtí teicneolaíochta agus samhlacha gaolmhara cianoibre agus oibre cumaisc ar phatrúin uaireanta oibre freisin. Go ginearálta, tá feabhas tagtha san Aontas ar sceidil uaireanta oibre a imíonn ó ghnáthuaireanta oibre lánaimseartha, ar sceidil iad sin a fhéadann cur isteach ar cháilíocht poist ar bhealach diúltach. In 2024, d'oibrigh 6,6 % de na daoine fostaithe uile (20-64) uaireanta fada i gcomparáid le 7,1 % in 2023. Mar sin féin, bhí an sciar daoine a bhí ag obair le linn uaireanta oibre neamhthipiciúla fós ard, ag 33,6 % den fhostaíocht iomlán (20-64). Tar éis na caibidlíochta neamhchonclúidí idir comhpháirtithe sóisialta tras-tionscail Eorpacha a bhain lena gCreat-Chomhaontú maidir le teilea-obair ó 2002 a thabhairt cothrom le dáta, chomh maith le Rún Pharlaimint na hEorpa in 2021 maidir leis an gceart chun dícheangail³⁵, reáchtáil an Coimisiún Eorpach comhairliúchán foirmiúil dhá chéim le comhpháirtithe sóisialta maidir leis an gceart chun dícheangail agus teilea-obair.

Is dúshlán fós í rochtain ar chosaint shóisialta leormhaith ar fud cineálacha conartha agus cineálacha stádais fostaíochta, go háirithe i gcás oibríthe neamhchaighdeánacha agus daoine féinfhostaithe. Príomhghné eile de cháilíocht poist is ea rochtain ar chosaint shóisialta.

Breathnaíodh bearnaí cumhdaigh fhoirmiúil i gcás grúpa amháin oibríthe neamhchaighdeánacha ar a laghad in ocht mBallstát déag, go háirithe maidir le dífhostaíocht, breoiteacht agus sochair mháithreachais agus atharthachta. I gcás daoine féinfhostaithe, fuarthas bearnaí cumhdaigh i naoi mBallstát déag agus ba iad dífhostaíocht, tionóiscí tionsclaíocha agus galair cheirde na réimsí ba mhó ina raibh siad le sonrú. Thairis sin, i gcás grúpaí áirithe oibríthe nó daoine féinfhostaithe, bíonn rochtain deonach (scéimeanna ina bhfuil rogha a bheith páirteach), agus níl an glacadh ar comhchaighdeán ar chor ar bith ó Bhallstát go chéile.

³⁴ Eurofound, [Quality of life in the EU in 2024: Results from the Living and Working in the EU e-survey](#) [Cáilíocht saoil san Aontas in 2024: Torthaí ón ríomhshuirbhé 'Maireachtáil agus Obair san Aontas Eorpach'], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg, 2025.

³⁵ Parlaimint na hEorpa, [Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 21 Eanáir 2021 le moltaí don Choimisiún maidir leis an gceart chun dícheangail](#), 2021.

In thart ar an gceathrú cuid de thíortha AE, oibrítí neamhchaighdeánacha a raibh cosaint shóisialta de dhíth orthu, ba lú seans go bhfaighidís sochair shóisialta ná iad siúd i bhfostaíocht chaighdeánach. As na grúpaí ar fad, ba lú seans go bhfaigheadh daoine féinfhostaithe sochair shóisialta. Bhí bochtaineacht airgeadaíochta i bhfad ní ba leitheadaí i measc oibrítí sealadacha (13,4 %) agus oibrítí páirtaimseartha (13,8 %), agus daoine féinfhostaithe (20,9 %), i gcomparáid le fostaíthe buana (6,3 %). Tá sé ríthábhachtach Moladh 2019 ón gComhairle maidir le rochtain ar chosaint shóisialta d'oibrítí agus do dhaoine féinfhostaithe a chur chun feidhme ar mhaithe leis na bearnaí atá fágtha maidir le cumhdach a shárú agus le córais leormhaithe agus thrédhearcacha a chur chun cinn.

Taifeadtar éagsúlachtaí réigiúnacha móra i rátaí NEET ar fud an Aontais agus laistigh de na Ballstáit

Ráta NEET ag 11,1 % in 2024 san Aontas


Níos airde i gcás **ban** (12,1 %), a rugadh **lasmuigh den Aontas Eorpach** (18,4 %) agus i **gceantair thuaithe**

Bhí **Rátaí NEET** in 2024:

- **idir 4,4 % agus 19,4 %** ar fud thíortha an Aontais

ach bhí siad **idir 4,4 % agus 34,4 %** ar fud na réigiún (réigiún NUTS 2)

Raon rátaí NEET (15-29) ar an leibhéal réigiúnach (réigiún NUTS 2) de réir an Bhallstáit agus meáin na mBallstát, 2024



Tabhair faoi deara: Níl aon sonraí réigiúnacha (NUTS 2) le fáil i gcás CY, EE, LV, LU agus MT. Foinse: Ríomhanna DG EMPL; Eurostat [[edat_lfse_22](#)].

Lean an sciar daoine óga nach bhfuil fostaithe ná in oideachas ná faoi oiliúint de bheith ag titim san Aontas. Tháinig laghdú air ó 11,3 % go 11,1 % in 2024. Mar sin féin, tá rátaí NEET i gcás daoine óga (15-29) fós níos airde i measc ban ná fear, agus ina measc siúd a rugadh lasmuigh den Aontas Eorpach i gcomparáid le daoine dúchasacha a rugadh ann, agus i gceantair thuaithe i gcomparáid le cathracha, bailte agus bruachbhailte chomh maith. Ar an taobh eile, tar éis do ráta dífhostaíochta an aosa óig (15-24) téarnamh go seasta ó bhí COVID-19 ann, tháinig méadú beag air go 14,9 % in 2024 (agus 14,4 % i gcás daoine 15-29 mbliana d’aois), agus tá sé fós níos mó ná a dhá oiread níos airde ná an ráta dífhostaíochta foriomlán. Tá sé ard go háirithe freisin i measc daoine óga ag a bhfuil leibhéil níos ísle cáilíochtaí agus i measc daoine a rugadh lasmuigh den Aontas. Tháinig laghdú ar ráta fostaíochta céimithe nua gairmoideachais agus gairmoiliúna agus oideachais threasaigh (20-34) in 2024 san Aontas (anuas go 80,0 % agus 86,7 % faoi seach), rud a d’fhéadfadh a thabhairt le fios go bhfuil deacrachtaí méadaithe ann maidir lena n-iontráil sa mhargadh saothair. Cuirtear i dtábhacht leis an gcás sin an gá atá le gníomhaíocht leanúnach chun dul i ngleic le dúshlán struchtúracha a chuireann bac ar iontráil daoine óga i margadh an tsaothair, i bhfianaise na hacmhainneachta arna cailleadh agus na rioscaí níos fadtéarmaí i leith ionchais ghairme. Tacaíonn an Ráthaíocht threisithe don Aos Óg le NEETanna trí fhostaíocht ardcháilíochta, breisoideachas, printíseachtaí nó tréimhsí oiliúna a sholáthar laistigh de 4 mhí ó thagann siad chun bheith dífhostaithe nó ó fhágann siad an t-oideachas foirmiúil³⁶.

Cuireann saolta oibre níos faide le haosú gníomhach, rud a laghdaíonn ganntanais saothair agus scileanna, agus cuireann siad leis an acmhainneacht chun córais láidre cosanta sóisialta a choinneáil ar bun. In 2024, tháinig méadú ar an ráta fostaíochta do dhaoine 55-64 bliana d’aois go 65,2 %. Tá éagothromaíochtaí móra fós ann ó Bhallstát go chéile. Ó 2030 ar aghaidh, réamh-mheastar go dtaifeadfaidh an tAontas laghdú bliantúil 1,2 milliún ar a dhaonra in aois oibre go dtí 2050. Meastar go dtiocfaidh méadú ar an gcóimheas seanaoise agus cleithiúnais ó 36 % in 2022 go 55 % faoi 2050 agus ar aghaidh go 59 % faoi 2070. Áirítear ar na tosca tábhachtacha conairí luathscoir, dreasachtaí pinsin, fadhbanna sláinte agus dálaí amhail áiteanna oibre dolúbtha agus aoiseachas. Maidir leis an gcéad phointe sin, tá sé d’aidhm ag an bPacáiste Pinsin Fhorlíontaigh a glacadh le déanaí cur le rannpháirtíocht agus coigilteas i scéimeanna pinsin ceirde agus phearsanta agus feabhas a chur ar ranníocaíocht cistí pinsin le maoiniú infheistíochtaí nuálacha táirgiúla.

³⁶ Féach [Moladh ón gComhairle an 30 Deireadh Fómhair 2020 maidir le Nasc leis an bhFostaíocht – An Ráthaíocht don Aos Óg a Threisiú](#) agus a thagann in ionad Mholadh an 22 Aibreán 2013 ón gComhairle maidir le Ráthaíocht don Aos Óg a bhunú 2020/C 372/01, IO C 372, 4.11.2020, lch. 1.

Ba mhó seans go mbeadh mná scothaosta lasmuigh den lucht saothair ná fir, go minic mar gheall ar luathscor, neamhláithreachtaí fadtéarmacha arna spreagadh ag oibleagáidí cúraim agus tionchar diúltach steiréitíopaí inscne a charntar ar feadh a saoil oibre. Is cion mór (28,1 %) den daonra in aois oibre lasmuigh den lucht saothair iad daoine 55-64 bliana d'aois, d'ainneoin dul chun cinn le 10 mbliana anuas. Chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin, tá gá le tacar cuimsitheach beartas, lena n-áirítear athchóirithe pinsin, gníomhachtúchán agus tionscnaimh oiliúna. Tá bearta déanta ag an Aontas, amhail Treoir 2000/78/CE³⁷ a glacadh chun idirdhealú fostaíochta a chomhrac, agus bosca uirlisí déimeagrafaíochta a fhorbairt. Ina theannta sin, i mí an Mheithimh 2025, d'iarr an Chomhairle ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún bearta a dhéanamh chun tacú le daoine scothaosta fanacht gníomhach agus barr a gcumais a bhaint amach ar an margadh saothair agus sa tsochaí³⁸. I gcomhthéacs forbairtí déimeagrafaíochta reatha agus réamh-mheasta agus ganntanais mhóra scileanna agus lucht saothair, tá sé ríthábhachtach leas a bhaint as acmhainneacht oibríthe scothaosta chun tacú le hacmhainneacht fáis agus samhail shóisialta an Aontais.

De dheasca na bearna fostaíochta idir na hinscní agus na bearna pá atá fós ann, éilítear tuilleadh iarrachtaí chun aghaidh a thabhairt ar neamhionannais mharthanacha sa mhargadh saothair. Agus leitheadúlacht níos mó na hoibre páirtaimseartha i measc na mban á cur san áireamh, is amhlaidh is leithne fós atá an bhearna. Tá an bhearna fostaíochta idir na hinscní tar éis giorrú de bheagán san Aontas le blianta beaga anuas, rud a léiríonn méadú níos mó ar fhostaíocht na mban. Mar sin féin, is amhlaidh atá sí fós substaintiúil (ag 10,0 pointe céatadáin in 2024). Léiríonn sí éagothromaíochtaí móra ó Bhallstát go chéile agus ó réigiún go chéile, rud a thaispeánann gur mó an phráinn atá ann i gcodanna den Aontas. Tá bearnaí fostaíochta idir na hinscní níos leithne freisin do mhná a bhfuil leanaí acu, rud a chuireann freisin le rioscaí bochtaineachta an-ard i gcás máithreacha aonair. Is amhlaidh is criticiúla na bearnaí sin i gcomhthéacs ganntanais saothair agus scileanna, agus aosú an daonra.

³⁷ Treoir 2000/78/CE ón gComhairle an 27 Samhain 2000 lena mbunaítear creat ginearálta le haghaidh na córa comhionainne san fhostaíocht agus sa tslí bheatha, IO L 303, 2.12.2000, lgh. 16-22.

³⁸ [Conclúidí ón gComhairle maidir le tacú le daoine scothaosta barr a gcumais a bhaint amach ar an margadh saothair agus sa tsochaí.](#)

Is substaintiúil an bhearna phá idir na hinscní san Aontas agus í ag 12,0 % (in 2023). Tá sí tar éis giorrú 4 phointe céatadáin le 10 mbliana anuas. Tá bearnaí pá á spreagadh ag difríochtaí idir na hinscní ó thaobh gníomhaíochtaí eacnamaíocha agus gairmeacha beatha de, gannionadaíocht na mban i bpoist shinsearach, ró-ionadaíocht na mban san fhostaíocht pháirtaimseartha agus neamhbhuan, deacrachtaí maidir le hobair agus freagrachtaí cúraim a thabhairt chun réitigh le chéile, chomh maith leis an idirdhealú agus struchtúir phá neamh-thrédhearcacha. Is éard a eascraíonn as na bearnaí tuillimh sin freisin bearnaí substaintiúla pinsin idir na hinscní níos faide anonn sa saol.

Tá deis ann le haghaidh gníomhaíocht beartais mharthanach le cuidiú chun aghaidh a thabhairt ar bhacainní ar rannpháirtíocht na mban sa mhargadh saothair, i gcomhréir leis an Straitéis Eorpach um Chomhionannas Inscne 2020-25³⁹. D'fhéadfaí a áireamh leo sin feabhas a chur ar sholáthar agus inrochtaineacht oideachas agus chúram na luath-óige agus an chúraim fhadtéarmaigh atá ar ardchaighdeán agus inacmhainne. Ina theannta sin, le hathchóirithe spriocdhírthe ar an gcóras cánach d'fhéadfaí dreasachtaí níos fearr chun oibre a chruthú do mhná. Bheadh gníomhaíochtaí den sórt sin i gcomhréir leis na Moltaí ón gComhairle maidir le hoideachas agus cúram na luath-óige (lena n-áirítear spriocanna athbhreithnithe Barcelona) agus maidir le rochtain ar chúram fadtéarmach inacmhainne ar ardchaighdeán⁴⁰.

Ach dul i ngleic le bacainní ar imeascadh daoine a rugadh lasmuigh den Aontas Eorpach i margadh an tsaothair, is féidir cuidiú chun ganntanais saothair agus scileanna a mhaolú, aghaidh a thabhairt ar athrú déimeagrafach, agus comhtháthú sóisialta a chothú. Cuimsíonn daoine a rugadh lasmuigh den Aontas Eorpach níos mó ná an deichiú cuid de lucht saothair an Aontais. Mar sin féin, tá a rannpháirtíocht sa lucht saothair agus a rátaí fostaíochta fós níos ísle i gcomparáid leis na grúpaí eile. Dá thoradh sin, tá thart ar 7,4 milliún díobh atá in aois oibre lasmuigh de lucht saothair an Aontais. Is amhlaidh atá sé sin d'ainneoin na nganntanas atá ann faoi láthair. Is mar gheall ar roinnt bacainní a bhaineann lena stádas sa mhargadh saothair agus lena n-imeascadh sóisialta é an t-easnamh sin. Áirítear orthu sin gnóthachtáil oideachais agus ábaltacht teanga íseal, idirdhealú, chomh maith le drochriochtaí sláinte. Bíonn ionchais fostaíochta níos fearr ag imircigh ag a bhfuil gnóthachtáil oideachais threasaigh (thart ar an tríú cuid díobh), ach is bacainn mhór iad na deacrachtaí a bhíonn ann maidir le haitheantas a fháil ar a gcuid cáilíochtaí, rud a bhrúnn isteach iad i bpoist nach bhfuil mórán oiliúna ag teastáil ina leith. Ach imeascadh imirceach i margadh an tsaothair a mhéadú is féidir ganntanais a líonadh in earnáil an chúraim.

³⁹ [A Union of Equality: Gender Equality Strategy 2020-2025](#) [Aontas an Chomhionannais: Straitéis um Chomhionannas Inscne 2020-2025], COM(2020) 152 final.

⁴⁰ [Moladh ón gComhairle an 8 Nollaig 2022 maidir le hoideachas agus cúram na luath-óige: spriocanna Barcelona do 2030 2022/C 484/01](#), IO C 484, 20.12.2022, lgh. 1-12, agus [Moladh ón gComhairle an 8 Nollaig 2022 maidir le rochtain ar chúram fadtéarmach inacmhainne ar ardchaighdeán 2022/C 476/01](#), IO C 476, 15.12.2022, lgh. 1-11.


Tá neamhionannais oideachais ag dul i méid agus is in olcas ar bhonn coibhneasta atá na leibhéil bunscoileanna i measc daltaí faoi mhíbhuntáiste le 10 mbliana anuas

Tháinig laghdú ar an **sciar daltaí ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste a n-éiríonn go maith leo**: An sciar de dhaltáí 15 bliana d'aois as cúlraí socheacnamaíocha faoi mhíbhuntáiste ar éirigh go maith leo sa léitheoireacht, sa mhatamaitic nó san eolaíocht (2022, 2018, 2015)

- ó **21,1 %** in 2015
 - agus **20,8 %** in 2018
 - go **16,3 %** in 2022
- in aghaidh **59,0 % díobh siúd arb as cúlra faoi bhuntáiste dóibh**

Is in olcas a chuaigh nach mór na Ballstáit uile le 10 mbliana anuas

Is ann do dhifríochtaí móra ar fud thíortha an Aontais fós



Tabhair faoi deara: Ní mór a bheith cúramach agus sonraí 2022 á léirmhíniú i gcás DK, IE, LV agus NL toisc nár comhlíonadh caighdeán samplála PISA amháin nó níos mó. Níor ghlac LU páirt ach in PISA 2018.

Foinse: Féach an Coimisiún Eorpach, [Education and Training Monitor](#) [Tuarascáil Faireacháin ar Oideachas agus Oiliúint 2025].

Léiríonn an laghdú géar atá tagtha ar bhunscoileanna i measc daltaí an phráinn atá le gníomhaíocht inár gcórais oideachais agus oiliúna chun aghaidh a thabhairt ar an treocht dhiúltach sin. Bunaithe ar PISA 2022, is léir go bhfuil laghdú géar tagtha ar bhunscoileanna na ndaltaí le méadú nach beag ar an sciar tearcghnóthachtálaithe (29,5 %, aníos ó 22,9 % in 2018, sa mhatamaitic). Léirítear leis na sonraí freisin gur tháinig laghdú ar an sciar de na daltaí is fearr cruthú (7,9 %, anuas ó 11 %, in 2018, sa réimse céanna). Thairis sin, níor éirigh go maith ach le 16,3 % de dhaltáí as cúlraí socheacnamaíocha faoi mhíbhuntáiste sna bunscoileanna⁴¹ in 2022, i gcomparáid le 59,0 % de dhaltáí as cúlraí faoi bhuntáiste. Is bacainn ollmhór í an easpa bunscoileanna ar uas-sciliú níos faide anonn sa saol agus cuireann sí bac leis an méadú táirgiúlachta.

⁴¹ Leibhéal 4 ar a laghad a bhaint amach ar scála PISA ECCE in aon cheann de léitheoireacht, matamaitic, nó eolaíocht.

Is cúis inní iad leibhéil ísle litearthachta digití, lena n-áirítear litearthacht intleachta saorga, agus inniúlachtaí sibhialta i measc daltaí, go háirithe i gcomhthéacs méadú ar ionramháil ar fhaisnéis agus bréagaisnéis. Níl eolas sibhialta leormhaith ach ag 63 % de dhaltaí (CIEC 2002) agus tá easpa bunscileanna digiteacha ag 43 % díobh (ICILS 2023)⁴². Cuireann drochscileanna digiteacha isteach ar chumas na bhfoghlaimoirí déanamh go maith sa ré dhigiteach, a mbealach a dhéanamh tríd an athrú teicneolaíochta, bréagaisnéis a chomhrac agus dul i ngleic le teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn, amhail IS, ar bhealach slán. Tá scileanna digiteacha fíor-riachtanach don fholláine dhigiteach freisin, agus cuidíonn siad le foghlaimoirí caidreamh níos sláintiúla agus níos cothromaithe a fhorbairt leis an teicneolaíocht. Chun scileanna digiteacha daoine óga agus múinteoirí a bhrú chun cinn, tá an Plean Gníomhaíochta don Oideachas Digiteach 2021-27 á chur chun feidhme ag an gCoimisiún agus tá Treochlár maidir le todhchaí an oideachais dhigitigh agus na scileanna digiteacha á ullmhú faoi láthair aige. Faoi Aontas na Scileanna, sheol an Coimisiún Plean Gníomhaíochta um Bunscileanna⁴³, maille le raon leathan tionscnamh arb é is aidhm dóibh aghaidh a thabhairt ar bhearnaí i mbunscileanna.

Mar fhocal dearfach, tá laghdú tagtha ar an luathfhágáil ón oideachais agus ón oiliúint agus tá méadú tagtha ar ghnóthachtáil oideachais threasaigh. Faoi 2024, tháinig laghdú nach mór faoina leath ar ráta na luathfhágála ón oideachas agus ón oiliúint san Aontas (9,4 % i measc daoine 18-24 bliana d'aois) i gcomparáid le 2002. Mar sin féin, ní ghnóthaíonn 3,1 milliún aosach óg ach oideachas meánscoile sóisearach nó oideachas faoina bhun sin fós, agus tá ionadaíocht dhíréireach ag daoine faoi mhíchumas, náisiúnaigh tríú tír agus na Romaigh sa ghrúpa. Is éard a eascraíonn as sin rátaí fostaíochta níos ísle agus rátaí rannpháirtíochta níos ísle san oiliúint bhreise. Cuireann sé sin i mbaol cumas daoine aonair lán a gcumais a bhaint amach. Is éard a thugtar le fios leis sin le himeacht ama freisin caiteachas poiblí gaolmhar méadaithe agus ioncam poiblí laghdaithe. Le dioplóma sa ghairmoideachas agus sa ghairmoiliúint (VET) nó le céim san ardoideachas, is féidir feabhas mór a chur ar ionchais daoine sa mhargadh saothair. Is fíor é sin go háirithe sa ghairmoideachas agus sa ghairmoiliúint i gcás daoine a bhain céim amach le déanaí agus a fuair taithí ar fhoghlaím obairbhunaithe. Tá méadú substaintiúil tagtha ar an líon daoine óga a bhfuil céim threasach acu san Aontas (ó 36,5 % go 44,1 % i gcás daoine 25-34 bliana d'aois idir 2015 agus 2023), agus é sin spreagtha ag rochtain níos leithne ar ollscoileanna, éileamh méadaitheach ar ardscileanna ar mhargadh an tsaothair, agus na hionchais atá ann maidir le dífhostaíocht níos ísle agus tuilleamh níos airde.

⁴² An Coimisiún Eorpach, [Education and Training Monitor 2025 – Comparative report](#) [Faireachán ar Oideachas agus Oiliúint 2025 – Tuarascáil chomparáideach], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2025.

⁴³ [Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir leis an bPlean Gníomhaíochta um Bunscileanna, COM\(2025\) 88 final](#), an 5/3/2025.

Tá ganntanas fós ann maidir le céimithe a bhfuil na scileanna cearta acu le bheith ag obair in earnálacha straitéiseacha. Go sonrach, tá ganntanais scileanna fós ann i réimsí sonracha amhail eolaíocht, teicneolaíocht, innealtóireacht agus matamaitic (ETIM). Tá gá leis na scileanna sin go háirithe le haghaidh aistriú glas rathúil agus in earnálacha straitéiseacha eile amhail slándáil agus cibearshlándáil, cosaint agus spás, IS, teicneolaíocht ghlan, ardmhonarú, bith-theicneolaíocht agus cúram sláinte. Thairis sin, tá siad ríthábhachtach le haghaidh ceannasacht theicneolaíoch an Aontais, lena n-áirítear a cheannaireacht dhigiteach. I bhfianaise an mhéid sin, mhol an Choimisiún spriocanna AE 32 % agus 45 % de mhic léinn a bheith cláraithe i réimsí ETIM, san oideachas treasach agus sa ghairmoideachas agus sa ghairmoiliúint mheánleibhéil tosaigh ar a laghad, faoi seach, faoi 2030. Mar chuid d'Aontas na Scileanna, tá sé d'aidhm ag an bPlean Straitéiseach um Oideachas ETIM⁴⁴ borradh a chur faoi chlárú, tacú le forbairt scileanna agus an bhearna idir na hinscní in ETIM a sháru. Thairis sin, is é is aidhm do Straitéis an Aontais um Ghairmoideachas agus Gairmoiliúint atá ar na bacáin VET a dhéanamh níos tarraingtí, níos cuimsithí agus níos freagrúla. Ar deireadh, rannchuidíonn an Comhaontas Eorpach do Phrintíseachtaí chun printíseachtaí a fhorbairt do chailíní agus mná i réimsí ETIM, agus é d'aidhm aige iad a mhealladh chun staidéar a dhéanamh in ETIM agus iad a choinneáil ar mhargadh an tsaothair.


Tá laghdú tagtha ar inniúlacht litearthachta daoine fásta le 10 mbliana anuas, go háirithe i dtíortha ina bhfuil rannpháirtíocht íseal san fhoghlaím aosach

Bhí feidhmíocht íseal ag **duine as gach cúigear daoine fásta sa litearthacht agus san uimhearthacht** in 2023

Tháinig meath ar an **litearthacht** ar an meán, agus an tráth céanna d'fhan **an uimhearthacht** cobhsaí den chuid is mó

Laghdú nach beag sa **litearthacht agus san uimhearthacht** i dtíortha ina bhfuil **rannpháirtíocht níos ísle san fhoghlaím aosach**

Athrú ar scóir litearthachta agus uimhearthachta i measc daoine fásta (16-65) idir 2013 agus 2023 (pointí céatadáin, ais chlé) agus rannpháirtíocht san fhoghlaím aosach (% de dhaoine fásta, ais dheis)



Nóta: Is asbhaint speisialta iad na sonraí maidir le rannpháirtíocht san oideachas agus san oiliúint atá ailínithe le sainmhíniú AES agus AE-SFS; Ní chumhdaíonn BE ach amháin Flóndras.

Foinse: Suirbhé ar Inniúlachtaí Daoine Fásta, ECFE (2023).

⁴⁴ [Teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal Plean Straitéiseach um Oideachas ETIM: scileanna don iomaíochas agus don nuálaíocht, COM\(2025\) 89 final an 5/3/2025.](#)

Measadh go raibh feidhmíocht íseal ag thart ar dhuine fásta amháin as gach cúigear san Aontas sa litearthacht agus san uimhearthacht araon in 2023⁴⁵. Taifeadadh laghduithe nach beag i scileanna litearthachta agus uimhearthachta daoine fásta sna tíortha a raibh rátaí rannpháirtíochta níos ísle acu san fhoghlaím aosach go beacht. Taifeadtar éagsúlacht mhór i rannpháirtíocht san fhoghlaím aosach freisin ar fud grúpaí sa daonra (i gcás daoine ardoilte in aghaidh daoine ar bheagán oiliúna, nó i gcás daoine fostaithe in aghaidh daoine dífhostaithe agus iad siúd atá lasmuigh den lucht saothair), agus de réir gairm bheatha chomh maith⁴⁶. Tugann leibhéil éagsúla rannpháirtíochta ar fud na ngrúpaí go bhfuil bacainní fós ann. Tá buiséid oiliúna pearsanta, amhail Cuntais Foghlama Aonair (CFAnna)⁴⁷, tábhachtach chun an t-éileamh ar fhoghlaím a spreagadh. Chun deiseanna foghlama a threisiú, áirítear le hAontas na Scileanna tionscnaimh amhail CFAnna, leathnú micridhintiúr⁴⁸ agus spásanna nuálacha foghlama pobail, go háirithe i gcás na n-oibrithe siúd ar bheagán oiliúna. Ar an iomlán, cuireann Aontas na Scileanna cur chuige fadréimseach i láthair chun rátaí rannpháirtíochta daoine fásta a ardú agus lucht saothair an Aontais a réiteach leis na scileanna is gá don todhchaí.

Tá sí ríthábhachtach borradh a chur faoi rannpháirtíocht daoine fásta san fhoghlaím chun aghaidh a thabhairt ar ghanntanais, agus táirgiúlacht, iomaíochas agus comhtháthú sóisialta a fheabhsú. Le sonraí le haghaidh 2022 don Suirbhé ar an Oideachas Aosach (SOA) léiríodh méadú beag ar rannpháirtíocht san fhoghlaím aosach (gan oiliúint threoraithe ar an láthair oibre a chur san áireamh⁴⁹) i gcaitheamh an 12 mhí roimhe sin san Aontas, ó 37,4 % in 2016 go 39,5 % in 2022. Tugtar le fios leis na sonraí sa Suirbhé ar an bhFórsa Saothair (SFS) go bhféadfadh ardú breise a bheith ann idir 2022 agus 2024. Fós féin, tá an leibhéal ró-íseal go fóill i bhfianaise na gclaocluithe móra atá roimh an Eoraip, agus tá éagothromaíochtaí ó Bhallstát go chéile fós róleathan.

⁴⁵ Féach ECFE, [Do Adults Have the Skills They Need to Thrive in a Changing World?: Survey of Adult Skills 2023](#), Staidéar Scileanna ECFE, Foilsitheoireacht ECFE, Páras, 2024.

⁴⁶ Cé gur ghlac 60,9 % de bhainisteoirí, gairmithe, teicneoirí agus gairmithe comhlacha páirt i ngníomhaíochtaí foghlama in 2022, taifeadadh rannpháirtíocht i bhfad níos ísle i measc gairmeacha cléireachais, láimhe agus bunúsacha.

⁴⁷ Féach [Moladh ón gComhairle maidir le cuntais foghlama aonair](#) ó mhí na Bealtaine 2022.

⁴⁸ Féach [Moladh ón gComhairle maidir le cur chuige Eorpach i leith micridhintiúr don fhoghlaím ar feadh an tsaoil agus don infhostaitheacht](#) ó mhí an Mheithimh 2022.

⁴⁹ Is as asbhaint speisialta de SOA na figiúirí seo, gan oiliúint threoraithe ar an láthair oibre a áireamh, a úsáidtear chun faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn i dtreo na sprice maidir le foghlaim aosach le haghaidh 2030 (féach Iarscríbhinn 2 freisin).


In 2024, tháinig méadú substaintiúil ar staid ioncaim na dteaghlach agus tháinig laghdú beag ar an sciar daoine a bhí i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta san Aontas, gan aon chomhartha soiléir i dtaobh cóineasú aníos sa dara cás acu. Tháinig méadú substaintiúil ar an innéacs don fhíor-ollioncam indiúscartha teaghlaigh (OIIT) per capita (2008=100) ar leibhéal an Aontais in 2024, go 141,3, i.e. 2,5 pointe ní b'airde ná in 2023, agus ba é fás ar chúiteamh na bhfostaithe ba chúis leis sin den chuid is mó. Is é sin an méadú is mó ó bhí 2021-22 ann agus lean sé sa chéad leath de 2025 freisin. Tháinig laghdú thart ar 2,9 milliún ar an líon foriomlán daoine i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta (IBBES) i gcomparáid le 2019 (in aghaidh sprioc le haghaidh 2030 go mbeadh laghdú 15 mhilliún ar a laghad ann). Tugtar le fios leis sin go raibh duine amháin as cúigear fós i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta in 2024 san Aontas. Bíonn rioscaí bochtaineachta éagsúil de réir grúpaí sa daonra, agus is do leanaí, daoine scothaosta, daoine faoi mhíchumas, oibrithe ar bheagán oiliúna, daoine nár rugadh san Aontas agus na Romaigh is mó a dhéantar difear. Bhí an ilchineálacht fós ann idir na Ballstáit agus laistigh díobh freisin (ar fud réigiún agus idir limistéir thuaithe agus uirbeacha araon). Tá an easpa fostaíochta fós ina príomhchúis le bochtaineacht, agus ní shroicheann sochair shóisialta gach teaghlach atá ina ngátar.

Tá éagsúlacht nach beag idir rátaí bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta agus saintréithe sochdhéimeagrafacha

Rátaí na ndaoine atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta (IBBES) de réir saintréithe sochdhéimeagrafacha (%), AE, 2024.

Bhí thart ar **dhuine amháin as cúigear agus leanbh amháin as gach ceathrar leanaí i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta** san Aontas in 2024

Taobh amuigh de leanaí, déantar difear níos mó do **dhaoine scothaosta, daoine dífhostaithe, oibrithe ar bheagán oiliúna, daoine faoi mhíchumas, daoine nár rugadh san Aontas agus na Romaigh**



Notaí: Tagraíonn luachanna 2024 d'ioncaim 2023 le haghaidh na mBallstát uile. Tá difríocht sa sainmhíniú i gcás ráta IBBES na ndaoine atá níos óige ná 65 bliana d'aois agus na ndaoine atá níos sine ná sin toisc go n-eisiatar ón dara catagóir sin an chomhpháirt Déine Oibre An-Íseal.
Foinse: Eurostat [[ilc_peps01n](#)] [[ilc_peps06n](#)] [[ilc_peps02n](#)] [[ilc_peps04n](#)] [[hlth_dpe010](#)].

D’ainneoin feabhsuithe le déanaí, i mbeagnach gach Ballstát, ní leor an tacaíocht ioncaim íosta chun daoine a thabhairt slán as an mbochtaineacht. Meastar gur tháinig méadú ar an gcaiteachas ar shochair cosanta sóisialta i dtéarmaí réadacha in 2024 i mbeagnach gach Ballstát. Moladh athchóirithe le déanaí chun ról na sochar ioncaim íosta a fheabhsú maidir le tacú le faighteoirí a bheith rannpháirteach i mbearta a bhaineann leis an mbeartas gníomhach maidir leis an margadh saothair (BGMS) agus poist a chuardach go gníomhach. Mar sin féin, tá bearnaí cumhdaigh fós ann, agus sciar na ndaoine atá i mbaol bochtaineachta agus atá ag maireachtáil i dteaghlaigh (ghar-)dhífhostaithe a fuair shochair shóisialta cobhsaí ag 83,1 % in 2024 san Aontas. An tráth céanna, tháinig laghdú beag ar an tionchar a d’imir aistrithe sóisialta (gan pinsin a chur san áireamh) ar laghdú na bochtaineachta ar an meán san Aontas in 2024 (rud a léiríonn an crapadh ar chaiteachas ar chosaint shóisialta i dtéarmaí réadacha in 2023), agus bhí laghduithe móra ann i mBallstáit áirithe ina raibh leibhéil ard. Tháinig laghdú ar an mbochtaineacht fuinnimh (nuair a thomhaistear í leis an táscaire ‘an sciar daoine nach bhfuil in ann a n-áit chónaithe a choimeád te go leor’) in 2024 den chéad uair ó bhí 2022 ann, rud a léiríonn teaglaim tosca, lena n-áirítear praghsanna miondíola gáis agus leictreachais atá ag titim, meascán de bhearta éifeachtúlachta fuinnimh chomh maith le bearta tacaíochta eile. Mar sin féin, d’fhan sí i bhfad níos airde i gcás daoine a mbaineann rioscaí bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta dóibh. Tá tábhacht ar leith ag baint le measúnú a dhéanamh ar thionchair dháileacha athchóirithe agus infheistíochtaí fós chun éifeachtaí ar rioscaí bochtaineachta agus neamhionannas ioncaim a chur san áireamh agus bonn eolais a chur faoi cheapadh beartais ex ante go hiomchuí.

Tháinig laghdú beag ar an sciar leanaí a bhí i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta san Aontas ach bhí sé fós ní b’airde ná mar a bhí i gcás an daonra fhoriomláin. Tháinig laghdú ar an líon leanaí (0-17) a bhí i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta ó 19,96 milliún in 2023 go 19,52 milliún in 2024 (24,2 % ar an meán san Aontas). Cé gurb é 2024 an dara bliain as a chéile inar tháinig laghdú ar dhearbhuimhreacha, tá ráta tarlaithe na bochtaineachta leanaí fós 3,2 pointe céatadáin níos airde ná mar atá i gcás an daonra iomláin. Ar an iomlán, bhí beagnach leanbh amháin as gach ceathrar leanaí san Aontas i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta in 2024. Tá sé ríthábhachtach iad a thabhairt slán as an mbochtaineacht agus as an eisiaimh shóisialta chun cabhrú leo a n-acmhainneacht iomlán a bhaint amach sa tsochaí agus i margadh an tsaothair agus timthriall an tarchuir idirghlúine a bhriseadh. Baineann príomhthábhacht leis an Ráthaíocht Eorpach do Leanaí⁵⁰ a chur chun feidhme sna Ballstáit uile chuige sin.


⁵⁰ [Moladh \(AE\) 2021/1004 ón gComhairle an 14 Meitheamh 2021 lena mbunaítear Ráthaíocht Eorpach do Leanaí \(IO L 223, 22.6.2021, lgh. 14–23\).](#)

Lean an sciar de dhaoine scothaosta (65+ bliain) i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta ar aghaidh ag laghdú san Aontas in 2024. Bíonn an cás an-éagsúil ó Bhallstát go chéile go fóill, áfach. Ba é ba chúis leis an laghdú, go 19,4 %, feabhas i gcás na mban (a bhfuil rioscaí i bhfad níos airde rompu fós ná i gcás na bhfear mar sin féin). Léiríonn an laghdú freisin bochtaineacht airgeadaíochta laghdaithe agus géardhíth ábharach nó shóisialta i measc daoine scothaosta. Maidir leis an gcóimheas athsholáthair comhiomlán le haghaidh pinsean, d’fhan sé cobhsaí ar leibhéal an Aontais in 2024. Ó Bhallstát go chéile, bhí an staid maidir le bochtaineacht seanaoise agus athsholáthar ioncaim fós an-difriúil mar sin féin. I dtíortha áirithe, bhí riosca na bochtaineachta ioncaim i gcás daoine os cionn 65 bliana d’aois dhá uair ní b’airde fós ná mar a bhí i gcás an daonra in aois oibre.

Caitheann teaghlaigh atá buailte ag an mbochtaineacht sciar mór dá n-ioncam indiúscartha ar chostais tithíochta, agus tá éagsúlacht mhór ann sin ó Bhallstát go chéile

In 2024, i **níos mó ná aon trian de na Ballstáit**, caitheann teaghlaigh **thart ar an gcúigiú cuid dá n-ioncam indiúscartha**, nó níos mó ná sin, ar chostais tithíochta

Bhí **teaghlaigh i mbaol bochtaineachta dhá oiread níos mó faoi ró-ualach costas tithíochta** i mbeagnach gach Ballstát



Tabhair faoi deara: Sonraí sealadacha maidir le LT.

Foinse: Eurostat [[ilc_md01](#)], SIDM-AE.

Is dúshlán tábhachtach fós í an inacmhainneacht tithíochta, rud lena ndéantar difear díréireach do dhaoine atá i mbaol bochtaineachta. Le 10 mbliana anuas, tá fás tagtha ar phraghsanna tithe san Aontas thart ar 10 % níos tapa ná fás ioncaim ar an meán, rud lena laghdaítear inacmhainneacht⁵¹. Mar sin féin, tá éagsúlacht mhór ann ó Bhallstát go chéile, agus ar fud réigiún/mórionaid uirbeacha. Bhí suas le 8,2 % de dhaonra an Aontais ina gcónaí i dteaghlaigh a chaith níos mó ná 40 % dá n-ioncam indiúscartha teaghlaigh iomlán ar chostais tithíochta iomlána, i.e. teaghlaigh a raibh ró-ualach orthu maidir le costais tithíochta⁵². Shroich an ráta sin 31,1 % i gcás daoine a bhí i mbaol bochtaineachta i gcomparáid le 3,8 % don chuid eile den daonra. Cé nach bhfuil tithíocht shóisialta forbartha go cothrom ó Bhallstát AE go chéile, tá éagsúlachtaí ann maidir le sainmhínithe, soláthraithe, incháilitheacht agus sásraí leithdháileacháin. Trí thithíocht shóisialta nó cúnamh tithíochta ar ardchaighdeán a fhorbairt a thuilleadh, is féidir rannchuidiú le rochtain ar thithíocht a fheabhsú⁵³. Tuairiscítear go coitianta go bhfuil costais mhéadaithe ar fhoirgníocht, talamh agus maoiniú ina ndúshlán maidir le soláthar tithíochta sóisialta. Cé go gcuireann difríochtaí i sainmhínithe agus i modhanna bailithe sonraí bac ar inchomparáideacht trastíre, is féidir treocht aníos maidir leis an easpa dídine a shainaithint i mórán Ballstát.

Aithnítear go hiomlán leis na Conarthaí an ról lárnach atá ag an idirphlé sóisialta i ngeilleagar sóisialta margaidh an Aontais. Tá tábhacht an idirphlé shóisialta cumhdaithe freisin i gColún Eorpach na gCeart Sóisialta agus sna Treoirínte Fostaíochta. Agus iad ag tógáil ar Dhearbhú Chomhpháirtithe Sóisialta Val Duchesse 2024⁵⁴, shínigh an Coimisiún agus comhpháirtithe sóisialta tras-tionscail Eorpacha Comhshocrú maidir le hIdirphlé Sóisialta Eorpach i mí an Mhárta 2025⁵⁵. Mar chuid de thiomantas athnuaite chun an t-idirphlé sóisialta a neartú tráth a bhfuil claochlú domhanda ar bun, sainaithnítear sa Chomhshocrú gníomhaíochtaí atá le déanamh ag an gCoimisiún agus ag na comhpháirtithe sóisialta chun borradh a chur faoi acmhainneacht iomlán an idirphlé shóisialta ar gach leibhéal agus chun na dálaí cearta a chruthú chun an acmhainneacht sin a shlógadh. Dá réir sin, is é is aidhm don chomhshocrú creat a chur ar fáil don idirphlé sóisialta chun go mbeidh rath air ar gach leibhéal, lena n-áirítear ar an leibhéal náisiúnta agus Eorpach, agus ar an leibhéal trasearnála agus earnála.

⁵¹ Féach Cousin G., Frayne C., Dias Martins V. agus B. Vasicek (2025), [Housing in the European Union: Market Developments, Underlying Drivers, and Policies](#) [Tithíocht san Aontas Eorpach: Forbairtí Margaidh, Buntosca, agus Beartais], Páipéar Plé 228 maidir le Geilleagar na hEorpa/mí Dheireadh Fómhair 2025.

⁵² Tá costais tithíochta agus ioncam araon glan ó liúntais. Féach tuilleadh sonraí maidir leis an táscaire in Iarscríbhinn 2.

⁵³ Tá bac á chur leis an bpróiseas a bhaineann le dí-institiúidiú daoine faoi mhíchumas mar gheall ar easpa réitigh thithíochta inrochtana, i measc nithe eile.

⁵⁴ [Dearbhú Trípháirteach maidir le hIdirphlé Sóisialta Eorpach Rathúil.](#)

⁵⁵ [Pact for European Social Dialogue](#) [Comhshocrú maidir le hIdirphlé Sóisialta Eorpach].

Le Moladh 2023 ón gComhairle maidir leis an idirphlé sóisialta a neartú san Aontas, soláthraítear treoraíocht do na Ballstáit maidir leis an mbealach is fearr chun an t-idirphlé sóisialta a chur chun cinn agus an chómhargáil a neartú⁵⁶. I measc nithe eile, tá an Coimisiún ag obair i gcomhar leis na comhpháirtithe sóisialta ar Threochlár um Poist Dea-cháilíochta. Gheall sé go rachadh sé i gcomhairle leo freisin maidir le tionscnaimh bheartais nach dtagann faoi raon feidhme Airteagail 153 agus 154 CFAE⁵⁷ ach a bhfuil ábharthacht ar leith ag baint leo dóibh. Ar leibhéal an Aontais, bíonn na comhpháirtithe sóisialta agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta araon rannpháirteach go gníomhach sa Seimeastar Eorpach, agus bíonn malartú tráthrialta tuairimí agus plé téamach ann i réimsí a bhfuil ábharthacht ar leith ag baint leo. Tá rannpháirtíocht agus comhairliúchán na gcomhpháirtithe sóisialta agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta araon ríthábhachtach ar mhaithe le ceapadh beartais agus chun athrú inbhuanaithe cuimsitheach a bhrú chun cinn.

Ba cheart do na Ballstáit beart a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin fostaíochta, scileanna agus beartais shóisialta a shainaithnítear sa Tuarascáil

Chomhpháirteach seo ar Fhostaíocht. Go sonrach – i gcomhréir leis na Treoirlínte Fostaíochta:

- Uas-sciliú agus athsciliú do dhaoine fásta ar feadh an tsaoil a fheabhsú chun iomaíochas a áirithiú, aghaidh a thabhairt ar ghanntanais saothair agus scileanna, oiriúnú do na hathruithe atá ag teacht ar chás agus ar ionchas an mhargaidh saothair, agus an t-aistriú glas cóir agus an t-aistriú digiteach cóir a chothú, i gcomhréir le hAontas na Scileanna. Féadtar a áireamh leis sin úsáid na n-uirlisí faisnéise scileanna a chomhtháthú; soláthar na dteidlíochtaí oiliúna aonair, amhail cuntais foghlama aonair, a neartú; agus forbairt, cur chun feidhme agus aithint micridhintiúr a chothú i gcomhréir le himthosca náisiúnta, i gcomhréir leis na Moltaí ón gComhairle maidir le cuntais foghlama aonair agus maidir leis an gcur chuige Eorpach i leith micridhintiúr.

⁵⁶ [MOLADH ÓN gCOMHAIRLE an 12 Meitheamh 2023 maidir leis an idirphlé sóisialta a neartú san Aontas Eorpach \(C/2023/1389\).](#)

⁵⁷ Le hAirteagal 154 CFAE déantar foráil maidir le comhairliúchán dhá chéim leis na comhpháirtithe sóisialta Eorpacha i dtaca le raon saincheisteanna beartais shóisialta a leagtar amach in Airteagal 153 den Chonradh, amhail dálaí oibre, agus sláinte agus sábháilteacht ag an obair.

- Beartais ghníomhacha maidir le margadh an tsaothair agus acmhainneacht agus éifeachtacht na seirbhísí poiblí fostaíochta a neartú – lena n-áirítear trí infheistíocht a dhéanamh i mbonneagar agus seirbhísí digiteacha, gairmthreoir fheabhsaithe ar feadh an tsaoil, seirbhísí comhairleoireachta, faisnéis scileanna agus oiliúint foirne – d’fhonn rannpháirtíocht i margadh an tsaothair a mhéadú, go háirithe i gcás grúpaí atá faoi ghannionadaíocht, rud a thacaíonn le cruthú post ardcháilíochta, le soghluaisteacht agus le haistrithe.
- Soghluaisteacht chothrom laistigh den Aontas Eorpach a chur chun cinn agus breithniú a dhéanamh ar oibrithe oilte ar náisiúnaigh tríú tír iad a mhealladh agus a choinneáil. Ina theannta sin, d’fhéadfaí féachaint ar bhearta a dhéanamh chun imirce dhleathach bhainistithe na náisiúnach tríú tír i ngairmeacha ina bhfuil ganntanas oibrithe nó réimsí staidéir in earnálacha straitéiseacha a éascú, agus urraim agus forfheidhmiú ceart saothair agus sóisialta á n-áirithiú an tráth céanna, le tacaíocht ó bheartas imeasctha éifeachtach, i gcomhlántacht le leas a bhaint as soláthar saothair agus scileanna laistigh den Aontas.
- A áirithiú go mbeidh scéimeanna tacaíochta coinneála post ar fáil, mar uirlis éigeandála chúltaca, agus iad deartha ar bhealach chun poist (agus gnólachtaí) a chaomhnú i gcás géarchéime, lena n-áirítear athstruchtúrú, agus caipiteal daonna a fhorbairt a thuilleadh trí uas-ciliú agus athsciliú atá bainteach.
- Tacaíocht leordhóthanach a sholáthar do na hoibrithe agus na teaghlaigh is mó atá thíos leis na tionchair eacnamaíocha agus shóisialta i ngeall ar an oiriúnú don athrú aeráide agus do theicneolaíochtaí nua glasa agus digiteacha, go háirithe d’oibrithe agus do theaghlaigh leochaileacha – lena n-áirítear trí sheirbhísí fostaíochta agus cláir fostaíochta éifeachtacha, dreasachtaí earcaithe agus aistrithe; slándáil ioncaim leormhaith in éineacht le cur chuige gníomhach i leith an chuimsithe; cearta oibrithe a chosaint ar rioscaí a bhaineann leis an intleacht shaorga, le bainistíocht algartamach agus leis an athrú aeráide, agus tairbhí táirgeachta na hintleachta saorga á gcothú ag an am céanna; agus an fhiontraíocht a chur chun cinn, i gcomhréir leis an Moladh ón gComhairle maidir le haistriú cóir i dtreo na haeráidneodrachta a áirithiú.

- I gcomhréir le dlíthe agus/nó cleachtais náisiúnta agus lánurraim á tabhairt do ról agus neamhspleáchas na gcomhpháirtithe sóisialta, forbairtí pá a chur chun cinn lena dtacaítear le cóineasú sóisialta aníos, agus forbairtí táirgiúlachta, cruthú post ardcháilíochta agus coimirciú an iomaíochais á gcur san áireamh.
- Rialacháin a bhaineann leis an margadh saothair agus córais cánach agus sochar a oiriúnú, chun deighilt an mhargaidh saothair agus bearnaí inscne i margadh an tsaothair a laghdú agus cruthú post ardcháilíochta a chothú, lena n-áirítear laghdú féideartha ar an ding chánach go háirithe do shaothraithe ar phá íseal gan srian a chur ar an aistriú i dtreo poist ar phá níos airde agus aistriú cánachais ó shaothar go foinsí eile a thacaíonn níos mó le fostaíocht agus le fás cuimsitheach.
- Timpeallachtaí oibre sláintiúla sábháilte atá oiriúnaithe go maith don obair a áirithiú mar phríomhghné de cháilíocht poist.
- Cómhargáil agus idirphlé sóisialta a chur chun cinn, i gcomhréir leis an Moladh ón gComhairle maidir le hidirphlé sóisialta a neartú agus leis an gComhshocrú maidir le hIdirphlé Sóisialta Eorpach, in éineacht le rannpháirtíocht thráthúil agus bhríoch na gcomhpháirtithe sóisialta sa cheapadh beartais ábhartha ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta, d'fhonn feabhas a chur ar cháilíocht poist freisin, agus lena n-áirítear i ndáil le cur chun feidhme phleananna téarnaimh agus athléimneachta na mBallstát agus i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh.
- Cosaint shóisialta leordhóthanach agus inbhuanaithe a áirithiú do chách, i gcomhréir leis an Moladh ón gComhairle maidir le Rochtain ar Chosaint Shóisialta; feabhas a chur ar chosaint na ndaoine sin nach gcumhdaítear go leordhóthanach iad, amhail oibrithe i bhfostaíocht neamhchaighdeánach, lena n-áirítear obair ardáin, agus daoine féinfhostaithe, mar phríomhghné de cháilíocht poist freisin; feabhas a chur, ar bhonn níos ginearálta, ar leordhóthanacht na sochar, ar thrédhearcacht na gcoinníollacha agus na rialacha, ar inaistritheacht na gceart agus ar an rochtain ar sheirbhísí d'ardchaighdeán agus inbhuanaitheacht an airgeadais phoiblí a choimirciú san am céanna; agus tacú go héifeachtach le himeascadh na ndaoine atá in ann obair a dhéanamh i margadh an tsaothair agus an t-imeascadh sin a dhreasú, chomh maith le hoibrithe scothaosta a choinneáil i margadh an tsaothair.

- Deiseanna do dhaoine óga i margadh an tsaothair a fheabhsú – lena n-áirítear trí ghairmoideachas agus gairmoiliúint agus oideachas treasach cuimsitheach agus ar ardchaighdeán; tacaíocht seirbhísí fostaíochta spriocdhírithe (lena gcuimsítear meantóireacht, treoraíocht agus comhairleoireacht); agus printíseachtaí agus cúrsaí oiliúna d’ardchaighdeán, i gcomhréir leis an Ráthaíocht don Aos Óg threisithe agus leis an gComhaontas Eorpach do Phrintíseachtaí.
- Bearta cuimsitheacha a ghlacadh chun feabhas a chur ar bhunscileanna, agus ar bhonn níos leithne ar fhorbairt príomhinniúlachtaí (lena n-áirítear inniúlacht traschuraclaim) idir dhaltaí agus daoine fásta, agus chun dul i ngleic le dúshláin struchtúracha a bhaineann le feidhmíocht agus cothromas na gcóras oideachais agus oiliúna, lena n-áirítear trí chineálacha éifeachtacha cur chuige teagaisc, foghlama agus measúnaithe. Tacú le pleananna feabhsaithe bunscileanna a ullmhú ar leibhéal na scoile, agus aird ar leith á tabhairt ar chlár theagaisc agus mheantóireachta, tacaíocht phearsantaithe agus forbairt ghairmiúil leanúnach múinteoirí. Barr feabhais i mbunscileanna a chur chun cinn trí theagasc agus foghlaim dhifreáilte.
- Borradh a chur faoin mbarr feabhais, agus ábharthacht an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna agus an oideachais threasaigh maidir leis an margadh saothair a fheabhsú trí chomhar níos láidre leis an tionscal, naisc le córais faisnéise scileanna agus úsáid níos mó a bhaint as micridhintiúir. Feabhas a chur ar nósanna imeachta maidir le haitheantas frithpháirteach cáilíochtaí chun aghaidh a thabhairt ar ghanntanais agus mímheaitseáil scileanna. Rochtain ar ardoideachas a fheabhsú do chéimithe VET agus do ghrúpaí tearcionadaithe.
- An líon céimithe i ndisciplíní ETIM a mhéadú, go háirithe i réimsí TFC (lena n-áirítear an intleacht shaorga), i réimsí ina bhfuil bearnaí móra saothair agus i réimsí straitéiseacha, bearnaí idir na hinscní a laghdú, agus comhar le gnólachtaí, soláthraithe VET agus ollscoileanna a threisiú chun bheith ina ngníomhaithe ar son an athraithe sna haistrithe glasa agus digiteacha. Oiliúint múinteoirí in ábhair ETIM a fheabhsú chun aghaidh a thabhairt ar ghanntanais.

- Borradh a chur faoi scileanna digiteacha daltaí agus daoine fásta, lena n-áirítear litearthacht meán cumarsáide agus litearthacht dhigiteach (agus litearthacht intleachta saorga), smaointeoireacht chriticiúil a fheabhsú, agus cur chuige freagrach i leith na meán digiteach a chothú agus an díorma tallainne digití sa mhargadh saothair a mhéadú trí éiceachórais oideachais dhigitigh agus oiliúna digití a fhorbairt a dtacaíonn príomhchumasóirí leo, amhail nascacht ardluais le haghaidh scoileanna, trealaimh, agus oiliúint múinteoirí; agus tacú le hinstitiúidí a bhfuil fios gnó acu maidir le digitíú agus aird ar leith a dhíriú ar chuimsiú agus ar an mbearna dhigiteach a laghdú. Ba cheart machnamh a dhéanamh freisin ar eolas agus scileanna litearthachta airgeadais daltaí agus daoine fásta ar gach aois a threisiú.
- Oideachas tosaigh agus leanúnach múinteoirí a neartú agus béim á leagan ar theagasc bunscoileanna, i gcomhpháirtíocht le soláthraithe oideachais múinteoirí. Ganntanais múinteoirí a laghdú agus tarraingteacht ghairm na múinteoireachta a mhéadú trí fheabhas a chur ar dhálaí oibre, conairí gairme tarraingteacha a thairiscint, meantóireacht a dhéanamh ar mhúinteoirí nua, múinteoirí a bhfuil taithí acu a mhealladh i scoileanna faoi mhíbhuntáiste trí dhreasachtaí agus tacaíocht; agus trí iontráil chliathánach sa ghairm a éascú.
- An neamh-idirdhealú a áirithiú, an comhionannas inscne a chur chun cinn, feabhas a chur ar an bpríomhshruthú inscne agus rannpháirtíocht na mban agus grúpaí faoi mhíbhuntáiste sa mhargadh saothair a neartú, trí chomhionannas deiseanna agus an dul chun cinn gairmréime a chothú, pá comhionann as obair chomhionann nó as obair ar chomhionann a luach agus trédhearcacht pá a áirithiú, agus réiteach idir saol na hoibre, saol an teaghlaigh agus an saol príobháideach a chur chun cinn – lena n-áirítear trí rochtain ar chúram inacmhainne ar ardchaighdeán (oideachas agus cúram luath-óige, agus cúram fadtéarmach), agus saoire a bhaineann leis an teaghlach agus socruithe solúbtha oibre do thuismitheoirí agus cúramóirí neamhfhoirmiúla eile, i gcomhréir le Straitéis Chúraim na hEorpa, agus trí inrochtaineacht san ionad oibre a áirithiú.
- Rochtain saor in aisce agus éifeachtach ar chúram sláinte, oideachas agus cúram luath-óige, gníomhaíochtaí oideachais, oiliúna agus scoilbhunaithe a sholáthar do na leanaí uile atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta; chomh maith le rochtain éifeachtach ar chothú sláintiúil agus ar thithíocht leormhaith, i gcomhréir leis an Ráthaíocht Eorpach do Leanaí agus leis na pleananna gníomhaíochta náisiúnta gaolmhara.

- Comhdheiseanna a chothú le haghaidh leanaí chun dul i ngleic le hardleibhéil na bochtaineachta leanaí agus an úsáid is fearr a bhaint as acmhainní an Aontais agus acmhainní náisiúnta. Dlús a chur le cur chun feidhme na Ráthaíochta Eorpaí do Leanaí trí oideachas agus cúram luath-óige inacmhainne agus ardcháilíochta a sholáthar agus trí aghaidh a thabhairt ar luathfhágáil na scoile. Tacú le rochtain ar oideachas ar ardchaighdeán i gcás leanaí agus daoine óga ó ghrúpaí faoi mhíbhuntáiste agus ó cheantair iargúlta, feabhas a chur ar a dtorthaí foghlama agus oiliúint ar gach leibhéal cáilíochta a chur chun cinn.
- Scéimeanna íosioncaim a sholáthar agus, i gcás inar gá, a neartú, lena n-áirítear trí shásraí láidre rialachais, chun tacaíocht leordhóthanach a ráthú agus cur chuige cuimsithe ghníomhaigh a shaothrú, i gcomhréir leis an Moladh ón gComhairle ar íosioncam leordhóthanach a áirithíonn cuimsiú gníomhach agus imeascadh i margadh an tsaothair dóibh siúd ar féidir leo oibriú; agus rochtain ar sheirbhísí cumasúcháin agus fíor-riachtanacha a chothú, lena n-áirítear fuinneamh, go háirithe do theaghlaigh leochaileacha agus ar ioncam íseal.
- Measúnú a dhéanamh ar thionchair dháileacháin athchóirithe agus infheistíochtaí ar ioncam na ngrúpaí éagsúla ar fud an daonra, i gcomhréir leis an Teachtaireacht maidir le measúnú níos fearr a dhéanamh ar an tionchar dáileacháin atá ag beartais na mBallstát.
- Tacú le soláthar leormhaith tithíochta chun freastal ar an éileamh, agus rochtain ar thithíocht inacmhainne, tithíocht shóisialta agus/nó cúnamh tithíochta leormhaith, i gcás inarb iomchuí; an easpa dídine a chosc agus dul i ngleic léi mar an cineál bochtaineachta is tromchúisí agus aghaidh a thabhairt ar an eisiámh sóisialta trí cineálacha cur chuige straitéiseacha atá comhtháite, duinelárnach agus bunaithe ar thithíocht; athchóiriú foirgneamh cónaithe agus tithíochta sóisialta a chur chun cinn.

- Infheistíocht a dhéanamh in acmhainneacht an chórais cúraim sláinte lena n-áirítear a mhéid a bhaineann le seirbhísí coisc agus cúraim phríomhúil, mar aon leis an acmhainneacht sláinte phoiblí, comhordú cúraim, foireann cúraim sláinte agus úsáid ríomh-Shláinte agus IS; íocaíochtaí neamh-in-aisíoctha a laghdú i gcás inarb ábhartha; feabhas a chur ar an gcumhdach cúraim sláinte; agus dálaí oibre níos fearr a chur chun cinn chomh maith le huas-sciliú agus athsciliú oibrithe sláinte.
- Soláthar seirbhísí cúraim fhadtéarmaigh ardháilíochta, inacmhainne agus inbhuanaithe a neartú, i gcomhréir leis an Moladh ón gComhairle maidir le rochtain ar chúram fadtéarmach inacmhainne ar ardchaighdeán.
- Córais phinsin chuimsitheacha agus inbhuanaithe a áirithiú, lena n-áirítear trí phinsin fhorlíontacha a fhorbairt, a sholáthraíonn ioncam leordhóthanach sa tseanaois agus cothroime idirghlúine i gcomhthéacs aosú an daonra.


Le cistiú ón Aontas, lena n-áirítear trí CSE+, STA, CFRE, an Ciste um Aistriú Cóir, Erasmus+, STI, chomh maith leis an gCiste Aeráide Sóisialta, le haghaidh infheistíochtaí agus athchóirithe incháilithe, tacaítear leis na Ballstáit gníomhaíocht beartais sna réimsí sin a mhéadú.

CAIBIDIL 1. AN MARGADH SAOTHAIR AGUS TREOCHTAÍ SÓISIALTA SAN AONTAS EORPACH

Bhí an fás fostaíochta fós láidir in 2024, agus ráta dífhostaíochta níos ísle ná riamh ann, d'ainneoin éiginnteachtaí eacnamaíocha agus geopholaitiúla méadaithe. Tháinig méadú 1,7 milliún duine ar an bhfostaíocht iomlán, go 219,4 milliún, rud a thugann le tuiscint go raibh ráta fáis bliantúil 0,8 % ann a bhí ag dul i laghad ach fós láidir agus ráta fostaíochta 75,8 % ann (0,5 pointe céatadáin níos airde ná mar a bhí in 2023, féach freisin an spriocbhosca i roinn 2.1.1). Ba í earnáil an fhuinnimh a bhí taobh thiar den leathnú agus méadú 7,4 % ann, agus ina dhiaidh sin bhí mianadóireacht (4,3 %), bainistiú uisce agus dramhaíola (4,2 %), na healaíona agus siamsaíocht (4,1 %), seirbhísí cóiríochta agus bia (3,5 %), agus TFC (2,9 %). Cé is moite den mhianadóireacht, tá na hearnálacha sin i measc na n-earnálacha is mó fáis le 10 mbliana anuas. Ar an gcaoi chéanna le 2023, ba é 92 % den fhás fostaíochta i measc na ndaoine idir 15-64 bliana d'aois a bhí i leathnú an lucht saothair, agus an tráth céanna níor rannchuidigh an laghdú ar dhífhostaíocht ach le 8 %, i gcomhthéacs ráta dífhostaíochta 5,9 % a bhí ní b'ísle ná riamh. Thit ionchais fostaíochta ghearrthéarmacha (le haghaidh na 3 mhí amach romhainn) faoi bhun a meáin fhadtéarmaigh in 2024 agus lean siad de bheith ag laghdú – go háirithe i seirbhísí – agus an tráth céanna tháinig méadú orthu agus bhí siad i bhfad ní ba dhearfaí san earnáil tógála. Ar an iomlán, déantar réamhaisnéis go dtitfidh an fás fostaíochta a thuilleadh, go 0,5 % in 2025 agus 2026, agus ansin go 0,4 % in 2027⁵⁸.

Fíor 1.1: Ba é rannpháirtíocht mhéadaithe náisiúnach tríú tír agus daoine scothaosta ba chúis leis an bhfás fostaíochta in 2024, agus ba láidre a bhí sé sin i measc oibrithe a bhfuil oideachas treasach acu

Miondealaíodh fás fostaíochta (15-64) ina fhás ar an lucht saothair agus ina laghdú ar dhífhostaíocht, agus miondealaíodh a thuilleadh é de réir aoisghrúpa, gnóthachtáil oideachais agus saoránachta



Tabhair faoi deara: Tá briseadh sa tsraith i gcás daoine fostaithe de réir saoránachta in 2021.

Foinse: Ríomhanna dílse bunaithe ar Eurostat [[lfsa_agan](#)], [[lfsa_ugan](#)], [[lfsa_egaed](#)], [[lfsa_egan](#)].

⁵⁸ Féach: [European Economic Forecast – Autumn 2025](#) [Réamhaisnéis Eacnamaíoch na hEorpa – Fómhar 2025], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2025

Lean náisiúnaigh tríú tír agus daoine scothaosta d'fhás fostaíochta a spreagadh, agus an tráth céanna bhí stad nó meath le feiceáil sna torthaí don óige, d'oibrithe ar bheagán oiliúna agus do dhaoine faoi mhíchumas. In 2024, ba náisiúnaigh tríú tír iad dhá thrian (68,0 %) d'fhás an lucht saothair agus níos mó ná leath (54,2 %) den fhás fostaíochta san aoisghrúpa 15-64 bliana d'aois, ar an gcaoi chéanna le 2023. Tháinig méadú ar a sciar den lucht saothair ó 5,5 % go 6,5 % idir 2022 agus 2024, agus bhí dioplóma oideachais threasaigh ag 29,9 % díobh in 2024, i gcomparáid le 20,6 % 10 mbliana roimhe sin. Bhain a ráta fostaíochta 64,3 % amach ach tá sé fós íseal agus tá sciar ard d'obair pháirtaimseartha mar shaintréith aige, agus bearna mhór idir na hinscní sa dá chás. Tá mná tearcionadaithe sa mhargadh saothair ar an iomlán go fóill, ach lean feabhas de bheith ag teacht ar a gcuid torthaí, agus an bhearna fostaíochta iomlán idir na hinscní ag titim go 10 bpointe céatadáin den chéad uair. Lean daoine scothaosta (55-64 bliana d'aois) de na gnóthachain chéatadáin is láidre a thaifeadadh i bhfostaíocht agus i rannpháirtíocht an lucht saothair as gach aoisghrúpa, agus tháinig méadú breise ar a ráta fostaíochta go 65,2 % agus tháinig laghdú ar a ráta dífhostaíochta (55-74) go 4,1 % in 2024, an ráta is ísle i measc na n-aoisghrúpaí ar fad. Ós rud é go bhfuil fás ag teacht ar a sciar den daonra agus go bhfuil a n-ionchas saoil ag dul i méid, tá deis ann a gcuid rannpháirtíochta sa mhargadh saothair a mhéadú a thuilleadh. Ar an taobh eile, tá titim nach beag tagtha ar an bhfeabhas ar an sciar daoine óga (15-29 mbliana d'aois) nach bhfuil fostaithe ná in oideachas agus oiliúint (NEET), agus níor tháinig ach laghdú 0,4 pointe céatadáin air (go 10,9 %) ó thús 2023. Tharla sé sin d'ainneoin rannpháirtíocht mhéadaitheach san oideachas agus san oiliúint ar aon dul le ráta níos ísle de luathfhágáil na scoile agus clárú níos airde san oideachas treasach. Tháinig ardú ar ráta dífhostaíochta an aosa óig i gcás daoine 15-24 bliana d'aois go 14,9 % in 2024 (go 11,4 % i gcás daoine a bhfuil 15-29 mbliana d'aois), an chéad mhéadú bliantúil le breis agus 10 mbliana (gan an méadú a bhain le COVID-19 in 2020 a chur san áireamh). Tá seans níos mó ná dhá oiread ann go mbeadh conarthaí sealadacha ainneonacha (13,0 %) agus conarthaí páirtaimseartha (6,4 %) ag oibrithe óga ná gnáthoibrithe go fóill freisin, agus mhair beagnach dhá thrian dá gconarthaí sealadacha tréimhse ba lú ná 18 mí in 2024. Is ard atá ráta riosca na bochtaineachta don lucht oibre a bhaineann dóibh (10,9 % i gcomparáid le 8,2 % i gcás na n-oibrithe ar fad). Ar fud na n-aoisghrúpaí ar fad, is i measc oibrithe a bhfuil oideachas treasach acu i mó atá an fás fostaíochta go fóill. Os a choinne sin, níor tháinig fás ar an bhfostaíocht d'oibrithe ar bheagán oiliúna ach amháin ina measc siúd idir 15-24 bliana d'aois, agus tá an bhearna fostaíochta idir daoine ar bheagán oiliúna agus daoine ardoilte (25-64) fós mór, ag 28,7 pointe céatadáin. Ina theannta sin, tháinig méadú ar a mbearna fostaíochta do dhaoine faoi mhíchumas in 2024, ó 21,4 pointe céatadáin go 24,0 pointe céatadáin⁵⁹.

⁵⁹ Tá briseadh san amshraith in 2024 i gcás DK, ES, IT, PT, RO, rud nach gceadaíonn léirmhíniú ceart eacnamaíoch a dhéanamh ar an athrú. Is réamhshonraí iad na sonraí do LT.

Tá maolú tagtha ar ghanntanais saothair agus scileanna, ach tá tosca struchtúracha ina srian fós ar thuilleadh dul chun cinn. Tháinig laghdú ar an sciar fostóirí a thuairiscigh ganntanais saothair go 18.2 % in R2-2025 ó bhuaic 27.8 % in R2-2022⁶⁰. Lean an ráta folúntais de bheith ag laghdú ar fud na n-earnálacha ar fad in 2024 agus thit sé faoi bhun leibhéil réamhphaindéime den chéad uair in R2-2025 (2,1 % i gcomparáid le 2,2 % in R4-2019), ach tá sé fós ard i seirbhísí riaracháin agus tacaíochta (3,0 %). Léiríonn na feabhsuithe sin ionchais fostaíochta agus ghnó ní ba laige tríd is tríd, rud a mhaolaíonn cnapaireacht saothair⁶¹ agus insreabhadh leanúnach náisiúnach tríú tír. Mímheaitseálacha a bhaineann leis an oideachas atá ag dul i laghad (arna dtomhas de réir mímheaitseálacha scileanna maicreacnamaíoch⁶² agus rátaí rócháilíochta) agus mímheaitseálacha earnála (arna dtomhas de réir inathraitheacht na rátaí folúntas earnála), d'fhéadfadh sé go raibh siad ina gcúis leis sin freisin, i gcomhréir le cóimheas níos ísle folúntais le dífhostaíocht. Mar sin féin, tá dúshlán struchtúracha fhadtéarmacha fós ann, lena n-áirítear an t-athrú déimeagrafach, riachtanais athraitheacha an mhargaidh saothair atá nasctha leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach, agus ábhair inní maidir le cáilíocht poist⁶³.

Tháinig fíorphá ar ais chuige féin in 2024, rud a thacaigh le cumhacht cheannaigh na dteaghlach agus a laghdaigh neamhionannas, ach bhí sé fós faoi bhun leibhéil

réamhphaindéime. Tar éis don fhás fíorphá éirí dearfach sa dara leath de 2023, neartaíodh in 2024 é go 2,7 % ar bhonn bliantúil, rud a chuir le fás 2,3 % ar fhíor-ollioncam indiúscartha teaghlaigh. In 2024, ní raibh an chumhacht cheannaigh fillte ar leibhéil 2019 go fóill. Réamh-mheastar go dtiocfaidh moilliú ar fhás fíorphá go 1,3 % in 2025 agus 1,1 % in 2026, agus é á choinneáil siar de dheasca éiginnteacht eacnamaíoch⁶⁴. Thit an bhochtaineacht don lucht oibre go 8,2 % in 2024, tar éis méaduithe láidre ar phá íosta le blianta beaga roimhe sin a bheith ina gcuidiú chun gníomhú in aghaidh thionchar an bhoilscithe ar oibrithe ar phá íseal. Tháinig laghdú ar an neamhionannas ioncaim (arna thomhas de réir chóimheas S80/S20) go 4,66 in 2024 freisin, i gcomhréir leis an treocht fhoriomlán le 10 mbliana anuas.

⁶⁰ [Suirbhé Gnó agus Tomhaltóirí na hEorpa](#)

⁶¹ [Suirbhéanna Gnó agus Tomhaltóirí na hEorpa](#). Léiríonn an táscaire an sciar gnólachtaí a mheasann go dtiocfaidh laghdú ar a n- aschur, ach go dtiocfaidh méadú ar a bhfostaíocht nó go bhfanfaidh sí gan athrú.


⁶² Féach an Coimisiún Eorpach (2015), [Analytical web note – Measuring skills mismatch \[Nóta gréasáin anailiseach – Mímheaitseáil scileanna a thomhas\]](#) – 7/2015, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg.

⁶³ [Eurofound, 2025: Living and working in Europe 2024 \[Ag maireachtáil agus ag obair san Eoraip 2024\], caibidil 2](#)

⁶⁴ Bunaithe ar [Réamhaisnéis an Earraigh ón gCoimisiún Eorpach](#).

Fíor 1.2: Tá an ráta bochtaineachta agus eisiaimh shóisialta fós ard, go háirithe i gcás grúpaí leochaileacha

Rátaí riosca na bochtaineachta nó an eisiaimh shóisialta i gcás an daonra fhoriomláin agus grúpaí leochaileacha (%)



Foinse: Eurostat [[ilc_peps01n](#)], [[ilc_peps03n](#)], [[ilc_peps05n](#)], [[ilc_peps07n](#)], [[ilc_peps60n](#)] [[hlth_dpe010](#)].

Tháinig laghdú beag ar rátaí bochtaineachta agus eisiaimh shóisialta ach tá siad fós ard, go háirithe i measc grúpaí leochaileacha. Thit an sciar daoine a bhí i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta (IBBES) faoi bhun na leibhéal a bhí ann roimh an bpaindéim den chéad uair in 2024 (go dtí 21,0 %, i gcomparáid le 21,1 % in 2019), tar éis titim 0,3 pointe céatadán mar gheall ar laghdú leathan ar ghéardhíth ábharach agus shóisialta (GDAS) ar fud na n-aoisghrúpaí uile den chuid is mó⁶⁵. Mar sin féin, tá rioscaí bochtaineachta leanaí ard fós: 24,2 % a bhí sa ráta IBBES i measc leanaí, ráta atá fós 1,4 pointe céatadán os cionn na leibhéal a bhí ann roimh COVID-19, d’ainneoin feabhas 0,7 pointe céatadán ó 2023 agus tionchar ard na n-aistrithe sóisialta ar an aoisghrúpa sin. Tá seans beagnach sé huaire níos mó ann go mbeadh leanaí tuismitheoirí a bhfuil gnóthachtáil íseal oideachais acu i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta ná iad siúd a bhfuil tuismitheoirí ardoilte acu (61,2 % in aghaidh 11,0 %), agus an tráth céanna tá an riosca is airde roimh leanaí atá ag maireachtáil i dteaghlaigh aontuismitheora as measc na leanaí uile ag maireachtáil i gcineáil teaghlaigh difriúil (43,2 %). Tá rátaí IBBES ard freisin i measc daoine faoi mhíchumas (28,7 %) agus náisiúnaigh tríú tír (43,8 %) (féach Fíor 1.2). Cé go bhfuil feabhas tapa tagtha ar na rátaí do dhaoine faoi mhíchumas ó bhí 2021 ann, is amhlaidh atá torthaí do dhaoine faoi mhíchumas tar éis éirí marbhánta, agus tá rioscaí an-ard bochtaineachta roimh na Romaigh⁶⁶ go fóill. Tháinig laghdú beag ar dhoimhneacht na bochtaineachta (bearna na bochtaineachta) in 2024, seachas i gcás daoine scothaosta (65+). Leis an Straitéis AE i gcoinne na Bochtaineachta (féach roinn 2.4.1), éilítear go ndéanfaí iarrachtaí móra breise d’fhonn sprioc an Aontais do 2030 maidir le laghdú na bochtaineachta a bhaint amach (15 mhilliún ar a laghad i gcomparáid le 2019 faoi 2030, lena n-áirítear an fhosprioc maidir le bochtaineacht leanaí a laghdú 5 mhilliún ar a laghad, féach an spriocbhosca i roinn 2.4.1), agus ar mhaithe leis an mbochtaineacht a dhíothú faoi 2050.

⁶⁵ Tá na sonraí ar fad sa mhír seo bunaithe ar ioncam ó bhliain tagartha an ioncaim, is é sin bliain an tsuirbhé i gcás na hÉireann agus an bhliain roimhe sin i gcás na Ballstát eile uile. Le tobmheastacháin Eurostat a thagraíonn d’ioncaim 2024, léirítear go raibh rátaí riosca na bochtaineachta cobhsaí san Aontas ar an meán agus i bhformhór na mBallstát (féach Eurostat, [Flash estimates of income inequalities and poverty indicators for 2024 \(FE 2024\)](#), [Experimental results \[Tobmheastacháin ar neamhionannais ioncaim agus táscairí bochtaineachta le haghaidh 2024 \(FE 2024\)](#), [Torthaí turgnamhacha](#). Leagan 1 – Meitheamh 2025).

⁶⁶ Féach: Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha, [Rights of Roma and Travellers in 13 European countries](#) [Cearta na Romach agus an Lucht Siúil in 13 thír Eorpacha], 2024.

Ba mhó an fás atá tagtha ar phraghsanna tithe ná an fás atá tagtha ar ioncaim le 10 mbliana anuas, rud a chuireann brú ar inacmhainneacht. I gcaitheamh na tréimhse sin, tháinig fás thart ar 10 % níos tapúla ar phraghsanna tithe san Aontas ná ar ioncaim ar an meán, rud a laghdaigh inacmhainneacht, go háirithe i gcomhthéacs rátaí úis níos airde le linn dheireadh na tréimhse. An tráth céanna, is minic nár soláthraíodh roghanna malartacha éifeachtacha de dheasca margaí cíosa tearcfhorbartha. Tháinig maolú beag ar an sciar daoine a mbaineann an ráta ró-ualaigh maidir le costas tithíochta dóibh san Aontas in 2024 le linn maolú ar fhás praghsanna fuinnimh agus fóntais ach bhí sé fós thart ar 8 n-uaire ní b'airde dóibh siúd atá ag maireachtáil i dteaghlaigh atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta (31,1 %) ná dóibh siúd i dteaghlaigh eile (3,8 %). Chuaigh plódú in olcas den chéad uair riamh (gan 2020 a áireamh), agus bhain sé 16,9 % amach. Os a choinne sin, tháinig laghdú ar an sciar de dhaoine a bhfuil ag maireachtáil i teaghlaigh nach bhfuil in ann a dtithe a choimeád te go leor go 9,2 %, arna spreagadh ag laghdú ar chostais a bhaineann le fuinneamh, ach bhí sé fós i bhfad os cionn a leibhéil in 2021 (6,9 %). Thairis sin, tá méadú ag teacht ar an easpa dídine ar fud an Aontais, rud a chruthaíonn dúshlán sóisialta atá ag dul i méid.

CAIBIDIL 2. FOSTAÍOCHT AGUS LEASUITHE SÓISIALTA – FEIDHMÍOCHT AGUS GNÍOMHAÍOCHT NA MBALLSTÁT

2.1 TREOIRLÍNE 5: Borradh a chur faoin éileamh ar shaothar

Leis an roinn seo, táthar ag breathnú ar chur chun feidhme threoirlíne uimh. 5 maidir le fostaíocht, lena moltar do na Ballstáit na dálaí a sholáthar chun an t-éileamh saothair agus cruthú post a chur chun cinn, i gcomhréir le prionsabail 4 (tacaíocht ghníomhach don fhostaíocht) agus 6 (pá) den Chólún. Le roinn 2.1.1 díritear ar phríomhfhorbairtí sa mhargadh saothair, agus déantar machnamh freisin ar a gcuid impleachtaí ar iomaíochas agus an tionchar ar an méadú a tháinig le déanaí ar éiginnteacht eacnamaíoch. Le Roinn 2.1.2, tuairiscítear na bearta a chuir na Ballstáit chun feidhme sna réimsí sin, agus beartais atá dírithe ar fhostaíocht a mhéadú agus ar thacú le cruthú post i gcomhthéacs ganntanas saothair agus scileanna á gcur i dtábhacht go háirithe.

2.1.1 PRÍOMHTHÁSCAIRÍ

D’fhan margadh saothair an Aontais láidir in 2024 agus tús 2025, agus fás fostaíochta measartha ach fós láidir ann, maille le méid áirithe de chóineasú aníos ó Bhallstát go chéile. Bhí os cionn 900 000 oibrí breise fostaithe in R2-2025 i gcomparáid le R2-2024, rud a d’fhág go raibh 220,1 milliún duine fostaithe san iomlán. Shroich an ráta fostaíochta (aoisghrúpa 20-64 bliana) 75,8 % in 2024 (suas 0,5 pointe céatadáin ó 2023) agus 76,2 % in R2-2025, arb é sin an leibhéal ab airde a baineadh amach riamh. Ar an mbealach sin, maidir le príomhspríoc an Aontais maidir le 78 % de dhaoine ar a laghad a bheith fostaithe faoi 2030, is féidir an sprioc sin a bhaint amach⁶⁷ – féach Spríocbhosca 1. Cé gur tháinig laghdú breise ar an bhfás fostaíochta (ó 1,2 % in 2023 go 0,8 % in 2024), bhí sé fós dearfach, rud a chuir i dtábhacht athléimneacht an mhargaidh saothair le blianta beaga anuas, d’ainneoin éiginnteachtaí eacnamaíocha agus geopholaitiúla méadaithe. Tháinig méadú ar an ráta fostaíochta in 21 Bhallstát, agus bhí an méadú ba láidre ann sa Chróit, sa Ghréig agus i Málta – féach Fíor 2.1.1. Os a choinne sin, chonacthas laghduithe san Fhionlainn, sa tSualainn, i Lucsamburg, san Eastóin agus sa Laitvia. Tá an Iodáil, an Rómáin, an Spáinn agus an Bheilg i ‘gcás criticiúil’, agus rátaí fostaíochta réasúnta íseal acu (faoi bhun 72,5 %) mar aon le feabhsuithe faoi bhun an mheáin (an Bheilg). Tá an Fhrainc, Lucsamburg agus an Fhionlainn ‘le faire’, tar éis feabhsuithe nach bhfuil ach beagán os cionn an mheáin aníos ó leibhéil réasúnta íseal (an Fhrainc) nó laghduithe ó leibhéil a bhí faoi bhun an mheáin cheana féin (Lucsamburg) agus go leibhéil faoi bhun an mheáin (an Fhionlainn). Os a choinne sin, is iad an Ísiltír, Málta agus an tSeicia na ‘tíortha is fearr’, óir tá rátaí fostaíochta os cionn 82 % acu. Ar an iomlán, is féidir cóineasú na rátaí fostaíochta de réir a chéile a fheiceáil ó Bhallstát go chéile. Tháinig giorrú breise 0,2 pointe céatadáin ar an mbearna fostaíochta idir na hinscní idir 2023 agus 2024, de réir mar a tháinig méadú beagán níos tapúla ar an ráta i gcás na mban ná mar a tháinig i gcás na bhfear (ó 70,2 % go 70,8 % i gcomparáid le 80,4 % go 80,8 %, faoi seach).

Ba é an méadú ar rannpháirtíocht an lucht saothair agus an laghdú ar dhífhostaíocht ba chúis leis an bhfás fostaíochta, agus is i seirbhísí agus san earnáil phoiblí is mó a cruthaíodh poist.


In 2024, ba é 259,8 milliún an daonra in aois oibre (20-64) san Aontas, méid nár tháinig geall le hathrú ar bith air ó bhí 2023 ann. De réir sonraí ón Suirbhé ar an bhFórsa Saothair, tháinig méadú ar ráta rannpháirtíochta an lucht saothair (aoisghrúpa 20-64) go 81,5 % in 2024 (ó 81,1 % in 2023). In 2024, de réir sonraí ó na cuntais náisiúnta, cruthaíodh 0,94 milliún post san earnáil phríobháideach: sna hearnálacha mórdhíola, miondhíola, cóiríochta, iompair agus TF den chuid is mó⁶⁸. Chuir an earnáil phoiblí go mór leis sin freisin.

⁶⁷ Féach an Coimisiún Eorpach, [Dearbhú Porto agus spriocanna](#), 2021.

⁶⁸ An Coimisiún Eorpach (2025), [European economic forecast: spring 2025 \[Réamhaisnéis eacnamaíoch na hEorpa, earrach 2025\]](#), Oifig Foilseachán an Choimisiúin Eorpaigh, Lucsamburg.

Fíor 2.1.1: Lean an fhostaíocht de bheith ag méadú i bhformhór na mBallstát in 2024

Ráta fostaíochta (aois 20-64), leibhéal 2024 agus athruithe ón mbliain roimhe sin (% , príomhtháscaire an Scórchláir Shóisialta)



Tabhair faoi deara: Tá lár na n-aiseanna dírithe ar mheán neamhualaithe an Aontais. Cuirtear an eochair eolais i láthair san Iarscríbhinn. Tá an sainmhíniú difriúil i gcás ES agus FR. Tá briseadh sa tsraith i gcás BG.

Foinse: Eurostat [[lfsi_emp_a](#)], SFS an Aontais.

Tá éagothromaíochtaí réigiúnacha móra fós ann idir na Ballstáit agus laistigh díobh freisin, lena n-áirítear na réigiúin is forimeallaí. Ar leibhéal NUTS 2, taifeadadh na rátaí fostaíochta ab airde in 2024 i réigiún Åland na Fionlainne (86.4 %) agus i réigiún príomhchathrach Warszawski stołeczny na Polainne (86.2 %), agus chonacthas na rátaí ab ísle i réigiúin Campania (49.4 %) agus Calabria (48.5 %) i ndeisceart na hIodáile⁶⁹. Is réigiúin tuaithe, inar tearc an daonra, nó réigiúin fhorimeallacha iad roinnt mhaith de na réigiúin ina bhfuil rátaí fostaíochta sách íseal, go háirithe i ndeisceart na Spáinne agus i ndeisceart na hIodáile, cuid mhór den Ghréig, codanna den Rómáin agus na réigiúin is forimeallaí de chuid na Fraince. Is iondúil go mbíonn na limistéir sin thíos le deiseanna fostaíochta teoranta, go háirithe i gcás daoine a bhfuil leibhéil idirmheánacha agus ardleibhéil scileanna acu⁷⁰. Ní hionann na torthaí fostaíochta ó Bhallstát go chéile ach oiread. Tá an éagsúlacht is airde i dtíortha Mhuir Bhailt agus i dtíortha lár na hEorpa agus tá an éagsúlacht is ísle i ndeisceart an Aontais (cé is moite den Bhulgáir, den Chipir agus de Mhálta) (féach Fíor 5 in Iarscríbhinn 5). In 2024, thuairiscigh Ballstáit na hEorpa Láir agus Thoir chomh maith leis an Liotuáin, an Danmhairg, Éire, an Phortaingéil agus an Spáinn, thuairiscigh siad an rátaí fostaíochta is airde a bheith acu ina réigiúin phríomhchathartha. Os a choinne sin, sa Bheilg, sa Ghearmáin agus san Ostair, taifeadadh cuid de na rátaí fostaíochta ab ísle sna réigiúin phríomhchathartha. Tá rátaí fostaíochta faoi bhun 67,3 % sna réigiúin is forimeallaí de chuid na Spáinne agus na Fraince, agus tá na rátaí i nGuáin na Fraince chomh híseal le 51,1 %. Os a choinne sin, tá rátaí fostaíochta thart ar mheán an Aontais sna réigiúin is forimeallaí de chuid na Portaingéile.

⁶⁹ Eurostat [[lfst_r_lfe2emppt](#)], SFS an Aontais.


⁷⁰ [Staidreamh maidir le margadh an tsaothair ar an leibhéal réigiúnach - Míniú ar Staidreamh - Eurostat](#).

Spriobhosca 1: Dul chun cinn i dtreo sprioc 2030 maidir leis an ráta fostaíochta

Tháinig maolú ar an bhfás fostaíochta in 2024, ach tá dul chun cinn maith fós á dhéanamh ag an Aontas faoi láthair chun a phríomhspríoc fostaíochta a chomhlíonadh faoi 2030. Tháinig méadú ar ráta fostaíochta an Aontais ar luas níos moille in 2024 ná in 2023, agus tháinig méadú 0,5 pointe céatadáin air go 75,8 %, rud a d'fhág nach raibh ach bearna 2,2 pointe céatadáin ann go dtí an sprioc 78 %, agus 6 bliana fágtha. Bunaithe ar na réamh-mheastacháin dhéimeagrafacha is déanaí ó Eurostat, bheadh meánráta fáis fostaíochta bliantúil 0,35 % idir 2024 agus 2030 leordhóthanach chun an sprioc a bhaint amach. I gcomparáid leis sin, tháinig méadú 1,1 % in aghaidh na bliana ar an meán ar an bhfostaíocht i gcaitheamh na tréimhse roimh an bpaindéim (2013-19; féach na Fíoracha thíos). De réir Réamhaisnéis an Fhómhair 2025 ón gCoimisiún, réamh-mheastar go dtiocfaidh méadú ar an bhfostaíocht os cionn an luais is gá i gcaitheamh na tréimhse réamhaisnéise, i.e. méadú 0,5 % in 2025 agus 2026 araon agus 0,4 % in 2027. Ar an iomlán, tá dul chun cinn maith á dhéanamh ag an Aontas i dtreo a sprice fostaíochta le haghaidh 2030.

Tá dul chun cinn maith á dhéanamh ag an Aontas i dtreo a phríomhspríoc fostaíochta le haghaidh 2030

An ráta fostaíochta in AE-27 agus príomhspríoc ghaolmhar an Aontais do 2030 (20-64, % den daonra)




Tabhair faoi deara: Luachanna le haghaidh 2025, 2026 agus 2027 bunaithe ar fhás fostaíochta réamh-mheasta ó Réamhaisnéis Fhómhar 2025 an Choimisiúin chomh maith leis an bhfás réamh-mheasta ar an daonra agus ar an daonra in aois oibre ó réamh-mheastacháin daonra 2023 Eurostat.

Foinse: Eurostat [[lfsi_emp_a](#)]; réamhaisnéis maidir leis an bhfás fostaíochta, [Réamhaisnéis an Fhómhair 2025 ón gCoimisiún Eorpach](#); [Réamh-mheastacháin daonra Eurostat, Europop 2023](#).

Rinne formhór na mBallstát tuilleadh dul chun cinn i dtreo a spriocanna náisiúnta maidir lena spriocanna fostaíochta náisiúnta in 2024⁷¹. I gcás seacht dtír – an tSlóvaic, Éire, an Ísiltír, an Eastóin, an Danmhairg, an Pholainn agus an tSeicia – bhí an ráta fostaíochta in 2024 ní b'airde cheana féin ná an sprioc le haghaidh 2030 féin (féach Fíor thuas), agus an tráth céanna thit an tSualainn beagán faoi bhun a sprice. I measc an 20 tír a bhfuil bearnaí fós le sárú acu, ghiorraigh 16 cinn in 2024 iad, agus tá 14 thír laistigh de 3 phointe céatadáin dá spriocanna anois. Is sa Bheilg (7,7 pointe céatadáin), san Iodáil (5,9 pointe céatadáin), sa Rómáin (5,2 pointe céatadáin) agus sa Spáinn (4,6 pointe céatadáin) atá na bearnaí is mó atá fágtha. Tharla fás fostaíochta i dtrí cheathrú de na Ballstáit a bhí faoi bhun an mheáin roimh an bpaindéim (2013-19; féach an Fhíor thíos)⁷², i gcomhthéacs rátaí fostaíochta ní b'airde agus daonra a bhfuil in aois oibre a bhí ag dul i laghad. Mar sin féin, in 19 mBallstát, bhí an fás fostaíochta bliantúil fós ar an luas is gá chun an sprioc náisiúnta a bhaint amach nó os a chionn⁷³. Níor thaifead ach Lucsamburg, an Fhionlainn, an tSualainn, an Bheilg, an Bhulgáir, an Ungáir agus an Laitvia fás 2024 faoi bhun an mheáin a bhí ann roimh an bpaindéim agus faoi bhun an ráta is gá chun an sprioc a bhaint amach, cé go bhfuil an tSualainn fós gar dá sprioc.

Sháraigh ceathrú de na Ballstáit a gcuid spriocanna náisiúnta in 2024, agus bhí leath díobh laistigh de 3 phointe céatadáin uathu

An ráta fostaíochta (2020 agus 2024, daoine 20-64, % den daonra); spriocanna náisiúnta agus spriocanna an Aontais le haghaidh 2030



Tabhair faoi deara: Leis an dais láidir don Aontas léirítear spriocanna na mBallstát le chéile.

⁷¹ I mí Dheireadh Fómhair 2022, chomhaontaigh Grúpa Táscairí an Choiste Fostaíochta cur chuige modheolaíochta chun faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn i dtreo na spriocanna náisiúnta maidir leis an bhfostaíocht i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh. Tá an roinn seo ullmhaithe ar bhonn na modheolaíochta comhaontaithe. Féach na doiciméad a leanas ón gCoiste Fostaíochta: [Tuarascáil Feidhmíochta Fostaíochta Bhliantúil 2025](#) agus an [Monatóir ar Fheidhmíocht na Fostaíochta 2025](#).


⁷² I ngeall ar an titim i ndaonra agus i gcás thromlach na mBallstát, suitear gur gá fás fostaíochta íosta bliantúil is ísle ná an fás a bhí ann sa tréimhse roimh an ngéarchéim, chun a spriocanna náisiúnta a shroicheadh. Féach ón gCoiste [Fostaíochta Tuarascáil Feidhmíochta Fostaíochta Bhliantúil 2025](#).

⁷³ I gcás Ballstát áirithe, is diúltach é an fás fostaíochta íosta is gá, rud a léiríonn titim réamh-mheasta sa daonra atá in aois oibre agus/nó go bhfuil a spriocanna náisiúnta sroichte cheana féin.

Foinse: Eurostat [[lfsi_emp_a](#)] agus tábla maidir le spriocanna náisiúnta 2030 mar atá in Iarscríbhinn 1.

In os cionn dhá thrian de na Ballstáit, bhí an fás fostaíochta in 2024 ar an mbóthar ceart chun sprioc náisiúnta 2030 a bhaint amach

Fás fostaíochta in 2024 (20-64 bliana d'aois, athrú bliantúil %) i gcomparáid le meánfhás fostaíochta bliantúil i gcaitheamh na mblianta 2013-19 agus an fás fostaíochta íosta bliantúil is gá chun an sprioc náisiúnta do 2030 maidir leis an ráta fostaíochta a bhaint amach



Tabhair faoi deara: Tá an sainmhíniú difriúil i gcás ES agus FR. Tá briseadh sa tsraith i gcás BG in 2024. Na Ballstáit a bhfuil a spriocanna náisiúnta bainte amach nó sáraithe acu cheana féin, déileáiltear leo ar leithligh. Iad siúd a bhfuil coinne leis go mbainfidh siad amach iad (i gcás 'gan athrú beartais') mar gheall ar an laghdú atá ag teacht ar an daonra in aois oibre den chuid is mó, léirítear iad le fás fostaíochta bliantúil íosta nialasach riachtanach. I gcás na mBallstát ina meastar go dtiocfaidh méadú ar an daonra in aois oibre faoi 2030, déantar an fás fostaíochta is gá le go gcomhlíonfar an sprioc a ríomh agus a thuairisciú.

Foinse: Ríomhanna DG EMPL bunaithe ar Eurostat [[lfsi_emp_a](#)] agus [Europop 2023](#).

Tháinig méadú ar an líon iomlán uaireanta a oibríodh ar an luas céanna nach mór leis an bhfostaíocht in 2024 agus uaireanta an chloig a oibríodh in aghaidh an fhostaí ar threocht fhadtéarmach anuas. In 2024, sháraigh uaireanta an chloig a oibríodh leibhéal 2019 (leibhéal roimh COVID-19) sna Ballstáit uile seachas an Ghearmáin, an Laitvia, an Ungáir, an Ostair agus an tSlóvaic. Fós féin, de réir mar a tháinig borradh faoin bhfostaíocht le blianta beaga anuas gan méadú comhfhreagrach ar an líon iomlán uaireanta a oibríodh, is amhlaidh atá meánuaireanta an chloig in aghaidh an fhostaí fós faoi bhun leibhéal 2019 (leibhéal roimh COVID-19) i bhformhór na dtíortha. In 2024, tháinig laghdú 0,2 uair an chloig ar obair lánaimseartha (38.8 uair an chloig) agus méadú 0,1 uair an chloig ar obair pháirtaimseartha (21,8 uair an chloig)⁷⁴. In 2024, d'oibrigh 6.6 % d'fhostaithe uaireanta fada (>49 n-uair an chloig in aghaidh na seachtaine), 0,5 pointe céatadán níos lú ná in 2023, rud a léiríonn athruithe struchtúracha, cuir i gcás, an sciar méadaitheach ban i measc na bhfostaithe, ar lú an dóchúlacht go n-oibreoidh siad uaireanta fada⁷⁵. D'fhéadfadh sé go mbeadh ábhair inní atá ag dul i méid ina gcúis leis sin freisin, ar ábhair inní iad a bhaineann le cáilíocht poist (féach roinn 2.3,1), lena n-áirítear rioscaí síceasóisialta, folláine, cothromaíocht oibre agus saoil, digiteáil agus obair threisithe.

⁷⁴ Féach an Coimisiún Eorpach, [Employment and Social Developments in Europe 2025](#) [Fostaíocht agus Forbairtí Sóisialta san Eoraip 2025], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2025.

⁷⁵ Eurostat [[lfsa_qoe_3a2](#)], SFS AE.

Tá méadú táirgiúlachta oibre íseal fós ina dhúshlán sa mheántéarma. In 2024, tháinig méadú 0,3 % ar tháirgiúlacht oibre in aghaidh na huaire (i gcomparáid le fás 0,7 % ar OTI per capita), tar éis laghdú 0,7 % in 2023⁷⁶. Le 25 bliana anuas, tá moilliú seasta ag teacht ar an méadú táirgiúlachta oibre, agus é cothrom le 1,5 % in aghaidh na bliana ar an meán in 2000-07, 1,2 % in 2010-19 agus 0,1 % in 2021-24. Tuartar sna réamhaisnéisí go mbeidh feabhsuithe ann in 2025, 2026 agus 2027 lena bhféadfaí na cailleanais ó bhí 2023 ann a fhritháireamh i bhformhór na mBallstát. Mar sin féin, cruthaíonn táirgiúlacht oibre atá íseal ó thaobh struchtúir de riosca don iomaíochas, go háirithe i gcomhthéacs aosú an daonra, agus impleachtaí ann don fhás, do chruthú post agus do chaighdeán mhaireachtála⁷⁷. Ó bhí 2018 ann, tá laghdú níos tapúla tagtha ar an sciar de bhreisluach monaraíochta ná a sciar fostaíochta, rud a fhágann go bhfuil fás táirgiúlachta níos ísle ann i gcomparáid leis an gcuid eile den gheilleagar. Is athrú suntasach é sin ó phatrúin stairiúla agus, dá réir sin, tháinig méadú ar an spleáchas ar an earnáil seirbhísí chun méadú táirgiúlachta a chothú. Chun dul i ngleic le méadú táirgiúlachta íseal, ní mór teicneolaíocht a ghlacadh níos tapúla agus béim níos láidre a leagan ar an nuálaíocht agus ar ghníomhaíochtaí eolasbhunaithe⁷⁸. Mar a cuireadh i dtábhacht i dtuarascáil Draghi, tá sé fíor-riachtanach córais oideachais agus oiliúna a oiriúnú do riachtanais scileanna atá ag forbairt, go háirithe scileanna le haghaidh an dá aistriú, agus tosaíocht a thabhairt don fhoghlaím aosach agus don ghairmoideachas agus don ghairmoiliúint chun borradh a chur faoin iomaíochas freisin. Trí bhacainní riaracháin a laghdú, nuálaíocht a chothú, agus tacú le cómhargáil éifeachtach, is féidir cuidiú le gnóthachain táirgiúlachta a áirithiú agus an tráth céanna fás pá agus iomaíochas a chothú.

⁷⁶ Eurostat [[nama_10_pl_ulc](#)], Cuntais Náisiúnta.

⁷⁷ Féach: [European Economic Forecast – Autumn 2025](#) [Réamhaisnéis Eacnamaíoch na hEorpa – Fómhar 2025], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2025.

⁷⁸ An Coimisiún Eorpach, [Labour Market and Wage Developments in Europe Annual Review 2025](#) [Forbairtí Mhargadh an tSaothair agus an Phá san Eoraip, Athbhreithniú Bliantúil 2025], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2025.

Cé go bhfuil maolú ag teacht ar ghanntanais lucht saothair ó bhain siad buaic amach tar éis na paindéime, tá siad fós ard agus leanann siad de shrian a chur le ghníomhaíocht gnóthas i bpríomhearnálacha. Laghdaigh an ráta folúntas san Aontas ó 3,1 % in R2-2022 go dtí 2,1 % in R2-2025. Cé go bhfuil sé sin faoi bhun an mheáin ráithiúil 2,9 % le haghaidh na tréimhse 2022-23, tá sé fós os cionn an mheánleibhéil a bhí ann roimh an bpaindéim, is é sin 1,7 % idir 2013 agus 2019. In R2-2025, bhí na rátaí folúntais ab airde ann san Ísiltír, sa Bheilg agus san Ostair (os cionn 3,4 %), agus an tráth céanna is sa Spáinn, sa Pholainn agus sa Rómáin a bhí na rátaí ab ísle (faoi bhun 0,8 %). Tuairiscíonn sciar nach beag de bhainisteoirí go leanann ganntanais lucht saothair de shrian a chur le táirgeadh fós agus nach bhfuil ach feabhas beag tagtha air sin i gcomparáid le bliain roimhe sin⁷⁹. I measc na n-earnálacha is mó a ndéanann ganntanais difear dóibh, tá cóiríocht, seirbhísí riaracháin agus tacaíochta, gníomhaíochtaí gairmiúla, eolaíochta agus teicniúla, tógáil, agus faisnéis agus cumarsáid⁸⁰. Maidir le tosca struchtúracha – lena n-áirítear an t-athrú déimeagrafach agus éilimh nua ar scileanna ón aistriú glas agus ón aistriú digiteach – is dócha go gcothóidh siad ganntanais in earnálacha áirithe⁸¹. D’ainneoin laghduithe ag tús 2025, tá cnapaireacht saothair fós ard, is é sin cás ina gcoinníonn gnólachtaí níos mó fostaithe ná mar a bhfuil gá láithreach leo le haghaidh na leibhéil táirgeachta reatha, agus é sin ó bhí 2023 ann, rud a d’fhéadfadh moill a chur ar fhás fostaíochta amach anseo, cé go dtugtar le fios le ganntanais leanúnacha in earnálacha ardfháis, lena n-áirítear TFC agus cúram, go bhfuil acmhainneacht leanúnach cruthaithe post ann ar choinníoll go n-áirithítear dea-dhálaí oibre.

⁷⁹ [Suirbhéanna gnó agus tomhaltóirí an Choimisiúin Eorpaigh](#). Is é 27,4 %, 23 % agus 18,2 % faoi seach an sciar bainisteoirí sna hearnálacha tógála, seirbhísí agus tionscail a thuairiscigh ganntanais lucht saothair mar shrian in R2-2025. Ainmníocht staidrimh NACE, Ath.

⁸⁰ Aicmiú staidrimh do NACE Rev. 2, catagóirí B-S.


⁸¹ Féach: [European Economic Forecast – Autumn 2025 \[Réamhaisnéis Eacnamaíoch na hEorpa – Fómhar 2025\]](#), Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2025.

Bosca Cholún 1: An t-athbhreithniú meántearma ar an bPlean Gníomhaíochta maidir leis an nGeilleagar Sóisialta

Is tábhachtach an méid a chuireann an geilleagar sóisialta le samhail an Aontais le haghaidh geilleagar sóisialta margaidh agus leis an rathúnas inbhuanaithe. Is é is cuspóir uileghabhálach don gheilleagar sóisialta tosaíocht a thabhairt do spriocanna sóisialta agus comhshaoil seachas do bhrabús. Dá bhrí sin, déantar an chuid is mó de na brabúis a athinfheistiú ina gcúiseanna maithe lena bhfreastalaítear ar an leas comhchoiteann agus leantar rialachas daonlathach nó rannpháirteach. San Aontas Eorpach⁸², tá níos mó ná 4.3 milliún eintiteas in éiceachóras an gheilleagair shóisialta. Tá samhlacha éagsúla gnó agus eagraíochta ag eintitis an gheilleagair shóisialta agus feidhmíonn siad ar fud earnálacha éagsúla, lena n-áirítear talmhaíocht, tógáil, trádáil, fuinneamh, TFC, airgeadas, sláinte, oideachas, seirbhísí sóisialta, agus cultúr. Is féidir le heintitis den sórt sin cuidiú chun bearnaí seirbhíse a shárú agus réitigh nuálacha shaincheaptha a chur ar fáil, e.g. i gcúram sláinte agus sóisialta (ina n-oibríonn 3,3 milliún duine as an 11,5 milliún duine atá fostaithe i ngeilleagar sóisialta an Aontais). Chun cuidiú chun an t-éiceachóras a fhorbairt, ghlac an Coimisiún Eorpach an Plean Gníomhaíochta maidir leis an nGeilleagar Sóisialta in 2021 agus trí phríomhchuspóir leis: i) na creatdálaí cearta a chruthú, ii) deiseanna a chruthú (lena n-áirítear rochtain ar mhaoiniú) mar aon le tacaíocht don fhothú acmhainneachta, iii) cur le haitheantas don gheilleagar sóisialta agus don acmhainneacht a bhaineann leis⁸³.

Tá éagsúlacht ann maidir leis an sciar daoine atá fostaithe sa gheilleagar sóisialta ar fud Bhallstáit an Aontais

An sciar daoine atá fostaithe in eintitis an gheilleagair shóisialta san Aontas (% den fhostaíocht iomlán), 2023



Tabhair faoi deara: Níl sonraí ar fáil do MT ná NL. Ba cheart caitheamh leis na sonraí mar luachanna íosta ós rud é gur beag Ballstát a sholáthraíonn staidreamh náisiúnta atá dírithe ar an ngeilleagar sóisialta. Fágann na sainmhínithe náisiúnta éagsúla agus na leibhéil éagsúla aitheantais don gheilleagar sóisialta go mbíonn deacracht ann maidir leis na heagraíochtaí uile sa gheilleagar sóisialta a shainaithint sna sonraí.

Foinse: Feidhmíocht shocheacnamaíoch gheilleagar sóisialta an Aontais a thagarmharcáil.

⁸² Féach an Coimisiún Eorpach et al., [Benchmarking the socio-economic performance of the EU social economy – Improving the socio-economic knowledge of the proximity and social economy ecosystem](#) [Feidhmíocht shocheacnamaíoch gheilleagar sóisialta an Aontais a thagarmharcáil – Feabhas a chur ar an eolas socheacnamaíoch ar éiceachóras na gaireachta agus an gheilleagair shóisialta], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2024

⁸³ Féach: [An Plean Gníomhaíochta maidir leis an nGeilleagar Sóisialta](#).

Tá gá le tuilleadh iarrachtaí chun cuidiú le hacmhainneacht iomlán an gheilleagair shóisialta a shlógadh. Ní hionann an leibhéal aitheantais don gheilleagar sóisialta, na creatdálaí maidir lena fheidhmiú agus an rochtain ar mhaoiniú i measc na mBallstát. Bhí thart ar 6,3 % de dhaonra fostaithe an Aontais ag obair sa gheilleagar sóisialta in 2023. Tá éagsúlacht nach beag le sonrú sa sciar daoine atá ag obair sa gheilleagar sóisialta. Sa Bheilg agus san Eastóin, bhí an sciar sin os cionn 10 %, agus an tráth céanna i seacht mBallstát eile (an Chipir, an Bhulgáir, an Rómáin, an Chróit, an Pholainn, an tSlóivéin, Éire), bhí sé ní b'isle ná 2 % (féach an Fhíor thuas). Cuireann sé sin i dtábhacht forbairt mhíchothrom an gheilleagair shóisialta ar fud an Aontais, ach chomh maith leis sin an acmhainneacht neamhshaothraithe a bhaineann leis maidir le fás agus cruthú post i mórán Ballstát agus réigiún, rud a d'fhéadfaí a chur i ngníomh dá dtacófaí leis le bearta leormhaithe.

In 2026, déanfaidh an Coimisiún Eorpach athbhreithniú meántéarma ar an bPlean Gníomhaíochta maidir leis an nGeilleagar Sóisialta chun measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn agus aghaidh a thabhairt ar dhúshlán nua. Tá an chuid is mó de na 63 ghníomhaíocht ar leibhéal an Aontais a áirítear sa Phlean Gníomhaíochta curtha chun feidhme cheana féin nó tá siad fós ar siúl. Garsprioc thábhachtach ba ea Moladh 2023 ón gComhairle maidir le creatdálaí an gheilleagair shóisialta, lena dtacaítear leis na Ballstáit chun an geilleagar sóisialta a chur chun cinn ar fud réimsí beartais. Seoladh Tairseach Gheilleagar Sóisialta an Aontais Eorpaigh mar ionad ilfhreastail le haghaidh faisnéis agus acmhainní ábhartha. Ó bhí 2022 ann, cuireadh táirgí airgeadais iomadúla in úsáid faoin Ionú Infheistíochta Sóisialta agus Scileanna (SISW) de InvestEU. De bharr an éilimh láidir a bhí ann (formheasadh EUR 1,54 billiún de ráthaíocht SISW faoi dheireadh 2024), cuireadh borradh faoi ráthaíocht an Aontais in 2025⁸⁴. Cuirfear na gnóthachtálacha ar fad san áireamh san athbhreithniú meántéarma agus déanfar an plan a ailíniú leis na dúshlán nua, agus fíis 2030 á coimeád.

⁸⁴ Féach [Táscairí InvestEU](#).

Tá bearta déanta ag roinnt Ballstát le déanaí chun creataí reachtacha nó straitéisí reachtacha a ghlacadh don gheilleagar sóisialta. Sa tSeicia, tháinig an gníomh maidir le Fiontair Shóisialta Imeasctha Oibre i bhfeidhm i mí Eanáir 2025, agus i mí Iúil 2025 d'fhormheas an rialtas an Creat Straitéiseach maidir le Fiontraíocht Shóisialta le haghaidh na tréimhse 2026-30. I mí Iúil 2024, sheol Éire 'Trádáil ar mhaithe le Tionchar', an Beartas Náisiúnta maidir le Fiontraíocht Shóisialta 2024-27. Sa Bheilg, tá Flóndras ag saothrú infheistíochtaí lena gcumasófar 1 000 post fóirdheonaithe breise a chruthú sa gheilleagar sóisialta faoi dheireadh théarma reachtach 2024-29. Leasaigh an Spáinn a Dlí maidir le Comharchumainn chun na cineálacha eintiteas san earnáil a shoiléiriú agus chun na cuspóirí maidir le tacaíocht beartais phoiblí a thabhairt cothrom le dáta. I mí an Mheithimh 2024, sheol sí an Ciste Tionchair Shóisialta dar luach EUR 400 milliún freisin chun tacú le hinfeistíochtaí sóisialta agus comhshaoil, lena n-áirítear in eintitis an gheilleagair shóisialta. Mhol an Pholainn go leasófaí an Gníomh um an nGeilleagar Sóisialta chun an sainmhíniú ar an ngeilleagar sóisialta a leathnú, rialacha ar fhiontair shóisialta a éascú, feabhas a chur ar uirlisí tacaíochta, agus iarrachtaí i dtaobh ath-imeascadh agus comhordú a neartú. I mí Aibreáin 2025, sheol an Rómáin tionscadal CSE+ maidir le 'Faireachán agus meastóireacht ar fhorbairt an gheilleagair shóisialta agus na fiontraíochta sóisialta a chur chun cinn', arb é is aidhm dó straitéis náisiúnta don gheilleagar sóisialta a fhorbairt.

Le scéimeanna oibre gearr-ama, agus tacaíocht á fáil ó SURE, soláthraítear ceachtanna chun turraingí eacnamaíocha amach anseo a bhainistiú. De réir na meastóireachta deiridh ar an Ionstraim Eorpach le haghaidh tacaíocht shealadach chun rioscaí dífhostaíochta a mhaolú i gcás éigeandála (SURE)⁸⁵, meastar gur shábháil scéimeanna coinneála post – lena n-áirítear iad siúd a mhaoinítear trí SURE – idir 1,03 milliún agus 1,66 milliún post in 2020 ar fud na mBallstát is tairbhíthe. Léirítear sna meastacháin gur cosnaíodh méid atá coibhéiseach le 13,3 % agus 1,1 % den fhostaíocht in 2020 agus 2021, faoi seach, leis na scéimeanna sin⁸⁶. Sa chomhthéacs reatha ina bhfuil roinnt mhaith éiginnteachta, agus é sin spreagtha ag teannas geopholaitiúil, mar aon le ciorruithe poist atá beartaithe i bpríomhearnálacha, tá roinnt Ballstát ag brath níos mó anois ar scéimeanna oibre gearr-ama. Tá sé fíor-riachtanach leas a bhaint as na straitéisí éagsúla a úsáideadh le linn na paindéime ar mhaithe le dearadh agus éifeachtacht na gclár sin a bheachtú ar fud an Aontais. Tugtar le fios leis an bhfianaise gur mó an éifeacht a bhí ag scéimeanna oibre gearr-ama le linn géarchéimeanna sealadacha, agus tosaíocht á tabhairt do ghnóthais agus oibrithe leochaileacha agus, an tráth céanna, tacaíocht do phoist neamh-inmharthana á seachaint san fhadtéarma⁸⁷.

Tá féinfhostaíocht san Aontas ag dul i laghad go seasta, agus éagsúlachtaí ann de réir earnála agus tíre. Tháinig laghdú ar an sciar daoine féinfhostaithe san fhostaíocht iomlán (20-64) ó 13,2 % in 2010 go 10,6 % in 2024. Tháinig an laghdú ba mhó air sa talmhaíocht, san fhoraoiseacht agus san iascaireacht, agus sa trádáil mórdhíola agus miondhíola chomh maith, agus an tráth céanna tháinig méadú nach beag air san earnáil phoiblí agus san earnáil neasphoiblí (lena n-áirítear riarachán poiblí, oideachas agus sláinte) agus in TFC freisin. Aistríodh próifíl scileanna na ndaoine féinfhostaithe freisin, agus oideachas treasach ag 40 % díobh in 2024 i gcomparáid le 28 % in 2010. Mar sin féin, tá na rioscaí bochtaineachta fós suntasach: tá rátaí riosca na bochtaineachta (18-64) i measc na ndaoine féinfhostaithe (22,3 %) níos mó ná dhá oiread ráta na bhfostaithe (9,2 %) (féach roinn 2.3.1). Tá éagsúlachtaí substaintiúla idir tíortha maidir leis an sciar daoine féinfhostaithe, sa raon ó 26,3 % sa Ghréig agus 19,2 % san Iodáil go faoi bhun 9 % sa Danmhairg, sa Ghearmáin, sa Chipir, i Lucsamburg agus sa tSualainn. Idir 2014 agus 2024, tháinig laghdú ar an sciar oibrithe féinchuntais (thart ar 70 % de na daoine féinfhostaithe i bhformhór na mBallstát) san fhostaíocht iomlán ó 10,0 % go 8,9 %, de réir mar a chuaigh níos lú cohóirt óga i mbun féinfhostaíochta, méid nach leor chun scor n-oibrithe scothaosta a fhritháireamh.

⁸⁵ Féach [SWD\(2025\) 47 final](#).

⁸⁶ An Coimisiún Eorpach, [Labour market and wage developments in Europe – Annual review 2021](#) [Forbairtí an mhargaidh saothair agus an phá san Eoraip – Athbhreithniú bliantúil 2021], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2021 agus Eurofound, [Weathering the crisis: How job retention schemes preserved employment and incomes during the pandemic](#) [Teacht slán as an ngéarchéim: Conas a chaomhnaigh scéimeanna coinneála post fostaíocht agus ioncaim le linn na paindéime], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2024.

⁸⁷ An Coimisiún Eorpach, [Labour Market and Wage Developments in Europe Annual Review 2025](#) [Forbairtí Mhargadh an tSaothair agus an Phá san Eoraip, Athbhreithniú Bliantúil 2025], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2025.


Tháinig laghdú breise ar an dífhostaíocht, a bhí ní b'ísle ná riamh cheana féin, in 2024 agus ag tús 2025 agus tá comharthaí de chóineasú aníos ann ina leith ar fud na mBallstát. Tháinig laghdú ar an ráta dífhostaíochta san Aontas (15-74) go 5,9 % in 2024, anuas ó 6,1 % in 2023, arb é sin an leibhéal is ísle riamh. I mí Mheán Fómhair 2025, ba é 6,0 % ráta dífhostaíochta an Aontais. Cláraíodh na laghduithe ba mhó in aghaidh na bliana (ag 1 phointe céatadáin nó os a chionn sin) san Iodáil, sa Chróit agus sa Ghréig, agus an tráth céanna taifeadadh méaduithe ba mhó ná 0,7 pointe céatadáin sa Danmhairg, san Eastóin, san Fhionlainn, i Lucsamburg agus sa tSualainn – féach Fíor 2.1.2. Tá ‘cás criticiúil’ ann don Fhionlainn agus don tSualainn mar gheall ar rátaí arda dífhostaíochta agus méaduithe móra ó 2023, agus an tráth céanna tá stádas ‘le faire’ ag an bhFrainc, an Liotuáin, an Laitvia, an Danmhairg, Lucsamburg agus an Eastóin, rud a léiríonn rátaí arda agus dul chun cinn faoi bhun an mheáin. Tá an Spáinn (11,4 %) agus an Ghréig (10,1 %) fós ‘lag ach ag feabhsú’ agus feabhsuithe i bhfad os cionn an mheáin ann ach leibhéil dífhostaíochta fós ard. Is iad an tSeicia, an Pholainn, an Ghearmáin agus Málta na ‘tíortha is fearr’ agus rátaí dífhostaíochta idir 2,6 % agus 3,4 % acu. Cé go bhfuil difríochtaí ó thír go chéile fós mór, is amhlaidh atá siad ag giorrú de réir mar a chláraíonn tíortha ina bhfuil rátaí arda dífhostaíochta – mar shampla an Spáinn nó an Ghréig – feabhsuithe níos láidre.

Léirítear éagsúlacht nach beag de réir inscne agus ar an leibhéal réigiúnach le rátaí dífhostaíochta⁸⁸. Tá an dífhostaíocht fós níos airde i gcás na mban (6.2 % in 2024) ná i gcás na bhfear (5.7 %). Tá éagothromaíochtaí réigiúnacha fós ann: in 2024, bhí na rátaí ab ísle i gceantair thuaithe (5.1 %), agus bailte/bruachbhailte (5.6 %) agus cathracha (6.7 %) ina dhiaidh sin. Tá difríochtaí idir réigiúin NUTS 2 ar aon dul leis na difríochtaí siúd i rátaí fostaíochta (féach thuas), cé is moite den tSualainn, áit nach bhfuil cúrsaí chomh fabhrach céanna i dtéarmaí dífhostaíochta (féach Fíor 6 in Iarscríbhinn 5). Is i roinnt de na réigiúin is forimeallaí – Guadalúip, Martinique, Guáine na Fraince, La Réunion, Mayotte agus na hOileáin Chanáracha – atá cuid de na rátaí dífhostaíochta is airde san Aontas.

⁸⁸ Tá anailís níos mionsonraithe ar na difríochtaí idir na hinscní san fhostaíocht agus i ngnéithe eile ar an leibhéal réigiúnach le fáil ar [Fhaireachán Réigiúnach ar Chomhionannas Inscne](#) JRC.

Fíor 2.1.2: Tháinig laghdú ar an difhostaíocht i mbeagnach leath de na Ballstáit in 2024

Ráta difhostaíochta (aois 15-74), leibhéil 2024 agus athruithe ón mbliain roimhe sin (% príomhtháscaire an Scórchláir Shóisialta)



Tabhair faoi deara: Tá lár na n-aiseanna dírithe ar mheán neamhualaithe an Aontais. Cuirtear an eochair eolais i láthair san Iarscríbhinn. Tá an sainmhíniú difriúil i gcás ES agus FR. Tá briseadh sa tsraith i gcás BG.

Foinse: Eurostat [[une_rt_a](#)], SFS an Aontais.

Tá méadú ag teacht ar an sciar gairmeacha glasa ar fud an Aontais, agus tá ganntanas lucht saothair roimh roinnt de na gairmeacha sin mar gheall ar éilimh nua ar scileanna. Tháinig ardú ar an bhfostaíocht san éicithionscal ó 2.2 % in 2015 go 3,1 % in 2022, agus bhí éagsúlacht mhór i sciar fostaíochta na hearnála sin ó thír go chéile in 2022 (ó 1 % san Ungáir go 5.7 % i Lucsamburg)⁸⁹. Tugtar le fios i meastacháin mhalartacha go bhféadfadh suas le 11,3 % de lucht saothair an Aontais a bheith i gceist le poist ghlasa cheana féin⁹⁰. An tráth céanna, tá 3,1 % d'oibrithe an Aontais⁹¹ fós fostaíthe in earnálacha atá dian ar astaíochtaí (ó 0,9 % sa Chipir go 7.1 % sa tSeicia). Le hanailís a rinneadh le déanaí⁹² sainaithníodh 24 ghairm a bhí ábhartha don aistriú glas ina raibh ganntanais lucht saothair ar fud roinnt Ballstáit éagsúla. I measc na ngairmeacha atá ábhartha don aistriú glas agus ina bhfuil na ganntanais lucht saothair is forleithne ó thír go chéile, tá pluiméirí agus oirthoírí píopaí (20 Ballstát), oibrithe inslithe, innealtóirí sibhialta agus meicneoirí aerchóiriúcháin agus cuisniúcháin (14), teicneoirí innealtóireachta sibhialta (12) agus díonadóirí (11). Éilítear saineolas láimhe an-teicniúil i leith na ngairmeacha sin, ar saineolas é atá fíor-riachtanach don aistriú glas.

⁸⁹ Eurostat [[env_ac_egss1](#)], [[nama_10_a10_e](#)].

⁹⁰ Bunaithe ar ríomhanna an Airmheáin Chomhpháirtigh Taighde a rinneadh faoi thionscadal GreenJobs, de réir oibríochtú chur chuige tascbhunaithe ONET a mhol Gili, Verdolini agus Vona (2020) chun fostaíocht ghlas san Aontas a thomhas.

⁹¹ Is iad na tionscail atá dian ar astaíochtaí sa chomhthéacs sin an mhianadóireacht agus an cairéalú (cód NACE: B), monarú ceimiceán agus táirgí ceimiceacha (C20), monarú táirgí mianracha neamh-mhiotalacha eile (C23), monarú miotal bunúsach (C24), agus monarú mótarfheithiclí, leantóirí, leathleantóirí agus trealaimh iompair eile (C29).

⁹² Aicmítear gairm mar ghairm a bhfuil ‘ganntanais fhorleathana’ roimpi más rud é go dtuairiscíonn cúig Bhallstát ar a laghad go bhfuil ganntanais ann ina leith. Is príomhtháscaire feidhmíochta den Chomhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan é sin.

Le beartais chothroma chuimsitheacha um aistriú lena spriocdhírítear orthu siúd a ndéanann an t-aistriú glas difear ar leith dóibh, is féidir tacú le soghluaisteacht oibrithe, ganntanais lucht saothair a mhaolú agus a áirithiú go ndéanfar tairbhí an aistrithe ghlais a chomhroinnt go forleathan. Chun aistriú chuig geilleagar ciorclach ísealcharbóin, éilítear go gcuirfí athoiliúint ar oibrithe ó thionscail breoslaí iontaise le dul isteach in earnálacha a bhfuil borradh ag teacht fúthu, mar shampla tionscail ghlan-nialasacha, giniúint fuinnimh in-athnuaite, tógáil, bainistiú dramhaíola agus monaraíocht, agus an tráth céanna tá leictirí agus éileamh méadaitheach ar amhábhair ag cur borradh faoin bhfostaíocht in earnálacha leictreachais agus dianfhuinnimh freisin. In 2023, bhí thart ar 30 % de na hoibrithe ar fad san Aontas (lena n-áirítear 30 milliún san earnáil monaraíochta, 15 mhilliún san earnáil tógála, 10 milliún san earnáil iompair agus stórála) fostaith in earnálacha ina bhfuil claochlú ó bhonn ag tarlú⁹³. Fós féin, tá soghluaisteacht earnálach fós teoranta, agus níl ann ach 1,8-3,9 % d'oibrithe a aistríonn earnálacha go bliantúil, ar ráta é sin atá mórán gan athrú ó bhí 2016 ann. Le marthanacht na nganntanas i ngairmeacha a bhaineann leis an aeráid, cuirtear i dtábhacht an gá atá le beartais a chuidíonn le hoibrithe iad féin a oiriúnú d'éilimh scileanna atá ag teacht chun cinn nó d'earnálacha atá i mbun aistriú. Soláthraíonn an t-aistriú glas deiseanna freisin chun feabhas a chur ar cháilíocht poist toisc gur gnách go dtairgeann gairmeacha glasa nua agus cinn atá ag teacht chun cinn (e.g. innealtóirí fuinnimh in-athnuaite agus bainisteoirí planála beartais ghlais) pá níos airde agus conarthaí níos daingne⁹⁴. Mar sin féin, is amhlaidh atá na tairbhí míchothrom agus is le ról ardoilte is mó a bhaineann siad⁹⁵. D'fhéadfadh rioscaí fisiceacha níos airde agus rochtain níos lú ar acmhainní agus neamhspleáchas san áit oibre a bheith ag gabháil leis an éileamh méadaithe ar phoist theicniúla agus láimhe⁹⁶ (e.g. innealtóirí leictreacha agus meicniúla, suiteálaithe líne leictirí agus deisitheoirí). Chun na poist sin a dhéanamh níos tarraingtí, ba cheart é a bheith d'aidhm ag beartais aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna maidir le cáilíocht poist, go háirithe saincheisteanna a bhaineann le dálaí oibre, pá agus rochtain ar acmhainní. Tá ról ríthábhachtach ag beartais ghníomhacha maidir leis an margadh saothair, lena n-áirítear forbairt scileanna, dreasachtaí fostaíochta, agus tacaíocht i leith cuardach poist, chun tacú le hoibrithe in aistrithe gairmiúla le linn athruithe eacnamaíocha.

⁹³ Fulvimari A. et al., [Estimating labour market transition costs and social investment needs of the green transition – a new approach](#) [Costais aistrithe mhargadh an tsaothair agus riachtanais infheistíochta sóisialta an aistrithe ghlais a mheas - cur chuige nua], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2025. Áirítear le 'hearnálacha ina bhfuil claochlú ó bhonn ag tarlú' an rogha earnálacha (i) atá ríthábhachtach don aistriú chuig an aeráidneodracht mar gheall ar a ról i gcur chun feidhme spriocanna aeráide, nó (ii) a bhfuil coinne leis go dtiocfaidh athruithe móra a bhaineann leis an bhfostaíocht orthu de thoradh an dícharbónaithe, nó (iii) an dá rud.

⁹⁴ ECFE, [Employment Outlook 2024: The Net-Zero Transition and the Labour Market Ionchas](#) [Fostaíochta 2024:

An tAistriú Glan-Nialasachta agus an Margadh Saothair], Páras, 2024.

⁹⁵ Eurofound, [Job quality side of climate change, Working conditions and sustainable work series](#) [An taobh den athrú aeráide a bhaineann le cáilíocht poist, Sraith um dhálaí oibre agus obair inbhuanaithe], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg, 2024.

⁹⁶ Poist a mbeidh méadú ag teacht ar éilimh shaothair ina leith mar gheall ar an méadú ar an éileamh ar tháirgí agus seirbhísí glasa ach nach gá go n-athróidís i dtaobh chineál na gcúraimí.

Leanann an t-aistriú digiteach de chruth nua a chur ar gheilleagair agus ar mhargaí saothair, rud a chruthaíonn deiseanna nua agus a chuireann leis an ngá atá le huas-sciliú agus athsciliú an tráth céanna. Tá méadú leanúnach tagtha ar an líon speisialtóirí TFC san Aontas ó bhí 2013 ann (méadú 59.3 %), agus breis agus 10,3 milliún acu ann in 2024⁹⁷. Mar sin féin, tá mná fós tearcionadaithe go mór, agus níl iontu ach 19,5 % de speisialtóirí TFC. Ar an luas atá ann faoi láthair, sroichfidh an líon gairmithe TFC thart ar 12 mhilliún faoi 2030, líon atá i bhfad faoi bhun sprioc an Aontais 20 milliún, i bhfianaise na hiomaíochta atá ag dul i méid do dhaoine a bhfuil scileanna digiteacha acu agus do dhaoine cumasacha (féach Roinn 2.2.1)⁹⁸. I suirbhé Eorabharaiméadair a rinneadh le déanaí⁹⁹, measann formhór na bhfreagróirí go bhfuil tionchar dearfach ag teicneolaíochtaí digiteacha, lena n-áirítear an Intleacht Shaorga (IS), ar a bpoist, ar an ngeilleagar, ar an tsochaí agus ar cháilíocht saoil. Thairis sin, tá tuairim dhearfach ag 62 % de na freagróirí maidir le róbait agus IS ag an obair, agus creideann 70 % díobh go gcuireann siad feabhas ar an táirgiúlacht. Fós féin, tá ábhair imní fós ann: Ceapann 84 % de na freagróirí go n-éilíonn IS bainistíocht chúramach chun príobháideachas a chosaint agus trédhearcacht a áirithiú san áit oibre. Idir 2012 agus 2023, tháinig athrú suntasach ar an bhfostaíocht ó phoist ar phá íseal go poist ar ardphá, in éineacht le méadú ar an sciar fostaíochta in earnálacha ina bhfuil méadú táirgiúlachta íseal¹⁰⁰. D'fhéadfadh gurb iad glacadh teicneolaíochtaí nua agus uathoibriú is mó is cúis leis an aistriú sin toisc go n-éilíonn earnálacha ina bhfuil méadú táirgiúlachta ard níos lú oibrithe chun aschur a choinneáil ar bun, rud a fhágann go ndéanfar fostaíocht a athdháileadh de réir a chéile i dtreo earnálacha ina bhfuil méadú táirgiúlachta íseal. Níl an fhianaise atá le fáil maidir le tionchar IS ar an margadh saothair cinntitheach go fóill.

⁹⁷ [Towards Digital Decade targets for Europe - Statistics Explained \[I dtreo spriocanna na Deacáide Digítí don Eoraip - Míniú ar Staidreamh\] – Eurostat.](#)


⁹⁸ [Deacáid Dhigiteach na hEorpa: Spriocanna 2030 | An Coimisiún Eorpach.](#)

⁹⁹ [Artificial Intelligence and the future of work \[An intleacht shaorga agus todhchaí na hoibre\] - Feabhra 2025 - - Suirbhé Eorabharaiméadair.](#)

¹⁰⁰ An Coimisiún Eorpach, [Labour Market and Wage Developments in Europe Annual Review 2025](#) [Forbairtí Mhargadh an tSaothair agus an Phá san Eoraip, Athbhreithniú Bliantúil 2025] Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2025.

Fíor 2.1.3: Lean an pá ag ardú in 2024, agus difríochtaí móra trastíre ann

Cúiteamh ainmniúil in aghaidh an fhostaí, athrú céatadán bliantúil



Tabhair faoi deara: Tabhair faoi deara: EA-20, an 20 tír a ghlac an euro. Déantar an cúiteamh ainmniúil in aghaidh an fhostaí a ríomh mar chúiteamh iomlán na bhfostaithe roinnte ar an líon iomlán fostaithe. Áirítear leis an gcúiteamh ainmniúil, i dteannta ollphá, ranníocaíochtaí fostóra. Léirítear leis na sonraí le haghaidh 2025 réamh-mheastacháin arna ríomh ar bhonn Réamhaisnéisí Eacnamaíocha Eorpacha Fómhar 2025 an Choimisiúin.

Foinse: Bunachar sonraí AMECO [HWCDW] agus Eurostat, Cuntais náisiúnta [namq_10_gdp], [namq_10_a10_e].

D'fhan fás pá san Aontas láidir in 2024, ach bhí difríochtaí suntasacha ann sna forbairtí ó

Bhallstát go chéile. Bhain an fás bliantúil ar chúiteamh ainmniúil in aghaidh an fhostaí 5.1 %

amach, tar éis 6.1 % in 2023, arbh é sin an leibhéal is airde riamh, i gcomhthéacs boilsciú a bhí ag laghdú agus margaí saothair a bhí fós rite, cé go raibh maolú ag teacht orthu¹⁰¹. Chonacthas na

méaduithe ba mhó (bliain ar bhliain) i mBallstáit na hEorpa Láir agus Thoir, ar mhó iad ná 10 % sa

Bhulgáir, sa Rómáin, san Ungáir, sa Pholainn agus sa Laitvia, sa raon idir 7,0 % agus 10,0 % sa

Chróit, sa tSlóvaic, sa Phortaingéil, san Ostair, sa Liotuáin agus san Eastóin – féach Fíor 2.1.3. I

roinnt mhaith de na Ballstáit sin, d'fhan an boilsciú sách ard, go háirithe sa Rómáin, sa Chróit, sa

Pholainn agus san Ungáir. Os a choinne sin, bhí fás pá ní ba mheasartha, idir 3,0 % agus 5,0 %, sa

Bheilg, sa Chipir, sa Danmhairg, sa Fhrainc, in Éirinn, san Iodáil, i Lucsamburg agus sa Spáinn,


mar a raibh an boilsciú ní b'ísle. Bhí sé faoi bhun 2,0 % san Fhionlainn.

¹⁰¹ Tháinig titim ar an mboilsciú san Aontas ó 6.4 % in 2023 go 2.6 % in 2024, agus tuartar 2.5 % le haghaidh 2025 agus 2.1 % le haghaidh 2026 sna réamhaisnéisí. Féach: [European Economic Forecast – Autumn 2025](#) [Réamhaisnéis Eacnamaíoch na hEorpa – Fómhar 2025], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2025.

Tá fás pá idirbheartaithe láidir ó bhí lár 2023 ann, rud a léiríonn iarrachtaí chun cailteanais fíorioncaim a aisghabháil, ach tá comharthaí de mhaolú ag teacht chun cinn¹⁰². Sa limistéar euro, shroich an fás pá idirbheartaithe buaicphointe 5.4 % (bliain ar bhliain) in R3-2024, arna spreagadh ag gníomhaíocht chómhargála mhéadaithe agus ceardchumainn ag féachaint le laghdúithe a tharla roimhe sin ar an gcumhacht cheannaigh ó bhí deireadh 2021 ann a fhritháireamh¹⁰³. Thosaigh fás pá idirbheartaithe ag maolú isteach go 2025, ar aon dul le laghdú ar bhrú boilscitheach.

Fíor 2.1.4: Tháinig téarnamh ar fhíorphá in 2024 ar fud fhormhór na mBallstát

Fíor-ollphá agus fíor-olltuarastail in aghaidh an fhostaí, athrú céatadán bliantúil



Tabhair faoi deara: Tagraíonn EA do EA-20, an 20 tír a ghlac an euro. Ríomhadh fíorphá agus úsáid á baint as an innéacs comhchuibhithe praghsanna do thomhaltóirí mar dhíbhóilseoir. Léirítear leis na sonraí le haghaidh 2025 réamh-mheastacháin arna ríomh ar bhonn Réamhaisnéisí Eacnamaíocha Eorpacha Earrach 2025 an Choimisiúin.

Foinse: An Coimisiún Eorpach, [bunachar sonraí AMECO](#), Ollphá agus olltuarastail ainmniúla in aghaidh an fhostaí [hwwdw], díbhóilseoir: Innéacs comhchuibhithe praghsanna do thomhaltóirí [[AMECO 5000 ZCPIH](#)]. Fostaíocht fhoriomlán (coincheap intíre) [[namq_10_a10_e](#)]. An nuashonrú ar ollphá agus olltuarastail in aghaidh an fhostaí [cód AMECO:hwwdw] maille le réamhaisnéis an fhómhair, ní raibh sé le fáil an 19 Samhain nuair a bhí an nuashonrú ba dhéanaí indéanta.


¹⁰² Is é fás an phá idirbheartaithe toradh díreach na margála pá idir na comhpháirtithe sóisialta. Áirítear ann pá a caibidlíodh le déanaí agus pá a comhaontaíodh roimhe seo. Mar riail ghinearálta, eisiatar bónaís, ragobair agus pá aonair eile nach bhfuil nasctha le cómhargáil. I gcomparáid le pá a íocadh, níl pá idirbheartaithe íogair i leith an lín uaireanta oibre ach oiread (toisc go socraítear ar bhonn lánaimseartha é) agus tá sé ina íosráta pá i roinnt earnálacha.

¹⁰³ An Coimisiún Eorpach, [Labour market and wage developments in Europe – Annual review 2021](#) [Forbairtí an mhargaidh saothair agus an phá san Eoraip – Athbhreithniú bliantúil 2021], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2021 agus Eurofound, [Weathering the crisis: How job retention schemes preserved employment and incomes during the pandemic](#) [Teacht slán as an ngéarchéim: Conas a chaomhnaigh scéimeanna coinneála post fostaíocht agus ioncaim le linn na paidéime], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2024.

Tá an fíorphá ag teacht chuige féin, le tacaíocht ó bhoilsciú atá ag maolú agus fás pá ainmniúil leanúnach, ach tá luas an téarnaimh éagsúil ó Bhallstát go chéile. Tar éis laghdú mór 3,7 % in 2022 agus laghdú ní ba mheasartha 0,1 % in 2023, tháinig téarnamh ar fhíorphá in 2024, ag méadú go 2.7 %¹⁰⁴. Ba iad laghdú ar bhoilsciú agus méaduithe láidre ar phá ainmniúil ba chúis leis an téarnamh sin den chuid is mó. Tharla an téarnamh ba láidre (os cionn 8 %) sa Rómáin, sa Pholainn, san Ungáir agus sa Liotuáin, agus chomh maith leis sin (os cionn 6 %) sa Laitvia, sa Chróit agus sa Bhulgáir – féach Fíor 2.1.4. Sa Bheilg, tháinig laghdú 1,3 % ar fhíorphá in 2024. In 2024, d'fhan fíorphá san Aontas 0,7 % faoi bhun na leibhéal a bhí ann in 2019 ar an meán, agus léiríonn difríochtaí móra ó thír go chéile dinimic éagsúil maidir le pá ainmniúil agus boilsciú. In 2025, tháinig fíorphá san Aontas ar ais chuig na leibhéil a bhí ann roimh an bpaindéim den chuid is mó, ach sa tSeicia, sa Ghearmáin, san Iodáil, san Fhionlainn agus sa Fhrainc, bhí siad fós faoi bhun na leibhéal sin.

Fíor 2.1.5: Méaduithe ar phá íosta náisiúnta, tacaíonn siad le cailteanais cumhachta ceannaigh a fhritháireamh do shaothraithe ar phá íosta

Forbairtí maidir le pá íosta i mBallstáit a bhfuil pá íosta náisiúnta acu, (% athrú)



Tabhair faoi deara: Cuireadh an Chipir as an áireamh toisc gur tugadh an pá íosta reachtúil isteach in 2023.

Foinse: Eurofound agus Eurostat [[earn mw cur](#), [prc hicp midx](#)].

¹⁰⁴ Ríomhtar fíorphá agus úsáid á baint as an innéacs comhchuibhithe praghsanna do thomhaltóirí mar dhíbholsceoir.

Le méaduithe láidre ar phá íosta le déanaí san Aontas, cuidíodh le gníomhú in aghaidh thionchar an bhoilscithe ar oibrithe ar phá íseal. Idir mí Eanáir 2022 agus mí Eanáir 2025, tháinig méadú is mó ná 20 % ar an bpá íosta náisiúnta sna Ballstáit ar fad ina bhfuil an pá sin i bhfeidhm¹⁰⁵, cé is moite den Fhrainc, de Lucsamburg agus den tSlóivéin. Bhí na méaduithe sa raon idir 12.4 % sa Fhrainc agus 65.7 % sa Bhulgáir, agus bhí siad os cionn 40 % i sé Bhallstát eile (an Rómáin, an Chróit, an Pholainn, an Laitvia, an Ungáir agus an Liotuáin)¹⁰⁶ – féach Fíor 2.1.5. I dtéarmaí réadacha, bhí claonadh sna tíortha sin na méaduithe ab airde a chlárú freisin d’ainneoin boilsciú ard. Os a choinne sin, tháinig fás ba lú ná 5 % ar fhíorphá íosta i Lucsamburg, sa tSeicia, sa tSlóvaic, san Eastóin agus sa tSlóivéin, agus tháinig laghdú beag air sa Fhrainc. An tráth céanna, i dtíortha ina gcinntear pá íosta trí chomhaontuithe cómhargála, thacaigh fás fíorphá in 2024 le cumhacht cheannaigh freisin, go háirithe in earnálacha ina bhfuil phá íseal¹⁰⁷. Léirítear leis an taighde a rinneadh le déanaí go gcuireann méaduithe ar phá íosta náisiúnta borradh faoin bhfás pá foriomlán, go dtacaíonn siad leis an gcómhargáil agus go n-ardaíonn siad an pá íosta in earnálacha ina bhfuil pá íseal¹⁰⁸.

¹⁰⁵ Tá pá íosta náisiúnta ag 22 Bhallstát: An Bheilg, an Bhulgáir, an tSeicia, an Ghearmáin, an Eastóin, Éire, an Ghréig, an Spáinn, an Fhrainc, an Chróit, an Chipir, an Laitvia, an Liotuáin, Lucsamburg, an Ungáir, Málta, an Ísiltír, an Pholainn, an Phortaingéil, an Rómáin, an tSlóivéin agus an tSlóvaic.


¹⁰⁶ Tugtar pá íosta cothrom le dáta go bliantúil go minic, ag tús na bliana. Idir mí Eanáir 2022 agus mí Eanáir 2025, chonacthas na méaduithe ba mhó sa Pholainn (49 %), sa Bhulgáir (44 %), sa Laitvia (40 %), agus sa Chróit (34 %). Mhéadaigh siad idir 20 % agus 30 % sa Bheilg, sa Ghearmáin, san Eastóin, in Éirinn, sa Liotuáin, san Ungáir, san Ísiltír agus sa Rómáin.

¹⁰⁷ Eurofound, Caidreamh tionsclaíoch agus idirphlé sóisialta. [Pá íosta in 2025: Athbhreithniú Bliantúil](#), 2025.

¹⁰⁸ Le torthaí eimpíreacha léirítear go gciallaíonn méadú 1 % ar an bpá íosta méadú 0,31 % ar a bpá don 25 % d’fhostaithe is lú ioncaim. Féach: Eurofound, [Tionchar an phá íosta náisiúnta ar chómhargáil agus ar phá d’oibrithe ar phá íseal](#), Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg, 2025.

Fíor 2.1.6: In 2024, bhí an ding chánach le haghaidh duine aonair a thuilleann an meánphá níos ísle ná mar a bhí 10 mbliana roimhe sin i bhformhór na mBallstát

Ding chánach le haghaidh duine aonair a thuilleann an meánphá (%)



Foinse: An Coimisiún Eorpach, AS ECFIN, Bunachar sonraí cánach agus sochar, bunaithe ar shamhail chánach/sochar ECFE (nuashonraithe i mí na Bealtaine 2025).


Leanann cánachas saothair de thionchar a imirt ar dhreasachtaí oibre agus fostaíochta ar fud an Aontais. Leis an ding chánach – arna sainmhíniú mar an difríocht idir costais saothair fostóirí agus pá glan fostaithe, arna sloinneadh mar chéatadán de chostais saothair iomlána – déantar difear don soláthar saothair agus don éileamh ar shaothar araon, go háirithe i gcás grúpaí, cuir i gcás, an dara duine sa teaghlach atá ag tuilleamh a bhfuil a soláthar saothair níos freagrúla don chánachas. Ó bhí 2014 ann, tá laghdú 0,4 pointe céatadáin tagtha ar an ding chánach do dhuine aonair a thuilleann an meánphá san Aontas, rud a bhain 40,3 % amach in 2024, méid atá fós cuid mhaith os cionn mheán ECFE 34.9 % – féach Fíor 2.1.6¹⁰⁹. Tháinig laghdú ba mhó ná 1 phointe céatadáin uirthi in 11 Bhallstát, agus na laghduithe ba láidre le feiceáil san Ungáir (-7,9 pointe céatadáin), sa Rómáin (-3,8 pointe céatadáin) agus sa Bheilg (-3,0 pointe céatadáin). Os a choinne sin, i gcaitheamh na tréimhse céanna, tháinig méadú ar an ding chánach do mheánshaothraithe i ndeich dtír, go háirithe an Chipir (+9,5 pointe céatadáin), Málta (+2,5 pointe céatadáin) agus Lucsamburg (+1,7 pointe céatadáin) (féach 2.2.1 le haghaidh mionsonraí). I gcás fostaithe ar ioncam íseal (50 % den mheánphá), ba é 31,8 % an ding chánach mheánach san Aontas le haghaidh duine aonair in 2024, agus mhéadaigh sí 0,3 pointe céatadáin ó 2023, ach tháinig laghdú 2,2 pointe céatadáin uirthi ó bhí 2014 ann.

¹⁰⁹ ECFE, *Taxing Wages 2025: Decomposition of Personal Income Taxes and the Role of Tax Reliefs* [Cánachas ar Phá: Miondealú ar Chánacha Ioncaim Phearsanta agus Ról na bhFaoiseamh Cánach], Foilseachán de ECFE, Páras, 2025.

Córais fhorchéimnitheacha a bhíonn i gceist le córais cánach ioncaim phearsanta go hiondúil, agus dingeacha cánach níos ísle i gceist d’oibrithe ar phá íseal. Tá an fhorchéimnitheacht thar a bheith suntasach sa Fhrainc, sa Bheilg, san Ísiltír, i Lucsamburg agus san Iodáil go háirithe, agus an tráth céanna sa Bhulgáir agus san Ungáir cuirtear córais chothromráta i bhfeidhm – féach Fíor 2.1.7. Le muirir chánach níos ísle ar oibrithe ar ioncam íseal, laghdaítear saobhadh sa mhargadh saothair agus tacaítear le hoibrithe ar bheagán oiliúna a fhostú, ach ba cheart córais chánach a cheapadh sa chaoi nach ndispreagfar aistrithe chuig poist a bhfuil pá níos airde ag baint leo.

Fíor 2.1.7: Tá an ding chánach níos ísle le haghaidh oibrithe ar phá íseal

Ding chánach le haghaidh saothraí ar phá íseal (50 % agus 67 % den mheánphá) i gcomparáid leis an meánphá in 2024 (%)



Tabhair faoi deara: Rangaítear na Ballstáit in ord íslitheach de réir leibhéal a bhforchéimnitheachta (meánráta pá na dingeacha cánach lúide ding chánach 50 % den mheánphá).

Foinse: An Coimisiún Eorpach, AS ECFIN, Bunachar sonraí cánach agus sochar, bunaithe ar shamhail chánach/sochair ECFE (nuashonraithe i mí na Bealtaine 2025).

D’fhéadfadh an boillsciú saobhadh a chruthú i gcórais chánach, rud a dhéanann difear don fhorchéimnitheacht agus don chothroime araon. Féadann praghsanna atá ag ardú baint de thairseacha ainmniúla seasta – mar shampla réimeanna cánach agus creidmheasanna cánach – agus is éard a eascraíonn as sin go minic ‘boghadh réime cánach’ mar a thugtar air i gcórais fhorchéimnitheacha, ina mbrúitear cáiníocóirí isteach i réimeanna cánach níos airde agus ina dtagann laghdú ar fhíorluach na n-asbhaintí agus na gcreidmheasanna. Is féidir le héifeachtaí den sórt sin ioncam indiúscartha a laghdú agus rioscaí bochtaineachta a mhéadú. Is féidir le coigeartuithe, trí innéacsú uathoibríoch nó nuashonruithe lánroghnacha, an saobhadh sin a mhaolú. In 2024-25, rinne roinnt mhaith Ballstát athbhreithniú ar a gcórais chánach ioncaim phearsanta chun cur i gcoinne saobhadh bunaithe ar bhoillsciú – féach roinn 2.1.2.

Agus an t-ualach cánach á aistriú ó chánacha saothair go cánacha comhshaoil, is féidir borradh a chur faoi dhreasachtaí mhargadh an tsaothair, faoin gcothroime agus faoi spriocanna aeráide. Iarrtar sa Phlean Gníomhaíochta le haghaidh Fuinneamh Inacmhainne le déanaí¹¹⁰ go dtabharfaí chun críche an t-athbhreithniú ar an Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh (atá á phlé ó 2021) lena n-áiríteofar go ngearrfar an cháin is airde ar na breoslaí is mó truailliú agus an dícharbónú á chur chun cinn ag an tráth céanna. Ar an gcaoi chéanna, leis an gComhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan¹¹¹ spreagtar athchóirithe cánach lena dtacaítear le leictriú agus lena gcuirtear deireadh de réir a chéile le fóirdheontais do bhreoslaí iontaise. Moltar freisin i Moladh 2022 ón gComhairle maidir le haistriú cóir i dtreo na haeráidneodrachta¹¹² an t-ualach cánach ar shaothar a laghdú, go háirithe do ghrúpaí ísealioncaim agus meánioncaim, agus ioncam a aistriú i dtreo foinsí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de. Cé go bhféadfadh éifeachtaí cúlchéimnitheacha a bheith ag cánacha carbóin, is féidir iad sin a mhaolú trí bhearta cúiteacha atá ceaptha go cúramach. Mar sin féin, níl i gcánacha comhshaoil ach 5,2 % den ioncam cánach iomlán san Aontas (2023) – 1,5 pointe céatadáin níos ísle ná mar a bhí in 2013 – le sciartha os cionn 10 % sa Bhulgáir (11,2 %) agus sa Ghréig (10,6 %), agus faoi bhun 5 % i 9 dtír. Is sa Bheilg, sa Bhulgáir agus sa Rómáin amháin a bhfuil méaduithe tagtha ar sciartha cánach comhshaoil ó bhí 2013 ann. Is féidir le bearta cuir i gcás dreasachtaí cánach le haghaidh coigilteas fuinnimh agus chun ídiú breosla iontaise a laghdú cuidiú le spriocanna aeráide agus cothroime a ailíniú.

¹¹⁰ [*Action Plan for Affordable Energy: Unlocking the true value of our Energy Union to secure affordable, efficient and clean energy for all Europeans*](#) [Plean gníomhaíochta um Fhuinneamh Inacmhainne: Leas a bhaint as fíorluach ár nAontais Fuinnimh chun fuinneamh inacmhainne, éifeachtúil agus glan a áirithiú do gach Eorpach - An Coimisiún Eorpach].

¹¹¹ [Comhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan - An Coimisiún Eorpach](#)

¹¹² Féach Moladh ón gComhairle maidir le haistriú cóir i dtreo na haeráidneodrachta a áirithiú (2022/C 243/04).

2.1.2 Bearta arna ndéanamh ag na Ballstáit

Tá dreasachtaí agus fóirdheontais fostaíochta tugtha isteach nó leathnaithe ag roinnt Ballstát chun borradh a chur faoin bhfostaíocht, agus iad ag díriú ar ghrúpaí faoi ghannionadaíocht.

Sa **Pholainn**, le gníomh nua a glacadh i mí an Mhárta 2025, soláthraítear fóirdheontais d'fhostóirí a fhostaíonn fostaíthe sinsearacha, lena gcumhdaítear suas le leath an phá íosta in aghaidh an fhostaí shinsearaigh ar feadh 12 mhí (d'oibrithe idir 50 agus 65 bliana d'aois) nó ar feadh 1 mhí amháin (do sheanóirí atá in aois scoir, in-athnuaite). Tar éis dheireadh na tréimhse fóirdheontais, ní mór d'fhostóirí an tuarastal iomlán a íoc agus leanúint den duine a fhostú ar feadh 6 mhí nó 1 mhí amháin, faoi seach. San **Iodáil**, le Dlí Buiséid 2025 cuireadh síneadh go dtí 2025 agus 2026 leis an asbhaint cánach d'fhiontair agus d'oibrithe féinfhostaithe a earcaíonn baill foirne faoi chonarthaí buana. Tugadh isteach leis freisin díolúine cánach shealadach le haghaidh costais tithíochta ar phá fostóra (cíos agus cothabháil) suas le EUR 5 000 in aghaidh na bliana le linn an chéad dá bhliain fostaíochta d'oibrithe buana a thuilleann suas le EUR 35 000, agus iad fós faoi réir ranníocaíochtaí slándála sóisialta. Cuireann clár na **Portaingéile** '+Emprego' dreasachtaí airgeadais ar fáil d'fhostóirí a fhostaíonn daoine, atá dífhostaithe agus atá cláraithe leis an Institiúid um Fhostaíocht agus Gairmoiliúint ar feadh 3 mhí ar a laghad, agus gan beann ar fhad an chlárúcháin, do dhaoine óga atá 35 bliana d'aois nó faoina bhun a bhfuil cáilíochtaí ísle acu, do dhaoine faoi mhíchumas, d'imircigh agus do ghrúpaí faoi mhíbhuntáiste eile. Sa **Ghréig**, le clár fostaíochta fóirdheonaithe a seoladh ag deireadh 2024 agus a mhairfidh ar feadh 24 mí, déantar foráil maidir le 1 000 duine faoi mhíchumas a earcú sa rialtas áitiúil, lena gcumhdaítear suas le 75 % den tuarastal agus de ranníocaíochtaí (suas le EUR 168 00 in aghaidh an duine), chun a n-imeascadh i margadh an tsaothair a chur chun cinn. I mí Mheán Fómhair 2025, cuireadh síneadh 1 000 leis an líon tairbhithe.

Rinneadh tuilleadh forbartha ar scéimeanna oibre gearr-ama chun athléimneacht mhargadh an tsaothair a fheabhsú agus chun fostaíocht a chosaint le linn turraingí eacnamaíocha. Mar shampla, tá scéim coinneála poist á hullmhú ag an **Ísiltír** le haghaidh géarchéimeanna (*‘Crisisregeling Personeelsbehoud’*). Le linn géarchéime, má bhíonn meánlaghdú 20 % ar a laghad ar chumas saothair cuideachta thar thréimhse 2 mhí, féadfaidh sí bearta mar shampla ath-implonú fostaíthe nó íocaíochtaí pá laghdaithe, arna dtacú le fóirdheontais, a úsáid ar feadh tréimhse suas le 6 mhí. Tá grinnscrúdú agus formheas parlaiminteach le déanamh ar an dréachtdlí faoi láthair. In mí an Mheithimh 2025, ghlac an **Slóivéin** mar chuid dá plean téarnaimh agus athléimneachta, reachtaíocht lena mbunaítear clár oibre gearr-ama buan lena úsáid i gcás imthosca urghnácha gan choinne, lena n-áirítear tacaíocht d’oibrithe sealadacha páirtaimseartha agus rochtain fheabhsaithe ar oideachas agus ar oiliúint chun borradh a chur faoin infhostaitheacht le linn an digitithe agus an uathoibrithe.

Tá creataí pá íosta á dtabhairt cothrom le dáta ar fud an Aontais chun a áirithiú go léireoidh coigeartuithe pá dálaí eacnamaíocha ar bhealach níos fearr. Ghlac an **Ghréig** creat dlíthiúil i mí na Nollag 2024 chun modheolaíocht nua a thabhairt isteach ó 2028 chun pá íosta reachtúil a shocrú trí úsáid a bhaint as foirmle atá bunaithe ar athruithe ar an bPraghasinnéacs Tomhaltóirí bliantúil don 20 % de theaghlaigh leis an ioncam is ísle agus innéacs cumhachta ceannaigh pá¹¹³. Beidh coistí comhairleacha in ann dialltaí ón innéacsú uathoibríoch sin a mholadh, faoi réir sraith critéar agus luach tagartha 60 % den ollphá airmheánach. Sa **Laitvia**, le rialachán nua maidir le pá íosta, atá éifeachtach ó mhí na Samhna 2024, déantar coigeartuithe bliantúla ar phá íosta a nascadh le tosca lena n-áirítear an meánphá náisiúnta, réamhaisnéisí maicreacnamaíocha, athruithe cánach, innéacsanna costais saothair agus tairseacha bochtaineachta. Sa **Rómáin**, thacaigh STA le creat nua maidir le socrú pá íosta, a bhí éifeachtach freisin ó bhí mí Feabhra 2025 ann, lenar tugadh isteach foirmle choigeartaithe bhliantúil bunaithe ar thagarmharcanna boilscithe, táirgiúlachta agus pá, agus measúnuithe leormhaitheasa bliantúla agus comhairliúcháin thríthaobhacha ag gabháil leis. I **Lucsamburg**, is é is aidhm do dhréachtdlí a cuireadh i láthair i mí na Nollag 2024 an creat pá íosta reachtúil a neartú trí chritéir leordhóthanachta níos soiléire, athbhreithnithe débhlíantúla agus comhlacht comhairleach atá comhdhéanta de chomhpháirtithe sóisialta, chun comhairle a thabhairt maidir le coigeartuithe bliantúla. Sa **Phortaingéil**, leagtar síos i gcomhaontú trípháirteach lena gcuimhdaítear 2025-28 spriocanna chun an pá íosta agus an meánphá a ardú agus déantar foráil ann maidir le bónais táirgiúlachta agus feidhmíochta d’oibrithe, comhroinnt brabúis chomh maith le bearta tacaíochta d’oibrithe óga. Cuireann sé dreasachtaí cánach ar fáil freisin do chuideachtaí chun pá agus coigilteas scoir oibrithe a ardú.

¹¹³ Meastar gur idirthréimhse í an tréimhse ó 2025 go 2027 agus déantar foráil léi maidir le cur i bhfeidhm leanúnach an chórais chéanna chun an pá íosta a chinneadh agus a bhí ann in 2024.

Tá bearta tugtha isteach ag roinnt Ballstát chun athbhreithniú a dhéanamh ar a gcreataí um chomhaontuithe comhchoiteanna, d'fhoill cumhdach, solúbthacht agus trédhearcacht a fheabhsú. San **Iodáil**, áirítear i nDlí Buiséid 2025 forálacha maidir le comhaontuithe comhchoiteanna a athnuachan i riaracháin phoiblí le méaduithe pá spriocdhírthe agus dreasachtaí earnáilsonracha, mar shampla i gcúram sláinte agus san oideachas. Ghlac an **Pholainn** an Gníomh um Chomhaontuithe Comhchoiteanna¹¹⁴ i mí na Samhna 2025 lena dtugtar sainordú d'fhostóirí a bhfuil níos mó ná 50 fostaí acu dul i mbun caibidlíochta le ceardchumann gach dhá bhliain, lena leathnaítear comhaontuithe comhchoiteanna chuig saincheisteanna nua-aimseartha san ionad oibre, agus lena dtugtar isteach nósanna imeachta digiteacha agus clár náisiúnta le haghaidh comhaontuithe comhchoiteanna. San **Fhionlainn**, féachann reachtaíocht nua atá i bhfeidhm ó mhí Eanáir 2025 le deiseanna margála a mhéadú ar leibhéal na cuideachta, lena n-áirítear do ghnólachtaí nach bhfuil cleamhnaithe le comhlachais fostóirí ná dóibh siúd nach bhfuil maor siopa acu. I ndiaidh an athchóirithe, beidh gach cuideachta in ann maoluithe a fháil ó chomhaontuithe comhchoiteanna is infheidhme go ginearálta, agus seiceálacha áirithe a ndéanamh chun margáil ionadaíoch áitiúil a áirithiú. Sa **Ghréig**, thángthas ar Chomhaontú Sóisialta idir an Aireacht Saothair agus Slándála Sóisialta agus comhpháirtithe sóisialta náisiúnta i mí na Samhna 2025, lena tugadh isteach creat nua chun cumhdach comhaontuithe comhchoiteanna saothair a fheabhsú, cobhsaíocht pá a chur chun cinn agus an chothromaíocht institiúideach a athbhunú i margadh saothair na Gréige. Rinne an **Liotuáin** athchóiriú ar a córas cánach ioncaim chun é a dhéanamh níos forásaí trí thrí ráta 20 %, 25 % agus 32 % a chur in ionad an ráta comhréidh cánach ioncaim phearsanta 15 %, i gcás ina bhfuil feidhm ag rátaí níos airde maidir le hioncaim níos airde, a bhfuil feidhm acu freisin maidir le hoibrithe féinfhostaithe áirithe. In **Éirinn**, rinne an rialtas athbhreithniú ar chreidmheasanna agus bandaí cánach ioncaim mar chuid de bhuiséad 2025. Ardaíodh an banda ráta caighdeánach le EUR 2 000 go EUR 44 000 le haghaidh duine aonair, le méaduithe comhréireacha le haghaidh lánúineacha pósta agus páirtnéirí sibhialta. Laghdaíodh ráta an Mhuirir Shóisialta Uilíoch ó 4 % go 3 % ó mhí Eanáir 2025, agus méadaíodh pointe iontrála an ráta sin, i gcomhréir leis an méadú ar an bpá íosta náisiúnta, i dteannta creidmheasanna cánach níos airde do ghrúpaí faoi mhíbhuntáiste.

¹¹⁴ Féach sonraí [anseo](#).

Rinneadh coigeartú ar pharaiméadair chánach ioncaim phearsanta ar fud roinnt Ballstát chun ‘bogadh réime cánach’ atá faoi thionchar an bhoilscithe a mhaolú agus chun cothroime a fheabhsú tuilleadh¹¹⁵. Sa **Laitvia**, ardaíodh méid an ioncaim neamh-inchánach go EUR 510 in aghaidh na míosa (EUR 6 120 in aghaidh na bliana) agus go EUR 1 000 in aghaidh na míosa (EUR 12 000 in aghaidh na bliana) do phinsinéirí. Méadaíodh asbhaintí le haghaidh oideachais, costais leighis agus deonachán freisin, agus tugadh isteach ráta cánach nua 3 % ar dhíbhinní agus ar ioncam caipitil eile os cionn EUR 200 000 in aghaidh na bliana. Mhéadaigh an **Fhionlainn** an bunliúntas, agus d’ardaigh **Éire** an creidmheas cánach pearsanta, an creidmheas ioncaim, an creidmheas cánach fostaíthe agus an creidmheas cánach cíosa do dhaoine aonair agus do lánúineacha a ndéantar measúnú comhpháirteach orthu. Chun cur i gcoinne an bhoilscithe agus chun cothroime chánach a fheabhsú, rinne **Lucsamburg** agus an **Ísiltír** a réimeanna cánach ioncaim phearsanta a choigeartú. Rinne an **Ungáir** na liúntais bonn cánach teaghlaigh a dhúbailt (faoi 50 % ó mhí Iúil 2025 agus faoi 50 % breise ó mhí Eanáir 2026). Tá díolúintí ó cháin ioncaim phearsanta tugtha isteach ag an **Ungáir** freisin do mháithreacha a bhfuil níos mó ná leanbh amháin á dtógáil acu. Tá feidhm ag an mbeart faoi láthair maidir le máithreacha a bhfuil triúr leanaí nó níos mó acu agus leathnófar é de réir a chéile in 2026 chuig máithreacha a bhfuil beirt leanaí acu.

2.2. Treoirlíne 6 – An soláthar saothair a fheabhsú agus feabhas a chur ar an rochtain ar fhostaíocht, scileanna agus inniúlachtaí ar feadh an tsaoil

Féachtar sa roinn seo ar chur chun feidhme threoirlíne fostaíochta uimh. 6, ina moltar do na Ballstáit na dálaí a chruthú chun an soláthar saothair a fheabhsú, sealbhú scileanna agus inniúlachtaí ar feadh saol duine a chur chun cinn, comhdheiseanna a chothú do chách, bacainní ar rannpháirtíocht sa mhargadh saothair a bhaint agus dreasachtaí a sholáthar ina leith, i gcomhréir le prionsabail 1 (oideachas, oiliúint agus foghlaim ar feadh an tsaoil), 2 (comhionannas inscne), 3 (comhdheiseanna), 4 (tacaíocht ghníomhach don fhostaíocht), 9 (cothromaíocht oibre is saoil), 11 (cúram leanaí agus tacaíocht do leanaí) agus 17 (cuimsiú daoine faoi mhíchumas) de Chólún Eorpach na gCeart Sóisialta. Déantar anailís i Roinn 2.2.1 ar fhorbairtí i réimse an oideachais, ó oideachas agus cúram na luath-óige, feidhmíocht na mac léinn, agus gairmoideachas agus gairmoiliúint go dtí an t-oideachas treasach agus luathfhágáil na scoile. Baineann an chaibidil le ganntanais saothair agus scileanna, mímhaitseálacha, agus forbairt scileanna i measc daoine fásta, lena n-áirítear inniúlachtaí digiteacha. Ina theannta sin, soláthraítear anailís ar dhálaí mhargadh an tsaothair do dhaoine óga, d’oibrithe scothaosta, d’imircigh agus do dhaoine faoi mhíchumas. Tuairiscítear i Roinn 2.2.2 ar bhearta beartais na mBallstát sna réimsí beartais sin.


¹¹⁵ Féach: An Coimisiún Eorpach, [Annual Report on Taxation 2024](#) [Tuarascáil Bhliantúil ar Chánachas 2024] Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2024.

2.2.1 Príomhtháscairí

Tá rannpháirtíocht in oideachas agus i gcúram na luath-óige (ECEC) idir 3 bliana d'aois agus tús a chur leis an mbunoideachas fós ag dul i méid san Aontas, agus tá éagsúlacht mhór fós ann i measc na mBallstát. In 2023, bhí 94,6 % rannpháirteach, gan ach 1,4 pointe céatadáin faoi bhun sprioc 2030 ar leibhéal an Aontais a socraíodh ag 96 %. Go dtí seo, tá an sprioc sin bainte amach ag ocht mBallstát, agus tá formhór na dtíortha i ndiaidh níos mó ná 90 % a bhaint amach. Is iad an Fhrainc (100 %), an Bheilg (98 %) agus an Spáinn (97,7 %) na tíortha is fearr feidhmíocht. Tá an Rómáin (75,7 %), an tSlóvaic (80,8 %), agus an tSeicia (85,3 %), sa rangú is ísle – féach Fíor 2.2.1. Tháinig méadú 1,3 pointe céatadáin ar mheán an Aontais ón mbliain roimhe sin, cé go raibh laghdú i gceithre thír idir 2022 agus 2023, go háirithe i measc na mBallstát a raibh rannpháirtíocht sách ard acu. Rinneadh dul chun cinn sonrach i mbeagnach gach Ballstát maidir le rannpháirtíocht i measc daoine 3 bliana d'aois a mhéadú, agus shroich an ráta 90,6 % in 2023 (+5.4 pointe céatadáin ó 2015)¹¹⁶. Mar sin féin, is dúshlán fós é rannpháirtíocht a mhéadú i measc daoine 3 bliana d'aois i gcuid acu, agus tá rátaí an-íseal sa Rómáin (68,1 %) agus sa tSlóvaic (68,9 %). Tá ganntanas inacmhainneachta agus acmhainneachta, lena n-áirítear ganntanas foirne, fós ina mbacainní ar rochtain, go háirithe do leanaí óga agus dóibh siúd ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste. Go háirithe, ní ghlacann ach 53 % de leanaí Romacha páirt san oideachas agus cúram na luath-óige, rud atá fós i bhfad faoi bhun mheán an Aontais do gach leanbh, d'ainneoin gur tháinig feabhas thart ar 11 phointe céatadáin air idir 2016 agus 2023¹¹⁷.

Fíor 2.2.1: Tá rannpháirtíocht in oideachas agus cúram luath-óige ag dul i méid fós ar leibhéal an Aontais ach tá éagsúlacht mhór ann ó Bhallstát go chéile

Rannpháirtíocht in oideachas agus cúram na luath-óige ag leanaí idir 3 bliana d'aois agus an aois a dtosaítear ar an oideachas éigeantach bunscoile (%)



Tabhair faoi deara: Sonraí sealadacha do FR in 2023 agus PL in 2022 agus 2023. Tá briseadh sa tsraith i gcás HU in 2023. Níl sonraí i gcomhair 2022 agus 2023 le fáil do EL. Tá an sainmhíniú difriúil do BE agus EL in 2015, HU in 2023 agus PT in 2015, 2022 agus 2023.

Foinse: Eurostat, [[educ_uoe_enra21](#)].

¹¹⁶ Eurostat [[educ_uoe_enrp07](#)].

¹¹⁷ Féach: Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha, [Rights of Roma and Travellers in 13 European countries](#) [Cearta na Romach agus an Lucht Siúil in 13 thír Eorpacha], 2024.

Tá laghdú ag teacht ar luathfhágáil an oideachais agus na hoiliúna ar fud an Aontais ach is dúshlán fós í. In 2024, d'fhág 9,4 % de dhaoine 18-24 bliana d'aois an t-oideachas nó an oiliúint roimh am, ar laghdú 0,2 pointe céatadáin é ó bhí 2023 ann. Tá sé sin 1,7 pointe céatadáin níos ísle ná 10 mbliana roimhe sin, agus rinne cúig thír (an Ghréig, an Spáinn, an Iodáil, Málta agus an Phortaingéil) laghduithe ba mhó ná 5 phointe céatadáin a bhaint amach i gcaitheamh na tréimhse sin. Mar sin féin, ciallaíonn sé sin i gcónaí go bhfuil thart ar 3,1 milliún duine idir 18-24 bliana d'aois san Aontas atá fós dícheangailte ón oideachas agus ón oiliúint gan oideachas meánscoile uachtaraí ar a laghad a bheith bainte amach acu¹¹⁸. Cé go bhfuil sprioc an Limistéir Eorpaigh Oideachais (LEO) bainte amach ag 17 mBallstát cheana féin maidir leis an luathfhágáil a laghdú, is é sin go dtí faoi bhun 9 % faoi 2030, tá gá le tuilleadh dul chun cinn i roinnt Ballstát. Sa Rómáin, sa Spáinn agus sa Ghearmáin, áit a bhfuil an ráta fós os cionn 12 phointe céatadáin, bhí an dul chun cinn a rinneadh le bliain anuas teoranta nó ní dhearnadh aon dul chun cinn le bliain anuas, rud a chiallaíonn go bhfuil na trí thír fós i 'gcás criticiúil' – féach Fíor 2.2.2. Thairfead an Liotuáin an meathlú ba mhó in 2024 (faoi 2,0 pointe céatadáin), agus ina dhiaidh sin an tSlóvaic, Lucsamburg, an Eastóin agus an Chipir, áit ar tháinig méadú 0,9 pointe céatadáin ar a laghad ar sciar na luathfhágálaithe ón oideachas agus ón oiliúint. Tá na cásanna sin 'le faire', mar aon leis an Danmhairg agus an Iodáil, áit a bhfuil na leibhéil fós ró-ard cé nach raibh aon athrú ná laghdú. Ar an taobh eile, ba iad an Chróit, Éire, an Ghréig agus an Pholainn na 'tíortha is fearr' (2,4 %). D'ainneoin treocht beagán dearfach ar an iomlán, ní léir go bhfuil aon chóineasú aníos i measc na mBallstát.

Tá éagsúlacht mhór sna rátaí luathfhágála ar fud grúpaí, agus tá siad thar a bheith ard do dhaoine a rugadh lasmuigh den Aontas, do Romaigh agus do dhaoine faoi mhíchumas. Cé gur tháinig laghdú 1,7 pointe céatadáin ar ráta na mban óg agus na bhfear óg a d'fhág go luath le 10 mbliana anuas, is mó i bhfad an seans go bhfágfaidh fir óga an t-oideachas nó an oiliúint go luath (11,0 %) ná mná óga (7,7 %). Tá an seans go bhfágfaidh daoine óga a rugadh lasmuigh den Aontas nó i mBallstát eile den Aontas go luath i bhfad níos mó (20,1 % agus 18,6 % faoi seach) ná i gcás daoine a rugadh sa Bhallstát den Aontas i gceist (8,2 %)¹¹⁹. Is ábhar inní é go háirithe an cás maidir le Romaigh óga (18-24), ar fhág níos mó ná dhá thrian díobh (64 %) in 2024 an t-oideachas sular bhain siad leibhéal an oideachais meánscoile shinsearaigh amach¹²⁰. Is ábhar inní freisin an cás do dhaoine óga faoi mhíchumas den aoisghrúpa céanna, a mhéadaigh an ráta luathfhágála ina leith de 22,4 % in 2022 go 24,6 % in 2024¹²¹.

¹¹⁸ Ríomhanna AS EAC. Féach an Coimisiún Eorpach, [An Tuarascáil Faireacháin ar Oideachas agus Oiliúint 2025](#). Tagairtí níos déanaí do 'ríomhanna AS EAC'


¹¹⁹ Eurostat [[edat_lfse_02](#)], SFS an Aontais.

¹²⁰ Féach: Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha, [Rights of Roma and Travellers in 13 European countries](#) [Cearta na Romach agus an Lucht Siúil in 13 thír Eorpacha], 2024.

¹²¹ Eurostat [[edat_lfse_04](#)], SFS an Aontais.

Fíor 2.2.2: Tá sciar na luathfhágálaithe ón oideachas agus ón oiliúint ag leanúint de laghdú atá mall, agus tá éagsúlachtaí nach beag ann ó Bhallstát go chéile

Luathfhágálaithe oideachais agus oiliúna (aois 18-24), leibhéal 2024 agus athruithe ón mbliain roimhe sin (% príomhtháscaire an Scórchláir Shóisialta)




Tabhair faoi deara: Tá lár na n-aiseanna dírithe ar mheán neamhualaithe an Aontais. Cuirtear an eochair eolais i láthair san Iarscríbhinn. Tá briseadh sa tsraith le hagaidh BE, BG, DE, EL agus IE. Sonraí ar bheagán iontaofachta i gcás HR agus LU.

Foinse: Eurostat [[edat_lfse_14](#)], SFS an Aontais.

Tá éagothromaíochtaí réigiúnacha maidir le luathfhágáil an oideachais agus na hoiliúna suntasach idir na Ballstáit agus laistigh díobh freisin. Ar fud an Aontais, tá an ráta réigiúnach idir 1,2 % (in Kentriki Makedonia sa Ghréig) agus 26,2 % (in Sud-Est sa Rómáin), rud a léiríonn an éagsúlacht mhór atá á ceilt ag figiúirí ar leibhéal na mBallstát. Tá éagsúlacht shuntasach ann freisin ar fud na réigiún laistigh den Bhallstát céanna, mar shampla sa Bhulgáir, sa Fhrainc, san Ungáir, sa Phortaingéil, sa Rómáin agus sa Spáinn (féach Fíor 1 in Iarscríbhinn 5), lena n-áirítear na réigiúin is forimeallaí. I mBallstát amháin, tá an raon is leithne idir réigiúin idir 5,0 % agus 26,0 %. Os a choinne sin, ar leibhéal na mBallstát téann an raon ó 2,0 % go 16,8 %. Tá rátaí ag líon beag Ballstát atá faoi bhun na sprice 9 % ar leibhéal an Aontais sna réigiúin uile. Mar sin féin, sna Ballstáit a fheidhmíonn go maith ar an iomlán, tá deis ann fós an éagsúlacht réigiúnach a laghdú. Thairis sin, bíonn tionchar ag an suíomh, agus is lú an seans go bhfágfaidh daoine óga atá ina gcónaí i gcathracha go luath (8,3 %) ná iad siúd atá ina gcónaí i mbailte agus i mbruachbhailte (10,3 %) agus i gceantair thuaithe (10,1 %).

Fíor 2.2.3: Tháinig méadú suntasach ar thearcghnóthachtáil sa mhatamaitic ar fud na mBallstát ar fad, agus tháinig laghdú ar an bhfeidhmíocht is fearr

Mic léinn nach mbaineann Leibhéal 2 amach sa mhatamaitic (ais ar chlé) agus a bhaineann Leibhéal 5 ar a laghad amach (ais ar dheis) in 2018 agus 2022 (%)



Tabhair faoi deara: Ní mór a bheith cúramach agus sonraí 2022 á léirmhíniú i gcás DK, IE, LV agus NL toisc nár comhlíonadh caighdeán samplála PISA amháin nó níos mó.

Foinse: ECFE, PISA 2018, 2022; Ríomhanna AS EAC.

Tá méadú tagtha ar thearcghnóthachtáil i mbunscileanna ar fud an Aontais, agus tá treochtaí inníocha ann maidir le feidhmíocht mac léinn sa mhatamaitic De réir torthaí ón gClár

Idirnáisiúnta um Measúnú Daltaí (PISA) is déanaí de chuid ECFE, idir 2018 agus 2022, tháinig méadú 6,6 pointe céatadáin ar sciar na ndaoine 15 bliana d'aois a bhfuil leibhéal íseal bainte amach acu sa mhatamaitic, rud a shroich an leibhéal is airde riamh de 29,5 % – féach Fíor 2.2.3. Tá sé sin níos airde ná an 26,2 % a taifeadh sa léitheoireacht agus an 24,2 % san eolaíocht, ar tháinig fás 3,7 pointe céatadáin agus 2 phointe céatadáin orthu, faoi seach. Tá an bhearna feidhmíochta ar fud na mBallstát mór. Sa mhatamaitic, is ísealghnóthachtálaithe iad níos mó ná 45 % de mhic léinn sa Bhulgáir, sa Chipir, sa Rómáin agus sa Ghréig. Is í an Eastóin amháin a bhfuil sprioc 2030 ar leibhéal an Aontais bainte amach aici cheana féin maidir le tearcghnóthachtáil a choinneáil faoi bhun 15 %. Mar aon leis sin, tá an fheidhmíocht is fearr tar éis titim ar bhealach níos géire sa mhatamaitic i gcomparáid leis an léitheoireacht ná an eolaíocht. In 2018, shroich 11 % de mhic léinn an Aontais na leibhéil PISA is airde sa mhatamaitic, ach thit an sciar sin go 7,9 % in 2022. Tá an raon anois idir 2,0 % amháin sa Ghréig agus 15,4 % san Ísiltír. Sa léitheoireacht, ní raibh an laghdú chomh mór (ó 8,1 % go 6,5 %), agus d'fhás an fheidhmíocht is fearr san eolaíocht beagán. Le feidhmíocht na mac léinn atá ag titim, ardaítear inní faoi iad a ullmhú go leordhóthanach don staidéar agus don mhargadh saothair ina dhiaidh sin.


Tuairiscítear dúshlán i gcónaí sa litearthacht agus san uimhearthacht aosach. I measc daoine fásta, tá laghdú tagtha ar thuiscint léitheoireachta le 10 mbliana anuas, de réir sonraí a bailíodh sna 17 mBallstát a ghlac páirt i gClár ECFE um Measúnú Idirnáisiúnta ar Inniúlachtaí Daoine Fásta (PIAAC) in 2013 agus 2023. Cé gur fhan scileanna uimhearthachta cobhsaí, measadh gur gníomhaithe ísle sa litearthacht agus san uimhearthacht araon a bhí i mbeagnach duine as gach cúigear daoine fásta in 2023. Tá scileanna matamaitice tábhachtach d'iomaióchas agus d'acmhainneacht nuálaíochta na hEorpa amach anseo. Is céim thábhachtach í feidhmíocht sa mhatamaitic ar leibhéal na scoile chun staidéar a dhéanamh ar ábhair ETIM ar leibhéal níos airde agus chun aghaidh a thabhairt ar ghanntanais i bpríomhearnálacha ETIM – féach Bosca Cholún 2. Cuireann na torthaí seo béim ar an ngá atá le bunscileanna a fheabhsú ag gach aois.

Bosca Cholún 2: Aontas na Scileanna i bhfócas – Scileanna a fhorbairt, uas-sciliú agus athsciliú daoine fásta

Tá scileanna ríthábhachtach chun an lucht saothair a ullmhú agus a chumhachtú agus chun príomhspreagadh a thabhairt don táirgiúlacht, don nuálaíocht, don iomaíocht agus don athléimneacht, ach tá dúshlán choiteanna roimh na Ballstáit maidir le daoine a bhfuil na scileanna riachtanacha acu a aimsiú. Tá ganntanais saothair agus scileanna á spreagadh ag tosca éagsúla, lena n-áirítear an t-athrú déimeagrafach, riachtanais nua scileanna a bhaineann le forbairtí teicneolaíochta agus dícharbónú an gheilleagair, chomh maith le drochdhálaí oibre i roinnt earnálacha agus gairmeacha¹²². Thairis sin, na hathruithe geopholaitiúla atá ann faoi láthair, lena n-áirítear riachtanais mhéadaithe chosanta agus slándála, agus an claochlú tionsclaíoch, meastar go gcuirfidh siad tuilleadh brú. Chun aghaidh a thabhairt ar na dúshlán sin, tá gealltanais tugtha ag an gCoimisiún Eorpach straitéis uileghabhálach scileanna ar leibhéal an Aontais a fhorbairt tuilleadh faoi Aontas na Scileanna. I gceann dá phríomhcholúin díreann ar uas-sciliú agus athsciliú. Is é is aidhm dó, mar aon le cuspóirí eile, tuilleadh tacaíochta a thabhairt do chuntais foghlama aonair (ILAnna), buiséad oiliúna pearsanta do gach duine fásta, úsáid micridhintiúir a leathnú, agus Ráthaíocht Scileanna a phiolótú chun cabhrú le hoibrithe aistriú ó earnálacha atá ag meath go hearnálacha atá ag fás, mar thoradh ar an aistriú digiteach agus ar an aistriú glas freisin. Le gníomhaíocht amháin, is é sin gníomhaíochtaí piarfhoghlama maidir le spásanna foghlama nuálacha, díreann go díreach ar fhorbairt bunscoileanna mar bhonn don fhoghlaím bhreise.

Tá laghdú tagtha ar inniúlacht litearthachta daoine fásta a fhad is atá a n-inniúlacht uimhearthachta cobhsaí den chuid is mó, agus tá titim níos mó ann i dtíortha ina bhfuil rannpháirtíocht íseal san fhoghlaím aosach

Athrú ar scóir litearthachta agus uimhearthachta i measc daoine fásta (16-65) idir 2013 agus 2023 (pointí céatadáin, ais chlé) agus rannpháirtíocht san fhoghlaím aosach (% de dhaoine fásta, ais dheis)



Foinse: Suirbhé ar Inniúlachtaí Daoine Fásta, ECFE (2023).

Notáí: Is asbhaint speisialta iad na sonraí maidir le rannpháirtíocht san oideachas agus san oiliúint atá ailínithe le sainmhíniú AES agus AE-SFS; Ní chumhdaíonn BE ach amháin Flóndras.

¹²² In 2024, ba iad ceirdeanna, an earnáil sláinte agus an fáilteachas na gairmeacha is forleithne ina raibh ganntanas oibrithe. Féach An tÚdarás Eorpach Saothair, [EURES Report on labour shortages and surpluses 2024](#) [Tuarascáil EURES ar ghanntanais agus barrachais saothair 2024], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg 2025 agus na doiciméid ghaolmhara.

Tá laghdú ag teacht ar bhunscileanna daoine fásta san Aontas, agus tá tionchar diúltach aige sin ar ghanntanais scileanna agus ar chumas oibríthe dul in oiriúint do riachtanais mhargadh an tsaothair trí uas-sciliú agus athsciliú. Tá rannpháirtíocht daoine fásta san fhoghlaím rithabhachtach chun a áirithiú gur féidir leis an daonra atá ag dul in aois agus leis an lucht saothair ar bhonn níos leithne coinneáil suas leis an margadh saothair atá ag athrú go tapa. Sin an fáth a bhfuil gealltanais tugtha ag Ballstáit an Aontais gur cheart do 60 % ar a laghad de dhaoine fásta páirt a ghlacadh san fhoghlaím gach bliain faoi 2030. Tá tábhacht ar leith ag baint leis sin toisc go léiríonn fianaise go bhfuil laghdú ag teacht ar na bunscileanna i measc an daonra fhásta (féach an Fíor)¹²³. Le 10 mbliana anuas, tá laghdú tagtha ar inniúlacht litearthachta i measc daoine fásta sna 17 mBallstát den Aontas a ndearnadh suirbhé orthu, agus d’fhan inniúlacht uimhearthachta cobhsaí den chuid is mó. Mar thoradh air sin, meastar go bhfuil feidhmíocht íseal ag thart ar dhuine fásta amháin as gach cúigear san Aontas sa litearthacht agus san uimhearthacht araon in 2023. Bhain mná amach scór níos airde sa litearthacht, agus bhain fir scór níos airde amach san uimhearthacht agus i réiteach fadhbanna oiriúnaitheacha. Ina theannta sin, bhí rannpháirtíocht san fhoghlaím aosach níos ísle i dtíortha a bhfuil laghdú suntasach tagtha ar a scileanna litearthachta agus uimhearthachta¹²⁴.

Leagann Aontas na Scileanna béim ar a thábhachtaí atá sé aghaidh a thabhairt ar an easpa scileanna i measc daoine fásta agus leagann sé amach bearta chun tacú le huas-sciliú agus athsciliú agus chun iad a spreagadh. Tá roinnt Ballstát ag déanamh tástáil phiolótach ar CFAnna mar chur chuige i leith na hoiliúna atá dírithe ar an éileamh. Tairgeann an **Laitvia** CFAnna cistithe suas le EUR 500 agus tairseach aonair ar líne chun rochtain ar oiliúint a fheabhsú. Tá micridhintiúir ag teacht chun cinn mar roghanna solúbtha le haghaidh oideachas leanúnach. Tá creat náisiúnta le haghaidh micridhintiúir á phiolótú ag **Lucsamburg** ar leibhéal na hollscoile le haghaidh oideachas leanúnach, i gcomhar le gníomhaireacht creidiúnaithe na hÍsiltíre agus na Pléimeannach. Chun scileanna a ailíniú le riachtanais mhargadh an tsaothair, tá roinnt tíortha ag cur feabhas ar a bpróisis chun eolas agus scileanna, chomh maith le faisnéis scileanna, a mheasúnú agus a aithint. Tá a liosta gairmeacha tugtha cothrom le dáta ag an **mBulgáir** agus béim á leagan aici ar scileanna glasa agus digiteacha i gcomhthéacs athchóiriú níos leithne ar an ngairmoideachas agus ar an ngairmoiliúint mar chuid den phlean téarnaimh agus athléimneachta, agus cumasaíonn an **Ghearmáin** anois scileanna gairmiúla a fuarthas go seachfhoirmiúil a dheimhniú faoina Gníomh um an ngairmoideachas agus an ghairmoiliúint.

¹²³ Féach ECFE, [Do Adults Have the Skills They Need to Thrive in a Changing World?: Survey of Adult Skills 2023](#), Staidéar Scileanna ECFE, Foilsitheoireacht ECFE, Páras, 2024.

¹²⁴ Féach ECFE, [Trends in Adult Learning: New Data from the 2023 Survey of Adult Skills](#), Getting Skills Right, OECD Publishing, Páras, 2025.

D’ainneoin iarrachtaí suntasacha na mBallstát, tá méadú ag teacht ar neamhionannais oideachais de réir mar atá laghdú tagtha ar an ngnóthachtáil i measc daltaí atá faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíoch. Cé gur cheart do chórais oideachais agus oiliúna soghluaisteacht shóisialta idirghlúine a chur chun cinn trí ghnóthachtáil oideachais a dhíchúpláil ón gcúlra socheacnamaíoch, deimhníodh i dtorthaí shuirbhé PISA 2022 roinnt treochtaí inníocha. Tá an cúlra socheacnamaíoch fós ina réamhtháscaire láidir maidir le torthaí oideachais san Aontas agus bíonn tearcghnóthachtáil i bhfad níos minice i measc daltaí faoi mhíbhuntáiste ná i measc a bpiaraí a bhfuil buntáiste acu¹²⁵. Thairis sin, ní raibh sciar na ndaltaí ó chúlraí socheacnamaíocha faoi mhíbhuntáiste a fheidhmíonn go maith i mbunscileanna (i.e. a shroicheann leibhéal 4 ar a laghad ar scála PISA in aon cheann de na réimsí léitheoireachta, matamaitice nó eolaíochta) ach ag 16.3 % in 2022, síos ó 20,8 % in 2018 agus 21,1 % in 2015 – féach Fíor 2.2.4¹²⁶. Thit an sciar sin i mbeagnach gach Ballstát i gcaitheamh na tréimhse sin. Sna tíortha is fearr feidhmíocht, an Eastóin, an Fhionlainn agus Éire, ní raibh sciar na mac léinn ó chúlra faoi mhíbhuntáiste a bhí ag feidhmiú go maith i bhfad níos airde ná 25 % in 2022. I gcomparáid leis sin, ar fud an Aontais, d’éirigh go maith le 59,0 % de dhaltaí ó chúlraí a bhfuil buntáiste acu i mbunscileanna. Chun an dul chun cinn maidir le héagothromaíochtaí struchtúracha a rianú, mhol an Coimisiún táscaire cothromais nua agus sprioc 2030 bunaithe ar thorthaí maithe mac léinn faoi mhíbhuntáiste i dtástáil PISA. Ar leibhéal an Aontais, is é an aidhm atá ann go mbeidh leibhéal 4 nó níos airde bainte amach ag 25 % ar a laghad de dhaltaí faoi mhíbhuntáiste i réimse amháin¹²⁷.


¹²⁵ An Coimisiún Eorpach, [The twin challenge of equity and excellence in basic skills in the EU](#) [Dúshlán dubailte an chothromais agus an bharr feabhais i mbunscileanna san Aontas Eorpach], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2024.

¹²⁶ In PISA, gabhtar é sin le hinnéacs an stádais eacnamaíoch, shóisialta agus chultúrtha (ESCS). Sa chatagóir ‘cúlra socheacnamaíoch faoi bhuntáiste’ tá 25 % de na mic léinn uile a bhfuil na scóir ESCS is airde acu sa tír ar leith, ach sa chatagóir ‘cúlra socheacnamaíoch faoi mhíbhuntáiste’ tá 25 % de na mic léinn uile a bhfuil na scóir ESCS is ísle acu.

¹²⁷ An Coimisiún Eorpach: An Ard-Stiúrthóireacht um Oideachas, an Óige, Spórt agus Cultúr, [Interim Evaluation of the 2021-2030 European Education Area strategic framework – Report from the Commission to the European Parliament, the Council, the European Economic and Social Committee and the Committee of the Regions](#) [Meastóireacht eatramhach ar chreat straitéiseach an Limistéir Eorpaigh Oideachais 2021-2030 – Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2025.

Fíor 2.2.4: Tá laghdú tagtha ar bhunscileanna i measc daltaí faoi mhíbhuntáiste le 10 mbliana anuas

Mic léinn ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste a bhaineann leibhéal 4 nó níos airde amach sa léitheoireacht, sa mhatamaitic nó san eolaíocht (%)



Tabhair faoi deara: Ní mór a bheith cúramach agus sonraí 2022 á léirmhíniú i gcás DK, IE, LV agus NL toisc nár comhlíonadh caighdeán samplála PISA amháin nó níos mó. Níor ghlac LU páirt ach in PISA 2018.

Foinse: ECFE PISA 2015, 2018, 2022; Ríomhanna AS EAC.

Is cúis inmí iad leibhéil ísle litearthachta digítí agus inniúlachtaí sibhialta i measc daltaí, go háirithe i gcomhthéacs bréagaisnéis a scaipeadh. Tá gealltanas tugtha ag an Aontas cion na mac léinn tearcghnóthachtála san ochtú grád (13-14 bliana d’aois) sna hinniúlachtaí digiteacha a laghdú go dtí faoi bhun 15 % faoi 2030. Sna 22 thír den Aontas a ghlac páirt sa Staidéar Idirnáisiúnta ar Litearthacht Ríomhaireachta agus Faisnéise (ICILS) in 2023, scórálaíonn 42,5 % de mhic léinn faoi bhun na híostairsí ábaltachta sa litearthacht ríomhaireachta agus faisnéise. Tá roinnt tíortha, amhail an tSeicia (28,0 %) agus an Danmhairg (32,2 %), ag druidim leis an sprioc, agus tá tíortha eile, amhail an Rómáin (74,0 %) agus an Ghréig (60,4 %), i bhfad chun deiridh. Mar gheall ar dhul chun cinn tapa teicneolaíochta, amhail IS giniúnach, mar aon le polarú atá ag dul i méid agus scaipeadh na bréagaisnéise agus na mífhaisnéise, tá sé níos tábhachtaí ná riamh scileanna saoránachta a chothú go luath. In 2022, léirigh 63,1 % de lucht gráid a hocht san oideachas scoile ginearálta leibhéal leordhóthanach inniúlachta sibhialta ar an meán i measc na mBallstát atá rannpháirteach sa Staidéar Idirnáisiúnta ar an Oideachas Saoránachta agus Saoránachta (ICCS)¹²⁸, agus thuairiscigh roinnt Ballstát gur bhain os cionn 70 % de mhic léinn leibhéal leordhóthanach inniúlachta sibhialta amach agus thuairiscigh cinn eile leibhéal faoi bhun 50 %. Tuigeanann mic léinn a bhfuil leibhéal leordhóthanach acu institiúidí daonlathacha, córais dhaonlathacha, prionsabail dhaonlathacha agus cleachtais rannpháirtíochta dhaonlathacha. Cuireann sé sin ar a gcumas cúis a thabhairt faoi shaincheisteanna sibhialta agus páirt ghníomhach a ghlacadh sa saol daonlathach.

¹²⁸ Is iad seo a leanas na rannpháirtithe: BG, DK, DE, EE, ES, FR, HR, IT, CY, LV, LT, MT, NL, PL, RO, SI, SK, SE.

Is é is aidhm don ghairmoideachas agus don ghairmoiliúint foghlaimoirí a ullmhú don mhargadh saothair, cé gur tháinig laghdú ar ráta fostaíochta na gcéimithe nua den chéad uair ó bhí 2020 ann. Cuireann an gairmoideachas agus an ghairmoiliúint oiliúint ar fáil do go leor gairmeacha a bhfuil ganntanas leanúnach iontu agus atá rithábhachtach d'iomaíochas agus d'ullmhacht na hEorpa – féach freisin Bosca Cholún 3. In 2024, bhí taithí ag beagnach dhá thrían (65.2 %) de chéimithe gairmoideachais agus gairmoiliúna meánleibhéil le déanaí (idir 20-34 bliana d'aois) san Aontas ar fhoghlaím obairbhunaithe mar chuid dá gcuraclam¹²⁹. Is sárú é an ráta sin ar sprioc 2025 ar leibhéal an Aontais de 60 % ar a laghad¹³⁰. Mar sin féin, tá difríochtaí móra agus leanúnacha ann ar fud na dtíortha. Glacann beagnach gach céimí (os cionn 90 %) páirt san fhoghlaím obairbhunaithe sa Ghearmáin, san Ísiltír agus sa Spáinn. Os a choinne sin, is beag céimí gairmoideachais agus gairmoiliúna a fuair foghlaim obairbhunaithe mar chuid dá gcuraclam gairmoideachais agus gairmoiliúna sa Rómáin, sa tSeicia nó sa Ghréig¹³¹. Tháinig laghdú ar ráta fostaíochta céimithe gairmoideachais agus gairmoiliúna le déanaí ó 80,9 % in 2023 go 80.0 % in 2024. Is céim ar gcúl é sin i bhfianaise na sprice 82 % ar a laghad a bhaint amach faoi 2025¹³². Bhí an titim níos mó i gcás céimithe ón oideachas meánleibhéil a bhfuil treoshuíomh ginearálta acu (ó 67,8 % go 62,8 %) agus i gcás céimithe a d'fhág an t-oideachas sular chríochnaigh siad an t-oideachas meánscoile uachtaraí (ó 61,9 % go 52,1 %) – bhí éagsúlacht shuntasach ó Bhallstát go chéile ina saintréith sa dá chás. Céimithe gairmoideachais agus gairmoiliúna le déanaí a bhfuil taithí acu ar fhoghlaím obairbhunaithe, is mó i bhfad an seans go mbeidh siad fostaithe (84,4 %) ná iad siúd nach bhfuil an taithí sin acu (67,9 %).

¹²⁹ Eurostat, [[tps00215](#)].

¹³⁰ Leagadh síos an sprioc sa Mholadh ón gComhairle an 24 Samhain 2020 maidir le gairmoideachas agus gairmoiliúint le haghaidh an iomaíochais inbhuanaithe, na cothroime sóisialta agus na hathléimneachta.


¹³¹ Sonraí a luaitear mar 'iontaofacht íseal' don Ghearmáin, don Laitvia, do Mhálta, don Pholainn agus don Fhionlainn.

¹³² Leagadh síos an sprioc sa Mholadh ón gComhairle an 24 Samhain 2020 maidir le gairmoideachas agus gairmoiliúint le haghaidh an iomaíochais inbhuanaithe, na cothroime sóisialta agus na hathléimneachta.

Tá méadú mór tagtha ar líon na ndaoine óga a bhfuil céim threasach acu san Eoraip, arb é rochtain níos leithne ar ollscoil agus éileamh méadaitheach ar scileanna ardleibhéil i margadh an tsaothair is cúis leis. Le 10 mbliana anuas, tá méadú suntasach tagtha ar mheánsciar na ndaoine idir 25-34 bliana d’aois a bhfuil céim threasach acu go 44,1 %, agus tá méadú 1 phointe céatadán tagtha orthu le bliain anuas gan trácht ar bhliain ar bith eile – féach Fíor 2.2.5. Is toisc chriticiúil é an ráta toraidh measta ar oideachas sa chinneadh ardoideachas a shaothrú, agus tá an toisc sin ina spreagadh cobhsaí le 10 mbliana anuas, d’ainneoin méadú suntasach ar líon na ndaoine ardoilte¹³³. In 2024, ba é 5,2 % an ráta dífhostaíochta do dhaoine idir 25 agus 34 bliana d’aois a bhfuil oideachas treasach acu, i gcomparáid le 6,7 % dóibh siúd a bhfuil gnóthachtáil oideachais meánscoile uachtaraí acu agus 15,3 % do leibhéil níos ísle gnóthachtála oideachais. Ina theannta sin, tuilleann oibrithe a bhfuil oideachas treasach acu 52 % níos mó ná iad siúd a bhfuil gnóthachtáil oideachais meánscoile uachtaraí acu. Cé go bhfuil leibhéil fostaíochta níos airde ag daoine a bhfuil oideachas treasach acu, tháinig laghdú ar rátaí fostaíochta céimithe nua ón oideachas treasach, ó 87,6 % in 2023 go 86,7 % in 2024. Is féidir an titim seo a fheiceáil ar fud gach leibhéal oideachais agus d’fhéadfadh sé go dtiocfadh laghdú ar fhostú do phoist leibhéal iontrála.

Fíor 2.2.5. Tá méadú tagtha ar chion na n-aosach óg a bhfuil oideachas treasach acu le 10 mbliana anuas

Cion na ndaoine (25-34 bliana d’aois) a bhfuil céim oideachais threasaigh acu (ISCED 5-8, %)



Notat: Tá briseadh sa tsraith le haghaidh BG in 2024, le haghaidh SI in 2023 agus le haghaidh LU in 2015.
Foinse: Eurostat, [edat lfse 03].

¹³³ Féach [Education and Training Monitor 2025](#) [Faireachán ar Oideachas agus Oiliúint 2024], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh.

Is príomhthosaíocht i gcónaí é borradh a chur faoi shoghluaisteacht mac léinn agus céimithe ardoideachais chun scileanna a fheabhsú agus deiseanna a leathnú, ach tá laghdú ag teacht air le blianta beaga anuas. Tháinig laghdú 2,3 pointe céatadán ar an ráta soghluaisteachta amach¹³⁴ idir 2020 agus 2023. Ní raibh soghluaisteacht foghlama de chineál éigin ach ag 11,2 % de na 4 mhilliún céimí oideachais threasaigh a tháinig ó thíortha an Aontais in 2023, agus chuaigh 4,5 % ar aghaidh le haghaidh céim iomlán ar an gcoigríoch agus chuaigh thart ar 6.6 % ar aghaidh le haghaidh soghluaisteacht chreidmheasa¹³⁵. Dá réir sin, tá an mheán-soghluaisteacht amach i measc céimithe san Aontas fós i bhfad faoi bhun na sprice 23 % a leagadh síos do 2030. Tá roinnt teorainneacha sonraí fós ann, áfach, rud a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le gannmheastachán ar an dul chun cinn i dtreo an sprioc a bhaint amach, cuir i gcás tuairisciú neamhiomlán ar shoghluaisteacht a mhaireann níos lú ná 3 mhí¹³⁶. Mar chuid d'Aontas na Scileanna, cuidíonn tionscnamh píolótach 'An Eoraip a Roghnú don Eolaíocht' le hidirnáisiúnú institiúidí ardoideachais trí thacú le heagraíochtaí acadúla agus neamhacadúla chun taighdeoirí iardhochtúireachta a earcú.

Tá an ganntanas oibrithe oilte atá ag dul i méid san Eoraip tagtha chun cinn mar bhagairt mhór don rathúnas agus don iomaíochas. Tá an ganntanas foirne oilte ar cheann de na príomhbhacainní ar infheistíocht in 2024, agus luaigh 77 % de ghnólachtaí gur srian é¹³⁷. Tá an fhadhb le sonrú go háirithe san fhoirgníocht agus sa mhonaraíocht, áit a mbaineann scrogaill saothair an bonn d'acmhainneacht an Aontais dlús a chur leis an aistriú glas agus le hacmhainneacht fáis araon. Leagadh béim ar thábhacht straitéiseach scileanna do rathúnas agus d'iomaíochas na hEorpa i dTuarascáil Enrico Letta maidir le Todhchaí an Mhargaidh Aonair agus i dTuarascáil Mario Draghi maidir le hIomaíochas an Aontais¹³⁸ araon. Chun aghaidh a thabhairt ar an dúshlán sin, tá gá le hiarrachtaí mórsála uas-scilithe agus athscilithe ar fud lucht saothair an Aontais. Is príomhghné é sin d'Aontas na Scileanna, straitéis chuimsitheach scileanna a glacadh i mí an Mhárta 2025 mar chuid de Chompás Iomaíochais an Aontais.

¹³⁴ Is é an ráta soghluaisteachta amach i dtír líon na gcéimithe céime agus na gcéimithe creidmheasa soghluaiste ón tír sin arna roinnt ar líon na gcéimithe de thionscnamh na tíre.

¹³⁵ Ríomhanna AS EAC.

¹³⁶ Féach lch. 61 den [Education and Training Monitor 2024](#) [An Tuarascáil Faireacháin ar Oideachas agus Oiliúint 2024], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh.


¹³⁷ Bunaithe ar Shuirbhé Infheistíochta BEI. Níl tuairisciú ó ghnólachtaí níos airde ach amháin maidir le 'éiginnteacht faoin todhchaí' níos airde le 79 % agus 'costais fuinnimh' le 77 %.

¹³⁸ [Much more than a market](#) [Margadh thar an gCoitiantacht], Enrico Letta, mí Aibreáin 2024; [The future of European competitiveness](#) [Todhchaí iomaíochas na hEorpa], Mario Draghi, mí Mheán Fómhair 2024.

Tá mímhéaitseálacha scileanna ar an leibhéal maicreacnamaíoch fós ag titim ar fud an Aontais ach tá siad éagsúil ó Bhallstát go chéile. Leis an táscaire maidir le mímhéaitseál scileanna maicreacnamaíoch, léirítear a mhéad nach dtagann an soláthar scileanna leis an éileamh atá orthu ar fud an lucht saothair¹³⁹. Go háirithe, cuirtear i dtábhacht an deacracht níos airde a bhíonn ag daoine a bhfuil leibhéil oideachais éagsúla acu agus iad ag iarraidh dul isteach sa mhargadh saothair. Ó bhí 2014 ann, tá laghdú ag teacht ar an táscaire i bhformhór na mBallstát, agus é á spreagadh den chuid is mó ag leibhéil ghnóthachtála oideachais atá ag dul i méid. Mar sin féin, bhí mímhéaitseálacha scileanna maicreacnamaíocha fós ard (os cionn 23 %) i dtíortha áirithe in 2024, lena n-áirítear an Iodáil, an Bheilg, an Chróit agus an Pholainn, i bhfad os cionn mheán an Aontais de 19,2 % – féach Fíor 2.2.6. Os a choinne sin, tá na rátaí is ísle á léiriú ag an Ostair, an Danmhairg, an Ghearmáin agus An Ísiltír, le figiúirí faoi bhun 15 %. Ar an iomlán, d’fhéadfadh ganntanais agus mímhéaitseálacha scileanna a bheith nasctha le dúshlán maidir le cáilíocht, cothromas agus ábharthacht na gcóras oideachais agus oiliúna don mhargadh saothair, chomh maith le ganntanais lucht saothair leanúnacha. Trí ghnóthachtáil ardoideachais a chur chun cinn agus trí thacaíocht d’uas-sciliú agus d’athsciliú a neartú, d’fhéadfaí soláthar scileanna a ailíniú ar bhealach níos fearr le héilimh mhargadh an tsaothair.

Fíor 2.2.6: Tá mímhéaitseál scileanna ar an leibhéal maicreacnamaíoch fós ag titim ar fud an Aontais ach tá siad éagsúil ó Bhallstát go chéile

Scaipeadh coibhneasta rátaí fostaíochta na n-oibrithe ag a bhfuil leibhéil oideachais dhifriúla, arna ualú de réir sciar gach grúpa sa daonra iomlán atá in aois oibre (20-64 bliana d’aois)



Tabhair faoi deara: Cuirtear i dtábhacht leis an táscaire sin an deacracht a bheith níos airde, ar bhonn coibhneasta, ag daoine ag a bhfuil leibhéal íseal cáilíochtaí agus meánleibhéal cáilíochtaí chun dul isteach sa mhargadh saothair, i gcomparáid le daoine ardcháilithe.


Foinse: Ríomhanna AS na Fostaíochta bunaithe ar shonraí Eurostat, [[lfsg_egaed](#); [lfsg_pgaed](#); [lfsg_agaed](#)], SFS an Aontais.

¹³⁹ Leis an táscaire maidir le mímhéaitseál scileanna maicreacnamaíocha, tomhaistear scaipeadh coibhneasta rátaí fostaíochta na n-oibrithe ag a bhfuil leibhéal éagsúil gnóthachtála oideachais (íseal, meánach agus ard), arna ualú de réir sciar gach grúpa sa daonra iomlán in aois oibre (20-64 bliana d’aois). Féach an Coimisiún Eorpach, [Analytical web note – Measuring skills mismatch](#) [Nóta gréasáin anailíseach – Mímhéaitseál scileanna a thomhas]. 7/2015, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2015.

Tá rannpháirtíocht san fhoghlaim aosach sách íseal agus tá éagsúlacht mhór ann ó Bhallstát go chéile. Leis na figiúirí is déanaí ón Suirbhé ar an Oideachas Aosach (AES), léirítear go bhfuil méadú beag ar sciar na ndaoine fásta atá rannpháirteach san fhoghlaim san Aontas (gan oiliúint theoraithe ar an láthair oibre a áireamh), ó 37,4 % in 2016 go 39,5 % in 2022, ráta atá go mór faoi bhun phríomhspríoc an Aontais do 2030, mar atá, 60 % – féach Spriobhosca 2 maidir le Scileanna – agus go bhfuil éagothromaíochtaí leathana ann ó Bhallstát go chéile. Tuairiscíodh na rátaí rannpháirtíochta is airde sa tSualainn, san Ungáir, san Ísiltír agus sa Ghearmáin, rud a d’fhág gurb iad ‘na tíortha is fearr’ – féach Fíor 2.2.7. Chonacthas méaduithe ba mhó ná 6.8 bpointe céatadáin sna tíortha sin uile idir 2016 agus 2022, seachas an Ísiltír inar tháinig laghdú 1 phointe céatadáin ar rannpháirtíocht. Ós a choinne sin, chonacthas leibhéil rannpháirtíochta an-íseal sa Bhulgáir, sa Ghréig, sa Rómáin, sa Pholainn agus sa tSeicia, a bhfuil ‘cásanna criticiúla’ iontu sin uile, rud a léiríonn éagothromaíochtaí san Aontas. Bhí na leibhéil faoi bhun 30 % freisin agus ‘le faire’ sa Chróit, sa Chipir, sa Liotuáin, san Iodáil agus sa tSlóivéin.

Fíor 2.2.7: Níor tháinig ach méadú beag ar foghlaim aosach ó bhí 2016 ann, agus tá éagsúlacht mhór ann ó Bhallstát go chéile

Ráta rannpháirtíochta daoine fásta (25-64 bliana) san fhoghlaim le 12 mhí anuas, leibhéil 2022 agus athruithe ó 2016 (% , príomhtháscaire an Scórchláir Shóisialta)



Tabhair faoi deara: Tá lár na n-aiseanna dírithe ar mheán neamhualaithe an Aontais. Cuirtear an eochair eolais i láthair san Iarscribhinn. I mí Mheán Fómhair 2024, tháinig Grúpa Táscairí an Choiste Fostaíochta ar chomhaontú sealadach maidir leis an gcreat faireacháin le aghaidh na sprice maidir le scileanna, agus úsáid á baint as sonraí ón Suirbhé ar an Oideachas Aosach gan oiliúint theoraithe ar an láthair oibre a chur san áireamh. Féach freisin [Tuarascáil Bhliantúil 2024 ar Fheidhmíocht Fostaíochta](#). Ríomhtar an t-athrú go 2022 i ndáil le luach 2016, an ceann deireanach a bhí ar fáil roimh 2022. Briseadh san amsraith in 2022 le haghaidh FR, IT agus RO.


Foinse: Eurostat [asbhaint speisialta ón Suirbhé ar an Oideachas Aosach, ráta rannpháirtíochta daoine fásta san fhoghlaim le 12 mhí anuas gan oiliúint theoraithe ar an bpost \(GOJT\)](#).

Spriobhosca 2: Dul chun cinn i dtreo sprioc 2030 maidir leis an bhfoghlaim aosach

Níl ach méadú beag tagtha ar rannpháirtíocht san fhoghlaím aosach, rud a fhágann go bhfuil gá le hiarrachtaí suntasacha chun príomhspríoc an Aontais a bhaint amach faoi 2030. De réir an tSuirbhé ar Oideachas Aosach (AES), tháinig méadú ar ráta rannpháirtíochta an Aontais (gan oiliúint threoraithe ar an láthair oibre a áireamh) ó 37.4 % in 2016 go 39.5 % in 2022 (féach an Fíor thíos)¹⁴⁰. Léiríonn sonraí ón Suirbhé ar an bhFórsa Saothair (SFS) méadú foriomlán ar rannpháirtíocht san fhoghlaím aosach idir 2022 agus 2024. Ní leor an treocht éadrom sin chun príomhspríoc an Aontais a bhaint amach, is é sin go mbeidh 60 % de dhaoine fásta rannpháirteach san fhoghlaím gach bliain faoi 2030. Tá dul chun cinn brostaithe ríthábhachtach chun an lucht saothair a chumasú le haghaidh riachtanais scileanna atá ag athrú, chun ganntanais saothair agus scileanna a mhaolú agus chun iomaíochas agus cuimsitheacht a chaomhnú.

Ní leor an dul chun cinn san fhoghlaím aosach chun príomhspríoc an Aontais do 2030 a bhaint amach

Ráta rannpháirtíochta daoine fásta san fhoghlaím le 12 mhí anuas in AE-27 agus príomhspríoc an Aontais do 2030 (25-64, %)



Tabhair faoi deara: Ba chleachtadh píolótach samplach mór é suirbhé AES 2007 a rinneadh ar bhonn deonach i ngach Ballstát, seachas Éire agus Lucsamburg, idir 2005 agus 2008. Ar an mbonn sin, cuireadh coigeartuithe chun feidhme sa chéad rabharta eile. Ó 2011 ar aghaidh, tá gníomh dlí Eorpach mar bhonn taca le AES agus, dá bhrí sin, cuirtear i gcrích é sna Ballstáit uile ar bhonn éigeantach¹⁴¹. Bristeacha sna sraitheanna in 2011 le haghaidh AE, FR, HU, in 2016 le haghaidh IE, LU, SE agus in 2022 le haghaidh FR, IT, RO.


Foinse: Eurostat [asbhaint speisialta ón Suirbhé ar an Oideachas Aosach, ráta rannpháirtíochta daoine fásta san fhoghlaím le 12 mhí anuas gan oiliúint threoraithe ar an bpost \(GOJT\)](#).

¹⁴⁰ I mí Mheán Fómhair 2024, tháinig Grúpa Táscairí an Choiste Fostaíochta ar chomhaontú sealadach maidir leis an gcreat faireacháin le aghaidh na sprice maidir le scileanna, agus úsáid á baint as sonraí ón Suirbhé ar an Oideachas Aosach gan oiliúint threoraithe ar an láthair oibre a chur san áireamh. Féach freisin [Tuarascáil Bhliantúil 2024 ar Fheidhmíocht Fostaíochta](#).

¹⁴¹ Le Rialachán (AE) [823/2010](#) ón gCoimisiún leagtar amach bearta cur chun feidhme an bhunghnímh dhlíthiúil (Rialachán (CE) [Uimh. 452/2008](#) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle) le haghaidh SOA 2011.

Tá iarrachtaí suntasacha de dhíth ar fhorhóir na mBallstát chun a spriocanna náisiúnta a bhaint amach faoi 2030

Ráta rannpháirtíochta daoine fásta san fhoghlaím le 12 mhí anuas in AE-27 agus spriocanna náisiúnta do 2030 le haghaidh na mBallstát (25-64, %)




Tabhair faoi deara: Bristeacha sna sraitheanna in 2016 i gcás IE, LU, SE agus in 2022 i gcás FR, IT, RO.

Foinse: Eurostat [asbhaint speisialta ón Suirbhé ar an Oideachas Aosach, ráta rannpháirtíochta daoine fásta san fhoghlaím le 12 mhí anuas gan oiliúint threoraithe ar an bpost \(GOJT\)](#) agus tábla maidir le spriocanna náisiúnta 2030 in Iarscríbhinn 1.

Tá formhór na mBallstát fós ar gcúl maidir lena spriocanna náisiúnta foghlama aosáí, d'ainneoin dul chun cinn suntasach i roinnt cásanna. Faoi 2022, bhí a spriocanna sáraithe ag an tSualainn, ag an Ungáir agus ag an Rómáin, agus bhí an tSlóvaic ag druidim lena sprioc (féach an Fíor thuas). Thairfead an Rómáin an méadú is láidre ó bhonn réasúnta íseal, cé go bhfágann briseadh sa tsraith go mbíonn sé níos casta comparáidí a dhéanamh. I measc na 24 tír atá fós faoi bhun na sprice, níor thairfead ach mionlach tíortha gnóthachain fhóinteacha.

Fíor 2.2.8: Is lú i bhfad an seans go nglacfaidh oibrithe i ngairmeacha ar bheagán oiliúna páirt san fhoghlaím aosach

Ráta rannpháirtíochta daoine fásta san fhoghlaím le 12 mhí anuas de réir aicme gairme (25-64 bliana d'aois, %)



Tabhair faoi deara: Bristeacha sna sraitheanna in 2016 i gcás IE, LU, SE agus in 2022 i gcás FR, IT, RO.

Foinse: Eurostat [asbhaint speisialta ón Suirbhé ar an Oideachas Aosach, ráta rannpháirtíochta daoine fásta san fhoghlaím le 12 mhí anuas lena n-áirítear oiliúint threoraithe ar an bpost \(GOJT\)](#).


Is lú i bhfad an seans go mbeidh deiseanna oiliúna ar fáil dóibh siúd atá ag obair i bpoist ar bheagán oiliúna, rud a fhágann go bhfuil siad níos leochailí d'athruithe sa mhargadh saothair.

Tháinig méadú ar rannpháirtíocht san fhoghlaim aosach i measc daoine fostaithe ar an iomlán idir 2016 agus 2022. Is féidir é sin a chur i leith an ghrúpa ceirde ‘bainisteoirí, gairmithe, teicneoirí agus gairmithe comhlachaithe’ den chuid is mó, toisc gur tháinig meath nó marbhántacht ar ghrúpaí eile. Feictear an patrún rannpháirtíochta sin i measc fhormhór na mBallstát cé is moite den tSlóvaic, den tSualainn, den Chipir, den Ungáir agus d’Éirinn. Sa tSlóvaic agus sa tSualainn tugtar ráta rannpháirtíochta an-ard faoi deara i measc aosaigh i mbunghairmeacha. I gcás na Cipire, na hUngáire agus na hÉireann, glacann ‘oibrithe láimhe oilte’ páirt ar leibhéal comhchosúil nó ar leibhéal níos airde ná ‘oibrithe tacaíochta cléireachais, oibrithe seirbhíse agus díolacháin’. Ceannt de na príomh-mhodhanna chun rannpháirtíocht a mhéadú is iad buiséid oiliúna pearsanta, amhail Cuntais Foghlama Aonair, a spreagann éileamh i measc oibrithe. Léirítear i suirbhé Eorabharaiméadair a rinneadh le déanaí gur dócha go n-úsáidfeadh tromlach (56 %) na bhfreagróirí (15 bliana d’aois nó níos sine) buiséad den sórt sin. Tagann ardú ar an uimhir sin go beagnach trí cheathrú (73 %) nuair a chuirtear san áireamh iad siúd atá ag obair faoi láthair nó atá in ann tosú ag obair laistigh den dá bhliain atá romhainn¹⁴². Is léiriú é sin ar an éileamh ar dheiseanna oiliúna, cé go dtugtar le fios leis na leibhéil éagsúla dóchúlachta ar fud grúpaí déimeagrafacha éagsúla gur féidir bacainní a bheith ar rochtain agus éagsúlacht sa spreagadh i ndáil le páirt a ghlacadh sna cláir sin. Faoi Aontas na Scileanna, comhlánaíonn tionscnaimh nua amhail an scéim phiólótach Ráthaíochta Scileanna agus scéim phiólótach le haghaidh comhpháirtíochtaí trasnáisiúnta idir ollscoileanna agus gnólachtaí le haghaidh earnálacha ina bhfuil bearnaí móra scileanna cinn atá ann cheana amhail Cuntais Foghlama Aonair agus Acadaimh Scileanna an Aontais i réimsí straitéiseacha, leathnú micridhintiúr agus spásanna nuálacha foghlama pobail. Is é is aidhm do na bearta sin deiseanna foghlama a leathnú agus creataí scileanna an Aontais a neartú trí chomhar poiblí-príobháideach, agus ag an tráth céanna cabhrú le hoibrithe atá ag aistriú idir earnálacha agus bearnaí scileanna a dhúnadh.

¹⁴² Féach An Coimisiún Eorpach, [Eorabharaiméadar Speisialta 559 – Investing in Fairness mí Eanáir go mí Feabhra 2025](#).

Fíor 2.2.9: Is mór iad na difríochtaí idir tíortha a fheictear i gcás scileanna digiteacha daoine fásta

Sciár an daonra ag a bhfuil bunscileanna digiteacha foriomlána nó scileanna digiteacha níos fearr ná sin (16-74 bliana d'aois), leibhéal 2023 agus athruithe ó 2021, (% príomhtháscaire an Scórchláir Shóisialta)



Tabhair faoi deara: Tá lár na n-aiseanna dírithe ar mheán neamhualaithe an Aontais. Cuirtear an eochair eolais i láthair san Iarscríbhinn. Is tagairt é scileanna digiteacha do chúig réimse: scileanna sa litearthacht faisnéise agus sonraí; scileanna cumarsáide agus comhair; scileanna i gcruthú ábhair dhigitigh; scileanna sábháilteachta; scileanna réiteach fadhbanna. Chun bunscileanna digiteacha foriomlána ar a laghad a bheith ag daoine, ní mór gurb eol dóibh conas gníomhaíocht amháin ar a laghad a bhaineann le gach réimse a dhéanamh. Chun tuilleadh faisnéise a fháil, féach [Eurostat](#).

Foinse: Eurostat, [[tepsr_sp410](#)].

Tá scileanna digiteacha íseal ar fud an Aontais, agus is beag Ballstát a bhfuil leibhéil acu atá gar do sprioc 2030 ar leibhéal an Aontais nó níos airde. In Eoraip ina bhfuil claochlú digiteach ar bun, braitheann fostaíocht agus cuimsiú sóisialta ar bhunscileanna digiteacha a bheith ag daoine fásta, rud a léirítear sa sprioc go mbeidh bunscileanna digiteacha ag 80 % ar a laghad de dhaoine fásta (16-74) faoi 2030¹⁴³. Úsáideann níos mó ná 90 % de dhaoine san Aontas an t-idirlíon uair sa tseachtain ar a laghad¹⁴⁴, ach ní gá go gciallódh sé sin go bhfuil an fios gnó digiteach ceart acu. In 2023, ní raibh bunscileanna digiteacha ach ag 55,6 % ar a laghad de dhaoine fásta, méadú beag ó 2021 (53,9 %). Ar an luas sin, ní bheadh bunscileanna digiteacha ar a laghad ach ag 59.8 % faoi dheireadh na deacáide¹⁴⁵. Tá bearnaí móra san fheidhmíocht idir na Ballstáit. Is iad an Rómáin, an Bhulgáir agus an Pholainn na tíortha ina bhfuil an sciar is ísle de dhaoine fásta ag a bhfuil bunscileanna digiteacha ar a laghad agus tá siad i ‘gcás criticiúil’ – féach Fíor 2.2.9. Os a choinne sin, sháraigh an Ísiltír (82,7 %) agus an Fhionlainn (82,0 %) araon sprioc an Aontais do 2030 cheana féin agus meastar gurb iad sin ‘na tíortha is fearr’ in éineacht le hÉirinn. Sa Chipir, san Iodáil, sa Laitvia, sa tSlóvaic agus sa tSlóivéin, tá na leibhéil íseal, idir 45 % agus 51,3 %. Tá na tíortha sin, mar aon leis an gCróit agus Lucsamburg a chonaic laghduithe móra idir 2021 agus 2023, ‘le faire’. Ar an iomlán, léiríonn na sonraí is déanaí go ndearna formhór na mBallstát (17) dul chun cinn maidir le scileanna digiteacha a fheabhsú idir 2021 agus 2023.

Tá leibhéal na scileanna digiteacha an-éagsúil ó Bhallstát go chéile de réir grúpaí daonra agus suímh. Tá sciar na ndaoine óga idir 16-24 bliana d’aois a bhfuil bunscileanna digiteacha ar a laghad acu sách ard, cé go bhfuil laghdú beag tagtha air (ó 71,2 % in 2021 go 70,0 % in 2023), rud a thugann dúshlán don smaoineamh gur ‘daoine dúchasacha digiteacha’ iad gach duine óg. Ar bhonn níos ginearálta, tá scileanna digiteacha an-íseal i measc daoine nach bhfuil aon cháilíocht fhoirmiúil acu nó nach bhfuil mórán cáilíochtaí foirmiúla acu (33,6 % in 2023), i measc daoine scothaosta (37,1 % ag 55-74 bliana d’aois), i measc daoine a chónaíonn i gceantair thuaithe (47,5 %) agus i measc daoine dífhostaithe (47,7 %).

¹⁴³ Sainithe sa [Phlean Gníomhaíochta um Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta](#) agus sa [Chompás Digiteach don Deacáid Dhigiteach](#).

¹⁴⁴ Féach an Coimisiún Eorpach, [Digitalisation in Europe – 2025 edition](#) [Digiteáil san Eoraip – eagrán 2025], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2025.

¹⁴⁵ Maidir leis an gconair i dtreo sprioc 2030, féach an Coimisiún Eorpach, [Tuarascáil 2025 ar Staid na Deacáide Digití](#), Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2024.

Tá líon na speisialtóirí TFC i bhfad faoi bhun an riachtanais réamh-mheasta. In 2024, d'oibrigh beagnach 10,3 milliún duine mar speisialtóirí TFC, arb é a bhí iontu 5,0 % díobh siúd uile a bhí fostaithe. Ar an luas atá ann faoi láthair, i bhfianaise na hiomaíochta atá ag dul i méid do dhaoine cumasacha a bhfuil scileanna digiteacha acu, ní shroichfidh líon na speisialtóirí TFC ach 12.4 milliún faoi 2030, líon atá i bhfad faoi bhun sprioc an Aontais maidir leis an deacáid dhigiteach de 20 milliún¹⁴⁶. D'fhéadfadh impleachtaí diúltacha a bheith aige sin d'iomaíochas agus do nuálaíocht an Aontais amach anseo. Tá deis ann líon na speisialtóirí TFC a mhéadú tríd an mbearna idir na hinscní a laghdú (ní mná iad ach 19,5 % de speisialtóirí TFC) agus tríd an gcothromaíocht gheografach a fheabhsú ar fud an Aontais (tá cion na speisialtóirí TFC mar chéatadán den fhostaíocht iomlán idir 2,5 % sa Ghréig agus 8,6 % sa tSualainn).

Bosca Cholún 3: Aontas na Scileanna i bhFócas - Borradh a chur faoi ETIM¹⁴⁷

Tá cuid de na ganntanais lucht saothair is forleithne san Aontas i réimsí na heolaíochta, na teicneolaíochta, na hinnealtóireachta agus na matamaitice (ETIM), rud a chuireann bac ar an iomaíochas agus ar an aistriú glas agus ar an aistriú digiteach. Sa lá atá inniu ann, agus méadú ag teacht ar an intleacht shaorga, ar theicneolaíochtaí fuinnimh in-athnuaite, ar rioscaí biteicneolaíochta, cosanta agus slándála, agus ar anailísíocht chasta sonraí, tá soláthar láidir gairmithe ETIM rithábhachtach. Mar sin féin, tá ganntanais saothair fhorleathana i réimsí ETIM, a mbaineann a bhformhór le ceardaíocht, tógáil agus innealtóireacht (féach freisin roinn 2.1.1). Tá ganntanais le tabhairt faoi deara freisin i roinnt gairmeacha a bhaineann le TFC¹⁴⁸. Sna 10 mbliana amach romhainn, tuartar go dtiocfaidh méadú suntasach ar ghanntanais i roinnt gairmeacha ETIM, i gcomhthéacs an daonra in aois oibre atá ag laghdú agus an gá atá le hoibrithe atá ag dul ar scor a ionadú chomh maith leis na haistrithe glasa agus digiteacha. Dá bhrí sin, ní leor an líon speisialtóirí ETIM atá ann faoi láthair chun freastal ar riachtanais mhargadh an tsaothair agus beidh gá le níos mó speisialtóirí chun freagairt don mhéadú ar an éileamh. Sa Phlean Straitéiseach um Oideachas ETIM, tionscnamh faoi Aontas na Scileanna, moltar gníomhaíochtaí uaillmhianacha chun aghaidh a thabhairt ar an dúshlán sin ar fud an Aontais agus moltar spriocanna maidir le clárú ETIM. Mar shampla, faoi 2030, ba cheart 45 % de mhic léinn ghairmoideachais agus ghairmoiliúna agus 32 % de mhic léinn threasacha a bheith cláraithe i réimsí ETIM agus 5 % de mhic léinn PhD i gcláir TFC. I ndáil leis an méid sin, leagfar amach i Straitéis an Aontais maidir leis an nGairmoideachas agus leis an nGairmoiliúint atá ar na bacáin fis réamhbhreathnaitheach chun an gairmoideachas agus an ghairmoiliúint a dhéanamh níos tarraingtí, níos cuimsithí agus níos freagrúla do riachtanais an mhargaidh saothair. Beidh sé d'aidhm aici rannchuidiú an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna leis an bhfoghlaim ar feadh an tsaoil, leis an iomaíochas agus leis an gcothroime shóisialta a neartú, agus béim á leagan ar cháilíocht, ar nuálaíocht, ar aistrithe glasa agus digiteacha, agus ar shoghluaisteacht idirnáisiúnta.


¹⁴⁶ Féach Iarscríbhinn I de [Staid na Deacáide Digítí 2025](#).

¹⁴⁷ An Coimisiún Eorpach (2025). Faireachán ar Oideachas agus Oiliúint 2025 - *Tuarascáil chomparáideach*.

¹⁴⁸ EURES (2025). [Labour shortages and surpluses in Europe 2024](#) [Ganntanais agus barrachais lucht saothair san Eoraip 2024].

Ní hionann an clárú i gcláir ETIM i measc Bhallstáit an Aontais

Sciar na mac léinn meánleibhéil gairmoideachais agus gairmoiliúna (ISCED 3-4) agus treasach (ISCED 5-8) i réimsí ETIM in 2023 (%)



Foinse: Eurostat [[educ_uoe_enra03](#)]; [[educ_uoe_enrt03](#)].

Níor tháinig méadú suntasach ar an gclárú i gcláir ETIM le blianta beaga anuas, agus tá deis ann é a mhéadú, lena n-áirítear trí níos mó ban a mhealladh chuige. Sa ghairmoideachas agus sa ghairmoiliúint mheánleibhéil, cláraíodh 36,3 % de na mic léinn uile ar fud an Aontais i gcláir ETIM in 2023. Is airde an ráta 2,3 pointe céatadáin ná mar a bhí in 2015, agus luainigh sé thart ar 36 % ó bhí 2020 ann. San oideachas treasach, cláraíodh 26,9 % de mhic léinn i gcláir ETIM, agus tháinig laghdú 0,7 pointe céatadáin ar mheán an Aontais le 10 mbliana anuas. Léirítear san Fhigiúr inathraitheacht mhór i measc rátaí clárúcháin ETIM thíortha an Aontais ar an dá leibhéal. Tá an clárú sa ghairmoideachas agus sa ghairmoiliúint idir 19 % san Ísiltír agus 59,8 % sa Chipir, agus idir 13,9 % i Málta agus 35,5 % sa Ghearmáin ar an leibhéal treasach. Athraíonn an clárú freisin de réir fhoréimse ETIM¹⁴⁹. Is í an innealtóireacht, an mhonaraíocht agus an tógáil an foréimse is mó sa ghairmoideachas agus sa ghairmoiliúint agus ar an leibhéal treasach, ach sa dá réimse ETIM eile (teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide; na heolaíochtaí nádúrtha, an mhatamaitic agus an staidreamh), tá rannpháirtíocht i bhfad níos ísle acu. Tá mic léinn ar mná iad go mór faoi ghannionadaíocht sa chlárú in ETIM: níl iontu ach 15,4 % de mhic léinn gairmoideachais agus gairmoiliúna agus 32,2 % de mhic léinn threasacha. Eascraíonn na bearnaí inscne sin as tosca teaghlaigh, scoile, sóisialta agus cultúrtha atá fréamhaithe go domhain agus a mbíonn tionchar acu ar spéis agus spreagadh na mban chun dul i mbun gairmeacha in ETIM ó aois óg¹⁵⁰. D'fhéadfadh treochtaí meatha i bhfeidhmíocht mac léinn sa

¹⁴⁹ Is iad seo a leanas réimsí ETIM: 'eolaíochtaí nádúrtha, matamaitic agus staidreamh', 'teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide' agus 'innealtóireacht, monarú agus tógáil', mar a shainmhínítear in [aicmiú UNESCO 2013 ar réimsí oideachais](#).

¹⁵⁰ Féach EENEE (2020). [Gender differences in tertiary education: what explains STEM participation?](#) [Difríochtaí inscne san oideachas treasach: conas a mhínítear rannpháirtíocht i ETIM?] Braitheann an cinneadh chun staidéar a dhéanamh ar ETIM ar roinnt mhaith

mhatamaitic agus san eolaíocht, mar a léirítear le PISA 2022¹⁵¹, chomh maith le ganntanais múinteoirí, go háirithe i réimsí ETIM, tionchar breise a imirt ar na rátaí clárúcháin amach anseo.

Tá bearta á ndéanamh ag na Ballstáit chun borradh a chur faoin spéis in ETIM ó aois óg. Tá sé ríthábhachtach spéis i ngairmeacha ETIM a chothú go luath agus go héifeachtach, agus róil ríthábhachtacha ag múinteoirí agus ag cuir chuige oideolaíocha. Tá modhanna teagaisc nuálacha ETIM á bpiolótú ag an **tSeicia** i scoileanna trí shaineolaithe teicneolaíochta a thabhairt isteach sa seomra ranga agus trí theagasc i dteannta a chéile. Tá saotharlanna ETIM á mbunú ag an **mBulgáir** i mbreis agus 1 800 scoil, in éineacht le hionad náisiúnta ETIM agus trí cinn réigiúnacha, le tacaíocht ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta. Tá curaclam níos comhtháite agus níos tionscadalbhunaithe á ghlacadh ag an **Eastóin** agus ag an **Liotuáin** agus fuarthas amach go gcuireann sé sin leis an spéis in ETIM. Measann an **Danmhairg** go bhfuil ETIM ríthábhachtach don aistriú glas agus don aistriú digiteach, agus déanann sí infheistíochtaí suntasacha i nuachóiriú caighdeán, trealaimh agus curaclam, agus cistiú le haghaidh oiliúint inseirbhíse múinteoirí i ngach clár gairmoideachais agus gairmoiliúna. Tá 365 lárionad teicneolaíochta speisialaithe á mbunú ag an **bPortaingéil**, le tacaíocht ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, lena ndírítear ar earnálacha ardacmhainneachta agus arb é is aidhm dóibh feabhas a chur ar bhonneagar teicneolaíochta an ghairmoideachais meánscoile íochtaraí chomh maith le cúrsaí nua a chruthú le haghaidh an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh. Tá samhail chistiúcháin tugtha isteach ag an **Laitvia** atá bunaithe ar thorthaí céimithe chun ollscoileanna a dhreasú chun díriú ar chéimithe cáilithe a tháirgeadh, go háirithe i réimsí ETIM. Tugadh isteach leis freisin níos mó solúbthachta maidir le ligean isteach lena gceadaítear d'institiúidí a riachtanais a choigeartú bunaithe ar an éileamh ar ghairmithe ETIM.

fachtóirí, ón saol luath agus timpeallacht an teaghlaigh go cúinsí gairme agus dálaí oibre. Tá taithí le linn na scoile an-tábhachtach, lena n-áirítear feidhmíocht sa mhatamaitic.

¹⁵¹ Féach [An Coimisiún Eorpach \(2024\). The twin challenge of equity and excellence in basic skills in the EU](#) [An dá dhúshlán a bhaineann le cothromas agus barr feabhais i mbunscileanna san Aontas].

Fíor 2.2.10: Tá laghdú ag teacht ar na difríochtaí i rátaí NEET ach tá siad fós mór

Ráta NEET (aois 15-29 mbliana), leibhéil 2024 agus athruithe ón mbliain roimhe sin (% , príomhtháscaire an Scórchláir Shóisialta)



Tabhair faoi deara: Tá lár na n-aiseanna dírithe ar mheán neamhualaithe an Aontais. Cuirtear an eochair eolais i láthair san Iarscríbhinn. Tá an sainmhíniú difriúil i gcás ES agus FR. Tá briseadh sa tsraith i gcás BG.

Foinse: Eurostat [[lfsi_neet_a](#)], SFS an Aontais.

Thit sciar na ndaoine óga nach bhfuil fostaithe ná i mbun oideachais ná oiliúna (NEET)

beagán ach gan comhartha soiléir cóineasaithe. Tar éis an bhuaicphointe ag 14,0 % in 2020, tháinig laghdú comhsheasmhach ar ráta NEET (15-29) san Aontas, go 11,1 % in 2024. Mar sin féin, tá éagsúlacht shuntasach le feiceáil ó Bhallstát go chéile. Thairfead an Rómáin, an Iodáil (d'ainneoin feabhsuithe) agus an Liotuáin na rátaí NEET is airde in 2024 agus tá siad i 'gcás criticiúil' – féach Fíor 2.2.10. Ba iad an Ísiltír, an tSualainn agus Málta na 'tíortha is fearr', agus is ag na tíortha sin a bhí na rátaí is ísle. Tá an stádas 'le faire' ag gabháil leis an gcás san Eastóin, i Lucsamburg agus sa Laitvia, áiteanna ar tháinig ardú ar rátaí NEET in 2024, mar atá sa Fhrainc, áit a bhfuil rátaí fós ard. D'ainneoin na laghduithe sin agus roinnt comharthaí cóineasaithe ó Bhallstát go chéile, bíodh nach comharthaí soiléire iad, tá an tAontas fós 2.1 pointe céatadáin ón sprioc 9,0 % le haghaidh 2030 . Tháinig laghdú 0,1 pointe céatadáin ar an ráta dífhostaíochta i measc daoine nach bhfuil i mbun oideachais, fostaíochta ná oiliúna, i.e. iad siúd atá ag lorg oibre go gníomhach agus atá ar fáil chun obair a dhéanamh san aoisghrúpa sin, go 4,2 % in 2024¹⁵². Bhí an ráta ab airde sa Ghréig agus sa Spáinn, cé gur léirigh an dá cheann feabhsuithe ó leibhéil 2023 (1 % phointe céatadáin agus 0,6 % pointe céatadáin faoi seach). Tháinig feabhas beag ar an sciar de dhaoine nach bhfuil i mbun oideachais, fostaíochta ná oiliúna agus atá lasmuigh den lucht saothair (6,9 % in 2024 i gcomparáid le 7,0 % in 2023), ach tá sé fós ard sa Rómáin, san Iodáil, sa Liotuáin agus sa Bhulgáir. Maidir leis an sciar de dhaoine nach bhfuil i mbun oideachais, fostaíochta ná oiliúna agus atá díspregtha, tá sé ar threocht atá ag laghdú beagán ar leibhéal an Aontais (ó 4,9 % i mbuaicphointe na paidéime in 2020 go 4,2 % in 2024). I bhfianaise an mhéid sin, is tionscnaimh thábhachtacha i gcónaí iad an Ráthaíocht threisithe don Aos Óg¹⁵³, leis an tacaíocht a thugann sé do NEETanna trí fhostaíocht ardcháilíochta, breisoideachas, printiseachtaí nó tréimhsí oiliúna a thairiscint, agus an tionscnamh Aidhm, Foghlaim, Máistrigh, Gnóthaigh (ALMA), chun cabhrú le NEETanna faoi mhíbhuntáiste taithí ghairmiúil a fháil ar an gcoigríoch¹⁵⁴.

¹⁵² Féach Eurostat [[edat_ifse_20](#)].

¹⁵³ Féach [Moladh ón gComhairle an 30 Deireadh Fómhair 2020 maidir le Nasc leis an bhFostaíocht – An Ráthaíocht don Aos Óg a Threisiú](#) agus a thagann in ionad Mholadh an 22 Aibreán 2013 ón gComhairle maidir le Ráthaíocht don Aos Óg a bhunú 2020/C 372/01, IO C 372, 4.11.2020, lch. 1.


¹⁵⁴ Tá breis faisnéise ar fáil ag: [ALMA \(Beartaigh, Foghlaim, Máistrigh, Gnóthaigh\) - Fostaíocht, Gnóthaí Sóisialta agus Cuimsiú - An Coimisiún Eorpach \(europa.eu\)](#).

Is ann do dhifríochtaí i rátaí NEET laistigh de na Ballstáit, agus idir na réigiúin ilchríochacha agus na réigiúin is forimeallaí. Is é 4,4 % an ráta réigiúnach is ísle (in Utrecht san Ísiltír), agus is é 29,9 % an ráta ilchríochach is airde (in Sud-Est sa Rómáin). Tá na héagothromaíochtaí laistigh de na Ballstáit suntasach sa Fhrainc, san Iodáil, sa Pholainn, san Fhionlainn agus san Ungáir.

Taifeadh an ráta NEET foriomlán is airde san Aontas sa réigiún is forimeallaí de chuid na Fraince sa Ghuáin ag 34,4 %. Os a choinne sin, tá rátaí ísle ar an iomlán agus éagsúlacht íseal idir réigiúin ag Ballstáit amhail an Ísiltír, an tSualainn agus an Ostair¹⁵⁵. Tá deighilt idir ceantair uirbeacha agus thuaithe san Aontas. Ba é 10,1 % an ráta NEET i gcathracha, i mbailte agus i mbruachbhailte ba é 11,5 % an ráta agus ba é 12.3 % an ráta i gceantair thuaithe¹⁵⁶.

Fíor 2.2.11: I mbeagnach gach Ballstát, tá an ráta NEET níos airde i measc na mban

Rátaí NEET d'fhir agus do mhná (15-29 mbliana d'aois, %, 2024)



Tabhair faoi deara: Tá difríocht sa sainmhíniú le haghaidh ES agus FR; briseadh sa tsraith le haghaidh BG.

Foinse: Eurostat [[lfsi_neet_a](#)], SFS an Aontais.

¹⁵⁵ Féach Eurostat [[edat_lfse_22](#)].

¹⁵⁶ Féach Eurostat [[edat_lfse_36](#)].

Tá rátaí NEET fós níos airde i measc daoine faoi mhíchumas, mná agus daoine a rugadh lasmuigh den Aontas. Níor tháinig feabhas ar chás daoine óga faoi mhíchumas (bhí 27,8 % NEET in 2023, i gcomparáid le 27,3 % in 2022). I ngach Ballstát seachas dhá Bhallstát, bhí an ráta os cionn 20 %, leis an ráta is airde sa Bhulgáir, sa Chróit, sa tSlóvaic agus sa Chipir¹⁵⁷. In 2024, lean ráta NEET do mhná 12,1 % de bheith ag laghdú (ó 13,0 % in 2022 agus 15,4 % in 2020) ach d’fhan sé os cionn an ráta d’fhir – féach Fíor 2.2.11. Bhí sé i bhfad níos airde sa Rómáin agus sa tSeicia (11,2 pointe céatadáin agus 9,4 pointe céatadáin níos airde ná mar a bhí i gcás na bhfear faoi seach). Os a choinne sin, bhí an ráta d’fhir beagán níos airde ná an ráta do mhná sa Bheilg, san Eastóin, san Fhionlainn agus sa tSualainn. Tá dhá oiread ban NEET lasmuigh den lucht saothair ná mar atá difhostaithe (8,5 % i gcomparáid le 3,6 % in 2024, i gcomparáid le 5,4 % i gcomparáid le 4,7 % i gcás na bhfear). Tá an ráta NEET do dhaoine óga a rugadh lasmuigh den Aontas i bhfad níos airde freisin ná an ráta i measc na ndaoine a rugadh sa Bhallstát atá i gceist ag 18,4 % i gcomparáid le 10,2 %. Tá an bhearna sin i measc na mban a rugadh lasmuigh den Aontas níos mó ná 13,1 pointe céatadáin, agus i gcás na bhfear níl ann ach 3,6 pointe céatadáin. D’fhéadfadh mórthairbhe eacnamaíoch a bheith ag baint le haghaidh a thabhairt ar na héagothromaíochtaí sin. Measann Eurofound go raibh caillteanas eacnamaíoch bliantúil ó NEET aonair in 2023 thart ar EUR 14 600, ar an meán¹⁵⁸.

¹⁵⁷ European Disability Expertise Statistical Report 2025 [Tuarascáil Staidrimh 2025 ón líonra ‘Saineolas Eorpach maidir le Daoine faoi Mhíchumas’], [Tuarascálacha - An Coimisiún Eorpach](#)

¹⁵⁸ Anailís Eurofound a bhí le feiceáil i ndoiciméad an Choimisiúin Eorpaigh, [Employment and social developments in Europe 2025](#) [Fostaíocht agus forbairtí sóisialta san Eoraip 2025], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2025.

Den chéad uair ó bhí paidéim COVID-19 ann, tá méadú beag tagtha ar an dífhostaíocht i measc na hóige ar leibhéal an Aontais, rud a bhriseann treocht anuas. Tar éis laghdú seasta tar éis bhuaic ghéarchéim COVID-19 (17.6 % san Aontas in 2020), feictear méadú beag 0,3 pointe céatadán ó 14,6 % in 2023 go 14,9 % in 2024 sa ráta dífhostaíochta i measc na hóige (15-24)¹⁵⁹, agus ó 11,2 % go 11,4 % do dhaoine atá idir 15-29 bliana d’aois. Ar leibhéal an Aontais, tá ráta dífhostaíochta an aosa óig níos mó ná dhá oiread níos airde ná an ráta dífhostaíochta i gcás daoine idir 15-74 bliana d’aois (5,9 %). Cé go n-athraíonn méid an athraithe bliain ar bhliain ar fud na mBallstát, feictear marbhántacht nó méadú i ngach ceann acu seachas seacht gcinn. Feictear méaduithe measartha mór i roinnt Ballstát ina bhfuil rátaí arda dífhostaíochta i measc na n-óg, sa tSualainn, sa Rómáin agus i Lucsamburg. Tháinig laghduithe móra den mhéid céanna ar thíortha eile sa ghrúpa tíortha sin, lena n-áirítear an Ghréig, an Spáinn agus an Iodáil, mar aon leis an Laitvia agus an Chróit le rátaí níos ísle. Tá an dífhostaíocht forleathan go háirithe i measc daoine óga ar bheagán cáilíochtaí (20,6 %) agus i measc daoine a rugadh lasmuigh den Aontas (19,3 %). Leagtar béim sna forbairtí sin ar an ngá atá le gníomhaíocht leanúnach chun dul i ngleic le dúshlán struchtúracha a chuireann bac ar imeascadh daoine óga i margadh an tsaothair, go háirithe i bhfianaise ganntanas forleathan saothair agus scileanna agus na rioscaí fadtéarmacha d’ionchais ghairme daoine óga.

Tá méadú ag teacht i gcónaí ar ráta fostaíochta na n-oibrithe scothaosta, rud a chuireann le 10 mbliana fáis ar fud na mBallstát uile. In 2024, d’ardaigh ráta fostaíochta daoine scothaosta (55-64) go 65,2 %, méadú 1,3 pointe céatadán ar an mbliain roimhe sin. In ainneoin an fheabhsaithe fhoriomláin sin, tá éagsúlachtaí suntasacha ann ar fud an Aontais i gcónaí. Cé go raibh rátaí fostaíochta daoine scothaosta os cionn 75 % sa tSualainn, sa tSeicia, san Eastóin, san Ísiltír, sa Ghearmáin agus sa Danmhairg, bhí rátaí faoi bhun 55 % ag Lucsamburg, sa Rómáin agus sa Chróit – féach Bosca Cholún 4.

¹⁵⁹ Eurostat, [[tesem140](#)].

Bosca Cholún 4 Imeascadh daoine scothaosta i margadh an tsaothair san Aontas

Trí thacú le síneadh a chur leis an saol oibre, is féidir rannchuidiú le maolú a dhéanamh ar ghanntanais saothair agus scileanna agus ar thionchar aosú an daonra ar an lucht saothair¹⁶⁰.

Meastar go dtiocfaidh laghdú 1,2 milliún duine in aghaidh na bliana ar dhaonra an Aontais atá in aois oibre ó 2030, agus go dtiocfaidh méadú ar an gcóimheas seanaoise agus cleithiúnais¹⁶¹ ó 36 % in 2022 go 55 % faoi 2050 agus go 59 % in 2070¹⁶². Gan tuilleadh athruithe, d'fhéadfadh aosú an daonra ganntanais lucht saothair a ghéarú agus dúshlán suntasach a léiriú don fhás eacnamaíoch agus d'inbhuanaitheacht na gcaighdeán maireachtála¹⁶³. Cé go bhféadfadh daoine scothaosta (55-64) atá ag obair níos faide fostaíocht san Aontas a chothú go substaintiúil¹⁶⁴, chuaigh beagnach leath díobh siúd a d'fhág an margadh saothair in 2023 ar scor. I measc na gcúiseanna leis sin tá dreasachtaí ó chórais phinsin, tosca a bhaineann leis an tsláinte, amhail breoiteacht, míchumas, ach drochdhálaí oibre freisin, easpa solúbthachta san áit oibre, agus aghaidh a thabhairt ar chlaontacht bunaithe ar aois. I bhfianaise an mhéid sin, is cosúil go bhfuil gá le meascán beartas chun tacú le rannpháirtíocht agus fostaíocht oibrithe scothaosta, lena gcumhdaítear, i measc nithe eile, córais phinsin, beartais shaincheaptha maidir le gníomhachtú agus oiliúint. Le Treoir 2000/78/CE ón Aontas maidir le cóir chomhionann agus chun idirdhealú san fhostaíocht a chomhrac, agus leis an mbosca uirlisí déimeagrafaíochta a forbraíodh in 2023, soláthraítear creataí úsáideacha le haghaidh gníomhaíochta sa réimse beartais sin¹⁶⁵. I mí an Mheithimh 2025, d'fhormheas an Chomhairle conclúidí freisin maidir le tacú le daoine scothaosta a n-acmhainneacht iomlán a bhaint amach i margadh an tsaothair agus sa tsochaí. D'iarr siad sin ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún bearta a dhéanamh amhail leathnú deonach na gníomhaíochta gairmiúla a dhreasú.

¹⁶⁰ Féach an Coimisiún Eorpach, [Employment and Social Developments in Europe 2025](#) [Fostaíocht agus Forbairtí Sóisialta san Eoraip 2025], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2025.

¹⁶¹ Cóimheas an daonra seanaoise leis an daonra in aois oibre.

¹⁶² Féach an Coimisiún Eorpach (2024) 2024 ageing report – economic & budgetary projections for the EU Member States (2022-2070) [Tuarascáil 2024 maidir le hAosú – Réamh-mheastacháin eacnamaíocha agus bhuiséadacha do Bhallstáit an Aontais (2022-2070)]. Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2025, agus Eurostat [[proj_23ndbi](#)].


¹⁶³ Féach an Coimisiún Eorpach, [Employment and Social Developments in Europe 2025](#) [Fostaíocht agus Forbairtí Sóisialta san Eoraip 2025], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2025.

¹⁶⁴ Féach Bosca Cholún 3 sa [Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht 2025](#).

¹⁶⁵ Féach [An t-athrú déimeagrafach san Eoraip: bosca uirlisí le haghaidh gníomhaíochta, COM/2023/577 final](#).

Lasmuigh den lucht saothair is mó bean scothaosta ná fear scothaosta i mbeagnach gach Ballstát den Aontas

Daonra 55-64 bliana d'aois lasmuigh den lucht saothair mar sciar den daonra iomlán idir 15-64 bliana d'aois lasmuigh den lucht saothair, agus a chomhdhéanamh de réir inscne (% , 2024).



Tabhair faoi deara: Tá an sainmhíniú difriúil i gcás ES agus FR. Tá briseadh sa tsraith i gcás BG.

Foinse: Ríomhanna AS na Fostaíochta bunaithe ar shonraí Eurostat [lfsa_igan].

D’ainneoin feabhsuithe suntasacha leis na blianta anuas, is dóchúla fós go mbeidh daoine scothaosta lasmuigh den lucht saothair ná aoisghrúpaí eile, agus tá sé sin níos forleithne fós do mhná. Ó bhí 2009 ann, tá méadú os cionn 20 pointe céatadáin tagtha ar rannpháirtíocht daoine scothaosta sa lucht saothair, go 68,2 % in 2024 (i gcomparáid le 77,3 % i gcás na ndaoine atá 15-54 bliana d’aois). Mar sin féin, bhí daoine scothaosta (55-64) fós ina sciar suntasach (28,1 %) d’aosaigh (15-64) lasmuigh den lucht saothair, idir 17,7 % sa tSeicia agus os cionn 35 % san Ostair, sa tSlóivéin agus sa Chróit, agus mná a bhformhór díobh i mbeagnach gach Ballstát (féach an Fhíor). Léiríonn an éagsúlacht sin, i measc nithe eile, difríochtaí i scéimeanna scoir agus i dtreochtaí. Áirítear orthu sin aois scoir reachtúil idir 62,8 bliana d’fhir sa tSlóvaic agus 60 bliain do mhná sa Pholainn, agus 67 bliana d’fhir agus do mhná araon san Iodáil, sa Ghréig agus sa Danmhairg¹⁶⁶. D’ainneoin athchóirithe institiúideacha chun síneadh a chur leis an saol oibre, roghnaigh beagnach an cúigiú cuid de phinsinéirí an Aontais idir 50 agus 74 bliana d’aois luathscor le pinsean laghdaithe in 2023¹⁶⁷. Ba sa Chipir (45.8 %), sa Phortaingéil (38,3 %), agus sa Bheilg (38.2 % is minice a tharla sé seo, agus is lú a tharla sé sa Bhulgáir (1,8 %) agus sa tSlóivéin (4,6 %)¹⁶⁸. Ina theannta sin, léirigh beagnach gach Ballstát sciar níos mó de mhná scothaosta lasmuigh den mhargadh saothair (37,9 % i gcomparáid 25,5 % d’fhir). Is féidir é sin a mhíniú go páirteach leis an gclaonadh atá ag mná dul ar scor níos luaithe (24,7 % i gcomparáid le 18.3 % i gcás na bhfear), ach freisin le sciar suntasach de mhná scothaosta nár oibrigh riamh nó nach raibh sa lucht saothair ar feadh níos mó ná 10 mbliana (64,9 %), mar gheall ar fhreagrachtaí cúraim den chuid is mó¹⁶⁹.

¹⁶⁶ Féach An Coimisiún Eorpach, Tuarascáil 2024 maidir le haosú.

¹⁶⁷ Cé go ndearnadh na hagallaimh in 2023, d’fhéadfadh sé go ndeachaigh pinsinéirí a cuireadh faoi agallamh ar scor roimhe sin freisin.

¹⁶⁸ Féach an Coimisiún Eorpach, [Employment and Social Developments in Europe 2025](#) [Fostaíocht agus Forbairtí Sóisialta san Eoraip 2025], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2025.

¹⁶⁹ Féach an Coimisiún Eorpach, [Labour Market and Wage Developments in Europe – Annual review 2024](#) [An Margadh Saothair agus Forbairtí Pá san Eoraip - Athbhreithniú Bliantúil 2024], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2024 agus Spasova, S., Deruelle, T., & Aioldi, F. [Flexible retirement pathways: an analysis of policies in 28 European countries](#) [Conairí solúbtha scoir: anailís ar bheartais in 28 dtír Eorpacha, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2025].

Tá bearta nua seolta ag roinnt Ballstát nó tá sé beartaithe acu bearta nua a chur chun feidhme chun daoine scothaosta a ghníomhachtú. San **Ostair**, tá fostaíocht daoine atá 50+ bliain d'aois á cur chun cinn ag an Tionscnamh Fostaíochta 50+ ó bhí 2018 ann trí liúntas imeachta, trí fhóirdheontas pá comhcheangailte, trí fhiontair shóisialta, agus trí cháilíochtaí a bhaineann le poist a neartú. Sa **Bheilg**, le clár nua ó mhí Iúil 2025 i leith, ceadáítear do dhaoine féinfhostaithe atá ag obair tar éis a n-aoise scoir gan a bpinsean a éileamh cearta pinsin nua a fhorbairt go huathoibríoch má leanann siad de ranníocaíochtaí slándála sóisialta a íoc. Sa **Bhulgáir**, tacaíonn Plean 2025-26 maidir le Cur Chun Feidhme na Straitéise Náisiúnta um Shaol Gníomhach Daoine Scothaosta le fostaíocht ghníomhach, cuimsiú pobail, aosú sláintiúil agus gníomhach, chomh maith le híomhá dhearfach de dhaoine scothaosta a thógáil. Sa **Chipir**, leis an gcéad Straitéis Náisiúnta (2025-30) agus leis an bPlean Gníomhaíochta don Aosú Gníomhach (2025-27), cothaítear cuimsiú sóisialta iomlán daoine scothaosta trí leithlisiú sóisialta a chosc, trí rannpháirtíocht sa gheilleagar, sa tsochaí agus sa chultúr a fheabhsú, agus trí shlándáil airgeadais a fheabhsú. Sa **Fhrainc**, leis an dréachtdlí lena dtrasuitear comhaontuithe idirghairmiúla náisiúnta, cuirtear chun feidhme dhá chomhaontú náisiúnta 2024 maidir le fostaíocht shinsearach agus idirphlé sóisialta, go háirithe trí chonradh nua a thabhairt isteach do chuardaitheoirí poist níos sine.

Tá neamhionannais inscne fós ann i margadh an tsaothair, agus is beag comhartha cóineasaithe atá le feiceáil sna bearnaí fostaíochta idir fir agus mná¹⁷⁰. In 2024, ba é 80,8 % an ráta fostaíochta d'fhir, i gcomparáid le 70,8 % i gcás na mban, rud a d'fhág go raibh bearna fostaíochta 10,0 pointe céatadáin idir na hinscní. Is titim 0,2 pointe céatadáin é sin ar 2023, rud a chiallaíonn nár chúngaigh an bhearna ach 1,1 pointe céatadáin san iomlán le 10 mbliana anuas (ó 11,1 pointe céatadáin in 2014). Leis an bhfeabhsú beag sin, déantar treochtaí éagsúla ar fud na mBallstát a cheilt. Tá an bhearna beagnach gan athrú le linn na tréimhse agus tá sí fós leathan san Iodáil, sa Ghréig agus sa Rómáin, agus tá siad uile fós i 'gcás criticiúil' d'ainneoin feabhsuithe beaga i gcásanna áirithe anuraidh, in éineacht le Málta, áit a bhfuil an bhearna fós leathan cé go bhfuil laghdú faoina leath tagtha uirthi le 10 mbliana anuas. Leathnaigh an bhearna sa tSlóvaic, sa Chipir agus sa Danmhairg in 2024, rud a d'fhág go raibh na Ballstáit sin 'le faire', in éineacht leis an bPolainn ina bhfuil an bhearna sách leathan d'ainneoin roinnt feabhais a bheith tagtha air. Ar an taobh eile den scála, bhí an bhearna fostaíochta idir na hinscní sách cúng san Fhionlainn, sa Liotuáin, san Eastóin agus sa Laitvia. Bhí na tíortha sin, ach amháin an Fhionlainn, mar ar tháinig méadú ar an mbearna le déanaí, i measc na 'ngníomhaithe is fearr'. Anuas ar an éagsúlacht atá idir na Ballstáit, tá roinnt éagothromaíochtaí móra réigiúnacha i mbearnaí fostaíochta idir na hinscní i mBallstáit áirithe, lena n-áirítear an Fhrainc agus an Spáinn (lena n-áirítear na réigiúin is forimeallaí díobh) chomh maith leis an nGearmáin, an Ungáir, an Bheilg agus an Danmhairg (féach Fíor 3 in Iarscríbhinn 5). Tá éagsúlacht mhór sa bhearna fostaíochta idir na hinscní de réir leibhéal an uirbithe: tá éagsúlacht sa bhearna idir 8.3 pointe céatadáin sna cathracha go dtí 10,9 pointe céatadáin i gceantair thuaithe agus 11,3 pointe céatadáin i mbailte agus i mbruachbhailte¹⁷¹. Le gníomhaíocht beartais mharthanach is féidir cuidiú le haghaidh a thabhairt ar bhacainní ar rannpháirtíocht na mban sa mhargadh saothair, i gcomhréir leis na cuspóirí a leagtar amach sa straitéis Eorpach um chomhionannas inscne 2020-25¹⁷². Le bearta den sórt sin is féidir rannchuidiú freisin le baint amach na sprice maidir leis an mbearna fostaíochta idir na hinscní a laghdú faoina leath faoi 2030, mar a leagtar amach sa Phlean Gníomhaíochta um Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta.


¹⁷⁰ Le haghaidh dearcadh níos fadtéarmaí, féach an Coimisiún Eorpach, [Employment and Social Developments in Europe 2024](#) [Fostaíocht agus Forbairtí Sóisialta san Eoraip 2024], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2024.

¹⁷¹ Féach Eurostat [[edat_ifse_36](#)].

¹⁷² Chun tuilleadh faisnéise a fháil féach an Coimisiún Eorpach, [2023 report on gender equality in the EU](#) [Tuarascáil 2023 maidir leis an gcomhionannas inscne san Aontas], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2023.

Fíor 2.2.12: Tá an bhearna fostaíochta idir na hinscní cúngaithe i bhformhór na dtíortha ach is suntasach fós í agus níl ach beagán comharthaí ann go bhfuil an cóineasú aníos ag tarlú ó Bhallstát go chéile

Bearna fostaíochta idir na hinscní (20-64 bliana d'aois), leibhéil 2024 agus athruithe ón mbliain roimhe sin (pointí céatadáin, príomhtháscaire an Scórchláir Shóisialta)



Tabhair faoi deara: Tá lár na n-aiseanna dírithe ar mheán neamhualaithe an Aontais. Cuirtear an eochair eolais i láthair san Iarscríbhinn. Tá an sainmhíniú difriúil i gcás ES agus FR. Tá briseadh sa tsraith i gcás BG.

Foinse: Eurostat [[tesem060](#)], SFS an Aontais.

Oibríonn mná go páirtaimseartha níos minice ná fir, rud a fhágann go mbíonn bearna fostaíochta níos leithne idir na hinscní agus breithniú á dhéanamh ar líon na bpost coibhéiseach lánaimseartha (FTE). In 2024, bhí ceithre huair níos mó seans ann go mbeadh mná (20-64) san Aontas ag obair go páirtaimseartha ná fir (27,8 % agus 7,7 % faoi seach), rud a d'fhág go raibh bearna 20,1 pointe céatadáin idir na hinscní i bhfostaíocht pháirtaimseartha, gan athrú ó 2023. Chonacthas na bearnaí fostaíochta páirtaimseartha ba mhó san Ísiltír (41,9 pointe céatadáin), san Ostair (38,9 pointe céatadáin) agus sa Ghearmáin (37,2 pointe céatadáin). I gcodarsnacht leis sin, níl aon bearna sa Bhulgáir agus, sa Rómáin, is mó seans atá ann fiú go n-oibreoidh fir ná mná go páirtaimseartha (bearna -0,7 pointe céatadáin). Ag glacadh le leitheadúlacht níos airde na hoibre páirtaimseartha i measc na mban, agus ag cur fostaíocht FTE¹⁷³ san áireamh, is féidir pictiúr níos cuimsithí a thabhairt ar dheiseanna fostaíochta i measc na mban. Ba ionann an bearna fostaíochta seo idir na hinscní a bhí coigeartaithe de réir FTE agus 15,4 pointe céatadáin in 2024¹⁷⁴, rud atá níos mó ná 50 % (nó 5.4 pointe céatadáin) níos leithne ná an bearna gan choigeartú. Bhí na bearnaí ba mhó arna gcoigeartú de réir FTE san Iodáil (23,7 pointe céatadáin) agus sa Ghréig (20,5 pointe céatadáin), a mbaineann bearnaí móra gan choigeartú leo araon. Mar sin féin, bhí na chéad bhearnaí eile ba mhó san Ostair (18,7 pointe céatadáin), sa Ghearmáin (18,7 pointe céatadáin) agus san Ísiltír (18,4 pointe céatadáin), arb iad na trí Bhallstát iad freisin ina bhfuil na bearnaí fostaíochta páirtaimseartha is mó idir na hinscní. Sna trí Bhallstát uile, leathnaítear an bearna 10 bpointe céatadáin leis an gcoigeartú, rud a chuireann i dtábhacht an tábhacht atá le huairéanta a oibríodh a chur san áireamh le linn measúnú a bheith á dhéanamh ar rannpháirtíocht na mban i margadh an tsaothair.

¹⁷³ Le ráta fostaíochta FTE, cuirtear difríochtaí idir grúpaí i gcomparáid le chéile maidir le líon na n- uaireanta a oibríodh ar an meán. Ríomhtar ráta fostaíochta FTE trí iomlán na n- uaireanta a oibríodh sa gheilleagar (an chéad phost, an dara post, etc.) a roinnt ar mheánlíon na n- uaireanta i sceideal lánaimseartha (thart faoi 40) agus ar líon na ndaoine idir 20- 64 bliana d'aois. Foinse: *Joint Assessment Framework* [Comhchreat Measúnúcháin], ríomh bunaithe ar shonraí Eurostat.

¹⁷⁴ Táscaire JAF PA7.1.C4.; féach [deais idirghníomhach JAF](#).

Tá bearnaí fostaíochta idir na hinscní níos leithne fós do dhaoine a bhfuil leanaí acu, agus bíonn tionchar níos mó ag tuismíocht ar ghairmeacha na mban ná mar a bhíonn ag gairmeacha na bhfear. In 2024, ba é 75.4 % an ráta fostaíochta i measc na mban idir 25-54 bliana d'aois a bhfuil leanaí acu, i gcomparáid le 91,9 % i gcás na bhfear, rud a d'fhág go raibh bearna fostaíochta 16.5 bpointe céatadáin idir na hinscní i measc tuismitheoirí¹⁷⁵. I gcodarsnacht leis sin, níl an bhearna fostaíochta idir na hinscní ach 3,7 pointe céatadáin ina measc siúd nach bhfuil leanaí acu. I measc na mban fostaíthe a raibh leanaí acu, d'oibrigh 31,7 % acu go páirtaimseartha, i gcomparáid le 5.1 % d'fhir¹⁷⁶. I mBallstáit áirithe, lena n-áirítear an Ghréig agus an Iodáil, is léir tionchar na tuismíochta ó na rátaí fostaíochta níos ísle a bheith i gcás na mban (d'ainneoin méaduithe 14,3 pointe céatadán agus 6,9 pointe céatadán faoi seach idir 2015 agus 2024) agus ó líon na mban a bheith níos airde san obair pháirtaimseartha. Is féidir leis an bhfáil a bhíonn ar chúram fadtéarmach feabhas a chur freisin ar chomhionannas inscne i bhfostaíocht trí thacú le rannpháirtíocht cúramóirí neamhfhoirmiúla i margadh an tsaothair. In 2019, sholáthair 17,1 % den daonra iomlán cúram nó cúnamh uair amháin sa tseachtain ar a laghad, agus bhí níos mó seans ann gurb iad na mná a chuirfeadh cúram neamhfhoirmiúil ar fáil ná na fir, go háirithe dianchúram. Bhí 19.1 % de mhná i gcomparáid le 14,8 % d'fhir ag gabháil do chúram neamhfhoirmiúil¹⁷⁷. Is minic le mná méid mór ama a chur i leataobh chun cúram neamhfhoirmiúil a thabhairt agus ní bhíonn siad ag gabháil chomh minic céanna do sholáthar foirmiúil: faigheann 72.5 % de chúramóirí neamhfhoirmiúla ar fir iad tacaíocht ó sheirbhísí foirmiúla cúraim fhadtéarmaigh i gcomparáid le 61,4 % de na mná¹⁷⁸. Ach feabhas a chur ar rochtain ar chúram fadtéarmach feabhsaítear dá réir sin rannpháirtíocht na mban i margadh an tsaothair. Mar sin féin, léirítear éagothromaíochtaí inscne i gcúram fadtéarmach freisin sa lucht saothair foirmiúil. Is mná iad tromlach mór na n-oibríthe cúraim fhadtéarmaigh, sin níos mó ná ceathrar as gach cúigear díobh. I roinnt mhaith Ballstát, bíonn an pá níos ísle san earnáil seo, bíonn rátaí níos airde d'obair pháirtaimseartha i gceist agus dúshlán mhóra meabhairshláinte¹⁷⁹. Tá sé fíor-riachtanach feabhas a chur ar na míchothromaíochtaí inscne sin ní hamháin chun comhionannas inscne a chur chun cinn ach freisin chun aghaidh a thabhairt ar ghanntanais lucht saothair, agus bheadh éifeachtaí dearfacha aige ar an rochtain ar sheirbhísí cúraim fhadtéarmaigh agus thacófaí dá réir sin le rannpháirtíocht níos mó cúramóirí neamhfhoirmiúla i margadh an tsaothair.

¹⁷⁵ Eurostat [[lfst_hheredty](#)], SFS AE.

¹⁷⁶ Eurostat [[lfst_hhptety](#)], SFS AE.

¹⁷⁷ Eurostat [[hlth_ehis_ic1u](#)], An Suirbhé Eorpach um Agallaimh Shláinte.

¹⁷⁸ An Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne (EIGE): 2022 [Survey of gender gaps in unpaid care, individual and social activities \(CARE\)](#) [Suirbhé ar bhearnaí idir na hinscní i ngníomhaíochtaí cúraim, aonair agus sóisialta gan phá (CARE)].

¹⁷⁹ Féach Eurofound (2020). [Lucht saothair a thugann cúram fadtéarmach: Fostaíocht agus dálaí oibre](#). Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh

Leanann an bhearna phá idir na hinscní ag cúngú, cé go bhfuil sé sách substaintiúil i gcónaí i bhformhór na mBallstát, agus leanann bearnaí níos airde i bpinsin idir na hinscní as. In 2023, ba é 12.0 % an bhearna phá idir na hinscní san Aontas, agus ba mhó í ná 15 % sa Laitvia, san Ostair, sa tSeicia, san Ungáir, sa Ghearmáin, san Eastóin, san Fhionlainn agus sa tSlóvaic¹⁸⁰. Tá bearnaí pá idir na hinscní, i measc tosca eile, á spreagadh ag difríochtaí ó thaobh gníomhaíochtaí eacnamaíocha agus gairmeacha beatha de, gannionadaíocht na mban i bpoist shinsearach, rónadaíocht na mban san fhostaíocht pháirtaimseartha agus neamhbhuan, deacrachtaí maidir le hobair agus freagrachtaí cúraim a thabhairt chun réitigh le chéile, chomh maith leis an idirdhealú agus struchtúir phá neamh-thrédhearcacha¹⁸¹. Imríonn bearnaí pá idir na hinscní tionchar mór ar chinnteoireacht teaghlaigh, rud a dhéanann difear do mháithreacha go háirithe, de réir mar a bhíonn siad faoi mhíbhuntáistí carnacha a chuireann bac breise ar a ndeiseanna fostaíochta. Le himeacht ama, téann an bhearna phá i dtreise agus éiríonn sé níos measa mar gheall ar shosanna gairme ar son cúram leanaí, agus as sin leanann bearnaí móra i bpinsin idir na hinscní. Cé go raibh an bhearna á cúngú beagán, in 2024 bhí ollphinsin na mban idir 65-79 bliana d'aois 24,8 % ní b'isle ar an meán ná pinsin na bhfear san aoisghrúpa céanna¹⁸². Tá éagsúlacht mhór sa bhearna phinsin sin idir na hinscní ó thír go chéile, agus í os cionn 35 % i Málta, san Ísiltír agus san Ostair agus chomh híseal le 6 % sa tSlóivéin agus san Eastóin. Tá líon níos airde de mhná freisin nach bhfaigheann pinsean ar bith i gcomparáid le fir (bearna 4,8 % sa chumhdach pinsin san Aontas in 2024)¹⁸³. Ós rud é gur ó phinsin seanaoise a thagann ceithre chúigiú den ioncam seanaoise iomlán ar an meán, tá níos mó neamhchosanta ag mná níos sine i gcónaí ar rioscaí na bochtaineachta ná fir sna Ballstáit uile, d'ainneoin feabhsuithe le déanaí (féach roinn 2.4,1).

¹⁸⁰ Eurostat, [[tesem140](#)]. Sin í an bhearna phá neamhchoigeartaithe idir na hinscní, lena dtomhaistear an difríocht idir meán-olltuilleamh na bhfear agus na mban in aghaidh na huaire arna sloinneadh mar chéatadán de mheán-olltuilleamh na bhfear in aghaidh na huaire.


¹⁸¹ Féach An Coimisiún Eorpach, [2023 report on gender equality in the EU](#) [Tuarascáil 2023 maidir leis an gcomhionannas inscne san Aontas], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2023 agus Eurostat, [Gender pay gaps in the European Union](#), [Bearnaí pá idir na hinscní san Aontas Eorpach], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2025.

¹⁸² Eurostat [[ilc_pnp13](#)], SIDM-AE.

¹⁸³ Eurostat [[ilc_pnp14](#)], SIDM-AE.

Fíor 2.2.13: Tá an rannpháirtíocht in oideachas agus cúram na luath-óige fós íseal i bhformhór na mBallstát

Leanáí faoi bhun 3 bliana d'aois i gcúram leanaí foirmiúil, leibhéil 2024 agus athruithe ón mbliain roimhe sin (% Príomhtháscaire an Scórchláir Shóisialta)



Tabhair faoi deara: Tá lár na n-aiseanna dírithe ar mheán neamhualaithe an Aontais. Cuirtear an eochair eolais i láthair san Iarscríbhinn. Sonraí sealadacha maidir le MT agus LT.

Foinse: Eurostat [[tepsr_sp210](#)], SIDM-AE.

Trí fheabhas a chur ar sholáthar oideachas agus chúram na luath-óige, is féidir tacú le comhionannas inscne agus le forbairt leanaí, ach tá rátaí rannpháirtíochta fós íseal i bhformhór na mBallstát. In 2024, ba é 39.2 % an sciar de leanaí faoi bhun 3 bliana d’aois a bhí i gcúram leanaí foirmiúil san Aontas, sin méadú 1,9 pointe céatadán i gcomparáid le 2023, de réir mar a bhogann an tAontas i dtreo sprioc athbhreithnithe Barcelona go mbeidh 45 %¹⁸⁴ ann. Níor bhain ach naoi mBallstát níos mó ná 50 % amach agus tá difríochtaí móra ann fós ó Bhallstát go chéile – féach Fíor 2.2.13. Agus comparáid á déanamh idir na leibhéil rannpháirtíochta ar fud an Aontais, tuairiscíonn an tSlóvaic an ráta rannpháirtíochta is ísle fós, d’ainneoin méadú 4,1 pointe céatadán in 2024. Tá na leibhéil íseal go fóill (faoi bhun 17 %) nó thit siad tuilleadh san Ungáir¹⁸⁵, sa Pholainn, sa Rómáin agus sa tSeicia. Tá ‘cás criticiúil’ sna cúig Bhallstát sin. Cé gur tuairiscíodh leibhéil a bhí níos airde tríd is tríd (idir 20-26 %), bhí an rannpháirtíocht in oideachas agus cúram na luath-óige íseal freisin sa Bhulgáir, in Éirinn, sa Laitvia agus sa Ghearmáin, agus iad uile ‘le faire’, in éineacht le Málta, ina bhfacthas laghdú 6,9 pointe céatadán ar rannpháirtíocht in 2024. I gcodarsnacht leis sin, tá na rátaí rannpháirtíochta is airde sa tSualainn, sa tSlóivéin, sa Fhrainc, sa Phortaingéil, sa Danmhairg agus san Ísiltír (níos mó ná 57 %) agus iad ar na ‘tíortha is fearr’. D’fhéadfadh sé go bhfuil roinnt bacainní ar rannpháirtíocht in oideachas agus cúram na luath-óige, fiú sna tíortha is fearr feidhmíocht, lena n-áirítear bacainní airgeadais, cultúrtha agus teanga, agus cúlra socheacnamaíoch chomh maith le difríochtaí i mbeartais réigiúnacha agus náisiúnta maidir le saoire tuismitheora, rogha tuismitheora agus liúntais tuismitheora nó cearta dlíthiúla chun cúraim leanaí. In 2024, bhí rannpháirtíocht leanaí faoi bhun 3 bliana d’aois atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta fós níos mó ná 15 phointe céatadán le hais leanaí nach bhfuil i mbaol. Tá an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (STA) ag maoiniú athchóirithe agus infheistíochtaí spriocdhírithe lena dtacaítear le leathnú seirbhísí oideachais agus cúraim luath-óige, le forbairt bonneagair agus le hoiliúint an lucht saothair. Mar gheall ar luas íseal an fheabhsaithe, tá gá le hiarrachtaí treisithe i gcomhréir leis an Ráthaíocht Eorpach do Leanaí, le Straitéis Cúraim na hEorpa agus leis an Moladh ón gComhairle maidir le hoideachas agus cúram luath-óige.

¹⁸⁴ Féach [Moladh ón gComhairle an 8 Nollaig 2022 maidir le hoideachas agus cúram na luath-óige: spriocanna Barcelona do 2030 \(2022/C 484/01\)](#). Leis an moladh, leagtar amach spriocanna nua ar oideachas agus cúram na luath-óige, rud lena ndéantar aithris ar na spriocanna a leagadh amach i dtionscnamh an Limistéir Eorpaigh Oideachais. Faoi 2030, ba cheart 45 % ar a laghad de leanaí faoi bhun 3 bliana d’aois agus 96 % de leanaí idir 3 bliana d’aois agus an aois tosaigh don bhunoideachas éigeantach a bheith in oideachas agus cúram luath-óige. Na Ballstáit sin a raibh a meán- rannpháirtíocht sa tréimhse 2017-21 faoi bhun 20 %, moltar dóibh í a mhéadú go dtí 90 %, agus na Ballstáit sin arbh é 20-33 % a meán- rannpháirtíocht, moltar dóibh méadú 45 % a dhéanamh, agus 45 % mar theorainn.

¹⁸⁵ Léiríonn [sonraí riaracháin náisiúnta](#) ráta rannpháirtíochta 21,7 % i measc daoine 0-2 bhliain d’aois in 2024.

Díspreagann roinnt gnéithe de chórais cánach ioncaim phearsanta an dara duine sa teaghlach atá ag tuilleamh, go háirithe mná, páirt iomlán a ghlacadh i margadh an tsaothair, rud a chuireann le neamhionannas inscne san fhostaíocht. Córais chomhchánachais, lena gceadaítear do theaghlaigh ioncam comhcheangailte a chomhdú ar mhaithe le cánacha a d'fhéadfadh a bheith níos ísle, méadaíonn siad an ráta imeallach cánach i gcás an dara duine sa teaghlach atá ag tuilleamh, ar bean í de ghnáth (bean ba ea an dara duine sa teaghlach a bhí ag tuilleamh i 78 % de na cásanna in 2022¹⁸⁶). Cruthaíonn sé sin dídhreasuithe do mhná dul amach ag obair nó síneadh a chur lena gcuid uaireanta oibre¹⁸⁷, agus léiríodh i dtaighde acadúil a rinneadh nuair a íslítear na rátaí cánach éifeachtacha don dara duine sa teaghlach atá ag tuilleamh i measc lánúin phósta go gcuidíonn sé sin chun rannpháirtíocht na mban i margadh an tsaothair a mhéadú¹⁸⁸. In 2024, ba sa Liotuáin, sa tSlóivéin, sa Laitvia, i Lucsamburg, sa Danmhairg, sa Bheilg, sa Ghearmáin agus sa Rómáin a chonacthas na 'sáinneacha neamhghníomhaíochta' ab airde (is é sin, cás ina ndíspreagann aistarraingt cánach agus sochair go mór an dara duine sa teaghlach atá ag tuilleamh ó dhul isteach i margadh an tsaothair) – féach Fíor 2.2.14. Sna tíortha sin, maidir leis an dara duine sa teaghlach atá ag tuilleamh agus atá ag dul isteach i margadh an tsaothair, d'fhéadfadh sé thart ar 40 % nó níos mó dá thuilleamh a chailleadh mar gheall ar chánacha agus sochair aistarraingthe. Os a choinne sin, áirítear an Ostair, an Iodáil, an Chipir agus an Eastóin ar na tíortha a bhfuil sáinneacha neamhghníomhaíochta níos ísle acu, ina bhféadfadh an caillteanas sin a bheith níos lú ná 20 %. Ach aghaidh a thabhairt ar na dídhreasuithe struchtúracha sin d'fhéadfaí an bhearna fostaíochta idir na hinscní agus na bearnaí fostaíochta páirtaimseartha a laghdú agus fás láidir a bhaint amach. Tugtar le fios i dtuarascáil de chuid ECFE le déanaí i gcás ina bhféadfaí deireadh a chur leis an mbearna fostaíochta idir na hinscní faoi 2060 go bhféadfaí dlús 3,9 % a chur faoi OTI per capita i dtíortha ECFE, agus go bhféadfaí 4,3 %¹⁸⁹ a chur leis i gcás ina gcuirfí deireadh leis an mbearna in uaireanta a oibrítear idir fir agus mná.

¹⁸⁶ Féach An Coimisiún Eorpach, [2023 report on gender equality in the EU](#) [Tuarascáil 2023 maidir leis an gcomhionannas inscne san Aontas], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2023.


¹⁸⁷ Féach Coelho, M. et al., [Gendered Taxes: The Interaction of Tax Policy with Gender Equality](#) [Cánacha Inscneacha: An Idirghníomhaíocht le Beartas Cánach agus Comhionannas Inscne]. An Ciste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta, 2022.

¹⁸⁸ Chun plé a fháil ar an tionchar a bhíonn ag cáin ioncaim pearsanta ar an dara duine sa teaghlach atá ag tuilleamh, féach roinn 2.3.2 [Annual Report on Taxation 2025](#) [Tuarascáil Bhliantúil ar Chánachas 2025], an Choimisiúin Eorpaigh, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2025.

¹⁸⁹ Fluchtmann, J., W. Adema and M. Keese (eds.) (2024), '[Gender equality and economic growth: Past progress and future potential](#)' [An comhionannas inscne agus an fás eacnamaíoch: dul

Fíor 2.2.14: Cuireann cánachas go mór le sáinn na neamhghníomhaíochta don dara duine sa teaghlach atá ag tuilleamh

Sáinn neamhghníomhaíochta le haghaidh an dara duine sa teaghlach atá ag tuilleamh, (% , 2024)




Tabhair faoi deara: Cuirtear i láthair sna sonraí an cás don dara duine sa teaghlach atá ag tuilleamh atá ar 67 % den mheánphá i dteaghlach ina bhfuil beirt ag tuilleamh agus a bhfuil beirt leanaí acu; tá an príomhshaothraí ar an meánphá. Tagraítear le ‘ranníocaíocht an chánachais’ do chéatadán an ollioncaim bhreise as a mbaintear cáin de bharr an chánachais (gnéithe eile a rannchuidíonn le sáinn na neamhghníomhaíochta pá is ea sochair dhífhostaíochta tarraingthe siar, cúnamh sóisialta agus sochair thithíochta).

Foinse: An Coimisiún Eorpach, DG ECFIN, [Tax and benefits database](#) [Bunachar sonraí cánach agus sochar], bunaithe ar shamhail chánach/sochair ECFE (nuashonraithe i mí na Bealtaine 2025); Ríomhanna AS TAXUD.

Fíor 2.2.15: I mórán Ballstát, is é an cánachas a sholáthraíonn díspreagadh do shaothraithe ar phá íseal chun uaireanta an chloig níos faide a oibriú

Sáinn an phá ísil le haghaidh an dara duine sa teaghlach atá ag tuilleamh, (% , 2024)



Tabhair faoi deara: Sáinn an phá ísil nuair a thagann méadú ó 33 % go 66 % ar phá an dara duine sa teaghlach atá ag tuilleamh, agus an príomhshaothraí ag tuilleamh 100 % den mheánphá, a bhfuil beirt leanaí acu.


Foinse: An Coimisiún Eorpach, DG ECFIN, [Tax and benefits database](#) [Bunachar sonraí cánach agus sochar], bunaithe ar shamhail chánach/sochair ECFE (nuashonraithe i mí na Bealtaine 2025); Ríomhanna AS TAXUD.

chun cinn san am a caitheadh agus acmhainneacht fhéideartha], Páipéir Oibre Sóisialta, Fostaíochta agus Imirce ECFE, Uimh. 304, Foilsitheoireacht ECFE, Páras.

Déanann ‘sáinn an phá ísil’ difear díréireach do mhná, áit ina ndéanann méaduithe ar chánacha agus laghduithe ar shochair an t-ioncam breise a thuilleann siad a laghdú de réir mar a mhéadaíonn a bpá. I bhformhór na mBallstát, bíonn príomhról ag an struchtúr cánachais chun déine sháinn an phá ísil a chinneadh don dara duine sa teaghlach atá ag tuilleamh, agus dá bhrí sin ar an líon uaireanta a oibríonn siad. Léirítear i bhFíor 2.2.15 an cion d’ioncam breise an dara duine sa teaghlach atá ag tuilleamh ‘a bhaintear de bharr cánachais’ nuair a mhéadaíonn a dtuilleamh ó aon trian go dhá thrían den mheánphá mar gheall ar mhéadú ar an líon uaireanta oibre. Is féidir leis an tuilleamh a chailltear de bharr cánach a bheith substaintiúil: déantar aon trian (36,6 %) den tuilleamh breise a bhaint de bharr cánachais san Aontas, agus is mó ná 105 % an caillteanas sin sa Liotuáin mar gheall ar aistarraingt sochair tithíochta. D’fhéadfadh sé sin tionchar mór a imirt, os cionn 50 %, i Lucsamburg, sa Bheilg agus sa Phortaingéil, ach is cosúil gur sa Chipir (14,9 %) atá an tionchar is lú. In éineacht le dearadh an chórais cánachais, tá infhaighteacht agus rochtain ar sheirbhísí cúraim inacmhainne ar ardchaighdeán, chomh maith le beartais dheacheptha maidir le cothromaíocht oibre agus saoil, rithábachtach chun an dara duine sa teaghlach atá ag tuilleamh a spreagadh chun a uaireanta oibre a mhéadú.

Fíor 2.2.16: Tá an bhearna fostaíochta maidir le daoine faoi mhíchumas mór go fóill

An bhearna fostaíochta idir daoine faoi mhíchumas agus daoine nach bhfuil faoi mhíchumas (20-64 bliana d’aois), leibhéil 2024 agus athruithe ón mbliain roimhe sin (%), Príomhtháscaire an Scórchláir Shóisialta)



Tabhair faoi deara: Tá lár na n-aiseanna dírithe ar mheán neamhualaithe an Aontais. Cuirtear an eochair eolais i láthair san Iarscríbhinn. Tá briseadh sa tsraith i gcás DK, ES, IT, PT agus RO. Sonraí sealadacha maidir le LT. Níl aon sonraí ar fáil maidir le LU.

Foinse: Eurostat [tepsr_sp200], EU-SILC.

Tháinig meath ar chuimsiú daoine faoi mhíchumas i margadh an tsaothair ar leibhéal an Aontais. Ba é 24,0 pointe céatadán an bhearna fostaíochta¹⁹⁰ maidir le daoine faoi mhíchumas (i.e.

¹⁹⁰ Ríomhtar táscaire na bearna fostaíochta maidir le daoine faoi mhíchumas le Staidreamh an Aontais Eorpaigh ar Ioncam agus Dálaí Maireachtála faoi láthair agus tá sé bunaithe ar an

an difríocht sna rátaí fostaíochta idir daoine faoi mhíchumas agus daoine nach bhfuil faoi mhíchumas) in 2024¹⁹¹ (21,4 pointe céatadán in 2023). In 2024, bhí an bhearna os cionn 20 pointe céatadán i ngach Ballstát seachas ceann amháin (an tSlóivéin). Sa Rómáin, sa Chróit, sa Liotuáin, in Éirinn, sa Pholainn, sa Bhulgáir agus sa Bheilg, tá an bhearna os cionn 30 pointe céatadán. Chúngaigh an bhearna in 11 Bhallstát, lena n-áirítear an tSlóivéin arb í ‘an tír is fearr’, áit ar thit sé 3,1 pointe céatadán go dtí 14,2 %. Rinneadh roinnt dul chun cinn freisin san Ostair agus san Ísiltír agus ina measc siúd a bhí ‘níos fearr ná an meán’, in éineacht leis an tSeicia, an Eastóin, an Ghearmáin, an Fhionlainn, an Fhrainc agus sa Laitvia, áit ina bhfanann na leibhéil níos ísle ná an meán. Ar an taobh eile, ba mhó i bhfad na luachanna táscaire in 2024 ná mar a bhí in 2023 sa Rómáin (15,6 pointe céatadán) agus sa Liotuáin (7,5 pointe céatadán), cé gur tháinig sin i ndiaidh do bhriseadh a bheith sa tsraith, rud a thugann le fios go raibh ‘cás criticiúil’ ann in éineacht leis an gCróit, le hÉirinn agus leis an bPolainn, inar chonacthas méaduithe freisin mar aon le bearnaí móra os cionn 35 phointe céatadán. Sa Spáinn agus san Iodáil, cé go bhfuil siad faoi bhun mheán an Aontais, tá difríocht níos mó ná 9 bpointe céatadán idir luachanna na mbearnaí in 2023 agus 2024 tar éis briseadh sa tsraith. Déantar iad a aicmiú mar ‘le faire’ in éineacht leis an mBeilg, inar taifeadadh bearna mhór dar méid 33,1 pointe céatadán. Tugann na sonraí SIDM-AE is déanaí le fios go bhfuil ráta gníomhaíochta íseal de dhaoine faoi mhíchumas ar fud an Aontais ag 64,4 % i gcomparáid le 82.6 % de dhaoine nach bhfuil faoi mhíchumas¹⁹². Ní raibh an ráta gníomhaíochta i measc daoine faoi mhíchumas ach thart ar 50 % i sé Bhallstát (An Bhulgáir, an Chróit, an Rómáin, an Bheilg, an Ghréig agus Lucsamburg). Ar an iomlán, tá raon feidhme suntasach ann go fóill chun feabhas a chur ar an gcóras tacaíochta i ndáil le daoine faoi mhíchumas a dhéanamh gníomhach i margadh an tsaothair ar fud an Aontais. Dá thoradh sin, tá daoine faoi mhíchumas atá in aois oibre i

stádas míchumais mar a thugtar leis an Táscaire Sriain le Gníomhaíocht Iomlán (GALI). Freagróidh freagróirí an tsuirbhé na ceisteanna a leanas: (1) ‘An bhfuil tú teoranta mar gheall ar fhadhb sláinte i ngníomhaíochtaí a dhéanann daoine de ghnáth? An ndéarfá go bhfuil tú ... thar a bheith teoranta; teoranta, ach gan a bheith thar a bheith teoranta; nó gan a bheith teoranta ar chor ar bith?’ Más é ‘thar a bheith teoranta’ nó ‘teoranta, ach gan a bheith thar a bheith teoranta’ freagra cheist 1), freagróidh freagróirí an tsuirbhé ceist 2) ‘An bhfuil tú teoranta le 6 mhí anuas ar a laghad? Tá nó Níl?’. Meastar go bhfuil duine faoi mhíchumas más é ‘Tá’ freagra na dara ceiste. Mar a ríomhtar le Staidreamh an Aontais Eorpach ar Ioncam agus Dálaí Maireachtála (SIDM-AE), feictear comhghaol idir leitheadúlacht an mhíchumais bunaithe ar choincheap an táscaire uilíoch maidir le teorannú gníomhaíochta (GALI) agus an bhearna fostaíochta maidir le daoine faoi mhíchumas atá bunaithe air in 2024 ar fud Bhallstáit an Aontais (comhéifeacht chomhchoibhnis Pearson = -0,44).

¹⁹¹ Thuairiscigh DK, ES, IT, PT agus RO bristeacha sa tsraith in 2024, agus tháinig méadú ar an mbearna fostaíochta le haghaidh daoine faoi mhíchumas i ngach ceann de na cúig Bhallstát sin. Mar shampla, thuairiscigh an Iodáil go bhfuil briseadh sa tsraith agus d’athraigh an bhearna ó 15,9 pointe céatadán go dtí 25,1 pointe céatadán in 2024. Dá ainneoin sin, leis na bristeacha sin sna sraitheanna, ní féidir léirmhíniú ceart eacnamaíoch a dhéanamh ar na hathruithe sin. Mar gheall ar mhéid a dhaonra, ba chúis le thart ar leath den athrú ar leibhéal an Aontais an t-athrú san Iodáil leis féin. Mar sin féin, ní thaifeadann Eurostat aon bhriseadh sa tsraith don fhigiúr ar leibhéal an Aontais.

¹⁹² In 2023. Féach: Grammenos, S., [European comparative data on persons with disabilities — Equal opportunities, fair working conditions, social protection and inclusion, analysis and trends — Data 2023](#) [Sonraí comparáideacha Eorpacha maidir le daoine faoi mhíchumas — Comhdheiseanna, dálaí oibre cothroma, cosaint shóisialta agus cuimsiú sóisialta, anailís agus treochtaí — Sonraí 2023], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpach, 2025, lch. 113.

mbaol ard bochtaineachta agus eisiaimh shóisialta freisin (33,6 % i gcomparáid le 18,4 % i gcás daoine nach bhfuil faoi mhíchumas).

Bosca Cholún 5: Imeascadh imirceach i margadh an tsaothair san Aontas

Ach imeascadh imirceach i margadh an tsaothair a neartú, cuidítear chun aghaidh a thabhairt ar ghanntanais saothair agus scileanna, chomh maith le dúshlán níos leithne a bhaineann le hathrú déimeagrafach, agus cothaítear an comhtháthú sóisialta. Bíodh is gur imircigh¹⁹³ iad 11,2 % de na hoibrithe i margadh an tsaothair san Aontas, tharla 76 % den fhás fostaíochta san Aontas dá mbarr idir 2023 agus 2024. Go háirithe, idir 2019 agus 2024, bhí an fás fostaíochta coibhneasta d'oibrithe nár rugadh san Aontas níos láidre in earnálacha ina raibh ganntanais lucht saothair measartha mór. Áiríodh leis sin earnálacha nach mbíonn cáilíochtaí arda de dhíth iontu de ghnáth, cosúil le seirbhísí tógála agus cóiríochta agus bia¹⁹⁴. An tráth céanna, tá rannpháirtíocht an lucht saothair agus rátaí fostaíochta imirceach fós níos ísle i gcomparáid lena bpiaraí a rugadh sa tír, d'ainneoin na nganntanas atá os comhair an Aontais, agus dá thoradh sin bíonn thart ar 7,4 milliún imirceach lasmuigh de lucht saothair an Aontais¹⁹⁵. Is mar gheall ar roinnt bacainní a bhain lena n-imeascadh sa mhargadh saothair agus lena n-imeascadh sóisialta é sin, rudaí a threisiúnn a chéile go minic. Áirítear orthu sin leibhéil ísle gnóthachtála oideachais agus inniúlacht teanga imirceach, idirdhealú chomh maith le drochriochtaí sláinte, agus ionchais ísle maidir le cáilíocht poist¹⁹⁶. Cruthaíonn deacrachtaí a bhaineann le haitheantas cáilíochtaí bacainn mhór fós maidir le himeascadh imirceach. Ach imeascadh imirceach i margadh an tsaothair a mhéadú is féidir rannchuidiú ina theannta sin le bearnaí fostaíochta idir na hinscní a laghdú trí ghanntanais a líonadh in earnáil an chúraim. Le Plean Gníomhaíochta um Imeascadh agus Cuimsiú 2021-27¹⁹⁷, soláthraítear creat coiteann beartais chun tacú leis na Ballstáit beartais náisiúnta um imeascadh imirceach a fhorbairt.

¹⁹³ Sa chleachtas beartais agus staitistiúil ginearálta, is féidir imircigh i dtír ar leith a mheas, (1) mar na daoine siúd a rugadh lasmuigh den tír sin ('duine a rugadh ar an gcoigríoch') nó (2) mar na daoine siúd ag a bhfuil saoránacht tíre eile (náisiúnaigh/saoránaigh choigríche nó náisiúnaigh/saoránaigh tríú tír). Ach measúnú a dhéanamh ar imeascadh imirceach i margadh an tsaothair tríd an gcoincheap maidir leis an tír bhreithe bítear in ann constaicí agus míbhuntáistí ar feidhm de chuid na háite breithe iad, amhail scileanna teangeolaíoch a ghabháil. Sa mhéid seo a leanas, úsáidtear an focal 'imircigh' mar théarma coibhéiseach maidir le 'daoine a rugadh lasmuigh den Aontas'.

¹⁹⁴ Féach: [European Economic Forecast – Autumn 2025](#) [Réamhaisnéis Eacnamaíoch na hEorpa – Fómhar 2025], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2025

¹⁹⁵ Foinse: Sliocht speisialta ó Eurostat.

¹⁹⁶ An Coimisiún Eorpach (2021), [Employment and Social developments in Europe 2025](#) [Fostaíocht agus forbairtí sóisialta san Eoraip 2025], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2025.

¹⁹⁷ Féach an [Teachtareacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal Action Plan on Integration and Inclusion 2021-2027](#) [an Plean Gníomhaíochta um Imeascadh agus Cuimsiú 2021-2027].

Ar an iomlán tá torthaí mhargadh an tsaothair imirceach níos measa ná mar atá do dhúchasaigh, agus bíonn dúshlán os comhair na ndaoine is cáilithe fiú i ngeall nach bhfaigheann siad ach páirt-aitheantas nó nach bhfaigheann siad aon aitheantas ar cháilíochtaí a fhaigheann siad lasmuigh den Aontas Eorpach. In 2024, bhí ráta rannpháirtíochta an lucht saothair (15-64) d'imircigh níos ísle, ag 73,4 % i gcomparáid le 75,4 % do dhaoine a rugadh sa tír (64,8 % do mhná ar imircigh iad i gcomparáid le 82,4 % d'fhir). Bhí a ráta fostaíochta (20-64) níos ísle freisin (faoi 8,9 pointe céatadán) ná sin a bhí i measc daoine a rugadh sa tír (ag 68,0 % i gcomparáid le 76,9 %, faoi seach; 58,9 % d'imircigh ar mná iad i gcomparáid le 77,5 % d'fhir). Cé go raibh imircigh rannpháirteach sa lucht saothair ag ráta níos airde ná mar a bhí daoine a rugadh sa tír in 12 Bhallstát, níor sháraigh a rátaí fostaíochta siúd rátaí fostaíochta daoine a rugadh sa tír ach i gceithre Bhallstát amháin (Málta, an Pholainn, an Rómáin agus an tSeicia) (Féach an Fíor). Is minice le himircigh ag a bhfuil oideachas treasach (ábhartha i gcás 30 % d'imircigh) a bheith fostaithe. Fós féin, i gcomparáid lena bpiaraí a bhfuil níos lú ná oideachas bunscoile acu, d'ainmnigh níos mó ná sé huaire a oiread imirceach ardoilte (idir 20-64 bliana) aitheantas cáilíochtaí mar bhacainn shonrach ar phost a aimsiú in 2021. Fágann cáilíochtaí atá á meas faoina luach go mbíonn oibleagáid ar imircigh ardcháilithe oibriú i bpoist a dteastaíonn cáilíochtaí níos ísle uathu¹⁹⁸. Sna Ballstáit uile, bhí rátaí rócháilíochta níos airde i measc imirceach ná mar a bhí i measc oibrithe a rugadh sa tír. I gcás an Aontais ina iomláine, níor chúngaigh an bhearna sin ach de bheagán le himeacht ama¹⁹⁹ agus tá sé fós substaintiúil. Bhí rátaí rócháilíochta imirceach ó beagnach leath de na hoibrithe imirceacha uile san Iodáil (51,5 %), sa Spáinn (51,7 %), sa Ghréig (54,2 %), sa tSeicia (46,9 %) agus i Málta (44,8 %) go 18.4 % san Ungáir²⁰⁰.


¹⁹⁸ An Coimisiún Eorpach (2021), [Employment and Social Developments in Europe 2023](#) [Fostaíocht agus forbairtí sóisialta san Eoraip 2023], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2025.

¹⁹⁹ Tháinig laghdú ar an sciar d'imircigh a bhfuil oideachas treasach orthu atá fostaithe i slí bheatha a dteastaíonn leibhéal oideachais níos ísle ina leith ó 38.7 % in 2014 go 34,9 % in 2023.

²⁰⁰ Féach an Coimisiún Eorpach, [Employment and Social Developments in Europe – Quarterly review](#) [Forbairtí Fostaíochta agus Sóisialta san Eoraip – Athbhreithniú ráithiúil]. [Mí Eanáir 2025](#), Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2025. Feictear na rátaí rócháilíochta is ísle in HR (12 %) agus LU (6.1 %) cé gur le sonraí atá marcáilte mar shonraí nach bhfuil iontaofa a thángthas ar na figiúirí sin.

Bíonn rátaí fostaíochta níos ísle agus rátaí rócháilíochta níos airde i measc imirceach i mbeagnach na Ballstáit uile i gcomparáid lena bpiaraí a rugadh istigh sa tír

Rátaí fostaíochta agus rócháilíochta (20-64), leibhéil 2024 (%)



Tabhair faoi deara: Tá difear sa bhriseadh sa tsraith le haghaidh BG agus an sainmhíniú le haghaidh an ráta fostaíochta i gcomhair ES agus FR. Tá sonraí ar iarraidh maidir leis an ráta rócháilíochta i gcás BG, RO agus SK.

Foinse: Eurostat [[lfsa_ergacob](#)] agus [[lfsa_eoqgac](#)], SFS AE.

Le blianta beaga anuas, thacaigh roinnt Ballstát le himeascadh imirceach i margadh an tsaothair trí chineálacha cur chuige iomlánaíocha. Le tionscnamh na **Gearmáine** ‘My Turn’, lena dtacaíonn Ciste Sóisialta na hEorpa+ agus a bheidh ar siúl idir 2022-29, tugtar le chéile oiliúint scileanna digiteacha, cleachtas teanga, comhairleoireacht maidir le comhoiriúnacht gairmeacha-an teaghlaigh, líonrú fostóirí, agus cabhair roghnach maidir le cúram leanaí a rochtain. Sa **tSualainn**, chuir an Córas ‘Ceithre-Chatagóir’ le haghaidh Ceadanna Oibre dlús faoi phróiseáil ceadanna oibre d’oibrithe ardoilte nach de chuid an Aontais Eorpaigh iad ó bhí 2024 ann, trí fheidhmchláir a chatagóiriú bunaithe ar ghairm, oideachas, agus an tionscal. Ó bhí 2018 ann, tá an clár ‘Dispositivo Ampara’ sa **Spáinn** ag tabhairt tacaíochta d’iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta le measúnú scileanna tosaigh, réamhoiliúint ina gcomhcheanglaítear imeascadh sibhialta le forbairt scileanna, agus tacaíocht airgeadais a chumhdaíonn bun-riachtanais, cúram leanaí, iompar, aitheantas do cháilíochtaí, agus cúrsaí oiliúna, agus rud eile nach iad. I mí na Bealtaine 2025, ghlac an **tSlóivéin** an nGníomh um Aitheantas do Cháilíochtaí Gairmiúla i gCúram Sláinte, lena ndearnadh teacht isteach gairmithe cúraim sláinte ón gcoigríoch a éascú, a luathú, agus a áirithiú. Mar an gcéanna, in 2025, ghlac an **tSlóvaic** le Gníomh lena n-athrófaí an próiseas chun aitheantas a thabhairt do dhoiciméid oideachasúla agus do cháilíochtaí gairmiúla, lena ndéantar an próiseas a dhigitiú chun é a shimpliú agus deireadh á chur freisin le tréimhsí feithimh agus le táillí.

Tá bacainní suntasacha fós ar náisiúnaigh tríú tír i margadh an tsaothair. Náisiúnaigh tríú tír (20-64) atá éagsúil le himircigh mar dhaoine a rugadh lasmuigh den Aontas Eorpach) bhí 6 % díobh ag obair i margadh saothair an Aontais in 2024, mar sin féin, ba iad ba chúis leis an bhfás 52,3 % ar rannpháirtíocht an lucht saothair idir 2023 agus 2024. Bhí an ráta fostaíochta ina measc, ag 64,3 % in 2024, faoi bhun an ráta dóibh siúd a rugadh lasmuigh den Aontas Eorpach agus i measc saoránaigh den Aontas (76.7 %) ²⁰¹. Bhí an ráta dífhostaíochta i measc náisiúnach tríú tír (15-74) fós cobhsaí in 2024, ag 12.5 % ²⁰². Cé gur thit an ráta ó 21,7 % in 2014, tá sé fós beagnach dhá huair go leith níos airde ná an ráta do shaoránaigh den Aontas (5,4 %), agus difríochtaí móra idir na Ballstáit. Is minic le náisiúnaigh tríú tír a bheith ag obair i ngairmeacha ina bhfuil barrachas nó easnamh oibrithe, go háirithe i ngairmeacha lena mbaineann scileanna níos ísle. D'fhéadfadh sé sin a bheith amhlaidh mar gheall ar bhacainní níos ísle ar iontráil sna hearnálacha seo agus toisc iad a bheith ag brath ar shaothar imirceach ²⁰³. Tugann sé le fios freisin go bhfuil náisiúnaigh tríú tír i mbaol níos mó go mbeidh siad i bpost lena mbaineann caighdeán agus dálaí oibre níos ísle. Tá an sciar de náisiúnaigh tríú tír (20-64) a bhfuil oideachas treasach orthu agus atá fostaíthe i ngairm ina n-éilítear leibhéal oideachais níos ísle tite go 39.6 % in 2024, ach tá difríochtaí móra leanúnacha fós sna rátaí rócháilíochta ²⁰⁴. Is léir an treocht sin freisin i measc daoine a easáitíodh as an Úcráin, a raibh rátaí fostaíochta níos airde acu murach sin ²⁰⁵. Tá grúpaí áirithe, amhail mná ar imircigh iad, daoine a bhíonn ag lorg cosaint idirnáisiúnta agus imircigh a thagann isteach trí athaontú teaghlaigh, is minic leo torthaí níos measa ó mhargadh an tsaothair a bheith acu. Cuirtear i dtábhacht leis sin an gá atá le tacaíocht spriocdhírithe chun aghaidh a thabhairt ar na bacainní sainiúla a bhíonn le sárú acu ²⁰⁶.

²⁰¹ Eurostat [[lfsa_ergan](#)], SFS-AE.

²⁰² Eurostat [[lfsa_urgan](#)], SFS an Aontais.

²⁰³ An tÚdarás Eorpach Saothair (2025), [EURES Report on labour shortages and surpluses 2024](#) [Tuarascáil EURES ar ghanntanais agus barrachais saothair 2024], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg.

²⁰⁴ An Coimisiún Eorpach, [Employment and Social Developments in Europe – Quarterly review](#) [Fostaíocht agus Forbairtí Sóisialta san Eoraip – Athbhreithniú ráithiúil]. [Mí Eanáir 2025](#), Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2025.

²⁰⁵ Eurofound (2024b), [Tionchar Sóisialta na hImirce: Addressing the challenges of receiving and integrating Ukrainian refugees](#), [Tionchar Sóisialta na hImirce: Aghaidh a thabhairt ar an dúshlán a bhaineann le tabhairt isteach agus imeascadh dídeanaithe de chuid na hÚcráine], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh.

²⁰⁶ SWD/2025/162 final.

2.2.2 Bearta arna ndéanamh ag na Ballstáit

Tá sé d'aidhm ag na Ballstáit rannpháirtíocht in oideachas agus cúram na luath-óige a mhéadú a thuilleadh, go háirithe trí fheabhas a chur ar inrochtaineacht agus trí aghaidh a thabhairt ar ghanntanais foirne cáilithe. Mar shampla, in Éirinn seoladh an scéim nua tacaíochta 'Tús Cothrom', ina soláthraítear bearta spriocdhírthe uilíocha chun cuidiú le teaghlaigh atá faoi mhíbhuntáiste a bheith rannpháirteach go hiomlán in oideachas agus cúram na luath-óige agus i gcúram leanaí ar aois scoile (e.g. cistiú breise le haghaidh seirbhísí cúraim leanaí chun oibriú le tuismitheoirí agus le seirbhísí sóisialta, scéim lóin saor in aisce). Chun comhionannas deiseanna a chothú, tá an **Chipir** chun fóirdheontais atá á gcistiú ag CSE+ a thabhairt do náiscoilleana beaga poiblí iargúlta, le haghaidh táillí teagaisc agus costais iompair a chumhdach do chuairteanna oideachais agus gníomhaíochtaí seach-churaclaim do leanaí ó chúlraí socheacnamaíocha níos ísle. Sa **Ghréig** tugadh bearta beartais isteach chun tacaíocht a thabhairt do leanaí ó ghrúpaí leochaileacha rochtain a fháil ar oideachas agus cúram luath-óige ar feadh an lae, agus faigheann scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu tacaíocht spriocdhírthe sa seomra ranga i gcomhthreo leis sin, le tacaíocht ó CSE+. Sa **tSlóvaic** táthar ag cómhaoiniú forbairt náiolann chomh maith le hacmhainneacht foirne agus scileanna tuismitheoireachta a neartú, go háirithe i gcás tuismitheoirí a thagann ó chúlraí atá faoi mhíbhuntáiste ar bhonn socheacnamaíoch. Ar bhonn níos ginearálta, d'fhógair roinnt Ballstát go bhfuil pleananna acu an líon áiteanna in oideachas agus cúram na luath-óige a mhéadú, lena n-áirítear an **Ostair** (50 000 áit bhreise faoi 2030), an **Bheilg** (fógraíodh infheistíocht le haghaidh 10 000 áit bhreise i bhFlóndras in 2025 agus, le tacaíocht ón bPlean Téarnaimh agus Athléimneachta, 5 200 áit bhreise sa Vallúin-sa Bhruiséil faoi 2026), an **Pholainn** (102 000 áit faoi 2029), le tacaíocht ó CSE+ agus ón bPlean Téarnaimh agus Athléimneachta) agus an **Phortaingéil** (5 000 áit nua faoi 2027). Ina theannta sin, rinne roinnt tíortha bearta chun méadú a chur ar cháilíocht na seirbhísí, go háirithe trí aghaidh a thabhairt ar ghanntanas múinteoirí, trí fheabhas a chur ar oiliúint múinteoirí agus trí threoirilínte oideolaíocha a fhorbairt. Sa **Bheilg** (Flóndras), tabharfar ardú céime do dhaoine a aistroidh isteach i ngairmeacha in oideachas agus cúram na luath-óige trí chúrsaí oiliúna íoctha agus trí mheastóireacht agus athchóiriú a dhéanamh ar an líonra tacaíochta cúraim leanaí atá i bhfeidhm faoi láthair. Sa **Ghearmáin** infheistíodh EUR 4 bhilliún in 2025-2026 chun feabhas a chur ar áiteanna d'ardchaighdeán agus chun áiteanna a leathnú, chun an líon foirne láncháilithe a mhéadú, feabhas a chur ar chóimheasa leanaí-foireann agus luath-fhoghlaim na teanga a chur chun cinn. Tá ceanglais nua le haghaidh foireann oideachais agus cúraim luath-óige beartaithe freisin san **Fhionlainn** agus san **Ísiltír**, agus tá cóimheasa leanaí-foireann á gcur in oiriúint sa **Bheilg** (Flóndras), sa **Danmhairg**, i **Lucsamburg** agus sa **Pholainn**. Tá clár oiliúna náisiúnta á chur chun feidhme freisin sa **Pholainn** ('An tAcadamh Tacaíochta') do sholáthraithe cúraim leanaí, d'údaráis réigiúnacha agus áitiúla chun tacaíocht a thabhairt do thabhairt isteach caighdeán oideolaíocha nua ar ardchaighdeán san oideachas agus cúram luath-óige do leanaí atá níos óige ná 3 bliana ó mhí Eanáir 2026.

Ar fud na réimsí bunscoileanna sa mhatamaitic, sa léitheoireacht agus san eolaíocht, chomh maith le scoileanna digiteacha agus saoránachta, tá athchóirithe tugtha isteach ag roinnt tíortha den Aontas. Le tacaíocht CSE+, cuireadh tús le déanaí sa **Rómáin** le clár a chur chun feidhme chun neamhlitearthacht fheidhmiúil a laghdú agus bunscoileanna a fheabhsú, ina gcuimsítear bearta chun na rudaí is siocair leis an tearc-ghnóthachtáil a anailísiú, agus foghlaim na litearthachta feidhmiúla a fhorbairt, oiliúint agus tacaíocht do mhúinteoirí, chomh maith le bearta ar bhonn píolótach i scoileanna arb é is aidhm dóibh uas-scálú a dhéanamh ar an leibhéal náisiúnta. San **Iodáil**, díríonn *Agenda Sud* ar litearthacht (idirdhealú a dhéanamh idir Iodáilis do chainteoirí dúchais agus do dhaoine nach cainteoirí dúchais iad), ar uimhearthacht agus ar scoileanna teanga i mBéarla. Sa **Pholainn** táthar ag ullmhú athchóiriú curaclaim atá dírithe ar fheabhsú inniúlachtaí, lena n-áirítear bunscoileanna agus scoileanna ETIM, atá le cur chun feidhme i mí Mheán Fómhair 2026, ag tosú leis an réamhscoil agus leis an mbunscoil. Tá na Pobail sa **Bheilg** ag obair ar athchóirithe curaclaim ar mhórsála arb é is aidhm dóibh bunscoileanna a neartú, mar aon le bearta faireacháin. Cé go leantar straitéisí iomlánaíochta i gcuid mhaith tíortha, tá gníomhaíochtaí spriocdhírithe á gcur i bhfeidhm i roinnt tíortha ina bhfuiltear ag díriú ar dhisciplíní aonair. I gcás na matamaitice, d’ullmhaigh an **Liotuáin** plean chun feabhas a chur ar theagasc agus foghlaim. Dírithe sa phlean seo ar thacaíocht a thabhairt do scoláirí nach bhfuil ag éirí chomh maith sin leo agus ar inniúlachtaí múinteoirí a thabhairt cothrom le dáta. Sa **tSeicia**, tá suas le 100 scoil ag cur curaclaim nua bunscoile ar bun ar bhonn píolótach, ina dtairgtear solúbthacht níos fearr agus ina gcuirtear gnéithe i dtábhacht amhail réasúnaíocht na matamaitice agus foghlaim tionscadalbhunaithe. Chun tacú leis an léitheoireacht agus leis an teanga, tugadh isteach séala nua cáilíochta sa léitheoireacht do bhunscoileanna na **hOstaire**. In **Éirinn**, soláthraíonn curaclaim nua ETIM sonraíochtaí atá tugtha cothrom le dáta don bhitheolaíocht, fisic agus ceimic, agus d’ábhair nua, mar atá, Oideachas ar an Aeráid agus Forbairt Inbhuanaithe. Díríonn roinnt tionscnamh ar fheabhas a chur ar litearthacht ríomhairí agus faisnéise. Sa **tSlóivéin** tabharfar ábhar nua isteach ar fhaisnéisíocht agus teicneolaíochtaí digiteacha i ngrád a seacht den bhunscoil ó 2028/2029 ar aghaidh. Sa **Pholainn** agus i **Málta**, tríd an bPlean Téarnaimh agus Athléimneachta agus trí thacaíocht CSE+, táthar ag uas-scálú dáileadh táibléad agus ríomhairí glúine, agus tacaíonn an **Laitvia** le scoláirí trí ghairis dhigiteacha, rochtain idirlín agus tacaíocht oideolaíoch shaincheaptha a sholáthar dóibh. Sa **Pholainn** tugadh ábhar nua isteach ar Oideachas Sibhialta sna blianta sinsearacha den mheánscoil agus tugadh Oideachas Sláinte isteach ar gach leibhéal, agus tairgtear tacaíocht freisin do mhúinteoirí trí lámhleabhair teagaisc agus seimineáir oiliúna ábhartha mhaoinithe. Sheol an **Ghréig** an ‘Gníomhaíochtaí Curaclaim Náisiúnta le haghaidh Saoránacht Ghníomhach agus Treoirleabhar Múinteoirí’ do náiscoilleana, do bhunscoileanna agus do mheánscoileanna, lena soláthraítear treoirlínte maidir le cur chun feidhme pleananna gníomhaíochta chun na 17 sprioc maidir le forbairt inbhuanaithe a bhaint amach.

Gairm na múinteoireachta a neartú, leis an mbéim ar tharraingteacht agus ar chaighdeán na gairme, sin tosaíocht lárnach i gcónaí chun feabhas a chur ar bhunscileanna na scoláirí. San **Ostair**, rinneadh cuíchóiriú ar oiliúint múinteoirí agus beidh sí ceangailte níos láidre anois leis na dúshlán i gcleachtas. Chomh maith leis sin, tá an rogha maidir le conair dhéach beartaithe, ina mbíonn scoláirí ag múineadh ag scoileanna roghnaithe ar feadh seimeastar amháin le linn dóibh a bheith i mbun staidéir. Méadaíodh tuarastail múinteoirí i roinnt tíortha, **an Bhulgáir, an Liotuáin, an Ungáir agus an tSlóivéin** ina measc. In 2024, tosaíodh ar mhór-athchóiriú tuarastail a chur chun feidhme san **Ungáir**, arna chómhaoiniú ag CSE+, chun méadú 80 % ar a laghad de mheántuarastail céimithe treasacha eile a chur ar thuarastail múinteoirí faoi mhí Eanáir 2025. Tairgeann **Éire** agus an **Pholainn** conarthaí teagaisc buana do mhúinteoirí nua tar éis dóibh 1 bliain amháin a chaitheamh ag teagasc, rud lena ngiorraítear fad na taithí praiticiúla a bhíonn de dhíth. Leis an athchóiriú reatha atáthar a dhéanamh ar an ngairm múinteoireachta agus ar ghairmeacha múinteoireachta sa **tSualainn** tá sé dírithe ar chaighdeán an teagaisc agus tarraingteacht ghairm na múinteoireachta a fheabhsú. Tacóidh tionscadal atá á chómhaoiniú ag Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil an Aontais le hathchóirithe sa **Bheilg** (Flóndras) agus san **Ísiltír** chun feabhas a chur ar ábharthacht agus ar éifeachtacht fhorbairt ghairmiúil leanúnach múinteoirí san oideachas digiteach. Chun teagasc ardcháilíochta a áirithiú in ábhair ETIM, tá na Ballstáit ag díriú freisin ar ullmhacht múinteoirí. Seoladh roinnt tionscnamh sa **Ghearmáin**, amhail oiliúint múinteoirí QuaMath, agus san **Eastóin** tairgtear micridhintiúir sa chlár Acadamh Múinteoirí, mar shampla ar ábhair a bhaineann le ETIM, chun deis a thabhairt do mhúinteoirí cáilíocht bhreise a bhaint amach le linn dóibh a bheith ag obair.

Leanann na Ballstáit ag dul i ngleic le luathfhágáil na scoile agus le neamhionannas oideachais, agus faigheann siad tacaíocht láidir ó chistiú ón Aontas. Sa **Spáinn**, ba cheart go síneodh 2700 ionad oideachais comhaontuithe lena léirítear a ngealltanais páirt a ghlacadh sa ‘Clár um threoshuíomh, dul chun cinn agus saibhriú oideachais’ chun luathfhágáil agus luathfhágáil daltaí ísealfheidhmíochta a laghdú, faoi Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta na Spáinne. Tá an clár, arna chómhaoiniú ag CSE+, ag cuidiú le níos mó ná 3400 scoil agus tá sé dírithe ar scoileanna a bhfuil dúshlán oideachais ar leith acu ina bhfuil sciar suntasach de dhaltaí i staid leochaileachta sochoideachasúla i ranganna rialta. I **Lucsamburg**, méadófar an aois scoile éigeantach ó 16 go 18 ó mhí Mheán Fómhair 2026, agus sainaitníonn an tSeirbhís Óige Náisiúnta daoine óga i mbaol éirí as an scoil agus téann siad i dteagmháil le gach duine acu chun treoraíocht a thabhairt dóibh. Sa **tSlóvaic** tá sé beartaithe córas dubailte a thabhairt isteach maidir leis an réasúnú a bhaineann le hasláithreacht chun cuntasacht na scoileanna a mhéadú.

Tá iarrachtaí leanúnacha dírithe ar fhreagairt don úsáid nua mhéadaithe atáthar a bhaint as an intleacht shaorga san oideachas agus oiliúint. Tá pleananna ag an **Eastóin** uirlisí na hintleachta saorga agus oiliúint a chomhtháthú go córasach san oideachas leis an gclár nua oideachais IS ‘I dTreo IS’ (‘TI-Hüpe’), a seoladh i mí Mheán Fómhair 2025. Is é is aidhm dó uirlisí agus scileanna IS a chomhtháthú sa chóras oideachais trí rochtain a sholáthar ar phríomhfheidhmchláir agus oiliúint IS do dhaltáí agus do mhúinteoirí. Sa **Spáinn**, in 2024 d’fhoilsigh an Aireacht Oideachais treoirleabhar agus cuireann sí oiliúint múinteoirí agus ábhair theagaisc eile ar fáil go rialta chun tacú le múinteoirí dul i ngleic leis na deiseanna, na dúshláin agus an úsáid eiticiúil i gcás na hintleachta saorga. Ina theannta sin, tá rian nua gairmoideachais agus gairmoiliúna i réimse IS agus na sonraí curtha ar bun sa Spáinn agus tá modúil dhigiteacha chomhtháite curtha ar bun aici ar fud na gclár uile atá ann cheana. San **Fhionlainn**, tá comhtháthú freagrach agus éifeachtach IS isteach i dtimpeallachtaí foghlama á threorú ag moltaí IS, ina bhfuil oibleagáidí dlíthiúla náisiúnta agus treoirlinnte ginearálta do sholáthraithe oideachais agus do bhaill foirne. Mar an gcéanna, san **Fhrainc** glacadh le creat dlíthiúil agus eiticiúil maidir le IS a úsáid i scoileanna agus leis sin beifear in ann uirlisí IS a úsáid chun cuidiú le foghlaim bunscoileanna a shaincheapadh i mbunscoileanna agus sna chéad bhlianta den mheánscoil. In **Éirinn**, tá sé mar aidhm freisin tacaíocht a thabhairt do mhúinteoirí agus ionracas a choinneáil ar bun i measúnú scoláirí lena treoraíocht ar úsáid IS i dteagasc agus san fhoghlaim. Táthar ag forbairt straitéisí agus uirlisí chun IS a chur chun feidhme san oideachas scoile. Sa **Chróit**, tá curaclam nua á fhorbairt ina ndírítear ar IS agus ar theicneolaíochtaí digiteacha atá ag teacht chun cinn chun feabhas a chur ar inniúlachtaí digiteacha i measc múinteoirí agus foghlaimeoirí. Le comhtháthú curaclaim na hintleachta saorga, agus tionscadail amhail Paidea agus Treoirthionscadal IS sa Mhatamaitic, léirítear rannpháirtíocht láidir **Mhálta** in uas-sciliú múinteoirí agus foghlaimeoirí mar chuid dá straitéis chun litearthacht dhigiteach agus intleachta saorga a fheabhsú. Tá reachtaíocht rite ag an n**Gréig** maidir le huirlisí nuálacha digiteacha a úsáid san oideachas. Féadfar teicneolaíochtaí agus feidhmchláir dhigiteacha, ábhair oideachais nuálacha, chomh maith le córais intleachta saorga a úsáid chun tacú le múinteoirí agus chun an próiseas oideachais a neartú i mbunscoileanna agus i meánscoileanna.

Leanadh den nuachóiriú ar chórais gairmoideachais agus gairmoiliúna, mar shampla trí athchóirithe struchtúracha, bonneagar uasghrádaithe agus conairí don fhoghlaím ar feadh an tsaoil. Thug roinnt tíortha straitéisí gairmoideachais agus gairmoiliúna náisiúnta isteach nó thug siad cothrom le dáta iad. Tá an **Chipir** ag obair ar straitéis nua gairmoideachais agus gairmoiliúna agus seoladh mórhionscadail bhonneagair ann arna geistiú ag an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus ag an gCiste um Aistriú Cóir, agus tugadh isteach ardscoileanna teicniúla ar bhonn píolótach, arbh é ab aidhm dóibh conair níos solúbtha a sholáthar ina dtugtar oideachas ginearálta agus an ghairmoideachas le chéile, agus é á chistiú ag CSE+. Tá sruth athchóirithe reachtacha mar bhonn taca faoi iarrachtaí náisiúnta freisin chun feabhas a chur ar fhreagrúlacht an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna. Sa **Spáinn**, rinneadh an creat rialála le haghaidh an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna a chomhdhlúthú tuilleadh, i dtreo cur chuige níos láidre den fhoghlaím obairbhunaithe agus printíseachtaí, agus roinnt foraithe ríoga lena rialaítear an struchtúr curaclaim, comhpháirteanna córais agus rialachais, agus ag tacú an tráth céanna le bunú Lárionad Barrmhaitheasa agus na haistrithe glasa agus digiteacha san oiliúint. Chun an tairiscint oiliúna a ailíniú níos fearr le héileamh an mhargaidh, sheol an **Pholainn** cruthú lárionad scileanna tionscail a thugann scoileanna gairmoideachais agus gairmoiliúna, institiúidí ardoideachais, fostóirí agus páirtithe leasmhara eile le chéile. Lean an **Eastóin** leis an athchóiriú ar a reachtaíocht ghairmoideachais agus ghairmoiliúna agus oideachais aosaigh chun conairí foghlama solúbtha a chur chun cinn agus tacú le forbairt micridhintiúir. Lean an **Ghréig** d'athchóiriú 2024 ar a córas gairmoideachais agus gairmoiliúna chun feabhas a chur ar a ábharthacht don mhargadh saothair, agus cur chuige fianaisebhunaithe á leanúint aici le tacaíocht ón Sásra um Dhiagnóis an Mhargaidh Saothair. Ina theannta sin, rith an **Ghréig** reachtaíocht maidir le hAcadaimh Ghairmoiliúna a bhunú, lena nasctar an gairmoideachas agus an ghairmoiliúint tosaigh le riachtanais mhargadh an tsaothair ar an leibhéal áitiúil, i gcomhar le comhpháirtithe stáit agus sóisialta chun creat nua-aimseartha a bhunú lena gcuirfear oideachas ardcháilíochta agus fostaíocht ar phá maith chun cinn.

Tugtar tosaíocht i gcónaí do rochtain a leathnú chuig foghlaim obairbhunaithe

d'ardchaighdeán. Tugadh an creat dlíthiúil déach don ghairmoideachas agus don ghairmoiliúint sa **Bhulgáir** cothrom le dáta agus leithdháileadh cistí poiblí breise chun ranníocaíochtaí sóisialta agus sláinte mac léinn a chumhdach san oideachas déach, rud lena n-áirithítear go mbeidh comhar níos fearr le fostóirí agus go nglacfar ar bhonn níos leithne le hoiliúint ionchuideachta. Thug Ballstáit eile tosaíocht don daonra fásta agus do dheiseanna uas-scilithe. Tá maoiniú méadaithe ag an **tSualainn** chun gairmoideachas aosach a leathnú, rud a chumasaíonn áiteanna staidéir lánbhliana mar fhreagairt ar ghanntanais scileanna, chomh maith le hardoideachas, lena gcuirtear deiseanna méadaithe ar fáil chun freastal ar riachtanais scileanna an tsaoil oibre. Maidir leis an treoirthionscadal ina bhfuil cineál nua gairmoideachais náisiúnta do dhaoine fásta ar leibhéal na meánscoile uachtaraí, arb é is aidhm dó an nasc idir riachtanais scileanna an tsaoil oibre agus na gairmoiliúna do dhaoine fásta a neartú, treisíodh agus cuireadh síneadh leis go dtí 2028. Áirítear ar infheistíochtaí na **Spáinne** an chaoi a ndearnadh spásanna teicneolaíochta feidhmeacha d'os cionn 1 200 seomra ranga, fuarthas os cionn 25 000 gníomhaíocht oiliúna 30 uair an chloig do mhúinteoirí gairmoideachais agus gairmoiliúna i scileanna glasa agus scileanna digiteacha, agus leathnaíodh timthriallta oiliúna gairmoideachais agus gairmoiliúna dátheangacha. Tá na gníomhaíochtaí sin leabaithe sa Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta chun rannpháirtíocht an fhoghlaimeora agus ábharthacht mhargadh an tsaothair araon a neartú.

Tá na Ballstáit ag tacú le hiarrachtaí na n-institiúidí ardoideachais maidir lena gcórais a nuachóiriú, na naisc chuig margadh an tsaothair a neartú agus an t-idirnáisiúnú a threisiú. Cé gur tháinig leathnú seasta ar an líon daoine a bhfuil oideachas treasach acu, táthar ag díriú níos mó agus níos mó ar oideachas ardcháilíochta a áirithiú agus ar a ábharthacht do mhargadh an tsaothair a mhéadú chun aghaidh a thabhairt ar ghanntanais scileanna. Le tacaíocht ó CSE+, tá borradh á chur ag an m**Bulgáir** faoin bhfoghlaim inniúlachtbhunaithe agus faoi idirnáisiúnú a hinstiúidí ardoideachais. Díríonn plean náisiúnta na **Cipire** chun ardoideachas a fheabhsú agus a uasghrádú ar cháilíocht agus barr feabhais a fheabhsú, ar oideachas a nascadh le margadh an tsaothair agus ar idirnáisiúnú a chur chun cinn. Is é is aidhm don t**Seicia** cláir threasacha ghearr-thimthriallacha a thabhairt isteach i ngairmscoileanna nua níos airde, agus bunaíodh nósanna imeachta sa **Spáinn** chun foghlaim neamhfhoirmiúil agus foghlaim sheachfhoirmiúil a bhailíochtú. Bhunaigh roinnt tíortha straitéisí maidir le hidirnáisiúnú le déanaí chun soghluaisteacht agus idirnáisiúnú san ardoideachas a mhéadú. Tacaíonn Straitéis Náisiúnta Soghluaisteachta agus Idirnáisiúnaithe na **hOstaire** don Ardoideachas 2020-30 le soghluaisteacht do gach grúpa san ardoideachas, rud lena ndírítear níos mó ar shoghluaisteacht acadúil ar ardchaighdeán a chur chun cinn. Tá súil ag an **nGearmáin** a bheith in ann tuilleadh mac léinn idirnáisiúnta a mhealladh trí cheanglais dhlíthiúla (víosáí, coinníollacha rochtana) a éascú agus tríd éascaíocht a dhéanamh ar rochtain ar chlár trí aitheantas méadaithe a thabhairt do scileanna agus do dhioplómaí, do chúrsaí teanga, do thithíocht agus do chomhairleoireacht. Le tacaíocht ó Chiste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+), tá a céad straitéis idirnáisiúnaithe don ardoideachas á forbairt ag an **bPolainn**, straitéis atá le tabhairt chun críche faoi dheireadh 2025. Tá an **Ghréig** tar éis dul isteach i gcéim nua d'athchóiriú an ardoideachais, lena gcuirtear creat ar fáil chun ollscoileanna neamhbhrabúis neamhstáit a bhunú agus a oibriú faoi bhunchritéir dhiana arna maoirsiú ag an Údarás Náisiúnta um Ardoideachas. Áirítear san athchóiriú 74 chéim Mháistreachta chomhpháirteacha agus dhéacha a chur ar fáil i gcomhpháirtíocht le hollscoileanna idirnáisiúnta oirirce agus oifigí tacaíochta mac léinn a chur i ngach ollscoil, arna gcistiú ag CSE+ le linn 2021-2027.

Tá bearta á nglacadh ag na Ballstáit chun an fhoghlaim aosach a mhéadú agus a fheabhsú i gcomhréir le tionscnaimh Aontas na Scileanna. Tá roinnt Ballstát i mbun píolótú ar Chuntas Foghlama Aonair (ILAnna) mar chur chuige i leith na hoiliúna atá dírithe ar an éileamh. Sa t**Slóvaic**, tháinig dlí nua maidir leis an oideachas aosach i bhfeidhm i mí Eanáir 2025 arb é is aidhm dó an córas oideachais aosaigh a neartú agus oideachas seachfhoirmiúil a spreagadh, go háirithe trí chuntais foghlama aonair a phiolótú. Cé go bhfuil sé d’aidhm ag cuntais foghlama aonair rochtain uilíoch ar oiliúint a dheonú, díríonn roinnt treoirthionscadal ar ghrúpaí sonracha. Sa **Chipir**, mar shampla, cuireann treoirthionscadal EUR 2 400 ar fáil i gcaitheamh tréimhse 3 bliana do dhaoine fásta atá dífhostaithe go fadtéarmach agus do dhaoine fásta ar bheagán cáilíochtaí arna gcistiú ag CSE+. Tá cistiú inbhuanaithe ag teastáil le haghaidh córas foghlama aosai atá dea-cheaptha. Le tacaíocht ó CSE+, ghlac an **Laitvia** rialacháin i mí Iúil 2025 chun cistí scileanna a bhunú, rud a rannchuideoidh le córas foghlama aosai níos inbhuanaithe a bheidh cistithe níos fearr a chruthú, ina mbeidh fostóirí rannpháirteach. Is é is aidhm don treoirthionscadal oiliúint a chur ar fáil do níos mó ná 4 700 duine faoi 2029. Chun scileanna a ailíniú le riachtanais mhargadh an tsaothair, tá feabhas á chur ag roinnt tíortha ar straitéisí scileanna agus ar chórais oirchill scileanna. Go dtí deireadh 2025, tá an **Spáinn** i mbun taighde faoin bplean téarnaimh agus athléimneachta chun riachtanais scileanna a bhrath trí shuirbhé a rinneadh i bpríomhearnálacha mar bhonn eolais faoi fhreagairtí éifeachtacha ar éilimh ar oiliúint agus ar athsciliú. I mí an Mheithimh 2025, thug **Lucsamburg** isteach clár réamhghníomhach bainistíochta fostaíochta agus athscilithe/uas-scilithe, ‘Skills-Plang’. Leanann na Ballstáit de bheart a dhéanamh chun an cur chuige Eorpach i leith micridhintiúir a chur chun feidhme, borradh a chur faoin uas-sciliú agus faoin athsciliú agus, an tráth céanna, scileanna a dhéanamh infheicthe agus inchomparáide go héasca ar fud an Aontais. I mí Mheán Fómhair 2025, thug an **Ungáir** rialachán nua isteach maidir le cláir oiliúna as a leanann micridhintiúir san oideachas aosach, lena gceadaítear deiseanna oiliúna níos giorra do dhaoine fásta bunaithe ar théacsleabhair chreidiúnaithe ghairmoideachais agus ghairmoiliúna. Faoina plean téarnaimh agus athléimneachta, chuir an **Spáinn** plean gníomhaíochta san áireamh chun creat a chruthú ar mhaithe le micridhintiúir a fhorbairt. Tá an Spáinn ag obair freisin ar mhicridhintiúir a sholáthar chun tacú le heolas agus scileanna sonracha maidir leis an éileamh i margadh an tsaothair. Is príomhthosaíocht i gcónaí ar fud na mBallstát é aitheantas a thabhairt d’inniúlachtaí a fhaightear trí thaithí oibre agus trí fhoghlaim sheachfhoirmiúil. I mí an Mheithimh 2024, ghlac an **Chróit** rialachán nua lena gcumasaítear aitheantas a thabhairt don réamhfhoghlaim, agus aird ar leith á tabhairt ar riachtanais daoine fásta agus cuardaitheoirí poist ar bheagán oiliúna. Leis an athchóiriú, déantar an bailíochtú a ailíniú ar bhealach níos dlúithe le ceanglais mhargadh an tsaothair agus tacaítear le conairí i dtreo cáilíochtaí deimhnithe. I **Málta**, foilsíodh treoirlínte náisiúnta nuashonraithe i mí Mheán Fómhair 2024, agus i mí Eanáir 2025 tháinig treoirlínte dearbhaithe cáilíochta i bhfeidhm chun gach lárionad foghlama seachfhoirmiúla agus neamhfhoirmiúla a bhailíochtú chun caighdeáin cháilíochta agus cuntasacht a bhunú ina bpróisis laethúla agus ina n-oibríochtaí laethúla.

Tugadh isteach tionscnaimh chun scileanna digiteacha san oideachas a neartú. Mar shampla, sa **Bheilg**, d'fhorbheas rialtais Chónaidhm na Vallúine-na Bruiséile agus Réigiún na Vallúine comhaontú nua comhair maidir leis an oideachas digiteach i scoileanna éigeantacha agus san oideachas aosach, lena n-áirithítear go bhfaighidh gach dalta agus gach ball foirne tacar íosta scileanna digiteacha, i gcomhréir leis an gCreat Inniúlachta Digití do Shaoránaigh. Sheol **Málta** Straitéis um Oideachas Digiteach 2025-30, arb é is aidhm di scileanna digiteacha a thabhairt do dhaltai chomh maith lena áirithiú go ndéanfar ailíniú le DigCom 2.2 agus le Creat Litearthachta IS (AILIT). Sheol an **Fhionlainn** clár digitithe don fhoghlaím leanúnach faoin bplean téarnaimh agus athléimneachta, lena n-áirítear seirbhísí chun tacú le haistrithe rianúla san oideachas agus sa saol oibre. Faoin mBeartas um Chlaohlú Digiteach don Oideachas (2025-2035), le tacaíocht ó chistí SIE agus ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, leanann an **Pholainn** ar aghaidh le trealamh TFC a thabhairt do scoileanna, oiliúint a chur ar mhúinteoirí i scileanna digiteacha chomh maith le líonra comhordaitheoirí oideolaíocha TFC a fhorbairt i scoileanna (25 000 múinteoir a gcuirfear oiliúint orthu le bheith ina gcomhordaitheoirí faoi 2028). Tá roinnt tíortha ag díriú ar uas-sciliú daoine fásta agus saoránach. Sa **Bhulgáir**, táthar ag bunú 760 club lena gcuirfear rochtain saor in aisce ar chúrsaí oiliúna i scileanna digiteacha ar fáil do dhaoine fásta (le buiséad EUR 116 milliún ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta). Faoin bplean téarnaimh agus athléimneachta, sheol an **Spáinn** oiliúint mhodúlach atá dírithe ar athsciliú agus uas-sciliú daoine fostaithe agus dífhostaithe. Thug roinnt tíortha bearta isteach freisin chun tacú le níos mó ardscileanna digiteacha agus gairmithe TF. In 2025, d'athsheol **Málta**, Údarás Nuálaíochta Digití Mhálta (MDIA) an Scéim Scoláireachta Digití Treo-Aimsitheora, arb é is aidhm di mic léinn a spreagadh chun speisialtóireacht a dhéanamh san intleacht shaorga agus i réimsí digiteacha eile ar leibhéal Máistreachta agus PhD. Tá tuairim is SEK 28 milliún (thart ar EUR 2,5 milliún) á infheistiú ag an **tSualainn** in 2025 chun cur ar chumas seacht n-institiúid ardoideachais cúrsaí gearra forbartha scileanna a fhorbairt lena ndíreofar ar an intleacht shaorga do ghairmithe in earnálacha éagsúla. Faoi 2026, le tacaíocht ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, tá sé d'aidhm ag an **bPolainn** oiliúint a chur ar 250 000 saoránach ar a laghad i scileanna digiteacha. Leanann an **Ghréig** dá hardán Acadamh Náisiúnta na Scileanna Digiteacha (EADSI), lena gcuirtear cúrsaí agus acmhainní foghlama ar líne atá saor in aisce agus ar ardchaighdeán ar fáil atá saincheaptha do dhaoine a bhfuil leibhéil éagsúla scileanna acu chun litearthacht dhigiteach a neartú agus chun tacú le huas-sciliú agus athsciliú.

I gcomhréir leis an gclár oibre maidir leis an aistriú dubailte éiceolaíoch agus digiteach agus leis an Moladh ón gComhairle maidir le hAistriú Cóir i dtreo na hAeráidneodrachta, tá na Ballstáit ag leathnú tionscnaimh oiliúna ina dtugtar aghaidh ar an éileamh atá ar scileanna glasa ar fud earnálacha agus gairmeacha. I mí Mheán Fómhair 2024, sheol an **Ghréig níos mó ná 600 clár oiliúna atá dírithe ar scileanna glasa arna soláthar ag seirbhísí fostaíochta náisiúnta agus atá dírithe ar 75 000 fostaí ón earnáil phríobháideach mar chuid dá Saoráid Téarnaimh agus Athléimneachta. Tá na cláir sin oscailte do chuardaitheoirí poist, d'fhostaithe agus d'fhiontraithe agus áirítear orthu ábhair amhail talmhaíocht inbhuanaithe, teicneolaíochtaí glasa agus fuinneamh in-athnuaite. Cuireadh tús leis sa scoilbhliain 2024/25, i **Lucsamburg**, leis an tionscnamh 'Skillsbridges', atá mar chuid dá Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta, tacaítear le huas-sciliú agus athsciliú i gcomhréir le faisnéis scileanna náisiúnta agus riachtanais mhargadh an tsaothair, agus béim ar leith á leagan ar oiliúint d'earnálacha a ndéanann an t-aistriú digiteach agus an t-aistriú glas difear dóibh, lena n-áirítear tógáil, iompar agus monaraíocht. Tá coinne leis go ndéanfar cleachtadh mapála ar dheiseanna oiliúna i réimse na forbartha inbhuanaithe agus na bpost glas i **Málta**, arb é is aidhm dó bearnaí acmhainneachta a shainaithint agus cur le treochlár scileanna glasa atá ailínithe le réamhaisnéisí mhargadh an tsaothair. Rinne an Chomhairle Náisiúnta Scileanna anailís ar bhearnaí foghlama i gcláir oiliúna chreidiúnaithe ar leibhéal 4-7 MQF a bhaineann le scileanna glasa in 2024 agus 2025.**

Tá bearta á ndéanamh ag na Ballstáit chun tacú le hinfhostaitheacht na hóige, i gcomhréir leis an Ráthaíocht threisithe don Aos Óg. Sheol **Málta** a ‘Ráthaíocht don Aos Óg 3,0’ i mí Feabhra 2025, le buiséad iomlán CSE+ dar luach EUR 10 milliún. Is é is aidhm dó conairí gníomhachtúcháin don aos óg a neartú trí thacaíocht phearsantaithe, oiliúint spriocdhírthe agus socrúcháin oibre a chur ar fáil. Thug an **Bhulgáir** isteach beart arna chistiú ag CSE+ ar a dtugtar ‘Tréimhsí Oiliúna don Aos Óg’, lena gcuirtear dreasachtaí ar fáil d’fhostóirí chun conarthaí neamhiata a thairiscint tar éis tréimhse oiliúna. I mí Mheán Fómhair 2024, le tacaíocht ó CSE+, d’fhorbair an **Phortaingéil** clár oiliúna INICIAR. Cómhaoiníonn sí 65 % de chostas deontais oiliúna agus is féidir 80 % den chostas a bheith i gceist i ngairmeacha ina bhfuil tearcionadaíocht inscne, do dhuine faoi mhíchumas, i réigiún intíre ina bhfuil dlús íseal daonra, agus má shínítear conradh fostaíochta lánaimseartha buan leis an oiliúnaí laistigh de 20 lá oibre ó dheireadh na tréimhse oiliúna. Tá beart á chur chun feidhme ag an **bPortaingéil** freisin arna chistiú ag CSE+ lena gcuirtear tacaíocht airgeadais ar fáil d’fhostóirí chun daoine óga cáilithe a fhostú agus a choinneáil, mar shampla trí cháilíocht na fostaíochta a chur chun cinn agus pá a shocrú atá iomchuí do cháilíochtaí. Sa **Ghréig**, tá beart arna chistiú ag CSE+ ar bun chun 25 000 duine óg dífhostaithe (idir 18-29 mbliana d’aois) a ullmhú lena n-imeascadh i margadh an tsaothair. Mar chuid dá plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta, chuir an **Spáinn** trí chlár san áireamh lena ndírítear ar fhostaíocht don aos óg, agus dírithe go háirithe ar inniúlacht ghairmiúil a bhaint amach trí oiliúint agus fostaíocht, agus aird ar leith á tabhairt ar scileanna a bhaineann leis an aeráid agus le cúrsaí digiteacha. Sa **tSualainn**, tá bearta atá dírithe ar NEETanna á gcur chun feidhme ar an leibhéal bardasach agus réigiúnach chun athimeascadh i margadh an tsaothair agus sa saol sóisialta a éascú, agus táthar ag díriú an tráth céanna ar an meabhairshláinte.

Tá obair ar siúl chun comhionannas inscne níos fearr a chur chun cinn san fhostaíocht agus i leibhéal phá. I Lucsamburg, glacadh dlí in 2024 lenar cruthaíodh ‘Faireachlann um Chomhionannas Inscne’ agus ‘Ardchomhairle um Chomhionannas Inscne’. Is é misean na Faireachlainne sonraí a bhailiú, faisnéis a sholáthar agus faireachán agus anailís a dhéanamh ar fhorbairtí sa chomhionannas inscne. Déanann an Chomhairle ar a bhfuil naonúr comhaltaí staidéar agus tugann siad comhairle maidir le gach saincheist a bhaineann le comhionannas inscne. Thrasuigh an **Fhrainc** an treoir maidir le Mná ar Bord (AE 2022/2381) faoin dlí Copé-Zimmermann, arb é is aidhm di paireacht inscne a fheabhsú i gcuideachtaí móra. San **Fhionlainn**, rinne an rialtas agus eagraíochtaí lárnacha mhargadh an tsaothair bearta comhpháirteacha maidir le pá comhionann a chaibidlíú le haghaidh na tréimhse 2024-27. Is é is aidhm don Chlár Pá Chomhionann an bhearna phá idir na hinscní a laghdú go dtí níos lú ná 15 % faoi 2027. Rinne **an tSeicia, an Fhionlainn, an Pholainn agus an tSlóvaic** bearta chun an Treoir um Thrédhearcacht Pá a thrasú, rud a neartaigh prionsabal an phá chomhionann as obair chomhionann ar comhionann a luach idir fir agus mná. Rinneadh iarrachtaí breise ar fud na mBallstát freisin chun feabhas a chur ar an gcothromaíocht oibre agus saoil dóibh siúd a bhfuil freagrachtaí tuismitheora orthu. Sa **Danmhairg**, cuireadh síneadh le teidlíocht tuismitheoirí chun sochair neamhláithreachta agus mháithreachais i gcás leanaí nuabheirthe san ospidéal ó thrí mhí san iomlán arna roinnt idir na tuismitheoirí go 12 mhí i gcás gach tuismitheora. Sa **Bheilg**, beidh tuismitheoirí a bhfuil freagrachtaí fadtéarmacha orthu i leith leanbh i gcúram altrama in ann saoire tuismitheora a iarraidh anois freisin. Tá bearta breise glactha ag an **Spáinn** chun cothromaíocht oibre agus saoil a neartú do thuismitheoirí. I mí Mheán Fómhair 2025, cuireadh síneadh le teidlíochtaí saoire a bhaineann le breith go 19 seachtaine san iomlán in aghaidh an tuismitheora, íoctha go hiomlán, cothrom agus neamh-inaistrithe, lena dtrasuitear an Treoir maidir le Cothromaíocht Oibre agus Saoil agus lena dtreisítear comhroinnt chothrom na bhfreagrachtaí cúraim. Tá Ballstáit eile ag cur níos mó dreasachtaí chun oibre ar fáil do mhná. Tá díolúine pháirteach ó ranníocaíochtaí slándála sóisialta á tairiscint ag an **Iodáil** do mháithreacha fostaithe agus féinfhostaithe a bhfuil beirt leanaí ar a laghad acu. Tá an sochar, atá bailí suas go dtí 10 mbliana d’aois don leanbh is óige agus, ó 2027, go dtí 18 mbliana d’aois don leanbh is óige do mháithreacha a bhfuil triúr leanaí nó níos mó acu, forchoimeáda doibh siúd a bhfuil ioncam inchánach suas le EUR 40 000 in aghaidh na bliana acu agus nach bhfuil rannpháirteach sa chóras cánach ar ráta comhréidh. Tá teorainn chaiteachais bhliantúil EUR 300 milliún ag gabháil leis an mbeart. Tá an fhiontraíocht á cur chun cinn ag clár Seirbhísí Poiblí Fostaíochta sa **Ghréig**, agus chruthaigh 10 055 duine dífhostaithe idir 30-59 mbliana d’aois fiontair bheaga agus mheánmhéide nua, agus béim ar mhná dífhostaithe. Is é EUR 17 000 an méid tacaíochta do na gnólachtaí/tairbhíthe nua.

Tá iarrachtaí ar bun chun cuimsiú daoine faoi mhíchumas i margadh an tsaothair a neartú.

Tá roinnt tíortha ag féachaint ar an earnáil phoiblí chun feabhas a chur ar rochtain chomhionann ar mhargadh an tsaothair. Mar shampla, le clár fostaíochta fóirdheonaithe sa **Ghréig** ranníoctar suas le 75 % de thuarastal agus ranníocaíochtaí 1 000 duine dífhostaithe faoi mhíchumas, atá le fostú sa rialtas áitiúil. I mí Mheán Fómhair 2025, cuireadh 1000 duine leis an líon tairbhithe. Beidh an clár ar siúl ar feadh 18 mí agus is é is aidhm dó rannpháirtithe a imeascadh i margadh an tsaothair. Sa **Spáinn**, fágfaidh athchóirithe ar nósanna imeachta roghnúcháin riaracháin phoiblí go mbeidh siad níos oiriúnaí do riachtanais daoine faoi mhíchumas. Tá reacht maidir le daoine faoi mhíchumas á leasú i **Lucsamburg**, lena dtugtar sainmhínithe cothrom le dáta, lena leathnaítear cearta agus lena ndéantar sásraí tacaíochta a bheachtú chun cuimsiú dlíthiúil, sóisialta agus gairmiúil a fheabhsú. Sa **Sualainn**, táthar ag díriú ar fheasacht a mhéadú i measc fostóirí maidir leis an tacaíocht atá ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas atá fostaíthe agus choimisiúnaigh sí Seirbhísí Poiblí Fostaíochta chun tionscnaimh faisnéise a chur i gcrích. Sheol **Éire** a Straitéis Náisiúnta um Chearta an Duine do Dhaoine faoi Mhíchumas 2025-2030. Is príomhchólún í an fhostaíocht, agus gabhann gníomhaíochtaí leis chun an riosca a bhaineann leis an aistriú ó shochair go hobair a laghdú.

2.3 Treoirlíne 7: Feabhas a chur ar fheidhmiú mhargaí an tsaothair agus ar éifeachtacht an idirphlé shóisialta


Sa roinn seo, breathnaítear ar chur chun feidhme threoirlíne fostaíochta uimh. 7, ina moltar do Bhallstáit feabhas a chur ar fheidhmiú mhargaí an tsaothair agus ar éifeachtacht an idirphlé shóisialta. Cumhdaítear leis sin, i measc nithe eile, cothromaíocht a bhaint amach idir an tsolúbthacht agus an tslándáil i mbeartais mhargadh an tsaothair, cosc a chur ar dheighilt mhargadh an tsaothair, oiriúnú do mhodhanna nua oibre, chomh maith le héifeachtacht bheartais ghníomhacha mhargadh an tsaothair a áirithiú agus obair neamhdhearbhaithe a chomhrac. Tá na spriocanna sin i gcomhréir le prionsabal 4 (tacaíocht ghníomhach don fhostaíocht), prionsabal 5 (fostaíocht sheasmhach inoiriúnaithe), prionsabal 7 (eolas faoi choinníollacha fostaíochta agus cosaint i gcás dífhostuithe), prionsabal 8 (idirphlé sóisialta agus rannpháirtíocht oibrithe), prionsabal 10 (timpeallacht oibre shláintiúil shábháilte atá curtha in oiriúint i gceart don oibrí) agus prionsabal 13 (sochair dhífhostaíochta) de Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta. Pléitear tógáil ar chleachtais náisiúnta atá ann, idirphlé sóisialta a chur chun cinn agus caidreamh le heagraíochtaí na sochaí sibhialta freisin. Scrúdaítear i Roinn 2.3,1 gnéithe a bhaineann le cáilíocht poist agus deighilt mhargadh an tsaothair, todhchaí na hoibre, lena n-áirítear i gcomhthéacs an chlaochlaithe dhigitigh. Déantar tuilleadh anailíse faoin Treoirlíne seo ar an dífhostaíocht fhadtéarmach agus ar bheartais ghníomhacha mhargadh an tsaothair. Ar deireadh, pléitear ról na gcomhpháirtithe sóisialta sa roinn seo agus an tábhacht a bhaineann leis an idirphlé sóisialta, agus le comhairliúchán iomchuí leis an tsochaí shibhialta, chun beartais a cheapadh agus a chur chun feidhme. Tuairiscítear i Roinn 2.3,2 ar bhearta beartais arna ndéanamh ag na Ballstáit sna réimsí beartais sin.

2.3,1 Príomhthásairí

Le socruithe conarthacha solúbtha is féidir cuidiú chun éilimh mhargadh an tsaothair a chomhlíonadh, ach is féidir cur le deighilt níos mó mhargadh an tsaothair agus cur isteach go mór ar cháilíocht poist freisin. Le cineálacha neamhchaighdeánacha oibre, amhail obair shealadach agus pháirtaimseartha, is féidir solúbthacht níos mó a sholáthar d'fhostóirí agus d'fhostaithe araon, agus is féidir leo a bheith mar 'chéimeanna aistir' i dtreo fostaíocht chobhsaí agus dálaí oibre níos fearr. I gcásanna áirithe, áfach, is féidir leo srian a chur leis an tsoghluaisteacht aníos, cur leis an éagobhsaíocht agus drochdhálaí oibre a chur ar fáil. Is minic go mbíonn siad bainteach le tuilleamh níos ísle, le rochtain theoranta ar chosaint shóisialta, oiliúint agus ionadaíocht²⁰⁷. D'fhéadfadh earnálacha agus gairmeacha áirithe a bheith níos tarraingtí mar thoradh orthu freisin, rud a chuirfeadh leis an nganntanas lucht saothair má tá an pá íseal agus má tá na dálaí oibre go dona²⁰⁸. Bíonn tionchar níos mó ag deighilt mhargadh an tsaothair ar dhaoine óga, ar mhná, ar imircigh, ar oibrithe scothaosta agus ar dhaoine ar bheagán oiliúna. Le beartais ghníomhacha mhargadh an tsaothair, agus beartais eile nach iad, lena spreagtar aistrithe chuig poist ar cháilíocht níos airde, is féidir le dreasachtaí d'fhostóirí daoine a fhostú ar bhonn buan lánaimseartha, mar aon le rochtain leormhaith ar chosaint shóisialta agus ar dheiseanna foghlama, is féidir leo cuidiú chun deighilt mhargadh an tsaothair a laghdú agus cáilíocht poist a fheabhsú.

Fíor 2.3.1: Le 10 mbliana anuas, tá an sciar fostaíochta sealadaí ag dul ar gcúl, ach tá éagsúlacht shubstaintiúil ann fós ó Bhallstát go chéile

Sciar na bhfostaithe sealadacha i measc na bhfostaithe uile (20-64, %, sonraí bliantúla)



Tabhair faoi deara: Bhí difríocht idir an sainmhíniú le haghaidh ES agus FR in 2023 agus 2024. Tá briseadh sa tsraith le haghaidh DK in 2023 agus BG in 2024.

Foinse: Eurostat, [[lfsi_pt_a](#)], SFS AE.

²⁰⁷Eurofound,


[Labour market segmentation \[Deighilt mhargadh an tsaothair\]](#), An Foclóir Eorpach um Chaidreamh Tionsclaíoch, 2019.

²⁰⁸Féach an Coimisiún Eorpach, [Employment and Social Developments in Europe 2024 \[Fostaíocht agus Forbairtí Sóisialta san Eoraip 2024\]](#), Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2024, agus Eurofound, [Company practices to tackle labour shortages \[Cleachtais cuideachtaí chun dul i ngleic le ganntanais lucht saothair\]](#), Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2024.

Lean an sciar d’oibrithe sealadacha san Aontas ag laghdú i gcomhthéacs rátaí fostaíochta arda agus atá ag ardú, ach tá difríochtaí substaintiúla fós ann ó Bhallstát go chéile²⁰⁹. Lean an sciar d’oibrithe sealadacha i measc na bhfostaithe uile (20-64) dá threocht anuas agus shroich sé 11,6 % in 2024. Tá sé sin 0,6 pointe céatadán faoi bhun na bliana roimhe sin agus 3 pointe céatadán níos ísle ná 10 mbliana ó shin — féach Fíor 2.3.1. Cé go raibh forbairt chomhchosúil i dtromlach na mBallstát, tá an bhearna idir na sciartha fostaíochta sealadaí is airde agus is ísle fós mór, ag 21,1 pointe céatadán. Lean an Ísiltír (ag 22,6 %), chomh maith leis an bPortaingéil, an Spáinn, an Iodáil agus an Pholainn (os cionn nó thart ar 15 %) de na sciartha is airde san Aontas a thaifeadh in 2024, agus bhí na figiúirí faoi bhun 3 % sa Bhulgáir, sa Laitvia, sa Rómáin agus sa Liotuáin.

Fíor 2.3.2: Tá difríocht mhór ó Bhallstát go chéile idir na sciartha de dhaoine óga agus de mhná atá san fhostaíocht shealadach

Sciar na bhfostaithe sealadacha i measc daoine óga (15-29) chomh maith le mná agus fir (20-64), (% 2024)



Tabhair faoi deara: Tá an sainmhíniú difriúil i gcás ES agus FR. Tá briseadh sa tsraith i gcás BG.

Foinse: Eurostat, [lfsi pt a], SFS AE.

²⁰⁹ Déantar fostaithe ar chonarthaí sealadacha a shainmhíniú mar fhostaithe ar conradh d’fhad teoranta, a dtiocfaidh deireadh lena bpríomhphost tar éis tréimhse a bheidh socraithe roimh ré, nó tar éis tréimhse nach eol roimh ré.

Tá conarthaí sealadacha beagnach trí huaire níos coitianta don aos óg agus níos forleithne i measc na mban ná na bhfear, agus tá éagsúlacht mhór ann ó Bhallstát go chéile. In 2024, tar éis laghdú 1,0 pointe céatadáin i gcomparáid le 2023, bhí conradh sealadach san Aontas ag 33,3 % d'fhostaithe óga (15-29) i gcomparáid le díreach 11,6 % i measc na bhfostaithe uile idir 20-64 bliana d'aois. Chonacthas na rátaí ab ísle (faoi bhun nó thart ar 5 %) sa Bhulgáir, sa Laitvia, sa Liotuáin agus sa Rómáin, agus bhí rátaí thart ar 40 % nó os a chionn le feiceáil sách minic san Ísiltír, san Iodáil agus sa Phortaingéil – féach Fíor 2.3.2. I bhformhór na mBallstát (20), bhí mná ar chonarthaí sealadacha ní ba mhinice ná fir, rud a d'fhág go raibh bearna 1,9 pointe céatadáin idir na hinscní in 2024 ar an meán san Aontas. Sa Chipir, san Fhionlainn agus sa Spáinn bhí an bhearna idir 5 agus 7 bpointe céatadáin, agus sa Liotuáin, sa Ghearmáin agus sa Bhulgáir bhí an bhearna idir 0,1 agus 0,3 pointe céatadáin.


Bosca Cholún 6: Gnéithe cáilíochta poist i mBallstáit an Aontais

Tá sé ríthábhachtach cáilíocht poist a chothú chun geilleagar sóisialta margaidh atá iomaíoch a chruthú lena ngabhann táirgiúlacht ard agus acmhainneacht nuálaíochta, lucht saothair ardoilte agus comhtháthú sóisialta níos mó. Bíonn roinnt gnéithe i gceist le cáilíocht poist a mbíonn tionchar ag aistrithe struchtúracha i margadh an tsaothair orthu freisin. Áirítear orthu sin na claochluithe digiteacha agus glasa, an t-athrú déimeagrafach, éabhlóid na gconarthaí fostaíochta agus na gcineálacha oibre, cultúir athraitheacha san ionad oibre, agus luachanna agus spriocanna sochaíochta níos leithne amhail neamh-idirdhealú agus comhdheiseanna. Mar a pléadh sa Choiste Fostaíochta (EMCO) agus a léiríodh i dTuairim EMCO i dtaobh EPSCO²¹⁰ mhí an Mheithimh 2025, cuimsíonn cáilíocht poist gnéithe traidisiúnta amhail tuilleamh leordhóthanach agus pá cóir, slándáil poist agus gairme, agus forbairt scileanna agus dul chun cinn gairme. Is eilimintí idirspiléacha iad sin uile lena fíidir fáinne óir an chumhachtaithe phearsanta, na táirgiúlachta agus an fháis eacnamaíoch a chruthú agus iad uile in éindí. An tráth céanna, mar a cuireadh i dtábhacht i dTuairim EMCO, le sábháilteacht agus sláinte ag an obair, in éineacht le *folláine ag an obair, socruithe optamacha maidir le ham oibre, cothromaíocht oibre agus saoil, agus neamhspleáchas ag an obair*, is féidir an bonn a leagan síos le haghaidh forbairt phearsanta agus ghairmiúil araon, agus le haghaidh rath eagraíochtúil chomh maith. D'fhéadfadh sé sin leanúint, mar shampla, as cruthaitheacht agus cuntasacht níos mó, spreagadh agus táirgiúlacht níos airde, agus laghdú ar ráta tarlaithe an traochta. Ina theannta sin, is cumasóirí cothrománacha ríthábhachtacha do mhargadh saothair cóir cuimsitheach iad *ionadaíocht agus eagrú an leasa chomhchoitinn, comhionannas inscne agus comhionannas deiseanna*, chomh maith le hiarrachtaí chun *aistrithe ó obair neamhdhearbhaithe/theardhearbhaithe go fostaíocht fhoirmiúil* a chothú. Ar deireadh, is gnéithe lárnacha de cháilíocht poist iad méid agus cineál na *cosanta sóisialta* atá ar fáil do chineálacha éagsúla fostaíochta. Is tiomantas athnuaite é an Treochlár um Poist Dea-cháilíochta, a forbraíodh i gcomhar le comhpháirtithe sóisialta an Aontais, chun poist ardcháilíochta a thiocfaidh slán i bhfad na haimsire a chothú in Aontas iomaíoch. Cuireann sé straitéis chuimsitheach i láthair chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin agus na deiseanna a bhaineann le margáí saothair na hEorpa a mhéid a bhaineann le poist ardcháilíochta agus chun rannchuidiú le haistriú cothrom glas agus digiteach, le hathrú a thuar agus le hidirghabháil níos tapúla i gcás ina bhfuil bagairt ann maidir le hathstruchtúrú. Leagtar amach sa Treochlár tionscnaimh agus uirlisí chun an beartas fostaíochta a ailíniú le riachtanais geilleagair atá ag forbairt go tapa agus, an tráth céanna, a bheith bunaithe go fóill ar phrionsabail gheilleagar sóisialta margaidh na hEorpa, ar an dul chun cinn sóisialta agus ar an lánfhostaíocht. Cuirtear i dtábhacht ann freisin na príomhthosca cumasúcháin lena gcothaítear poist ardcháilíochta i dtimpeallacht atá fabhrach do ghnó agus iarrann sé go ndéanfaí na cearta sóisialta atá ann cheana, seirbhísí ardcháilíochta do chách agus ar fud na réigiún, cistiú leordhóthanach agus idirphlé sóisialta treisithe agus cómhargáil a fhorfheidhmiú.

²¹⁰ Féach an [Tuairim ón gCoiste Fostaíochta maidir leis na gnéithe a bhaineann le cáilíocht poist](#) a cuireadh i láthair na Comhairle Fostaíochta, Beartais Shóisialta, Sláinte agus Gnóthaí Tomhaltóirí i mí an Mheithimh 2025.

Tá feidhmíocht maidir le cáilíocht poist éagsúil ó Bhallstát go chéile agus thar ghnéithe roghnaithe éagsúla

I ráta riosca na bochtaineachta ag an obair (18-64), 2024, % de dhaoine fostaithe agus % de dhaoine fostaithe aonair; Rannpháirtíocht daoine fásta san fhoghlaím (25-64) (le 12 mhí anuas), 2022, % de dhaoine fostaithe; Ráta fostaíochta sealadach agus páirtaimseartha ainneonach (15-64), 2024 % d'fhostaithe, Saothraithe ar phá íseal, 2022 % d'fhostaithe



Tabhair faoi deara: Níl sonraí maidir le fostaíocht shealadach ainneonach le haghaidh LV ar fáil ach amháin ar chúis [JOB_TCTR] agus le haghaidh SK ar chúis [NF_PJOB]. Tá briseadh sa tsraith i gcás BG agus tá difríocht sa sainmhíniú le haghaidh ES agus FR maidir le fostaíocht shealadach agus pháirtaimseartha ainneonach araon. Sonraí ar iontaofacht íseal le haghaidh EE [JOB_TCTR] agus MT, AT agus SI le haghaidh [NF_PJOB]. Tá briseadh sa tsraith le haghaidh HR agus sonraí sealadacha le haghaidh LT le haghaidh rátaí riosca na bochtaineachta don lucht oibre araon. Tá briseadh sa tsraith i rannpháirtíocht daoine fásta san fhoghlaím le haghaidh FR, IT agus RO. Sainmhínítear ráta riosca na bochtaineachta i gcás oibríthe mar an sciar de na daoine idir 18 mbliana agus 64 bliana d'aois a thuairiscíonn go bhfuil siad ag obair (fostaithe nó féinfhostaithe) agus ioncam indiúscartha coibhéisithe teaghlaigh acu atá faoi bhun thairseach riosca na bochtaineachta, arna shocrú ag 60 % den airmheán náisiúnta (tar éis aistriúcháin sóisialta). Ós rud é go mbraitheann an táscaire ar ioncam iomlán an teaghlaigh, déanann comhdhéanamh an teaghlaigh, staid fostaíochta ball eile den teaghlach, déine oibre (uaireanta an chloig oibríthe), agus foinsí eile ioncaim amhail aistriúcháin sóisialta agus cánacha difear dó freisin. Ní chuimsítear éagothromaíochtaí réigiúnacha sa chostas maireachtála leis an táscaire seo mar atá i gcás táscairí bochtaineachta airgeadaíochta eile.

Foinse: Eurostat [[tesem190](#)], [[lfsa_eetpgar](#)], [[tespm070](#)], [[ilc_iw02](#)], [[earn_ses_pub1s](#)], [eastóscadh speisialta de ráta rannpháirtíochta daoine fásta san fhoghlaím le 12 mhí anuas gan oiliúint theoraithe ar an bpost \(GOJT\) ón Suirbhé ar an Oideachas Aosach](#).

Tá éagsúlacht mhór idir feidhmíocht i measc na ngnéithe roghnaithe éagsúla de cháilíocht poist ó Bhallstát go chéile san Aontas, agus i measc na ngnéithe laistigh den Bhallstát céanna freisin.

Sa Bhulgáir, mar shampla, cé go bhfuil sciar íseal d'fhostaíocht shealadach ainneonach²¹¹ agus d'fhostaíocht pháirtaimseartha ainneonach²¹² (2,3 % agus 0,5 % d'fhostaithe (15-64), faoi seach) ann, tá ceann de na rátaí is airde ann ó thaobh riosca na bochtaineachta (12,1 %), agus ceann den líon is airde de thimpistí marfacha ag an obair (3,5 in aghaidh 100 000 oibrí). Tá sciar sách ard d'fhostaíocht shealadach ainneonach (10,3 %) agus d'fhostaíocht pháirtaimseartha ainneonach (4,6 %) san Fhionlainn. An tráth céanna, tá ráta riosca na bochtaineachta i gcás oibrithe sách íseal (2,8 %), glacann níos mó ná leath (55,5 %) de na daoine fostaíthe páirt in oiliúint agus tá timpistí marfacha réasúnta íseal (1 in aghaidh gach 100 000 oibrí). Tá ráta measartha ard riosca bochtaineachta oibrithe (10,3 %) ag an tSlóvaic ach feidhmíonn sí go maith maidir leis na gnéithe eile go léir a luaitear thuas. Tá dúshlán roimh Bhallstáit eile, amhail an Iodáil agus an Spáinn, maidir le roinnt gnéithe cáilíochta poist.

²¹¹ Déantar fostaíocht shealadach ainneonach a shainmhíniú anseo mar rud a tharlaíonn mar gheall 'nár aimsíodh aon phost buan' [[lfsa_etgar](#)] nó 'ní raibh post ar fáil ach amháin le conradh sealadach' [[lfsa_etgar](#)].


²¹² Sainmhínítear obair pháirtaimseartha ainneonach mar rud a tharlaíonn mar gheall 'nach bhfuarthas aon phost lánaimseartha' [[lfsa_eetpgar](#)].

Tá bearta á ndéanamh ag na Ballstáit chun feabhas a chur ar cháilíocht poist de réir a ngnéithe éagsúla. Mar shampla, thug an t**Slóvaic** trasuí na teorach maidir le pá íosta i gerích i mí na Samhna 2024. Cuideoidh sé sin le tuilleamh leordhóthanach ag an gceann níos ísle den dáileadh ioncain. Déantar amhlaidh trí chritéir a thabhairt isteach chun meastóireacht a dhéanamh ar leordhóthanacht an phá íosta náisiúnta, an sásra innéacsaithe uathoibríoch a ardú go 60 % de mheánphá míosúil na bliana roimhe sin, agus Coimisiún um Pá Íosta a chruthú le rannpháirtíocht na gcomhpháirtithe sóisialta. Mar chuid d'athchóiriú níos leithne ar mhargadh an tsaothair, i mí an Mheithimh 2025, thug an t**Slóivéin** ceanglais níos déine isteach le haghaidh gníomhaireachtaí fostaíochta sealadaí. I mí an Mheithimh 2024, thug an **Ghréig** Cárta Oibre Digiteach isteach mar threoirthionscadal arb é is aidhm dó cearta oibríthe a choimirciú go hiomlán, trí fhaireachán ar fhíor-am oibre agus luach saothair fostaíthe a áirithiú. Is é is aidhm dó sin beartais mhí-úsáideacha ragoibre neamhdhearbhaithe a chomhrac. Le linn 2025, leathnaíodh an cárta oibre digiteach chuig earnálacha breise agus cumhdaítear leis thart ar 1,85 milliún fostaí i níos mó ná 280 000 gnólacht ar fud earnálacha iomadúla lena n-áirítear ollmhargaí, árachas, tionscal, turasóireacht, mórdhíol, fuinneamh agus cuideachtaí airgeadais. Chuir an **Iodáil** síneadh le liúntais chánach chun fostaíthe a fhostú ar chonarthaí buana agus thug sí díolúintí ranníocaíochta sóisialta isteach le haghaidh na tréimhse 2025-29 d'fhostóirí san earnáil phríobháideach a fhostaíonn baill foirne bhuana in earnálacha áirithe. Le tacaíocht ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, thug an **Spáinn** plean gníomhaíochta isteach chun creat a chruthú chun micridhintiúir a fhorbairt agus tá sí ag obair ar mhicridhintiúir a sholáthar lena gcumhdaítear go leor gníomhaíochtaí oiliúna éagsúla chun eolas agus scileanna sonracha a thabhairt d'oibríthe maidir leis an éileamh i margadh an tsaothair. Chomh maith leis sin, in 2025, trí chaibidlíocht leis na comhpháirtithe sóisialta, cuireadh méadú EUR 700 in aghaidh na bliana ar an bpá íosta, rud a chuaigh chun tairbhe do thart ar 2,4 milliún oibrí. Chun an tsábháilteacht agus an tsláinte ag an obair a neartú, i mí an Mhárta 2025, ghlac **Lucsamburg** foraithe lena dtugtar cothrom le dáta cosaintí san ionad oibre ar oibreáin charcanaigineacha, shó-ghineacha agus atá tocsaineach don atáirgeadh, lena neartaítear oibleagáidí fhostóirí maidir le faireachán, scrúdú ionadaíochta agus rialuithe sláinteachais.

Tá sciarta sábh ard d'fhostaíocht shealadach agus rátaí ísle aistrithe chuig conarthaí buana i mBallstáit áirithe. D'fhéadfadh sé sin a thabhairt le fios gur ann do dhúshláin maidir le ról na gconarthaí sealadacha mar 'chéimeanna aistir' chuig fostaíocht bhuan níos fadtéarmaí. I measc na dtíortha ina raibh an sciar ab airde d'oibrithe sealadacha, bhí na rátaí aistrithe san Iodáil agus sa Spáinn faoi bhun nó thart ar 20 % (i gcomparáid le meán 37,2 % an Aontais), agus san Ísiltír agus sa Phortaingéil, ba mhó iad ná 40 % – féach Fíor 2.3.3. Ar an taobh eile, san Ungáir, sa Laitvia agus sa Rómáin, bhí an sciar d'oibrithe sealadacha faoi bhun 5 %, agus faoi bhun 10 % i Málta, ach bhí na rátaí aistrithe chuig conarthaí buana an-ard, idir 60-70 %. Tugann an ráta sin le fios go ndeachthas i dtreo bealaí éifeachtacha ón bhfostaíocht shealadach chuig fostaíocht bhuan.

Fíor 2.3.3: Tá ilchineálacht mhór i measc na mBallstát sna rátaí aistrithe chuig conarthaí buana san Aontas

An sciar fostaíthe sealadacha de na fostaíthe uile (20-64) in 2024 agus an ráta aistrithe chuig poist bhuana (15-64) (meánluach le haghaidh 2022, 2023 agus 2024).




Tabhair faoi deara: Breithnítear an cohórt aoise níos forleithne 15-64 bliana d'aois le haghaidh rátaí aistrithe ó chonarthaí sealadacha go conarthaí buana. Bhí an ráta aistrithe saothair in easnamh i gcás DE in 2022, in easnamh i gcás DK in 2024 agus i gcás LU in 2023. Tá briseadh sa tsraith in 2023 i gcás FR. Sonraí sealadacha in 2024 maidir le LT. Úsáidtear cohórt aoise 20-64 bliana d'aois le haghaidh fostaíocht shealadach, i gcomhréir le príomhtháscaire an Scórchláir Shóisialta maidir le fostaíocht agus anailís ghaolmhar sa roinn. Bhí difríocht sa sainmhíniú le haghaidh ES agus FR in 2024. Tá briseadh sa tsraith i gcás BG in 2024.

Foinse: Eurostat, [[lfsi_pt_a](#)], *SFS AE* agus [[ilc_lvhl32](#)], *SIDM-AE*.

Déanann fostaíocht shealadach ainneonach difear do sciar mór den lucht saothair, le héagorthromaíochtaí suntasacha ó Bhallstát go chéile, agus arís eile is airde an ráta tarlaithe i gcás na hóige agus na mban. Is léiriú í an fhostaíocht shealadach ainneonach ar chásanna nach léiríonn an socrú conarthach tosaíochtaí na bhfostaithe maidir le solúbthacht. In 2024, bhí duine amháin as gach beirt fostaithe sealadacha (20-64) (53,7 %, thart ar 10,6 milliún oibrí) i socrú conarthach den sórt sin ar bhonn ainneonach, méid is ionann le 6,4 % de na fostaithe uile. I measc na bhfostaithe uile, bhí an sciar díobh siúd ar chonarthaí sealadacha ainneonacha idir 10 % nó níos mó sa Chipir, sa Spáinn, sa Phortaingéil, san Iodáil agus sa Ghréig go dtí thart ar 1 % nó faoina bhun san Eastóin agus sa Liotuáin – féach Fíor 2.3.4. I mbeagnach gach cás bhí an sciar ní b'airde i measc na mban ná mar a bhí i measc na bhfear, seachas an Bhulgáir, an Ungáir agus an Liotuáin. I measc oibríthe sealadacha, bhí an cion díobh siúd a bhí i bhfostaíocht shealadach ainneonach idir thart ar 16-25 % san Ísiltír agus sa Danmhairg agus suas le 95,1 % sa Chipir. Cé go bhfuil rátaí arda oibre sealadaí ag an Ísiltír agus ag an Spáinn araon, tá siad an-difriúil ó thaobh chineál na solúbthachta a chuirtear ar fáil leis sin. Tá ceann de na sciar is ísle d'fhostaithe sealadacha ag an gcéad cheann atá sa chás sin go neamhdheonach, agus meánrátaí aistrithe i gceist leis. I dtíortha eile, áfach, amhail an Spáinn, is go neamhdheonach atá triúr as gach ceathrar fostaithe go sealadach, agus tá rátaí aistrithe réasúnta íseal. Cuirtear i dtábhacht leis sin cineál déach na hoibre sealadaí, is é sin cineál solúbtha fostaíochta roghnaithe, agus bealach a d'fhéadfadh a bheith ann chun fostaíocht chobhsaí a bhaint amach, nó mar thoradh ar roghanna malartacha teoranta agus rátaí ísle aistrithe chuig poist chobhsaí d'oibríthe.

Fíor 2.3.4: Déanann fostaíocht shealadach ainneonach difear do dhuine as gach beirt oibríthe sealadacha agus go háirithe do mhná agus do dhaoine óga

Fostaithe sealadacha ainneonacha mar chéatadán den líon foriomlán fostaithe, de réir aoise (20-64) (in %, 2024)




Tabhair faoi deara: Tá an sainmhíniú difriúil i gcás ES agus FR. Tá briseadh sa tsraith i gcás BG. Sonraí le hiontaofacht íseal i gcás LV, MT, AT, SI, EE agus SK. Sonraí maidir leis an iomlán agus an t-iomlán mar sciar de na hoibrithe sealadacha uile amháin le haghaidh 'Ní raibh post le fáil ach ar chonradh sealadach' i gcás LV agus le haghaidh 'Ní bhfuarthas aon phost buan' amháin i gcás SK. Sonraí maidir le mná agus daoine óga in easnamh i gcás LV agus EE agus 'Ní bhfuarthas aon phost buan' amháin i gcás SK agus RO.

Foinse: Eurostat, [lfsa etgar], SFS AE.

Tháinig laghdú ar fhostaíocht pháirtaimseartha san Aontas le 10 mbliana anuas agus tháinig meath freisin ar a comhpháirt ainneonach, ach tá sí fós suntasach i mBallstáit áirithe. Ó bhí 2014 ann, tháinig laghdú 0,7 pointe céatadán go 17,1 % in 2024 ar sciar na fostaíochta páirtaimseartha den fhostaíocht iomlán (20-64). I dtrí Bhallstát (an Ísiltír, an Ostair, an Ghearmáin), fostaíocht pháirtaimseartha a bhí in thart ar 30 % nó níos mó den fhostaíocht iomlán, agus thuairiscigh cúig Bhallstát figiúirí faoi bhun 5 % (an Ungáir, an tSlóvaic, an Chróit, an Rómáin, an Bhulgáir). Is iad na mná an grúpa is mó d'oibrithe páirtaimseartha i gcónaí (féach Roinn 2.2). De réir mar a tháinig méadú ar rátaí fostaíochta le 10 mbliana anuas agus de réir mar a d'éirigh na margaí saothair níos cúinge, tháinig laghdú leanúnach ar fhostaíocht pháirtaimseartha ainneonach de réir mar atá fostóirí ag streachailt le folúntais lánaimseartha a líonadh²¹³. Dá bharr sin, in 2024, fostaíocht ainneonach a bhí in 18,9 % den fhostaíocht pháirtaimseartha iomlán (15-64), i gcomparáid le 32,7 % 10 mbliana roimhe sin. I ndáil leis sin freisin, tá ilchineálacht mhór i measc na mBallstát. Cé go bhfuil thart ar duine as gach beirt oibrithe páirtaimseartha ag obair ar bhonn ainneonach sa Spáinn, san Iodáil agus sa Rómáin, i Málta, sa tSlóivéin, sa Ghearmáin agus san Ísiltír, tá thart ar 5 % nó níos lú de na hoibrithe páirtaimseartha i socrú den sórt sin go hainneonach.

Fíor 2.3.5: Tá laghdú beag tagtha ar an sciar fostaíochta páirtaimseartha, agus tá difríochtaí móra ann fós ó Bhallstát go chéile maidir leis an gcomhpháirt ainneonach de

An sciar fostaíochta páirtaimseartha i bhfostaíocht iomlán (20-64) agus an sciar fostaíochta páirtaimseartha ainneonach den fhostaíocht páirtaimseartha iomlán (20-64), (% , sonraí bliantúla)



Tabhair faoi deara: Tá an sainmhíniú difriúil i gcás ES agus FR. Tá briseadh sa tsraith le haghaidh fostaíocht pháirtaimseartha i gcás BG in 2024. I gcás briseadh fostaíochta páirtaimseartha ainneonach sa tsraith le haghaidh FR in 2014 agus BG in 2021 agus iontaofacht íseal le haghaidh MT, HR agus SI in 2024 agus le haghaidh NL in 2014.

Foinse: Eurostat, [lfsi_pt_a] agus [lfsa_eppgai], SFS an Aontais.

²¹³ ECFE, *OECD Employment Outlook 2025: Can We Get Through the Demographic Crunch?* [ECFE, Léargas ar an bhFostaíocht 2025: An féidir linn dul i ngleic leis an gCorr Déimeagrafach?], Foilsitheoireacht ECFE, Páras.

Tháinig laghdú beag ar an sciar d'oibrithe féinfhostaithe gan fostaithe san Aontas ach tá difríochtaí móra ann ó Bhallstát go chéile. Is féidir obair féinchuntais mar sin, cé go léiríonn sí tionscnamh fiontraíochta freisin, a léamh freisin mar athróg ionadach d'fhéinfhostaíocht 'bhréagach' lena gceiltar caidrimh fostaíochta spleácha²¹⁴. In 2024, bhain 9,0 % den fhostaíocht iomlán (20-64) san Aontas le hoibrithe féinchuntais²¹⁵. Cé gur tháinig laghdú 0,1 pointe céatadán air sin i gcomparáid le 2023, bhí an méid sin fós coibhéiseach le 17,7 milliún oibrí in 2024. Taifeadadh na sciartha ab airde d'oibrithe féinchuntais san fhostaíocht iomlán sa tSeicia, san Iodáil agus san Ísiltír, ag 13 % nó thart air sin, agus sa Pholainn ag 14,1 % agus sa Ghréig ag 19,1 %. Chonacthas na figiúirí ab ísle (faoi bhun 5 %) sa Danmhairg, sa Ghearmáin agus i Lucsamburg. Ar an iomlán, is féidir a mheas go bhfuil 15 % d'oibrithe féinchuntais san Aontas i bhféinfhostaíocht spleách²¹⁶, agus na sciartha is airde á dtaifeadadh sa talmhaíocht, i seirbhísí airgeadais chomh maith le seirbhísí sláinte agus seirbhísí eile²¹⁷. Ina measc, tuairiscíonn thart ar 40 % go bhfuil deacracht éigin acu greim a choinneáil faoin bhfiacail.

²¹⁴ Féach an Coimisiún Eorpach, [Employment and Social Developments in Europe 2023](#) [Fostaíocht agus Forbairtí Sóisialta san Eoraip 2023], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2023.

²¹⁵ Eurostat, [[lfsa_egaps](#)] agus [[lfsi_emp_a](#)], SFS AE. Tá difríocht sa sainmhíniú le haghaidh ES agus FR (féach na meiteashonraí).

²¹⁶ Sainmhínítear daoine féinfhostaithe atá spleách go heacnamaíoch mar dhaoine féinfhostaithe gan fostaithe a bhí ag obair le linn an 12 mhí seo a chuaigh thart d'aon chliant amháin nó do chliant ceannasach, agus gurb é an cliant sin a chinn a n-uaireanta oibre.

²¹⁷ Eurofound, [European Working Conditions Survey 2024: First findings](#) [Suirbhé ar Dhálaí Oibre san Eoraip 2024: Na chéad torthaí], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg, 2025.

Chobhsaigh bochtaineacht lucht oibre san Aontas in 2024, tar éis tréimhse inar laghdaigh sí go hincriminteach ach rinne sí difear fós do nach mór duine as gach dáréag oibrithe. Tháinig laghdú ar an sciar de dhaoine fostaithe idir 18-64 bliana d'aois atá i mbaol bochtaineachta go 8,2 % san Aontas in 2024, síos ó 8,3 % in 2023²¹⁸, rud a bhí i bhfad faoi bhun an fhigiúir roimh phaindéim COVID (síos ó 9,1 % in 2019 agus 9,8 % in 2016). Is iad na hoibrithe i gcineálacha neamhchaighdeánacha oibre is mó a bhíonn thíos leis sin go bunúsach toisc gur minic a bhíonn tuilleamh bliantúil agus déine oibre níos ísle acu. I measc na dteaghlach siúd ag a raibh déine ard oibre, in 2024, bhí an ráta bochtaineachta lucht oibre ní ba lú ná aon trian i gcomparáid leis an bhfigiúr do theaghlaigh ag a raibh déine oibre íseal²¹⁹. D'fhág fás pá níos láidre i measc teaghlaigh oibre ar ioncam íseal, agus méaduithe láidre ar phá íosta ó 2022, gur rannchuidíodh le feabhas a chur ar staid na dteaghlach ar ioncam íseal le blianta beaga anuas (féach roinn 2.1.1)²²⁰. In 2024, ba í an Rómáin an tír ina raibh an laghdú ba mhó ar bhochtaineacht lucht oibre (laghdú 4,3 pointe céatadáin, go 10,7 % in 2024), cé go raibh sí fós os cionn mheán 8,2 % an Aontais. Tharla laghduithe móra i Lucsamburg, sa Laitvia agus sa Phortaingéil freisin (faoi 1,4 pointe céatadáin, 1 phointe céatadáin agus 0,8 pointe céatadáin, faoi seach), ach bhí siad uile fós thart ar mheán an Aontais nó os a chionn (ag 13,4 %, 8,5 %, agus 9,2 % faoi seach). Os a choinne sin, tháinig méadú 1,2 pointe céatadáin ar bhochtaineacht lucht oibre sa tSlóvaic. Chonacthas na rátaí bochtaineachta lucht oibre ab airde i Lucsamburg, sa Bhulgáir agus sa Spáinn (13,4 %, 12,1 % agus 11,3 %, faoi seach). Mar a tharla sna blianta roimhe seo, bhí bochtaineacht lucht oibre ní b'airde i measc daoine nach saoránaigh den Aontas iad, oibrithe ar bheagán oideachais, fostaithe páirtaimseartha, oibrithe sealadacha agus teaghlaigh a bhfuil leanaí cleithiúnacha acu²²¹. Bhí bochtaineacht lucht oibre ní b'airde d'fhir freisin ná do mhná.

²¹⁸ Eurostat, [[ilc_iw01](#)], SIDM-AE. Tagraíonn rátaí na bochtaineachta i gcás oibrithe d'ioncam agus do stádas fostaíochta na bliana roimhe sin.


²¹⁹ Féach Eurostat, [[ilc_iw03](#)], SFS AE.

²²⁰ An Coimisiún Eorpach, *Labour Market and Wage Developments in Europe, Annual Review 2025* [[Forbairtí an Mhargaidh Saothair agus an Phá san Eoraip, Athbhreithniú Bliantúil 2025](#)], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2025.

²²¹ Féach Eurostat, [[ilc_iw15](#)], [[ilc_iw04](#)], [[ilc_iw07](#)], [[ilc_iw05](#)], [[ilc_iw02](#)], SIDM-AE.

Fíor 2.3.6: Bhí an ráta bochtaineachta lucht oibre cobhsaí a bheag nó a mhór in 2024 san Aontas agus difríochtaí suntasacha ann ó Bhallstát go chéile

Ráta riosca na bochtaineachta don lucht oibre (18-64) (% , sonraí bliantúla)



Tabhair faoi deara: Tá briseadh sa tsraith in 2023 i gcás DE agus HR. Tá briseadh sa tsraith in 2024 i gcás HR. Sonraí sealadacha in 2024 maidir le LT.

Foinse: Eurostat [[tespm070](#)], SIDM-AE.

Tá an claochlú digiteach a bhfuil borradh faoi ag cur atheagar ar mhargaí saothair na hEorpa, agus duine amháin as gach deichniúr oibrithe san Aontas ag úsáid na hIntleachta Saorga giniúnaí i gcomhair a gcuid oibre. Cuireann an Intleacht Shaorga (IS) agus bainistiú de réir algartam uirlisí cumhachtacha ar fáil chun an nuálaíocht a spreagadh, borradh a chur faoin táirgiúlacht, mar shampla trí uathoibriú agus trí oibrithe a threisiú ina gcúraimí, agus iomaíochas domhanda na hEorpa a neartú. Nuair a dhéantar IS agus córais bainistithe de réir algartam a dhearadh agus a chur chun feidhme go freagrach, féadann a n-úsáid san áit oibre borradh a chur faoin éifeachtúlacht, earcaíocht a chuíchóiriú, claontacht a laghdú agus cáilíocht poist a fheabhsú (féach freisin roinn 2.1.1). Mar sin féin, is gá na huirlisí sin a bhainistiú go hiomchuí chun aghaidh a thabhairt go hiomchuí ar ábhair inní a bhaineann le brú oibre méadaithe, faireachán leanúnach, claontachtaí féideartha, agus rioscaí maidir le cosaint sonraí d'oibrithe. De réir shuirbhé Eorabharaiméadair 2025, measann formhór mhuintir na hEorpa go bhfuil tionchar dearfach ag IS agus ag teicneolaíochtaí digiteacha ar a bpoist, ar an ngeilleagar, agus ar cháilíocht saoil²²². An tráth céanna, creideann 84 % gur gá an intleacht shaorga a bhainistiú go cúramach, go háirithe san áit oibre. In 2024, bhain 12 % d'oibrithe san Aontas úsáid as cineálacha difriúla intleachta saorga giniúnaí ina gcuid oibre chun cúraimí casta meabhracha a shimpliú nó chun moltaí a fháil maidir leis an gcaoi ar cheart dóibh a bheith ag obair²²³. Bhí úsáid na hintleachta saorga giniúnaí an-ard i measc bainisteoirí (23 %) agus gairmithe (28 %) agus i seirbhísí airgeadais (28 %). Bhí éagsúlacht sa ghlacadh ó Bhallstát go chéile freisin. Sa Bheilg, sa Danmhairg, san Ísiltír, sa tSualainn agus i Lucsamburg, tá idir 20 % agus 25 % d'oibrithe ag úsáid uirlisí den sórt sin cheana féin, ach san Iodáil, sa Ghréig, sa Rómáin agus sa Phortaingéil ní dhéanann ach 5 % nó níos lú amhlaidh. Thairis sin, tá úsáid an fhaireacháin dhigitigh ag an obair agus úsáid an bhainistithe de réir algartam ar phróisis oibre ag cur athrú ó bhonn ar an gcaoi a ndéantar an obair a eagrú, a chomhordú, a fhaire agus a bhainistiú²²⁴. Tá an faireachán digiteach is forleithne i dtíortha Lár agus Oirthear na hEorpa,

²²² An Coimisiún Eorpach, *Eorabharaiméadar Speisialta 554 - Artificial Intelligence and the future of work [An Intleacht Shaorga agus todhchaí na hoibre]*, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2025.

²²³ Eurofound, *European Working Conditions Survey 2024: First findings [Suirbhé ar Dhálaí Oibre san Eoraip 2024: Na chéad torthaí]*, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg, 2025.

²²⁴ Gonzalez Vazquez, I., Fernandez Macias, E., Wright, S., agus Villani, D., *Digital Monitoring, Algorithmic Management and the Platformisation of Work in Europe [Faireachán Digiteach, Bainistiú de réir Algartam agus Ardánú na hOibre san Eoraip]*, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg, 2025. Sainmhínítear faireachán digiteach mar chleachtas bailithe sonraí trí ghléasanna digiteacha faoin bpróiseas táirgthe chun faireachán a dhéanamh ar ghnéithe éagsúla den obair agus ar na hoibrithe iad féin. Sainmhínítear bainistiú de réir algartam mar úsáid teicneolaíochtaí sonraíbhunaithe, a bhféadfadh IS a bheith san áireamh leo, chun roinnt gnéithe de bhainistiú agus de chomhordú an lucht saothair a uathoibriú go páirteach ar a laghad, ag dul i gcomhar le bailiú sonraí agus faireachas oibrithe.

lena n-áirítear an tSlóivéin, an tSeicia, an Pholainn, an Rómáin, an Bhulgáir, an Laitvia, agus Málta agus an Chipir freisin. Le cois an dá chleachtas is coitianta (uaireanta oibre agus gluaiseachtaí isteach/amach a rianú), is minic a úsáidtear faireachán idirlín, TCI, rianú glaonna, agus faireachán ar shuíomh feithiclí sna tíortha sin freisin. Go ginearálta, áfach, bhí leibhéal ard ilchineálachta maidir le leitheadúlacht agus cineálacha an fhaireacháin dhigitigh ó Bhallstát go chéile. A mhéid a bhaineann le Bainistiú de réir Algartam, léirítear le sonraí an tsuirbhé go leithdháiltear a gcuid amanna oibre ar 24 % d'oibrithe an Aontais go huathoibríoch. Leagtar amach i nGníomh an Aontais um an Intleacht Shaorga tacar soiléir rialacha rioscabhunaithe d'fhorbróirí agus d'implonóirí IS maidir le húsáidí sonracha IS, rud lena ráthaítear sábháilteacht, cearta bunúsacha agus intleacht shaorga dhuine-lárnach, agus glacadh, infheistíocht agus nuálaíocht in IS á neartú ar fud an Aontais an tráth céanna²²⁵. An tráth céanna, leis an Straitéis um chur i bhfeidhm na hIntleachta Saorga²²⁶, lena gcothaítear glacadh IS i ndeich dtionscal AE agus san earnáil phoiblí, aithnítear an tábhacht atá le húsáid fhreagrach thairbheach a bhaint as IS san áit oibre.

²²⁵ Féach [Rialachán \(AE\) 2024/1689 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 lena leagtar síos rialacha comhchuibhithe maidir leis an intleacht shaorga](#).

²²⁶ An Coimisiún Eorpach [Teachtairacht maidir le Straitéis um chur i bhfeidhm na hIntleachta Saorga, COM\(2025\) 723 an 8 Deireadh Fómhair, 2025](#).

Is é is aidhm don Treoir maidir le hObair Ardáin sainaithint cheart stádas fostaíochta oibrithe ardáin a éascú agus trédhearcacht, cothroime, formhaoirseacht dhaonna, sábháilteacht agus cuntasacht i mbainistiú algartamach a chur chun cinn. Is féidir le hobair ardáin solúbthacht agus ioncam príomha nó ioncam breise a chur ar fáil, d'fhéadfadh sí feabhas a chur ar an gcothromaíocht oibre agus saoil, agus ag an am céanna bacainní iontrála i margadh an tsaothair a ísliú do dhaoine óga agus do ghrúpaí leochaileacha, amhail imircigh agus daoine faoi mhíchumas. Mar sin féin, tá éiginnteacht, tuilleamh íseal, rochtain theoranta ar chosaint shóisialta, agus dúshlán a bhaineann le bainistiú doiléir de réir algartam ag baint le hobair ardáin freisin. Thairis sin, ó tharla go ndéantar an chuid is mó den obair trí ardáin dhigiteacha ar líne, bíonn sé dúshlánach sreafaí oibre trasteorann a rianú agus is amhlaidh a bhíonn siad ceilte i roinnt mhaith cásanna. Le blianta beaga anuas, lean tírdhreach na hoibre ardáin de bheith ag teacht chun cinn agus tá an obair ardáin tagtha chun bheith ina cineál fostaíochta atá nach mór a líon ach atá suntasach mar sin féin san Aontas. Léiríonn sonraí a fuarthas le déanaí ó shuirbhé AIM-WORK²²⁷, ar an iomlán, gur oibrigh beagnach sé mhilliún duine trí ardán agus obair ardáin a bhí in 2.9 % den fhostaíocht iomlán san Aontas. Ba san Fhionlainn (4,1 %), san Ísiltír (4,3 %) agus san Iodáil (4,7 %) a taifeadadh na sciartha ab airde d'obair ardáin. De réir mar atá gairmiúlacht lucht saothair na n-ardán ag méadú, tá méadú ag teacht freisin ar an sciar díobh siúd arb é sin an phríomhfhoinsé ioncaim dóibh. I measc oibrithe ardáin, ba é obair ardáin a bpríomhphost do thart ar dhuine as cúigear (20,4 %)²²⁸. Chun dálaí oibre cuibhiúla a áirithiú san obair ardáin, agus tacú le fás inbhuanaithe na n-ardán saothair digiteach san Aontas an tráth céanna, glacadh an Treoir maidir le hObair Ardáin i mí Dheireadh Fómhair 2024²²⁹. Tugtar aghaidh sa Treoir ar shaincheistanna a bhaineann le mí-aicmiú stádais fostaíochta, bainistiú de réir algartam, agus trédhearcacht a bhaineann le hobair thrasteorann, rud a chomhlánaíonn acquis an Aontais atá ann cheana²³⁰. Tá go dtí mí na Nollag 2026 ag na Ballstáit an trasuí sa dlí náisiúnta a thabhairt chun críche.

²²⁷ Gonzalez Vazquez, I., Fernandez Macias, E., Wright, S., agus Villani, D., [Digital Monitoring, Algorithmic Management and the Platformisation of Work in Europe \[Faireachán Digiteach, Bainistiú de réir Algartam agus Ardánú na hOibre san Eoraip\]](#), Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg, 2025.

²²⁸ Tá éagsúlacht sna meastacháin ar scála na hoibre ardáin ar fud na bhfoinsí sonraí agus tá siad íogair do roghanna modheolaíochta, go háirithe an sainmhíniú ar obair ardáin agus na critéir a úsáidtear chun obair ardáin a shainaithint mar phríomhphost

²²⁹ An Chomhairle Eorpach, [Platform workers: Council adopts new rules to improve their working conditions - Consilium](#), [Oibrithe ardáin: Dlí nua glactha ag an gComhairle chun a ndálaí oibre a fheabhsú], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg, 2024.

²³⁰ Leis an treoir, cuirfear feabhas ar fhorfheidhmiú agus inrianaitheacht na hoibre ardáin, lena n-áirítear i gcásanna trasteorann, trí iarraidh ar ardáin an obair a dhearbhu sa tír ina ndéantar í agus trí fhaisnéis áirithe a chur ar fáil do na húdaráis náisiúnta faoi na daoine a oibríonn tríothu agus faoina dtéarmaí agus coinníollacha.

A bhuí leis an nuálaíocht dhigiteach, d'fhéadfaí poist níos táirgiúla agus poist ar cháilíocht níos fearr a chruthú ach d'fhéadfadh sé go dtiocfadh géarú oibre aisti freisin agus d'fhéadfadh sí ionchais a dhéanamh d'fhéidearthachtaí *'oibriú in áit ar bith'*, rud a d'fhágfadh go mbeadh na teorainneacha idir an saol gairmiúil agus an saol príobháideach doiléir. Mar shampla, a bhuí leis na teicneolaíochtaí digiteacha, tá fás tagtha ar an teilea-obair. Roimh phaindéim COVID-19, bhí leitheadúlacht na teilea-oibre measartha íseal, agus 11,3 % d'fhostaithe ag obair ón mbaile cuid den am ar a laghad in 2019. In 2024, rinne thart ar 20 % d'oibrithe amhlaidh. De réir suirbhé a rinne Eurofound in 2025²³¹, tháinig athrú ar roghanna tosaíochta maidir leis an teilea-obair freisin. In 2024, chuir os cionn 50 % de na freagróirí in iúl gur fearr leo a bheith ag obair ón mbaile cúpla uair sa tseachtain, agus an tráth céanna chuir 24 % díobh in iúl gur mhian leo a bheith ag obair ón mbaile amháin. D'ainneoin na rogha tosaíochta sin, tá laghdú ag teacht ar dheiseanna, ós rud é gur tháinig laghdú ar phoist atá go hiomlán cianda ó 24 % in 2022 go 14 % in 2024. Is féidir tionchar a bheith ag forbairtí teicneolaíochta agus samhlacha gaolmhara cianoibre agus oibre cumaisc ar phatrúin uaireanta oibre freisin. Go ginearálta, maidir le sceidil oibre a imíonn ó ghnáthuaireanta oibre lánaimseartha agus a d'fhéadfadh cur isteach ar cháilíocht poist ar bhealach diúltach, tá feabhas éigin tagtha ar na sceidil sin san Aontas. In 2024, d'oibrigh 6,6 % de na daoine fostaithe uile uaireanta fada ina bpríomhphost i gcomparáid le 7,1 % in 2023. Mar sin féin, tá an sciar daoine atá ag obair le linn uaireanta oibre neamhthipiciúla fós ard ag 33,6 % den fhostaíocht iomlán, rud a léiríonn laghdú beag 0,3 pointe céatadán ó 2021. Tar éis na caibidlíochta neamhchonclúidí idir comhpháirtithe sóisialta tras-tionscail Eorpacha a bhain lena gCreat-Chomhaontú maidir le teilea-obair ó 2002 a thabhairt cothrom le dáta, chomh maith le Rún Pharlaimint na hEorpa in 2021 maidir leis an gceart chun dícheangail²³², reáchtáil an Coimisiún Eorpach comhairliúchán foirmiúil dhá chéim le comhpháirtithe sóisialta maidir leis an gceart chun dícheangail agus teilea-oibre. Tháinig deireadh leis an dara céim den chomhairliúchán an 6 Deireadh Fómhair 2025. Cuirfear freagraí na gcomhpháirtithe sóisialta Eorpacha san áireamh in obair leantach an Choimisiúin maidir leis an rún.


²³¹ Eurofound, [Quality of life in the EU in 2024: Results from the Living and Working in the EU e-survey](#) [Cáilíocht saoil san Aontas in 2024: Torthaí ón ríomhshuirbhé 'Maireachtáil agus Obair san Aontas Eorpach'], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg, 2025.

²³² Parlaimint na hEorpa, [Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 21 Eanáir 2021 le moltaí don Choimisiún maidir leis an gceart chun dícheangail](#), 2021.

Ós rud é go bhfuil margaí saothair á n-athrú ó bhonn ag an aistriú digiteach agus ag an aistriú glas atá ar siúl faoi láthair, tá éagsúlacht shuntasach sna dálaí fostaíochta i measc gairmeacha gaolmhara. Sainmhínítear ‘gairmeacha atá dírithe ar an todhchaí’ agus ‘gairmeacha spéise’ mar phoist atá ábhartha do dhá cheann nó níos mó de na claochluithe digiteacha, glasa agus déimeagrafacha²³³. Tugann seacht n-innéacs cáilíochta poist Eurofound, lena ndéantar measúnú ar cháilíocht poist ar leibhéal an phoist, le fios go bhfuil an cháilíocht poist fhoriomlán is airde ag gairmeacha ina bhfuil déine scileanna digiteacha níos airde (de réir shainmhíniú Eurofound féin) – féach Fíor 2.3.7²³⁴. Tá scór an-ard ag na hoibrithe sin maidir le tuilleamh, ionchais fostaíochta, cáilíocht ama oibre, scileanna agus discréd agus timpeallacht fhisiciúil, i gcomparáid le formhór na ngrúpaí gairme eile. Thuairiscigh daoine sna gairmeacha sin níos minice freisin gur ghlac siad páirt in oiliúint le déanaí. Ar an taobh eile, bhí na scóir is ísle ar an iomlán ar fud na n-innéacsanna thuasluaite ag gairmeacha glasa áirithe atá dírithe ar an todhchaí, lena n-áirítear poist láimhe.

Fíor 2.3.7: Léiríonn gairmeacha atá dírithe ar an todhchaí éagsúlacht i ndáil le cáilíocht poist de réir shainmhíniú Eurofound

Torthaí suirbhé ar an Suirbhé ar Dhálaí Oibre san Eoraip ar fud gairmeacha atá dírithe ar an todhchaí (% , 2024)



Tabhair faoi deara: Cuireadh rogha gairmeacha i láthair, chun tuilleadh eolais a fháil faoi ghrúpaí gairme féach an bunfhoilseachán.

Foinse: Eurofound, a ríomh féin bunaithe ar [Shuirbhé 2024 ar Dhálaí Oibre san Eoraip](#).

²³³ Is nuashonrú páirteach í an anailís anseo ar [Future-oriented occupations in the EU: main features, employment conditions, and job strain - European Commission](#) [Gairmeacha atá dírithe ar an todhchaí san Aontas: príomhghnéithe, coinníollacha fostaíochta agus brú poist - An Coimisiún Eorpach] ag baint úsáid as Suirbhé 2024 Eurofound ar Dhálaí Oibre.

²³⁴ Tá na hinnéacsanna sin bunaithe ar sheacht ngné a úsáideann Eurofound chun measúnú a dhéanamh ar cháilíocht poist ar leibhéal an phoist: an timpeallacht fhisiceach agus shóisialta, cúraimí poist, saintréithe eagraíochtúla, socrúithe maidir le ham oibre, ionchais fostaíochta agus gnéithe intreacha poist.

Is dúshláin fós iad obair neamhdhearbhaithe chomh maith le sláinte agus sábháilteacht cheirde, agus tá éagothromaíochtaí móra ann maidir le hacmhainneacht agus acmhainní cigireachtaí saothair ó Bhallstát go chéile. Léirítear le meastacháin le déanaí nár dearbhaíodh 9,7 % den ionchur iomlán saothair san earnáil phríobháideach san Aontas in 2019²³⁵. Táthar ag díriú níos mó anois ar chineálacha ‘simplí’ den obair neamhdhearbhaithe, amhail teaghlaigh phríobháideacha a ordaíonn seirbhísí gan sonrasc oifigiúil, agus ar fhoirmeacha níos casta, amhail obair neamhdhearbhaithe a dhéanann náisiúnaigh tríú tír. Faoi chuimsiú an Ardáin chun Dul i nGleic le hObair Neamhdhearbhaithe, d’éascaigh an tÚdarás Eorpach Saothair an malartú idir na Ballstáit maidir leis na hábhair sin. Táthar ag brath níos mó agus níos mó ar úsáid a bhaint as anailís rioscabhunaithe, ar úsáid mórshonraí agus ar IS a úsáid nuair atáthar ag dul i ngleic le hobair neamhdhearbhaithe. Léiríonn táscairí EIS maidir le cigireachtaí saothair go bhfuil éagothromaíochtaí móra ann maidir le hacmhainneacht agus acmhainní i measc thíortha an Aontais chun obair neamhdhearbhaithe a bhrath agus a chomhrac. In 2023, bhí éagsúlacht sa tomhas a rinne EIS ar chigirí in aghaidh gach 10 000 duine fostaithe ó 0,23 in Éirinn go 3,08 i Lucsamburg²³⁶. Tá ról tábhachtach ag cigireachtaí saothair freisin maidir le sábháilteacht agus sláinte oibrithe ag an obair a áirithiú. In 2022, tharla 3 286 thimpiste mharfacha ag an obair san Aontas, rud a léiríonn laghdú 103 bhás i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin, agus atá coibhéiseach le 1,66 timpiste mharfach in aghaidh 100 000 oibrí. Tharla beagnach an ceathrú cuid (22,9 %) de na timpistí mharfacha uile ag an obair san Aontas in earnáil na tógála, rud a tharraingíonn aird ar dhúshláin shonracha san earnáil i ndáil leis sin.


²³⁵ Ní mór a bheith faichilleach le meastacháin ar mhéid iarbhír an gheilleagair neamhdhearbhaithe. Féach Franic, J., [Extent of undeclared work in the European Union \[Fairsinge na hoibre neamhdhearbhaithe san Aontas Eorpach\]](#).

²³⁶ Féach [EIS – Taiscéalái sonraí](#).

Tháinig an laghdú ba mhó ar an ráta dífhostaíochta fadtéarmaí san Aontas sna Ballstáit ina bhfuil na leibhéil is airde, rud a léiríonn roinnt cóineasú aníos i ndearbhtéarmaí. Tháinig laghdú ar an ráta dífhostaíochta fadtéarmaí san Aontas don tríú bliain as a chéile go 1,9 % in 2024, rud atá 0,2 pointe céatadáin níos ísle ná mar a bhí in 2023. Go háirithe, tháinig an laghdú ba mhó ar an ráta i measc na mBallstát a bhfuil leibhéil an-ard acu, agus chonacthas na feabhsuithe ba mhó san Iodáil, sa Ghréig agus sa Spáinn, agus cásanna ‘lag ach ag feabhsú’ le feiceáil iontu uile – féach Fíor 2.3.8. Tháinig laghdú beag ar an ráta freisin sa tSlóvaic (0,3 pointe céatadáin) agus d’fhan an tír i ‘gcás criticiúil’ le ceann de na rátaí dífhostaíochta fadtéarmaí ab airde san Aontas, ag 3,5 %. Tar éis méaduithe a bheith tagtha orthu in 2024, tá an Eastóin, an Laitvia agus an Fhionlainn ‘le faire’ anois, in éineacht leis an bPortaingéil, a bhfuil ráta réasúnta ard 2,4 % aici agus nach bhfuil ach feabhas beag tagtha uirthi. Ar an taobh eile, is iad Málta agus an Ísiltír na ‘tíortha is fearr’, agus rátaí an-íseal acu. I dtromlach mór na mBallstát, bhí an bhearna idir na hinsení sa ráta dífhostaíochta fadtéarmaí faoi bhun 0,5 pointe céatadáin in 2024, ach bhí bearna mhór sa Ghréig, sa Spáinn agus sa Laitvia.

Fíor 2.3.8: Lean rátaí dífhostaíochta fadtéarmaí ag laghdú i dtromlach mór na mBallstát, rud a léiríonn cóineasú aníos foriomlán

Ráta dífhostaíochta fadtéarmaí (aois 15-74), leibhéil 2024 agus athruithe ó 2023 (% , príomhtháscaire an Scórchláir Shóisialta)



Tabhair faoi deara: Tá lár na n-aiseanna dírithe ar mheán neamhualaithe an Aontais. Cuirtear an eochair eolais i láthair san Iarscríbhinn. Tá an sainmhíniú difriúil i gcás ES agus FR. Briseadh sa tsraith i gcás BG.

Foinse: Eurostat [[tesem130](#)], SFS AE.


Tá éagsúlacht sna rátaí dífhostaíochta fadtéarmaí ó Bhallstát go chéile ach tá éagsúlacht níos mó ann fós ar fud na réigiún agus tá siad an-ard go háirithe sna réigiúin is forimeallaí. I gcomparáid leis an ráta foriomlán dífhostaíochta fadtéarmaí (15-74), atá an-éagsúil ó Bhallstát go chéile cheana féin, feictear difríochtaí i bhfad níos mó ar an leibhéal réigiúnach²³⁷. In 2024, tuairiscíodh na rátaí ab ísle i réigiúin Utrecht agus Brabant Thuaidh na hÍsiltíre chomh maith le Réigiún Phrág agus na Boihéime Láir sa tSeicia (0,4 % i ngach ceann de na ceithre réigiún), ach taifeadadh na rátaí ab airde i réigiún Ciudad de Melilla na Spáinne (16,3 %) agus Ciudad de Ceuta (15,8 %), agus sa réigiún forimeallach de chuid na Fraince Guadalúip (11,4 %). I mBallstáit áirithe, amhail an Danmhairg agus an Ísiltír, déantar éagothromaíochtaí réigiúnacha i rátaí dífhostaíochta fadtéarmaí a mhaolú (féach Fíor 7 in Iarscríbhinn 5). Ar an taobh eile, bhí na bearnaí idir na réigiúin, idir na rátaí ab ísle agus na rátaí ab airde níos feiceálaí san Iodáil, sa Fhrainc agus sa Spáinn, agus bhí difríochtaí 9,2 pointe céatadáin, 10,6 pointe céatadáin, agus 14,8 pointe céatadáin ann, faoi seach.

Tá éagsúlacht mhór fós ar fud an Aontais maidir le rátaí rannpháirtíochta i mbeartais ghníomhacha mhargadh an tsaothair. In 2023, bhí éagsúlacht mhór ó Bhallstát go chéile maidir leis an sciar daoine dífhostaithe a bhí toilteanach obair a dhéanamh a ghlac páirt i mbearta maidir le beartas gníomhach mhargadh an tsaothair. Mar sin féin, bhí laghduithe móra agus méaduithe móra araon le tabhairt faoi deara i roinnt cásanna – féach Fíor 2.3.9. Léiríonn na sonraí is déanaí rátaí rannpháirtíochta an-íseal (faoi bhun 10 %) sa Rómáin, sa Bhulgáir, sa Liotuáin, sa Chipir, sa Laitvia, sa Chróit agus sa tSlóivéin. Dá réir sin, bhí na rátaí rannpháirtíochta os cionn 50 % i Lucsamburg agus sa Bheilg, agus fiú i bhfad os cionn na rátaí sa Danmhairg, sa Spáinn agus san Iodáil. I mBallstáit áirithe, bhí laghduithe suntasacha le tabhairt faoi deara. Sa tSlóivéin agus i Málta, tháinig laghdú thart ar aon trian ar an ráta. San Ísiltír, tháinig laghdú níos mó ná a leath ar an rannpháirtíocht agus sa Bhulgáir ní raibh ach 4,8 % de na daoine dífhostaithe rannpháirteach i gcomparáid le beagnach 27 % an bhliain roimhe sin.

²³⁷ Eurostat [[lfst_r_lfu2ltu](#)], SFS an Aontais. Níl aon sonraí ar fáil maidir leis na réigiúin Bremen, Mecklenburg-Vorpommern, agus Saarland in DE, an Chorsaic agus Mayotte in FR, réigiúin fhéinrialaitheacha na nAsór agus Mhaidéara in PT agus Åland in FI.

Fíor 2.3.9: Tá éagsúlacht mhór fós le feiceáil ó thír go chéile maidir le rátaí rannpháirtíochta i mbeartais ghníomhacha mhargadh an tsaothair

Rannpháirtithe in idirghabhálacha tráthrialta i mbeartas maidir leis an margadh saothair (catagóir 2-7) in aghaidh gach 100 duine ar mian leo a bheith ag obair



Tabhair faoi deara: Níl amshraith ar fáil i gcás CZ. Is ó 2020 na sonraí is déanaí atá ar fáil i gcás RO, agus ó 2021 i gcás HR. Amshraitheanna measta atá i gceist le haghaidh DK, NL agus SE. Sonraí ar bheagán iontaofachta i gcás EL agus LT. Is féidir le figiúirí an-ard nó figiúirí os cionn 100 duine aonair rannpháirteach atá fostaithe a léiriú, go háirithe iad siúd atá i bhfostaíocht fhóirdheonaithe de chineál éigin.


Foinse: Bunachar sonraí maidir le beartas mhargadh an tsaothair (LMP) [[lmp_ind_actsup](#)].

7 mbliana tar éis an Moladh ón gComhairle maidir le dífhostaíocht fhadtéarmach a ghlacadh, tá bearna mhór cur chun feidhme fós ann ar fud an Aontais. In R2-2025, chláraigh an tAontas 4,2 milliún duine dífhostaithe go fadtéarmach (15-74 bliana d’aois, dífhostaithe ar feadh 12 mhí nó níos mó), méid atá níos ísle ná riamh. Ina theannta sin, thit an sciar daoine dífhostaithe go fadtéarmach sa dífhostaíocht iomlán ó 48,6 % in 2016 go 32,6 % in 2024. Mar sin féin, níor chomhlíon líon mór Ballstát (10) an chéad chuspóir den Mholadh go fóill, i.e. Comhaontú maidir le himeascadh i bPost, nó beart coibhéiseach, a sholáthar do 90 % ar a laghad de na daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach agus atá cláraithe mar dhaoine dífhostaithe ar feadh 18 mí ar a laghad. Tá cúig Bhallstát fós ann (an Bheilg, an Spáinn, an Chipir, an Phortaingéil agus an tSlóvaic), nach bhfuil comhaontú gníomhach maidir le himeascadh i bpost ag dhá thrían nó níos mó de na daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach iontu. In 2023, i measc na mBallstát a bhfuil sonraí ar fáil ina leith, níor tháinig ach 41 % de thréimhsí dífhostaíochta úsáideoirí an chomhaontaithe maidir le himeascadh i bpost chun bheith fostaithe²³⁸ i gcomparáid le 43,6 % in 2022. Dá réir sin, d’fhan tromlach (63 %) díobh siúd a cuireadh ar mhargadh an tsaothair go rathúil in 2022 ag obair 12 mhí ina dhiaidh sin, le méadú 2,3 pointe céatadán i gcomparáid le 2021. An tráth céanna, tháinig laghdú ar an sciar d’úsáideoirí an chomhaontaithe maidir le himeascadh i bpost a bhí imeasctha go rathúil agus a thit ar ais sa dífhostaíocht ó 15,7 % in 2022 go 14,4 % in 2023. Cuirtear i dtábhacht arís eile sna sonraí rátaí rathúlachta níos airde na bpleananna gníomhaíochta aonair le taifid mheasúnaithe dhoimhne i gcomparáid leis an gcomhaontú maidir le himeascadh i bpost go fírinneach agus go háirithe le pleananna gníomhaíochta aonair rialta.

²³⁸ Foinse: An Coimisiún Eorpach, bunachar sonraí faireacháin LTU. Níl aon sonraí ar fáil le haghaidh CZ, DE, EE, EL, FR, HU, LV, LU, NL, RO, FI.

Fíor 2.3.10: Tá an caiteachas ar bheartais ghníomhacha mhargadh an tsaothair an-éagsúil ó Bhallstát go chéile

Caiteachas ar idirghabhálacha bheartas gníomhach mhargadh an tsaothair (catagóirí 2-7, mar chéatadán de OTI) agus an ráta dífhostaíochta fadtéarmaí (% , 15-74 bliana d'aois)



Tabhair faoi deara: Is ó 2020 na sonraí is déanaí atá ar fáil maidir le caiteachas ar bheartas mhargadh an tsaothair i gcás RO agus ó 2021 i gcás HR. Ní thagraíonn aon sonraí maidir le caiteachas bheartas mhargadh an tsaothair atá ar fáil le haghaidh 2023 i gcás EL, HR, RO ná le haghaidh sonraí 2022 in IT do shonraí 2020. Sonraí measta le haghaidh DE, NL agus SE. Sonraí sealadacha LMP le haghaidh an Aontais. Briseadh i sonraí bheartas mhargadh an tsaothair i gcás FI in 2023. Tá difríocht sa sainmhíniú maidir leis an ráta dífhostaíochta fadtéarmaí i gcás ES agus FR agus tá briseadh sa tsraith i gcás BG in 2024.

Foinse: Bunachar sonraí maidir le beartas mhargadh an tsaothair [[lmp_expsumm](#)] agus Eurostat [[une_ltu_a](#)], SFS AE.


Tá beartais ghníomhacha éifeachtacha mhargadh an tsaothair ríthábhachtach chun tacú le dea-thorthaí i margadh an tsaothair; tá éagsúlacht shuntasach sa chaiteachas ar na beartais sin ó Bhallstát go chéile. Tháinig laghdú níos mó ná a leath ar an ráta dífhostaíochta fadtéarmaí

(15-74) san Aontas, ó 5,4 % den lucht saothair in 2014 go 1,9 % in 2024, a bhuí freisin leis an bhfeabhas ar chumas na mBallstát daoine a athimeascadh go héifeachtach i margadh an tsaothair. Is ann d'éagothromaíochtaí suntasacha maidir le caiteachas ar bheartais ghníomhacha mhargadh an tsaothair ar fud thíortha an Aontais – féach Fíor 2.3.10. I measc na mBallstát a thuairiscigh rátaí dífhostaíochta fadtéarmaí a bhí thart ar mheán an Aontais nó os a chionn, bhí gach tír seachas an Bheilg, an Iodáil agus an Spáinn ag caitheamh níos lú ná meán an Aontais ar idirghabhálacha gníomhacha i margadh an tsaothair. Chonacthas na leibhéil chaiteachais ab ísle in 2023 sa tSlóivéin, i Málta agus sa Chipir (ina raibh rátaí dífhostaíochta fadtéarmaí faoi bhun mheán an Aontais) ach freisin sa Bhulgáir agus sa Laitvia (ina raibh rátaí dífhostaíochta fadtéarmaí os cionn mheán an Aontais). Dá réir sin, ba iad an Danmhairg (ag 1,1 % de OTI), chomh maith leis an bhFionlainn, an tSualainn, an Spáinn agus an Ostair (thart ar 0,57 % de OTI nó níos mó) na tíortha inar caitheadh níos mó ar bhearta den sórt sin.

Mar gheall ar an laghdú atá ag teacht ar rátaí difhostaíochta fadtéarmaí san Aontas, thit sciar na gcuardaitheoirí poist atá difhostaithe go fadtéarmach agus atá cláraithe leis na Seirbhísí Poiblí Fostaíochta (SPFanna). Thit an sciar go 37,3 % in 2023, céatadán a bhí faoi bhun 40 % den chéad uair ó bhí paindéim COVID-19 ann. An tráth céanna, tá athrú suntasach tagtha ar chomhdhéanamh bhonn cliant SPF freisin. Tháinig méadú ar sciar na mban ó 47,0 % go 51,3 %, arna spreagadh ag a ráta rannpháirtíochta méadaithe sa lucht saothair. Ba chuardaitheoirí poist os cionn 55 bliana d’aois iad 22,6 % de chliant SPF in 2023, suas ó 13,1 % in 2010, agus an tráth céanna thit sciar na gcuardaitheoirí poist faoi bhun 30 bliain ó 28,5 % go 21,9 %. Is toradh é sin i bpáirt ar aosú an daonra agus léiríonn sé i bpáirt rannpháirtíocht mhéadaithe daoine os cionn 55 bliana d’aois sa lucht saothair. Tháinig méadú ar sciar na gcliant a bhfuil oideachas treasach orthu ó 12,9 % in 2010 go 19,9 % in 2023²³⁹ mar gheall ar rátaí oideachais threasaigh atá ag méadú go ginearálta sna Ballstáit.

Fíor 2.3.11: Bhí ráta cumhdaigh na sochar difhostaíochta do chuardaitheoirí poist gearrthéarmacha cobhsaí a bheag nó a mhór in 2024, agus bhí difríochtaí ann ó Bhallstát go chéile

Rátaí cumhdaigh sochar difhostaíochta le haghaidh daoine atá difhostaithe go gearrthéarmach (níos lú ná 12 mhí, 15-64 bliana d’aois, %)



Tabhair faoi deara: Níl sonraí le haghaidh 2023 agus 2024 ar fáil i gcás MT. Tá an sainmhíniú difriúil i gcás ES agus FR. Tá briseadh sa tsraith i gcás BG in 2024 agus DK in 2023. Sonraí ar iontaofacht íseal le haghaidh LU in 2023, SI in 2023 agus 2024 agus HR in 2024.

Foinse: Eurostat, [\[lfsa_ugadra\]](#), SFS AE.

²³⁹ Bailiú sonraí tagairfhoghla SPA, tuarascáil Líonra SPA maidir le hacmhainneacht SPA 2025 (le teacht). Sonraí coigeartaithe le haghaidh AE27.


In 2024, bhí cumhdach na sochar dífhostaíochta do dhaoine atá dífhostaithe go gearrthéarmach cobhsaí a bheag nó a mhór san Aontas, ach bhí treochtaí éagsúla ann ó Bhallstát go chéile. Ba é 37,1 % an sciar de dhaoine dífhostaithe go gearrthéarmach (15-64) a fuair sochair dhífhostaíochta san Aontas in 2024, sciar a bhí cobhsaí a bheag nó a mhór i gcomparáid le 2023 (36,6 %). Chonacthas na laghduithe ba shuntasá ar chumhdach sa tSeicia, san Eastóin agus san Iodáil – féach Fíor 2.3.11. Os a choinne sin, tháinig méadú ar an gcumhdach i Lucsamburg, sa tSlóvaic, san Ostair, sa Laitvia agus sa Chipir. In 2024, chonacthas na rátaí cumhdaigh ab airde sa Ghearmáin (56,9 %), san Fhionlainn (52,9 %) agus san Ostair (52,4 %), agus ina dhiaidh sin sa Fhrainc, sa Liotuáin agus san Eastóin, agus na figiúirí thart ar 45 %. Os a choinne sin, chonacthas na rátaí cumhdaigh ab ísle – faoi bhun 20 % – sa Rómáin, sa Pholainn, sa tSlóivéin agus sa Chróit. An sciar de dhaoine dífhostaithe go gearrthéarmach a chumhdaítear le sochair dhífhostaíochta, is gnách go mbíonn sé comhghaolaithe go dearfach le haistrithe níos airde isteach san fhostaíocht.

D’fhan fad na tréimhse cáilithí le haghaidh sochair dhífhostaíochta agus a n-uasfhad gan athrú a bheag nó a mhór in 2025, ach bhí éagsúlacht mhór ó Bhallstát go chéile sna rátaí athsholáthair. Tá éagsúlacht mhór ó Bhallstát go chéile maidir le fad na ranníocaíochtaí is gá chun bheith i dteideal sochair dhífhostaíochta, mar aon leis na rialacha beachta lena rialaítear a dteidlíocht. Tá an tréimhse cháilitheach idir 13 seachtaine de ranníocaíochtaí árachais san Iodáil, 39 seachtaine sa Chróit agus in Éirinn, 52 sheachtain i roinnt tíortha eile, amhail an Bheilg, an Eastóin agus an Rómáin, suas le 104 seachtaine sa tSlóvaic. Ina theannta sin, níor tháinig aon athrú den chuid is mó ar uasfhad na sochar dífhostaíochta do dhaoine a bhfuil stair oibre 1 bhliain amháin acu. Ó bhí 2019 ann, níor mhodhnaigh ach trí Bhallstát an uastréimhse. In 2020, laghdaigh an Laitvia an t-uasfhad ó 39 seachtaine go 35 seachtaine. In 2023, laghdaigh an Fhrainc an fad ó 104 seachtaine go dtí thart ar 78 seachtaine (cé is moite de roinnt eisceachtaí, e.g. le haghaidh oibrithe sinsearach), agus d’fhéadfadh 26 seachtaine sa bhreis a bheith ann i gcás ina rachadh dálaí eacnamaíocha in olcas. Tá dlúthbhaint ag athsholáthar ioncaim le fad na tréimhse dífhostaíochta freisin. Ar an iomlán, i 17 dtír den Aontas, tá daoine dífhostaithe a bhfuil stair oibre 1 bhliain amháin acu incháilithe do shochair dhífhostaíochta ar feadh 6 mhí ar a mhéad²⁴⁰. Tá éagsúlachtaí móra ann ó Bhallstát go chéile maidir le glanrátaí athsholáthair i gcás oibrithe ar phá íseal a bhfuil taifid ghearra oibre acu – féach Fíor 2.3.12. Sa dara mí, tá na glanrátaí athsholáthair idir 7,4 % den (ghlan)tuilleamh roimhe sin san Ungáir agus 85,8 % i Lucsamburg. In 2024, bhí na rátaí athsholáthair sa Bheilg, sa Danmhairg, san Fhionlainn, sa Fhrainc, sa Ghréig, san Ungáir, i Lucsamburg agus sa tSlóvaic comhionann ag an 2ú agus an 12ú mí den tréimhse dhífhostaíochta.

²⁴⁰ Tagraíonn an anailís do shochair dhífhostaíochta a thugtar go ginearálta dóibh siúd a chláraíonn tar éis dóibh a bheith dífhostaithe gan aon locht orthu féin, gan scéimeanna de chineál sealadach a chur san áireamh.

Fíor 2.3.12: Tá difríochtaí móra sna rátaí athsholáthair ó Bhallstát go chéile, ó thús na dífhostaíochta agus níos faide ar aghaidh sa dífhostaíocht araon

Glanráta athsholáthair de shochair dhífhostaíochta ar 67 % den mheánphá, ag an 2ú agus an 12ú mí den dífhostaíocht (2024)



Tabhair faoi deara: Déantar an táscaire a ríomh i gcás duine aonair gan leanaí ag a bhfuil stair oibre ghairid (1 bhliain) agus atá 20 bliain d'aois. Áirítear leis comhpháirteanna difriúla ioncaim, sochar dífhostaíochta agus sochar eile (amhail cúnamh sóisialta agus sochar thithíochta).

Foinse: Ríomhanna an Choimisiúin Eorpaigh, bunaithe ar [Shamhail Cánach Sochair ECFE](#).

Tá lucht aistrithe tíre an Aontais go ginearálta imeasctha go maith i margadh an tsaothair ina dtíortha óstacha, ach is cosúil go bhfuil laghdú ag teacht ar an tsoghluaisteacht. Bhí thart ar 14 mhilliún saoránach den Aontas, idir shean agus óg, ina gcónaí i mBallstát nach raibh saoránacht acu ann in 2024. Léiríonn sé sin méadú bliantúil thart ar 1,5 % le 5 bliana anuas. I measc dhaonra an Aontais atá in aois oibre (20-64), ba lucht aistrithe tíre an Aontais²⁴¹ a bhí in 3,8 % díobh. Tá méadú leanúnach tagtha ar an meánfhad a fhanann oibrithe taistil ar an gcoigríoch le 10 mbliana anuas. Tarlaíonn an méadú sin ar an bhfad i gcomhthéacs imeascadh rathúil lucht aistrithe tíre an Aontais i margadh an tsaothair. In 2023, bhí ráta fostaíochta 78 % acu i gcomparáid le 76 % de na náisiúnaigh. Ina measc, bhí 1,8 milliún oibrí trasteorann ann, méadú 3 % i gcomparáid le 2022²⁴².

²⁴¹ Is saoránaigh den Aontas iad lucht aistrithe tíre an Aontais a bhfuil cónaí orthu i mBallstát eile den Aontas nach í a dtír shaoránachta í.

²⁴² An Coimisiún Eorpach, [Annual report on intra EU-labour mobility 2024 \[Tuarascáil bhliantúil maidir le soghluaisteacht saothair laistigh den Aontas 2024\]](#), Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg, 2025.

Leis an idirphlé sóisialta, cuirtear an inoiriúnaitheacht is gá ar fáil do mhargaí saothair agus do gheilleagair an Aontais chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá romhainn, agus iomaíochas eacnamaíoch agus cothroime shóisialta á n-áirithiú an tráth céanna. Tá éagsúlacht idir socrúithe agus próisis an idirphlé shóisialta ó Bhallstát go chéile ó thaobh caidreamh saothair comhchoiteann, ról na cómhargála maidir le dálaí oibre a chinneadh, acmhainneacht agus ballraíocht eagraíochtaí, chomh maith le struchtúir fhoirmiúla le haghaidh rannpháirtíocht na gcomhpháirtithe sóisialta i gceapadh agus i gcur chun feidhme beartais. Tá tuilleadh éagsúlachta ag baint le córais chómhargála na mBallstát maidir lena leibhéal láraithe. Mar sin féin, i mórán Ballstát, tá an t-idirphlé sóisialta agus an chómhargáil faoi bhrú níos mó agus níos mó. Cé go bhfuil ráta ballraíochta eagraíochtaí fostóirí fós réasúnta cobhsaí, fiú má tá laghdú ag teacht air i roinnt Ballstát, tá ráta ballraíochta na gceardchumann ag laghdú, ar an meán, ar fud an Aontais²⁴³. Thairis sin, tá laghdú 11 phointe céatadáin tagtha ar an gcumhdach cómhargála, ó thart ar 77 % in 2005 go 66 % in 2024 agus tá laghduithe an-mhór san Eoraip láir agus thoir. I roinnt Ballstát, tá deis ann feabhas a chur ar chumas na gcomhpháirtithe sóisialta páirt éifeachtach a ghlacadh san idirphlé sóisialta agus rannchuidiú le ceapadh beartas.


Tá rannpháirtíocht na gcomhpháirtithe sóisialta an-éagsúil ar fud na réimsí beartais. Tugann sonraí ó bhunachar sonraí PolicyWatch Eurofound léargas ar rannpháirtíocht na gcomhpháirtithe sóisialta i gceapadh beartas agus léiríonn siad difríochtaí móra ar fud réimsí beartais – féach Fíor 2.3.13. Idir mí Aibreáin 2020 agus mí na Bealtaine 2025, tuairiscíodh gur le freagairtí beartais maidir le COVID-19, chomh maith le bearta i gcomhthéacs an chlaohlaithe dhigitigh a bhain an leibhéal rannpháirtíochta ba mhó a bhí ag na comhpháirtithe sóisialta, óir rinneadh beagnach 40 % agus 39 % de na bearta sin, faoi seach, a chomhaontú leis na comhpháirtithe sóisialta nó chuathas i gcomhairle leo ina leith. Thairis sin, i gcás beagnach ceann amháin as gach trí bheart a bhain leis an aistriú glas (32 %) nó leis an ardchostas maireachtála (29 %), bhí comhpháirtithe sóisialta rannpháirteach. Ina dhiaidh sin bhí bearta a bhain leis na hionstraimí tacaíochta athstruchtúrúcháin (26 %) agus leis an gcogadh san Úcráin (22 %). Chonacthas an leibhéal rannpháirtíochta ab ísle i gcás bearta beartais mar fhreagairt ar theagmhais adhaimsire (12 %). Ina theannta sin, tuairiscítear i dtorthaí a d'fhoilsigh Eurofound²⁴⁴ le déanaí go bhfuil na comhpháirtithe sóisialta sásta le rannpháirtíocht na gcomhpháirtithe sóisialta sa Seimeastar Eorpach agus i bhforbairt na bpleananna téarnaimh agus athléimneachta, ar an leibhéal náisiúnta. Cé go dtuairiscíonn roinnt tíortha ina bhfuil traidisiúin láidre idirphlé shóisialta go bhfuiltear measartha sásta, i roinnt mhaith cásanna eile measann siad go bhfuiltear ag glacadh lena rannpháirtíocht mar fhoirmiúlacht. Cuireann roinnt mhaith acu i dtábhacht nach bhfuil dóthain ama comhairliúcháin ann agus nach leor an fhaisnéis a thugtar.

²⁴³ Féach OECD/AIAS [database on Institutional Characteristics of Trade Unions, Wage Setting, State Intervention and Social Pacts \(ICTWSS\)](#). [bunachar sonraí ECFE/AIAS maidir le Saintréithe Institiúideacha Ceardchumann, Socrú Pá, Idirghabháil Stáit agus Comhshocrúithe Sóisialta (ICTWSS)].

²⁴⁴ Eurofound, [National-level social governance of the European Semester and the Recovery and Resilience Facility](#), [Rialachas sóisialta an tSeimeastair Eorpaigh agus na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta ar leibhéal náisiúnta], an tsraith ‘Comhpháirtithe sóisialta náisiúnta agus ceapadh beartas’, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg, 2025.

Fíor 2.3.13: Tá rannpháirtíocht na gcomhpháirtithe sóisialta an-éagsúil ar fud na réimsí beartais

Rannpháirtíocht comhpháirtithe sóisialta i gceapadh beartas náisiúnta de réir comhthéacs beartais (%)



Tabhair faoi deara: Áirítear sa chairt 3 375 bheartas (roinnt comhaireamh dubailte nuair a bhaineann beartais le níos mó ná comhthéacs amháin), a bailíodh idir mí Aibreáin 2020 agus mí na Bealtaine 2025. Ní áirítear ar bheartais ach reachtaíocht nó rialacháin reachtúla agus comhaontuithe trípháirteacha eile. Cuirtear rannpháirtíocht comhpháirtithe sóisialta i láthair mar mheánráta rannpháirtíochta fostóirí agus ceardchumann i ngach catagóir. Is miondifríochtaí iad na difríochtaí idir leibhéal rannpháirtíochta na bhfostóirí agus na gceardchumann.

Foinse: Eurofound, [EU PolicyWatch Database](#) [Bunachar sonraí EU PolicyWatch].

Tháinig na comhpháirtithe sóisialta Eorpacha agus an Coimisiún ar chomhaontú maidir le tiomantas athnuaite chun an t-idirphlé sóisialta a neartú i ré seo an chlaohlaithe dhomhanda. Aithnítear go hiomlán sna Conarthaí an ról lárnach atá ag an idirphlé sóisialta i ngeilleagar sóisialta margaidh an Aontais, atá cumhdaithe freisin i gColún Eorpach na gCeart Sóisialta agus sna Treoirínte Fostaíochta, agus a neamhspleáchas agus cineál éagsúil an chaidrimh thionsclaíoch náisiúnta á n-urramú go hiomlán an tráth céanna. Agus iad ag tógáil ar Dhearbhú Chomhpháirtithe Sóisialta Val Duchesse 2024²⁴⁵, shínigh an Coimisiún agus comhpháirtithe sóisialta tras-tionscail Eorpacha Comhshocrú maidir le hIdirphlé Sóisialta Eorpach i mí an Mhárta 2025²⁴⁶. Sainaitnítear sa Chomhshocrú gníomhaíochtaí atá le déanamh ag an gCoimisiún agus ag na comhpháirtithe sóisialta chun borradh a chur faoi acmhainneacht iomlán an idirphlé shóisialta ar gach leibhéal agus chun na dálaí cearta a chruthú chun an acmhainneacht sin a shlógadh. Dá réir sin, is é is aidhm don chomhshocrú creat a chur ar fáil don idirphlé sóisialta chun go mbeidh rath air ar gach leibhéal, lena n-áirítear ar an leibhéal náisiúnta agus Eorpach, agus ar an leibhéal trasearnála agus eanála. Leis an Moladh ón gComhairle maidir leis an idirphlé sóisialta a neartú san Aontas den chéad uair soláthraítear treoraíocht do na Ballstáit maidir leis an mbealach is fearr chun an t-idirphlé sóisialta a chur chun cinn agus an chómhargáil a neartú. I measc nithe eile, tá an Coimisiún ag obair i gcomhar leis na comhpháirtithe sóisialta ar Threochlár um Poist Dea-cháilíochta, agus gheall sé go rachadh sé i gcomhairle leo freisin maidir le tionscnaimh bheartais nach dtagann faoi raon feidhme Airteagail 153 agus 154 CFAE, ach a bhfuil ábharthacht ar leith ag baint leo dóibh.

²⁴⁵ [Tripartite Declaration for a Thriving European Social Dialogue](#) [Dearbhú Trípháirteach maidir le hIdirphlé Sóisialta Eorpach Rathúil].

²⁴⁶ [Pact for European Social Dialogue](#) [Comhshocrú maidir le hIdirphlé Sóisialta Eorpach].

Tá rannpháirtíocht agus comhairliúchán le heagraíochtaí sochaí sibhialta ríthábhachtach don cheapadh beartas agus chun athrú inbhuanaithe cuimsitheach a spreagadh. Ar leibhéal an Aontais, tá eagraíochtaí na sochaí sibhialta rannpháirteach go gníomhach i bpléití maidir le tosaíochtaí beartais agus tograí beartais, lena n-áirítear sa Seimeastar Eorpach, agus tá ról tábhachtach acu i gcur chun feidhme beartais. Tá ról ríthábhachtach acu maidir le léargas luachmhar a thabhairt do lucht ceaptha beartas ar dhúshláin atá ann faoi láthair agus atá ag teacht chun cinn, maidir le bonn eolais a chur faoi thionscnaimh bheartais náisiúnta agus tionscnaimh bheartais an Aontais araon i bpríomhréimsí, agus maidir le measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht na mbeartas ar an talamh.

Bosca Cholún 7: Athchóirithe agus infheistíochtaí dea-cheaptha i margadh an tsaothair, athchóirithe agus infheistíochtaí scileanna agus sóisialta le haghaidh fás eacnamaíoch, iomaíochais agus comhtháthú sóisialta

D'fhéadfadh torthaí sóisialta agus eacnamaíocha araon a bheith ag athchóirithe agus infheistíochtaí fostaíochta, scileanna agus sóisialta, má cheaptar iad ar bhealach éifeachtach agus éifeachtúil, bunaithe ar mhodhanna láidre meastóireachta. Le hathchóirithe agus infheistíochtaí dea-cheaptha i réimse mhargadh an tsaothair, na scileanna agus na mbeartas sóisialta, cuirtear cóineasú sóisialta aníos chun cinn, rannchuidítear le prionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme agus le príomhspríocanna an Aontais do 2030 maidir le fostaíocht, scileanna agus laghdú na bochtaineachta a bhaint amach. Is féidir leo acmhainneacht nuálach, fás eacnamaíoch agus iomaíochas a chothú trína dtionchar ar chaipiteal daonna agus ar tháirgiúlacht, lena n-áirítear trí lucht saothair níos oilte. Chun éifeachtacht agus éifeachtúlacht na mbeart beartais a uasmhéadú, tá measúnuithe tionchair agus meastóireachtaí ardcháilíochta ríthábhachtach, a reáchtáiltear go hidéalach sula ndéantar beartas a chur chun feidhme, lena linn agus ina dhiaidh. Ag cur leis an obair a rinneadh sa Choiste Fostaíochta (EMCO) agus sa Choiste um Chosaint Shóisialta (SPC) agus sa Mheitheal Neamhfhoirmiúil um Infheistíocht Shóisialta faoi Uachtaránacht na Spáinne agus faoi Uachtaránacht na Beilge, iarradh sna Conclúidí ón gComhairle i mí an Mheithimh 2024 ar na Ballstáit machnamh a dhéanamh ar a n-acmhainneacht meastóireachta beartais a neartú agus iarradh ar an gCoimisiún Eorpach tacú leo. Áirítear leis sin mol eolais maidir le hinfeistíocht shóisialta a bhunú chun leanúint den obair, foghlaim fhrithpháirteach a chur chun cinn agus feabhas a chur ar inrochtaineacht agus tráthúlacht sonraí socheacnamaíocha²⁴⁷. I gcomhthráth leis sin, d'fhorghuinigh an Chomhairle Treoirphrionsabail Dheonacha do Bhallstáit an Aontais chun meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtaí eacnamaíocha na n-athchóirithe agus na n-infheistíochtaí i réimsí mhargadh an tsaothair, na scileanna agus an bheartais shóisialta²⁴⁸.

²⁴⁷ [Conclúidí ón gComhairle maidir leis an ról atá ag beartais mhargadh an tsaothair, beartais scileanna agus beartais shóisialta le haghaidh geilleagair athléimneacha. Mí an Mheithimh 2024.](#)

²⁴⁸ [Voluntary Guiding Principles for EU Member States for evaluating economic effects of reforms and investments in the labour market, skills and social policy domains](#) [Treoirphrionsabail Dheonacha do Bhallstáit an Aontais chun meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtaí eacnamaíocha athchóirithe agus infheistíochtaí i réimsí mhargadh an tsaothair, na scileanna agus an bheartais shóisialta]. [Mí an Mheithimh 2024.](#)

D'fhéadfadh torthaí eacnamaíocha láidre a bheith ag infheistíochtaí agus athchóirithe lena neartaítear caipiteal daonna go héifeachtach. Mar shampla, is féidir torthaí eacnamaíocha móra a bheith ag infheistíochtaí in oideachas agus i gcúram na luath-óige atá ar ardchaighdeán agus inacmhainne, trí bhunús láidir a chur ar fáil d'fhoghlaím leanaí agus trína chur ar a gcumas do thuismitheoirí, go háirithe mná, páirt a ghlacadh sa mhargadh saothair. Tugtar le fios i staidéar a rinneadh le déanaí go bhféadfadh méaduithe substaintiúla ar fhostaíocht máithreacha a bheith mar thoradh ar spriocanna athbhreithnithe Barcelona an Aontais maidir le cumhdach cúraim leanaí a bhaint amach. Meastar go mbeidh gnóthachain suas le 48 % i dtíortha ina bhfuil rannpháirtíocht íseal²⁴⁹, agus go mbeidh tionchar dearfach acu ar fhás OTI²⁵⁰. Fuarthas amach go gcuireann infheistíocht i gcaipiteal daonna, lena n-áirítear uas-sciliú agus athsciliú, borradh faoin táirgiúlacht agus faoin bhfás. I bhfianaise an mhéid sin freisin, tá Moladh á chur ar aghaidh ag an gCoimisiún le haghaidh Moladh ón gComhairle maidir le caipiteal daonna san Aontas Eorpach mar chuid de Phacáiste Sheimeastar Eorpach an Fhómhair. In anailís mhicreacnamaíoch a rinne Cedefop, measadh, mar shampla, go bhféadfaí méadú os cionn EUR 200 billiún a dhéanamh ar OTI bliantúil san Aontas dá laghdófaí sciar na ndaoine fásta ar bheagán oiliúna ó 23,5 % go 7,4 % i gcaitheamh tréimhse 10 mbliana (agus meastar nach mbeidh aon athrú beartais 14,7 % ann)²⁵¹. Chomh maith leis sin, is féidir tairbhí eacnamaíocha agus sóisialta araon a bheith mar thoradh ar bheartais ghníomhacha mhargadh an tsaothair (BGMSanna) atá dea-struchtúrtha agus éifeachtúil, i bhfad tar éis thráthchlár na n-idirghabhálacha beartais freisin. Mar shampla, le hidirghabhálacha BGMSanna arna gcistiú trí CSE+ i gclárthréimhse 2021-27, meastar go gcuirfear feabhas ar thorthaí fostaíochta sa 20 bliain tar éis na hinfeistíochta bunaidh, le buaicphointe fostaíochta + 0,11 % in 2027²⁵². An tráth céanna, is féidir le beartais shóisialta dhea-cheaptha tacú go tábhachtach le cobhsú maicreacnamaíoch trí rioscaí sóisialta agus caiteachas sóisialta amach anseo a bhaineann le costais na neamhghníomhaíochta a mhaolú go substaintiúil.

- ²⁴⁹ Nazareni, M., Caraiani, P., Janta, B., *EU Labour Supply-Demand Microsimulation Model (EUROLAB): The impact of increasing formal childcare on mothers' labour supply*. [Samhail Micri-ionsamhlúcháin an Aontais maidir le Soláthar agus Éileamh Saothair (EUROLAB): An tionchar a bhíonn ag cúram leanaí foirmiúil a mhéadú ar sholáthar saothair máithreacha.] Doiciméad Oibre JRC, 2022.
- ²⁵⁰ Darvas, Z., Welslau, L., Zettelmeyer, J., [Incorporating the impact of social investments and reforms in the European Union's new fiscal framework](#). [Tionchar na n-infheistíochtaí sóisialta agus na n-athchóirithe sóisialta a ionchorprú i gcreat físcach nua an Aontais Eorpaigh]. Doiciméad Oibre Bruegel, 2024.
- ²⁵¹ Cedefop (2017). *Investing in skills pays off: The economic and social cost of low-skilled adults in the EU* [Is fiú infheistíocht a dhéanamh i scileanna: An costas eacnamaíoch agus sóisialta a bhaineann le daoine fásta ar bheagán oiliúna san Aontas]. Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh.
- ²⁵² Féach an Coimisiún Eorpach, [Employment and Social Developments in Europe 2024](#) [Fostaíocht agus Forbairtí Sóisialta san Eoraip 2024], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2025.

Tá measúnuithe tionchair agus meastóireachtaí á ndéanamh go córasach cheana féin ag roinnt Ballstát chun athchóirithe agus infheistíochtaí fostaíochta, scileanna agus sóisialta atá éifeachtúil agus éifeachtach a cheapadh, ar athchóirithe agus infheistíochtaí iad atá curtha in oiriúint do na bearta beartais sonracha agus do na himthosca tíre sonracha. Mar shampla, le samhail infheistíochta socheacnamaíche na **Danmhairge**, nó *Socioøkonomisk Investeringsmodel (SØM)*, soláthraítear creat anailise ar chostais agus tairbhí lena n-áirítear bunachar sonraí de chleachtais éifeachtacha. Ríomhann sé freisin na costais dhíreacha agus na torthaí a d'fhéadfadh a bheith ar bheartais shóisialta atá bunaithe ar thionscnaimh bheartais arna roghnú ag úsáideoirí agus ar sprioc-dhéimeagrafaic²⁵³. Ina theannta sin, tá Córas Fostaíochta Poiblí na Danmhairge tar éis fianaise maidir le gnéithe éagsúla de BGMS a bhailiú go comhleanúnach trí thrialacha rialaithe randamaithe (TRRanna) éagsúla a dhéanamh. Tá clár 'Teaghlaigh 0-3' na **Spáinne** deartha chun tacú le teaghlaigh a bhfuil leanaí faoi bhun 3 bliana d'aois acu, go háirithe iad siúd ó chúlraí ar ioncam íseal, trí thuismitheoirí a chumhachtú trí cheardlanna chun feabhas a chur ar oideachas luath-óige. Le measúnú tionchair agus meastóireacht leanúnach trí TRRanna, áirithítear cáilíocht agus éifeachtacht an chlár, le sonraí maidir le rannpháirtíocht agus torthaí lena spreagtar feabhsuithe. Tá reachtaíocht na Spáinne a rinneadh le déanaí mar bhonn taca leis sin, reachtaíocht lena gcruthaítear struchtúr soiléir cuimsitheach maidir leis an gcaoi ar cheart dul i ngleic le meastóireacht ar fud bheartais uile an rialtais chun feabhas a chur ar chuntasacht agus trédhearcacht²⁵⁴. In 2019, sheol **an Ghearmáin** na cláir 'Rannpháirtíocht i Margadh an tSaothair' agus 'Imeascadh na nDaoine Dífhostaithe Fadtéarmacha', lena gcuirtear fóirdheontais phá agus cóitseáil ar fáil d'fhostóirí a fhostaíonn daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach. Fuarthas amach i meastóireacht 2024 a rinne Institiúid na Gearmáine um Thaighde Fostaíochta, inar cuireadh modhanna cainníochtúla agus cáilíochtúla le chéile, go raibh na tionscnaimh sin éifeachtach maidir leis an eisiámh sóisialta a laghdú agus borradh a chur faoin bhfostaíocht, agus 51 % de na rannpháirtithe ag aistriú chuig poist rialta tar éis 26 mhí agus comharthaí luatha treochtaí comhchosúla i measc daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach²⁵⁵. Sa **tSlóivéin**, mar gheall ar chlár oiliúna le déanaí do chuardaitheoirí poist, bhí sé níos dóchúla go mbeadh rannpháirtithe fostaíthe ná neamh-rannpháirtithe a bhfuil saintréithe comhchosúla acu, agus mhéadaigh siad a dtuilleamh, mar a léiríodh i meastóireacht tionchair fhrithfhíorasach a rinne Seirbhís Fostaíochta na Slóivéine, i gcomhar leis an gCoimisiún Eorpach agus le ECFE.²⁵⁶ An tráth céanna, tá bacainní fós roimh roinnt mhaith Ballstát maidir le cultúr meastóireachtaí beartais tráthrialta a

²⁵³ Kvist, J. (2018). *Inclusive growth and social investments over the life course* [Fás cuimsitheach agus infheistíochtaí sóisialta ar feadh an tsaoil]. In C. Deeming, & P. Smyth (Eds.), *Reframing global social policy: Social investment for sustainable and inclusive growth* (lgh. 213-228), Policy Press. [Beartas sóisialta domhanda a athchóiriú: Infheistíocht shóisialta le haghaidh fás inbhuanaithe agus cuimsitheach].

²⁵⁴ Gobierno de España (2022), *Ley 27/2022, de 20 de diciembre, de institucionalización de la evaluación de políticas públicas en la Administración General del Estado* [DLí 27/2022, an 20 Nollaig, maidir le meastóireacht ar bheartais phoiblí i Riarachán Ginearálta an Stáit a institiúidiú].

²⁵⁵ *Subsidised jobs for the long-term unemployed: An evaluation of the German Participation Opportunities Act - IAB-Forum* [Poist fhóirdheonaithe do dhaoine atá dífhostaithe go fadtéarmach: Meastóireacht ar Ghníomh na Gearmáine um Dheiseanna Rannpháirtíochta]

²⁵⁶ ECFE/an Coimisiún Eorpach (2025), *Impact Evaluation of Wage Subsidies and Training for the Unemployed in Slovenia*, [Meastóireacht Tionchair ar Fhóirdheontais Phá agus ar Oiliúint do Dhaoine Dífhostaithe sa tSlóivéin], Ag nascadh daoine le Poist, Foilsitheoireacht ECFE, Páras.

institiúidiú. Áirítear orthu sin go háirithe acmhainneacht neamhleor riaracháin agus/nó anailíse agus rochtain theoranta ar shonraí ardcháilíochta tráthúla.

2.3.2 Bearta arna ndéanamh ag na Ballstáit

Tá bearta déanta ag roinnt Ballstát chun aghaidh a thabhairt a thuilleadh ar dheighilt mhargadh an tsaothair agus chun mí-úsáid conarthaí neamhchaighdeánacha a chomhrac.

Éilítear le dlí ‘Pá Comhionann as Obair Chomhionann’ **Mhálta**, atá i bhfeidhm ó mhí Eanáir 2025, go bhfaighidh oibrithe gníomhaireachta sealadacha an pá agus na coinníollacha fostaíochta céanna (mar shampla, tuarastal, saoire, ragobair agus tréimhsí sosa) le fostaithe na ngnóthas úsáideora a chomhlíonann ról choibhéiseacha. I mí Iúil 2024, thrasuigh **Lucsamburg** reachtaíocht an Aontais maidir le dálaí oibre trédhearcacha agus intuairtha. Cuireann sé sin d’oibleagáid ar fhostóirí faisnéis bhreise mhionsonraithe a chur san áireamh i gconarthaí, nó go luath tar éis thús an chonartha. I gcás conarthaí ar théarma seasta, ní mór go mairfeadh tréimhsí promhaidh 2 sheachtain ar a laghad. Is féidir le fostaithe a bhfuil 6 mhí seirbhíse curtha i gcrích acu tar éis na tréimhse sin athrú ar a stádas fostaíochta a iarraidh – ó théarma seasta go stádas buan nó ó stádas páirtaimseartha go stádas lánaimseartha – uair sa bhliain. I mí na Nollag 2024, chuir **an Iodáil** síneadh leis an asbhaint uasta cánach atá ann cheana d’fhiontair agus do dhaoine féinfhostaithe a fhostaíonn fostaithe faoi chonarthaí buana in 2025 agus 2026. Ó bhí mí Iúil 2025 ann, tá teorainn 120 lá in aghaidh na bliana curtha ag **an Ungáir** leis an obair shéasúrach i réimsí na talmhaíochta agus na turasóireachta, gan beann ar an líon fostóirí, chun mí-úsáid a chosc. Ó mhí Eanáir 2026 ar aghaidh, is féidir le hoibrithe talmhaíochta síneadh 90 lá a chur leis an tréimhse sin má íocann a bhfostóir ráta ranníocaíochta 50 % níos airde i rith an tsínidh. Déanfaidh an t-údarás cánach faireachán digiteach ar laethanta oibre chun na teorainneacha sin a fhorfheidhmiú. I mí na Samhna 2025, thug **an Spáinn** rialáil na gconarthaí oiliúna cothrom le dáta chun a áirithiú go dtugann sí aghaidh go cuí ar riachtanais oiliúna an oibrí, shocraigh sí uastréimhse 2 bhliain, d’áirithigh sí go mbeidh an cúiteamh os cionn an phá íosta reachtúil, agus shocraigh sí ábhar íosta an phlean meantóireachta aonair.

Tá bearta déanta ag roinnt Ballstát chun feabhas a chur ar chosaint fostaithe. I mí Aibreáin 2025, leasaigh **an Spáinn** Reachtaíocht na nOibrithe chun foirceannadh conartha a rialáil i gcásanna éagumais bhuain. Soiléirítear leis an athchóiriú nach bhféadfar an foirceannadh a dhéanamh ach amháin i gcás ina ndearbhaítear go bhfuil oibrí faoi éagumas buan agus nach féidir aon chóiríocht réasúnta a dhéanamh, i gcás nach ann d'aon phost oiriúnach atá ar fáil, nó i gcás ina ndiúltaíonn an t-oibrí d'athshannadh atá beartaithe go cuí. Tugtar isteach leis freisin próiseas comhairliúcháin sainordaitheach leis an oibrí sula ndéantar aon chinneadh agus treisítear leis sin an oibleagáid atá ar fhostóirí athshannadh nó oiriúnuithe a d'fhéadfadh cosc a chur ar an bhfoirceannadh a fhiosrú. I mí an Mhárta 2025, ghlac **Lucsamburg** leasú ar a Chód Saothair lena bhfeabhsaítear cosaint oibrithe trí luach saothair ragoibre, toiliú agus rialacha maidir le coimeád taifead a shonrú. Leis an nuashonrú cuimsitheach, déantar coimircí fostaithe níos láidre maidir le dálaí oibre, saoire bhreuiteachta agus iomarcaíocht a chothromú le hoibleagáidí comhlíontachta simplithe níos soiléire do ghnólachtaí. Thug **an Rómáin** córas nua ar líne isteach chun fostaithe a chlárú (REGES-ONLINE) i mí an Mhárta 2025. Cuireann an córas ar a gcumas d'fhostaithe a fhíorú go léirítear na téarmaí caibidlithe le fostóirí go cruinn ina gconarthaí, amhail tuarastal agus sceidil, agus fógra a fháil dá mba rud é go n-athródh aon cheann díobh sin.

Tá dul chun cinn breise déanta ag roinnt Ballstát maidir lena gcreataí sláinte agus sábháilteachta ceirde a neartú. I mí Mheán Fómhair 2024, ghlac **an Spáinn** Forathne Ríoga 893/2024, lena leagtar amach cosaintí sláinte agus sábháilteachta d'oibrithe tí agus do chúramóirí sa bhaile, lena n-ailínítear a gcearta le reachtaíocht ghinearálta maidir le riosca saothair a chosc. Ráthaítear léi rochtain ar mheasúnuithe riosca, faisnéis, oiliúint, trealamh cosanta, agus faireachán sláinte, agus cuireann sé d'oibleagáid ar fhostóirí meastóireachtaí riosca a dhéanamh, bearta coisctheacha a chur ar fáil, agus dálaí oibre sábháilte a áirithiú. I mí an Mhárta 2025, thug **Lucsamburg** rialacha nua isteach maidir le hoibrithe a chosaint ar na rioscaí a bhaineann le nochtadh do charcanaiginí nó do shó-ghineacha ag an obair. Le rialachán gaolmhar an Ard-Diúic, nuashonraítear cosaintí san ionad oibre ar oibreáin charcanaigineacha agus shó-ghineacha agus orthu siúd atá tocsaineach don atáirgeadh. I mí an Mhárta 2025, bhunaigh **an Danmhairg** reachtaíocht chun é a chur ar a chumas d'Údarás Timpeallachta Oibre na Danmhairge, in imthosca eisceachtúla, sainordú a thabhairt do chonraitheoirí agus dá bhfochonraitheoirí ar láithreáin tógála stop a chur lena ngníomhaíochtaí. Ina theannta sin, méadaítear leis an nGníomh fíneálacha do chuideachtaí a fhaightear ciontach i sáruithe tromchúiseacha sábháilteachta agus sláinte ceirde. Ag tosú in 2026, bhunaigh **an Iodáil** ciste EUR 500 000 in aghaidh na bliana chun cláir scagthástála agus choisc le haghaidh galair chardashoithíocha agus oinceolaíocha a mhaoiniú, chomh maith le dífhibrileoirí uathoibríocha agus leath-uathoibríocha a sholáthar in áiteanna oibre.

Thug roinnt Ballstát bearta isteach chun rialacháin maidir le socrúithe nua oibre a shoiléiriú a thuilleadh, amhail teilea-obair agus obair sholúbtha. Leis an Telearbeitsgesetz (dlí na teilea-oibre) nua san **Ostair**, a tháinig i bhfeidhm ó mhí Eanáir 2025, leathnaítear an chianobair thar thithe na bhfostaithe chun áiteanna cónaithe teaghlaigh, spásanna oibre comhionaid, caiféanna idirlín agus láithreacha saoire a chur san áireamh. Coinnítear sochair chánach ar bun leis, amhail asbhaint bhliantúil EUR 300 le haghaidh troscán eirgeanamaíoch, agus liúntas saor ó cháin EUR 3 in aghaidh lae le haghaidh laethanta teilea-oibre, ach cuirtear d'oibleagáid leis ar fhostóirí na laethanta sin a liostú go sainráite ar dhuillíní pá. I mí Feabhra 2025, d'fhormheas **an Fhrainc** dlí lena gcuirtear chun feidhme comhaontú maidir leis an gcoinbhinsiún cánach le Lucsamburg, arb é is aidhm dó cánachas dúbailte agus imghabháil fhioscach fostaíthe trasteorann atá ag obair go cianda a sheachaint. Leis an gcomhaontú nua, ceadaítear d'oibrithe trasteorann a bhfuil cónaí orthu sa Fhrainc agus atá fostaíthe i Lucsamburg a bheith ag obair ón mbaile ar feadh suas le 34 lá in aghaidh na bliana gan cáin ioncaim na Fraince a thabht. San **Eastóin**, leis an nGníomh um Chonarthaí Fostaíochta, a tugadh cothrom le dáta sa dara leath de 2025, ceadaítear comhaontuithe ama oibre níos solúbtha, le níos mó saoirse d'fhostóirí agus d'fhostaithe cianobair, fleisc-am, nó sceidil neamhthraidisiúnta eile a shocrú trí chomhaontú frithpháirteach. I mí na Samhna 2024, d'fhormheas **an Fhrainc** leanúint den turgnamh oibre comhroinnte ama go ceann 4 bliana. Leis an reachtaíocht, féachtar le feabhas a chur ar éifeachtacht na comhroinnte ama do dhaoine atá dífhostaithe go fadtéarmach, dóibh siúd a fhaigheann íosleibhéil shóisialta, agus do dhaoine faoi mhíchumas. Is é is aidhm di feabhas a chur ar infhostaitheacht na ngrúpaí sin trí chonarthaí oibre páirtaimseartha buana a thairiscint dóibh. I mí Dheireadh Fómhair 2025, ghlac **an Ghréig** an dlí 'Obair Chóir do Chách' chun trédhearcacht agus cosaint oibrithe a neartú, nósanna imeachta earcaíochta a shimpliú agus dlús a chur leo, solúbthacht a chur chun cinn maidir le socrú ama oibre, agus uirlisí digiteacha nua-aimseartha a chomhtháthú sa chaidreamh saothair.

Tá tús curtha ag roinnt Ballstát leis an Treoir maidir le hObair Ardáin a thrasúí toisc gur tháinig sí i bhfeidhm i mí na Nollag 2024. I mí an Mheithimh 2025, ghlac **an Iodáil** dlí ina leagtar amach na céimeanna i dtreo an trasuite. Áirítear orthu sin an sainmhíniú ar 'ardáin saothair dhigitigh' a thabhairt cothrom le dáta, nósanna imeachta a bhunú chun measúnú a dhéanamh ar chaidrimh fostaíochta agus srianta a thabhairt isteach ar phróiseáil uathoibrithe sonraí pearsanta. Tá sé d'aidhm acu freisin cosaintí slándála sóisialta a neartú, cleachtais thrédhearcacha bainistithe sonraí a éileamh, agus bearta sláinte agus sábháilteachta a fheabhsú, lena n-áirítear beartais frithchiaptha agus frithfhoréigin. Sa **Bheilg**, tiocfaidh dlí nua i bhfeidhm i mí Eanáir 2026 lena ndéanfar árachas timpiste ceirde éigeantach d'fhostaithe ardáin féinfhostaithe, chun cosaint na bhfostaithe uile a ailíniú.

Tá roinnt mhaith Ballstát ag gníomhú chun obair neamhdhearbhaite a chomhrac, lena n-áirítear trí leas a bhaint as uirlisí digiteacha, amhail an intleacht shaorga. I mí na Nollag 2024, ghlac **an Danmhairg** dlí chun coimirceí dlíthiúla in aghaidh úsáid saothair neamhdhleathaigh a neartú. Sa **Bheilg**, tá rialacha níos déine tugtha isteach ag an rialtas Pléimeannach chun dul i ngleic le mí-úsáid rialacha an Aontais maidir le postú agus chun feabhas a chur ar mhaoirseacht in earnálacha riosca. Leo sin, bíonn na páirtithe uile i slabhra fochonraitheoireachta cuntasach má fhostaíonn fochonraitheoir oibrithe eachtracha go neamhdhleathach. Leis an athchóiriú sin, ceanglaítear ar ghnólachtaí in earnálacha ardriosca comhlíontacht a bhfochonraitheoirí a fhíorú. Sa **Spáinn**, baineann na húdaráis úsáid as uirlisí atá bunaithe ar an intleacht shaorga chun dul i ngleic le hobair neamhdhearbhaite agus tá iarracht chomhoibríoch glactha acu, ina bhfuil an Ghníomhaireacht Riaracháin Cánach Stáit, na Póilíní agus an Garda Síbhialta rannpháirteach, chomh maith leis an Riarachán Slándála Sóisialta. Tá tástáil á déanamh ag **an Eastóin** ar a fis maidir le Geilleagar Fíor-ama (RTE) arb é is aidhm di tuairisciú gnó a uathobriú, ualaí riaracháin a laghdú agus táirgiúlacht a fheabhsú, agus aistriú ó chleachtais eacnamaíocha neamhfhoirmiúla go cleachtais eacnamaíocha foirmiúla agus íocaíochtaí neamhdhearbhaite a laghdú. I mí Mheán Fómhair 2025, thug **an tSlóvaic** roinnt beart isteach a tháinig i bhfeidhm i mí Eanáir 2026 chun comhrac na fostaíochta neamhdhleathaí a neartú agus chun aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar an bhféinfhostaíocht bhréagach. Áirítear orthu sin rialuithe cigireachta saothair a mhéadú, treoirlínte inmheánacha do chigirí saothair a thabhairt cothrom le dáta, feachtas faisnéise náisiúnta a sheoladh, agus reachtaíocht a ghlacadh chun an t-íosráta pionóis a mhéadú i leith sáruithe an toirmisc ar fhostaíocht neamhdhleathach.

Leanann na Ballstáit den dífhostaíocht fhadtéarmach a chomhrac le gníomhaíocht thiomnaithe beartais. Sa **tSlóivéin**, tá athbhreithniú á dhéanamh faoi láthair ag an Aireacht Saothair, Teaghlaigh, Gnóthaí Sóisialta agus Comhdheiseanna ar na Treoirlínte i ndáil le beartais ghníomhacha maidir leis an margadh saothair (BGMS) 2021-25 a chur chun feidhme d'fhonn iad a thabhairt cothrom le dáta don tréimhse 2026-30 agus é mar aidhm leis sin dífhostaíocht fhadtéarmach a laghdú agus dlús a chur le gníomhachtú daoine scothaosta agus daoine ar bheagán oiliúna. I mí Eanáir 2025, chuir **an tSeicia** síneadh leis an treoirthionscadal 'Imeascadh i bPoist', lena n-áireofar 240 rannpháirtí in 2025 agus 400 rannpháirtí in 2026. Chun dífhostaíocht fhadtéarmach a laghdú, comhcheanglaítear leis an tionscadal fóirdheontais phá chun grúpaí faoi mhíbhuntáiste a bhfuil riachtanais shonracha acu a fhostú le gníomhaíochtaí imeasctha a thacaíonn le forbairt phearsanta. San **Ostair**, ó mhí Eanáir 2026 ar aghaidh, tiocfaidh an pacáiste fostaíochta 'Aktion 55 plus' d'oibrithe scothaosta atá dífhostaithe go fadtéarmach i bhfeidhm. Ó EUR 50 milliún in 2025, méadófar an buiséad don phacáiste go EUR 100 milliún faoi 2027.

Rinneadh bearta i roinnt Ballstát chun obair a dhreasú, chun tacú leis an bhféinfhostaíocht, leis an bhfiontraíocht agus le cruthú fiontar sóisialta. Thug **an Iodáil** isteach díolúine pháirteach ó ranníocaíochtaí slándála sóisialta le haghaidh 2025-27 do mháithreacha fostaithe agus féinfhostaithe a bhfuil beirt leanaí ar a laghad acu, gan oibrithe tí a áireamh. Tá an díolúine bailí suas go dtí 10 mbliana d'aois don leanbh is óige agus, ó 2027, go dtí 18 mbliana d'aois don leanbh is óige do mháithreacha a bhfuil triúr leanaí nó níos mó acu. Tá sí forchoimeádta dóibh siúd a bhfuil ioncam inchánach suas le EUR 40 000 in aghaidh na bliana acu agus tá teorainn chaiteachais bhliantúil EUR 300 milliún ag baint léi. Mar chuid dá PTA agus le tacaíocht ó CSE+, tá leasú ar an nGníomh um an nGeilleagar Sóisialta á fhorbairt ag an **bPolainn** faoi láthair, arb é is aidhm dó an geilleagar sóisialta agus an fhiontraíocht shóisialta a chur chun cinn. Dhéanfaí é sin trí na hionstraimí dlíthiúla agus airgeadais a neartú chun feidhmiú fiontar sóisialta a fhorbairt agus chun feabhas a chur ar chomhordú ghníomhaíochtaí an rialtais agus na riarachán áitiúil. Le beart a bheidh i bhfeidhm ó 2025 go 2028 agus arna chistiú ag CSE+, tacaítear leis an bhfiontraíocht i dtuaisceart na **Bulgáire** trí chúnaimh a sholáthar ó choincheap le haghaidh gnó a fhorbairt go dtí go gcuirfear chun feidhme é. Trí fhéinfhostaíocht agus scileanna fiontraíochta a chothú, is é is aidhm don bheart poist nua a chruthú agus, ar an gcaoi sin, cuidiú leis an mbochtaineacht agus leis an eisiamh sóisialta a chosc.

Tá méadú ag teacht ar an tosaíocht a thugann roinnt mhaith Ballstát do bhearta chun córas na mbeartas gníomhach maidir leis an margadh saothair a threisiú. I mí na Bealtaine 2025, d'fhormheas Rialtas na Vallúine sa **Bheilg** dhá bhille ar an gcéad léamh chun athchóiriú a dhéanamh ar ról na seirbhísí poiblí fostaíochta 'Forem'. Beidh CV ar líne ag teastáil don 'Forem' agus fágfaidh sé go mbeidh próifílí cuardaitheoirí poist infheicthe ag fostóirí a luaithe a shaineofar post gairme, rud a chuideoidh le feabhas a chur ar cháilíocht na meaitseála post. Gheobhaidh cuardaitheoirí poist, cé is moite de roinnt eisceachtaí (e.g. cuardaitheoirí poist atá faoi oiliúint), comhairleoireacht aonair gach 4 mhí, tairiscintí spriocdhírthe agus beidh siad i dteagmháil mhíosúil le SPF. I mí Aibreáin 2025, thug **an Ghréig** athruithe isteach ar a hardán digiteach chun sonraí fostaíochta a bhainistiú. Leis an gcóras nua ERGANI 2 tugtar an córas a bhí ann roimhe cothrom le dáta, lena n-áirítear trí dhearbhuith fostaíochta a dhigitiú go hiomlán, an t-ualach riaracháin a mhaolú trí nósanna imeachta d'fhostóirí a chuíchóiriú, uirlisí faireacháin ar mhargadh an tsaothair a fheabhsú agus clárlann fostaíochta agus árachais níos iontaofa agus níos trédhearcaí a chur ar fáil. I mí na Nollag 2024, leathnaigh **an Spáinn** fóirdheontais incháilithe faoi na cláir gníomhachtaithe fostaíochta choiteanna, agus liúntais chónaithe agus ranníocaíochtaí slándála sóisialta fostóirí gaolmhara á gcur leo i réigiúin áirithe. Neartaítear beartais ghníomhachtúcháin leis an athchóiriú freisin trí roinnt scéimeanna fostaíochta don aos óg a ionchorprú sa chreat coiteann.

Tá athchóirithe móra á ndéanamh ag roinnt mhaith Ballstát ar a Seirbhísí Poiblí Fostaíochta, lena n-áirítear athruithe institiúideacha, rud a mhéadaíonn éifeachtúlacht agus digitiú seirbhísí. Trí chlár tacaíochta CSE+ dar luach EUR 183 mhilliún, tá na Seirbhísí Poiblí Fostaíochta (SPFanna) á nuachóiriú ag **an Rómáin**. Is é is aidhm don chlár méadú 600 a dhéanamh ar an líon ball foirne SPF, oiliúint a chur ar 1 840 fostaí SPF, seirbhísí nuachóirithe a sholáthar do 275 000 duine agus 21 750 fostóir. Meastar freisin go gcuirfidh sé feabhas ar infheictheacht na SPFanna trí fheachtas cumarsáide agus trí áitreabh na SPFanna a nuachóiriú. Mairfidh an tionscadal 60 mí ó mhí Eanáir 2025 go mí na Nollag 2029. San **Fhionlainn**, aistríodh an fhreagracht as seirbhísí poiblí fostaíochta a eagrú chuig bardais i mí Eanáir 2025 chun rochtain chomhionann ar sheirbhísí a mhéadú agus chun cabhrú le cuardaitheoirí poist a fhostú go tapa trí fheabhas a chur ar sheirbhísí fostaíochta agus gnó. I ndáil leis an aistriú, cruthaíodh samhail chistiúcháin do bhardais chun a ngníomhaíochtaí cur chun cinn fostaíochta a fhorbairt. Meastar go rachaidh éifeacht dhíreach an athchóirithe ar an bhfostaíocht chun tairbhe do mhéid idir 7 000 agus 10 000 duine. I mí na Nollag 2024, le tacaíocht ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus ó CSE+, ghlac **an Chipir** athchóiriú leathan ar a SPF. Áireofar leis an athchóiriú leanúnach ardáin a chur chun feidhme chun scéimeanna fruilithe na Roinne Saothair a dhigitiú, Córas Bainistíochta Feidhmíochta a fhorbairt agus córas luathrabhaidh agus rianaithe a bhunú do dhaoine óga nach bhfuil i mbun fostaíochta, ná i mbun oideachais agus oiliúna (NEETanna). I mí Eanáir 2025, thug **an Fhrainc** foraithe isteach chun an dlí maidir le lánfhostaíocht a oiriúnú dá réigiúin is forimeallaí. Leis na hathruithe oiriúnaítear an dlí do shainiúlachtaí institiúideacha na réigiún is forimeallaí agus baineann siad le rialachas, le cúrsaí cúraim leanaí chomh maith le síneadh a chur leis an sprioc-am chun conarthaí a thabhairt i gcrích idir daoine dífhostaithe agus institiúidí fostaíochta.

Chuir roinnt Ballstát athchóirithe chun feidhme chun a gcórais sochar dífhostaíochta a ailíniú le dálaí mhargadh an tsaothair atá i réim. I mí Eanáir 2025, chuir **an Fhionlainn** deireadh leis na forlíontaí ar an bhfóirdheontas don mhargadh saothair agus ar an liúntas dífhostaíochta bunúsach a íocadh le linn rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí a chuireann an fhostaíocht chun cinn. I mí an Mheithimh 2025, thug **an tSeicia** leasuithe isteach ar a córas sochar dífhostaíochta chun feabhas a chur ar thacaíocht airgeadais agus ar chosaint shóisialta do chuardaitheoirí poist. Tiocfaidh méadú ar an tacaíocht le linn na chéad chéime den dífhostaíocht go dtí suas le 80 % d'ioncam oibre an duine aonair roimhe sin. Chomh maith leis sin, i mí an Mheithimh 2025, rinne **an Eastóin** athchóiriú ar a córas cosanta dífhostaíochta, rinne sí nósanna imeachta a shimpliú agus thug sí isteach samhail sochair bunráta uilíoch a bheidh i bhfeidhm ó mhí Eanáir 2026 ar aghaidh. Leis an athchóiriú, cuirtear scéim aonair árachais dífhostaíochta in ionad an chórais dhá shraith a bhí ann roimhe seo. I mí Iúil 2025, ghlac **an Bheilg** athchóiriú mór ar a córas sochar dífhostaíochta a thiocfaidh i bhfeidhm i mí Eanáir 2026. Cuirfidh sí teorainn 2 bhliain le fad foriomlán na sochar, tar éis athruithe a dhéanamh ar na critéir incháilitheachta, le roinnt díolúintí. I mí Dheireadh Fómhair 2025, leasaigh **an Liotuáin** a Dlí maidir le hÁrachas Sóisialta Dífhostaíochta chun an sochar dífhostaíochta íosta a mhéadú ó EUR 241,5 go EUR 350 in 2025, chun síneadh 4 mhí a chur le huasfhad na n-íocaíochtaí sochair gar don scor, agus chun feabhas a chur ar an spriocdhíríú foriomlán ar shochair, go háirithe do theaghlaigh ar ioncam íseal. I mí Dheireadh Fómhair 2025, sheol **an tSualainn** córas árachais dífhostaíochta ioncambhunaithe chun aistrithe post a éascú, riarachán a chuíchóiriú do na páirtithe uile lena mbaineann, agus íocaíochtaí sochair míchearta a chosc. Ó mhí Eanáir 2026 ar aghaidh, laghdaigh **an tSlóvaic** an t-ollráta athsholáthair ar shochair dífhostaíochta go 40 % sa cheathrú mí, go 30 % sa chúigiú mí agus go 20 % sa séú mí.

Tá bearta curtha chun feidhme ag roinnt Ballstát chun tallann eachtrach a mhealladh agus dálaí teanna an mhargaidh saothair a mhaolú. I mí na Bealtaine 2025, sheol **an Ghréig** scéim HELIOS+ le tacaíocht ó CSE+, arb é is aidhm di tacú le himeascadh náisiúnach tríú tír trí chur chuige iomlánaíoch lena gcomhtháthaítear a rochtain ar oideachas, ar mhargadh an tsaothair agus ar ghairmoiliúint. Trí leasuithe a dhéanamh ar a Gníomh um Eachtrannaigh i mí an Mhárta 2025, déanann **an Chróit** rochtain d'oibrithe cáilithe a léirscaoileadh (go háirithe in earnáil TF), neartaíonn sí an mhaoirseacht ar fhostóirí, agus feabhsaíonn sí an chosaint ar chearta oibrithe eachtracha. Thairis sin, chuir an tír bearta nua chun feidhme chun tacú le fillleadh agus athimeascadh eisimirceach ón gCróit. I mí Mheán Fómhair 2025, chuir **an Bhulgáir** beart chun feidhme chun tacú le fillleadh eisimirceach Bulgárach agus lena imeascadh sa mhargadh saothair, le tacaíocht ó CSE+. In 2025, rinne **Málta** athchóiriú ar a Bheartas maidir le hImirce Saothair agus béim á leagan ar an gcoinneáil, ar chearta oibrithe agus ar an earcaíocht a ailíniú le riachtanais mhargadh an tsaothair. Áirítear ar na bearta critéir incháilitheachta nua d'fhostóirí, seiceálacha feabhsaithe ar chomhlíonadh fostóirí, teorainneacha ar earcaíocht ag cuideachtaí a bhfuil rátaí arda foirceanta conartha acu (le díolúintí do mhicrifhiontair), tréimhsí cairde níos faide i gcás foirceanta agus cúrsa imeasctha réamhimeachta a thabhairt isteach. Chun cuidiú le ganntanais lucht saothair a mhaolú agus oibrithe eachtracha ardcháilithe a mhealladh, tá foraithe rialtais glactha ag **an tSeicia** lena ndéanfaítear rochtain shaor ar an margadh saothair do shaoránaigh as deich dtír nach Ballstáit den Aontas iad. I mí Dheireadh Fómhair 2024, ghlac **an Ghearmáin** Straitéis Saothair Scileanna 'India' arb é is aidhm di oibrithe cáilithe a mhealladh ón India trí fheabhas a chur ar chreatdálaí maidir le hearcaíocht, eisiúint víosaí, cúrsaí teanga, aitheantas do cháilíochtaí gairmiúla eachtracha agus imeascadh.

Rinne roinnt Ballstát beart chun an t-idirphlé sóisialta agus ról na gcomhpháirtithe sóisialta a neartú. I mí na Bealtaine 2025, thug **an Rómáin** dréachtphlean gníomhaíochta isteach chun cómhargáil a chur chun cinn le linn 2025-28 trí bhallraíocht i gceardchumainn agus in eagraíochtaí fostóirí a chothú, trí thacú le rannpháirtíocht eolach sa chaibidlíocht agus trí chomhaontuithe a éascú ar an leibhéal earnála agus ar an leibhéal náisiúnta. Tá sé d'aidhm aici freisin an t-idirphlé sóisialta a neartú, smachtbhannaí díspregthacha a thabhairt isteach i gcás neamhchomhlíonta, agus acmhainneacht institiúideach a fheabhsú trí chúnamh teicniúil, cigireachtaí agus cur chun feidhme níos éifeachtaí. I mí Dheireadh Fómhair 2024, ghlac rialtas **na hUngáire** foraithe lena mbunaítear creat dlíthiúil le haghaidh Buanfhóram Comhairliúcháin don Earnáil Phríobháideach (VKF). Is é is aidhm dó a áirithiú go mbunófar agus go n-oibreofar go leanúnach na sásraí chun an pá íosta a shocrú. I mí na Bealtaine 2025, rinne **an Pholainn** leasú ar an rialachán maidir le hionadaíochas eagraíochtaí fostóirí. Leis an dlí nua, cuirtear toirmeasc ar bhallraíocht dhúbailte in eagraíochtaí den sórt sin chun go bhféadfar a n-ionadaíochas a ríomh i gceart agus, ar an gcaoi sin, an caighdeán céanna a chur i bhfeidhm agus a chuirtear i bhfeidhm do cheardchumainn.

2.4 Treoirlíne 8: Comhionannas deiseanna do chách a chur chun cinn, cuimsiú sóisialta a chothú agus an bhochtaineacht a chomhrac


Déantar athbhreithniú sa roinn seo ar chur chun feidhme threoirlíne fostaíochta 8. Moltar léi sin do Bhallstáit comhdheiseanna do chách a chur chun cinn, an cuimsiú sóisialta a chothú agus an bhochtaineacht a chomhrac, i gcomhréir le prionsabail 2 (maidir le comhionannas inscne), 3 (maidir le comhdheiseanna), 11 (maidir le cúram leanaí agus tacaíocht do leanaí), 12 (maidir le cosaint shóisialta), 14 (maidir le hioncam íosta), 15 (maidir le hioncam seanaoise agus pinsin), 16 (maidir le cúram sláinte), 17 (maidir le cuimsiú daoine faoi mhíchumas), 18 (maidir le cúram fadtéarmach), 19 (maidir le tithíocht agus cúnamh do dhaoine gan dídean) agus 20 (maidir le rochtain ar sheirbhísí fíor-riachtanacha) den Chólún. Soláthraítear anailís ar phríomhtháscairí i Roinn 2.4.1. Ar an gcéad dul síos, pléitear rioscaí bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta chomh maith le neamhionannas ioncain. Ina dhiaidh sin, déantar anailís ar ioncam íosta agus ar chórais cosanta sóisialta ar bhonn níos ginearálta, agus ar an tionchar a bhíonn acu ar laghdú na bochtaineachta. Déantar anailís freisin ar thithíocht shóisialta agus ar inacmhainneacht tithíochta faoi Threoirlíne 8. Tuairiscítear i roinn 2.4.2 faoi bhearta beartais atá déanta ag na Ballstáit.

2.4.1 Príomhtháscairí

Tháinig méadú substaintiúil ar an bhfíor-ollioncam indiúscartha teaghlaigh (OIIT) per capita ar leibhéal AE-27 in 2024. Ba é 141,3 (leibhéal in 2008=100) a bhí ann in 2024, 2,5 pointe ní b'airde ná mar a bhí in 2023. I Málta, sa Rómáin agus sa Pholainn a chonaethas an méadú ba mhó, agus tuairiscíodh méaduithe ní ba lú, ach a bhí substaintiúil mar sin féin, sa Chróit, sa Phortaingéil agus sa Chipir (féach Fíor 2.4.1). Ba iad Málta, an Rómáin, an Pholainn agus an Ungáir na 'tíortha is fearr' in 2024, mar gheall ar leibhéil arda (níos mó ná 160 % i gcoibhneas le 2008) agus mar gheall ar mhéadaithe móra freisin i gcás na gcéad trí cinn. Chonaethas méaduithe ní b'ísle i roinnt Ballstát, agus bhí **cuid** acu fós ar na meánleibhéil, amhail an tSualainn, an Danmhairg, an tSeicia agus an tSlóivéin. I bhfianaise a bhfeidhmíochta in 2024, fuarthas go raibh an Ghréig agus an Iodáil i 'gcásanna criticiúla' mar gheall ar leibhéil sheasta ísle, tar éis feabhsúcháin bheaga. Bhí an stádas 'le faire' ag gabháil leis an gcás in 2024 sa Bheilg, san Fhionlainn agus i Lucsamburg (tíortha ina raibh na leibhéil gar do mheán an Aontais ach gan ach feabhsuithe measartha beag déanta orthu), agus sa Chipir, san Ostair, sa Spáinn agus san Ísiltír chomh maith (tíortha ina raibh na leibhéil faoi bhun mheán an Aontais d'ainneoin feabhsuithe thart ar an meán).

Fíor 2.4.1: Tháinig méadú ar an bhfás ar an ollioncam indiúscartha teaghlaigh (OIIT) per capita san Aontas agus bhí éagsúlacht mhór ar fud na mBallstát in 2024

Innéacs fáis an fhíor-ollioncaim indiúscartha teaghlaigh (OIIT) per capita, leibhéil 2024 agus athruithe ón mbliain roimhe sin (2008=100, príomhtháscaire an Scórchláir Shóisialta)




Tabhair faoi deara: Tá lár na n-aiseanna dírithe ar mheán neamhualaithe an Aontais. An eochair eolais a chuirtear i láthair san Iarscríbhinn. Níl sonraí ar fáil le haghaidh BG.

Foinse: Eurostat [[tepsr_wc310](#)], Cuntais eanála Eorpacha.

In 2024, chonacthas feabhas an-bheag ar ráta na ndaoine a bhí i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta san Aontas, gan aon chomhartha soiléir i dtaobh cóineasú aníos. Tháinig laghdú ar an ráta IBES go 21 % ó 21,3 % in 2023, agus bhí difríocht beagnach 2 phointe céatadán idir fir agus mná (20 % i gcomparáid le 21,9 %). Bhí an staid ‘criticiúil’ sa Bhulgáir, sa Ghréig, sa Liotuáin agus sa Spáinn in 2024 toisc nár tháinig feabhas mór (an Spáinn) ar na leibhéil réasúnta ard a bhí acu (30,3 %, 26,9 %, 25,8 % agus 25,8 %, faoi seach) nó toisc gur tháinig méadú beag orthu (an Bhulgáir agus an Ghréig) fiú méadú mór (1,5 pointe céatadán sa Spáinn) – féach Fíor 2.4.2. Bhí an Chróit, an Iodáil agus an Laitvia ‘le faire’, mar gheall ar an leibhéal réasúnta ard (24,3 % sa Laitvia) nó mar gheall ar an méadú (+ 1 phointe céatadán agus + 0,3 pointe céatadán don Chróit agus don Iodáil, faoi seach). An tráth céanna, bhí cás na Rómáine ‘lag ach ag feabhsú’, mar a bhfacthas ceann de na leibhéil ab airde san Aontas (27,9 %) tar éis an meathlú ba mhó (- 4,1 pointe céatadán), rud a léiríonn na hiarrachtaí leanúnacha chun an bhochtaineacht a laghdú. Os a choinne sin, ba iad an tSeicia, an tSlóivéin agus an Ísiltír na ‘tíortha is fearr’ (agus rátaí IBES 11,3 %, 14,4 %, agus 15,4 % iontu faoi seach). Léirigh Éire agus an Eastóin meathlú mór (-2,1 pointe céatadán agus -2 phointe céatadán, faoi seach) d’ainneoin leibhéil a bhí go maith nó meánach cheana féin. Níl aon chomhartha soiléir ann go bhfuil cóineasú aníos ann i measc na mBallstát.

Fíor 2.4.2: Tháinig laghdú beag ar ráta riosca na bochtaineachta nó an eisiaimh shóisialta in 2024 san Aontas

Sciár an daonra i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta, leibhéil 2024 agus athruithe ón mbliain roimhe (% , príomhtháscaire an Scórchláir Shóisialta)



Tabhair faoi deara: Tá lár na n-aiseanna dírithe ar mheán neamhualaithe an Aontais. Cuirtear an eochair eolais i láthair san Iarscibhinn. Tá briseadh sa tsraith i gcás HR agus sonraí sealadacha i gcás LT. Déantar athruithe atá suntasach ó thaobh staidrimh de a mharcáil le réalta (*).

Foinse: Eurostat [[ilc_peps01n](#)], SIDM-AE.

Tá éagsúlacht mhór réigiúnach agus uirbeach/tuaithe ann maidir le baol na bochtaineachta nó an eisiaimh shóisialta ar fud an Aontais, i gcomhréir leis an méid a fheictear ar fud na mBallstát. Bhí éagsúlacht mhór ann ar fud réigiúin an Aontais (NUTS 2) in 2024, lena n-áirítear laistigh de na Ballstáit, go háirithe san Iodáil, sa Pholainn, san Ungáir agus sa tSlóvaic (féach Fíor 8 in Iarscríbhinn 5). Bhí rátaí IBBES idir 59,5 % in Guayane na Fraince, 48,8 % in Calabria, agus 44,5 % in Ciudad de Melilla agus 8,8 % in Jihozápad, 8,6 % in Bratislavský kraj agus 6,6 % in Provincia Autonoma di Bolzano/Bozen²⁵⁷. Bhí rátaí IBBES os cionn mheán an Aontais sna réigiúin is forimeallaí, idir 59,5 % in Guayane agus 22,9 % i Maidéara. Chonacthas rátaí IBBES beagán ní b'íse i mbailte agus i mbruachbhailte san Aontas ná mar a chonacthas i gcathracha agus i gceantair thuaithe (20,3 %, 21,3 % agus 21,3 %, faoi seach). Mar sin féin, bhí éagsúlacht mhór idir na Ballstáit. Bhí rátaí IBBES idir 27,8 % sa Bheilg agus 12,2 % sa Pholainn maidir le cathracha; ó 32 % sa Bhulgáir go 11,7 % sa tSeicia i gcás bailte agus bruachbhailte; agus ó 41,7 % sa Rómáin go 8,6 % i Málta i gcás ceantair thuaithe²⁵⁸. Cé go dtéann rátaí IBBES measartha mór i gcathracha in éineacht le rátaí íse coibhneasta i gceantair thuaithe in iarthar an Aontais, is gnách go mbíonn a mhalairt i réim i roinnt stát i réigiún na Meánmhara agus Mhuir Bhailt agus in oirthear an Aontais.

²⁵⁷ Eurostat [[ilc_peps11n](#)], SIDM-AE.

²⁵⁸ Eurostat [[ilc_peps13n](#)], SIDM-AE.

Is iomadúil foinsí na rioscaí bochtaineachta. Tá siad fréamhaithe i neamhionannas deiseanna mar gheall, mar shampla, ar éagothromaíochtaí críochacha agus réigiúnacha²⁵⁹, nó ar idirdhealú²⁶⁰. Baineann siad le difríochtaí in éifeachtacht agus éifeachtúlacht na mbeartas gníomhach maidir leis an margadh saothair agus na mbeartas cosanta agus cuimsithe shóisialta. Bíonn tionchar ag tarchur an mhíbhuntáiste²⁶¹ ó ghlúin go glúin ar leanaí. Tá ról lárnach ag beartais maidir le cuimsiú gníomhach, dearadh agus éifeachtacht na gcóras cánach agus sochar, agus rochtain ar sheirbhísí tacaíochta (lena n-áirítear oideachas, sláinte, seirbhísí sóisialta agus seirbhísí fíor-riachtanacha) chun rioscaí bochtaineachta a chomhrac agus a chosc. Chun cuidiú leis na Ballstáit é sin a dhéanamh, tá raon leathan tionscnamh glactha ag an Aontas a d'fhéadfadh rannchuidiú leis an mbochtaineacht a laghdú, má chuirtear chun feidhme i gceart iad²⁶². Ag cur leo sin, beidh sé d'aidhm ag Straitéis AE i gcoinne na Bochtaineachta atá ar na bacáin cuidiú le daoine rochtain a fháil ar an gcosaint agus ar na seirbhísí riachtanacha a theastaíonn uathu, agus aghaidh á tabhairt an tráth céanna ar bhunchúiseanna na bochtaineachta. Is é an cuspóir uileghabhálach cuidiú chun deireadh a chur leis an mbochtaineacht san Aontas faoi 2050.


-
- ²⁵⁹ Féach an Coimisiún Eorpach, Durán Laguna, et al., [Ninth report on economic, social and territorial cohesion](#) [An naoú tuarascáil faoin gcomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2024
- ²⁶⁰ Léirítear leis na sonraí is déanaí ó 2024, mar shampla, go raibh 70 % de na Romaigh i mbaol bochtaineachta, agus go ndearnadh dul chun cinn idir 2016 agus 2024. Féach: Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha, [Rights of Roma and Travellers in 13 European countries](#) [Cearta na Romach agus an Lucht Siúil in 13 thír Eorpacha], 2024.
- ²⁶¹ Féach UNICEF Innocenti – An Oifig Dhomhanda um Thaighde agus um Fhadbhreathnaitheacht, [Innocenti Report Card 18: Child poverty in the midst of wealth](#), [Cárta Tuarascála Innocenti 18: Bochtaineacht leanaí i lár an rachmais], UNICEF Innocenti, Flórans, Nollaig 2023.
- ²⁶² Áirítear orthu sin an [Ráthaíocht Eorpach do Leanaí](#), Moladh (AE) 2021/1004 ón gComhairle an 14 Meitheamh 2021; the [Directive on adequate minimum wages](#) [Treoir maidir le pá íosta leordhóthanach] Treoir (AE) 2022/2041; an [Council Recommendation on Access to social protection](#) [Moladh ón gComhairle maidir le Rochtain ar Chosaint Shóisialta], Moladh ón gComhairle (2019/C 387/01) an 8 Samhain 2019; the [Council Recommendation on adequate minimum income ensuring active inclusion](#) [Moladh ón gComhairle maidir le hioncam íosta leordhóthanach lena n-áirithítear cuimsiú gníomhach], Moladh ón gComhairle (AE) 2023/C 41/01 an 30 Eanáir 2023; an tArdán Eorpach chun an Easpa Dídine a Chomhrac, [Lisbon Declaration on the European Platform on Combatting Homelessness](#) [Dearbhú Liospóin maidir leis an Ardán Eorpach chun an Easpa Dídine a Chomhrac] an 21 Meitheamh 2021; agus an [Commission Communication on better assessing the distributional impact of Member States' policies](#), [Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le measúnú níos fearr a dhéanamh ar thionchar dáileach bheartais na mBallstát], COM(2022) 494.

Spriocbhosca 3: Dul chun cinn i dtreo sprioc 2030 maidir le laghdú na bochtaineachta

Tháinig laghdú breise ar an daonra atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta in 2024, ach ní leor fós an dul chun cinn atá déanta chun príomhspríoc an Aontais a bhaint amach faoi 2030. Tháinig laghdú ar an líon daoine a bhí i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta (IBBES) ó 1,1 milliún in 2024 go 93,3 milliún. Agus coigeartú á dhéanamh le haghaidh bristeacha sna sraitheanna sa Ghearmáin agus sa Fhrainc, is é 2,9 milliún an laghdú i gcomparáid le bonnbhliain 2019, rud a fhágann go bhfuil bearna 12,1 milliún ann go dtí an sprioc 15 mhilliún. Tugann sé sin le tuiscint go mbeadh gá le meánlaghdú bliantúil is mó ná 2 mhilliún chun an sprioc a bhaint amach faoi 2030 (féach Fíor thíos). Dá bhrí sin, chun an sprioc a bhaint amach, beidh gá le dlús suntasach a chur leis na hiarrachtaí le linn na ndeich mbliana atá fágtha. Tháinig laghdú ar bhochtaineacht leanaí in 2024 san Aontas freisin, agus bhí thart ar 0,4 milliún leanbh (0-17) níos lú i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta. Mar sin féin, tá an líon fós 0,25 milliún os cionn bhunlíne 2019 agus 5,25 milliún os cionn na spriocanna náisiúnta comhiomlánaithe maidir le bochtaineacht leanaí a laghdú.

Tá laghdú tagtha ar an líon daoine atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta le blianta beaga anuas, ach níl an dul chun cinn leordhóthanach fós chun sprioc an Aontais do 2030 a bhaint amach

Athrú ar leibhéal IBBES AE-27 maidir le bonnbhliain 2019 agus príomhspríoc ghaolmhar an Aontais le haghaidh 2030 (daonra iomlán, míle duine)



Tabhair faoi deara: Sraith arna coigeartú le haghaidh bristeacha sna sraitheanna, mar gheall ar mhórbhristeacha bunúsacha in DE in 2020 (coigeartaithe siar go 2019) agus in FR in 2022 (úsáideann comhiomlán an Aontais figiúirí don 'Fhrainc Dhúthach' seachas don 'Fhrainc' le bheith i gcomhréir le figiúr 2019 don Fhrainc).

Foinse: Eurostat [[ilc_pecs01](#)] agus Ríomhanna DG EMPL.

Tá an dul chun cinn i dtreo spriocanna náisiúnta um laghdú na bochtaineachta fós míchothrom ó Bhallstát go chéile. In 2024, ní bhfacthas laghdú ar an líon daoine a bhí i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta ach i 14 Bhallstát, agus níl ach 16 mBallstát tar éis dul chun cinn a dhéanamh i dtreo a spriocanna do 2030 ó bhí 2019 ann (féach Fíor thíos)²⁶³. Tá seacht gcinn díobh sin (an Rómáin, an tSeicia, an Laitvia, an Ísiltír, an Pholainn, an Bheilg agus an Bhulgáir) ar an mbóthar ceart a bheag nó a mhór, agus bhain an Rómáin laghdú substaintiúil amach in 2024 (faoi 739 000). Ba iad an tSualainn agus Éire an chéad dá thír a bhain a spriocanna amach in 2024, agus tá na bearnaí coibhneasta is mó²⁶⁴ fós ann i Lucsamburg, sa tSlóvaic, sa tSlóivéin, sa Danmhairg, san Fhionlainn agus sa Fhrainc. I measc an 21 thír a leag síos spriocanna comhlántacha maidir le bochtaineacht leanaí a laghdú²⁶⁵, chláraigh 13 thír feabhsuithe in 2024 agus rinne 11 thír dul chun cinn ó bhí 2019 ann, agus tá a spriocanna bainte amach ag Éirinn, ag an gCipir agus ag an tSualainn cheana féin. Ar an taobh eile, tá dul chun cinn fós le déanamh ag an tSeicia, ag an nGearmáin, ag an Spáinn, ag an bhFrainc, ag Lucsamburg, ag Málta, ag an Ostair, ag an tSlóivéin, ag an tSlóvaic agus ag an bhFionlainn i gcomparáid le 2019.


²⁶³ Chun faireachán a dhéanamh ar spriocanna laghdaithe bochtaineachta an Aontais agus na mBallstát, chomh maith le míniú ar na bristeacha sa tsraith agus ar choigeartuithe gaolmhara ar na sonraí, féach freisin [2025 Annual Report of the Social Protection Committee](#) [Tuarascáil Bhliantúil 2025 ón gCoiste um Chosaint Shóisialta].

²⁶⁴ Maidir le hinchomparáideacht trastíre, ní dhéantar na bearnaí a thomhas i ndearbhthéarmaí, ach i gcéatadán den laghdú sprice idir 2019 agus 2030. E.g.: (10 [sprioc]- 4 [dul chun cinn go dtí seo])/10 [sprioc] = 60 % [bearna].

²⁶⁵ Shocraigh na Ballstáit seo a leanas sprioc maidir le bochtaineacht leanaí a laghdú: an Bheilg, an Bhulgáir, an tSeicia, an nGearmáin, an Eastóin, Éire, an Ghréig, an Spáinn, an Fhrainc, an Chróit, an Chipir, Lucsamburg, Málta, an Ostair, an Pholainn, an Phortaingéil, an Rómáin, an tSlóivéin, an tSlóvaic, an Fhionlainn, agus an tSualainn. Féach [2025 Annual Report of the Social Protection Committee](#) [Tuarascáil Bhliantúil 2025 ón gCoiste um Chosaint Shóisialta] maidir le faireachán ar na spriocanna sin.

Níl dul chun cinn déanta ach ag thart ar leath de na Ballstáit ó bhí 2019 ann, agus níl ach aon trian díobh ar an mbóthar ceart nó a spriocanna sáraithe acu

Athruithe ar leibhéil IBBES i gcaitheamh na mblianta 2019-24 agus spriocanna náisiúnta 2030 (daonra iomlán, míle duine)



Tabhair faoi deara: Tá briseadh sa tsraith in 2020 i gcás FR, IE, DK, LU, in 2021 i gcás LU, in 2022 i gcás FR, FI agus LU in 2023 agus 2024 i gcás HR. Sonraí sealadacha maidir le LT in 2024. Sloinneann DK agus DE a spriocanna náisiúnta maidir le laghdú na bochtaineachta mar laghdú ar an líon daoine i dteaghlaigh gan duine fostaithe (nó i dteaghlaigh ghar-dhífhostaithe) (i.e. teaghlaigh a bhfuil déine oibre an-íseal acu), agus tá coinne leis go dtiocfaidh laghduithe ar an líon daoine atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta (IBBES) i gcaitheamh na ndeich mbliana seo dá réir. Cuireann DE a sprioc náisiúnta in iúl i gcomparáid le 2020 mar an bhliain tagartha. Shocraigh FR a sprioc náisiúnta i ndáil leis an bhFrainc Dhúthach agus tá an faireachán ailínithe leis an raon feidhme geografach sin. Sloinneann HU a sprioc náisiúnta maidir le laghdú na bochtaineachta mar laghdú ar an ráta díothachta ábhartha agus sóisialta i gcás teaghlaigh a bhfuil leanaí acu, laghdú ar féidir laghdú ar an ráta IBBES a theacht as má bhíonn na himthosca atá i bhfeidhm faoi láthair i réim. Sloinneann MT a sprioc náisiúnta maidir le laghdú na bochtaineachta mar laghdú ar an ráta IBBES, i dtéarmaí pointí céatadáin (i.e. -3,1 pointe céatadáin).


Foinse: Eurostat [[ilc_pecs01](#)] agus tábla maidir le spriocanna náisiúnta 2030 in Iarscríbhinn 1.

Tháinig laghdú beag ar ghéardhíth ábharach agus shóisialta, agus d’fhan an bhochtaineacht airgeadaíochta agus sciar na ndaoine atá ag maireachtáil i dteaghlaigh gan duine fostaithe (nó i dteaghlaigh ghar-dhífhostaithe) seasmhach san Aontas in 2024. Léirítear an feabhas measartha ar an ráta IBES ina chomhpháirteanna. Bhí cuid de rátaí riosca na bochtaineachta ab ísle ag an tSeicia agus an Ísiltír (ag tagairt do leibhéil ioncaim 2023, ag 9,5 % agus 12,1 %, faoi seach), tar éis laghduithe a theacht orthu – féach an painéal ar bharr Fhíor 2.4.3. Os a choinne sin, bhí cuid de na rátaí ab airde ag an mBulgáir, ag an Laitvia, ag an Liotuáin (ag 21,7 %, 21,6 % agus 21,5 %, faoi seach), cuid acu tar éis méaduithe. Chonacthas laghdú 2,1 pointe céatadáin sa Rómáin, rud a chuir go mór leis an laghdú ar a ráta IBES. Le tobmheastacháin Eurostat a thagraíonn d’ioncaim 2024, léirítear go raibh coinne leis go mbeadh rátaí riosca na bochtaineachta cobhsaí freisin san Aontas in 2024 ar an meán agus i bhformhór na mBallstát, agus go dtiocfadh méadú orthu san Fhionlainn, sa Phortaingéil, sa Ghréig agus sa tSlóivéin, agus go dtiocfadh laghdú air san Eastóin²⁶⁶. Tháinig laghdú beag ar sciar na ndaoine i ngéardhíth ábharach agus shóisialta san Aontas – féach painéal láir Fhíor 2.4.3. D’fhan sciar na ndaoine atá ag maireachtáil i dteaghlaigh gan duine fostaithe (nó i dteaghlaigh ghar-dhífhostaithe) cobhsaí in 2024 (bunaithe ar ghníomhaíocht 2023) – féach an painéal íochtarach Fhíor 2.4.3.

²⁶⁶ Athruithe móra amháin. Féach Eurostat, [Flash estimates of income inequalities and poverty indicators for 2024 \(FE 2024\), Experimental results](#) [Tobmheastacháin ar neamhionannais ioncaim agus táscairí bochtaineachta le haghaidh 2024 (FE 2024), Torthaí turgnamhacha]. Leagan 1 – Mí an Mheithimh 2025.

Fíor 2.4.3: Tháinig laghdú beag ar ghéardhíth ábharach agus shóisialta, agus d'fhan ráta riosca na bochtaineachta agus sciar na ndaoine atá ag maireachtáil i dteaghlaigh gan duine fostaithe (nó i dteaghlaigh ghar-dhífhostaithe) cobhsaí

Comhpháirteanna de phríomhtháscaire ráta riosca na bochtaineachta nó an eisiaimh shóisialta (% , 2015, 2023, 2024)



Tabhair faoi deara: Tabhair do d'aire go rangaítear táscairí de réir rátaí IBBES in 2024. Briseadh sa tsraith i gcás HR do ráta riosca na bochtaineachta in 2024. Sonraí sealadacha maidir le LT.

Foinse: Eurostat [[tessi010](#)], [[tepsr_lm420](#)], [[tepsr_lm430](#)], SIDM-AE.

Tháinig laghdú beag ar bhochtaineacht leanaí ach tá sí fós ar leibhéal níos airde ná mar atá i gcás an daonra ina iomláine, gan aon chomhartha soiléir ann go bhfuil cóineasú aníos ann.

Tháinig laghdú ar an líon leanaí a bhí i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta ó 19,96 milliún in 2023 go 19,52 milliún in 2024 agus tháinig laghdú ar a sciar ó 24,9 % go 24,2 % ar an meán san Aontas. Cé gurb é 2024 an dara bliain as a chéile inar tháinig laghdú ar an dearbhuimhir, tá ráta tarlaithe na bochtaineachta leanaí fós 3,2 pointe céatadáin níos airde ná mar atá i gcás an daonra iomláin. Tá an tSlóivéin, an Chipir, an tSeicia agus an Ísiltír i measc na ‘dtíortha is fearr’, agus rátaí IBES le haghaidh leanaí faoi bhun 16 % acu, mar aon le hathruithe sách beag i gcomparáid le 2023, cé is moite den Chipir (- 2,3 pointe céatadáin) agus den tSlóivéin (+ 1,1 pointe céatadáin). Ar an taobh eile, tá an Bhulgáir agus an Spáinn i ‘gcásanna criticiúla’, agus shroich rátaí 35,1 % agus 34,6 %, faoi seach. Murab ionann agus na rátaí sa Spáinn a bhí gan athrú den chuid is mó, tháinig méadú 1,2 pointe céatadáin ar an bhfigiúr don Bhulgáir freisin. Ar fud an Aontais, chonacthas na méaduithe ba mhó sa Chróit (+ 2 phointe céatadáin) agus san Fhionlainn (+ 3,5 pointe céatadáin), agus na laghduithe ba mhó in Éirinn (3,4 pointe céatadáin), sa Rómáin (5,2 pointe céatadáin) agus sa tSlóvaic (2,7 pointe céatadáin). Níl aon chomhartha follasach ann go bhfuil cóineasú aníos ann i measc na mBallstát. Tá sé ríthábhachtach leanaí a thabhairt slán as an mbochtaineacht agus as an eisiaimh sóisialta chun cabhrú leo a n-acmhainneacht iomlán a bhaint amach agus timthriall na bochtaineachta idirghlúine a bhriseadh. Baineann príomhthábhacht leis an Ráthaíocht Eorpach do Leanaí a chur chun feidhme sna Ballstáit uile chuige sin.

Fíor 2.4.4: Tháinig laghdú beag ar ráta riosca na bochtaineachta nó an eisiaimh shóisialta do leanaí san Aontas

Sciar na leanaí i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta, leibhéil 2024 agus athrú ón mbliain roimhe (%), príomhtháscaire an Scórchláir Shóisialta




Notaí: Tá lár na n-aiseanna dírithe ar mheán neamhualaithe an Aontais. Cuirtear an eochair eolais i láthair san Iarscríbhinn. Tá briseadh sa tsraith i gcás HR agus sonraí sealadacha i gcás LT. Déantar athruithe atá suntasach ó thaobh staidrimh de a mharcáil le réalta (*).

Foinse: Eurostat [[ilc_peps01n](#)], SIDM-AE.

D’fhan comhpháirteanna de ráta riosca na bochtaineachta nó an eisiaimh shóisialta i gcás leanaí cobhsaí den chuid is mó ar leibhéal an Aontais, cé is moite den ghéardhíth ábharach agus shóisialta ar tháinig laghdú uirthi. Tháinig laghdú beag ar ráta riosca na bochtaineachta, ó 19,5 % in 2023 go 19,3 % in 2024, ar an meán san Aontas. Chonacthas na méaduithe ba mhó, faoi 2 phointe céatadáin, sa Chróit, sa Liotuáin, i Málta agus san Fhionlainn, agus na laghduithe ba mhó, faoi 3 phointe céatadáin, sa Phortaingéil, sa Rómáin agus sa tSlóvaic. Mar a tharla in 2023, bhí rátaí riosca na bochtaineachta sa Spáinn (29,2 %), sa Bhulgáir (28,2 %) agus sa Rómáin (26,2 %) ar na rátaí ab airde, agus bhí na rátaí ab ísle sa Danmhairg (10,1 %), sa tSlóivéin (10,7 %) agus san Fhionlainn (11,6 %). Tuartar le tobmheastacháin Eurostat go dtiocfaidh laghdú 0,4 pointe céatadáin ar mhinicíocht na bochtaineachta airgeadaíochta i gcás leanaí ar an meán san Aontas in 2024. A mhéid a bhaineann le géardhíth ábharach agus shóisialta, tháinig laghdú measartha ar ráta an Aontais i gcás leanaí in 2024, agus shroich sé 7,9 % in 2024, tar éis 8,4 % in 2023. Ar an leibhéal náisiúnta, bhí sé idir 1,2 % sa Chróit agus 21,2 % sa Rómáin. Tháinig méadú 2 phointe céatadáin air san Ísiltír agus san Fhionlainn agus tháinig laghdú den mhéid céanna air sa Ghearmáin, sa Ghréig, sa Laitvia, sa Liotuáin agus san Ungáir. Ar deireadh, d’fhan an sciar de leanaí a chónaíonn i dteaghlaigh gan duine fostaithe (nó i dteaghlaigh ghar-dhífhostaithe) cobhsaí ag 7,4 % in 2024 (i gcomparáid le 7,5 % in 2023) san Aontas agus i bhformhór na mBallstát, seachas sa Bhulgáir (+ 2,1 pointe céatadáin), san Fhionlainn (+ 2,3 pointe céatadáin) agus sa Phortaingéil (- 2,6 pointe céatadáin).

Fíor 2.4.5: Tháinig laghdú beag ar dhoimhneacht na bochtaineachta san Aontas ach ba mhinic a bhí sí ní ba mhó i measc leanaí ná i gcás an daonra iomláin

Bearna choibhneasta riosca na bochtaineachta (%), an daonra iomlán agus leanaí (0-17)



Tabhair faoi deara: Tá briseadh sa tsraith le haghaidh HR agus sonraí sealadacha le haghaidh LT in 2024.

Foinse: Eurostat [[ilc_li11](#)], SIDM-AE.

Tháinig laghdú beag ar dhoimhneacht na bochtaineachta don daonra iomlán san Aontas ach d'fhan sí níos airde i gcás daoine atá ag maireachtáil i dteaghlaigh gan duine fostaithe (nó i dteaghlaigh ghar-dífhostaithe) agus i measc leanaí²⁶⁷. Maidir leis an daonra iomlán, tháinig laghdú 0,4 pointe céatadán uirthi, go 22,7 % in 2024 (ag tagairt d'ioncaim 2023), i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin – féach Fíor 2.4.5. Ba mhó doimhneacht na bochtaineachta sa Laitvia, sa Spáinn agus sa Chróit, tar éis méaduithe 1,8, 1,7 agus 0,2 pointe céatadán, faoi seach. Ba mhó na méaduithe sa Chipir (+ 2,7 pointe céatadán), sa Laitvia agus i Lucsamburg (+ 1,8 pointe céatadán don dá thír). Ar leibhéal an Aontais, bhí doimhneacht na bochtaineachta do dhaoine idir 18-64 bliana d'aois atá ag maireachtáil i dteaghlaigh gan duine fostaithe (nó i dteaghlaigh ghar-dhífhostaithe) i bhfad ní b'airde ná mar a bhí i gcás an daonra iomláin, ag 35,5 % in 2024²⁶⁸. I gcás leanaí, tháinig laghdú air go 23,2 % in 2024, 0,6 pointe céatadán ní b'ísle ná mar a bhí in 2023, ach bhí sé fós ní b'airde ná mar a bhí i gcás an daonra iomláin. Chonacthas na méaduithe ba mhó (os cionn 5 phointe céatadán) san Iodáil agus i Málta chomh maith leis an gCróit (tar éis briseadh sa tsraith), agus chonacthas na laghduithe ba mhó (os cionn 9 bpointe céatadán) sa Danmhairg agus sa tSlóvaic.

Is airde riosca na bochtaineachta agus an eisiaimh shóisialta a bhaineann do dhaoine faoi mhíchumas ná don chuid eile den daonra. Ba é 28,7 % a ráta IBES san Aontas in 2024 (tar éis athrú ar bith a theacht air le 3 bliana), ráta atá 10,8 pointe céatadán níos airde ná an ráta don chuid eile den daonra. Ag 36,2 %, tá sé níos airde fós agus tá sé ag dul i méid, do dhaoine faoi mhíchumas tromchúiseach. I gcúig thír, bhí an bhearna i ndáil leo siúd nach bhfuil faoi mhíchumas ní ba mhó ná 20 pointe céatadán in 2024²⁶⁹. Bíonn baol na bochtaineachta nó an eisiaimh shóisialta níos airde do dhaoine faoi mhíchumas atá in aois oibre (34,5 %) ná d'aoisghrúpaí eile, agus is amhlaidh an cás do mhná i gcomparáid le fir (29,4 % vs 27,8 %). Tá tacaíocht maidir le rochtain ar oideachas, oiliúint agus fostaíocht chuimsitheach do dhaoine faoi mhíchumas agus soláthar cúnaimh phearsanta agus seirbhísí tacaíochta fíor-riachtanach chun an bhearna i rioscaí bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta do dhaoine faoi mhíchumas a laghdú.

²⁶⁷ Ríomhtar an táscaire seo, ar a dtugtar freisin bearna choibhneasta airmheánach riosca na bochtaineachta, mar an difríocht idir ioncam indiúscartha coibhéisithe airmheánach daoine atá faoi bhun thairseach riosca na bochtaineachta agus thairseach riosca na bochtaineachta, arna shloinneadh mar chéatadán de thairseach riosca na bochtaineachta. Tá an tairseach seo socraithe ag 60 % d'ioncam indiúscartha coibhéiseach airmheánach náisiúnta gach duine i dtír agus ní don Aontas ina iomláine.

²⁶⁸ Eurostat [[ilc_li12](#)]. Féach Fíor 2.4.11 le haghaidh ráta bochtaineachta na ndaoine atá ag maireachtáil i dteaghlaigh gan duine fostaithe (nó i dteaghlaigh ghar-dhífhostaithe).

²⁶⁹ Chonacthas bearnaí móra sa Liotuáin, sa Chróit, sa Laitvia, san Eastóin agus san Ungáir, a raibh rátaí móra acu uile mar aon leis an mBulgáir agus leis an Rómáin.

D’ainneoin laghdú beag breise, bhí baol na bochtaineachta nó an eisiaimh shóisialta i gcás daoine a rugadh lasmuigh den Aontas Eorpach fós i bhfad ní b’airde ná do dhúchasaigh an Aontais. Bhí an ráta IBBES do dhaoine a rugadh lasmuigh den Aontas Eorpach ní b’airde ná an ráta do dhúchasaigh i ngach Ballstát agus ní ba mhó ná dhá oiread ar an meán, ag 38,2 % i gcomparáid le 18 %. Ba leithne a bhí an bhearna sa Rómáin, san Ostair, sa Spáinn, sa Bheilg agus sa tSualainn (iad uile ní ba mhó ná 23 phointe céatadáin)²⁷⁰. Léiríonn na bearnaí sin go mór staid fostaíochta faoi mhíbhuntáiste an ghrúpa sin (féach Bosca Cholún 5 i roinn 2.2.1).

Tá líon mór Romach san Aontas fós ag dul i ngleic le rioscaí bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta níos mó. De réir na sonraí suirbhé is déanaí, bhí 70 % ar an meán de na Romaigh i dtíortha an tsuirbhé i mbaol bochtaineachta in 2024²⁷¹, agus chonacthas dul chun cinn idir 2016 agus 2024. Ar an meán, bhí suas le 77 % de leanaí Romacha (faoi bhun 18 mbliana d’aois) ina gcónaí i dteaghlaigh a bhí i mbaol bochtaineachta. Chomh maith leis sin, bhí géardhíth ábharach ar sciar níos airde de na Romaigh (37 %) i gcomparáid leis an bpobal i gcoitinne, go háirithe na cohóirt is óige agus is sine. I gCreat straitéiseach an Aontais maidir le comhionannas, cuimsiú agus rannpháirtíocht na Romach 2020-30, iarrtar ar na Ballstáit an bhearna bhochtaineachta idir na Romaigh agus an daonra i gcoitinne, lena n-áirítear leanaí, a laghdú faoina leath ar a laghad agus a áirithiú go n-éalóidh tromlach na Romach ón mbochtaineacht faoi 2030²⁷². Leis an Moladh ón gComhairle maidir le comhionannas, cuimsiú agus rannpháirtíocht na Romach, gheall na Ballstáit ráta fíor-ard riosca na bochtaineachta agus an díothacht ábharach agus shóisialta i measc na Romach a chomhrac²⁷³. Leis an measúnú ar chreataí straitéiseacha náisiúnta athnuaite i ndáil leis na Romaigh, iarrtar ar na Ballstáit aghaidh a thabhairt ar na réimsí atá le feabhsú a sainaithníodh agus a gcreata a athnuachan agus a leasú chomh maith, lena n-áirítear iad a dhéanamh níos uailimhianai²⁷⁴. Leis na conclúidí ón gComhairle maidir le rochtain chomhionann a áirithiú do na Romaigh ar thithíocht leordhóthanach agus dhídheighilte,²⁷⁵ agus chun aghaidh a thabhairt ar lonnaíochtaí deighilte, tugtar cuireadh do na Ballstáit an cistiú uile atá ar fáil chun na críche sin a shainaithint agus a úsáid.

²⁷⁰ Táscaire Eurostat [[ilc_peps06n](#)], lena ndéantar comparáid idir iad siúd a rugadh i dtíortha nach Ballstáit den Aontas iad agus iad siúd a rugadh sa tír thuairiscithe; daoine atá 18 mbliana d’aois nó os a chionn. Sonraí ar bheagán iontaofachta i gcás na Rómáine.

²⁷¹ Féach: Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha, [Rights of Roma and Travellers in 13 European countries](#) [Cearta na Romach agus an Lucht Siúil in 13 thír Eorpacha], 2024. Ba é 80 % an luach ábhartha in 2016 agus 2021/2019 araon, agus tíortha éagsúla san áireamh – féach Fíor 4 ar leathanach 30 den tuarascáil ghaolmhar. Ba iad seo a leanas tíortha an tsuirbhé in 2024: BG, CZ, EL, ES, FR, HU, IE, IT, PT, RO.

²⁷² Féach: [The new EU Roma strategic framework for equality, inclusion and participation \(full package\)](#). [Creat straitéiseach nua an Aontais maidir le comhionannas, cuimsiú agus rannpháirtíocht na Romach (an pacáiste iomlán)].


²⁷³ Féach: [IO C 93, 19.3.2021, lgh. 1–14.](#)

²⁷⁴ Chun an measúnú a fháil, féach: [COM/2023/7 final](#) sa [phacáiste iomlán](#).

²⁷⁵ [Conclúidí ón gComhairle maidir le Bearta chun rochtain chomhionann ar thithíocht leormhaith dhídheighilte a áirithiú do Romaigh, agus chun aghaidh a thabhairt ar lonnaíochtaí deighilte.](#)

Fíor 2.4.6 Tháinig laghdú ar an neamhábaltacht an baile a choinneáil te go leor san Aontas in 2024 i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin, agus bhí éagsúlacht mhór ann ó Bhallstát go chéile

Daoine nach raibh in ann an áit chónaithe a choimeád te go leor, daonra iomlán agus daonra i mbaol bochtaineachta, 2023 agus 2024 (%)



Notaí: Sonraí sealadacha maidir le LT in 2024 agus tá briseadh sa tsraith i gcás LT in 2023.

Foinse: Eurostat [[ilc_mdcs01](#)], SIDM-AE.

Maidir le príomhtháscaire bochtaineachta fuinnimh, is é sin gan bheith in ann an teach a théamh go leordhóthanach, tháinig laghdú ar an táscaire sin san Aontas in 2024 den chéad uair ó bhí 2021 ann, ach tá sé fós i bhfad níos airde i gcás na ndaoine siúd atá buailte ag an mbochtaineacht nó atá i mbaol eisiámh sóisialta. Shroich an sciar daoine nach raibh in ann a dtithe a théamh go leordhóthanach 9,2 % san Aontas in 2024, ar laghdú é sin ó 10,6 % an bhliain roimhe sin. Is é an laghdú in 2024 an chéad laghdú tar éis dhá bhliain as a chéile inar tháinig méadú air. Léirítear leis sin na praghsanna miondíola gáis agus leictreachais atá ag titim, chomh maith leis an meascán beart um éifeachtúlacht fuinnimh atá á gcur chun feidhme i dtíortha an Aontais, in éineacht le bearta tacaíochta eile. Fós féin, tá leibhéal 2024 fós i bhfad níos airde ná an luach in 2021, is é sin 6,9 %. Ina theannta sin, tá baol níos mó maidir leis an mbochtaineacht fuinnimh ann do dhaoine scothaosta, tuismitheoirí aonair agus mná. Tháinig laghdú éigin ar an éagsúlacht ó Bhallstát go chéile in 2024 freisin, ach tá sé fós idir 2,7 % san Fhionlainn agus 19,0 % sa Bhulgáir. Maidir leis an táscaire bochtaineachta fuinnimh a ndéantar anailís air anseo, tháinig laghdú air in 2024 i bhformhór na mBallstát, agus tharla an laghdú ba mhó sa Phortaingéil (5,1 pointe céatadáin), sa Spáinn (3,3 pointe céatadáin), sa Danmhairg agus sa Chipir (2,5 pointe céatadáin an ceann). Os a choinne sin, breathnaíodh méaduithe beaga i Lucsamburg (+1,5 pointe céatadáin), i Málta (+1,0 pointe céatadáin), sa tSlóvaic (+0,2 pointe céatadáin), san Ostair agus san Fhionlainn (+0,1 pointe céatadáin), fad a d'fhan cúrsaí cobhsaí san Ísiltír. I gcás daoine atá i mbaol bochtaineachta, tá bochtaineacht fuinnimh i bhfad níos airde, ní raibh 19,7 % díobh in ann a dtithe a théamh go leordhóthanach ar an meán san Aontas, i gcomparáid le 7,1 % de chuid eile den daonra. Daoine atá i mbaol bochtaineachta, gabhann an ráta is airde bochtaineachta fuinnimh leo sa Ghréig (43,6 %) agus gabhann an ráta is ísle leo i Lucsamburg (5,5 %). Nuair a bhreithnítear táscaire eile de bhochtaineacht fuinnimh, is é sin riaráistí i ndáil le billí fónais teaghlach, léirítear leis na sonraí go bhfuil an leibhéal riaráistí ó bhí 2022 ann mar an gcéanna²⁷⁶. Ina theannta sin, de réir mar a leanann teochtaí domhanda ar aghaidh ag ardú, tá líon níos mó daoine san Eoraip ag streachailt lena dtithe a fhuarú go leordhóthanach. In 2023, thuairiscigh 26 % de na daoine ag maireachtáil i dteaghlaigh an Aontais nach raibh siad in ann a dtithe a fhuarú go compordach le linn an tsamhraidh. Ardaíonn an figiúir sin go dtí beagnach 35 % i measc an ghrúpa a bhfuil an t-ioncam is ísle acu, agus léirítear leis na torthaí luatha gur dócha go mbeidh na daoine siúd, atá thíos leis an mbochtaineacht fuinnimh le linn an gheimhridh cheana féin, ag streachailt sa samhradh freisin²⁷⁷.

²⁷⁶ Táscaire Eurostat [[ilc_mdes07](#)] SIDM-AE.


²⁷⁷ Bunaithe ar thuarascáil atá le teacht ó JRC, Koukoulfikis, G. et al., *Addressing Residential Cooling Demand and Summer Energy Poverty in the EU - Towards a Cooler Future* [Aghaidh a thabhairt ar Éileamh Cónaithe ar Fhuarú agus Bochtaineacht Fuinnimh sa Samhradh san Aontas Eorpach - I dTreo Todhchaí Níos Fuaire], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg, JRC143288. Tagann an táscaire chun measúnú a dhéanamh ar bhochtaineacht fuinnimh samhraidh san Aontas ó mhodúl ad hoc ó shuirbhé SIDM-AE a bailíodh in 2023. Sa suirbhé sin, tomhaistear, leis an táscaire dar cód HC070, 'éagumas teaghlaigh a aonad tithíochta a fhuarú go compordach le linn an tsamhraidh mar gheall ar chórais fuaraithe neamhleora nó droch-insliú teirmeach'.

Tá bochtaineacht iompair éagsúil ó Bhallstát go chéile. Cumhdaítear le bochtaineacht iompair trí ghné, inacmhainneacht, inrochtaineacht agus infhaighteacht²⁷⁸, chomh maith leis an ngné thrasghearrthach, leordhóthanacht. Inacmhainneacht iompair phríobháidigh, arna tomhas ag an sciar daoine nach raibh sé d'acmhainn acu gluaisteán príobháideach a bheith acu, d'fhan sí sin cobhsaí san Aontas, ag 5,6 % in 2023 agus 2024, tar éis laghdú cobhsaí i gcaitheamh 2015-21 ó 7,9 % go dtí 5,7 %²⁷⁹. Tá sé an-éagsúil ó Bhallstát go chéile, idir 1,8 % i Málta agus 15,6 % sa Rómáin. Tá infhaighteacht an iompair phoiblí ina dhúshlái fós, go háirithe faoin tuath. Sa chomhthéacs sin, is iad gluaisteáin an modh príomha iompair paisinéirí san Aontas, lenar bhain 83,1 % de chiliméadair phaisinéara in 2023²⁸⁰.

-
- ²⁷⁸ Sainmhínítear bochtaineacht iompair sa Rialachán maidir leis an gCiste Aeráide Sóisialta mar neamhábaltacht nó deacracht daoine aonair agus teaghlach na costais a bhaineann le hiompar príobháideach nó poiblí a sheasamh, nó easpa rochtana nó rochtain theoranta a bheith acu ar an iompar is gá chun seirbhísí socheacnamaíocha bunriachtanacha agus gníomhaíochtaí socheacnamaíocha bunriachtanacha a bhaint amach, agus an comhthéacs náisiúnta agus spásúil á chur san áireamh – féach [Rialachán \(AE\) 2023/955 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Bealtaine 2023 lena mbunaítear Ciste Aeráide Sóisialta](#). Mar gheall ar an tsaintréith ilghnéitheach sin agus ar shonraí teoranta, ní féidir aon treocht uathúil ar fud na ngnéithe uile a shainaithint, agus tá táscairí á bhforbairt faoi láthair ar leibhéal an Aontais le haghaidh na dtrí ghné uile. Féach [Transport poverty: definitions, indicators, determinants, and mitigation strategies - Final Report](#). [Bochtaineacht iompair: sainmhínithe, táscairí, deitéarmanaint, agus straitéisí maolaithe - Tuarascáil Chríochnaitheach]. [An Coimisiún Eorpach, Samhain 2024](#).
- ²⁷⁹ Táscaire Eurostat [\[file_mddu05\]](#). Is é an t-aon táscaire bochtaineachta iompair é lena ngabhann nuashonruithe bliantúla ar leibhéal an Aontais.
- ²⁸⁰ Féach Táscaire Eurostat [\[tran_hv_psmo\]](#).

Fíor 2.4.7: Lean neamhionannas ioncaim ar aghaidh ag laghdú de bheagán ar an meán san Aontas in 2024, ach chonacthas roinnt comharthaí éagsúlachta ó Bhallstát go chéile

Cóimheas idir cúigilí ioncaim (S80/S20), leibhéil 2024 agus athruithe ón mbliain roimhe (príomhtháscaire an Scórchláir Shóisialta)



Tabhair faoi deara: Tá lár na n-aiseanna dírithe ar mheán neamhualaithe an Aontais. Cuirtear an eochair eolais i láthair san Iarscríbhinn. Tá briseadh sa tsraith i gcás HR, sonraí sealadacha i gcás LT. Déantar athruithe atá suntasach ó thaobh staidrimh de a mharcáil le réalta (*).

Foinse: Eurostat [[tessi180](#)], SIDM-AE.


Lean neamhionannas ioncaim ar aghaidh ag laghdú de bheagán ar an meán san Aontas in 2024, ach chonacthas comharthaí éagsúlachta, a tharla mar gheall ar Bhallstáit ina bhfuil leibhéil arda neamhionannais go príomha. Tháinig laghdú beag ar an neamhionannas ioncaim, arna thomhas ag an gcóimheas idir cúigilí ioncaim (S80/S20), san Aontas, ó 4,72 in 2023 go dtí 4,66 in 2024 (a thagraíonn d'ioncaim in 2022 agus 2023, faoi seach). Tá éagsúlacht mhór ann ó Bhallstát go chéile, mar sin féin. Bhí ‘cásanna criticiúla’ sa Bhulgáir, sa Liotuáin agus sa Laitvia, mar a raibh na leibhéil neamhionannais ioncaim ar na cinn ab airde san Aontas, agus tháinig méadú ar na leibhéil sin arís in 2024 – féach Fíor 2.4.7. Tá an stádas ‘le faire’ ag gabháil le trí thír, a bhfuil leibhéil neamhionannais ioncaim sách ard mar shaintréith acu (tar éis méadú i gcás na hIodáile agus laghduithe i gcás na Gréige agus na Spáinne). Ba é an laghdú ar neamhionannas ioncaim sa Rómáin (-1,2) an laghdú ba mhó ar fad, lena mbaineann leibhéal anois atá i gcomhréir le meán an Aontais. Ba iad an Bheilg, an tSlóivéin, an tSeicia agus an tSlóvaic na ‘gníomhaithe ab fhearr’ in 2024. Ar an iomlán, feictear treochtaí éagsúla san Aontas. Ar thaobh amháin, tharla tuilleadh meathluite i roinnt Ballstát ina bhfuil leibhéil neamhionannais arda. Ar an taobh eile, chonacthas tuilleadh laghduithe i roinnt Ballstát ina bhfuil leibhéil ísle. Léirítear leis sin go bhfuil éagsúlacht ó Bhallstát go chéile. Léirítear leis na neamhionannais ioncaim ilchineálacht ar fud réigiúin an Aontais freisin. Tá siad sin sách follasach freisin i dtíortha amhail an Iodáil, an Rómáin, an Ungáir agus an Bheilg (féach Fíor 4 in Iarscríbhinn 5). De réir thobmheastacháin Eurostat, meastar go dtaispeánfar le neamhionannais ioncaim treocht chobhsaí sna tíortha uile don bhliain ioncaim 2024²⁸¹.

²⁸¹ Féach Eurostat, [Flash estimates of income inequalities and poverty indicators for 2024 \(FE 2024\)](#), [Experimental results](#) [Tobmheastacháin ar neamhionannais ioncaim agus táscairí bochtaineachta le haghaidh 2024 (FE 2024), Torthaí turgnamhacha. Leagan 1 – Mí an Mheithimh 2025.

I dtaca leis an dearcadh fadtéarmach, tháinig laghdú ar an neamhionannas ioncaim le 10 mbliana anuas, cé go raibh luaineachtaí ann. Le linn na 2010í, tháinig méadú géar ar neamhionannais ioncaim san Aontas, arna dtomhas de réir an chóimheasa idir cúigilí ioncaim (S80/S20), leis an gcúlú eacnamaíochta déchlaonais, agus laghdaigh siad ansin go dtí na leibhéil a bhí ann roimh an ngéarchéim eacnamaíoch agus airgeadais, agus tháinig laghdú eile orthu le blianta beaga anuas – féach Fíor 2.4.8. In 2024, d’fhill neamhionannas ioncaim ag bun an dáilte ioncaim (arna thomhas ag cóimheas S50/S20) ar na leibhéil a bhí ann roimh an ngéarchéim airgeadais a bheag nó a mhór, cé go raibh sé beagán faoi bhun na leibhéil luath ag barr an dáilte (S80/S50). Cuirtear i dtábhacht leis sin an tionchar a bhí ag freagairtí tapa éifeachtacha beartais san Aontas le blianta beaga anuas, go háirithe nuair a chuirtear an chobhsaíocht fhoriomlán tar éis phaindéim COVID-19 agus an costas maireachtála méadaithe le linn 2020-23 i gcomparáid leis an méadú géar go luath sna 2010í. Tá tábhacht ar leith ag baint le measúnuithe ar thionchar dáileach²⁸² athchóirithe agus infheistíochtaí fós chun a dtionchar ar neamhionannas ioncaim a chur san áireamh agus chun bonn eolais a chur faoi cheapadh beartas ex ante ina leith sin freisin.

Fíor 2.4.8: Bhí neamhionannais ioncaim san Aontas luaineach le 15 bliana anuas, ach tháinig laghdú orthu i bhformhór na mBallstát i ndiaidh 2015

Cóimheasa idir cúigilí S80/S20, S80/S50 agus S50/S20 (2010-2024, blianta ioncaim 2009-2023)



Tabhair faoi deara: Sonraí measta don chóimheas idir cúigilí ioncaim S80/S20 in 2014–2018.

Foinse: Eurostat [tessi180], [ilc_d11d], [ilc_d11e], SIDM-AE.

²⁸² Féach [Communication on Better assessing the distributional impact of Member States' policies](#) [an Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le Measúnú níos fearr a dhéanamh ar thionchar dáileach bheartais na mBallstát] (COM(2022) 494 final).

Tháinig méadú ar an gcaiteachas ar shochair cosanta sóisialta i dtéarmaí réadacha in 2024 sna Ballstáit uile ach tá éagsúlacht mhór fós ann ó thír go chéile agus ó bhrainse go chéile.

Tháinig méadú ar an sciar i gcoibhneas le OTI san Aontas, ó 26,7 % in 2023 go dtí 27,3 % in 2024; ach d'fhan sé i bhfad ní b'isle ná an bhuaic thart ar 30 % a sroicheadh le linn ghéarchéim COVID-19²⁸³. Mhoilligh an cóineasú ó Bhallstát go chéile, a chonacthas le 10 mbliana anuas, de bheagán, mar gheall ar mhéaduithe measartha ar an sciar i gcoibhneas le OTI i mbeagnach na Ballstáit uile²⁸⁴. Dá thoradh sin, bhí éagsúlacht mhór fós ann ó Bhallstát go chéile, agus sciartha os cionn 28 % ag sé thír agus sciartha faoi bhun 18 % ag sé thír eile²⁸⁵. Tháinig méadú 6,9 % ar an gcaiteachas ar shochair cosanta sóisialta san Aontas in 2024 i dtéarmaí ainmniúla agus tháinig méadú 3,8 % air i dtéarmaí réadacha, arb é sin an t-ardú is láidre le 10 mbliana anuas seachas 2020, nuair a bhí gá le tacaíocht ollmhór de dheasca ghéarchéim COVID-19. Bhí na hathruithe i dtéarmaí réadacha dearfach sna Ballstáit uile, idir méaduithe is mó ná 10 % i gceithre Bhallstát agus cinn is mó ná 1 % i dtrí Bhallstát.²⁸⁶ Ar leibhéal an Aontais, bhí fás i dtéarmaí réadacha ann in 2024 i gcás na bhfeidhmeanna uile nach mór agus bhí an fás ab fhollasaí le sonrú i gcás sochair dhífhostaíochta (+6,4 %) agus sochair theaghlaigh/leanaí (+4,6 %), lean sochair bhreoteachta agus cúram sláinte iad sin (+4,1 %) agus sochair sheanaoise agus mharthanóra (+4,0 %) ina ndiaidh sin. Ní fhacthas laghdú i dtéarmaí réadacha ach amháin i gcás sochair eisiaimh shóisialta (-7,3 %).

An caiteachas ar shochair sheanaoise agus mharthanóra, bhí sé fós beagnach leath den chaiteachas uile ar shochair cosanta sóisialta san Aontas. Ba é 47,0 % an sciar sin, agus lean sochair cúram sláinte agus bhreoteachta (29,7 %), sochair theaghlaigh/leanaí (8,7 %), sochair mhíchumais (7,0 %), sochair dhífhostaíochta (4,0 %) agus sochair thithíochta (1,4 %) é, a raibh a sciartha siúd cobhsaí i gcomparáid leis an mbliain roimhe. An sciar de chaiteachas ar shochair eisiaimh shóisialta, tháinig laghdú air sin ó 2,5 % in 2023 go 2,2 % in 2024.

²⁸³ Eurostat, Caiteachas ar shochair cosanta sóisialta [spr_exp_func](#), arna asbhaint an 28/10/2025). Is meastacháin iad sonraí 2024 lena gcumhdaítear na Ballstáit uile. Sonraí sealadacha don Eastóin.

²⁸⁴ Idir 2023 and 2024, níor tháinig laghdú ar an sciar den chaiteachas ar shochair cosanta sóisialta mar chéatadán de OTI ach amháin in DK agus EL, fad a bhí sé cobhsaí in SE agus tháinig méadú air sna 24 Bhallstát eile.

²⁸⁵ Is iad sin FI, FR, AT, DE, BE agus IT agus EE, RO, LT, HU, MT agus IE, faoi seach.

²⁸⁶ Is iad sin EE, HR, PL agus SK agus HU, EL agus SE, faoi seach.

D’ainneoin feabhsuithe le blianta beaga anuas, i mbeagnach gach Ballstát, ní leor an tacaíocht ioncaim íosta go ginearálta chun daoine a thabhairt slán as an mbochtaineacht. Feidhmíonn scéimeanna ioncaim íosta mar líontán sábhála sóisialta na rogha deiridh²⁸⁷. I gcás teaghlach ina bhfuil aosach amháin, ba é an leibhéal tacaíochta san Ísiltír an leibhéal ba fhlaitiúla, mar ar beag nach sroicheann sé tairseach ráta riosca na bochtaineachta (arb é atá inti 60 % den ioncam indiúscartha coibhéisithe airmheánach teaghlaigh). Is san Iodáil, san Ungáir agus sa Rómáin a bhí an tacaíocht ba lú, mar a bhfuil sí thart ar 10 % den ioncam airmheánach nó faoina bhun – féach Fíor 2.4.9.²⁸⁸ I gcomparáid le 2023, tá feabhas tagtha ar leordhóthanacht na tacaíochta sa Phortaingéil (+18 bpoinne céatadáin), sa Bhulgáir (+10 bpoinne céatadáin), sa Rómáin (+4 phoinne céatadáin) agus sa tSlóvaic (+2 phoinne céatadáin), fad a tháinig laghdú air i dtíortha eile. I gcás teaghlaigh ina bhfuil beirt aosach agus beirt leanaí, is ionduíl go mbíonn leordhóthanacht na tacaíochta comhchosúil le teaghlach ina bhfuil aosach amháin, nó níos airde, go príomha mar gheall ar an ról níos lárnaí atá ag sochair theaghlaigh. Fós féin, is sa Liotuáin amháin atá an leibhéal tacaíochta don chineál sin teaghlaigh leordhóthanach chun iad a thabhairt slán as an mbochtaineacht²⁸⁹. Ar deireadh, maidir leis an nglanioncam a thuilleann duine atá ag obair go lánaimseartha ar an bpá íosta (nó ar phá íseal comhfhreagrach sna tíortha sin nach bhfuil pá íosta náisiúnta acu), tá sé níos airde go córasach i ngach Ballstát ná an tacaíocht ioncaim a fhaightear trí chúnamh sóisialta agus an duine sin dífhostaithe.


²⁸⁷ [Council Recommendation on adequate minimum income ensuring active inclusion \(2023/C 41/01\)](#) [Moladh ón gComhairle maidir le hioncam íosta leordhóthanach lena n- áirithítear cuimsiú gníomhach] (2023/C 41/01).

²⁸⁸ Is féidir measúnú a dhéanamh ar leordhóthanacht na tacaíochta trí ioncam indiúscartha teaghlach a bhraitheann ar ioncam íosta amháin (agus nach bhfuil aon ioncam ón obair acu) a chur i gcomparáid le tairseach riosca na bochtaineachta. I dteannta sochair ioncaim íosta, d’fhéadfadh teaghlaigh a bheith i dteideal sochair thithíochta agus theaghlaigh a fháil.

²⁸⁹ I gcomparáid le 2023, i gcás teaghlaigh ina bhfuil beirt aosach agus beirt leanaí faoi aois 14, chonacthas feabhsuithe ar an leordhóthanacht sa tSlóvaic (+6 phoinne céatadáin), sa Bhulgáir (+6 phoinne céatadáin), sa Phortaingéil (+4 phoinne céatadáin), sa Rómáin (+2 phoinne céatadáin), san Ísiltír (+1 phoinne céatadáin) agus sa Pholainn (+1 phoinne céatadáin), fad a breathnaíodh laghduithe sna tíortha eile.

Fíor 2.4.9: Tá leordhóthanacht na tacaíochta do theaghlaigh gan duine fostaithe, a fhaigheann ioncam íosta, fós réasúnta íseal

Glanioncam indiúscartha coibhéisithe teaghlach (duine aonair, agus beirt aosach a bhfuil beirt leanaí faoi bhun 14 bliana d'aois acu) a fhaigheann cúnamh sóisialta, mar chéatadán den ioncam indiúscartha coibhéisithe airmheánach, 2024 (%)




Tabhair faoi deara: Baill fhásta den teaghlach nach bhfuil fostaithe agus nach bhfaigheann sochair dhífhostaíochta. Glanioncaim lena n-áirítear cúnamh sóisialta, sochair theaghlaigh agus thithíochta, tar éis cánacha agus ranníocaíochtaí slándála sóisialta. Glanioncam duine aonair atá ag obair go lánaimseartha ar an bpá íosta náisiúnta (nó ag 50 % den mheánphá i gcás na dtíortha nach bhfuil pá íosta náisiúnta acu: DK, IT, AT, FI agus SE).

Foinse: Ríomhanna dílse bunaithe ar aschur ó [shamhail cánach sochair ECFE](#), leagan samhla 2.6.3, agus Eurostat [[ilc_di03](#)], SIDM-AE.

Fíor 2.4.10: Tá rioscaí bochtaineachta fós ard i measc teaghlaigh gan duine fostaithe nó i measc teaghlaigh ghar-dhífhostaithe

Ráta riosca na bochtaineachta i gcás daoine atá ag maireachtáil i dteaghlaigh gan duine fostaithe (nó i dteaghlaigh ghar-dhífhostaithe) (%)




Tabhair faoi deara: Tá briseadh sa tsraith in 2024 agus 2023 i gcás HR. Sonraí sealadacha in 2024 maidir le LT. Is éard atá i dteaghlaigh gan duine fostaithe (teaghlaigh ghar-dhífhostaithe) [a bhfuil déine oibre an-íseal acu] teaghlaigh inar chaith na baill atá in aois oibre méid ama ag obair a bhí ní ba lú ná 20 % dá n-acmhainneacht iomlán ama oibre, nó cothrom léi, le linn na bliana roimhe sin.

Foinse: Eurostat [[ilc_li06](#)], SIDM AE.

Tá an easpa fostaíochta fós ina príomhchúis le rioscaí bochtaineachta, agus ní shroicheann sochair shóisialta na teaghlaigh uile atá ina ngátar ar an meán san Aontas. In 2024, maidir le 62,4 % de dhaoine i dteaghlaigh gan duine fostaithe (teaghlaigh ghar-dhífhostaithe) (i.e. a chaith 20 % nó níos lú dá gcuid ama oibre féideartha iomlán ag obair), bhí siad i mbaol bochtaineachta in 2024 – féach Fíor 2.4.10. Tháinig méadú ar an sciar sin (+1,8 pointe céatadán) le hais na bliana roimhe sin, ach bhí difríochtaí tábhachtacha fós le sonrú i measc na mBallstát. Bhí ráta riosca na bochtaineachta i gcás daoine ag maireachtáil i dteaghlaigh gan duine fostaithe (teaghlaigh ghar-dhífhostaithe) idir 80,2 % sa Laitvia (+1,4 pointe céatadán ó 2023) agus 43,8 % sa Danmhairg (-1,5 pointe céatadán ó 2023). An tráth céanna, maidir leis an sciar de dhaoine atá i mbaol bochtaineachta agus a chónaíonn i dteaghlaigh gan duine fostaithe (nó i dteaghlaigh ghar-dhífhostaithe) a fuair sochair shóisialta san Aontas in 2024, bhí sé cobhsaí ag 83,1 % (i gcomparáid le 83,3 % an bhliain roimhe) – féach Fíor 2.4.11²⁹⁰. Tá difríochtaí tábhachtacha i ndáil leis sin idir na Ballstáit, agus tá an ráta idir 100 % (beagnach) in Éirinn agus sa Fhrainc, agus 60 % sa Chipir.

Fíor 2.4.11: Tá éagsúlacht fhairsing ó Bhallstát go chéile ann maidir leis an sciar de dhaoine i mbaol bochtaineachta, i dteaghlaigh gan duine fostaithe (nó i dteaghlaigh ghar-dhífhostaithe), a chumhdaítear le sochair shóisialta

Ráta faighteoirí sochair i gcás daoine idir 18-64 bliana d’aois atá i mbaol bochtaineachta agus a chónaíonn i dteaghlaigh gan duine fostaithe (nó i dteaghlaigh ghar-dhífhostaithe) (%)



Tabhair faoi deara: Sonraí sealadacha in 2024 maidir le LT.

Foinse: Eurostat [[ilc li70](#)], SIDM AE.

²⁹⁰ Áirítear leis sin aon chineál sochar sóisialta, agus ní amháin scéimeanna ioncaim íosta.


Tháinig laghdú beag ar an tionchar a d'imir aistrithe sóisialta (gan pinsin a chur san áireamh) ar laghdú na bochtaineachta san Aontas in 2024, agus bhí laghduithe móra ann i mBallstáit áirithe. Laghdaigh sé (0,5 pointe céatadáin) go dtí 34,2 % san Aontas, i gcomhréir le crapadh fíorchaiteachais in 2023. Tharla an laghdú mar gheall ar laghduithe móra sa Ghearmáin, in Éirinn, sa Liotuáin agus sa Fhrainc den chuid is mó – féach Fíor 2.4.12²⁹¹. In 2024 (ag tagairt d'ioncaim 2023), bhí ‘cásanna criticiúla’ sa Ghréig, sa Laitvia, sa Chróit agus sa Phortaingéil, ar imir aistrithe sóisialta iontu tionchar an-íseal ar laghdú na bochtaineachta (idir 16,6 % agus 22,4 %). Bhí an stádas ‘le faire’ ag gabháil le seacht mBallstát. Ina measc sin, cláraíodh laghdú ar thionchar sa Ghearmáin, sa Liotuáin, san Ungáir agus i Lucsamburg, agus tháinig feabhas ar an Spáinn agus ar Mhálta, ach bhí leibhéil sách íseal éifeachtachta iontu uile (seachas an Ghearmáin) mar a bhí sa Bhulgáir. Os a choinne sin, ba iad an Bheilg, an Danmhairg agus an Fhionlainn na ‘tíortha is fearr’ (bhí tionchair laghdaithe bochtaineachta os cionn 45 % iontu). Bhí difríochtaí móra freisin i dtaca le tionchar na n-aistrithe sóisialta ar laghdú na bochtaineachta ar fud na réigiúin, lena n-áirítear laistigh de thíortha, go háirithe sa Bheilg, sa Ghearmáin, sa tSualainn, san Iodáil, san Ungáir, sa tSlóvaic agus sa Pholainn (féach Fíor 9 in Iarscríbhinn 5), agus i gcás na réigiúin is forimeallaí freisin. Bhí tionchar laghdaithe bochtaineachta beagán níos lú ag na haistrithe ar na mná le hais na bhfear san Aontas ar an meán (33,7 % vs 34,6 %). Tionchar na n-aistrithe sóisialta ar an riosca bochtaineachta i measc leanaí, níor tháinig mórán d'athrú air sin in 2024 san Aontas (41,4 % in 2023 vs 41,9 % in 2024). Thit sé i 15 Bhallstát (suas le -11,1 pointe céatadáin sa Liotuáin, -5,5 pointe céatadáin sa Ghearmáin agus -4,8 pointe céatadáin i Lucsamburg), agus mhéadaigh sé sa chuid eile de na Ballstáit (suas le 12,3 pointe céatadáin san Ungáir, 8,7 pointe céatadáin sa Pholainn, agus 7,7 pointe céatadáin san Eastóin)²⁹².

²⁹¹ Tá an luach fós níos airde ná mar a bhí roimh phaindéim COVID- 19. Tá an t-athrú le haghaidh DE le léirmhíniú go cúramach toisc go ndearnadh athbhreithniú ar an gceistneoir náisiúnta maidir leis an gceist faoi shochair dhífhostaíochta mar gheall ar athruithe ar bhunús dlí náisiúnta an tsochair sin.

²⁹² Tá sé sin bunaithe ar an [Benchmarking framework on childcare and support to children](#) [gCreat tagarmharcála maidir le cúram leanaí agus tacaíocht do leanaí] arna bhunú ag Foghrúpa Táscairí an Choiste um Chosaint Shóisialta. Is féidir an táscaire a ríomh ó ráta riosca na bochtaineachta i measc leanaí roimh aistrithe agus ina ndiaidh (gan pinsin a chur san áireamh). Ní bhreithnítear aistrithe sóisialta comhchineáil, lena n- áirítear, i measc nithe eile, oideachas agus cúram luath-óige saor in aisce, oideachas, agus cúram sláinte san anailís seo.

Fíor 2.4.12: Tháinig lagduithe móra ar an tionchar a d'imir aistrithe sóisialta (gan pinsin a chur san áireamh) ar laghdú na bochtaineachta i mBallstáit áirithe

Tionchar na n-aistrithe sóisialta (seachas pinsin) ar laghdú na bochtaineachta, leibhéil 2024 agus athruithe ón mbliain roimhe (% , príomhtháscaire an Scórchláir Shóisialta)



Tabhair faoi deara: Tá lár na n-aiseanna dírithe ar mheán neamhualaithe an Aontais. Cuirtear an eochair eolais i láthair san Iarscríbhinn. Tá briseadh sa tsraith i gcás HR. Sonraí sealadacha maidir le LT.

Foinse: Eurostat [[tespm050](#)], SIDM-AE

Maidir leis an staid sóisialta i gcás daoine i gcineálacha neamhchaighdeánacha fostaíochta, is amhlaidh fós nach bhfuil sí chomh fabhrach céanna le hais oibrithe eile, cé gur dóichí go laghdódh sochair cosanta sóisialta a rioscaí bochtaineachta. Bhí tionchar na n-aistrithe sóisialta ar laghdú na bochtaineachta in 2024 (ag féachaint d'ioncaim 2023) san Aontas i bhfad ní b'airde d'oibrithe i gcineálacha neamhchaighdeánacha fostaíochta i gcomparáid leis an ngnáthoibrí (11.8 %)²⁹³. Bhí sé ag 22,8 % i gcás fostaithe ar chonarthaí sealadacha agus 22,9 % i gcás fostaithe páirtaimseartha. Ba é 26,6 % an tionchar do dhaoine féinfhostaithe. Mar sin féin, bhí an bhochtaineacht airgeadaíochta fós ní ba mhó dóibh sin i bhformhór na mBallstát. San Aontas ina iomláine, 13,4 % a bhí i ráta riosca na bochtaineachta i gcás oibrithe sealadacha le hais 5.2 % i gcás na ndaoine siúd ar chonarthaí sealadacha. Bhí an ráta sin ag 13,8 % i gcás oibrithe páirtaimseartha (le hais 7.1 % i gcás oibrithe lánaimseartha) agus ag 20,9 % i gcás daoine féinfhostaithe (le hais 6.3 % i measc na bhfostaithe uile)²⁹⁴. Bhí bochtaineacht airgeadaíochta na n-oibrithe ar chonarthaí sealadacha ní b'airde ná 15 % in ocht mBallstát²⁹⁵, agus bhí sí os cionn 25 % fiú i dtrí cinn acu (an Bhulgáir, an Danmhairg agus an Chipir). I measc daoine féinfhostaithe, bhí an ráta bochtaineachta in 2024 ní b'airde, faoi thart ar 5 phointe céatadáin nó níos mó, ná meán an Aontais i sé Bhallstát²⁹⁶; bhí sé gar do 30 % sa Pholainn agus san Eastóin, agus chomh hard le 52.3 % sa Rómáin. Bhain rátaí ní b'airde díothachta ábhartha agus sóisialta freisin le daoine i gcineálacha neamhchaighdeánacha fostaíochta (13,8 % ar leibhéal an Aontais in 2024 i gcás oibrithe sealadacha i gcomparáid le 7,6 % i gcás fostaithe buana, agus 11,1 % i gcás oibrithe páirtaimseartha le hais 7,4 % i gcás oibrithe lánaimseartha).

²⁹³ Asbhaint speisialta ag Eurostat ó SIDM-AE bunaithe ar mhiondealuithe móra an phríomhtháscaire maidir le leordhóthanacht sa chreat faireacháin i ndáil le rochtain ar chosaint shóisialta. Féach: Access to social protection for workers and the self-employed [Rochtain ar chosaint shóisialta le haghaidh oibrithe agus daoine féinfhostaithe]. Update of the monitoring framework [Nuashonrú ar an gcreat faireacháin] – 2025 (le teacht).

²⁹⁴ Mar sin féin, tá an ráta díothachta ábhartha agus sóisialta níos ísle i gcás daoine féinfhostaithe i gcomparáid le fostaithe (6.9 % agus 8.1 % san Aontas in 2024, faoi seach).

²⁹⁵ Is iad sin BG, DK, CY, SE, HU, IT, MT agus AT.

²⁹⁶ Is iad sin RO, PL, PT, LV, EE agus ES. Féach Eurostat [[ilc li04](#)], SIDM-AE.

Tá éagsúlacht mhór i gcumhdach na sochar sóisialta in airgead tirim ó Bhallstát go chéile agus de réir na catagóire oibrí agus an stádaí fostaíochta. Bhí sciar na ndaoine in aois oibre (16-64) a bhí i mbaol bochtaineachta roimh aistrithe sóisialta agus a bhí ag fáil sochair shóisialta airgid thirim²⁹⁷ san Aontas in 2024 (ag féachaint d'ioncaim 2023) gar do na leibhéil roimh COVID i bhfianaise an laghdaithe a bhí ann le cúpla bliain anuas. Bhí sé ní b'airde i measc oibrithe ar chonarthaí sealadacha (38,3 %) ná iad siúd a raibh conarthaí buana acu (23,3 %) agus bhí sé ní b'airde i measc oibrithe páirtaimseartha (30,1 %) ná i measc oibrithe lánaimseartha (23,7 %). Tá na patrúin sin le sonrú i bhformhór na mBallstát. Mar sin féin, i gcúig Bhallstát (an Chipir, an tSlóivéin, an tSualainn, an Phortaingéil agus an Ungáir), ba lú an dóchúlacht go bhfaigheadh fostaithe ar chonarthaí sealadacha sochair le hais na bhfostaithe ag a raibh conarthaí buana. I seacht mBallstát (an tSlóivéin, an Laitvia, an Liotuáin, an Iodáil, an Phortaingéil, Lucsamburg agus an Bhulgáir), ba lú an dóchúlacht go bhfaigheadh oibrithe páirtaimseartha sochair le hais oibrithe lánaimseartha. I dtrí thír (an Ghréig, an Pholainn agus an Rómáin), bhí níos lú ná 10 % de na daoine siúd a bhí fostaithe agus i mbaol bochtaineachta roimh aistrithe sóisialta ag fáil sochair shóisialta airgid thirim in 2024. Ba iad daoine féinfhostaithe a bhí i mbaol bochtaineachta (roimh aistrithe sóisialta) ba lú ba dhóichí a gheobhadh sochair shóisialta airgid thirim, agus ráta cumhdaigh 11,5 % acu in 2024 san Aontas. In 2024, d'fhan an sciar sin faoi bhun 5 % i seacht mBallstát²⁹⁸. Ar an meán, bhí beagán níos mó ná leath (52,8 %) de na daoine dífhostaithe a bhí i mbaol bochtaineachta ag fáil sochair shóisialta ar an meán san Aontas in 2024. Maidir le cúig Bhallstát (an Bheilg, an Danmhairg, an Fhionlainn, an Ghearmáin agus an Ostair), baineadh amach rátaí cumhdaigh os cionn 80 %, fad a bhí an sciar sin i bhfad ní b'íse, thart ar 12-13 %, i gceithre Bhallstát eile (an Pholainn, an Ghréig, an tSlóvaic agus an Ísiltír). Mhéadaigh ráta riosca na bochtaineachta i measc daoine dífhostaithe 3 phointe céatadáin nach mór le 2 bhliain anuas, ó 46,1 % in 2022 go dtí 48,9 % in 2024.

²⁹⁷ Asbhaint speisialta ag Eurostat den táscaire maidir leis an ráta faighteoirí le haghaidh 'rochtain éifeachtach' sa chreat faireacháin maidir le rochtain ar chosaint shóisialta: *Access to social protection for workers and the self-employed. Update of the monitoring framework – 2025* [Rochtain ar chosaint shóisialta d'oibrithe agus do dhaoine féinfhostaithe. Nuashonrú ar an gcreat faireacháin — 2025] (le teacht). Is ionann an spriocphobal agus iad siúd atá i mbaol bochtaineachta roimh aistrithe sóisialta. Is ionann na sochair shóisialta airgid thirim a chumhdaítear sa táscaire agus iad siúd a fhaightear ag leibhéal an duine aonair, gan pinsin a áireamh.

²⁹⁸ Is iad sin PT, SI, PL, NL, CZ, RO agus EL.

Ar an iomlán, tá rochtain ar chosaint leormhaith shóisialta fós éagsúil ó Bhallstát go chéile, d’ainneoin roinnt feabhsuithe le blianta beaga anuas²⁹⁹. Maidir le cumhdach foirmiúil³⁰⁰, in earrach 2025 bhí bearnaí fós in 18 mBallstát³⁰¹ maidir le grúpa amháin oibrithe neamhchaighdeánacha ar a laghad i mbrainse amháin den chosaint shóisialta ar a laghad. Is iad seo na brainsí is mó a dtéann easpa rochtana i bhfeidhm orthu: sochair dhífhostaíochta (17 mBallstát), sochair bhreuiteachta (13 Bhallstát) agus sochair mháithreachais/atharthachta (13 Bhallstát chomh maith). Ar na grúpaí a dtéann an easpa chumhdaigh i bhfeidhm orthu, tá daoine faoi oiliúint agus intéirnigh, oibrithe ag a bhfuil conarthaí neamhchaighdeánacha (e.g. conarthaí dlí shibhialta), oibrithe ag a bhfuil conarthaí sealadacha gearrthéarmacha (e.g. saothraithe lae), oibrithe a shaothraíonn faoi bhun na tairsí ioncaim is riachtanach don chumhdach, oibrithe séasúracha agus oibrithe tí. Thairis sin, in 11³⁰² Bhallstát bhí rochtain ar bhrainse cosanta sóisialta amháin ar a laghad deonach do ghrúpa amháin oibrithe neamhchaighdeánacha ar a laghad. Maidir le daoine féinfhostaithe, bhí bearnaí foirmiúla cumhdaigh ann i mbrainse amháin, nó níos mó, den chosaint shóisialta i 19 mBallstát³⁰³, go mór mór i ndáil le sochair dhífhostaíochta (19 mBallstát) agus sochair le haghaidh timpistí ag an obair agus galair cheirde (14 Bhallstát). I bhformhór na gcásanna, rinne na bearnaí sin difear do na daoine féinfhostaithe uile, ach bhain siad go sonrach le grúpaí áirithe, cuir i gcás feirmeoirí, ceardaithe nó gairmeacha beatha liobrálacha, in thart ar aon thrían de na Ballstáit. Thairis sin, i 15 Bhallstát, bhí an cumhdach do dhaoine féinfhostaithe deonach. Bhain an chuid is mó de sin le sochair bhreuiteachta agus mháithreachais, agus bhain chuid mhór eile le sochair i ndáil le timpistí ag an obair agus galair cheirde. Léirítear sna meastacháin náisiúnta dá bhfuil ann leibhéil an-éagsúil i ndáil leis an úsáid a bhaineann daoine féinfhostaithe as scéimeanna deonacha.

²⁹⁹ Féach an tuarascáil ón gCoimisiúin ar chur chun feidhme an Mholta ón gComhairle maidir le rochtain ar chosaint shóisialta d’oibrithe agus do dhaoine féinfhostaithe, COM/2023/43 final, agus an Creat faireacháin a formhuiníodh in 2020 agus an nuashonrú atá le teacht (2025).

³⁰⁰ Ciallaíonn ‘cumhdach foirmiúil grúpa’ go luaitear sa reachtaíocht nó sa chomhaontú comhchoiteann atá ann maidir le brainse sonrach cosanta sóisialta (e.g. seanaois, breuiteacht, dífhostaíocht, máithreachas) go bhfuil na daoine aonair sa ghrúpa i dteideal páirt a ghlacadh i scéim cosanta sóisialta a chumhdaíonn brainse sonrach.

³⁰¹ AT, BG, CZ, DE, EL, ES, FR, HR, HU, IT, LV, NL, PL, PT, RO, SE, SI, SK

³⁰² AT, CZ, DE, DK, HU, LU, NL, PL, RO, SI, SK.

³⁰³ AT, BE, BG, CY, CZ, DE, EE, EL, FR, IE, IT, LT, LV, NL, PL, PT, RO, SI, SK.

Ba mhó an fás a tháinig ar phraghsanna tithe ná ar ioncaim le 10 mbliana anuas, rud a chuireann brú ar an inacmhainneacht. Ní ábhar imní astu féin iad méaduithe ar phraghsanna tithe má tá siad i gcomhréir le hacmhainn airgeadais teaghlach praghas na tithíochta a sheasamh. Mar sin féin, le 10 mbliana anuas, tá fás tagtha ar phraghsanna tithe san Aontas ar ráta atá thart ar 10 % níos tapa ná an fás atá tagtha ar ioncaim ar an meán, agus tá laghdú tagtha ar an inacmhainneacht dá réir, cé go bhfuil difríochtaí móra ann ó thír go chéile³⁰⁴. Mhéadaigh an cóimheas idir praghsanna tithe agus ioncam 20 %, nó níos mó idir 2014 agus 2024 sa Phortaingéil, san Ísiltír, san Ungáir, i Lucsamburg, in Éirinn, sa tSeicia agus san Ostair. Ós rud é gur mhéadaigh na rátaí úis ag deireadh na tréimhse sin, tá laghdú eile tagtha ar an inacmhainneacht tithíochta i bhformhór na dtíortha i gcás daoine ar gá dóibh iasacht a fháil chun teach a cheannach. Ní leor na margáí cíosa beaga neamhéifeachtúla atá i mórán Ballstát le rogha inoibrithe ar cheannach a sholáthar, i bhfianaise na gcostas ard cíosa i bpríomhchathracha go leor agus an laghdaithe ar an stoc cíosa shóisialta le blianta anuas. Cé gur moille i bhfad ráta fáis na gcíosanna a bhaineann le conarthaí atá ann cheana ná ráta fáis na bpraghsanna ar thithe, tá méadú as cuimse tagtha ar na cíosa a bhaineann le conarthaí nua. Tá an scéal éagsúil i measc grúpaí ioncaim agus aoise, agus is iad daoine ar ioncam íseal agus daoine óga is mó atá thíos leis. Go deimhin, ar leibhéal an Aontais, 19.2 % ar an meán ba ea sciar iomlán na gcostas tithíochta den ioncam indiúscartha teaghlaigh ach ba 36.9 % an sciar i gcás daoine i mbaol bochtaineachta³⁰⁵. Ar an taobh eile, is iad daoine óga is dóichí a íocfaidh cíosa níos airde agus iad ag tógáil tithíocht ar cíos den chéad uair, a shaothróidh ioncaim níos ísle agus a mbeidh acmhainneacht creidmheasa íseal ag baint leo.

³⁰⁴ Féach Cousin G., Frayne C., Dias Martins V. agus B. Vasicek, [Housing in the European Union: Market Developments, Underlying Drivers, and Policies](#) [Tithíocht san Aontas Eorpach: Forbairtí Margaidh, Buntosca, agus Beartais], Páipéar Plé 228 maidir le Geilleagar na hEorpa/mí Dheireadh Fómhair 2025.


³⁰⁵ Táscaire Eurostat [[ilc_md01](#)], SIDM-AE.

Maidir leis an sciar de dhaoine a bhfuil costais tithíochta ina ró-ualach orthu, mhaolaigh sé de bheagán san Aontas in 2024 ach bhí sé fós i bhfad ní b'airde i gcás daoine buailte ag an mbochtaineacht agus bhí éagsúlacht sách mór ann ó Bhallstát go chéile. In 2024, tháinig laghdú, go dtí 8.2 %, ó 8.8 % in 2023, ar an sciar den daonra a raibh orthu dul i ngleic leis an ró-ualach maidir le costas tithíochta, ach tá difríochtaí móra ann – féach Fíor 2.4.13³⁰⁶. Is sa Ghréig a cláraíodh an ráta ró-ualach ab airde maidir le costas tithíochta san Aontas (28,9 %, i ndiaidh méadú 0,4 pointe céatadáin), atá i 'cás criticiúil', mar aon leis an Danmhairg (ag 14,6 % i ndiaidh laghdú 0,8 pointe céatadáin). Tá sé Bhallstát 'le faire' mar gheall ar leibhéal atá fós sách ard tar éis laghdú (an Ghearmáin agus an tSualainn) nó toisc gur bhain roinnt de na méaduithe bliantúla ba mhó leo, fiú amháin más ar leibhéil ní b'ísle a bhí siad (an Phortaingéil, an Ungáir, an Eastóin agus an Liotuáin). Ar an taobh eile, ba í an Chipir an 'tír is fearr' (2,4 %). Bhí an Chróit (3,7 %) agus an tSlóivéin (3,8 %) 'níos fearr ná an meán', in éineacht le roinnt tíortha, i measc tíortha eile, inar sonraíodh na laghduithe bliantúla ba mhó (an Rómáin, Lucsamburg, an Bhulgáir agus an Ísiltír). I ndáil leis an ráta ró-ualach maidir le costas tithíochta do dhaoine i mbaol bochtaineachta, laghdaigh sé sin 2,1 pointe céatadáin in 2024, laghdú ní ba mhó ná i measc an daonra trí chéile. Mar sin féin, bhí sé fós i bhfad ní b'airde, ag 31,1 % le hais 3,8 % i gcás na coda eile den daonra. Bíonn ró-ualach díreireach maidir le costais tithíochta ar dhaoine faoi mhíchumas freisin, i gcomparáid le daoine nach bhfuil faoi mhíchumas (10,4 % le hais 7,8 %). Is sa Ghréig (88,9 %, méadú 2,6 pointe céatadáin) agus sa Danmhairg (65.6 %, laghdú 6,7 pointe céatadáin) a bhí na rátaí ró-ualach ba mhó maidir le costas tithíochta don daonra a bhí i mbaol bochtaineachta in 2024, agus is sa Chipir (9,2 %), sa Rómáin (16,3 %) agus sa Chróit (16,8 %) a bhí na rátaí ab ísle. In 2024, bhí 9,8 % de dhaonra an Aontais i gcathracha i dteaghlach lenar bhain ráta ró-ualach maidir le costas tithíochta, le hais 6,3 % i limistéir thuaithe. Bhí an ráta ró-ualach maidir le costas tithíochta ní b'airde i gcathrach ná faoin tuath sna Ballstáit uile, seachas an Rómáin, an Bhulgáir, an Liotuáin agus an Chróit. Chomh maith leis sin, tá an ró-ualach foriomlán maidir le costas tithíochta san Aontas níos airde i gcás tionóntaí sa mhargadh príobháideach cíosa (19,2 %) le hais tionóntaí a bhfuil cíós ar phraghas laghdaithe nó saor in aisce acu (10 %). Is é 5 % an céatadán atá i gceist i gcás úinéirí a bhfuil morgáistí nó iasachtaí gan íoc acu.

³⁰⁶ Féach Iarscríbhinn 2 le haghaidh sainiú ar an táscaire.

Fíor 2.4.13: Tá an sciar den daonra a bhfuil costais tithíochta ina ró-ualach orthu an-éagsúil ó Bhallstát go chéile

Sciar na ndaoine ag maireachtáil i dteaghlaigh a bhfuil costais tithíochta ina ró-ualach orthu, leibhéil 2024 agus athruithe ón mbliain roimhe (% , príomhtháscaire an Scórchláir Shóisialta)



Tabhair faoi deara: Tá lár na n-aiseanna dírithe ar mheán neamhualaithe an Aontais. Cuirtear an eochair eolais i láthair san Iarscríbhinn. Sonraí sealadacha maidir le LT. Déantar athruithe atá suntasach ó thaobh staidrimh de a mharcáil le réalta (*).

Foinse: Eurostat, [[tespm140](#)], SIDM-AE.

Téann an plódú agus tithíocht neamhleor i bhfeidhm ar sciar sách mór de dhaoine san Aontas fós, agus tá éagsúlacht mhór ann sa soláthar tithíochta sóisialta ó Bhallstát go chéile. In 2024, bhí 16.9 % de dhaoine san Aontas i dteaghlaigh phlódaithe, agus bhí cobhsaíocht réasúnta ann i gcomparáid le 2023³⁰⁷. Taifeadadh rátaí plódaithe os cionn 30 % sa Rómáin (40,7 %), sa Laitvia (39,3 %), sa Bhulgáir (33,8 %), sa Pholainn (33,7 %) agus sa Chróit (31,7 %). Os a choinne sin, chonacthas na rátaí plódaithe ba lú (faoi bhun 6 %) sa Chipir (2,4 %), i Málta (4,4 %), san Ísiltír (4,6 %) agus in Éirinn (5 %). Thairis sin, in 2023 bhí 15.6 % den daonra san Aontas thíos le díothacht tithíochta, is é sin tithe ina bhfuil díon silteach, ballaí, urláir nó bunsraitheanna atá tais, nó lobhadh i bhfrámaí fuinneoige nó san urlár³⁰⁸. Ní ann do thithíocht shóisialta sna Ballstáit uile den Aontas Eorpach. Thairis sin, tá na sainmhínithe agus na soláthraithe, chomh maith leis na sásraí incháilitheachta agus leithdháilte, éagsúil (is iad tairseacha bunaithe ar ioncam an critéar is coitianta, mar sin féin). Léirítear sna sonraí maidir le méid an stoic tithíochta sóisialta ó Bhallstát go chéile go bhfuil éagsúlacht mhór ann. Bhí laghdú áirithe ann le 10 mbliana anuas ina bhformhór freisin – féach Fíor 2.4.14. Is iad costais mhéadaithe ar fhoirgníocht, talamh agus maoiniú na dúshlán is coitianta a thuairiscítear i ndáil le soláthar tithíochta sóisialta³⁰⁹. Lean an líon aosach faoi mhíchumas, atá ina gcónaí in institiúidí cónaithe, de bheith ag méadú san Aontas ar an iomlán, agus bhí an easpa réitigh tithíochta inrochtana i measc na mbac ar an bpróiseas dí-institiúidiúcháin³¹⁰.

³⁰⁷ Táscaire Eurostat [[ilc_lvho05a](#)], SIDM-AE.


³⁰⁸ Táscaire Eurostat [[ilc_mdho01](#)], SIDM-AE.

³⁰⁹ Féach ECFE, [Social Housing: A Key Part of Past and Future Housing Policy](#), Foilseacháin ECFE, 2020, Páras.

³¹⁰ Féach Eurofound (2024), [Paths towards independent living and social inclusion in Europe](#) [Conairí i dtreo maireachtáil neamhspleách agus cuimsiú sóisialta san Eoraip], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg.

Fíor 2.4.14 Tá éagsúlacht mhór ann ó Bhallstát go chéile maidir leis an sciar den stoc iomlán tithíochta atá ina thithíocht shóisialta

Aonaid tithíochta sóisialta ar cíós, % den stoc tithíochta iomlán i mblianta roghnaithe (2010, 2022)



Tabhair faoi deara: Tagraíonn ‘Timpeall 2022’ do na blianta 2016-2022 agus tagraíonn ‘Timpeall 2010’ do na blianta 2010-2013.

Foinse: ECFE (2024), Bunachar sonraí ECFE um an tithíocht inacmhainne - táscaire [PH4.2](#). Stoc tithíochta sóisialta ar cíós.


Tá an easpa dídine ina dúshlán sóisialta atá ag méadú i gcás na mBallstát uile. Cé go bhfuil difríochtaí idir sainmhínithe agus modhanna bailithe sonraí ina mbac ar chomparáid idir tíortha agus cainníochtú na heaspa dídine ar leibhéal an Aontais, is féidir treocht ardaitheach a shainathint i bhformhór na mBallstát, fiú amháin sna cinn sin ina bhfuil treochtaí síos le sonrú le blianta beaga anuas. In 2024, taifeadh 3 806 dhuine gan dídean sa Fhionlainn, méadú 11 % bliain i ndiaidh bliana, den chéad uair le breis agus 10 mbliana. Ba é 5 989 líon na ndaoine gan dídean sa Danmhairg in 2024; ba mhéadú 3 % é sin i gcomparáid le 2022 tar éis laghdú leanúnach a bheith ann ó 2017 i leith, agus ba mhéadú 20 % é ar an gcéad chomhaireamh in 2009³¹¹.

³¹¹ Féach: *Fondation pour le Logement des Défavorisés – FEANTSA: [Tenth overview of housing exclusion in Europe – 2025](#)*, 2025. [Tagann sonraí na Danmhairge ó dhaonáireamh oifigiúil débhlantúil maidir le daoine gan dídean](#), arna dhéanamh ag VIVE thar ceann na hAireachta Gnóthaí Sóisialta agus Tithíochta. Féach freisin Baptista, I., Perista, P. and Marlier, E., *[The fight against homelessness and its links with anti-poverty policies across the European Union](#)* [Comhrac na heaspa dídine agus na naisc le beartais in aghaidh na bochtaineachta ar fud an Aontais Eorpaigh], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2025.

Lean an sciar de dhaoine scothaosta (65+ bliain) i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta de bheith ag laghdú ar leibhéal an Aontais in 2024. Ba é ba chúis leis an laghdú sin, go 19.2 %, i gcomparáid le 19.7 % in 2023, feabhas ar an ráta IBBES i gcás na mban (a d'fhan i bhfad ní b'airde ná cás na bhfear, mar atá, 21,5 % agus 16.3 %, faoi seach)³¹². Bhí éagsúlacht mhór ó Bhallstát go chéile ann freisin, agus rátaí IBBES i gcás daoine scothaosta idir 9,5 % sa tSeicia agus 42,9 % sa Laitvia. An tráth céanna, in 2024 d'éirigh an neamhionannas ioncaim i gcás daoine in aois 65+ (arna thomhas de réir an chóimheasa idir cúigilí ioncaim, S80/S20) marbhánta ag 4,11, i gcomparáid leis an treocht laghdaitheach don daonra in aois oibre. Mar sin féin, d'fhan sé níos ísle ná mar a bhí i gcás an daonra iomláin (4,66), rud a léiríonn freisin tionchar athdháilte córas pinsin agus cánach.

Fíor 2.4.15 Bíonn riosca na bochtaineachta níos airde i measc daoine scothaosta atá 65 bliana d'aois nó níos sine ná mar a bhíonn i measc an daonra atá in aois oibre, ach ní bhuailear chomh minic sin leis an ngéardhíth ábharach agus shóisialta iad

Rátaí riosca na bochtaineachta (painéal ar bharr) agus rátaí géardhíthe ábharai agus sóisialta (GDAS) (painéal ag an mbun), de réir aoisghrúpaí (% , 2024)



Tabhair faoi deara: Tá na barraí do gach sraith forleagtha mar a leanas: ar thaobh na láimhe clé, tá an barra 18-64 níos airde agus is féidir cuid de a fheiceáil taobh thiar den bharra 65+, atá le feiceáil ina iomláine; ar thaobh na láimhe deise, tá an barra 65+ níos airde agus is féidir cuid de a fheiceáil taobh thiar den bharra 18-64, atá le feiceáil ina iomláine. *Foinse:* Eurostat [[ilc_li02](#)] agus [[ilc_mdsl11](#)], SIDM-AE.

³¹² Tá difríocht sa sainmhíniú i gcás ráta IBBES na ndaoine atá níos óige ná 65 bliana d'aois agus na ndaoine atá níos sine ná sin toisc go n-eisiatar ón dara catagóir sin an chomhpháirt Déine An-Íseal Oibre.


Tá an laghdú ar an ráta IBES i gcás daoine scothaosta san Aontas nasctha le laghdú ar a mbochtaineacht airgeadaíochta agus a ráta géardhíthe ábharáí nó sóisialta araon. Tháinig laghdú ar ráta riosca na bochtaineachta i measc daoine san aoisghrúpa 65+, ó 17,3 % in 2022 go dtí 16,6 % in 2024 (ag féachaint d'ioncaim 2023). Mar sin féin, d'fhan ráta riosca na bochtaineachta i measc daoine san aoisghrúpa 65+ beagán níos airde ná an ráta i measc daoine níos óige, ar an meán san Aontas. Bhí éagsúlacht ann ó Bhallstát go chéile, agus bhí rátaí riosca na bochtaineachta idir 8,3 % agus 41,4 % – féach Fíor 2.4.15. Cé nach raibh daoine in aois 65+ chomh neamhchosanta céanna ar bhochtaineacht airgeadaíochta i roinnt tíortha agus a bhí an daonra in aois oibre, i dtíortha eile bhí an riosca bochtaineachta sa tseanaois suas lena dhá oiread ní b'airde. Tháinig laghdú, go dtí 5.1 %, ar an ráta géardhíthe ábharáí agus sóisialta (GDAS) i gcás daoine scothaosta san Aontas in 2024, tar éis é a bheith ag thart ar 5.5 % ó bhí 2020 ann. Bhí an ráta idir thart ar 1 % agus os cionn 20 % ó Bhallstát go chéile. I gcodarsnacht le ráta riosca na bochtaineachta, bhí an ráta GDAS i measc daoine scothaosta beagán ní b'íse ná i gcás an daonra in aois oibre (6,4 %) ar an meán san Aontas agus i dtromlach na mBallstát.

Maidir leis an gcóimheas athsholáthair comhiomlán le haghaidh pinsean, d'fhan sé cobhsaí ar leibhéal an Aontais in 2024. Is é 0,6 a bhí sa tomhas sin san Aontas in 2024, lenar cuireadh sochair phinsin daoine 65-74 bliana d'aois i gcomparáid le hioncam oibre daoine 50-59 mbliana d'aois (le hais 0,59 in 2023 agus 0,58 sna blianta roimhe sin). Ba é 0,35 sa Chróit an méid is íse agus ba é 0,84 sa Ghréig an méid is airde. Bhí an cóimheas beagán ní b'íse do mhná ná d'fhir san Aontas, mar atá, 0,58 agus 0,62, faoi seach. Tugann sé sin le tuiscint go mbíonn mná, a bhfuil a n-ioncam oibre níos íse ar an meán ón tús, thíos le meathlú breise ar a gcás ioncaim i gcomparáid le fir nuair a théann siad ar scor.

Tá coinne leis go rachaidh na dúshláin struchtúracha maidir le hinfhaighteacht, inacmhainneacht agus cáilíocht an chúraim fhadtéarmaigh (CFT) i ndéine agus an daonra ag dul in aois. Meastar go dtiocfaidh méadú ar an líon daoine a bhféadfadh cúram fadtéarmach a bheith de dhíth orthu san Aontas ó 31,2 milliún in 2022 go 33,2 milliún in 2030 agus 37.8 milliún in 2050³¹³. Fágann rochtain theoranta ar sheirbhísí foirmiúla nach riartar riachtanais nó go mbíonn ualach iomarcach ar chúramóirí neamhfhoirmiúla, ar mná iad den chuid is mó. In 2019, thuairiscigh 46,6 % de dhaoine in aois 65+ a bhfuil deacrachtaí tromchúiseacha acu i gcúram pearsanta nó gníomhaíochtaí tí san Aontas, thuairiscigh siad riachtanais cúraim nár riaradh. Bhí sé sin i bhfad ní ba shuntasáí dóibh sin sa chúigil ioncaim ab ísle (51,2 %) i gcomparáid leo siúd sa chúigil ioncaim ab airde (39.9 %)³¹⁴. Tuairiscítear go bhfuil easpa inacmhainneachta agus infhaighteachta ann cheana, mar gheall ar ghanntanais lucht saothair freisin, agus go léirítear leis sin an neartú breise a d'fhéadfaí a dhéanamh ar an soláthar cúraim fhadtéarmaigh, go háirithe i bhfianaise na bhforbairtí déimeagrafacha atá á dtuar.

Fíor 2.4.16 Léirítear leis an gcóimheas d'oibrithe CFT, in aghaidh gach 100 duine atá 65+ bliana d'aois, mionfheabhsuithe ar fud an Aontais, agus tá éagsúlacht mhór ann ó Bhallstát go chéile

Oibrithe CFT in aghaidh gach 100 duine atá 65+ bliana d'aois, 2024



Tabhair faoi deara: Roghnaítear oibrithe CFT trí chóid earnála (NACE) 87,1, 87,3, 88,1 agus cóid gairmeacha (ISCO) 2221, 2264, 2266, 2634, 2635, 3221, 3255, 5321, 5322 a roghnú.

Foinse: Ríomh AS EMPL ó asbhaint speisialta ó Eurostat, SFS AE, 2024

³¹³ De réir na réamh-mheastachán ón gcás bunlíne. Féach an Coimisiún Eorpach, [2024 ageing report – Economic & budgetary projections for the EU Member States \(2022-2070\)](#) [Tuarascáil 2024 maidir le hAosú – Réamh-mheastacháin eacnamaíocha & bhuiséadacha do Bhallstáit an Aontais (2022-2070)], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2024.

³¹⁴ Táscaire Eurostat [[hlth_ehis_tadlh](#)] agus [[hlth_ehis_tadlhi](#)]. Rabharta 3.2019 de EHIS.

D’ainneoin na hacmhainneachta a bhaineann le cruthú post san earnáil CFT, mar gheall ar ghanntanais saothair agus scileanna (chomh maith le tarraingteacht íseal na hearnála), géaraítear na dúshláin a bhaineann le rochtain agus imrítear drochthionchar ar cháilíocht na seirbhísí a sholáthraítear. In 2024, bhí 3,2 milliún oibrí fostaithe san earnáil CFT san Aontas, ar oibrithe cúraim phearsanta (65 %) agus altraí (29 %) a bhformhór, is é sin thart ar 1,6 % den lucht saothair³¹⁵. Is mná iad 87 % den lucht saothair CFT, agus bíonn níos mó freagrachtaí a bhaineann le cúram neamhfhoirmiúil orthusan freisin. Tá acmhainneacht mhór ann maidir le cruthú post san earnáil, agus tá coinne leis go méadóidh gairmeacha a bhaineann leis an tsláinte (e.g. gairmithe sláinte, oibrithe cúraim phearsanta) i gcomhréir le treochtaí déimeagrafacha³¹⁶. Mar sin féin, ar an meán san Aontas, bhí 3,3 oibrí CFT in aghaidh gach 100 duine in aois 65+ bliana in 2024, lena léirítear feabhas fíorbheag i gcomparáid le 2023. Bhí éagsúlacht mhór ó Bhallstát go chéile, áfach, idir 0,3 sa Ghréig agus 10,4 sa tSualainn – féach Fíor 2.4.16. Is minic a bhaineann ganntanais scileanna agus saothair le tarraingteacht íseal na hearnála freisin, rud atá nasctha le dálaí oibre deacra, lena n-áirítear i ndáil le sláinte agus sábháilteacht, agus pá sách íseal. Tá pá oibrithe CFT ag thart ar 89 % den mheán-ollphá in aghaidh na huaire, agus thart ar 65 % sa Bhulgáir, san Iodáil agus san Eastóin³¹⁷. Tuairiscítear freisin nach bhfuil conairí leordhóthanacha ann maidir le dul chun cinn gairme ná rochtain leordhóthanach ar dheiseanna uas-scilithe. D’fhéadfadh dálaí oibre an-deacair san earnáil CFT, lena n-áirítear i ndáil le rochtain ar chosaint shóisialta, a bheith ag cúramóirí tí agus cúramóirí cónaitheacha, ar oibrithe taistil de chuid an Aontais nó tríú tír iad go minic.


³¹⁵ Foinse: Ríomh an Choimisiúin Eorpaigh (AS EMPL) ó asbhaint speisialta le Eurostat, SFS AE, 2024. D’fhéadfadh an earnáil CFT a bheith níos mó, mar sin féin, i bhfianaise an mhéid mhóir oibre neamhdhearbhaite.

³¹⁶ Féach: [Cedefop skills forecast 2035: the twin transition and the demographic challenge drive demand for high-level skills](#).

³¹⁷ Ríomh an Choimisiúin Eorpaigh (AS EMPL) ó asbhaint speisialta ó Eurostat, Suirbhé ar Struchtúr Tuillimh, 2022.

Fíor 2.4.17: Bhí leitheadúlacht na riachtanas cúraim leighis nár riaradh arna cobhsaí a bheag nó a mhór ar leibhéal an Aontais, agus tháinig méadú beag orthu i dtromlach na mBallstát, gan ach beagán laghduithe suntasacha

Riachtanais cúraim leighis nár riaradh, arna bhféintuairisciú, leibhéil 2024 agus athruithe ón mbliain roimhe (% príomhtháscaire an Scórchláir Shóisialta).



Tabhair faoi deara: Cuirtear san áireamh riachtanais cúraim leighis nár riaradh, arna bhféintuairisciú, mar gheall ar chúiseanna airgid, liosta feithimh fada nó fad. Tá lár na n-aiseanna dírithe ar mheán neamhualaithe an Aontais. Cuirtear an eochair eolais i láthair san Iarscríbhinn. Sonraí sealadacha atá ann maidir le LT.

Foinse: Eurostat [[tespm110](#)], SIDM-AE.

D’fhan an sciar daoine a thuairiscigh riachtanais cúraim leighis nár riaradh cobhsaí ar an meán san Aontas in 2024. Ba é 2,5 % an sciar san Aontas, agus níl sé sin ach 0,1 pointe céatadáin níos airde ná an sciar in 2023. As measc na mBallstát lenar ghabh na luachanna ab airde (os cionn 8 %), agus, dá bhrí sin, lena mbaineann ‘cásanna criticiúla’, d’fhan an Ghréig, an Fhionlainn agus an Laitvia gar do luach na bliana roimhe sin i ndiaidh méaduithe measartha (0,6 pointe céatadáin), a bhí ar na luachanna ba mhó san Aontas mar sin féin - féach Fíor 2.4.17. An tráth céanna, chonacthas na laghduithe ba mhó san Eastóin, sa Rómáin agus sa tSlóvaic. D’ainneoin fheabhas mór na bliana seo, bhí an sciar de riachtanais leighis nach ndearnadh freastal orthu fós ard san Eastóin (‘lag ach ag feabhsú’), ach bhí an Rómáin agus an tSlóvaic ‘níos fearr ná an meán’. Taifeadadh na figiúirí ab ísle sa Chipir, i Málta, sa tSeicia, san Ísiltír, sa Ghearmáin, san Ostair, i Lucsamburg agus san Ungáir, iad ar fad faoi bhun 1 %, tar éis méaduithe móra i roinnt cásanna mar sin féin. Taifeadadh difríochtaí réigiúnacha i ndáil le riachtanais cúraim leighis nár riaradh freisin, agus chonacthas na cinn ba láidre san Iodáil agus sa Rómáin (féach Fíor 10 in Iarscríbhinn 5). Bhí an tuairisciú maidir le riachtanais nár riaradh ní ba mhinice ar an meán i limistéir thuaithe ná i mbailte agus i mbruachbhailte (2,8 % le hais 2,1 % san Aontas, faoi seach), agus bhí difríochtaí móra ann ó Bhallstát go chéile. Ba ghnách go raibh an tuairisciú maidir le riachtanais nár riaradh thart ar 60 % níos mó sa chúigiú cuid ba bhoichte den daonra, go háirithe i roinnt tíortha (e.g., 4,9 % le hais 2,2 % sa Rómáin, 4,8 % le hais 2,5 % sa Phortaingéil, 4 % le hais 2,2 % sa tSualainn, agus 14,4 % le hais 8,4 % sa Laitvia).

2.4.2 Bearta arna ndéanamh ag na Ballstáit

Tá leasuithe déanta ag roinnt Ballstát chun feabhas a chur ar leordhóthanacht a scéimeanna ioncaim íosta, i gcomhréir le Moladh 2023 ón gComhairle³¹⁸. Chun leordhóthanacht a fheabhsú, ghlac **an Spáinn** Foraithe Ríoga i mí Eanáir 2025, lenar méadaíodh an sochar ioncaim íosta 9 %. Mhéadaigh **an Iodáil** méid na liúntas tacaíochta íosta (ADI agus SFL) agus mhaolaigh sí na ceanglais tástála acmhainne chun boilsciú a chur san áireamh. Leasaigh **an Chróit** an Gníomh Leasa Shóisialaigh chun an bunmhéid a mhéadú 25 % ar a laghad do theaghlaigh ina bhfuil leanaí. Tharla méaduithe, *inter alia*, sa **Laitvia**, sa **Liotuáin** agus i **Lucsamburg** freisin. D’fhonn leordhóthanacht a fheabhsú, tá modheolaíocht á forbairt ag Ballstáit áirithe, lena n-áirítear **an Eastóin**, chun an leibhéal sochar ioncaim íosta a shocrú, fad a mhéadaigh **an Laitvia** an luach tagartha ó 20 % go dtí 22 % den leibhéal ioncaim airmheánaigh dá tairseach don íosioncam ráthaithe.

³¹⁸ Féach: [Moladh ón gComhairle an 30 Eanáir 2023 maidir le hioncam íosta leordhóthanach lena n-áirithítear cuimsiú gníomhach.](#)

Chun cumhdach scéimeanna ioncaim íosta a fheabhsú, rinne roinnt Ballstát bearta chun glacadh a éascú agus chun bacainní riaracháin a laghdú. San **Eastóin**, tuarfar go simpleofar an próiseas iarratais le leasuithe ar an nGníomh Leasa Shóisialaigh toisc go bhfaighfear sonraí ó chlár náisiúnta agus cuirfear cur chuige caighdeánaithe i bhfeidhm ar fud na tíre. I **Lucsamburg**, le plean náisiúnta nua frithbhochtaineachta, atá le glacadh faoi dheireadh 2025, ba cheart go bhfógrófaí, *inter alia*, cruthú ionaid ilfhreastail do shochair shóisialta agus fiosrúcháin ghaolmhara, chun a nglacadh a fheabhsú. I mí Eanáir 2024, sheol **an Rómáin** clár VMI (íosioncam cuimsithe) chun cumhdach a mhéadú agus feabhas a chur ar leordhóthanacht na tacaíochta, chomh maith le barrfheabhsú na rochtana ag tairbhíthe ar sheirbhísí dífhostaíochta. I mí an Mhárta 2025, ghlac **an Chróit** roinnt leasuithe chun feabhas a chur ar chumhdach, leordhóthanacht agus spriocdhírú sochar sóisialta, agus díriodh go sonrach ar dhaoine i mbochtaineacht sheasta. I mí na Nollag 2024, thug **an Spáinn** córas isteach lena gceadaítear d'fhaighteoirí fóirdheontais dífhostaíochta atá gar do dheireadh a dteidlíochta toiliú le haistriú uathoibríoch sonraí ón tSeirbhís Phoiblí Fostaíochta chuig an Institiúid Náisiúnta Slándála Sóisialta ionas go bhféadfadh an Institiúid sin a n-iarratas ar shochair ioncaim íosta a phróiseáil.

I gcomhréir leis an gcur chuige i leith cuimsiú gníomhach, tá iarrachtaí á ndéanamh chun imeascadh sa mhargadh saothair a éascú, lena n-áirítear i gcás tairbhíthe ar an ioncam íosta. Fágfaidh scéim nua dreasachta oibre sa **Phortaingéil** go mbeifear in ann ioncam ó obair agus tacaíocht shóisialta a chur le chéile. Tá iarrachtaí déanta ag roinnt Ballstát chun feabhas a chur ar bhearta gníomhachtúcháin le haghaidh tairbhíthe ar an ioncam íosta freisin. Sa **Rómáin**, mar chuid dá plean téarnaimh agus athléimneachta nua, cuireadh clár nua um ioncam íosta cuimsithe chun feidhme, inar leagadh amach go bhfaigheadh ar a laghad 60 % de na tairbhíthe beart gníomhachtúcháin margaidh saothair amháin ar a laghad faoi dheireadh an dara ráithe de 2025.

Tá na Ballstáit fós ag cur tionscnamh chun feidhme chun feabhas a chur ar an rochtain ar sheirbhísí sóisialta agus ar inacmhainneacht seirbhísí fuinnimh agus iompair, go háirithe do ghrúpaí leochaileacha. Tá EUR 198,7 milliún leithdháilte ag **an Spáinn** chun seirbhísí réigiúnacha agus áitiúla, a théann chun tairbhe leanaí agus teaghlach i ngátar, a bharrfheabhsú. Maidir leis **an Rómáin**, seoladh an clár Seirbhísí Pobail Comhtháite in 2 000 pobal tuaithe, lenar ghabh bunú foirne comhtháite agus oiliúint ar lucht saothair seirbhísí sóisialta, agus é de sprioc aige seirbhísí cuimsitheacha a sholáthar do 450 000 duine leochaileach ar a laghad, le tacaíocht CSE+. Mhéadaigh **Lucsamburg** a chuid tacaíochta do theaghlaigh ar ioncam íseal tríd an liúntas fuinnimh a mhéadú faoina thrí in 2025 agus tríd an incháilitheacht (pháirteach) a leathnú chucu siúd a thuilleann suas le 30 % os cionn na tairsí ioncaim. Sa tríú bliain as a chéile, lean **an Ísiltír** dá scéim fóirdheontais shealadach lenar ghabh buiséad EUR 56,3 milliún (in 2025) chun cabhrú le teaghlaigh ar ioncam íseal a gcuid billí fuinnimh a bhainistiú in 2025. Tá rochtain ar an iompar poiblí leathnaithe ag an **bPortaingéil** trí phasanna saor in aisce a chur ar fáil do na daoine uile faoi bhun 23 bliana d'aois, gan beann ar a stádas clárúcháin in institiúidí oideachais.

In 2024-25, rinne roinnt Ballstát bearta darb aidhm an rochtain ar chosaint shóisialta d'oibrithe agus do dhaoine féinfhostaithe a neartú, i gcomhréir le Moladh 2019 ón gComhairle³¹⁹, go háirithe i gcás sochair dhífhostaíochta. Chuir **an Fhrainc** feabhas ar rochtain oibrithe ag a bhfuil stair fostaíochta neamhleanúnach, go háirithe oibrithe séasúracha chomh maith le hiarrphríosúnaigh, fad a mhaolaigh **an Iodáil** na ceanglais maidir le rochtain ar an liúntas neamhleanúnachais d'oibrithe san earnáil ealaíne. Maidir leis an athchóiriú a rinne **an Eastóin** in 2026 i dtreo sochar bonnráta uilíoch, tá coinne leis go bhfeabhsófar leis rochtain na n-oibrithe i bhfostaíocht neamhrialta nó fostaíocht thionscadalbhunaithe tríd an tréimhse cháilitheach a laghdú (go 8 mí oibre laistigh de 3 bliana). Tá **an Pholainn** ag ullmhú dlí chun tacú le cuimsiú ealaíontóirí gairmiúla sa chóras cosanta sóisialta (ó lár 2026), agus chuir an t-athchóiriú in 2025 deireadh leis an laghdú (20 %) ar an liúntas bunúsach do chuardaitheoirí poist lena mbaineann tréimhsí ranníocaíochta is lú ná 5 bliana.

³¹⁹ Féach: [Moladh ón gComhairle an 8 Samhain 2019 maidir le rochtain ar chosaint shóisialta d'oibrithe agus do dhaoine féinfhostaithe.](#)

D’fhéach na Ballstáit le feabhas a chur ar an gcumhdach cosanta sóisialta do dhaoine féinfhostaithe agus do dhaoine i gcineálacha neamhchaighdeánacha fostaíochta. Ó 2025, leathnaigh **an Chipir** saoire tuismitheora agus sochair a bhaineann le timpistí agus galair cheirde dóibh. Dheonaigh **Málta** saoire atharthachta íochta d’aithreacha féinfhostaithe. Sa **Bheilg**, ó 2026, beidh ar ardáin dhigiteacha a bhfoireann fhéinfhostaithe a árachú in aghaidh timpistí san áit oibre. Rinneadh feabhsuithe ar na scéimeanna atá ann cheana do dhaoine féinfhostaithe, nó tá coinne leis go bhfeabhsófar iad, sa **Chróit** i gcás sochair bhreuiteachta agus san **Iodáil** i gcás sochair bhreuiteachta agus saoire tuismitheora. Tá dlí nua á ullmhú ag **an Ísiltír** chun bun-árachas míchumais éigeantach a thabhairt isteach le haghaidh daoine féinfhostaithe. Ó 2025 ar aghaidh, modhnaítear le hollchóiriú na **Seicia** ar chonarthaí comhaontaithe oibre (‘DPP’) tairseacha árachais agus leathnaítear iad chun teidlíochtaí breuiteachta, pinsin agus roinnt teidlíochtaí saoire a chumhdach, fad a leathnaíodh na tréimhsí cúitimh sa **Bhulgáir** i gcás easláine shealadach mar gheall ar thionóiscí ceirde nó galair d’oibrithe talmhaíochta gearrthéarmacha. Sa **Spáinn**, tugadh ar ais an chomhéifeacht iolraitheora do ‘oibrithe séasúracha buana’ chun ríomhanna sochair a choigeartú agus chun rochtain ar phinsin éagumais agus scoir a fheabhsú, agus oiriúnaíodh conarthaí ar théarma seasta ar fhoras táirgthe i gcás na n-earnálacha talmhaíochta agus agraibhia. Sa **Chróit**, leathnaíodh sochair mháithreachais, thuismitheora agus atharthachta le hardú leibhéal cúitimh, maolú ceanglas, agus leathnú an chumhdaigh chuig oibrithe féinfhostaithe, páirtaimseartha agus oibrithe eile a bhí eisiata roimhe sin. Ó mhí Eanáir 2026 i leith, mhéadaigh **an tSlóvaic** an bonn measúnaithe íosta maidir le ranníocaíochtaí breuiteachta agus pinsin a íoc ó 50 % go 60 % den mheánphá a bhí ann 2 bhliain ó shin. I mí Iúil 2026 nó tar éis dóibh 6 mhí de ghníomhaíocht a dhéanamh, beidh daoine féinfhostaithe cumhdaithe go héigeantach ag árachas breuiteachta agus pinsin, agus an bonn measúnaithe cothrom le 26 % den mheánphá a bhí ann 2 bhliain ó shin.

Lean roinnt Ballstát d’fheabhas a chur ar thrédhearcacht agus simpliú scéimeanna cosanta sóisialta lena n-áirítear le huirlisí digiteacha. Mar shampla, sa **Spáinn** i mí Mheán Fómhair 2024, seoladh feidhmchlár móibíleach nua chun faisnéis cothrom le dáta a sholáthar agus, i mí Eanáir 2025, seoladh suíomh gréasáin nua lena gcuimsítear rochtain teileamaitice ar nósanna imeachta, faisnéis agus seirbhísí maidir le pinsin agus sochair. Sa **tSlóvaic**, leathnaíodh, i lár 2024, an trédhearcacht ar líne a thuilleadh trí fheabhas a chur ar Ríomhchuntais Daoine faoi Árachas chun sonraí fíor-ama a áireamh maidir le sochair bhreuiteachta agus mháithreachais (anuas ar phinsin agus ranníocaíochtaí). Glacadh bearta simpliúcháin sa **tSeicia** i lár 2025 freisin, lena cuíchóiríodh próisis íocaíochta pinsin do thairbhíthe ar an gcoigríoch. D’fhorbair **an Ghearmáin** a ‘Digitale Rentenübersicht’ a thuilleadh, le tacaíocht ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, in 2024–25, trí naisc soláthraithe a leathnú agus feabhas a chur ar an rochtain ar fhaisnéis chuimsitheach ar líne maidir le pinsin.

Ba é ab aidhm ag roinnt mhaith athchóirithe an t-ualach airgeadais ar thuismitheoirí a laghdú agus dul i ngleic le bochtaineacht leanaí trí bhíthin sochair airgid thirim. Le tacaíocht CSE+, forbróidh **an Bhulgáir** cleachtadh mapála i ndáil le leanaí i bhfíorbhochtaineacht. Mhéadaigh roinnt tíortha eile sochair leanaí (e.g. **an Chipir, Málta**), nó sochair cúraim leanaí (e.g. **an Laitvia**, do leanaí faoi mhíchumas). In 2024, sheol **an Spáinn** clár, arna chistiú ag CSE+, chun cártaí/dearbháin a dháileadh agus iad a athlíonadh go tréimhsiúil, ar clár é arna chur chun feidhme ag an Aireacht Ceart Sóisialta le tacaíocht ó Chros Dhearg na Spáinne, chun tacú le teaghlaigh ina bhfuil leanaí cleithiúnacha agus a bhfuil an n-ioncam faoi bhun na tairsí bochtaineachta. In **Éirinn**, tugadh isteach Deontas do Naíonáin Nuabheirthe, lena soláthraítear íocaíocht aon uaire EUR 280, in éineacht leis an gcéad mhí den Sochar Linbh, do thuismitheoirí leanaí a rugadh ar an 1 Eanáir 2025, nó ina dhiaidh. In 2024, méadaigh **Málta** a Bhónas breithe go EUR 500 don chéad leanbh agus EUR 1 000 do gach leanbh ina dhiaidh sin sa teaghlach. Seachas deontais do bhreith naíonán, áirítear ar fheabhsuithe eile bille sa **Fhrainc**, a bhfuil sé d’aidhm aige liúntais teaghlaigh a leathnú go tuismitheoirí ó bhreith a gcéad linbh, seachas ón dara leanbh ar aghaidh, lena dtacaítear le teaghlaigh ina bhfuil leanbh aonair agus atá i bhfíorbhaol bochtaineachta. Leathnaíodh an cumhdach san Íocaíocht do Theaghlach i bhFostaíocht in **Éirinn** freisin, lena dtacaítear le hoibrithe ar phá íseal a bhfuil leanaí acu, trí mhéaduithe ar na tairsí ioncaim do gach teaghlach, idir bheag agus mhór. Ina theannta sin, tá athchóirithe molta **san Fhionlainn** chun an tAcht maidir le tacaíocht leanaí a leasú chun é a neartú mar fhoinsé ioncaim do theaghlaigh incháilithe ina bhfuil leanaí.

Achtaíodh athchóirithe éagsúla chun feabhas a chur ar rochtain leanaí ar phríomhseirbhísí agus príomhsheirbhísí, i gcomhréir leis an Ráthaíocht Eorpach do Leanaí. Mar shampla, sa **Phortaingéil**, tá clár á chur chun feidhme lena soláthraítear oideachas réamhscoile saor in aisce do 5 000 leanbh, agus béim á leagan ar limistéir ina bhfuil roghanna teoranta poiblí agus líonra dlúthpháirtíochta. Is é atá i gceist leis an tionscnamh conradh a dhéanamh le hinstitiúidí oideachais príobháideacha, comhoibritheacha agus sóisialta chun 200 saoráid réamhscoile nua a oscailt, agus infheistíocht mhór á déanamh ó 2025 go 2028. Sheol **an Chipir** athchóiriú chun oideachas réamh-bhunscoile éigeantach saor in aisce a leathnú do leanaí 4+ bliana d’aois, le tacaíocht ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta. Mhéadaigh **an Laitvia** an liúntas cúraim leanaí do leanaí faoi mhíchumas ó EUR 313 go EUR 413 in aghaidh na míosa chun tacaíocht airgeadais bhreise a sholáthar do theaghlaigh chun costais a bhaineann le cúram a íoc. Ghlac **an Pholainn** caighdeán cháilíochta le haghaidh saoráidí cúraim leanaí. Chomh maith le hoideachas agus cúram na luath-óige, thug **an Chipir** soláthar bricfeasta isteach do dhaltáí leochaileacha i scoileanna poiblí, i dtionscnamh arna chómhaoiniú ag CSE+. Sa **Rómáin**, sheol an rialtas an clár ‘Béile Sláintiúil’, le tacaíocht ó CSE+, lena dtugtar pacáiste laethúil béile the nó bia do dhaltáí i scoileanna leochaileacha, rud a chuireann lena ndea-bhail. Cruthaítear leis freisin líonra de 150 ionad cúraim lae chun scaradh leanaí óna dteaghlaigh a chosc trí ghníomhaíochtaí tiomnaithe a sholáthar do leanaí agus tuismitheoirí araon, le tacaíocht ó STA.

Tá bearta déanta ag na Ballstáit chun feabhas a chur ar dheiseanna fostaíochta do dhaoine faoi mhíchumas chomh maith le hinrochtaineacht seirbhísí. Neartaigh **an Bhulgáir** an maoiniú do bhearta gníomhacha beartais maidir leis an margadh saothair, lena n-áirítear deiseanna fostaíochta agus oiliúna fóirdheonaithe do dhaoine faoi mhíchumas. Cuireann **an Ghréig** earcú daoine faoi mhíchumas chun cinn in eagraíochtaí rialtais áitiúil. D’fhorbair **an Rómáin** seirbhísí pobalbhunaithe comhtháite i bpobail tuaithe chun rochtain ar chúram sláinte, oideachas agus seirbhísí sóisialta a fheabhsú. Agus aidhm chomhchosúil aici, ghlac **an Spáinn** bearta chun rochtain ar phríomhsheirbhísí tacaíochta a neartú, lena n-áirítear cúnamh pearsanta, cúram baile agus teileachúram. Lean roinnt Ballstát d’infheistíocht a dhéanamh i seirbhísí cónaithe do dhaoine faoi mhíchumas chun a n-acmhainneacht a mhéadú, mar a rinneadh i **Málta** agus sa **Spáinn**, nó chun a gcáilíocht a fheabhsú, mar a rinneadh sa **Rómáin**. Tá bearta á nglacadh ag **an Spáinn** agus ag **an Eastóin** chun feabhas a chur ar inrochtaineacht teicneolaíochtaí cúnta, lena n-áirítear réitigh dhigiteacha. Rinne **Éire** líon na gComhairleoirí Pearsanta d’Fhostaíocht Mhíchumais a dhúbailt agus tá athbhreithniú déanta aici ar a n-oiliúint.

Tá straitéisí náisiúnta comhtháite fadtéarmacha ceaptha agus glactha ag roinnt Ballstát chun aghaidh a thabhairt ar an easpa dídine. Sheol **an Ghearmáin** Plean Gníomhaíochta Náisiúnta den chéad uair i mí Aibreáin 2024 chun dul i ngleic leis an easpa dídine, lena soláthraítear treoirlínte náisiúnta le haghaidh gníomhaíocht chomhordaithe an rialtais cónaidhme, na stát agus na mbardas. Nuashonraigh **an Phortaingéil** a straitéis ilbhliantúil chun daoine gan dídean a imeascadh, lena n-áirítear córas rabhaidh comhtháite le haghaidh cásanna riosca, idirghabhálacha pearsantaithe le bainisteoirí cásanna ar an leibhéal áitiúil, agus méadú ar réitigh ‘tús áite don tithíocht’ agus árasáin chomhroinnte. Tá sé beartaithe ag **an tSlóivéin** straitéis a ghlacadh den chéad uair chun an easpa dídine a chosc agus deireadh a chur léi, lena soláthrófar sainmhíniú uirthi agus lena ndíreofar ar chóiríocht leormhaith, chobhsaí, inrochtana agus shábháilte do chách. D’fhoilsigh **Éire** plean nua comhtháite um thithíocht agus easpa dídine i mí na Samhna 2025. Tá sé bunaithe ar dhá phríomhchólún: soláthar breise 300 000 cónaí a ghníomhachtú agus tacú le daoine a dteach féin a bheith acu. Is é is aidhm don phlean cur chuige uile-rialtais a áirithiú chun aghaidh a thabhairt ar an easpa dídine agus tugtar gealltanais ann creat náisiúnta a fhorbairt chun easpa dídine a chosc.

Tá pinsin agus aosú gníomhach fós ard ar chlár oibre athchóirithe na mBallstát, agus is é is aidhm don chuid is mó de na bearta tacú le saol oibre níos faide agus an scor a chur siar. In Éirinn, cuirfidh Bille Fostaíochta 2025 ar a gcumas do dhaoine rogha a dhéanamh leanúint de bheith ag obair tar éis na haoise inphinsin, ach amháin más féidir leis an bhfostóir údar dlisteanach comhréireach a thabhairt chun iallach a chur ar dhaoine dul ar scor. I **Málta, na daoine sin a bhfuil a ndóthain ranníocaíochtaí slándála sóisialta carntha acu chun dul ar scor, gheobhaidh siad breisiú níos airde ar a bpinsean le haghaidh gach bliana breise a fhanfaidh siad fostaithe go dtí go mbeidh siad 65 bliana d'aois. Sa **Bheilg**, ó mhí Dheireadh Fómhair 2025, is féidir le daoine féinfhostaithe cearta pinsin breise a fhorbairt má leanann siad de bheith ag obair agus ag íoc ranníocaíochtaí slándála sóisialta tar éis aois scoir. Óna thaobh féin de, déanfaidh **Lucsamburg** na rialacha carntha d'fhostaithe agus do dhaoine féinfhostaithe a chomhchoibhéisiú agus luathpinsin seanaoise nó pinsin mhíchumais á gcomhcheangal le gníomhaíocht ghairmiúil. Thug **an Liotuáin** dreasachtaí breise isteach i ndáil le hobair do dhaoine scothaosta agus do dhaoine faoi mhíchumas, rud a leathnaigh íocaíocht na bpinsean seanaoise agus míchumais um chúnamh sóisialta do dhaoine fostaithe a bhaineann leis na grúpaí sin. Thug **an Iodáil** dreasachtaí isteach maidir le leanúint den obair dóibh siúd a chomhlíonann na ceanglais incháilitheachta le haghaidh scéimeanna luathscoir áirithe. Méadaíodh an aois scoir reachtúil sa **tSeicia** agus sa **Danmhairg**. Cuireadh clár oibre leathan maidir le haosú gníomhach agus déimeagrafaíocht chun cinn sa **Ghréig**, agus lean **an Bhulgáir** dá straitéis maidir le haosú gníomhach a chur chun feidhme, agus d'fhorbair **an Chipir** ceann den chéad uair. Leathnaíodh an luathscor do dhaoine i ngairmeacha a bhfuil riosca ag baint leo sa **tSeicia**, agus díríodh níos fearr san **Ísiltír** ar an scéim luathscoir trí tharscaoiltí cánach le haghaidh poist atá dian ar an gcorp agus cuireadh síneadh léi go dtí 2029.**

Rinne roinnt tíortha beart chun feabhas a chur ar leordhóthanacht na bpinsean agus chun tacú leo siúd ar phinsin ísle. I **Málta** cuireadh bearta ar aghaidh chuige sin, lena n-áirítear méadú beag ar na pinsin seanaoise uile in 2025, méadú de réir a chéile ar phinsin baintrí fir, deontas níos airde do sheanáoirí idir 75-79 mbliana d’aois, agus díolúintí cánach feabhsaithe do phinsinéirí atá 61+ bhliain d’aois. Tugadh coigeartuithe isteach freisin sa bhónas costais maireachtála. San **Iodáil**, cinneadh méadú sealadach ar phinsin íosta le haghaidh 2025 agus 2026, agus tugadh isteach forlíontaí sóisialta do phinsinéirí faoi mhíbhuntáiste, agus chuir **an Phortaingéil** forlíonadh pinsin urghnách i bhfeidhm dóibh siúd ar phinsin ísle. Sa **Laitvia**, méadaíodh an t-íosphínsean seanaoise, agus tá forlíontaí pinsin seanaoise agus míchumais stáit á dtabhairt isteach arís de réir a chéile. Rinne **an Liotuáin** innéacsú ar gach pinsean seanaoise míchumais agus marthanóirí, agus chuir **an Rómáin** ar fionraí in 2025 an sásra innéacsaithe sochar sóisialta a tugadh isteach le déanaí dóibh siúd ar phinsin íosta agus ísle, a fuair cabhair airgeadais aonuaire ina ionad sin. Mhéadaigh **an Danmhairg** an pinsean forlíontach trí cháin paisinéirí i réimse an aerthaistil. Ghlac **an tSlóivéin** athchóiriú pinsin in 2025, lena n-áirítear méadú ar an bpinsean íosta agus ar an bpinsean ráthaithe a thiocfaidh i bhfeidhm in 2026 do lucht nua faighte pinsin agus dóibh siúd a fhaigheann pinsean cheana féin, chomh maith le méadú ar an ráta fabhráithe i gcás pinsean lena ngabhann tréimhse cháilitheach 40 bliain agus i gcás pinsin baintreach/baintreach fir. Tá bearta glactha ag Ballstáit eile chun leibhéal agus leordhóthanacht na sochar míchumais (**an Eastóin, an Fhrainc, an Chipir, an Rómáin, an Spáinn, an tSlóivéin**) agus na tacaíochta airgeadais do chúramóirí (**Málta, an tSlóvaic, an Rómáin**) a neartú.

Rinneadh bearta i roinnt tíortha chun tacú le leordhóthanacht na bpinsean agus, an tráth céanna, chun rannchuidiú le hinbhuanaitheacht na bpinsean a áirithiú, i ndáil le córais phinsin ilcholúnacha a fhorbairt freisin. San **Iodáil**, is féidir le daoine aonair ráta breise ranníocaíochta pinsin a íoc go deonach anois sa bhreis ar an ráta caighdeánach. Rinne **an Laitvia** aistriú 1 % de na rátaí ranníocaíochta pinsin arna gcistiú ag an stát ó chiste pinsin stáit an dara colún chuig scéim ‘íoc mar a úsáidtear’ an chéad cholún. Thug **Éire** córas coigiltis scoir uathchláraithe isteach, a sheolfar an 1 Eanáir 2026. D’fhógair **Málta** bearta comhchosúla maidir le huathchlárú, mhéadaigh sé an tréimhse ranníocach agus, chun éagsúlú ioncaim scoir a chur chun cinn, thug sé isteach tionscnaimh oideachais agus neartaigh sé sochair chánach chun glacadh scéimeanna pinsin an tríú colún a spreagadh. Tá athchóirithe leathana pinsin á saothrú sa **Chróit**, chun leordhóthanacht agus inbhuanaitheacht na bpinsean a áirithiú, agus tá athbhreithniú á dhéanamh ar chóras na bpinsean sa **Bhulgáir** agus tá sé beartaithe go ndéanfar amhlaidh i **Málta**.

Tá bearta tugtha isteach ag na Ballstáit chun cumhdach cúraim sláinte a neartú agus chun rochtain chothrom agus cáilíocht an chúraim a fheabhsú. Tháinig méadú 16 % ar bhuiséad 2025 do Chiste Árachais Sláinte Náisiúnta na **Bulgáire**, lena n-áirítear le haghaidh bearta lena leathnaítear cumhdach tástála ailse, agus lena dtacaítear le cógaslanna i limistéir nach ndéantar freastal ceart orthu. Tá an t-athchóiriú is mó dá cuid le 20 bliain anuas á chur chun feidhme ag **an Danmhairg** in 2025 chun amanna feithimh a laghdú, rogha na n-othar a leathnú, agus rochtain ar chúram a fheabhsú. Ó bhí mí Eanáir 2025 ann, tá comhíocaíochtaí á gcruinniú ag **an Eastóin** chun borradh a chur faoin gcistiú, agus ospidéal á gcomhdhlúthú aici an tráth céanna, i gcomhthéacs a plean téarnaimh agus athléimneachta, ó bhí mí na Nollag 2024 ann, chun feabhas a chur ar an éifeachtúlacht agus chun riachtanais leighis nach ndéantar freastal orthu a laghdú. Sa **Ghearmáin**, tháinig mór-athchóiriú ospidéal i bhfeidhm i mí na Nollag 2024, lena n-áirítear cáilíocht mhéadaithe na cóireála, cúram cuimsitheach leighis agus éifeachtúlacht fheabhsaithe an chúraim ospidéal, agus lena dtugtar isteach córas aisíocaíochta chun gnáthaimh leighis nach bhfuil gá leo a laghdú. Ó mhí Eanáir 2025 ar aghaidh, leathnaigh **an Laitvia** liosta na gcógas in-aisíochta, mhéadaigh sí leibhéal na haisíocaíochta poiblí ar chógais, shocraigh sí caidheonna praghaís ar mhonaróirí, agus chuir sí teorainn le comhíocaíochtaí le hoidis tosaigh. Le plean téarnaimh agus athléimneachta **na Polainne** tacaítear leis an Líonra Náisiúnta Cairdeolaíochta chun feabhas a chur ar chúram cairdeolaíochta ar fud na tíre le dlí a glacadh i mí an Mheithimh 2025. Rinne **an tSlóivéin** anailís chostais náisiúnta, ar ar a bonn a dtabharfar isteach ualaí nua do ghrúpaí diagnóisbhunaithe maidir le híocaíochtaí as seirbhísí i gcúram ospidéal géarthinnis a íoc ó mhí Eanáir 2026 ar aghaidh.

Rinneadh bearta freisin chun an cúram príomhúil a neartú, an comhtháthú seirbhísí a fheabhsú, agus an digiteáil a chur chun cinn, lena n-áirítear tacaíocht do mhalartú sonraí. Ag tús 2025, rinne **Éire** athstruchtúrú ar a córas sláinte le sé Réigiún Sláinte nua faoi athchóiriú Sláintecare chun borradh a chur faoin gcúram comhtháite, chun an chinnteoireacht a dhílárú agus chun cur chuige daonra-bhunaithe a sholáthar maidir le pleanáil seirbhísí. Ó bhí 2025 ann, tá **Lucsamburg** ag obair chun líonraí cúraim comhtháite a chruthú le haghaidh diaibéitis agus murtall galrach, lena dtugtar le chéile soláthraithe cúraim phríomhúil agus speisialaithe. I mí Mheán Fómhair 2024, d'fhógair **an Phortaingéil** go gcruthófaí 'aonaid sláinte teaghlaigh Mhúnla C' nua, arna n-oibriú ag soláthraithe cúraim sláinte príobháideacha ach arna gcomhtháthú sa tseirbhís sláinte náisiúnta chun rochtain ar sholáthar cúraim sláinte phríomhúil a leathnú. I mí Mheán Fómhair 2024, d'fhorghaib **an tSlóivéin** straitéis cúraim sláinte phríomhúil le haghaidh 2024–31 agus thug sí isteach modh íocaíochta nua le haghaidh cleachtais teaghlaigh agus phéidiatracha ar an mbunleibhéal i mí Feabhra 2025 chun an inrochtaineacht a neartú. Faoina plean téarnaimh agus athléimneachta, is é is aidhm do dhlí athchóirithe **na Gréige** ó mhí na Samhna 2024 cúram sláinte príomhúil a neartú trí incháilitheacht dochtúirí a leathnú chun bheith ina 'dochtúirí pearsanta' agus speisialtóireachtaí i leigheas ginearálta/teaghlaigh nó inmheánach a dhreasú. Tá athchóiriú sláinte digitéil á chur i bhfeidhm ag an **gCróit** trí ardán náisiúnta TF chun institiúidí oinceolaíochta a nascadh, mar chuid dá plean téarnaimh agus athléimneachta. Díríonn plean téarnaimh agus athléimneachta **na hUngáire** le haghaidh 2025 ar dhigiteáil an chúraim sláinte a chur chun cinn agus an cúram príomhúil a neartú, lena n-áirítear pobail liachleachtóirí ginearálta a fhorbairt agus bainistiú feabhsaithe ar ghálair ainsealacha. I mí na Samhna 2024, d'fhoilsigh **an Rómáin** a Straitéis Náisiúnta um an tSláinte Dhigiteach 2024–30, arb é is aidhm di feabhas a chur ar rialachas digiteach, scileanna, bonneagar agus nuálaíocht i ndigiteáil sláinte, ar gealltanais iad atá ina plean téarnaimh agus athléimneachta.

Rinne na Ballstáit bearta freisin chun aghaidh a thabhairt ar ghanntanais saothair cúraim sláinte lena n-áirítear trí fheabhas a chur ar choinneáil foirne. Le tacaíocht ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, rinne **an Ostair** 150 altra pobail a imscaradh faoi dheireadh 2024. I mí an Mheithimh 2025, leathnaigh **an Fhrainc** ról altraí trí údarú a thabhairt dóibh comhairliúcháin choisc inaisíochta a stiúradh. D'fhorghaib **an Laitvia** straitéis 2025–29 maidir leis an lucht saothair sláinte faoi chuimsiú a plean téarnaimh agus athléimneachta, agus í dírithe ar dhálaí oibre níos fearr agus ar ról nua. D'fhorbair **Málta** uirlis pleanála don lucht saothair sláinte faoina plean téarnaimh agus athléimneachta chun tacú le hacmhainní daonna, buiséadú agus earcaíocht.

Trí bhearta feabhsaithe sláinte poiblí, díríodh freisin ar an gcosc agus ar chur chun cinn na sláinte, lena n-áirítear an mheabhairshláinte agus galair chardashoithíocha. I mí na Nollag 2024, thug **an tSeicia** isteach Plean Náisiúnta Cardashoithíoch 2025–35, lenar seoladh cláir scagthástála agus cláir choisc nua arna gcumhdach go hiomlán le hárachas. Le tacaíocht ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, cuireann **an Fhionlainn** bearta coisctheacha agus luathbhraite chun cinn trí shamhlacha seirbhíse ilearnála comhtháite réigiúnacha le haghaidh 22 chontae seirbhísí folláine. Cuireann PTA **na Slóvaice** feabhsuithe sistémacha meabhairshláinte chun cinn, lena n-áirítear oiliúint foirne.

Tá bearta éagsúla déanta ag na Ballstáit chun córais chúraim fhadtéarmaigh a oiriúnú agus a fheabhsú mar fhreagairt ar athruithe déimeagrafacha agus ar riachtanais na sochaí. Baineann cuid de na hiarrachtaí sin le feabhas a chur ar leordhóthanacht agus infhaighteacht seirbhísí trí chomhtháthú níos fearr, samhlacha cúraim nua agus úsáid TFC. Thionscain Flóndras (**an Bheilg**) tionscadal ceithre bliana ‘ToekomstZorg’ chun cúram fadtéarmach idirearnálach a fhorbairt. Le tacaíocht ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, tá a seirbhísí sóisialta á nuachóiriú agus á leathnú ag an m**Bulgáir** le pleananna chun saoráidí cúraim cónaithe a athchóiriú agus cinn nua a chruthú faoi mhí an Mheithimh 2026, i gcomhréir le caighdeán cháilíochta a leagtar amach le Rialachán 2022 maidir le Cáilíocht na Seirbhísí Sóisialta. Is é is aidhm d’athchóiriú **na Danmhairge** ar earnáil an chúraim fhadtéarmaigh (mí Iúil 2025) an tacaíocht don mhaireachtáil neamhspleách a fheabhsú trí ghníomhaíochtaí coisctheacha agus seirbhísí a sholáthraítear bunaithe ar riachtanais aonair. Is é is aidhm do Straitéis Cúraim Fhadtéarmaigh **na Gréige** (mí Iúil 2024) córas cosanta sóisialta éifeachtach a bhunú le haghaidh cúram fadtéarmach, agus moltar cuspóirí straitéiseacha agus plean rialachais cuimsitheach inti. Tá **an Spáinn** ag athrú a samhla cúraim faoina plean téarnaimh agus athléimneachta, agus béim á leagan aici ar dhí-institiúidiú agus ar chúram pobalbhunaithe, le tacaíocht ó infheistíochtaí i seirbhísí teileachúraim agus i saoráidí cónaithe. Tá **an Chróit** ag obair le tacaíocht STA agus CSE+ i dtreo córas comhtháite cúraim fhadtéarmaigh agus tá sé beartaithe aici ionaid fuinnimh nialasaigh a thógáil chun cúram comhtháite a áirithiú do dhaoine scothaosta, agus seirbhísí cúraim baile agus pobalbhunaithe á leathnú an tráth céanna. Tá samhail nua cúraim fhadtéarmaigh á forbairt ag **an Liotuáin**, arb é is aidhm di cúram fadtéarmach baile agus pobalbhunaithe a fheabhsú. Tá fóram comhpháirtíochta nua curtha ar bun ag **an Ungáir** chun faireachán a dhéanamh ar a straitéis cúraim fhadtéarmaigh. Tá athbhreithniú á dhéanamh ag an b**Polainn** ar a creat dlíthiúil chun cúram fadtéarmach agus cúram neamhfhoirmiúil a shainiú, agus ‘dearbhan sinsearach’ á thabhairt isteach aici chun cistiú a mhéadú agus an córas dearbhaithe cáilíochta á shainiú aici le haghaidh an chúraim fhadtéarmaigh. Tá bearta athchóirithe cúraim á dtabhairt cothrom le dáta ag **an Ostair** chun faoiseamh a thabhairt do chúramóirí teaghlaigh agus chun soláthar agus éifeachtúlacht an lucht saothair a fheabhsú. Leasaigh **an Phortaingéil** an Reacht um Chúramóirí Neamhfhoirmiúla, rud a d’éascaigh na próisis iarratais agus a leathnaigh rochtain chúramóirí ar dhaoine nach baill teaghlaigh iad. Sa **tSlóivéin**, chun ganntanais leanúnacha saothair a mhaolú, rinneadh bearta sealadacha darb aidhm feabhas a chur ar an soláthar foirne agus ar dhálaí oibre i seirbhísí cúraim ó mhí Iúil 2024 ar aghaidh. Le leasú **na Slóvaice** ar an nGníomh um Sheirbhísí Sóisialta, déantar liúntais do chúramóirí a chaighdeánú, rud a chabhraíonn go mór leo siúd atá faoi mhíchumas tromchúiseach. Laghdaigh **an Fhionlainn** a cóimheas idir foireann agus othar maidir le cúram do dhaoine scothaosta chun solúbthacht agus inbhuanaitheacht an chúraim fhadtéarmaigh a áirithiú i bhfianaise an éilimh atá ag dul i méid, brúnna costais agus ganntanais leanúnacha lucht saothair. Lean roinnt Ballstát d’infheistíocht a dhéanamh chun an acmhainneacht a mhéadú (e.g. **Málta**, **an Spáinn**) nó feabhas a chur ar cháilíocht na saoráidí cúraim cónaithe do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine scothaosta (e.g. **an Rómáin**).

CAIBIDIL 3. ANAILÍS CHÉADCHÉIME AR AN GCREAT MAIDIR LE CÓINEASÚ SÓISIALTA

Leis an anailís tíre chéadchéime, déantar scrúdú ar an margadh saothair, scileanna agus forbairtí sóisialta i ngach Ballstát chun tosca a d'fhéadfadh an cóineasú sóisialta aníos a chur i mbaol, atá ina n-údar le hanailís bhreise in anailís dara céim, a bhrath. Tá an anailís thírshonrach sin bunaithe ar phrionsabail an Chreata maidir le Cóineasú Sóisialta (CCS) agus tá sí i gcomhréir le hAirteagal 148 CFAE. Freagraíonn sí freisin d'Airteagal 3(3), pointe (b) de Rialachán (AE) 2024/1263 maidir le beartais eacnamaíocha agus faireachas buiséadach iltaobhach a chomhordú go héifeachtach. Léirítear sa phointe sin go n-áirítear leis an bhfaireachas bliantúil a dhéanann an Coimisiún ar chur chun feidhme na dtreoirilínte fostaíochta, mar chuid den Seimeastar Eorpach, an dul chun cinn maidir le prionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta agus a phríomhspríocanna a chur chun feidhme, tríd an scórchlár sóisialta agus trí chreat chun rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann don chóineasú sóisialta aníos a shainaithint³²⁰. Tá an anailís chéadchéime ar an gcreat bunaithe ar phríomhtháscairí an Scórchláir Shóisialta agus sainaithnítear inti *rioscaí féideartha* don chóineasú sóisialta aníos (féach an bosca modheolaíochta ag deireadh na roinne seo chomh maith le hIarscríbhinní 6 agus 2 chun tuilleadh sonraí a fháil). Chun a chinneadh an ann do *dhúshláin iarbhair* maidir le cóineasú sóisialta aníos agus na príomhthosca is cúis leo, déanfar anailís dara céim in earrach 2026. Braitheann an dara hanailís sin ar thacar níos leithne d'fhianaise chainníochtúil agus cháilíochtúil agus is léiriú é ar na bearta a rinne na Ballstáit nó atá beartaithe acu chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin. Ina dhiaidh sin, cuirtear i láthair i roinn 3,1 na príomhthorthaí cothrománacha bunaithe ar an anailís chéadchéime ar CCS. Leantar leis an anailís tíre i roinn 3,2, lena léirítear cé na tíortha ar gá tuilleadh anailíse a dhéanamh orthu sa dara céim.

³²⁰ Ina theannta sin, mar chuid d'Aithris 8 den Rialachán, soiléirítear 'Mar chuid dá anailís chomhtháite ar fhorbairtí fostaíochta agus sóisialta i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh, déanann an Coimisiún measúnú ar rioscaí don chóineasú sóisialta aníos sna Ballstáit agus déanann sé faireachán ar chur chun feidhme phrionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta ar bhonn an Scórchláir Shóisialta agus phrionsabail an Chreata um Chóineasú Sóisialta'.

3.1 Príomhthorthaí cothrománacha

In 2024, bhí cóineasú aníos sna rátaí fostaíochta agus shroich ráta dífhostaíochta an Aontais leibhéal níos ísle ná riamh, agus laghdú beag ar rioscaí bochtaineachta ag gabháil leis, i bhfianaise an fháis eacnamaíoch mheasartha; sainaithnítear, mar sin féin, roinnt rioscaí don chóineasú aníos sa mhargadh saothair, i scileanna agus i réimsí sóisialta³²¹. Nuair a chuirtear modheolaíocht soilse tráchta na Tuarascála Comhpháirtí ar Fhostaíocht i bhfeidhm maidir le príomhtháscairí an Scórchláir Shóisialta, cuidítear chun dúshlán a shainaithint lena mbaineann ábharthacht ar leith do chur chun feidhme Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta (féach Iarscríbhinní 6 agus 2, faoi seach). Trí na comharthaí ó tháscairí an Scórchláir Shóisialta a chomhiomlánú ar bhonn tír ar thír, is féidir meastóireacht fhoriomlán a dhéanamh ar na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann don chóineasú sóisialta aníos atá os comhair an Aontais agus a Bhallstát. Leagtar amach achoimre ar phríomhthorthaí cothrománacha thíos (féach freisin Tábla 3.1.1 agus Fíor 3.1.1).

³²¹ Tá an tAontas ar an mbóthar ceart chun a sprioc maidir le ráta fostaíochta 78 % go dtí 2030 a bhaint amach, agus níl ach bearna 2.2 pointe céatadáin fágtha. Mar sin féin, tá gá le tuilleadh iarrachtaí chun spriocanna an Aontais do 2030 maidir le foghlaim aosach agus laghdú na bochtaineachta a bhaint amach. Ní raibh rannpháirtíocht san fhoghlaim aosach ach ag 39,5 % in 2022, i gcomparáid le sprioc 60 %, agus an tráth céanna níor tháinig ach laghdú 2,9 milliún ar iarrachtaí chun an bhochtaineacht a laghdú faoi 2024, i gcomparáid le sprioc 15 mhilliún.

- **Cé gur leanadh den chóineasú aníos i gcás na rátaí fostaíochta agus dífhostaíochta fadtéarmaí, bhí torthaí mhargadh an tsaothair do dhaoine óga agus do dhaoine faoi mhíchumas marbhánta nó tháinig laghdú beag orthu.** Tháinig méadú ar rátaí fostaíochta i mbeagnach gach Ballstát (21), cé gur tháinig feabhas níos moille orthu i gcomparáid le blianta beaga anuas. Bhí an méadú ní ba mhó i gcás na dtíortha a raibh rátaí fostaíochta ní b'ísle acu, rud a thugann cóineasú aníos le fios. An tráth céanna, bhí idir mhaith agus olc san fheidhmíocht ar an ráta dífhostaíochta. Bhí ráta an Aontais ní b'ísle ná riamh in 2024, ach léirigh an táscaire roinnt éagsúlachta ar fud na mBallstát, rud a léirítear i líon réasúnta ard na gcásanna (ocht gcinn) a bhí 'criticiúil' agus 'le faire'. Ag an am céanna tá difríochtaí suntasacha réigiúnacha agus críochacha ann fós i mórán Ballstát. Ar an iomlán, ba dhearfaí na hathruithe sna rátaí dífhostaíochta fadtéarmaí, óir chonacthas cóineasú aníos san Aontas in 2024. Bhí formhór na mBallstát in ann roinnt dul chun cinn a dhéanamh maidir le mná a imeascadh i margadh an tsaothair, ach gan ach cúpla comhartha cóineasaithe ann agus fós ocht mBallstát san iomlán a bhí 'le faire' nó ar bhain 'cás criticiúil' leo maidir leis an ngné sin. Is beag dul chun cinn a bhí ann den chuid is mó do dhaoine óga, gan ach feabhas beag ar ráta na ndaoine óga nach raibh i mbun oideachais, fostaíochta ná oiliúna in 2024 agus gan aon chomhartha soiléir go raibh cóineasú aníos ann. Ar deireadh, tháinig méadú ar an mbearna fostaíochta maidir le daoine faoi mhíchumas ar leibhéal an Aontais agus chonacthas éagothromaíochtaí móra idir na Ballstáit, agus tá an stádas 'le faire' nó 'cás criticiúil' ag gabháil le hocht dtír.

- **Cuireann dul chun cinn mall míchothrom maidir le hoideachas agus scileanna teorainn le hacmhainneacht fhorbairt an chaipitil dhaonna agus cruthóidh sé rioscaí don iomaíochas agus don chomhtháthú sóisialta agus críochach, mura gcuirfear dlús mór le hiarrachtaí beartais.** Tháinig méadú beag ar an rannpháirtíocht san fhoghlaim aosach (arna tomhas leis an Suirbhé ar Oideachas Aosach) san Aontas idir 2016 agus 2022, ach bhí éagsúlacht ann maidir le feidhmíocht na mBallstát, toisc go ndearnadh an chuid is mó de na gnóthachain sna tíortha is fearr feidhmíocht. Léiríonn sonraí ó Shuirbhé an Aontais ar an bhFórsa Saothair méadú foriomlán ar an rannpháirtíocht freisin idir 2022 agus 2024³²². Is amhlaidh atá le linn na tréimhse 2021-23 maidir le sciar na ndaoine fásta a bhfuil bunscileanna digiteacha ar a laghad acu. Tá líon réasúnta ard Ballstát (naoi mBallstát agus deich mBallstát, faoi seach) ‘le faire’ nó i ‘cás criticiúil’ le haghaidh an dá tháscaire sin. Léiríonn an méid sin dúshlán mhóra i ndáil leis an gclaíocht glan agus digiteach agus an gá atá le hiomaíochas an Aontais a neartú. An tráth céanna, taifeadadh feabhsuithe beaga san Aontas in 2024 maidir le sciar na luathfhágálaithe ón oideachas agus ón oiliúint agus maidir le rannpháirtíocht in oideachas agus cúram na luath-óige. Mar sin féin, ní léir ó na meáin le haghaidh an dá tháscaire sin na difríochtaí an-substaintiúil idir na Ballstáit, ná go raibh líon níos mó cásanna ‘criticiúla’ agus ‘le faire’ ann in 2024 (ag bogadh ó naoi gcinn go deich gcinn sa dá chás), agus gan aon chomhartha den chóineasú aníos. Chomh maith leis sin, tá dúshlán thromchúiseacha ar fud an Aontais ag baint le leibhéil bunscileanna atá íseal agus ag éirí níos ísle. Is léir ón méid sin ar fad an deis atá ann iarrachtaí suntasacha beartais a dhéanamh sa réimse beartais sin, i gcomhréir leis an tionscnamh Aontas na Scileanna.

³²² Féach Eurostat [[trng_lfs_17](#)], SFS AE.

- Cé gur taifeadadh feabhsuithe foriomlána ar rioscaí bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta agus ar neamhionannas ioncaim ar leibhéal an Aontais, tá éagothromaíochtaí fós ann agus chonacthas easpa cóineasaithe aníos i measc na mBallstát i mbeagnach gach táscaire sóisialta.** Tháinig laghdú beag ar an sciar den daonra iomlán agus de leanaí atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta (IBBES) san Aontas in 2024. Mar sin féin, bhí éagsúlacht mhór san fheidhmíocht i measc na mBallstát, gan aon chomhartha soiléir de chóineasú ann. I gcás leanaí a mbaineann rioscaí bochtaineachta dóibh, tháinig méadú ar an líon tíortha ‘le faire’ nó i ‘cás criticiúil’ go hocht gcinn in 2024. Baineann difríochtaí i rátaí IBBES go páirteach le difríochtaí móra i dtionchar na n-aistrithe sóisialta (gan pinsin a áireamh) ar laghdú na bochtaineachta. Tháinig meath beag ar an táscaire sin in 2024 san Aontas, agus léiríodh ann an líon is mó cásanna ‘criticiúla’ agus ‘le faire’ (aon cheann déag), agus easpa cóineasú aníos soiléir ann. Tháinig feabhas ar neamhionannas ioncaim (arna thomhas le táscaire S80/S20, nó leis an gcóimheas idir cúigilí ioncaim) agus chonacthas laghdú mór ar chásanna ‘criticiúla’ agus ‘le faire’ in 2024. Mar sin féin, tháinig meath breise ar na tíortha ina raibh na leibhéil neamhionannais is airde, agus an tráth céanna tháinig feabhas ar dhea-ghníomhaithe, agus méadú ann ar an éagsúlacht. Feictear éagothromaíochtaí móra réigiúnacha freisin, lena n-áirítear rátaí arda bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta sna réigiúin is forimeallaí san Aontas. Tháinig méadú mór ar an bhfíor-ollioncam indiúscartha teaghlaigh *per capita* in 2024. Cé gur tháinig feabhas ar gach tír, cláraíodh na méaduithe is mó i measc na mBallstát sin a bhí ag feidhmiú go maith cheana féin, rud a thug le tuiscint go raibh éagsúlacht ann, agus 9 gcinn acu ‘criticiúil’ nó ‘le faire’. Tuairiscíodh meathlú beag ar riachtanais leighis nár riaradh arna bhféintuairisciú, agus cóineasú an-teoranta ar an iomlán in 2024. Os a choinne sin, d’fhéadfaí roinnt cóineasú aníos a thabhairt faoi deara i dtaca leis an ráta ró-ualaiigh maidir le costas tithíochta i bhfianaise na bhfeabhsuithe i mbeagnach dhá thrían de na Ballstáit.

San anailís tíre chéadchéime, sainaithníodh gur gá anailís dara céim níos doimhne a dhéanamh ar dheich mBallstát i bhfianaise na ndúshlán atá ann de réir phríomhtháscairí an Scórchláir Shóisialta, rud léiríonn go bhfuil rioscaí féideartha ann don chóineasú sóisialta aníos. Déantar measúnú ar na rioscaí sin trí úsáid a bhaint as modheolaíocht CCS, lena gcuirtear san áireamh leibhéal agus athrú bliantúil gach príomhtháscaire den Scórchlár Sóisialta i gcoibhneas le meán an Aontais, mar a leagtar amach i bPríomhtheachtaireachtaí gaolmhara an Choiste Fostaíochta agus an Choiste um Chosaint Shóisialta agus sa tuarascáil ón Meitheal is bonn leo (féach an Bosca ag deireadh na roinne seo). Is iad an Bhulgáir, an Ghréig, an Spáinn, an Iodáil, an Liotuáin, Lucsamburg, an Rómáin, an Laitvia agus an Fhionlainn na Ballstáit lena mbaineann. Bhí an chéad seacht mBallstát astu sin san anailís dara céim freisin anuraidh (cé gur tugadh feabhsuithe faoi deara i roinnt Ballstát, mar a phléitear sa Chaibidil seo), agus áirítear an Laitvia agus an Fhionlainn den chéad uair i mbliana³²³; maidir leis an gCróit, an Eastóin agus an Ungáir, a bhí san anailís dara céim anuraidh, níl siad inti i mbliana³²⁴. I gcás na naoi dtír réamhluaite, sainaithníodh rioscaí féideartha don chóineasú sóisialta aníos i ndáil le cásanna dúshlánacha i líon mór réimsí beartais, agus i gcás na Laitvia, na Liotuáine, Lucsamburg agus na Fionlainne, bhí ról lárnach ag meathlú le himeacht ama i líon níos lú réimsí beartais freisin. Áirítear ar na táscairí a léiríonn rioscaí féideartha don chóineasú sóisialta aníos i gcás fhormhór na dtíortha réamhluaite neamhionannas ioncaim, an ráta foriomlán IBBES agus tionchar na n-aistrithe sóisialta (seachas pinsin) ar laghdú na bochtaineachta, agus ina dhiaidh sin luathfhágálaithe oideachais agus oiliúna, sciar na ndaoine óga nach bhfuil i mbun oideachais, fostaíochta ná oiliúna, an ráta fostaíochta, fíorfhás ar ollioncam indiúscartha teaghlaigh *per capita*, sciar an daonra ag a bhfuil bunscileanna digiteacha ar a laghad agus an ráta IBBES i measc leanaí. I gcás na naoi mBallstát, déanfaidh seirbhísí an Choimisiúin anailís dara céim níos doimhne in earrach 2026.

³²³ I gcás na Laitvia, is é is cúis leis sin méaduithe ar sciar na ndaoine óga nach bhfuil i mbun oideachais, fostaíochta ná oiliúna chomh maith leis na rátaí dífhostaíochta agus rátaí dífhostaíochta fadtéarmaí. Baineann sé freisin le tionchar íseal agus laghdaitheach na n-aistrithe sóisialta (gan pinsin a áireamh) ar laghdú na bochtaineachta agus le meath géar ar rannpháirtíocht leanaí faoi bhun 3 bliana d’aois i gcúram leanaí foirmiúil. I gcás na Fionlainne, baineann an tsainaithint don anailís dara céim den chuid is mó leis na meathluithe coibhneasta ar na rátaí dífhostaíochta agus rátaí dífhostaíochta fadtéarmaí.

³²⁴ An Eastóin, an Ungáir agus an Chróit, a bhí san anailís dara céim anuraidh freisin, níl siad faoi réir na hanailíse i mbliana. Níl an Eastóin faoina réir i bhfianaise na bhfeabhsuithe a taifeadadh maidir le neamhionannas ioncaim, ioncam indiúscartha teaghlaigh, an ráta IBBES, tionchar na n-aistrithe sóisialta ar laghdú na bochtaineachta, agus riachtanais cúraim leighis nár riaradh. Níl an Ungáir faoi réir na hanailíse dara céim ach oiread toisc go léirítear sna sonraí is déanaí feabhsuithe ar luathfhágálaithe ón oideachas agus ón oiliúint, an ráta IBBES (ar an iomlán agus do leanaí), an bhearna fostaíochta maidir le daoine faoi mhíchumas agus an ráta dífhostaíochta fadtéarmaí. I gcás na Cróite, tá briseadh san amshraith ann in 2024 le haghaidh na dtáscairí sóisialta uile bunaithe ar SIDM-AE, rud a fhágann nach féidir athruithe a léirmhíniú go fóinteach. Go sonrach, tá an briseadh struchtúrach taobh thiar den chás ‘le faire’ do dhaoine IBBES, ar an iomlán agus i measc leanaí.


Tábla 3.1.1: An Scórchlár Sóisialta: forléargas ar na dúshláin ó Bhallstát go chéile de réir an phríomhtháscaire

			Na tíortha is fearr	Níos fearr ná an meán	Go maith ach faireachán le dhéanamh orthu	Ar an meán	Lag ach ag feabhsú	Le faire	Cásanna criticiúla
Comhcheiscanna	Rannpháirtíocht daoine fásta san fhoghlaim (le 12 mhí anuas, gan oiliúint theoraithe ar an láthair oibre a chur san áireamh, % den daonra idir 25 agus 64 bliana d’aois)	2022	DE, HU, NL, SE	AT, DK, EE, FI, FR, IE, LU, MT, SK		BE, ES, LV, PT	RO	CY, HR, IT, LT, SI	BG, CZ, EL, PL
	Luathfhágálaithe ón oideachas agus ón oiliúint (% den daonra atá 18- 24 bliana)	2024	EL, HR, IE, PL	BG, CZ, PT, SI		AT, BE, FI, FR, LV, MT, NL, SE	HU	CY, DK, EE, IT, LT, LU, SK	DE, ES, RO
	Sciar na ndaoine a bhfuil scileanna digiteacha foriomlána acu atá bunúsach nó os cionn bunúsach (% den daonra idir 16 agus 74 bliana d’aois)	2023	FI, IE, NL	AT, BE, CZ, DK, EE, ES, HU, SE		DE, EL, FR, LT, MT, PT		CY, HR, IT, LU, LV, SI, SK	BG, PL, RO
	Ráta na ndaoine óga nach bhfuil i mbun oideachais, fostaíochta ná oiliúna (% den daonra iomlán idir 15-29 bliana d’aois)	2024	MT, NL, SE	CZ, DE, DK, HR, IE, PT, SI		AT, BE, ES, FI, HU, PL, SK	BG, CY, EL	EE, FR, LU, LV	IT, LT, RO
	An bhearna fostaíochta idir na hinscní (pointí céatadán)	2024	EE, LT, LV	HR, HU, LU, PT, SE	FI	AT, BE, BG, DE, ES, FR, IE, NL, SI	CZ	CY, DK, PL, SK	EL, IT, MT, RO
	Cóimheas idir cúigilí ioncaim (S80/S20)	2024	BE, CZ, SI, SK	FI, IE, MT, NL, PL, RO		AT, CY, DE, DK, EE, FR, HR, HU, LU, SE	PT	EL, ES, IT	BG, LT, LV
Dátaí córa oibre	Ráta fostaíochta (% den daonra atá 20-64 bliana d’aois)	2024	CZ, MT, NL	CY, DE, DK, HU, IE	EE, SE	AT, BG, LT, LV, PL, PT, SI, SK	EL, HR	FI, FR, LU	BE, ES, IT, RO
	Ráta dífhostaíochta (% den lucht saothair 15-74 bliana d’aois)	2024	CZ, DE, MT, PL	BG, CY, HR, HU, IE, IT, NL, SI		AT, BE, PT, RO, SK	EL, ES	DK, EE, FR, LT, LU, LV	FI, SE
	Ráta dífhostaíochta fadtéarmaí (% den lucht saothair 15-74 bliana d’aois)	2024	MT, NL	AT, CY, CZ, DE, IE, PL, SI	DK	BE, BG, FR, HR, HU, LT, LU, RO, SE	EL, ES, IT	EE, FI, LV, PT	SK
	Fás ar an Ollioncam Indiúscartha Teaghlaigh (OIT) per capita (innéacs, 2008=100)	2024	HU, MT, PL, RO	HR, LT, PT		CZ, DE, DK, EE, FR, IE, LV, SE, SI, SK		AT, BE, CY, ES, FI, LU, NL	EL, IT
Cosaint shóisialta agus cuimsiú sóisialta	An ráta daoine atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta (% den daonra iomlán)	2024	CZ, NL, SI	AT, CY, DK, EE, IE, PL, SE	FI	BE, DE, FR, HU, LU, MT, PT, SK	RO	HR, IT, LV	BG, EL, ES, LT
	An ráta leanaí atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta (% den daonra idir 0 agus 17 mbliana d’aois)	2024	CY, CZ, DK, NL, SI	EE, IE, LV, PL, SK	FI	AT, BE, DE, HU, LT, PT, SE	RO	EL, FR, HR, IT, LU, MT	BG, ES
	Tionchar aistrithe sóisialta (seachas pinsin) ar laghdú na bochtaineachta (% de laghdú ar ráta riosca na bochtaineachta)	2024	BE, DK, FI	AT, CZ, EE, NL, PL, SE	FR, IE	CY, IT, SI, SK	RO	BG, DE, ES, HU, LT, LU, MT	EL, HR, LV, PT
	An bhearna fostaíochta maidir le daoine faoi mhíchumas (pointí céatadán)	2024	SI	AT, CZ, DE, EE, FI, FR, LV, NL, SE	PT	CY, DK, EL, HU, MT, SK	BG	BE, ES, IT	HR, IE, LT, PL, RO
	Ró- ualach maidir le costas tithíochta (% den daonra iomlán)	2024	CY	BG, HR, IE, IT, LU, NL, PL, RO, SI		AT, BE, CZ, ES, FI, FR, LV, MT, SK		DE, EE, HU, LT, PT, SE	DK, EL
	Leanaí níos óige ná 3 bliana d’aois atá i gcúram leanaí foirmiúil (% den daonra atá faoi bhun 3 bliana d’aois)	2024	FR, NL, PT, SE, SI	BE, ES, FI, LT, LU	DK	AT, CY, EE, EL, HR, IT		BG, DE, IE, LV, MT	CZ, HU, PL, RO, SK
	Riachtanais cúraim leighis nár riaradh, arna bhféintuairisciú (% den daonra os cionn 16 bliana d’aois)	2024		AT, BE, BG, CY, CZ, DE, HR, HU, LU, MT, NL, RO, SK		DK, ES, FR, IE, IT, LT, PL, PT, SE, SI	EE		EL, FI, LV

Tabhair faoi deara: Nuashonrú an 30 Deireadh Fómhair 2025. Is do 2016 a thagraíonn an luach leathdheireanach don táscaire maidir le rannpháirtíocht daoine fásta san fhoghlaim agus braitheann an catagóiriú ar an athrú ón méid sin go dtí 2022. Ós rud é go mbailítear sonraí gach dara bliain le haghaidh an táscaire maidir leis an sciar de dhaoine aonair a bhfuil bunscileanna digiteacha foriomlána ar a laghad acu, braitheann an catagóiriú ar an athrú ó 2021 go 2023. Níl sonraí fais ollioncaim indiúscartha teaghlaigh *per capita* ar fáil i gcás na Bulgáire. Níl sonraí i gcomhair na bearna fostaíochta maidir le daoine faoi mhíchumas le fáil i gcás Lucsamburg. Tuairiscítear bristeacha sna sraitheanna agus i bhfoláirimh eile in Iarscríbhinní 3 agus 4.

Fíor 3.1.1: Forléargas ar an bhfostaíocht, scileanna agus treochtaí sóisialta agus dúshlán de réir príomhtháscairí an Scórchláir Shóisialta

Meánráta an Aontais, treochtaí agus dáileadh na mBallstát lena ngabhann catagóiríú sonracha na Tuarascála Comhpháirtí ar Fhostaíocht i measc na nithe sin uile le haghaidh gach príomhtháscaire, agus iad comhiomlánaithe freisin le haghaidh na dtrí chaibidil den Cholún



Bosca 3.1.1: Cur chuige modheolaíochta i leith tosa a d'fhéadfadh an cóineasú sóisialta aníos a chur i mbaol san anailís tíre chéadchéime ar an gcóineasú sóisialta

Braitheann an anailís ar uirlisí atá ann faoi láthair agus a forbraíodh in éineacht leis na Ballstáit le blianta beaga anuas, bunaithe go háirithe ar an Scórchlár Sóisialta agus an rud ar a dtugtar modheolaíocht (soilse tráchta) na Tuarascála Comhpháirtí ar Fhostaíocht³²⁵. Tá an anailís tíre chéadchéime bunaithe ar thacar iomlán phríomhtháscairí an Scórchláir Shóisialta. Déantar grinnskrúdú ar gach ceann de na táscairí bunaithe ar mhodheolaíocht na Tuarascála Comhpháirtí ar Fhostaíocht, lena gcinntear seasamh coibhneasta na mBallstát, arna shloinneadh i dtéarmaí dialltaí caighdeánacha ó mheán dhearbhléibhéal na luachanna táscaire agus i dtéarmaí an athraithe a tháinig air i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin araon (féach Iarscríbhinn 4 chun mionsonraí teicniúla a fháil). Déantar achoimre ar na torthaí i gceann amháin de sheacht gcatagóir fhéideartha le haghaidh gach táscaire don tír atá i gceist ('an tír is fearr', 'níos fearr ná an meán', 'go maith ach faireachán le déanamh uirthi', 'ar an meán', 'lag ach ag feabhsú', 'le faire' agus 'cás criticiúil'). Comhfhreagraíonn sé sin do scála na ndathanna, ó ghlas go dearg.

³²⁵ Féach [Príomhtheachtaireachtaí ón gCoiste Fostaíochta agus ón gCoiste um Chosaint Shóisialta](#), bunaithe ar an [Tuarascáil ó Mheitheal EMCO-SPC maidir le Creat um Chóineasú Sóisialta a thabhairt isteach sa Seimeastar Eorpach](#).

Déantar measúnú ar gach ceann de phríomhtháscairí an Scórchláir Shóisialta chun a shainnithint an bhfuil rioscaí féideartha don chóineasú sóisialta aníos mar thoradh orthu, agus dá bhrí sin an bhfuil gá le tuilleadh anailíse sa dara céim. Tagraíonn an cáiliú mar ‘cás criticiúil’ do na Ballstáit a bhaineann scóir amach atá i bhfad níos measa ná meánscór an Aontais i dtaca le táscaire sonracha agus ina bhfuil an cas ag meathlú ina leith nó mura bhfuil feabhas leordhóthanach ag teacht air i gcomparáid leis an mbliain roimhe. Marcáiltear cas mar ‘le faire’ in dhá chás: (a) nuair a bhaineann an Ballstát scór amach atá níos measa ná meánscór an Aontais i dtaca le táscaire sonracha agus inarb amhlaidh go bhfuil an cas sa tír ag meathlú ina leith nó mura bhfuil feabhas sách tapa ag teacht air agus (b) nuair a bhíonn an scór i dtéarmaí na leibhéil i gcomhréir le meánleibhéal an Aontais ach inarb amhlaidh go bhfuil an cas ag meathlú ina leith i bhfad níos tapúla ná meánleibhéal an Aontais. Meastar go bhfuil údar le tuilleadh anailíse sa dara céim i gcás na mBallstát lena luaitear sé phríomhtháscaire den Scórchlár Shóisialta a bhfuil bratach dhearg (‘cás criticiúil’) nó bratach fhlanbhuí (‘le faire’) ag gabháil leo san eagrán is déanaí den Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht. Cúis bhreise lena mheas gur gá tuilleadh anailíse a dhéanamh ar an gcás is ea má tá dhá mheathlúchán *as a chéile* luaite le táscaire a bhfuil bratach dhearg nó fhlanbhuí ag gabháil leis (mar a míníodh roimhe seo) ina chatagóirí sa Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht. Sampla de sin is ea athrú ó ‘ar an meán’ go dtí ‘lag ach ag feabhsú’ i dTuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht 2025, agus meathlú breise go dtí ‘cás criticiúil’ in eagrán 2026 den Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht. D’áireofaí é sin mar ‘bratach’ bhreise i dtreo íostairseach na sé bhratach ar an iomlán le haghaidh na gcatagóirí. Más amhlaidh, mar shampla, go bhfuil bratach dhearg nó fhlanbhuí ag gabháil le 5 phríomhtháscaire den Scórchlár Sóisialta in eagrán 2026 den Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht, agus má thagann dhá mheathlúchán *as a chéile* ar cheann amháin as na cúig cinn sin in eagrán 2025 agus 2026 den Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht, meastar go bhfuil 6 bhratach ag an tír ar an iomlán in eagrán 2026 den Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht (5 chomhartha dhearga/fhlanbhuí ó na táscairí in eagrán 2026 + ceann amháin ar ar tháinig dhá mheathlúchán *as a chéile*). Dá thoradh sin, bheadh sé riachtanach tuilleadh anailíse a dhéanamh air mar dhara céim chomh maith. Aon bhriseadh i sraith agus saincheistanna i ndáil le cáilíocht agus le léirmhíniú na sonraí, meastar iad sa mheastóireacht ar an líon iomlán bratach i dtreo na tairsí.

Príomhtháscairí an Scórchláir Shóisialta agus an mheastóireacht orthu, braitheann siad ar na sonraí is déanaí dá bhfuil ar fáil ar an dáta scoithphointe³²⁶. I gcás inarb amhlaidh maidir le sonraí ábhartha chun measúnú a dhéanamh ar an gcatagóirí de réir na Tuarascála Comhpháirtí ar Fhostaíocht, go bhfuil na sonraí sin ar iarraidh i gcás tír ar leith, úsáidtear an catagóirí comhfhreagrach de réir na Tuarascála Comhpháirtí ar Fhostaíocht ó eagrán na Tuarascála roimhe (más infhaighte) chun an fhaisnéis atá ar iarraidh a líonadh isteach. Má bhíonn luachanna ar iarraidh i dtaca leis an táscaire le haghaidh an eagrán is déanaí den Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht *agus* an eagrán roimhe, ní áirítear na catagóirithe de réir na Tuarascála i dtreo thairseach tascach na sé bhratach i gcás na hanailíse dara céim.

³²⁶ Is é an 30 Deireadh Fómhair 2025 scoithdháta sonraí na Tuarascála Comhpháirtí ar Fhostaíocht 2026. Soláthraítear sonraí a úsáidtear agus bratacha staidrimh gaolmhara, bristeacha, mar shampla, in Iarscríbhinn 3 a ghabhann leis an tuarascáil. Léirítear bristeacha sna comhaid tíre freisin má bhaineann siad le catagóirithe na Tuarascála Comhpháirtí ar Fhostaíocht a chuirtear san áireamh i dtreo na tairsí don anailís dara céim.

3,2 anailís chéadchéime thírshonrach


An Bheilg

In 2024, bhí dúshlán fós ann i ndáil leis an ráta fostaíochta, agus bhí ganntanais mhóra lucht saothair fós ann. I bhfianaise fhíorfhás OTI 1,1 %, tháinig méadú beag ar an ráta fostaíochta (0,2 pointe céatadáin) in 2024, go 72,3 %, atá faoi bhun mheán an Aontais 75.8 %, agus ar ‘cás criticiúil’ é arís. Is amhlaidh atá den chuid is mó toisc go bhfuil ráta gníomhaíochta na Beilge (70,8 %) níos ísle ná meán an Aontais (75.3 %). Bhí difríochtaí láidre réigiúnacha fós ann

freisin. Thairis sin, bhí roinnt grúpaí, lena n-áirítear daoine a bhfuil leibhéal ísle oideachais acu (20-64, 47,5 %), daoine a rugadh lasmuigh den Aontas (20-64, 59,4 %) agus daoine scothaosta (55-64, 59,4 %), ag dul níos faide ar gcúl. Ag 33,1 pointe céatadáin lean an bhearna fostaíochta maidir le daoine faoi mhíchumas de bheith i bhfad os cionn mheán an Aontais (24,0 pointe céatadáin), agus tá sí ‘le faire’ anois. Os a choinne sin, i gcás na bearna fostaíochta idir na hinscní, bhí an Bheilg ‘ar an meán’, mar a bhí i gcás na rátaí dífhostaíochta agus na rátaí dífhostaíochta fadtéarmaí (ag 5.7 % agus 2,0 %, faoi seach). Ar deireadh, tháinig feabhas ar innéacs fáis an ollioncaim indiúscartha teaghlaigh (OIIT) per capita (2008=100) in 2024 (go 107,1 ó 106,5 in 2023) ach níl sé i ndiaidh breith suas le meán an Aontais go fóill agus tá sé fós ‘le faire’.

Feidhmíonn an Bheilg den chuid is mó ar an meán i réimse an oideachais agus na scileanna.

Tá sciar na ndaoine fásta a ghlacann páirt san fhoghlaim ‘ar an meán’, is é sin 34,9 % in 2022 (i gcomparáid le 39,5 % san Aontas), tar éis laghdú ó bhí 2016 ann. Chuaigh sciar na ndaoine óga (15-29) nach bhfuil fostaithe ná i mbun oideachais ná oiliúna agus sciar na ndaoine óga a d’fhág an t-oideachas agus an oiliúint go luath in olcas. Mar sin féin, ag 9,9 % agus 7,0 %, tá siad fós i bhfad faoi bhun mheán an Aontais faoi seach (11,1 % agus 9,4 %), cé go bhfuil roinnt éagsúlachta réigiúnaí ann. Tá bunscileanna digiteacha ar a laghad ag sciar den daonra sa Bheilg (ag 59,4 % in 2023) atá ‘níos fearr ná an meán’. Ba é 52,3 % sciar na leanaí i gcúram leanaí foirmiúil in 2024 (ach le ráta i bhfad níos ísle 20,1 % i gcás leanaí atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta), tar éis titim 3,9 pointe céatadáin ó 2023.



Tabhair faoi deara: Briseadh in amshraith ER i gcás BE in 2017.

Foinse: Eurostat [[lfsi_emp_a](#)], SFS AE agus [[tepsr_sp200](#)], SIDM-AE.


Chuidigh beartais shóisialta le rioscaí bochtaineachta agus eisiaimh shóisialta a mhaolú chomh maith le neamhionannais ioncaim. Tá an Bheilg ar cheann de na ‘tíortha is fearr’ maidir le tionchar na n-aistrithe sóisialta (seachas pinsin) ar laghdú na bochtaineachta (53,1 % i gcomparáid le 34,2 % san Aontas), agus ar neamhionannas ioncaim, arna thomhas leis an gcóimheas idir cúigilí ioncaim (3,45 % i gcomparáid le 4,66 % san Aontas). Bhí an ráta IBBES ar an iomlán (18,3 %) agus i measc leanaí (20,2 %) ‘ar an meán’ in 2024, cé gur tháinig méadú 0,6 pointe céatadán ar an ráta sin den chéad uair ó bhí 2017 ann. Bhí riachtanais cúraim leighis nár riaradh, arna bhféintuairisciú, ag 1,4 % in 2024, ‘níos fearr ná an meán’, agus bhí an ráta ró-ualaiigh maidir le costas tithíochta, ag 6,7 %, ‘ar an meán’ (i gcomparáid le 8,2 % ar leibhéal an Aontais).

I bhfianaise thorthaí na hanailíse céadchéime thuas, agus go háirithe 3 tháscaire atá ‘criticiúil’ nó ‘le faire’, **níl an chuma ar an scéal go mbaineann rioscaí féideartha don Bheilg maidir le cóineasú sóisialta aníos agus dá réir sin ní bheidh gá le hanailís bhreise ina leith sa dara céim (féach bosca 3.1.1).**

An Bhulgáir

Tá dúshlán mhóra roimh an mBulgáir sa réimse sóisialta. Is ‘cás criticiúil’ é sciar na ndaoine atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta (IBBES) a bheith ar cheann de na cinn is airde san Aontas (30,3 % i gcomparáid le 21,0 % in 2024), agus tháinig méadú air le déanaí tar éis laghdú mór na bliana seo caite (cás a bhí ‘lag ach ag feabhsú’ an tráth sin). I gcás leanaí go háirithe, shroich an ráta IBBESE 35.1 % in 2024, ráta a bhí i bhfad os cionn mheán an Aontais 24,2 %, agus is ‘cás criticiúil’ é freisin. Lean daoine faoi mhíchumas (43,8 %), daoine scothaosta (36.6 %), daoine atá ina gcónaí i gceantair thuaithe (40,8 %) agus na Romaigh de bheith níos neamhchosanta ar rioscaí bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta ná daoine eile³²⁷. Ar an iomlán, laghdaigh aistrithe sóisialta (gan pinsin a áireamh) an bhochtaineacht go pointe teoranta fós sa Bhulgáir (27,7 % i gcomparáid le 34,2 % san Aontas), rud atá ‘le faire’ (i gcomparáid le ‘lag ach ag feabhsú’ anuraidh). Thairis sin, tá neamhionannas ioncaim, arna thomhas de réir an chóimheasa idir cúigilí ioncaim, i measc na leibhéal is airde san Aontas (6,96 le hais 4,66) tar éis ceann de na méaduithe is mó ón mbliain roimhe sin, agus is ‘cás criticiúil’ é freisin.

D’ainneoin feabhsuithe le déanaí, tá dúshlán a bhaineann le foirmiú scileanna fós le sárú ag an mBulgáir. Cé gur tháinig méadú 3,8 pointe céatadáin uirthi ón mbliain seo caite, d’fhan rannpháirtíocht leanaí faoi bhun 3 bliana d’aois in oideachas agus cúram na luath-óige i bhfad faoi bhun mheán an Aontais in 2024 (21,2 % i gcomparáid le 39,2 %), agus tá sí ‘le faire’. Cruthaíonn sé sin dúshlán d’ionchais foghlama, lena n-áirítear níos déanaí sa saol. Níl bunscileanna ag níos mó ná leath de na daltaí 15 bliana d’aois (53,6 % sa mhatamaitic in PISA 2022). Bhí rannpháirtíocht daoine fásta san fhoghlaim ag 9,5 % in 2022 (i gcomparáid le 39,5 % san Aontas), atá i measc na rannpháirtíochta is ísle san Aontas, tar éis laghdú ó bhí 2016 ann, agus is ‘cás criticiúil’ é. Is amhlaidh atá freisin i gcás sciar na ndaoine fásta a bhfuil bunscileanna digiteacha acu ar a laghad, ag 35.5 % i gcomparáid le 55.6 % san Aontas in 2023, d’ainneoin méadú ó bhí 2021 ann. D’fhéadfadh feabhsuithe ar fhorbairt scileanna táirgiúlacht a mhéadú agus tacú leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach.



Tabhair faoi deara: Briseadh in amshraith IBBES (BG) in 2016 agus an tionchar (BG) in 2016 agus 2022.

Foinse: Eurostat [[ilc_peps01n](#)], [[tespm050](#)], SIDM-AE.

³²⁷ Féach: Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha, [Rights of Roma and Travellers in 13 European countries](#) [Cearta na Romach agus an Lucht Siúil in 13 thír Eorpacha], 2024.

Lean an margadh saothair de bheith ag feidhmiú go láidir ar an iomlán, cé go bhfuil réimsí fós le feabhsú ag roinnt grúpaí leochaileacha. Le tacaíocht ó fhás eacnamaíoch láidir in 2024, shroich an ráta fostaíochta buaic stairiúil 76,8 %, os cionn mheán an Aontais (75.8 %), agus lean an ráta dífhostaíochta dá threocht anuas, ag laghdú go 4,2 % (i gcomparáid le 5.9 % san Aontas). Níor tháinig ach feabhas beag ar an dífhostaíocht fhadtéarmach, tháinig laghdú 0,1 pointe céatadáin go 2,2 % uirthi idir 2023 agus 2024, agus tá sí os cionn mheán an Aontais de 1,9 %. Lean sciar na ndaoine óga nach raibh i mbun fostaíochta ná oideachais ná oiliúna (NEET) treocht laghdaitheach an Aontais agus tá sé ‘lag ach ag feabhsú’ anois, ag 12,7 % in 2024 (1,6 pointe céatadáin os cionn mheán an Aontais). Cé gur laghdaigh an bhearna fostaíochta maidir le daoine faoi mhíchumas go 35.4 pointe céatadáin agus go bhfuil sí ‘lag ach ag feabhsú’ anois (ó ‘cás criticiúil’ anuraidh), tá sí fós i bhfad os cionn mheán an Aontais (24,0 pointe céatadáin).

I bhfianaise thorthaí na hanailíse céadchéime thuas, agus go háirithe 7 dtáscaire atá ‘criticiúil’ nó ‘le faire’, **níl an chuma ar an scéal go bhfuil rioscaí féideartha roimh an mBulgáir maidir le cóineasú sóisialta aníos agus dá réir sin ní bheidh gá le hanailís bhreise ina leith sa dara céim** (féach an bosca i roinn 3.1.1).

An tSeicia


Ar an iomlán, tá torthaí dearfacha mhargadh an tsaothair ann taobh le dúshlán do ghrúpaí áirithe den daonra.

In 2024, bhí an tSeicia i measc na dtíortha ‘is fearr’ san Aontas arís le ráta fostaíochta ard atá ag méadú go leanúnach (82,3 %) agus ráta dífhostaíochta íseal agus cobhsaí (2,6 %) i bhfianaise an fháis eacnamaíoch atá ag téarnamh. Bhí an fheidhmíocht maidir leis an ráta dífhostaíochta fadtéarmaí ‘níos fearr ná an meán’, ag 0,8 % in 2024.

B’amhlaidh an cás freisin maidir le sciar na ndaoine óga (15-29) nach raibh i mbun oideachais, fostaíochta ná oiliúna, sciar a thit go suntasach (laghdú 1,5 pointe céatadán) go 8,6 % in 2024.

Laghdaigh an bhearna fostaíochta maidir le daoine faoi mhíchumas go 21,7 pointe céatadán, faoi bhun mheán an Aontais, is é sin 24,0 pointe céatadán. Tháinig feabhas freisin ar an mbearna fostaíochta idir na hinscní (laghdú 1,3 pointe céatadán) in 2024, agus shroich sí 12,6 pointe céatadán, ach tá sí fós os cionn mheán an Aontais 10,0 pointe céatadán, agus dá bhrí sin tá sí ‘lag ach ag feabhsú’. Os a choinne sin, d’fhan ráta rannpháirtíochta leanaí faoi bhun 3 bliana d’aois i gcúram leanaí foirmiúil i ‘cás criticiúil’, ag díreach 7,3 % in 2024, ráta atá go mór faoi bhun mheán an Aontais 39,2 %. Tá sé sin fréamhaithe sa chumas neamh-leordhóthanach i seirbhísí oideachais agus cúraim luath-óige agus d’fhéadfadh tionchar a bheith aige ar ionchais foghlama fhadtéarmacha leanaí agus ar rannpháirtíocht na mban sa mhargadh saothair. Ar deireadh, d’fhéadfadh rannpháirtíocht níos láidre sa lucht saothair ag grúpaí faoi thearcionadaíocht, lena n-áirítear mná, saoránaigh easáitithe na hÚcráine agus na Romaigh, cabhrú le ganntanais saothair agus scileanna a mhaolú.

Tá feidhmíocht na Seicia i ndáil le scileanna go maith, ach tá rannpháirtíocht daoine fásta san fhoghlaim tite ar gcúl. Tháinig laghdú ar sciar na luathfhágálaithe ón oideachas agus ón oiliúint go 5.4 % in 2024 (i gcomparáid le 9,4 % san Aontas), agus bhí sé ‘níos fearr ná an meán’. B’amhlaidh an cás freisin maidir le sciar na ndaoine fásta a bhfuil bunscileanna digiteacha acu ar a laghad, ag 69,1 % in 2023 (i gcomparáid le 55.6 % san Aontas). Mar sin féin, dealraíonn sé go bhfuil ‘cás criticiúil’ ann i dtaca le ráta rannpháirtíochta ndaoine fásta san fhoghlaim i ‘cás criticiúil’, a bhí ar 21,2 % in 2022, i gcomparáid le meán an Aontais, is é sin 39,5 %.



Foinse: Eurostat [[lfsa_ergan](#)], SFS-AE.

Léirigh an tír torthaí sóisialta dearfacha. In 2024, ba é 11,3 % ar an iomlán sciar na ndaoine a bhí i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta (IBBES) agus 15.4 % i measc leanaí (i gcomparáid le 21,0 % agus 24,2 %, faoi seach, san Aontas), rud a chuir an tír i measc na ‘dtíortha is fearr’. Tháinig feabhas beag ar innéacs an ollioncaim indiúscartha teaghlaigh *per capita* (2008=100) in 2024 ag 125.2, ó 123,6 in 2023 (i gcomparáid le 114.3 san Aontas), agus tá sé ‘ar an meán’. Bhí ró-ualach an chostais tithíochta ‘ar an meán’ freisin in 2024, ag 9,2 %. Ar deireadh, bhí an tSeicia fós ‘níos fearr ná an meán’ maidir le riachtanais cúraim leighis nár riaradh arna bhféintuairisciú.

I bhfianaise thorthaí na hanailíse céadchéime thuas, agus go háirithe 2 tháscaire atá ‘criticiúil’, **níl an chuma ar an scéal go bhfuil rioscaí féideartha roimh an tSeicia maidir le cóineasú sóisialta aníos agus dá réir sin ní bheidh gá le hanailís bhreise ina leith sa dara céim** (féach an bosca i roinn 3.1.1).

An Danmhairg

Tá an fhostaíocht láidir ar an iomlán ach tháinig méadú ar na dúshláin a bhaineann leis an

dífhostaíocht. Lean fás láidir fostaíochta ar aghaidh agus

shroich an ráta fostaíochta 80,2 % in 2024 (+0,4 pointe céatadán i gcomparáid le 2023), rud a léiríonn fás

eacnamaíoch láidir (3,5 %) agus soláthar saothair atá ag

dul i méid. An tráth céanna, tháinig méadú suntasach ar

an ráta difhostaíochta, le 1.1 pointe céatadán, go 6.2 %,

rud atá os cionn mheán an Aontais (5.9 %) den chéad

uair le 10 mbliana anuas, agus atá ‘le faire’. Tháinig

méadú ar a chomhpháirt fhadtéarmach, cé go bhfuil sí

fós ar cheann de na cinn is ísle san Aontas (0,8 % in

2024), (ó 0,5 % anuraidh), agus tá sí ‘go maith ach

faireachán le déanamh’ anois. Cé gur cosúil go bhfuil an brú ar

mhargadh an tsaothair ag maolú, tá ganntanas lucht saothair fós

le sárú ag an tír, go háirithe in earnálacha TFC, an chúraim sláinte agus na tógála, agus tá difríochtaí

réigiúnacha leanúnacha ann³²⁸. Bhí cás na ndaoine óga (15-29) nach raibh i mbun fostaíochta ná

oideachais ná oiliúna (NEET) fós ‘níos fearr ná an meán’ in 2024, tar éis laghdú 0,6 pointe

céatadán go 8.0 %. An tráth céanna, leathnaigh an bhearna fostaíochta idir na hinscní don dara

bliain as a chéile, i gcomhthéacs laghdú ar leibhéal an Aontais. Ag 6,5 pointe céatadán, tá sí fós

níos ísle ná meán an Aontais de 10,0 pointe céatadán ach ‘le faire’.

Feidhmíonn an Danmhairg go maith maidir le scileanna ar an iomlán ach tá leochaileachtaí

fós ann do dhaoine óga. Bhí ráta rannpháirtíochta na ndaoine fásta a bhí i mbun na foghlama ag

47,1 % in 2022 (i gcomparáid le 39,5 % san Aontas), agus sciar na ndaoine fásta a bhfuil

bunscileanna digiteacha ar a laghad acu ag 69,6 % in 2023 (i gcomparáid le 55,6 % san Aontas) ard.

An tráth céanna, in 2024 bhí sciar na luathfhágálaithe ón oideachas agus ón oiliúint fós 10,4 % (i


gcomparáid le 9,4 % san Aontas), agus tá sé ‘le faire’, i bhfianaise na nganntanas i lucht saothair

oilte freisin. Cé go bhfuil an Danmhairg i measc na dtíortha ina bhfuil an sciar is airde de leanaí faoi

bhun 3 bliana d’aois i gcúram leanaí foirmiúil, ag 62,9 %, tá sé sin ‘go maith ach tá faireachán le

déanamh air’ anois, tar éis titim 7,0 pointe céatadán.

An ráta difhostaíochta, an ráta difhostaíochta fadtéarmaí agus an ráta difhostaíochta i measc na hóige (%)



Tabhair faoi deara: Briseadh san amshraith in 2016, 2017 agus 2023.

³²⁸ [The Danish Agency for Labour Market and Recruitment \(March 2025\), Recruitment Survey Report](#)

[Gníomhaireacht na Danmhairge um an Margadh Saothair agus Earcaíocht (mí an Mhárta 2025), Tuarascáil ar an Suirbhé Earcaíochta]

Feidhmíonn an córas cosanta sóisialta go han-mhaith, ach tá costais tithíochta fós ina n-ualach ar ghrúpaí leochaileacha. Tá an cás i ndáil le sciar na ndaoine atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta (IBBES) ‘níos fearr ná an meán’ ar an iomlán agus is í an Danmhairg an ‘tír is fearr’ maidir le tionchar na n-aistrithe sóisialta (seachas pinsin) ar laghdú na bochtaineachta agus ar an ráta IBBES i measc leanaí. Ag 14.6 % (i gcomparáid le 8.2 % san Aontas) agus i ndiaidh laghdú 0,8 pointe céatadán, tá sciar na ndaoine atá ag maireachtáil i líonta tí a bhfuil ró-ualach costais tithíochta orthu ar cheann de na sciartha is mó, i gcónaí, san Aontas agus sonraítear mar ‘cás criticiúil’ é. Is léiriú é sin ar an líon teoranta tithíochta inacmhainne atá ar fáil i gcathracha móra, áit a raibh an ráta 22,7 % (i gcomparáid le 8,6 % i gceantair thuaithe).

I bhfianaise thorthaí na hanailíse céadchéime thuas, agus go háirithe 4 tháscaire atá ‘criticiúil’ nó ‘le faire’, **níl an chuma ar an scéal go bhfuil rioscaí féideartha roimh an Danmhairg maidir le cóineasú sóisialta aníos agus dá réir sin ní bheidh gá le hanailís bhreise a dhéanamh ina leith sa dara céim** (féach bosca 3.1.1).

An Ghearmáin

Tháinig meath ar thionchar na n-aistrithe sóisialta ar laghdú na bochtaineachta agus tá dúshlán fós ag baint le hinacmhainneacht tithíochta d’ainneoin an fheabhsaithe. Tháinig laghdú mór ar thionchar na


n-aistrithe sóisialta (seachas pinsin) ar laghdú na bochtaineachta, ó 41,7 % in 2023 go 35,7 % in 2024.

Fós féin, tá sé os cionn mheán 34.2 % an Aontais, mar sin tá sé ‘le faire’³²⁹. In 2024, bhí sciar na ndaoine a

bhí i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta

(IBBES) ag 21,1 %, laghdú beag ó 21,3 % in 2023 (i gcomparáid le 21,0 % san Aontas). Thit an ráta IBBES i measc leanaí freisin. Tá an Ghearmáin fós ‘ar an meán’ maidir leis an dá tháscaire. In 2024, d’ainneoin laghdú (1 phointe céatadáin) ón mbliain roimhe sin, bhí costais tithíochta os cionn 40 % dá n-ioncam iomlán ag 12.0 % den daonra (i gcomparáid le 8.2 % san Aontas), cás atá ‘le faire’. Rinneadh difear ar leith do roinnt daoine, amhail daoine scothaosta (65+) agus iad siúd sa chúigil ioncaim is ísle, le sciartha ag 15,3 % agus 33,3 %, faoi seach (i gcomparáid le 8,8 % agus 27,8 % san Aontas).

I réimse an oideachais agus na scileanna, feidhmíonn an Ghearmáin go maith maidir leis an bhfoghlaím aosach, ach tá an cás maidir le luathfhágálaithe scoile fós dúshlánach. Bhí sciar na luathfhágálaithe ón oideachas agus ón oiliúint i measc na sciartha ba mhó, ag 12.9 % in 2024³³⁰ (i gcomparáid le 9.4 % san Aontas), agus is ‘cás criticiúil’ é sin. Ní mór aird a thabhairt air sin freisin i bhfianaise an mheatha atá tagtha ar bhunscileanna daoine óga ó bhí 2012 ann (PISA 2022). Ar an taobh eile, bhí an sciar den daonra fásta ag a bhfuil bunscileanna digiteacha ar a laghad ‘ar an meán’ ag 52,2 % in 2023, agus bhí difríochtaí suntasacha ann idir grúpaí daonra. Bhí rannpháirtíocht daoine fásta san fhoghlaim ard, ag 53,7 % in 2022, rud a d’fhág go raibh an Ghearmáin ar cheann de na ‘tíortha is fearr’ san Aontas.



Foinse: Eurostat [[tessi163](#)], SIDM-AE.

³²⁹ Rinneadh athbhreithniú ar an gceistneoir náisiúnta mar gheall ar na hathruithe ar an mbunús dlí le haghaidh an tsochair dífhostaíochta.

³³⁰ Tá briseadh san amshraith in 2024.

Tá margadh an tsaothair fós láidir ar an iomlán, ach tá ganntanais lucht saothair fós ann agus níl mná comhtháite go leordhóthanach sa mhargadh saothair. D’ainneoin an chraptha eacnamaíoch, tháinig méadú breise ar an ráta fostaíochta go 81,3 % in 2024 (‘níos fearr ná an meán’), agus d’fhan na rátaí dífhostaíochta agus dífhostaíochta fadtéarmaí ar leibhéal an-íseal (3,4 % agus 0,9 %, faoi seach) i gcomhthéacs ganntanas lucht saothair. D’fheidhmigh an Ghearmáin ‘níos fearr ná an meán’ maidir le sciar na ndaoine óga nach bhfuil fostaithe ná i mbun oideachais agus oiliúna (NEET) (8,7 % i gcomparáid le 11,1 % san Aontas). Cé go raibh an bhearna fostaíochta idir na hinscní ‘ar an meán’, ag 7.1 pointe céatadáin in 2024, leathnaigh an bhearna inscne san fhostaíocht pháirtaimseartha níos mó go dtí ceann de na cinn is mó san Aontas (37.2 pointe céatadáin i gcomparáid le 20,1 pointe céatadáin). Cúis eile atá leis sin ná dearadh an chórais cánachais lena soláthraítear dreasachtaí ísle chun an líon uaireanta oibre a mhéadú, go háirithe i gcás pá íseal agus an dara duine sa teaghlach atá ag tuilleamh. Bhí sciar na leanaí faoi bhun 3 bliana d’aois i gcúram leanaí foirmiúil i bhfad faoi bhun mheán an Aontais, ag 25,1 % in 2024 (i gcomparáid le 39,2 % san Aontas), agus ‘le faire’. D’fhéadfadh sé sin a bheith ina bhacainn freisin ar fhostú daoine a bhfuil freagrachtaí cúraim orthu.

I bhfianaise thorthaí na hanailíse céadchéime thuas, agus go háirithe 4 tháscaire atá ‘criticiúil’ nó ‘le faire’, **níl an chuma ar an scéal go bhfuil rioscaí féideartha roimh an nGearmáin maidir le cóineasú sóisialta aníos agus dá réir sin ní bheidh gá le hanailís bhreise a dhéanamh ina leith sa dara céim** (féach bosca 3.1.1).

an Eastóin

In 2024, bhí geilleagar na hEastóine marbhánta,

rud a raibh tionchar diúltach aige ar mhargadh

an tsaothair. Tháinig méadú 1,2 pointe céatadáin

ar an ráta dífhostaíochta arís, ag sroicheadh 7,6 %

in 2024, i gcomparáid le meán laghdaitheach an

Aontais (ag 5,9 % sa bhliain chéanna). Dá bhrí sin,

tá an táscaire sin fós ‘le faire’. Thairis sin, bhí an

ráta dífhostaíochta i bhfad níos airde i measc

daoine óga (15-24), ag 19.1 % (i gcomparáid le

14.9 % san Aontas) agus beagnach dhá oiread níos

airde san Oirthuaisceart (13,5 % i gcomparáid le

6.2 % go 7.5 % i réigiúin eile). Tháinig méadú freisin ar an dífhostaíocht fhadtéarmach ó 1,3 % in

2023 go 1,8 % in 2024, i gcomparáid le laghdú ó 2,1 % go 1,9 % ar leibhéal an Aontais, agus tá sé

‘le faire’ anois. Tháinig laghdú beag ar an ráta fostaíochta ó 82,1 % go 81,8 %, ach d’fhan sé i

bhfad os cionn mheán an Aontais de 75,8 %, agus tá sé ‘go maith ach faireachán le déanamh’ anois.

An tráth céanna, ceann de na bearnaí fostaíochta is cúinge idir na hinscní san Aontas ag an tír, agus

í comhsheasmhach i measc na ‘dtíortha is fearr’ le 3 bliana anuas. Ba é 131,0 an t-innéacs

ollioncaim indiúscartha teaghlaigh (OIIT) per capita (2008=100) in 2024 agus bhí sé ‘ar an meán’.

I réimse an oideachais agus na scileanna, lean an tír de bheith ag feidhmiú go maith maidir le

foghlaim aosach agus scileanna digiteacha, agus meath ar ghnéithe eile á chlárú an tráth

céanna. Bhí rannpháirtíocht daoine fásta san fhoghlaim fós láidir, agus bhí sciar na ndaoine fásta ag

a bhfuil bunscileanna digiteacha ar a laghad acu ard, agus an dá tháscaire fós ‘níos fearr ná an

meán’. Mar sin féin, tháinig meath 1,3 pointe céatadáin ar sciar na luathfhágálaithe ón oideachas


agus ón oiliúint go 11,0 % in 2024 (ag sroicheadh an leibhéil is airde ó bhí 2019 ann), d’ainneoin na

héabhlóide dearfaí sa bhliain roimhe sin, agus tá sé ‘le faire’ anois. Thairis sin, tháinig méadú

suntasach 1,4 pointe céatadáin ar sciar na ndaoine óga nach raibh fostaithe ná in oideachas agus

oilíúint (NEET) ag sroicheadh 11,0 % (i gcomparáid le 11,1 % san Aontas) agus tá sé ‘le faire’

freisin.



Foinse: Eurostat [[une_rt_a](#)], [[une_ltu_a](#)], SFS AE.

Tá forbairtí dearfacha á léiriú ag an Eastóin i réimse na cosanta sóisialta agus an chuimsithe.

Tháinig laghdú 2,0 pointe céatadáin ar sciar na ndaoine atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta (IBBES) go 22,2 % in 2024, agus tháinig méadú ar thionchar na n-aistrithe sóisialta (seachas pinsin) ar laghdú na bochtaineachta ó 27,7 % in 2023 go 31,5 % in 2024. Léiríonn an dá tháscaire go bhfuil feabhas ag teacht ar chúrsaí agus tá siad ‘níos fearr ná an meán’ anois i gcomparáid le ‘le faire’ anuraidh. Tháinig neamhionannas ioncaim, arna thomhas de réir an chóimheasa idir cúigilí ioncaim, ar ais chuig a luach in 2021, ag 5,03 (i gcomparáid le 4,66 san Aontas). D’ainneoin an dul chun cinn, d’fhan sciar na ndaoine os cionn 65 bliana d’aois atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta os cionn mheán an Aontais, ag 40,0 % (i gcomparáid le 19,2 % san Aontas). Tháinig laghdú 4,4 pointe céatadáin go 8,5 % ar riachtanais leighis nach bhfuiltear ag freastal orthu arna bhféintuairisciú in 2024, ach d’fhan sé i bhfad os cionn mheán 2,5 % an Aontais. Mar thoradh air sin, d’aistrigh an táscaire ó ‘chás criticiúil’ anuraidh go ‘lag ach ag feabhsú’. Ar an taobh diúltach, tá an ráta ró-ualaiigh maidir le costas tithíochta i ndiaidh dubailt ó bhí 2021 ann, ag sroicheadh 8.6 % agus, dá bhrí sin, tá sé ‘le faire’ arís.


I bhfianaise thorthaí na hanailíse céadchéime thuas, agus go háirithe 5 tháscaire atá ‘criticiúil’ nó ‘le faire’, **níl an chuma ar an scéal go bhfuil rioscaí féideartha roimh an Eastóin maidir le cóineasú sóisialta aníos agus dá réir sin ní bheidh gá le hanailís bhreise a dhéanamh ina leith sa dara céim** (féach an bosca i roinn 3.1).

Éire

Lean an fhostaíocht de bheith ag fás in 2024, ach bhí dúshlán fós roimh ghrúpaí faoi mhíbhuntáiste.

Ag 79.8 %, shroich an ráta fostaíochta an leibhéal is airde riamh, a bhuí, go príomha le glanimirce isteach, ar lean breis fostaíochta é, agus i bhfianaise fás láidir eacnamaíoch. Chuir rannpháirtíocht níos airde sa lucht saothair, go háirithe i measc na mban, leis sin freisin, agus tháinig laghdú ar an mbearna fostaíochta idir na hinscní go 9,3 pointe céatadáin ('ar an meán'). Mar sin féin, tá roinnt mhaith ban fós lasmuigh den mhargadh saothair mar gheall ar fhreagrachtaí

cúraim. Bunaithe ar príomhtháscaire an Scórchláir Shóisialta, bhí an bhearna fostaíochta maidir le daoine faoi mhíchumas fós i measc na bearna is leithne san Aontas (ag 38.2 pointe céatadáin i gcomparáid le 24.0 pointe céatadáin san Aontas), agus i 'gcás criticiúil', tar éis méadú 1.5 pointe céatadáin in 2024³³¹. Trí infhostaitheacht grúpaí faoi ghannionadaíocht a neartú, amhail daoine faoi mhíchumas, tuismitheoirí aonair, mionlaigh ar bheagán oiliúna, Romaigh agus Taistealaithe, is féidir cabhrú leo dul isteach i margadh an tsaothair agus aghaidh a thabhairt ar ghanntanais saothair agus scileanna atá ann cheana agus a bheidh ann amach anseo.



Tabhair faoi deara: Briseadh san amshraith le haghaidh IE in 2019.

³³¹ I dtaca le hairíonna tháscaire na bearna fostaíochta maidir le daoine faoi mhíchumas, féach an chéad fhonóta faoi Fhíor 2.2.16.

Tháinig laghdú ar rátaí bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta, cé go bhfuil rioscaí níos mó roimh roinnt grúpaí. Tháinig laghdú suntasach ar rioscaí bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta ar an iomlán agus i gcás leanaí (faoi 2,1 pointe céatadáin agus 3,4 pointe céatadáin, faoi seach), agus tá siad ‘níos fearr ná an meán’ anois. Mar sin féin, bhí grúpaí faoi mhíbhuntáiste, go háirithe tuismitheoirí aonair, an Lucht Siúil agus daoine faoi mhíchumas, i bhfad níos mó i mbaol. Tháinig meath suntasach ar thionchar na n-aistrithe sóisialta (seachas pinsin) ar laghdú na bochtaineachta in 2024 (faoi 7.0 pointe céatadáin), ach ag 50,8 % (i bhfad os cionn mheán an Aontais de 34.2 %) tá sé ‘go maith ach faireachán le déanamh’ anois. Mhéadaigh rannpháirtíocht leanaí faoi bhun 3 bliana d’aois i gcúram leanaí foirmiúil go 24,4 % in 2024. Mar sin féin, bhí an stádas ‘le faire’ fós ag gabháil léi ós rud é go bhfuil an ráta fós i bhfad faoi bhun mheán an Aontais 39,2 %. D’ainneoin infheistíochtaí agus feabhsuithe suntasacha, tá roinnt bacainní airgeadais agus neamhairgeadais fós ann, in éineacht le héagothromaíochtaí réigiúnacha. Cruthaíonn Éire ‘níos fearr ná an meán’ i dtaca leis an ráta ró-ualaigh maidir le costais tithíochta. Mar sin féin, tá inacmhainneacht tithíochta ag dul in olcas, ós rud é go bhfuil fás an tsoláthair fós i bhfad faoi bhun an éilimh atá ag dul i méid. Tá liostaí fada feithimh ann le haghaidh tithíocht shóisialta agus tá méadú ag teacht ar leibhéil na heaspa dídine³³².

Feidhmíonn Éire go maith ó thaobh oideachais agus scileanna de. Bhí ceann de na rátaí luathfhágála na scoile is ísle ag an bPolainn, ag 2,8 % in 2024, tar éis ceann de na laghduithe is mó san Aontas, rud a fhágann go bhfuil Éire i measc ‘na dtíortha is fearr’. De réir PISA 2022, tá daoine 15 bliana d’aois in Éirinn ar cheann de na ‘tíortha is fearr’ maidir le bunscoileanna (an léitheoireacht, an mhatamaitic agus an eolaíocht) san Aontas. D’éirigh mar an gcéanna le daoine fásta Éireannacha maidir le bunscoileanna digiteacha in 2023. Ba dhóichí freisin go nglacfaidís páirt san fhoghlaim i gcomparáid le meán-rannpháirtíocht an Aontais (48,3 % i gcomparáid le 39,5 % san Aontas) in 2022.


I bhfianaise thorthaí na hanailise céadchéime thuas, agus go háirithe 2 tháscaire atá ‘criticiúil’ nó ‘le faire’, **níl an chuma ar an scéal go bhfuil rioscaí féideartha os comhair na hÉireann maidir le cóineasú sóisialta aníos agus dá réir sin ní bheidh gá le hanailís bhreise a dhéanamh ina leith sa dara céim** (féach bosca 3.1.1).

³³² Féach: [Election 2024 Spotlight - Housing](#) [Toghchán 2024 - Spléachadh ar chúrsaí tithíochta] [Homeless Quarterly Progress Report Q2 2025](#) [Tuarascáil Ráithiúil ar Dhul Chun Cinn maidir le Daoine gan Dídean, R2 2025]

An Ghréig

Tá dúshlán fós le sárú ag an nGréig i ndáil le cosaint shóisialta agus cuimsiú sóisialta. Tháinig laghdú

1,6 pointe céatadáin ar thionchar na n-aistrithe sóisialta (seachas pinsin) ó thaobh laghdú bochtaineachta de go 16,6 % in 2024, agus tá sé os cionn mheán 34,2 % an Aontais. Idir an dá linn, mhéadaigh sciar na ndaoine atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta (IBBES) go 26,9 %, os cionn mheán an Aontais de 21,0 %, agus leis sin cuirtear deireadh le meath 10 mbliana. Léiríonn an dá tháscaire sin ‘cásanna criticiúla’. Ag 27,9 %, bhí an ráta IBBES i measc leanaí ard freisin (i gcomparáid le 24,2 % san Aontas) agus tá sé fós ‘le faire’. Tar éis méaduithe, léirítear ‘cásanna criticiúla’ le sciar ndaoine atá ag maireachtáil i líonta tí a bhfuil ró-ualach costais tithíochta orthu (ag 28.9 % in 2024, sciar atá ar cheann de na cinn is airde san Aontas, i gcomparáid le 8.2 % ar an meán), agus na riachtanais féintuairiscithe ar chúram leighis nár riaradh (ag 12,1 %, i gcomparáid le 2,5 % san Aontas). D’fhan neamhionannas, arna thomhas leis an gcóimheas idir cúigilí ioncaim, ag 5,27 in 2024, os cionn mheán an Aontais (4,66) san Aontas agus fós ‘le faire’.



Tabhair faoi deara: Briseadh san amsraith tionchair (EL) in 2022.

Foinse: Eurostat [[ilc_peps01n](#)], [[tespm050](#)], SIDM-

Tá feidhmíocht mhargadh saothair na Gréige ag feabhsú, ach tá dúshlán fós ann, go háirithe do mhná agus do dhaoine óga. In 2024, tháinig méadú 1,9 pointe céatadáin ar an ráta fostaíochta mar gheall ar fhás eacnamaíoch a bhí fós láidir. Mar sin féin, fiú tar éis an mhéadaithe shuntasaigh sin, ní raibh ach 69,3 % den daonra in aois oibre (20-64) fostaíthe (i gcomparáid le 75,8 % san Aontas), rud a léiríonn staid atá ‘lag ach ag feabhsú’. B’amhlaidh an cás freisin maidir le sciar na ndaoine óga nach raibh fostaíthe ná i mbun oideachais agus oiliúna (NEET), ar ar tháinig laghdú 1,7 pointe céatadáin go 14,2 % in 2024, ach bhí sé fós i bhfad os cionn mheán an Aontais (11,1 %). Idir an dá linn, in 2024, bhí ráta fostaíochta na mban, ag 59,9 % (tar éis méadú 2,3 pointe céatadáin), fós ar cheann de na rátaí is ísle san Aontas, agus bhí an bhearna fostaíochta idir na hinscní i measc na mbearnaí is leithne san Aontas (18,8 pointe céatadáin i gcomparáid le 10 bpointe céatadáin ar an meán) agus ba ‘chás criticiúil’ í. Thairis sin, tá innéacs an ollioncaim indiúscartha teaghlaigh (OIIT) per capita (2008=100), ag 84,1 % in 2024, fós i measc na n-ollioncam indiúscartha teaghlaigh is ísle, d’ainneoin méadú 2 pointe céatadáin ó bhí 2023 ann (i gcomparáid le meán 114,3 % an Aontais), rud ar ‘cás criticiúil’ é. Ar an taobh dearfach, bhí an bhearna fostaíochta maidir le daoine faoi mhíchumas fós ‘ar an meán’.

Tá forbairt scileanna marbhánta, rud a chuireann isteach ar infhostaitheacht agus iomaíochas. Bhí sciar na ndaoine fásta san fhoghlaím le 12 mhí anuas, ag 15,1 % in 2022, i measc na leibhéal is ísle san Aontas agus ba ‘chás criticiúil’ é. An tráth céanna, in 2023, bhí bunscileanna digiteacha ar a laghad ag 52,4 % de dhaoine fásta (i gcomparáid le 55,6 % san Aontas), sciar atá ‘ar an meán’. Bhí rátaí na tearcghnóthachtála i measc daoine atá 15 bliana d’aois i mbunscileanna i measc na rátaí ab airde san Aontas, tar éis ceann de na laghduithe ba ghéire a bheith tagtha air freisin. Ar an taobh eile, tháinig laghdú breise 0,7 pointe céatadáin ar sciar na luathfhágálaithe ón oideachas agus ón oiliúint in 2024 go 3,0 % (i gcomparáid le 9,4 % san Aontas), agus an Ghréig á coinneáil i measc ‘dtíortha is fearr’ sa réimse sin.


I bhfianaise thorthaí na hanailíse céadchéime thuas, agus go háirithe naoi dtáscaire atá ‘criticiúil’ nó ‘le faire’, **tá an chuma ar an scéal go bhfuil rioscaí féideartha roimh an nGréig maidir le cóineasú sóisialta aníos agus dá réir sin beidh gá le hanailís bhreise a dhéanamh ina leith sa dara céim** (féach bosca 3.1.1).

An Spáinn

Tá dúshlán os comhair na Spáinne i ndáil le cosaint shóisialta agus cuimsiú sóisialta. In

2024, tháinig laghdú ar an sciar den daonra atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta (IBBES) go 25,8 %, agus tháinig méadú breise de bheagán ar an ráta i measc leanaí go 34,6 % an tráth céanna. Bhí an dá ráta i bhfad os cionn mheáin an Aontais faoi seach (21,0 % agus 24,2 %) agus lena léirítear go bhfuil ‘cásanna criticiúla’ ann fós. Tháinig méadú (1 phointe céatadáin) ar thionchar na n-aistrithe sóisialta (seachas pinsin) ar laghdú na bochtaineachta go 23,9 % in 2024, ach d’fhan sé íseal (i gcomparáid le meán 34,2 % an Aontais), agus bhí sé ‘le faire’ dá réir sin. Bearnaí cumhdaigh is cúis leis sin i bpáirt, lena n-áirítear sa scéim ioncaim íosta agus sa chomhlánú leanaí. I gcás leanaí go háirithe, tháinig laghdú 20,2 % ar rioscaí bochtaineachta de bharr aistrithe sóisialta, i bhfad faoi mheán an Aontais de 41,9 %. Tháinig laghdú beag ar neamhionannas ioncaim, arna thomhas leis an gcóimheas idir cúigilí ioncaim, ach bhí sé fós ard (5,39 i gcomparáid le 4,66 san Aontas) agus ‘le faire’. Bhí innéacs an ollioncaim indiúscartha teaghlaigh (OIIT) per capita (2008=100) ‘le faire’ freisin in 2024, mar gheall ar an leibhéal íseal a bhí ann fós tar éis méadú. Is measa fós na dúshlán sin mar gheall ar éagothromaíochtaí réigiúnacha agus rátaí bochtaineachta arda ag an obair.

Lean an margadh saothair de bheith ag feabhsú ach tá dúshlán ag baint leis fós. Tháinig méadú breise ar an ráta fostaíochta (méadú 0,9 pointe céatadáin) go 71,4 % in 2024 (i gcomparáid le 75,8 % san Aontas), le tacaíocht ó fhás eacnamaíoch láidir agus ó mhéadú ar fhostaíocht sna hearnálacha sláinte agus oideachais, fáilteachais, TFC agus gairmiúla. Mar sin féin, mar gheall ar an mbearna mhór idir é agus meán an Aontais, fiú má tháinig feabhas measartha maith ar chúrsaí, is ‘cás criticiúil’ é i gcónaí. An tráth céanna, tá an ráta dífhostaíochta (11,4 % i gcomparáid le meán an Aontais de 5,9 %) agus a chomhpháirt fhadtéarmach (3,8 % i gcomparáid le 1,9 % san Aontas) ‘lag ach ag feabhsú’, i bhfianaise leibhéil atá an-ard fós d’ainneoin laghduithe móra (0,8 agus 0,5 pointe céatadáin, faoi seach). Bhí sciar na ndaoine óga nach raibh i mbun oideachais, fostaíochta ná oiliúna fós suntasach (12,0 % in 2024, i gcomparáid le 11,1 % san Aontas), ach tá sé ‘ar an meán’ anois mar gheall ar fheabhas leanúnach. Tá an bhearna fostaíochta maidir le daoine faoi mhíchumas ‘le faire’, tar éis di dul i méid, agus í ag 23,4 pointe céatadáin in 2024³³³.



Tabhair faoi deara: Ríomhtar tionchar an aistrithe shóisialta ar laghdú na bochtaineachta leanaí a ríomh trí úsáid a bhaint as rátaí riosca na bochtaineachta roimh an aistriú agus ina dhiaidh. Briseadh in amsraith ráta riosca na bochtaineachta (ES) in 2022. *Foinse:* Eurostat [[ilc_li10](#)], [[ilc_li02](#)], [[ilc_peps01n](#)], SIDM-AE.

³³³ Bhí briseadh san amsraith in 2024, rud nach gceadaíonn léirmhíniú ceart eacnamaíoch a dhéanamh ar an athrú.

Tá dúshlán leanúnacha roimh an Spáinn i ndáil le luathfhágáil an oideachais agus na hoiliúna, ach tá ag éirí go maith léi maidir le scileanna digiteacha. Tháinig laghdú ar sciar na luathfhágálaithe oideachais agus oiliúna in 2024, go 13,0 % (i gcomparáid le 9,4 % san Aontas), ach d’fhan sé fós ard agus ‘i gcás criticiúil’. Tá rátaí ardaithe go háirithe d’fhir (15.8 % i gcomparáid le 10,0 % do mhná) agus dóibh siúd a rugadh lasmuigh den tír (25.5 % i gcomparáid le 10,3 %), agus i réigiúin áirithe. Ar an iomlán, bhí rannpháirtíocht daoine fásta san fhoghlaím ‘ar an meán’ in 2022 (ag 34,1 % i gcomparáid le 39,5 % san Aontas). Bhí tearcghnóthachtáil sna bunscileanna níos ísle ná meán an Aontais ach bhí difríochtaí móra réigiúnacha ann. Feidhmíonn an Spáinn ‘níos fearr ná an meán’ freisin maidir le scileanna digiteacha agus oideachas luath-óige.


I bhfianaise thorthaí na hanailíse céadchéime thuas, agus go háirithe ocht dtáscaire atá ‘criticiúil’ nó ‘le faire’, **tá an chuma ar an scéal go bhfuil rioscaí féideartha roimh an Spáinn maidir le cóineasú sóisialta aníos agus dá réir sin beidh gá le hanailís bhreise a dhéanamh ina leith sa dara céim** (féach bosca 3.1.1).

An Fhrainc

Is ann fós do rioscaí bochtaineachta. Bhí an sciar den daonra atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta (IBBES) cobhsaí a bheag nó a mhór in 2024, ag 20,5 % (20,4 % in 2023), agus is ráta é sin atá ‘ar an meán’. Mar sin féin, d’fhan an ráta IBBES i measc leanaí os cionn mheán an Aontais (26,2 % i gcomparáid le 24,2 % in 2024) agus tá an stádas ‘le faire’ ag gabháil leis. Tá tionchar na n-aistrithe sóisialta (seachas pinsin) ar laghdú na bochtaineachta ag laghdú níos tapúla ná mar a bhí san Aontas ó bhí 2021 ann, ag titim 3 pointe céatadáin ó bhí 2023 ann (i gcomparáid le 0,5 pointe céatadáin san Aontas). Ar an gcúis sin, tá sé ‘go maith ach faireachán le déanamh air’ anois, fiú má tá sé fós os cionn mheán an Aontais, ag 38,9 % (i gcomparáid le 34,2 %). Tá an neamhionannas, arna thomhas mar an cóimheas idir cúigilí ioncaim, ‘ar an meán’, tar éis dó bheith ag dul i méid ó bhí 2018 ann. Éiríonn i bhfad níos measa leis na réigiúin is forimeallaí ná an Fhrainc mheitreapholaiteach i ngach cuid de réimse na cosanta sóisialta agus an chuimsithe shóisialta.

D’fheidhmigh margadh an tsaothair sách maith in 2024 ach tá roinnt dúshlán ag baint leis.

In 2024, i gcomhthéacs fíorfhás OTI 1,2 %, d’ardaigh an ráta fostaíochta go 75.1 % (i gcomparáid le 75.8 % san Aontas), agus d’fhan an ráta dífhostaíochta os cionn mheán an Aontais an tráth céanna, ag 7.4 % (i gcomparáid le 5.9 % san Aontas), agus tá na réigiúin is forimeallaí i bhfad níos measa. Tá an dá tháscaire fós ‘le faire’³³⁴. Tháinig méadú (1,5 pointe céatadáin go 18,7 %) ar ráta dífhostaíochta an aosa óig, agus shroich sciar na ndaoine óga nach raibh fostaithe ná in oideachas agus oiliúint (NEET) 12,5 % (i gcomparáid le 11,1 % san Aontas), agus tá sé fós ‘le faire’ freisin. Cé go raibh an dífhostaíocht fhadtéarmach ‘ar an meán’ ar an iomlán, bhí bacainní níos mó fós roimh roinnt grúpaí leochaileacha maidir lena n-imeascadh i margadh an tsaothair, go háirithe oibrithe scothaosta, iad siúd a rugadh lasmuigh den Aontas Eorpach agus daoine a bhfuil gnóthachtáil íseal oideachais acu. Leathnaigh an bhearna fostaíochta idir na hinscní in 2024 (méadú 0,4 pointe céatadáin go 5.9 pointe céatadáin), agus tá sí ‘ar an meán’ anois. Tá an bhearna fostaíochta maidir le daoine faoi mhíchumas ag cúngú ó bhí 2020 ann, ach leathnaigh sí beagán go 22,4 pointe céatadáin in 2024 (i gcomparáid le 24,0 pointe céatadáin san Aontas), agus tá sí fós ‘níos fearr ná an meán’.



Tabhair faoi deara: Briseadh san amshraith in 2020 agus 2022.

Foinse: Eurostat [[ilc_peps01n](#)], [[tespm050](#)], SIDM-AE.

³³⁴ Tá difríocht idir an sainmhíniú ar tháscairí mhargadh saothair na Fraince agus na gnáth-tháscairí ó bhí 2021 ann (féach [Eurostat](#)).

Feidhmíonn an Fhrainc sách maith ar an iomlán maidir le forbairt scileanna. Tá an sciar de dhaoine fásta ag a bhfuil bunscileanna digiteacha ar a laghad (59,7 % in 2023) agus sciar na luathfhágálaithe ón oideachas agus ón oiliúint (7,7 % in 2024 ‘ar an meán’). Tá rannpháirtíocht daoine fásta san oiliúint ‘níos fearr ná an meán’ (49,2 % in 2022). Is í an Fhrainc an ‘tír is fearr’ maidir leis an sciar de leanaí faoi bhun 3 bliana d’aois atá i gcúram leanaí foirmiúil, ag 59.3 %, i bhfad os cionn mheán 39.2 % an Aontais, ach níor shroich an bhearna rannpháirtíochta i gcúram leanaí idir leanaí atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta 41,5 pointe céatadáin in 2024 (i gcomparáid le 20,3 pointe céatadáin san Aontas). Ina theannta sin, tá cion mór daoine sa chóras oideachais nár ghnóthaigh mórán agus tá neamhionannais arda sa chóras. Tá ganntanais oibrithe oilte fós ann agus d’fhéadfadh tionchar a bheith acu ar an iomaíochas.

I bhfianaise thorthaí na hanailise céadchéime thuas, agus go háirithe 4 tháscaire atá ‘criticiúil’ nó ‘le faire’, **níl an chuma ar an scéal go bhfuil rioscaí féideartha roimh an bhFrainc maidir le cóineasú sóisialta aníos agus dá réir sin ní bheidh gá le hanailís bhreise a dhéanamh ina leith sa dara céim** (féach an bosca i roinn 3.1.1).

An Chróit


Tá roinnt dúshlán roimh an gCróit maidir le cosaint

shóisialta agus cuimsiú sóisialta. Bhí tionchar na n-aistrithe sóisialta (seachas pinsin) ar laghdú na bochtaineachta, d'ainneoin feabhsuithe a rinneadh le déanaí (ó 20,35 % in 2022), fós i measc na bhfeabhsuithe is ísle san Aontas in 2024 (21,6 % i gcomparáid le 34,2 %), rud a léiríonn cás 'criticiúil' don tríú bliain as a chéile. An tráth céanna, bhí ráta na ndaoine atá i mbaol bochtaineachta nó eisiamh shóisialta (IBBES) 1,0 pointe céatadán níos airde in 2024, agus ar an gcúis sin tá sé 'le faire' anois (ag 21,7 %

i gcomparáid le 21,0 % san Aontas), fiú más gá a bheith cúramach maidir leis an athrú a léirmhíniú mar gheall ar an mbriseadh struchtúrach in 2024. Ar an gcaoi chéanna, ach leis an caveat céanna, bhí an ráta IBBES i measc leanaí 2,0 pointe céatadán níos airde in 2024, agus dá bhrí sin ta an stádas 'le faire' ag gabháil leis, cé go bhfuil sé fós faoi bhun mheán an Aontais (19.3 % i gcomparáid le 24.2 %). Lean neamhionannas, arna thomhas leis an gcóimheas idir cúigilí ioncain, de bheith ag méadú ach ar luas níos moille, agus tá sé 'ar an meán'. Tá an ráta ró-ualaigh maidir le costas tithíochta agus an gá le cúram leighis nár riaradh arna fhéintuairisciú 'níos fearr ná an meán'.

D'fhéadfaí feabhas a chur ar an bhfoghlaim ar feadh an tsaoil sa tír. Lean sciar na leanaí faoi bhun 3 bliana d'aois i gcúram leanaí foirmiúil de bheith ag méadú in 2024, go 30,2 % (ó 29,6 % in 2023). Cé go raibh an tír fós ar an 'gníomhaí is fearr' maidir le sciar na luathfhágálaithe ón oideachas agus ón oiliúint, bhí sciar na ndaltaí lagchumasacha san oideachas suntasach, agus go háirithe ard sa mhatamaitic. Níor ghlac ach 23,3 % d'aosaigh na Cróite páirt san foghlaim in 2022 (i gcomparáid le 39,5 % san Aontas) agus tar éis laghdú a bheith tagtha air ó 26,9 % in 2016. Tá sé seo 'le faire'. Cé gurbh é 59.0 % an sciar de dhaoine fásta a bhfuil bunscileanna digiteacha ar a laghad acu in 2023 (i gcomparáid le 55.6 % san Aontas), tá an cás 'le faire' mar gheall ar laghdú mór (-4.4 pointe céatadán) ó bhí 2021 ann.

Rannpháirtíocht daoine fásta san foghlaim, 2022 (%)



Tabhair faoi deara: Sonraí faoi iontaofacht íseal i gcás daoine difhostaithe agus daoine lasmuigh den lucht saothair (HR).

Tá an margadh saothair ag dul i méid, ach tá dúshlán fós le sárú ag daoine faoi mhíchumas.

Tá an ráta fostaíochta ag méadú ó bhí 2021 ann, ach d’fhan sé níos ísle ná meán an Aontais (73,6 % i gcomparáid le 75,8 %) in 2024, i gcás atá ‘lag ach ag feabhsú’ (tar éis cás ‘criticiúil’ sna blianta roimhe sin). An tráth céanna, le tacaíocht ó fhás eacnamaíoch atá fós sách láidir, tháinig laghdú breise ar na rátaí dífhostaíochta agus dífhostaíochta fadtéarmaí go 5,0 % agus 1,8 %, faoi seach. Cé go raibh an bhearna fostaíochta idir na hinscní agus an sciar de dhaoine óga nach raibh fostaithe ná in oideachas agus oiliúint (NEET) ‘níos fearr ná an meán’ in 2024, bhí bacainní tábhachtacha fós roimh dhaoine faoi mhíchumas. Léirigh an bhearna fostaíochta maidir le daoine faoi mhíchumas (ag 41,0 pointe céatadáin i gcomparáid le 24,0 pointe céatadáin san Aontas) ‘cás criticiúil’, tar éis leathnú breise. Ba é 138.1 innéacs an ollioncaim indiúscartha teaghlaigh (OIIT) per capita (2008=100) in 2024 agus bhí sé ‘níos fearr ná an meán’.

I bhfianaise thorthaí na hanailíse céadchéime thuas, agus go háirithe 6 tháscaire atá ‘criticiúil’ nó ‘le faire’, agus a bhfuil dúshlán staidrimh roimh 3 cinn díobh³³⁵, **níl an chuma ar an scéal go bhfuil rioscaí féideartha roimh an gCróit maidir le cóineasú sóisialta aníos agus dá réir sin ní bheidh gá le hanailís bhreise a dhéanamh ina leith sa dara céim** (féach bosca 3.1.1).

³³⁵ Le briseadh san amshraith in 2024 le haghaidh na táscaire uile sa réimse seo, bunaithe ar SIDM-AE, ní féidir athruithe a léirmhíniú. Go háirithe, tis é an briseadh struchtúrach is cúis leis an stádas ‘le faire’ i gcás IBBES agus IBBES i measc leanaí, rud a fhágann nach féidir léirmhíniú ceart eacnamaíoch a dhéanamh.


An Iodáil

D'ainneoin roinnt feabhsuithe leanúnacha, tá dúshlán thábhachtacha roimh mhargadh

saothair na hIodáile. Tháinig méadú breise ar an ráta fostaíochta in 2024, ag sroicheadh 67,1 %. Mar sin féin, tá sé fós ar cheann de na rátaí is ísle san Aontas agus is ‘cás criticiúil’ é. Chonacthas fás suntasach fostaíochta sa Deisceart agus sna hoileáin ach tá an bhearna i leibhéil leis an Iarthuaisceart fós leathan, ag níos mó ná 21 phointe céatadáin. I gcomhthéacs feabhais ar leibhéal an Aontais, tá an bhearna fostaíochta idir na hinscní sa tír fós ar cheann de na bearnaí is leithne (ag 19,4 pc i

gcomparáid le 10,0 pc don Aontas), agus tá ‘cás criticiúil’ ann. Ina theannta sin, tá an bhearna fostaíochta maidir le daoine faoi mhíchumas, ag 25.1 pointe céatadáin, os cionn mheán an Aontais de 24 pointe céatadáin, agus tá sí ‘le faire’³³⁶. Ar an taobh dearfach, thit an ráta dífhostaíochta go 6,5 % (i gcomparáid le 5,9 % san Aontas), i gcomparáid le fás fíor-OTI de 0,7 %, tar éis ceann de na feabhsuithe is mó a thaifeadadh agus tá sé ‘níos fearr ná an meán’ anois (ó ‘le faire’ anuraidh). Ar an gcaoi chéanna, thit an ráta dífhostaíochta fadtéarmaí go 3,3 % agus tá sé ‘lag ach ag feabhsú’ anois (tar éis ‘chás criticiúil’ na bliana seo caite). Ar deireadh, tá innéacs an ollioncaim indiúscartha teaghlaigh (OIIT) per capita (2008=100) fós i ‘gcás criticiúil’ (ag 96.0 in 2024 i gcomparáid le 114.3 san Aontas), arna spreagadh ag pá atá íseal ó thaobh struchtúir de atá nasctha freisin le táirgiúlacht íseal agus déine oibre íseal.

Tá dúshlán fós ann maidir le forbairt scileanna. D'ainneoin titim 0,9 pointe céatadáin ó bhí 2023 ann, tá an sciar de dhaoine óga nach raibh fostaithe ná in oideachas agus oiliúint (NEET) (15.2 %) fós i measc na sciartha is airde san Aontas, agus is ‘cás criticiúil’ é. Cé gur tháinig laghdú breise ar sciar na luathfhágálaithe ón oideachas agus ón oiliúint, tá a leibhéal fós ard, agus tá an ‘cás le faire’ anois. Thairis sin, tá sciar na n-ísealghnóthachtálaithe sna bunscoil arda (29,3 % sa mhatamaitic, PISA 2022). Tá an sciar de dhaoine fásta atá rannpháirteach san fhoghlaim (29,0 % in 2022) agus sciar na ndaoine fásta a bhfuil bunscoil digiteacha ar a laghad acu (45,8 % in 2023) íseal agus ‘le faire’.



Notaí: Briseadh sa tsraith in 2018.

Foinse: Eurostat [[lfsi_emp_a](#)], [[une_rt_a](#)], SFS AE.

³³⁶ Bhí briseadh san amsraith in 2024, rud nach gceadaíonn léirmhíniú ceart eacnamaíoch a dhéanamh ar an athrú.

Tar éis treocht anuas ó bhí 2021 ann, tháinig méadú ar rioscaí bochtaineachta in 2024. Tháinig méadú ar an sciar de dhaoine atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta go 23,1 % don daonra ina iomláine (ó 22,8 % in 2023), agus bhí sé cobhsaí ag 27,1 % do leanaí (i gcomparáid le 21 % agus 24,2 % san Aontas, faoi seach). Tá an dá chás ‘le faire’, agus is é is cúis leo sciar méadaitheach na ndaoine atá ag maireachtáil i líonta tí (gar-)dhífhostaithe, agus tá tionchar laghdaithe bochtaineachta na n-aistrithe sóisialta (seachas pinsin) ‘ar an meán’ an tráth céanna. Tá méadú ag teacht freisin ar neamhionannas ioncaim, arna thomhas leis an gcóimheas idir cúigilí ioncaim, agus tá sé ‘le faire’ (ag 5,53 vs 4,66 san Aontas). Rud dearfach is ea gur tháinig méadú 4,9 pointe céatadáin ar an líon leanaí atá faoi bhun 3 bliana d’aois i gcúram leanaí foirmiúil go 39,4 % (i gcomparáid le 39,2 % san Aontas). Ina theannta sin, maidir leis an sciar de dhaoine a thuairiscíonn go bhfuil riachtanais leighis nach ndéantar freastal orthu agus an sciar de dhaoine a bhfuil ró-ualach orthu mar gheall ar chostais tithíochta, tá an dá sciar sin araon íseal.


I bhfianaise thorthaí na hanailíse céadchéime thuas, agus go háirithe, ós rud é go bhfuil stádas ‘criticiúil’ nó ‘le faire’ ag gabháil le 11 tháscaire, **tá an chuma ar an scéal go bhfuil rioscaí féideartha roimh an Iodáil maidir le cóineasú sóisialta aníos agus dá réir sin beidh gá le hanailís bhreise a dhéanamh ina leith sa dara céim** (féach an bosca i roinn 3.1.1).

An Chipir

Maidir le forbairt scileanna, léirítear ann go bhfuil meath ag teacht ar an gcás sin, agus is dúshlán fós í. Tháinig méadú breise ar sciar na luathfhágálaithe ón oideachas agus ón oiliúint, ó 10,4 % in 2023 go 11,3 % in 2024, agus tá sé fós ‘le faire’. Níl bunscoileanna ag níos mó ná leath de dhaoine atá 15 bliana d’aois (53,2 % sa mhatamaitic, PISA 2022), agus tá ceann amháin i measc na laghdaithe is géire san Aontas ó bhí 2018 ann. Tá an litearthacht dhigiteach an-íseal, tar éis laghdú, agus ní raibh bunscoileanna digiteacha ar a laghad ach ag 49,5 % de dhaoine fásta in 2023 (i gcomparáid le 55,6 % san Aontas), rud atá ‘le faire’.

Cé go raibh 28,2 % d’oibrithe a bhfuil cáilíochtaí ardoideachais acu fostaíthe i ngairmeacha nach raibh gá leis an leibhéal cáilíochta sin ina leith in 2024, bhí mic léinn atá cláraithe in ábhair ETIM mar sciar den chlárú treasach iomlán (ISCED 5-8) ar cheann de na rátaí ab ísle, ag 14,9 % in 2023 (i gcomparáid le 26,9 % san Aontas). Bhí an sciar de dhaoine fásta a bhí rannpháirteach san fhoghlaím sa 12 mhí roimhe sin íseal freisin, ag 28,3 % in 2022 (i gcomparáid le 39,5 % san Aontas), tar éis titim mhór ó 44,8 % in 2016, ar cás é sin atá ‘le faire’. Ar an taobh eile, ba é 40,1 % an sciar leanaí faoi bhun 3 bliana d’aois i gcúram leanaí foirmiúil in 2024 (i gcomparáid le 39,2 % san Aontas), tar éis méadú breise, atá ‘ar an meán’.

Tá an margadh saothair ag feidhmiú go maith ar an iomlán, ach tá dúshlán fós roimh ghrúpaí áirithe den daonra. De dhroim fás eacnamaíoch láidir, tháinig méadú breise ar an ráta fostaíochta go 79,8 % in 2024 (i gcomparáid le 75,8 % san Aontas), agus thit an ráta dífhostaíochta agus a chomhpháirt fhadtéarmach go 4,9 % agus 1,3 %, faoi seach, (agus bhí siad uile ‘níos fearr ná an meán’). Mar gheall ar mhéadú 1,0 pointe céatadán ó 2023, tá an bhearna fostaíochta idir na hinscní (ag 10,0 pointe céatadán) ‘le faire’ anois. Bhí an bhearna fostaíochta maidir le daoine faoi mhíchumas fós ‘ar an meán’. Cé go raibh ráta dífhostaíochta an aosa óig faoi bhun mheán an Aontais (13,0 % i gcomparáid le 14,9 % san Aontas), bhí an sciar de dhaoine óga nach raibh fostaíthe ná in oideachas agus oiliúint (NEET) fós ard, ag 12,9 % (i gcomparáid le 11,1 % san Aontas), agus tá sé ‘lag ach ag feabhsú’ anois tar éis laghdú 1,0 pointe céatadán. Ar deireadh, tá innéacs an ollioncaim indiúscartha teaghlaigh (OIIT) per capita (2008=100) fós íseal ag 107.7, fiú tar éis feabhas ó 102,7 in 2023, agus é fós ‘le faire’.



Tabhair faoi deara: Brisadh san amshraith in 2021.
Foinse: Eurostat [edat lfse 14], SFS AE.

Bhí dea-thorthaí sóisialta ag an gCipir. Ba é 17,1 % ar an iomlán riosca na bochtaineachta nó an eisiaimh shóisialta in 2024 agus 14,8 % i gcás leanaí (i gcomparáid le 21,0 % agus 24,2 %, faoi seach, san Aontas), mar ‘níos fearr ná an meán’ agus ‘an tír is fearr’, faoi seach. Léiríonn sé sin, i measc rudaí eile, tionchar cobhsaí na n-aistrithe sóisialta (seachas pinsin) maidir leis an mbochtaineacht a laghdú, ar rud é atá ‘ar an meán’ (30,5 % i gcomparáid le 34,2 % san Aontas) agus an ráta ró-ualaigh íseal maidir le costas tithíochta ag 2,4 %, dá bhfuil an Chipir ar an ‘ngníomhaí is fearr’ freisin. Tá an gá le cúram leighis nár riaradh arna fhéintuairisciú, mar atá, 0,1 %, i measc na rátaí is ísle san Aontas agus ‘níos fearr ná an meán’.


I bhfianaise thorthaí na hanailíse céadchéime thuas, agus go háirithe cúig tháscaire atá ‘le faire’, **níl an chuma ar an scéal go bhfuil rioscaí féideartha roimh an gCipir maidir le cóineasú sóisialta aníos agus dá réir sin ní bheidh gá le hanailís bhreise a dhéanamh ina leith sa dara céim (féach bosca 3.1.1).**

An Laitvia

Tá dúshlán sa réimse sóisialta fós ann. I

gcomhthéacs marbhántacht OTI, bhí neamhionannas ioncaim agus rioscaí bochtaineachta fós ard sa Laitvia in 2024. Tá an cóimheas idir cúigilí ioncaim i measc na gcóimheas is airde san Aontas, ag 6,28 (i gcomparáid le 4,66 mar mheán an Aontais), rud a chuireann ‘cás criticiúil’ i dtábhacht. Ina fhianaise sin, tháinig titim bhreise (2 pointe céatadáin) ar thionchar na n-aistrithe sóisialta (seachas pinsin) ar laghdú na bochtaineachta in 2024 go 21,5 % (i gcomparáid le 34,2 % san Aontas). Tar éis dhá mheathlú as a chéile, is ‘cás criticiúil’ é sin anois. Cé gur tháinig laghdú ar an sciar de dhaoine atá i mbaoil

bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta (IBBES) ó 25,6 % go 24,3 % in 2024 (agus laghdú suntasach tugtha faoi deara i gcás leanaí, go 17,9 %), tá an ráta foriomlán fós i bhfad os cionn mheán 21,0 % an Aontais. Is cás é sin atá ‘le faire’. Go háirithe, bhí an ráta IBBES i measc daoine scothaosta (65+) ard cheana féin agus tháinig méadú breise air, go 42,9 % in 2024 (ó 41,6 % an bhliain roimhe sin), méadú a bhain le leordhóthanacht íseal pinsean freisin. Tá dlúthbhaint ag bochtaineacht ard seanaoise le drochthorthaí sláinte agus costais ghaolmhara cúraim sláinte. Tá méadú breise tagtha ar ráta na ndaoine atá i mbaoil bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta i measc daoine faoi mhíchumas ó 38.5 % go 39.4 % agus tá sé i bhfad os cionn mheán an Aontais 28.7 %. D’fhan an gá le cúram leighis nár riaradh arna fhéintuairisciú i ‘gcás criticiúil’, ag ardú go 8,4 % in 2024 (ó 7,8 % in 2023) i gcomparáid le 2,5 % san Aontas.



Tabhair faoi deara: Briseadh san amshraith tionchair (LV) in 2022.

Foinse: Eurostat [[ilc_peps01n](#)], [[tespm050](#)], SIDM-A E

Tugadh roinnt meatha faoi deara in 2024 i ndáil le torthaí mhargadh an tsaothair. Tar éis théarnamh an mhargaidh saothair tar éis ghéarchéim COVID-19, tháinig moill ar an bhfás fostaíochta in 2024 i gcomhthéacs na marbhántachta. Cé go raibh an ráta fostaíochta (ag 77,4 %) ‘ar an meán’, tháinig méadú ar na rátaí dífhostaíochta agus dífhostaíochta fadtéarmaí go 6,9 % agus 2,2 %, faoi seach (i gcomparáid le 5,9 % agus 1,9 % san Aontas). Tháinig méadú 0,7 pointe céatadáin ar sciar na ndaoine óga nach raibh fostaithe ná in oideachas agus oiliúint (NEET) go 10,7 % (i gcomparáid le 11,1 % san Aontas). Tá na trí tháscaire uile sin ‘le faire’ in 2024. Ar an taobh dearfach de, tá ceann de na bearnaí fostaíochta is cúinge idir na hinscní san Aontas ag an Laitvia agus tá sí ar cheann de na ‘tíortha is fearr’. Ina theannta sin, tá an bhearna fostaíochta maidir le daoine faoi mhíchumas fós ‘níos fearr ná an meán’ d’ainneoin leathnú le déanaí.

Tá an fheidhmíocht maidir le hoideachas agus scileanna fós ‘ar an meán’, ach meath tagtha ar ghnéithe di. Ba é 34,1 % ráta rannpháirtíochta na ndaoine fásta san fhoghlaim (le 12 mhí anuas) (i gcomparáid le 39,5 % san Aontas). Thairis sin, ba é 45,3 % an sciar de dhaoine fásta a bhfuil bunscileanna digiteacha ar a laghad acu in 2023 (faoi bhun mheán 55,6 % an Aontais), agus bhí sé ‘le faire’ fós in aghaidh an ghá atá le tacú leis an aistriú digiteach. An tráth céanna, léirigh sciar na leanaí faoi bhun 3 bliana d’aois i gcúram leanaí foirmiúil ceann de na lagduithe is mó san Aontas, rud a d’fhág go raibh sciar 24,9 % ann (i gcomparáid le 39,2 % san Aontas), agus tá sé ‘le faire’ anois. Cé nach bhfuil luathfhágáil na scoile forleathan agus go n-éiríonn go maith ar an iomlán le daoine óga 15 bliana d’aois sa Laitvia i mbunscileanna, feidhmíonn scoileanna uirbeacha i bhfad níos fearr ná na scoileanna i gceantair thuaithe. Tá céatadán na mac léinn ollscoile atá cláraithe i gcláir ETIM íseal (25,1 % i gcomparáid le 26,9 % san Aontas), go háirithe i measc na mban.

I bhfianaise thorthaí na hanailíse céadchéime thuas, agus go háirithe 9 tháscaire atá ‘criticiúil’ nó ‘le faire’, lena n-áirítear ceann a chuaigh in olcas le himeacht ama, **tá an chuma ar an scéal go bhfuil rioscaí féideartha roimh an Laitvia maidir le cóineasú sóisialta aníos agus dá réir sin beidh gá le hanailís bhreise a dhéanamh ina leith sa dara céim** (féach an bosca i roinn 3.1.1).


An Liotuáin

Chuaigh an cás maidir le cuimsiú sóisialta agus cosaint shóisialta in olcas in 2024.

Tháinig méadú (1,5 pointe céatadáin) ar an sciar de dhaoine atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta (IBBES) go 25.8 %³³⁷ in 2024 (i gcomparáid le 21,0 % san Aontas), ceann de na luachanna is mó agus na méaduithe bliantúla is mó dár taifeadadh, rud a fhágann gur ‘cás criticiúil’ é. Bhí daoine i gceantair thuaithe agus i ngrúpaí leochaileacha amhail daoine dífhostaithe, daoine scothaosta agus daoine faoi mhíchumas neamhchosanta go háirithe. Bhí ar dhaoine faoi mhíchumas aghaidh a thabhairt ar

cheann de na rátaí IBBES is airde san Aontas (45,8 % in 2024 i gcomparáid le 28,7 % san Aontas). I measc leanaí, áfach, d’fhan an ráta IBBES ‘ar an meán’. Tháinig laghdú ar thionchar na n-aistrithe sóisialta (seachas pinsin) ar laghdú na bochtaineachta ó 29,9 % in 2023 go 25,9 % in 2024 (ceann de na laghduithe is mó) i comparáid le 34,2 % san Aontas. Léiríonn sé sin leordhóthanacht agus cumhdach íseal na sochar sóisialta, agus tá sé ‘le faire’ anois. Thairis sin, tá an neamhionannas, arna thomhas de réir an chóimheasa idir cúigilí ioncaim, i measc na leibhéal is airde san Aontas in 2024 (6,54 i gcomparáid le 4,66), agus ceann de na méaduithe is mó i gceist, agus is ‘cás criticiúil’ é arís. Ar deireadh, cé go bhfuil sé fós faoi bhun mheán 8,2 % an Aontais, tháinig méadú substaintiúil ar an ráta ró-ualaiigh maidir le costas tithíochta don dara bliain as a chéile, ag sroicheadh 6,2 % in 2024, agus tá sé ‘le faire’ anois freisin.

Ráta daoine atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta agus na comhpháirteanna lena ngabhann (IBB, GDAS, DOI; %)



Tabhair faoi deara: Sonraí sealadacha in 2024.

Foinsí: Eurostat [[ilc_peps01n](#)], [[tepsr_lm430](#)], [[ilc_li02](#)], [[tespm030](#)], SIDM-AE.

³³⁷ Is sonraí sealadacha iad sonraí Eurostat 2024 le haghaidh gach táscaire sóisialta i gcás na Liotuáine.

Tá méadú ag teacht ar na dúshláin atá roimh an Liotuáin a bhaineann le forbairt scileanna.

Léirigh an sciar de dhaoine óga nach raibh fostaithe ná in oideachas agus oiliúint (NEET) ‘cás criticiúil’ in 2024, tar éis méadú suntasach (+ 1,2 pointe céatadán go 14,7 %, i gcomparáid le 11,1 % san Aontas). An tráth céanna, tháinig méadú 2 pointe céatadán ar sciar na luathfhágálaithe ón oideachas agus ón oiliúint go 8,4 % in 2024 (i gcomparáid le 9,4 % san Aontas), agus cás atá ‘le faire’. Chuaigh an dá tháscaire in olcas don dara bliain as a chéile. Ina theannta sin, tá an sciar tearcghnóthachtálaithe i mbunscileanna ard (27,8 % sa mhatamaitic, PISA 2022). Thairis sin, tá rannpháirtíocht daoine fásta san fhoghlaím le 12 mhí anuas ‘le faire’ mar rud atá go mór faoi bhun mheán an Aontais (27,4 % i gcomparáid le 39,5 % in 2022). Ar an taobh dearfach de, tháinig méadú ar an sciar leanaí faoi bhun 3 bliana d’aois i gcúram leanaí foirmiúil go 36,9 % in 2024 (i gcomparáid le 39,2 % san Aontas).

Tháinig feabhas páirteach ar chás mhargadh an tsaothair sa Liotuáin in 2024. De dhroim fás eacnamaíoch láidir, tháinig méadú 0,7 pointe céatadán ar an ráta fostaíochta go 79,2 % in 2024 (i gcomparáid le 75,8 % san Aontas). Mar sin féin, tháinig méadú breise ar an ráta fostaíochta go 7,1 % (ó 6,9 % in 2023), ráta atá 1,2 pointe céatadán os cionn mheán an Aontais agus tá sé fós ‘le faire’. D’fhan an ráta dífhostaíochta fadtéarmaí cobhsaí (ag 2,3 %) don tríú bliain as a chéile, agus tá sé díreach 0,4 pointe céatadán os cionn mheán an Aontais. Bunaithe ar phríomhtháscaire an Scórchláir Sóisialta, bhí an bhearna fostaíochta maidir le daoine faoi mhíchumas leathan, ionann is 39.9 pointe céatadán in 2024 (i gcomparáid le 24.0 pointe céatadán san Aontas), agus léirítear go bhfuil ‘cás criticiúil’ ann.

I bhfianaise thorthaí na hanailíse céadchéime thuas, agus go háirithe, ós rud é go bhfuil stádas ‘criticiúil’ nó ‘le faire’ ag gabháil le 9 tháscaire, lena n-áirítear dhá cheann a chuaigh in olcas le himeacht ama, **tá an chuma ar an scéal go bhfuil rioscaí féideartha roimh an Liotuáin maidir le cóineasú sóisialta aníos agus dá réir sin beidh gá le hanailís bhreise a dhéanamh ina leith sa dara céim** (féach an bosca i roinn 3.1.1).


Lucsamburg

Léiríonn treochtaí le déanaí gur ann do dhúshláin a bhaineann le feidhmíocht an mhargaidh saothair.

In 2024, i gcomhthéacs fás eacnamaíoch measartha agus mímhéaitseáil leanúnach scileanna, thit an ráta fostaíochta beagán go 74,2 %, rud a dhíchúpláil a thuilleadh ó threocht aníos fhoriomlán an Aontais (go 75,8 % in 2024). Tá sé ‘le faire’ anois. Tháinig méadú arís ar an ráta dífhostaíochta in 2024 go 6,4 % (i gcomparáid le 5,9 % san Aontas), tar éis ceann de na méaduithe is mó (1,2 pointe céatadán), agus bhí sé ‘le faire’ fós. Ar an taobh eile, tháinig laghdú (0,1 pointe céatadán) ar an ráta dífhostaíochta

fadtéarmaí go dtí 1,6 %, agus tá sé ‘ar an meán’ anois. Tá innéacs an ollioncaim indiúscartha teaghlaigh (OIIT) per capita (2008=100) ag 113,1 (i gcomparáid le 114,3 san Aontas), méadú beag ó 112,1 in 2023, ‘le faire’ freisin. Ina fhianaise sin, tháinig méadú suntasach (1,3 pointe céatadán) ar sciar na ndaoine óga nach raibh fostaithe ná in oideachas agus oiliúint (NEET) go 9,8 % in 2024, don dara bliain as a chéile, agus tá sé ‘le faire’ anois. Ar an taobh eile, bhí an tír ‘níos fearr ná an meán’ maidir leis an mbearna fostaíochta idir na hinscní.

Feidhmíonn Lucsamburg go maith maidir le hoideachas agus scileanna ar an iomlán ach tá meath tagtha ar ghnéithe áirithe de. Bhí an sciar de dhaoine fásta a bhí rannpháirteach san fhoghlaím le 12 mhí anuas ard, ag 45,2 % in 2022, i bhfad os cionn mheán an Aontais de 39,5 %. Cé go bhfuil bunscileanna digiteacha ar a laghad ag sciar ard den daonra fásta (60,1 %) (i gcomparáid le 55,6 % san Aontas), tá an cás ‘le faire’ i bhfianaise an mheatha mhóir (faoi 3,7 pointe céatadán) i sonraí 2023. Is amhlaidh an cás freisin maidir le sciar na luathfhágálaithe ón oideachas agus ón oiliúint, sciar ar tháinig méadú 1 phointe céatadán air go 7.8 % in 2024³³⁸ (faoi bhun mheán an Aontais de 9.4 %). Ar deireadh, bhí sciar na leanaí faoi bhun 3 bliana d’aois i gcúram leanaí ‘níos fearr ná an meán’.



Foinse: Eurostat, [\[lfsi_emp_a\]](#), [\[une_rt_a\]](#), [\[une_ltu_a\]](#), [\[lfsi_neet_a\]](#), SFS AE.

³³⁸ Mar sin féin, luaitear luachanna 2023-24 do luathfhágálaithe ón oideachas agus ón oiliúint mar ‘iontaofacht íseal’.

D'éirigh an cás sóisialta i Lucsamburg níos cobhsaí in 2024, cé go bhfuil dúshlán fós ann. Thit an sciar de dhaoine óga atá i mbaol bochtaineachta nó an eisiaimh shóisialta (IBBES) go suntasach (ó 21,4 % pointe céatadáin in 2023, go 20,0 %, in 2024 (i gcomparáid le 21 % san Aontas), agus tá sé 'ar an meán' anois. Ba é ba chúis leis sin go príomha laghdú ar ráta riosca na bochtaineachta, ó 18,8 % go 18,1 %, mar aon le laghdú beag (0,2 pointe céatadáin) ar ghéardhíth ábharach agus shóisialta de réir mar a laghdaigh an boillsciú. Mar sin féin, d'fhan an ráta IBBES i measc leanaí os cionn mheán an Aontais (25,6 % in 2024 i gcomparáid le 24,2 % san Aontas) agus tá sé fós 'le faire'. Is é is cúis leis sin go páirteach tionchar teoranta na n-aistrithe sóisialta (seachas pinsin) ar laghdú na bochtaineachta, a thit go 27,0 % in 2024 (i gcomparáid le 34,2 % san Aontas), agus tá sé fós 'le faire'. Bhí an sciar de dhaoine a raibh ró-ualach costas tithíochta orthu 'níos fearr ná an meán' in 2024, thit sé ó 11,5 % go 8,0 % (i gcomparáid le 8,2 % san Aontas). Chuaigh an feabhsú chun tairbhe do chíosaithe go háirithe, mar gheall ar fhóirdheontas cíosa leathnaithe agus níos flaithiúla freisin.

I bhfianaise thorthaí na hanailise céadchéime thuas, agus go háirithe ocht dtáscaire atá 'le faire', lena n-áirítear ceann a chuaigh in olcas le himeacht ama, **tá an chuma ar an scéal go bhfuil rioscaí féideartha roimh Lucsamburg maidir le cóineasú sóisialta aníos agus dá réir sin beidh gá le hanailís bhreise a dhéanamh ina leith sa dara céim** (féach bosca 3.1.1).

An Ungáir

Thaifead an Ungáir feabhas éigin ar an

mbochtaineacht agus ar an eisiámh sóisialta, ach tá dúshlán shóisialta fós ann. Tháinig feabhas ar ráta na

ndaoine atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta (IBBES) i gcás an daonra iomláin agus i measc leanaí in 2024, ó ‘le faire’ go ‘ar an meán’, tar

éis titim go 19.3 % agus 22,9 %, faoi seach³³⁹. Mar sin féin, tá géardhíth ábharach agus shóisialta fós ard (ag

9,3 % i gcomparáid le 6,4 % san Aontas) agus lean an

bhochtaineacht airgeadaíochta (tar éis aistrithe

sóisialta) de bheith ag méadú, go háirithe i gcás

daoine fásta óga. In éineacht le ráta cobhsaí

bochtaineachta airgeadaíochta roimh aistrithe, ba é an


toradh a bhí air sin tionchar laghdaitheach na n-aistrithe sóisialta (seachas pinsin) ar laghdú na

bochtaineachta (go 23,5 %, i gcomparáid le 34,2 % san Aontas). Tá sé seo ‘le faire’. Bhí

neamhionannas ioncaim fós ‘ar an meán’. Tháinig ceann de na méaduithe is airde (1,7 pointe

céatadáin) ar an ráta ró-ualaiigh maidir le costas tithíochta ó 7,3 % go 9 % in 2024 (i gcomparáid le

8,2 % san Aontas) agus tá sé ‘le faire’ anois.



Tabhair faoi deara: Briseadh san amshraith (HU) in 2019 agus in 2022 mar gheall ar an athbhreithniú ar shonraí ioncaim 2019-2024.

Foinse: Eurostat [[tespm050](#)], SIDM-AE.

³³⁹ Rinne an Ungáir athbhreithniú ar shonraí SIDM-AE agus ar tháscairí gaolmhara le haghaidh 2019-2024, féach an [nóta](#) gaolmhar.

Feidhmíonn an Ungáir go maith maidir le forbairt scileanna daoine fásta ar an iomlán ach tá dúshlán roimpi, maidir le rannpháirtíocht cúraim leanaí, luathfhágáil na scoile agus neamhionannais oideachais. Tar éis méadú in 2023, tháinig laghdú ar rannpháirtíocht leanaí faoi bhun 3 bliana d’aois i gcúram leanaí foirmiúil ó 20,5 % go 16.6 % in 2024 (i gcomparáid le 39.2 % san Aontas), rud a léiríonn gur ‘cás criticiúil’ é³⁴⁰. Tháinig feabhas ar ráta na luathfhágálaithe ón oideachas agus ón oiliúint (le 1,3 pointe céatadán go 10,3 % in 2024 i gcomparáid le 9.4 % san Aontas), ag aistriú ó ‘chás criticiúil’ go dtí ‘lag ach ag feabhsú’. Tá sé fós i bhfad os cionn an mheáin do na Romaigh, do dhaoine faoi mhíchumas agus dóibh siúd atá ina gcónaí i gceantair thuaithe. Bhí sciar na n-ísealghnóthachtálaithe ard freisin (29.5 % sa mhatamaitic, PISA 2022) agus bhí tionchar suntasach ag an gcúlra socheacnamaíoch ar fheidhmíocht na mac léinn i mbunscileanna³⁴¹. Feidhmíonn an Ungáir ‘níos fearr ná an meán’ maidir le scileanna digiteacha agus is í an Ungáir an ‘tír is fearr’ maidir leis an bhfoghlaim aosach. Mar sin féin, is lú i bhfad rannpháirtíocht daoine a bhfuil leibhéil ísle oideachais acu, daoine dífhostaithe agus daoine os cionn 55 bliana d’aois, san fhoghlaim aosach.

Tá margadh an tsaothair ag leanúint dá fheidhmíocht mhaith ar an iomlán. Lean an ráta fostaíochta (81,1 % i gcomparáid le 75,8 % san Aontas) agus an ráta dífhostaíochta (4,5 % i gcomparáid le 5,9 % san Aontas) de bheith ‘níos fearr ná an meán’, cé go raibh na rátaí fostaíochta (15-64) do dhaoine ar bheagán oiliúna in 2024 (38,5 %) agus do na Romaigh in 2023 (47,3 %) i bhfad faoi bhun mheán na tíre. Bhí an sciar daoine óga nach raibh i mbun fostaíochta ná i mbun oideachais ná oiliúna (NEET) fós ‘ar an meán’. Mar sin féin, tháinig meath suntasach ar an ráta dífhostaíochta an aosa óig don aoisghrúpa 15-24 bliana d’aois sa 2 bhliain roimhe sin mar aon le moilliú gasta ar an ngeilleagar, ó 10,6 % in 2022 go 15.2 % in 2024 (i gcomparáid le 14.9 % san Aontas) agus ó 6.7 % go 9.2 % don aoisghrúpa 15-29 (i gcomparáid le 11,4 % san Aontas).

I bhfianaise thorthaí na hanailíse céadchéime thuas, agus go háirithe 3 tháscaire atá ‘criticiúil’ nó ‘le faire’, **níl an chuma ar an scéal go mbaineann rioscaí féideartha don Ungáir maidir le cóineasú sóisialta aníos agus dá réir sin ní bheidh gá le hanailís bhreise ina leith sa dara céim** (féach bosca 3.1.1).

³⁴⁰ Léiríonn [sonraí riaracháin náisiúnta](#) ráta rannpháirtíochta 21,7 % i measc daoine 0-2 bhliain d’aois in 2024.


³⁴¹ ECCE, PISA [2022](#).

Málta

Tá torthaí sóisialta Mhálta fós measctha, agus tá na dúshláin atá roimh leanaí ag dul i méid. Bhí ráta na ndaoine atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta (IBBES) fós ‘ar an meán’ in 2024, ag 19,7 % (i gcomparáid le 21,0 % san Aontas), lena léirítear freisin leibhéal mhéadaitheacha innéacs ollioncaim indiúscartha teaghlaigh (OIIT) per capita (2008=100) (171,7 vs 114,3 san Aontas in 2024), agus is é Málta an ‘tír is fearr’ i ndáil leis an táscaire sin. Mar sin féin, tháinig méadú seasmhach ar an ráta IBBES i measc leanaí ó 25,9 % (i gcomparáid le 24,2 % san Aontas). Ina theannta sin, tháinig laghdú suntasach ar sciar na leanaí faoi bhun 3 bliana d’aois i gcúram leanaí foirmiúil in 2024 san

Aontas (-6.9 pointe céatadáin), cé go raibh sé fós os cionn mheán an Aontais (ag 44.1 % i gcomparáid le 39.2 %). Tá an dá cheann ‘le faire’ anois. An tráth céanna, bhí tionchar na n-aistrithe sóisialta (seachas pinsin) ar laghdú na bochtaineachta fós íseal, ag 26,0 % (i gcomparáid le 34,2 % san Aontas), agus tá sé ‘le faire’ freisin. Go háirithe, tá an tionchar beagán níos ísle do leanaí (25.4 %) i gcomparáid leis an bpobal i gcoitinne (26 %), i gcomparáid lena mhalairt i gcás an Aontais (41,9 % i gcomparáid le 34.2 %, faoi seach). Tháinig laghdú ar neamhionannas ioncaim, arna thomhas leis an gcóimheas idir cúigilí ioncaim, ó 5,30 in 2023 go 4,87 in 2024 (i gcomparáid le 4,66 san Aontas), agus tháinig feabhas air go ‘níos fearr ná an meán’. Tháinig laghdú beag ar an ráta ró-ualaiigh maidir le costas tithíochta go 5,8 %, agus bhí sé ‘ar an meán’. Ní raibh ach 0,3 % den daonra (i gcomparáid le 2,5 % san Aontas) ag freastal ar an ngá le cúram leighis nár riaradh, i measc na sciarta is lú san Aontas.

An ráta leanaí IBBES agus tionchar na n-aistrithe sóisialta (ASanna) ar laghdú na bochtaineachta leanaí



Tabhair faoi deara: Ríomhtar tionchar an aistrithe shóisialta ar laghdú na bochtaineachta leanaí a ríomh trí úsáid a bhaint as rátaí riosca na bochtaineachta roimh an aistriú agus ina dhiaidh. Briseadh in amsraith ráta riosca na bochtaineachta (MT) in 2022. Foinse: Eurostat [[ilc peps 01n](#)], [[ilc li10](#)], [[ilc li02](#)], SIDM-AE.

Leantar de dhul chun cinn i réimse an oideachais agus na hoiliúna, ach tá roinnt dúshlán fós le sárú. Tar éis laghdú breise, tháinig laghdú ar sciar na luathfhágálaithe ón oideachas agus ón oiliúint go 9,6 % in 2024 (i gcomparáid le 9,4 % san Aontas), agus tá sé ‘ar an meán’ anois. Mar sin féin, tá sciar na n-ísealghnóthachtálaithe i mbunscileanna fós an-ard (32,6 % sa mhatamaitic, PISA 2022). Thairis sin, tagann scrogaill ar ghairmeacha ETIM chun cinn cheana féin ar an leibhéal meánscoile, áit nach mbíonn mórán mac léinn ag tabhairt faoi phríomhábhair eolaíochta. Tháinig laghdú breise ar sciar na ndaoine óga nach raibh fostaithe ná in oideachas agus oiliúint (NEET) go 7,2 % in 2024 (faoi bhun mheán an Aontais de 11,1 %), ag bogadh go dtí an ‘tír is fearr’. An tráth céanna, ba é 39,9 % rannpháirtíocht na ndaoine fásta san fhoghlaím le 12 mhí anuas in 2022 agus ‘níos fearr ná an meán’, agus bhí an ráta níos airde fós ag 65,9 % i measc daoine ardoilte. Ar an gcaoi chéanna, bhí bunscileanna digiteacha ar a laghad ag 63,0 % de dhaoine fásta in 2023 (i gcomparáid le 55,6 % san Aontas), rud a bhí ‘ar an meán’, agus taifeadadh éagsúlacht ard ar fud grúpaí daonra an tráth céanna.

I margadh saothair láidir, tá an bhearna fostaíochta idir na hinscní fós ard. In 2024, le tacaíocht ó fhás eacnamaíoch láidir, bhí ceann de na rátaí fostaíochta is airde san Aontas ag Málta (83,0 %) agus ráta dífhostaíochta íseal (3,1 %) ann, lena n-áirítear a chomhpháirt fhadtéarmach (0,7 %), agus bhí sé ar an ‘ngníomhaí is fearr’ do na trí cinn uile. Laghdaigh an bhearna fostaíochta maidir le daoine faoi mhíchumas go 25,3 pointe céatadáin (i gcomparáid le 24,0 pointe céatadáin san Aontas). Cé gur tháinig laghdú ar an mbearna fostaíochta idir na hinscní freisin, go 13,4 pointe céatadáin, d’fhan sí 3,4 pointe céatadáin níos leithne ná meán an Aontais agus i measc na mbearnaí is mó san Aontas, lena léirítear ‘cás criticiúil’ fós dá réir sin.

I bhfianaise thorthaí na hanailíse céadchéime thuas, agus go háirithe 4 tháscaire atá ‘criticiúil’ nó ‘le faire’, **níl an chuma ar an scéal go bhfuil rioscaí féideartha roimh Mhálta maidir le cóineasú sóisialta aníos agus dá réir sin ní bheidh gá le hanailís bhreise a dhéanamh ina leith sa dara céim** (féach bosca 3.1.1).

An Ísiltír

Leanann an margadh saothair ag feidhmiú sách maith.


I bhfianaise an fháis eacnamaíoch atá ag téarnamh, ní raibh aon athrú ar an ráta fostaíochta ag 83,5 % in 2024 san Aontas, ar cheann de na rátaí ab airde san Aontas. D’fhan an dífhostaíocht íseal d’ainneoin méadú beag go 3,7 %. Bhí cion na ndaoine óga nach bhfuil fostaíthe ná i mbun oideachais ná oiliúna (NEET) fós ar cheann de na cinn is ísle san Aontas, d’ainneoin méadú breise a bheith tagtha air (0,2 pointe céatadán go dtí 4,9 %). Laghdaigh an bhearna fostaíochta maidir le daoine faoi mhíchumas, arís eile, go 20,9 pointe céatadán. Tá an Ísiltír ‘níos fearr ná an meán’ nó ar cheann de na ‘tíortha is fearr’

sna réimsí sin go léir. Mar sin féin, is dúshlán struchtúrach suntasach fós é an baol go mbeidh margadh saothair an-deighilte ann. Cé gurbh é 7,6 pointe céatadán an bhearna fostaíochta idir na hinscní (i gcomparáid le 10,0 pointe céatadán san Aontas, dá réir sin ‘ar an meán’) in 2024, bhí fostaíocht pháirtaimseartha forleathan, go háirithe i gcás na mban. Dá bharr sin bhí ceann de na bearnaí ba leithne idir na hinscní i bhfostaíocht pháirtaimseartha san Aontas (41,9 pointe céatadán i gcomparáid le 20,1 pointe céatadán ar an meán) agus bearna shubstaintiúil pinsin idir na hinscní (36,3 % i gcomparáid le 24,5 % san Aontas). Ar deireadh, bunaithe ar shonraí ó 2024, níor choinnigh innéacs an ollioncaim indiúscartha teaghlaigh (OIIT) per capita (2008=100) suas le meán an Aontais (112,4 agus 114,3 faoi seach) agus tá sé ‘le faire’ fós.

Leanann an Ísiltír d’fheidhmíocht láidir a léiriú ar an iomlán i ndáil le cruthú scileanna.

In 2022, ghlac 56,1 % de dhaoine fásta páirt san fhoghlaim, agus in 2023, bhí bunscileanna digiteacha ar a laghad ag 82,7 % díobh, agus bhí siad i measc na sciartha is airde san Aontas. I ngeall ar mhéadú 0,8 pointe céatadán, tá sciar na luathfhágálaithe ón oideachas agus ón oiliúint ‘ar an meán’ anois (ag 7,0 % in 2024). Mar gheall ar an meath ar bhunscileanna ginearálta na mac léinn agus ar an méadú ar thearcghnóthachtáil, go háirithe i measc mic léinn faoi mhíbhuntáiste, is gá faireachán a dhéanamh ar an gcás. Tá an fhor-rochtain éifeachtach fós tábhachtach ar mhaithe le huas-sciliú agus athsciliú dóibh siúd atá i gcás neamhfhabhrach sa mhargadh saothair (amhail daoine ar bheagán oiliúna, daoine a bhfuil conarthaí solúbtha nó sealadacha acu, agus daoine a mbaineann cúlra imirceach leo agus daoine faoi mhíchumas).

Rátaí fostaíochta agus dífhostaíochta (%)



Foinse: Eurostat [[lfsi_emp_a](#)], [[une_rt_a](#)], SFS AE.

Tá an cás sóisialta san Ísiltír go maith ar an iomlán. D’fhan sciar an daonra ar an iomlán agus sciar na leanaí atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta cobhsaí agus i measc na sciartha is ísle san Aontas (ag 15,4 % agus 15,8 %, faoi seach). Mar sin féin, is ann do dhúshláin do ghrúpaí sonracha, amhail daoine faoi mhíchumas nó daoine a mbaineann cúlra imirceach leo, go háirithe leanaí. Tháinig laghdú 2,4 pointe céatadáin ar an ráta ró-ualaigh maidir le costas tithíochta agus ba é 6,9 % an ráta in 2024 (i gcomparáid le 8,2 % san Aontas, ‘níos fearr ná an meán’ anois).

I bhfianaise thorthaí na hanailíse céadchéime thuas, agus go háirithe táscaire amháin atá ‘le faire’, **níl an chuma ar an scéal go bhfuil rioscaí féideartha roimh an Ísiltír maidir le cóineasú sóisialta aníos agus dá réir sin ní bheidh gá le hanailís bhreise a dhéanamh ina leith sa dara céim** (féach bosca 3.1.1).

An Ostair

D'ainneoin cúlú eacnamaíoch 3 bliana, tá margadh saothair na hOstaire fós réasúnta láidir.

Tá an fheidhmíocht ‘ar an meán’ nó ‘níos fearr ná an meán’ i mbeagnach gach táscaire maidir leis an margadh saothair sa Scórchlár Sóisialta. Tar éis laghdú beag sa bhliain roimhe sin, tháinig méadú 0,2 pointe céatadáin ar an ráta fostaíochta go 77,4 % in 2024 (i gcomparáid le 75,8 % san

Aontas), agus d’fhan an ráta dífhostaíochta, ag

5,2 %, faoi bhun mheán an Aontais (5,9 %), agus

d’fhan a chomhpháirt fhadtéarmach (1,1 %) faoi

bhun mheán an Aontais freisin. Bhí an sciar de dhaoine óga nach raibh fostaíthe ná in oideachas

agus oiliúint (NEET) faoi bhun mheán an Aontais freisin, ag 9,2 %. (11,1 %). Bhí ráta fostaíochta

na mban ard (73,9 %) agus ag méadú, agus bhí an bhearna fostaíochta idir na hinscní ag cúngú

(6,9 pc i gcomparáid le 10 pc san Aontas). Tacaítear leis sin le gníomhaíochtaí beartais a rinneadh


le déanaí as ar eascair méadú suntasach (6,1 pc) ar sciar leanaí faoi bhun 3 bliana d’aois i gcúram

leanaí foirmiúil, ag 30,2 % (i gcomparáid le 39,2 % san Aontas). An tráth céanna, bhí ceann de na

bearnaí inscne is leithne agus is mó i bhfostaíocht pháirtaimseartha ag an tír, ag 38,9 pointe

céatadáin in 2024. Ar deireadh, bhí innéacs an ollioncaim indiúscartha teaghlaigh (OIIT) per capita

(2008=100) fós íseal ag 102,8 in 2024, rud atá ‘le faire’.



Foinse: Eurostat, [[lfsi_emp_a](#)], [[une_rt_a](#)], [[une_ltu_a](#)], [[lfsi_neet_a](#)], SFS AE.

I réimse na scileanna, leanann an tír d'fheidhmíocht mhaith a léiriú ar an iomlán. Tá an sciar de dhaoine fásta a bhfuil bunscileanna digiteacha ar a laghad acu ard (64,7 % in 2023), agus tá sciar na ndaoine atá rannpháirteach san fhoghlaim i bhfad os cionn mheán an Aontais (52,2 % in 2022, i gcomparáid le 39,5 % san Aontas, fiú tar éis laghdú), agus tá siad 'níos fearr ná an meán'. Tháinig laghdú breise ar sciar na luathfhágálaithe ón oideachas agus ón oiliúint agus bhí sé 'ar an meán', ag 8,1 % in 2024. An tráth céanna, níl íosleibhéal inniúlachta sa mhatamaitic, sa léitheoireacht ná san eolaíocht ag thart ar an gceathrú cuid d'Ostaraigh óga. Tá an figiúr sin ag méadú go leanúnach ó bhí 2012 ann (PISA 2022). Chomh maith leis sin, ní raibh oideachas meánscoile íochtarai³⁴² ar a mhéad ach ag 42,2 % de na daoine dífhostaithe, rud a d'fhág go bhfuil siad an-leochaileach. Sa chomhthéacs sin, trí fheabhas a chur ar bhunscileanna daoine, is féidir cuidiú le feabhas a chur ar thorthaí fostaíochta.


Feidhmíonn an Ostair sách maith i réimse na cosanta sóisialta agus an chuimsithe shóisialta. Tháinig laghdú ar an sciar de dhaoine a bhí i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta (IBBES) go dtí 16,9 % in 2024 agus tá sé 'níos fearr ná an meán'. I measc leanaí, tháinig laghdú suntasach ar an ráta i gcomparáid le 2023, go 20,9 %, agus tá sé 'ar an meán'. Tháinig méadú 0,3 pointe céatadáin ar an ráta ró-ualaigh íseal maidir le costas tithíochta go dtí 6,3 % agus tá sé 'ar an meán' freisin. Ar deireadh, leanann tionchar sách láidir na n-aistrithe sóisialta (seachas pinsin) ar laghdú na bochtaineachta agus an leibhéal íseal de riachtanais féintuairiscithe ar chúram leighis nár riaradh, leanann siad ag léiriú cáis atá 'níos fearr ná an meán'.

I bhfianaise thorthaí na hanailíse céadchéime thuas, agus go háirithe 1 tháscaire atá 'criticiúil', **níl an chuma ar an scéal go bhfuil rioscaí féideartha roimh an Ostair maidir le cóineasú sóisialta aníos agus dá réir sin ní bheidh gá le hanailís bhreise a dhéanamh ina leith sa dara céim (féach bosca 3.1.1).**

³⁴² AMS, [Von Arbeitslosigkeit betroffene Personen 2024](#), 2025.

An Pholainn

Tá an margadh saothair fós láidir ar an iomlán, ach tá dúshlán shuntasacha fós roimh mhná agus daoine faoi mhíchumas. I gcomhthéacs fás láidir eacnamaíoch in 2024 (3,0 %), tháinig méadú breise ar an ráta fostaíochta go 78,4 % (i gcomparáid le 75,8 % san Aontas), agus bhí an ráta dífhostaíochta i measc na rátaí is ísle san Aontas, ag 2,9 %, rud a d'fhág go raibh siad ar cheann de na 'tíortha is fearr' san Aontas. Tháinig laghdú beag ar an mbearna fostaíochta idir na hinscní ach d'fhan sí 'le faire', ag 11,6 pointe céatadáin, os cionn mheán an Aontais de 10,0 pointe céatadáin. Baineann sé sin le mná ar gnách go mbíonn níos mó freagrachtaí cúraim orthu do leanaí agus do dhaoine a bhfuil cúram fadtéarmach de dhíth orthu, chomh maith lena n-aois inphinsin níos ísle agus i bhfianaise an fhostaíocht lánaimseartha a bheith forleathan. Cé gur tháinig méadú ar sciar na leanaí faoi bhun 3 bliana d'aois i gcúram leanaí foirmiúil in 2024 go 15,1 %, d'fhan sé i bhfad faoi bhun mheán 39,2 % an Aontais, agus is 'cás criticiúil' é. D'fhéadfadh go mbeadh tionchar ag an ráta íseal sin ar ionchais foghlama fadtéarmacha leanaí agus do rannpháirtíocht na mban sa mhargadh saothair. Le méadú 1,7 pointe céatadáin go 35,6 pointe céatadáin in 2024, bhí an bhearna fostaíochta maidir le daoine faoi mhíchumas i measc na mbearnaí is leithne san Aontas (ba é 24,0 pointe céatadáin meán an Aontais) agus léirítear go bhfuil 'cás criticiúil' ann.



Notaí: Sonraí faoi iontaofacht íseal DEG in 2023 agus briseadh i sraith GEG in 2019 i gcás PL.
Foinse: Eurostat [[tepsr_sp200](#)], SIDM-AE agus [[tesem060](#)], SFS AE.

Tá leibhéil scileanna digiteacha agus rannpháirtíocht daoine fásta san fhoghlaím an-íseal, agus tá laghdú tagtha ar bhunscileanna daoine óga. Maidir le sciar na ndaoine fásta a bhí rannpháirteach san fhoghlaím (le 12 mhí anuas), ba é 20,3 % in 2022 é, i bhfad faoi bhun mheán 39,5 % an Aontais, rud a fhágann gur ‘cás criticiúil’ atá ann. Is de thoradh rannpháirtíocht íseal san oideachas seachfhoirmiúil is mó é sin. Ina theannta sin, bhí an sciar de dhaoine fásta ag a bhfuil bunscileanna digiteacha ar a laghad (44,3 %) go mór faoi bhun mheán an Aontais in 2023 (55,6 %) agus is ‘cás criticiúil’ é freisin. I suirbhé PISA 2022, tháinig méadú ar an sciar de dhaltai 15 bliana d’aois nach gcomhlíonann íoslleibhéil i mbunscileanna, go 23 % sa mhatamaitic, 22,2 % sa léitheoireacht agus 18,6 % san eolaíocht, agus tá siad fós níos ísle ná meán an Aontais. Mar sin féin, tá an méadú ar thearcghnóthachtáil ó bhí 2018 ann i measc na méaduithe is airde san Aontas. An tráth céanna, is í an Pholainn an ‘tír is fearr’ maidir le luathfhágálaithe oideachais agus oiliúna (4,1 % vs 9,4 % san Aontas in 2024). Tá céatadán na mac léinn treasach atá cláraithe i gcláir ETIM fós faoi bhun mheán an Aontais (21,2 % i gcomparáid le 26,9 % san Aontas).

Tá an cás sóisialta réasúnta cobhsaí sa Pholainn. In 2024, maidir le ráta na ndaoine atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta (16,0 % ar an iomlán agus 16,1 % i gcás leanaí) agus an neamhionannas ioncaim (ba é 3,85 % an cóimheas idir cúigilí ioncaim), bhí siad fós ‘níos fearr ná an meán’ (i gcomparáid le 21,0 %, 24,2 % agus 4,66 %, faoi seach, san Aontas).

I bhfianaise thorthaí na hanailise céadchéime thuas, agus go háirithe, ós rud é go bhfuil stádas ‘criticiúil’ nó ‘le faire’ ag gabháil le 5 tháscaire, **níl an chuma ar an scéal go bhfuil rioscaí féideartha roimh an bPolainn maidir le cóineasú sóisialta aníos agus dá réir sin ní bheidh gá le hanailís bhreise a dhéanamh ina leith sa dara céim** (féach an bosca i roinn 3.1.1).

an Phortaingéil

D’ainneoin an fheabhsaithe, tá éifeachtacht an chórais cosanta sóisialta maidir le rioscaí bochtaineachta a mhaolú agus neamhionannais a laghdú fós íseal, agus tá dúshlán tithíochta tagtha chun cinn.


In 2024, tháinig méadú 2,6 pointe céatadáin go 22,4 % ar thionchar na n-aistrithe sóisialta (seachas pinsin) ar laghdú na bochtaineachta, ráta atá fós i bhfad faoi bhun mheán an Aontais 34,2 % agus faoi bhun na leibhéal a bhí ann roimh an bpaindéim, agus atá i

‘gcás criticiúil’. Tháinig laghdú ar an neamhionannas, arna thomhas leis an gcóimheas idir

cúigilí ioncaim, ó 5,60 in 2023 go 5,20 (os cionn mheán an Aontais 4,66) agus tá sé ‘lag ach ag feabhsú’ anois, agus bhí an sciar de dhaoine atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta (IBBES) fós ‘ar an meán’, ag 19,7 % (i gcomparáid le 21 % san Aontas). D’ainneoin feabhsuithe sna réigiúin is forimeallaí ar an iomlán, bhí rioscaí bochtaineachta fós an-ard sna hAsóir (ag 28,4 %). Ba é 6,9 % an sciar den daonra ar a raibh ró-ualach maidir le costais tithíochta, sciar atá fós faoi bhun mheán an Aontais de 8,2 %, ach bhí ceann de na méaduithe is mó san Aontas air (+ 2,0 pointe céatadáin), agus tá sé ‘le faire’ anois. Léiríonn sé sin an méadú leanúnach atá tagtha ar phraghsanna tithíochta agus ar chíosanna le blianta beaga anuas.

Tá an margadh saothair athléimneach ar an iomlán, ach ní mór aird a thabhairt ar an méadú ar an dífhostaíocht i measc na hóige agus ar an ráta dífhostaíochta fadtéarmaí atá fós ard. Tar éis treocht dhearfach ó bhí 2021 ann, tháinig feabhas 0,5 pointe céatadáin ar an ráta fostaíochta go 78.5 % in 2024 agus bhí sé ‘ar an meán’ fós i gcomhthéacs fás eacnamaíoch láidir. B’amhlaidh an cás freisin maidir leis an ráta dífhostaíochta, bhí sé gan athrú ag 6,5 % (i gcomparáid le 5,9 % san Aontas). Cé gur tháinig laghdú beag eile ar an ráta dífhostaíochta fadtéarmaí (go 2,4 % in 2024), bhí sé fós os cionn mheán an Aontais (1,9 %) agus tá sé ‘le faire’ air dá bhrí sin. D’fheidhmigh an tír ‘níos fearr ná an meán’ maidir le sciar na ndaoine óga nach bhfuil fostaithe ná i mbun oideachais agus oiliúna (NEET), ach an tráth céanna tháinig méadú ar ráta dífhostaíochta an aosa óig (15-24) le 2 bhliain anuas go 21,6 % in 2024 i gcomparáid le 14.9 % san Aontas.

Tionchar na n-aistrithe sóisialta ar laghdú na bochtaineachta (%)



Tabhair faoi deara: Briseadh san amsraith (PT) in 2022.

Cé go bhfeidhmíonn an Phortaingéil ar an meán go ginearálta i réimse na scileanna, ba cheart dlúthfhaireachán a dhéanamh ar roinnt gnéithe. Tháinig laghdú 1,5 pointe céatadán ar sciar na luathfhágálaithe ón oideachas agus ón oiliúint go 6,6 % in 2024, agus tá sé ‘níos fearr ná an meán’ anois. Mar sin féin, tá difríochtaí réigiúnacha fós ann, idir 19.8 % sna hAsóir agus 5.2 % sa réigiún Thuaidh. Thairis sin, tá an sciar tearcghnóthachtálaithe i mbunscileanna ard (29,7 % sa mhatamaitic, PISA 2022). Feidhmíonn an tír ‘ar an meán’ i gcás sciar na ndaoine fásta a bhfuil bunscileanna digiteacha ar a laghad acu agus i gcás sciar na ndaoine fásta atá rannpháirteach san fhoghlaím (le 12 mhí anuas). Mar sin féin, tháinig laghdú ar an sciar deireanach sin ó 38,0 % in 2016 go 33,4 % in 2022, d’ainneoin go raibh gá le huas-sciliú agus athsciliú freisin i bhfianaise mímheaitseálacha scileanna, an aistrithe dhigitigh agus an aistrithe ghlais, agus aosaithe an daonra. I bhfianaise thorthaí na hanailise céadchéime thuas, agus go háirithe 3 tháscaire atá ‘criticiúil’ nó ‘le faire’, **níl an chuma ar an scéal go mbaineann rioscaí féideartha don Phortaingéil maidir le cóineasú sóisialta aníos agus dá réir sin ní bheidh gá le hanailís bhreise ina leith sa dara céim** (féach bosca 3.1.1).

An Rómáin

Tá feabhas ag teacht ar chás an mhargaidh

saothair, ach tá grúpaí áirithe fós faoi

thearcionadaíocht. Ainneoin fás eacnamaíoch lag in

2024, lean an ráta fostaíochta de bheith ag méadú (0,8 pointe céatadán) ach bhí sé fós íseal ag 69.5 %, (i gcomparáid le 75.8 % san Aontas), agus sonraítear mar ‘cás criticiúil’ é. Bhí na rátaí réigiúnacha


leathan, ó 81,1 % in București-Ilfov agus 62,6 % in

Sud-Est. Tháinig feabhas ar an mbearna fostaíochta

idir na hinscní, ach tá sí ar cheann de na bearnaí is

leithne i gcónaí san Aontas ag 18.1 pointe

céatadán. Tá sciar na ndaoine óga nach raibh fostaithe ná in oideachas agus oiliúint (NEET) mór i gcónaí (19.4 % i gcomparáid le 11,1 % san Aontas). Bhí an bhearna fostaíochta maidir le daoine faoi mhíchumas leathan freisin ag 44.8 pointe céatadán³⁴³. Léiríonn na táscaire sin uile ‘cásanna criticiúla’. Faoi 2024, thit an ráta dífhostaíochta agus a comhpháirt fhadtéarmach araon faoi bhun mheán an Aontais.



Foinse: Eurostat [[lfsi_emp_a](#)], [[lfsi_neet_a](#)], SFS AE.

³⁴³ Bhí briseadh san amshraith in 2024, rud nach gceadaíonn léirmhíniú ceart eacnamaíoch a dhéanamh ar an athrú.

